2024/1866

4.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1866 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Iúil 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh shealadach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontais ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) iad, agus go háirithe Airteagal 12 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 4 Deireadh Fómhair 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') ar a thionscnamh féin imscrúdú frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua isteach san Aontas atá deartha chun daoine a iompar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') de bhun Airteagal 10(8) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar an bhforas go bhfuil fóirdheonú á dhéanamh ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus go bhfuil díobháil á déanamh acu ([3]) do thionscal an Aontais dá bhrí sin.

(3) Tar éis mionanailís a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh le déanaí agus íogaireacht earnáil na bhfeithiclí leictreacha agus a tábhacht straitéiseach do gheilleagar an Aontais ó thaobh nuálaíochta, breisluacha agus fostaíochta de á gcur san áireamh, bhailigh an Coimisiún faisnéis mhargaidh ó fhoinsí neamhspleácha éagsúla. Léirigh an fhaisnéis sin ar an iomlán gur ann d'fhóirdheonú ó Dhaon-Phoblacht na Síne, rud a dhéanann difear diúltach do staid thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais.

(4) Ar bhonn faisnéis a bhí ar fáil go héasca, bhí fianaise leordhóthanach ann a léirigh go raibh allmhairí BEVanna de thionscnamh na Síne ag tairbhiú d'fhóirdheontais in-fhrithchúitithe arna soláthar ag Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne. Leis na fóirdheontais sin, bhí na hallmhairí fóirdheonaithe in ann a sciar den mhargadh san Aontas a mhéadú go tapa chun dochair do thionscal an Aontais.

(5) Léirigh an fhianaise a bhí ar fáil gur dócha go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí fóirdheonaithe ar phraghas íseal a bheadh ina ngarbhaol díobhála do thionscal an Aontais atá leochaileach cheana féin. Mar thoradh ar bhorradh den sórt sin ar allmhairí ar phraghas íseal, a fhaigheann sciar suntasach den mhargadh i margadh atá ag fás go tapa ina bhfuil gá le ráta suntasach marthanach infheistíochtaí de réir mar a aistríonn margadh an Aontais chuig lánleictriú, thabhódh tionscal an Aontais caillteanais throma a d'fhéadfadh éirí neamh-inbhuanaithe go tapa.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frith-fhóirdheontais a bhaineann le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO C/2023/160, 4.10.2023.
([3]) Tagraíonn an téarma ginearálta 'díobháil' do dhíobháil ábhartha chomh maith le bagairt díobhála ábhartha nó moilliú ábhartha i leith bunú tionscail mar a leagtar amach in Airteagal 2(d) den bhun-Rialachán.

(6) Sna himthosca speisialta sin, ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ag an gCoimisiún a d'fhéadfadh a léiriú gurb ann d'fhóirdheonú, do bhagairt díobhála agus do nasc cúisíoch a cheanglaítear chun imscrúdú frith-fhóirdheontais a thionscnamh, chinn sé, i gcomhréir le hAirteagal 10(8) den bhun-Rialachán, dul ar aghaidh leis an tionscnamh sin gan gearán i scríbhinn a bheith faighte aige ó thionscal an Aontais nó thar a cheann.

(7) Sular tionscnaíodh an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go raibh cinneadh déanta aige imeacht *ex officio* a thionscnamh maidir le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua ón tSín gus d'iarr sé ar Rialtas na Síne comhairliúcháin a dhéanamh leis i gcomhréir le hAirteagal 10(7) den bhun-Rialachán. Ghlac Rialtas na Síne leis an tairiscint ar chomhairliúcháin, a reáchtáladh an 2 Deireadh Fómhair 2023. Le linn na gcomhairliúchán, tugadh aird chuí ar na barúlacha a chuir Rialtas na Síne isteach. Níorbh fhéidir teacht ar aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, áfach.

1.2. **Clárúchán**

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/785 ón gCoimisiún an 5 Márta 2024 ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh na Síne, faoi réir clárú ón 7 Márta 2024 ar aghaidh ([4]).

1.3. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(9) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 ('an tréimhse imscrúdúcháin' nó 'TI'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.4. **Páirtithe leasmhara**

(10) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach do tháirgeoirí aitheanta an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus do Rialtas na Síne, do na hallmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(11) De bhun Airteagal 11(11) den bhun-Rialachán, iarradh ar tháirgeoirí an táirge chomhchosúil san Aontas comhoibriú leis an gCoimisiún.

(12) D'iarr roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais ar an gCoimisiún a gcéannacht a choinneáil faoi rún ('anaithnideacht' nó 'cóir anaithnid') mar gheall ar an mbaol go mbeadh éifeacht dhíobhálach shuntasach ann i bhfoirm gníomhaíochta díoltais. Scrúdaigh an Coimisiún ina aonar ar fhiúntas gach iarrata ar anaithnideacht. Shuigh an Coimisiún gur léirigh na cuideachtaí cúis mhaith de réir bhrí Airteagal 29(1) den bhun-Rialachán agus go raibh fianaise ann go bhféadfadh frithbheart a bheith ann i ngach cás ar leith. Dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún leis nár cheart céannacht na gcuideachtaí sin a nochtadh.

(13) Níor iarr táirgeoirí eile de chuid an Aontais a tháinig chun cinn anaithnideacht. Mheas an Coimisiún go bhféadfadh an riosca a bheith ann go ndéanfaí táirgeoirí an Aontais, a d'iarr agus a léirigh cúis mhaith le cóir anaithnid ar a gcéannacht, a shainaithint trí asbhaint. Chun a áirithiú go ndéileálfar go héifeachtach le céannacht tháirgeoirí an Aontais a iarrann anaithnideacht mar chéannacht rúnda, leathnaíodh anaithnideacht chuig táirgeoirí uile an Aontais freisin.

(14) Thairis sin, d'iarr roinnt páirtithe leasmhara seachas táirgeoirí an Aontais (amhail soláthróirí agus allmhaireoirí) anaithnideacht inar maíodh go raibh baol ann go mbeadh éifeacht dhíobhálach shuntasach ann i bhfoirm gníomhaíochtaí díoltais. Rinne an Coimisiún anailís chúramach ar na hiarrataí a fuarthas agus mheas sé go raibh cúis mhaith ag na páirtithe uile lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 29(1) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, deonaíodh cóir anaithnid do na páirtithe leasmhara i gceist freisin.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/785 ón gCoimisiún an 5 Márta 2024 lena ndéantar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chur faoi réir clárú, IO L, 2024/785, 6.3.2024.

(15) D'iarr Rialtas na Síne ar an gCoimisiún soiléiriú a dhéanamh ar an mbonn fíorasach agus fianaiseach atá le maíomh tháirgeoirí an Aontais maidir le riosca frithbhirt ar ar a bhonn a deonaíodh rúndacht do tháirgeoirí áirithe de chuid an Aontais. D'iarr Rialtas na Síne ar an gCoimisiún freisin na haighneachtaí a chuir táirgeoirí an Aontais isteach a chur ar fáil lena n-iarrtar go gcaithfí go rúnda lena n-ainmneacha. D'áitigh Rialtas na Síne freisin nach raibh aon deis aige barúil a thabhairt maidir le hanaithnideacht a dheonú do tháirgeoirí an Aontais agus maidir leis an gcúis mhaith a cheaptar a bheith le hiarrataí rúndachta ó tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, cé go raibh an riosca líomhnaithe frithbhirt dírithe ar Rialtas na Síne, más fíor. Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne go raibh deonú anaithnideachta do tháirgeoirí an Aontais nár iarr í neamhréireach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus de shárú ar Airteagal 29(1) den bhun-Rialachán toisc go bhfuil deonú anaithnideachta ag brath ar chúis mhaith a bheith á léiriú ag na táirgeoirí sin. Mhaígh Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreonacha ('CCCME') nach raibh an rúndacht a deonaíodh do tháirgeoirí an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 29(1) den bhun-Rialachán toisc nár léirigh an Coimisiún cúis mhaith ina leith sin.

(16) Mheas an Coimisiún gur chuir sé faisnéis leordhóthanach ar fáil cheana féin ina leith sin sa Nóta a ghabhann le comhad an 25 Deireadh Fómhair 2023 ([5]) a bhfuil a inneachar atáirgthe *in extenso* san aithris seo. Míníodh ann gur mhaígh táirgeoirí de chuid an Aontais go raibh baol ann go mbeadh éifeacht dhíobhálach shuntasach ann dóibh i bhfoirm frithbhirt. Mheas an Coimisiún go bhféadfadh nochtadh sonraí breise ar bhonn fíorasach agus fianaiseach éileamh gach táirgeora de chuid an Aontais céannacht tháirgeoirí comhoibríocha an Aontais a nochtadh trí asbhaint mar gheall ar an líon íseal grúpaí a mhonaraíonn feithiclí ceallra-leictreacha ar mhargadh an Aontais agus mar gheall ar an méid suntasach faisnéise poiblí agus bunaithe ar shíntiús atá ar fáil faoi na grúpaí sin. Ar an gcúis sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún na hiarrataí ar anaithnideacht a comhdaíodh a chur ar fáil in aon fhormáid. Thairis sin, mar a míníodh in aithris (13), bhí ar an gCoimisiún an anaithnideacht a dheonú freisin do tháirgeoirí de chuid an Aontais nár iarr í, chun céannacht tháirgeoirí an Aontais a chosaint, ar táirgeoirí iad a d'iarr agus a léirigh cúis mhaith go gcaithfí go rúnda lena gcéannacht toisc go bhféadfaí iad a shainaithint trí asbhaint. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh agus do na maímh.

(17) Mhaígh Rialtas na Síne nach raibh aon fhaisnéis ná fianaise i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe maidir le clárú tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais mar pháirtithe leasmhara laistigh den teorainn ama 7 lá. Thairis sin, luaigh CCCME go bhfuil codarsnacht láidir idir an mhainneachtain an fhaisnéis chlárúcháin a chur ar fáil agus soiléireacht a sholáthar maidir le comhar tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais agus an chaoi a gcaitear leis na foirmeacha clárúcháin agus leis an gcomhfhreagras chomh maith le haighneachtaí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a cuireadh ar fáil sa chomhad neamhrúnda gan mhoill. Maíonn CCCME freisin go gcuireann sé sin isteach ar a chearta cosanta barúlacha fóinteacha a thabhairt maidir le tacaíocht thionscal an Aontais san imscrúdú.

(18) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon teorainn ama 7 lá den sórt sin ann do tháirgeoirí de chuid an Aontais ná do chatagóirí eile páirtithe chun clárú mar pháirtithe leasmhara de réir an Fhógra tionscnaimh. ([6]) Ba faoi tháirgeoirí an Aontais foirm shamplála a chur isteach a bhí an teorainn ama 7 lá a thuigeann an Coimisiún le Rialtas na Síne dá dtagraítear. I ndáil leis sin, mheabhraigh an Coimisiún, de réir Phointe 5.6 den Fhógra tionscnaimh, go measfar gur páirtithe leasmhara iad táirgeoirí de chuid an Aontais a chuir faisnéis samplála isteach ón nóiméad a chuir siad an fhaisnéis sin isteach. B'amhlaidh an cás san imscrúdú seo.

(19) Thairis sin, d'ainneoin na hanaithnideachta a deonaíodh do tháirgeoirí an Aontais, níor iarr aon táirgeoir onnmhairiúcháin Síneach anaithnideacht. Dá bhrí sin, ní raibh an fhaisnéis a bhí ar fáil sa chomhad neamhrúnda maidir le clárú agus comhar táirgeoirí de chuid an Aontais inchomparáide leis an bhfaisnéis faoi seach a bhí ar fáil do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Go háirithe, ós rud é nach mór aighneachtaí neamhrúnda ó pháirtithe ar deonaíodh anaithnideacht dóibh a sheiceáil go críochnúil ar dtús chun a áirithiú gur caomhnaíodh anaithnideacht, cuireadh moill bheag ar infhaighteacht na n-aighneachtaí sin sa chomhad neamhrúnda. Mar sin féin, bhí go leor ama ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar na doiciméid faoi seach a luaithe a cuireadh leis an gcomhad neamhrúnda iad agus, dá bhrí sin, níor sáraíodh aon chearta cosanta. A mhéid a bhaineann le tacaíocht thionscal an Aontais, mar a mhínítear in aithris (45), in imscrúdú *ex officio*, níl coincheap na tacaíochta do thionscal an Aontais ábhartha.

([5]) t23.005006.

([6]) Dá dtagraítear i bhfonóta 2 thuas.

(20) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála. Tionóladh éisteachtaí le seirbhísí an Choimisiúin le Rialtas na Síne, CCCME, Tesla (Shanghai) Co., Ltd. ('Tesla'), Smart Europe GmbH ('Smart'), Cuideachta 24, Cuideachta 22 agus Green World Mobility B.V. ('Green World Mobility') ([7]).

(21) Mhaígh CCCME gur chuir an Coimisiún bac ar chearta cosanta CCCME mar gheall ar an moill mhíchuí a bhain le stádas páirtí leasmhair a dheonú do CCCME agus le hualach riaracháin méadaithe a fhorchur ar CCCME mar gheall ar scrúdú ró-mhionsonraithe a rinne an Coimisiún ar Chumhachtaí Aturnae.

(22) Sa chás sin, fuair CCCME stádas páirtí leasmhair an 10 Deireadh Fómhair 2023. Iarradh ar CCCME a léiriú go raibh sé ag déanamh ionadaíocht ar chuideachtaí a bhfuil nasc oibiachtúil acu idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú cúramach ar na doiciméid maidir le Cumhacht Aturnae a chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin ar fáil do CCCME. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár chuir an measúnú sin isteach ar chearta cosanta CCCME toisc go bhfuair CCCME deis leordhóthanach barúlacha a thabhairt le linn chéim shealadach an imscrúdaithe. Go háirithe, deonaíodh síneadh a chur leis an sprioc-am chun barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh chun a áirithiú go mbeadh an t-am céanna ag CCCME le haghaidh barúlacha a thabhairt agus a bhí ag páirtithe leasmhara eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

1.5. **Sampláil**

(23) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán.

1.5.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(24) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar tháirgeoirí an Aontais an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(25) Sholáthair roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla.

(26) De bhun Airteagal 27 den bhun-Rialachán, bhí roghnú an tsampla bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó díolachán agus táirgeachta san Aontas den táirge comhchosúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhreithnigh an Coimisiún freisin raon geografach tháirgeoirí an Aontais laistigh den Aontas chomh maith lena áirithiú go gcuirfí raon leathan samhlacha d'fheithiclí ceallra-leictreacha san áireamh. Bhí ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sealadach. Chuimsigh na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais 38 % de na díolacháin agus 34 % de mhéid iomlán táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach.

(27) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an sampla sealadach agus comhar tháirgeoirí an Aontais ó Chuideachta 21, ó Rialtas na Síne agus ó CCCME.

(28) Mhaígh Rialtas na Síne nach raibh aon 'dáta sábháilte' i gceannteideal na bhfoirmeacha samplála mar a bhí i gcás foirmeacha samplála tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Thairis sin, luaigh Rialtas na Síne, CCCME agus Cuideachta 21 toisc nár nochtadh céannacht tháirgeoirí an Aontais agus toisc go raibh easpa sonraí ann maidir leis na critéir samplála a d'úsáid an Coimisiún, nach raibh siad in ann barúil a thabhairt ar shampla tháirgeoirí an Aontais agus an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil a chros-seiceáil. Dá bhrí sin, d'iarr Rialtas na Síne ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) soiléiriú a thabhairt ar líon na dtáirgeoirí de chuid an Aontais a chláraigh a spéis san imscrúdú go tráthúil agus a bhí ag comhoibriú; (ii) a thabhairt le fios cé mhéad táirgeoir feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais a bhí ag comhoibriú nach raibh ina gcomhaltaí de Chomhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na hEorpa ('ACEA'); (iii) soiléiriú a thabhairt cé acu a chomhdaigh nó nár chomhdaigh

([7]) I gcás Rialtas na Síne an 10 Deireadh Fómhair 2023, an 31 Deireadh Fómhair 2023 agus an 23 Samhain 2023, i gcás CCCME an 11 Aibreán 2024, i gcás Tesla an 30 Deireadh Fómhair 2023 agus an 12 Aibreán 2024, i gcás Smart an 8 Samhain 2023, i gcás Chuideachta 24 an 22 Samhain 2023, i gcás Chuideachta 22 an 5 Nollaig 2023 agus an 11 Aibreán 2024, agus i gcás Green World Mobility an Domhain an 15 Aibreán 2024.

cuideachtaí 2, 4, 6, 10, 23 agus 25 foirmeacha samplála agus cén fáth nach raibh a bhfoirmeacha samplála ar fáil i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe – rinne CCCME an iarraidh sin freisin agus chuir siad cuideachtaí 30 agus 31 leis i ndáil leis sin; (iv) soiléiriú a thabhairt cé acu ar bhain aon cheann de na cuideachtaí sampláilte leis an ngrúpa céanna; (v) cé acu a bhí nó nach raibh prionsabal an eintitis eacnamaíoch aonair á chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún maidir le táirgeoirí sampláilte an Aontais agus cé acu a bhí nó nach raibh ceangal ar pháirtithe comhlachaithe uile na dtáirgeoirí sampláilte an fhaisnéis ábhartha a sholáthar; (vi) soiléiriú a thabhairt ar an méid a bhí intuigthe trí shamhlacha a chur san áireamh i gcomhthéacs roghnú an tsampla agus ar an gcaoi ar bhain na samhlacha leis na 'deighleoga' ceaptha ós rud é, i gcás tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, gur úsáideadh "deighleoga' neamhshainithe mar chritéar samplála; (vii) cé acu a áiríodh nó nár áiríodh sa sampla na táirgeoirí de chuid an Aontais a raibh na méideanna táirgeachta agus díolacháin is airde acu le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus murar áiríodh, chun míniú a thabhairt ar an mbonn ar ar cinneadh agus ar na cúiseanna ar chinn an Coimisiún gan na cuideachtaí sin a áireamh sa sampla; (viii) soiléiriú a thabhairt ar mheáchan agus ar ábharthacht gach critéir i roghnú shampla tháirgeoirí an Aontais.

(29) D'iarr CCCME cuid den fhaisnéis sin freisin le linn an imscrúdaithe. Mhaígh Cuideachta 21 gur cheart táirgeoir amháin eile de chuid an Aontais a áireamh sa sampla chun é a chur ar a chumas don Choimisiún scrúdú díobhála oibiachtúil a dhéanamh bunaithe ar fhianaise dhearfach, agus ábharthacht fhoriomlán na gcritéar a chuir an Coimisiún chun cinn maidir le roghnú na samplála á cur san áireamh.

(30) Thug an Coimisiún dá aire gur gineadh an 'dáta sábháilte' atá ar dhoiciméid i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe go huathoibríoch ag an bhfeidhmchlár TRON.tdi a d'úsáid an Coimisiún agus páirtithe leasmhara in imscrúduithe cosanta trádála. Mar gheall ar an anaithnideacht a deonaíodh do tháirgeoirí an Aontais, áfach, chuir táirgeoirí comhoibríocha an Aontais na foirmeacha samplála isteach trí ríomhphost seachas trí ardán TRON.tdi mar a rinne táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Ina theannta sin, cuireadh freagraí samplála uile thionscal an Aontais leis an gcomhad neamhrúnda le chéile i bhfillteán zipeáilte tar éis seiceáil chríochnúil a dhéanamh chun rúndacht tháirgeoirí comhoibríocha an Aontais a chaomhnú. Ní féidir leis an bhfeidhmchlár TRON.tdi 'dáta sábháilte' a chur le fillteán zipeáilte. Dá bhrí sin, níl 'dáta sábháilte' den sórt sin le feiceáil ar fhoirm shamplála tháirgeoirí an Aontais.

(31) Thug an Coimisiún dá aire gur cuireadh na foirmeacha samplála uile a chuir táirgeoirí an Aontais isteach ar fáil i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe an 30 Deireadh Fómhair 2023 ([8]). Mar a léirítear sa chomhad neamhrúnda, chuir táirgeoirí an Aontais na foirmeacha samplála isteach idir an 11 agus an 13 Deireadh Fómhair (tar éis síneadh gearr dhá lá a dheonú do roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais mar gheall ar chastacht na foirme samplála). Mar sin féin, chuir an Coimisiún leis an gcomhad neamhrúnda iad tar éis dó a sheiceáil nár nocht na leaganacha neamhrúnda de na freagraí samplála, de thaisme, céannacht tháirgeoirí an Aontais ar deonaíodh anaithnideacht dóibh, mar a mhínítear in aithrisí (12) go (14). Thairis sin, toisc gur deonaíodh anaithnideacht do tháirgeoirí an Aontais, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a nochtadh cé acu ar bhain táirgeoirí sampláilte an Aontais leis an ngrúpa céanna nó nár bhain, ná cé acu an raibh siad ina gcomhaltaí de ACEA nó nach raibh, toisc go bhféadfadh sé sin na heintitis faoi seach a dhéanamh inaitheanta agus, dá bhrí sin, go gcuirfí a n-anaithnideacht i mbaol.

(32) Thairis sin, ar na cúiseanna céanna, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a nochtadh an ndearnadh sampláil ar na táirgeoirí de chuid an Aontais a raibh na méideanna táirgeachta agus na díolacháin is airde acu. Mar sin féin, mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil aon oibleagáid in Airteagal 27 den bhun-Rialachán gan ach na táirgeoirí is mó a roghnú i dtéarmaí méideanna táirgeachta agus díolacháin, ná níl aon rangú ann sna critéir a liostaítear ann. Tá sé i gceist leis an bhforáil seo a áirithiú go roghnóidh an Coimisiún an sampla is ionadaíche is féidir a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse ama atá ar fáil trí chritéir den sórt sin a chur i bhfeidhm. Chomhlíon roghnú an tsampla san imscrúdú seo an réasúnaíocht sin go hiomlán agus sainiúlachtaí an cháis seo á gcur san áireamh.

(33) D'áirithigh an Coimisiún ionadaíochas an tsampla freisin trí raon leathan samhlacha d'fheithiclí ceallra-leictreacha a chur san áireamh a d'fhéadfaí a chur i gcomparáid ar thaobh an Aontais agus ar thaobh na n-onnmhairí. A mhéid a bhaineann leis an gceist cé acu an raibh prionsabal an eintitis eacnamaíoch aonair á chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún maidir le táirgeoirí sampláilte an Aontais agus ar ceanglaíodh ar pháirtithe comhlachaithe uile na dtáirgeoirí sampláilte an fhaisnéis ábhartha a sholáthar, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil feidhm ag prionsabal an eintitis eacnamaíoch aonair maidir le honnmhaireoirí chun an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh onnmhairí a dhéantar trí thrádálaithe/allmhaireoirí atá lonnaithe i dtríú tíortha a ríomh agus, dá bhrí sin, nach raibh sé soiléir cad a bhí á iarraidh ag Rialtas na Síne ina leith sin. Thairis sin, mar a sonraíodh san fhoirm shamplála le haghaidh tháirgeoirí an Aontais, iarradh go gcuirfí an fhoirm shamplála isteach ar leibhéal an eintitis dhlítheanaigh táirgthe seachas ar leibhéal an ghrúpa. Dá bhrí sin, iarradh ar gach eintiteas dlítheanach a bhfuil táirgeadh aige san Aontas foirm shamplála a chur isteach.

([8]) Ref. t23.005111

(34) Mheas an Coimisiún, tar éis dó anailís chúramach a dhéanamh ar na barúlacha uile, go raibh an sampla comhsheasmhach le dlí an Aontais agus le dlí EDT. Léirigh an sampla go leordhóthanach táirgeoirí an táirge chomhchosúil san Aontas. I dtús báire, mheabhraigh an Coimisiún go leagtar síos na forálacha samplála ábhartha in Airteagal 27 den bhun-Rialachán. Foráiltear leis na forálacha ábhartha do lánrogha leathan maidir leis an sampla a roghnú de réir na gcritéar ábhartha a liostaítear iontu. Go háirithe, luaitear go soiléir in Airteagal 27(2) den bhun-Rialachán gur '*faoin gCoimisiún a fhanfaidh sé an rogha deiridh a dhéanamh i ndáil le páirtithe*.' Ina theannta sin, mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil forálacha maidir le sampláil i gComhaontú EDT maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh ('Comhaontú SCM'), rud a dhearbhaíonn arís lánrogha leathan an Choimisiúin maidir leis an ábhar sin. Mar a mhínítear in aithris (26), bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh sna freagraí samplála, ba é a bhí sa sampla beartaithe 38 % de dhíolacháin agus 34 % de tháirgeacht san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mheas an Coimisiún go raibh na céatadáin sin ionadaíoch faoi Airteagal 27 den bhun-Rialachán. Míníodh an mhodheolaíocht samplála go mion sa Nóta maidir leis an sampla sealadach an 30 Deireadh Fómhair 2023.

(35) Chun an ionadaíocht is mó a áirithiú do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, chomh maith le méideanna, bhreithnigh an Coimisiún freisin raon geografach tháirgeoirí an Aontais laistigh den Aontas agus d'áirithigh sé go gcuirfí raon leathan samhlacha d'fheithiclí ceallra-leictreacha san áireamh. Breithníodh an raon geografach, mar a rinneadh in imscrúduithe frith-fhóirdheontais eile chun ionadaíochas an tsampla a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán.

(36) Thairis sin, chuir an Coimisiún raon leathan samhlacha d'fheithiclí ceallra-leictreacha san áireamh chun méid mór ionadaíochta a áirithiú agus iad á gcur i gcomparáid leis na samhlacha comhfhreagracha arna n-onnmhairiú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i gcomhréir leis an gcorrlach lánroghnach atá aige agus an sampla deiridh á roghnú aige.

(37) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh an sampla ionadaíoch (lena n-áirítear go geografach) agus nárbh fhéidir imscrúdú réasúnach a dhéanamh ar shampla níos mó laistigh den am a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(38) Mhaígh CCCME nár chomhlíon na freagraí neamhrúnda ar fhoirmeacha samplála tháirgeoirí an Aontais Airteagal 29(2) den bhun-Rialachán toisc nár fhreagair táirgeoirí an Aontais na ceisteanna uile a áiríodh san fhoirm samplála. Go háirithe, luaigh CCCME nár thug Cuideachta 11 freagra ach ar chúig cinn de na 22 cheist a áiríodh san fhoirm samplála. Ina theannta sin, d'áitigh CCCME nár sholáthair Cuideachta 11, Cuideachta 12 agus Cuideachta 15 an fhaisnéis maidir le fostaíocht, agus nár sholáthair Cuideachta 7, Cuideachta 8, Cuideachta 9 agus Cuideachta 13 ach figiúirí innéacsaithe maidir le fostaíocht le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ach nár sholáthair siad aon sonraí maidir le fostaíocht le haghaidh na mblianta roimhe sin agus léirigh an fhoirm shamplála táirgeacht le linn na mblianta sin. Thairis sin, mhaígh CCCME nár thug aon cheann de tháirgeoirí an Aontais údar le 'imthosca eisceachtúla' a bheith ann in aon chomhthéacs agus gur fholaigh sé an fhaisnéis ar fad.

(39) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Áiríodh 10 bpríomhcheist ar an bhfoirm shamplála. Ina theannta sin, áiríodh i gceisteanna 5 agus 6 araon focheist bhreise amháin a bhí rúnda i bhfianaise na hanaithnideachta a deonaíodh do tháirgeoirí an Aontais toisc gur iarr sé ainmneacha na gcuideachtaí comhlachaithe a bhfuil baint acu le táirgeadh agus díolacháin an táirge chomhchosúil arna tháirgeadh san Aontas agus ag na fochonraitheoirí. Is léir freisin, mura raibh cuideachtaí comhlachaithe ag cuideachta a raibh baint acu le táirgeadh agus díolacháin an táirgthe chomhchosúil a tháirgtear san Aontas nó le fochonraitheoirí, nár ghá di freagra a thabhairt ar an bhfocheist faoi seach. B'amhlaidh a bhí i gcás Chuideachta 11, a thuairiscigh faoi cheist 6 nach raibh fochonraitheoirí aici. Dá bhrí sin, sa chás sin, ní raibh sé soiléir cén fáth ar mheas CCCME nár thug Cuideachta 6 freagra ar an bhfocheist 6(1). Ina theannta sin, áiríodh i gceisteanna 8 agus 9 5 agus 4 fhocheist bhreise faoi seach. Mar sin féin, mar a míníodh sa Nóta don chomhad an 25 Deireadh Fómhair 2023 ([9]), i gceisteanna 8 agus 9 ar ghá iad a líonadh isteach le freagra 'tá/níl', d'fhéadfaí céannacht tháirgeoir an Aontais faoi seach a nochtadh, bunaithe ar eolas margaidh faoi struchtúr thionscal an Aontais agus, dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí freagraí ar na ceisteanna sin (mar aon leis na focheisteanna a luaitear) a achoimriú sa leagan neamhrúnda den fhoirm samplála gan an baol a bheith ann go nochtfaí faisnéis rúnda de réir bhrí Airteagal 29(2) den bhun-Rialachán, rud a chuirfeadh an anaithnideacht a dheonaítear do tháirgeoirí an Aontais i mbaol. Dá bhrí sin, níor ghá do tháirgeoirí an Aontais freagra neamhrúnda a thabhairt ar na ceisteanna sin. Thug Cuideachta 11 freagra ar cheisteanna 1, 2, 4, 5, 6 agus 7. Ba de chineál rúnda an freagra ar cheist 3 a d'iarr ar tháirgeoirí an Aontais na samhlacha d'fheithiclí ceallra-leictreacha a táirgeadh agus a díoladh san Aontas a thuairisciú, i bhfianaise na hanaithnideachta a deonaíodh, toisc go bhféadfadh sé na heintitis faoi seach a dhéanamh inaitheanta agus go gcuirfí a n-anaithnideacht i mbaol dá bharr.

([9]) Nóta don chomhad an 25 Deireadh Fómhair 2023 (t23.005006).

(40) A mhéid a bhaineann le líon na bhfostaithe, thug an Coimisiún dá aire nár mhonaraigh Cuideachta 11 feithiclí ceallra-leictreacha ach amháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus i méideanna beaga. Thairis sin, ní critéar le haghaidh roghnú na samplála é líon na bhfostaithe. Mar a mhínítear in aithris (26), ba iad na critéir a úsáideadh chun táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil méid táirgeachta agus díolacháin, raon geografach agus samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha. Dá bhrí sin, ós rud é nár thuairiscigh táirgeoir amháin de chuid an Aontais líon na bhfostaithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nó nár thuairiscigh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais an líon fostaithe ach amháin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níor chuir sé a bhfreagra ar an bhfoirm shamplála ó bhail. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(41) A mhéid a bhaineann leis an maíomh nár thug táirgeoirí an Aontais údar le 'himthosca eisceachtúla' a bheith ann in aon chomhthéacs agus gur fholaigh sé an fhaisnéis ar fad, thug an Coimisiún dá aire nach raibh sé soiléir cén fhaisnéis ar thagair CCCME di. I gcás inar thagair CCCME d'fhaisnéis teagmhála na gcuideachtaí, toisc gur deonaíodh anaithnideacht do tháirgeoirí an Aontais mar a mhínítear in aithris (12) agus in aithris (13), níor ghá do tháirgeoirí an Aontais 'imthosca eisceachtúla' a agairt le haghaidh an fhreagra ar an bhfoirm samplála. Thairis sin, ní fhéadfadh táirgeoirí an Aontais a bhfaisnéis teagmhála a thuairisciú toisc go bhféadfadh sé sin na heintitis faoi seach a dhéanamh inaitheanta agus, dá bhrí sin, chuirfí anaithnideacht i mbaol. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(42) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME, de réir tuarascáil phreasa MLex, nár sampláladh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Gearmáine amhail Volkswagen, BMW agus Mercedes-Benz. D'áitigh Rialtas na Síne agus CCCME gurbh é sin an dara huair ó tionscnaíodh an t-imscrúdú go raibh faisnéis ag MLex maidir le shampláil tháirgeoirí an Aontais nach raibh ar fáil do CCCME ná do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin de chuid na Síne a bhí ag comhoibriú san imscrúdú. D'áitigh CCCME agus Rialtas na Síne go raibh MLex ar an eolas faoi iarrataí anaithnideachta tháirgeoirí an Aontais an 13 Deireadh Fómhair 2023 cé gur tháinig páirtithe leasmhara ar an eolas faoin tsaincheist sin thart ar dhá sheachtain ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, d'áitigh CCCME, dá mba rud é go raibh an tuarascáil phreasa maidir le sampla tháirgeoirí an Aontais cruinn, gur chuir CCCME ina choinne go láidir leis na grúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin a roghnaíodh ag áitiú gur cheart don Choimisiún sampla a úsáid a bhí ionadaíoch ó thaobh staidrimh de. Rinne sí tagairt i ndáil leis sin do Bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais in *Fliesen-Zentrum Deutschland* ([10]). Thairis sin, d'áitigh CCCME gurbh ionann mórtháirgeoirí an Aontais a eisiamh ón sampla agus imeacht suntasach ó chleachtas seanbhunaithe an Choimisiúin ina sampláiltear na táirgeoirí is mó de ghnáth le haghaidh anailís chuimsitheach agus ionadaíoch.

(43) Ní féidir leis an gCoimisiún trácht a dhéanamh ar ábhar na dtuarascálacha preasa, ós rud é gurb é an fhaisnéis atá ar fáil ar comhad an rud is tábhachtaí don imscrúdú seo. Thairis sin, mar a mhínítear in aithrisí (12) agus (13), deonaíodh anaithnideacht do tháirgeoirí an Aontais agus dá bhrí sin ní féidir leis an gCoimisiún ainmneacha tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a nochtadh. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (26), b'ionann an sampla atá beartaithe agus 38 % de dhíolacháin agus 34 % de tháirgeacht san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus measadh go raibh na céatadáin sin ionadaíoch faoi Airteagal 27 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(44) Mhaígh CCCME gur cheart don Choimisiún leibhéal comhair tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais a nochtadh toisc gur saincheist fhíorasach é sin a bhí i gcroílár aon mheasúnaithe ar bhagairt díobhála ábhartha atá le déanamh ag an gCoimisiún. Mhaígh CCCME murar dteastaíonn cosaint ó tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha thionscal an Aontais, nár cheart aon bhearta a fhorchur maidir le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín.

(45) Thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil gá le leibhéal an chomhair in imscrúdú ach amháin don bhuanchleachtadh. Ós rud é gur tionscnaíodh an t-imscrúdú reatha *ex officio*, níor ghá don Choimisiún an leibhéal comhair a nochtadh. Bhí dóthain comhair idir táirgeoirí an Aontais ag an gcéim samplála chun go roghnódh an Coimisiún sampla ionadaíoch de tháirgeoirí an Aontais agus chun go leanfadh sé leis an imscrúdú. Mar a mhínítear in aithris (26), bhí 38 % de dhíolacháin agus 34 % de mhéid táirgeachta iomlán thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas, agus meastar go raibh an méid sin ionadaíoch. Ar deireadh, sa roinn 'leas an Aontais' thíos, rinne an Coimisiún measúnú i dtaobh cé acu a bhí nó nach raibh sé chun leas an Aontais bearta frithchúitimh a fhorchur ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

([10]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Meán Fómhair 2015, *Fliesen-Zentrum Deutschland GmbH v Hauptzollamt Regensburg*, C-687/13, AE:C:2015:573, mír 86.

1.5.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(46) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(47) Níor chomhoibrigh aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe agus dá bhrí sin ní raibh gá le sampláil.

1.5.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil*

(48) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(49) Sholáthair 21 tháirgeoir onnmhairiúcháin/ghrúpa(í) táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí ghrúpa táirgeoirí chomhoibríocha go sealadach. Sa bhreis ar dhearbhmhéid na n-onnmhairí chuig an Aontas, rinne an Coimisiún breithniú breise ar dhíolacháin samhlacha le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha i 'ndeighleoga margaidh' éagsúla (a thuigtear i dtéarmaí 'cineálacha táirgí' éagsúla) chun an ionadaíocht is mó i dtionscal an táirge atá faoi imscrúdú a áirithiú i gceart. Mheas an Coimisiún freisin incháilitheacht fhéideartha na ngrúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin le haghaidh na scéimeanna fóirdheontais a áirítear sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise ar bhonn na bhfreagraí ar na ceistneoirí samplála. I bhfianaise chineál agus éifeachtaí an fhóirdheonaithe atá i gceist, as a n-eascraíonn méadú ar tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha agus an bhagairt díobhála a d'fhéadfadh a bheith ann do thionscal an Aontais, cuireadh infhaighteacht na n-acmhainneachtaí breise san áireamh freisin sa roghnú. Ba iad seo a leanas na grúpaí sampláilte:

— Grúpa BYD, ina bhfuil táirgeoirí onnmhairiúcháin:

  — BYD Auto Company Limited;

  — BYD Auto Industry Company Limited;

  — Changsha Xingchao Auto Company Limited;

  — Changzhou BYD Auto Company Limited;

  — Fuzhou BYD Industrial Company Limited.

— Grúpa SAIC, ina bhfuil táirgeoirí onnmhairiúcháin:

  — SAIC MAXUS Automotive Company Limited;

  — SAIC Motor Corporation Limited;

  — Nanjing Automobile (Group) Corporation.

— Grúpa Geely, ina bhfuil táirgeoirí onnmhairiúcháin:

  — Asia Euro Automobile Manufacture (Taizhou) Company Limited;

  — Zhejiang Geely Automobile Company Limited;

— Zhejiang Haoqing Automobile Manufacturing Company Limited.

(50) Bhí 43 % den táirgeacht, 51 % de na díolacháin intíre, agus 39 % den mhéid onnmhairiúcháin iomlán measta ón tSín chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na grúpaí sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ('na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte').

(51) I gcomhréir le hAirteagal 27(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta agus le Rialtas na Síne maidir le roghnú an tsampla.

(52) Fuarthas barúlacha maidir leis an sampla beartaithe ó Rialtas na Síne, CCCME, agus trí ghrúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin, ceann amháin a áiríodh sa sampla (BYD), dhá cheann nár áiríodh eadhon Tesla agus Great Wall Motor Company Limited ('GWM') agus táirgeoir amháin de chuid an Aontais (Cuideachta 24).

(53) D'fhiosraigh na páirtithe sin uile na cúiseanna a bhí le himeacht ó chleachtas caighdeánach an Choimisiúin gan ach an méid onnmhairiúcháin ionadaíoch is mó chuig an Aontas a úsáid mar chritéar cinntitheach chun táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil. Ina theannta sin, mhaígh siad nár roghnaigh an Coimisiún sampla i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach faoi Airteagal 27(1) den bhun-Rialachán agus faoi Airteagal 6.10 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT in éagmais foráil maidir le sampláil i gComhaontú SCM agus eilimintí eile á n-úsáid seachas an méid is mó onnmhairí sa phróiseas samplála, amhail incháilitheacht na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin le haghaidh na scéimeanna fóirdheontais agus éagsúlacht na samhlacha a dhíoltar i ndeighleoga éagsúla den mhargadh. D'iarr Tesla go gcuirfí san áireamh sa sampla é i bhfianaise chleachtas an Choimisiúin chun brath ar an '*méid ionadaíoch is mó onnmhairí chuig an Aontas*'.

(54) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon oibleagáid in Airteagal 27 den bhun-Rialachán gan ach na táirgeoirí is mó a roghnú ó thaobh méide de, ná níl aon rangú sna critéir ann chun críche samplála. Chun éifeachtacht an imscrúdaithe a áirithiú, tá corrlach measúnaithe ag an gCoimisiún ([11]) chun sampla a roghnú bunaithe ar chritéir chun a áirithiú go bhfuil sé ionadaíoch ar incháilitheacht na bhfóirdheontas a líomhnaítear san fhógra tionscnaimh. Go sonrach, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 27(2) den bhun-Rialachán: '*is ag an gCoimisiún a bheidh roghnú deiridh na bpáirtithe*'. Dá réir sin, bhreithnigh an Coimisiún eilimintí eile a breithníodh freisin in imscrúduithe frith-fhóirdheontais roimhe seo ([12]) chun ionadaíochas samplach thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha sa tSín a ráthú.

([11]) Cás T-444/11, *Gold East Paper agus Gold Huasheng Paper v an Chomhairle*, 11/09/2014 (T-444/11) (§275) Meabhraíonn an Chúirt an corrlach measúnaithe atá ag institiúidí an Aontais, mar a aithnítear sa dlí cás ar chás, nach mór an t-athbhreithniú breithiúnach ar bhreithmheas ina leith a bheith teoranta d'earráid fhollasach measúnaithe.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1519 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2015 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 239, 15.09.2015, lch. 99 (§20) Roghnaigh an Coimisiún an sampla de thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin a raibh an méid is mó díolachán intíre agus onnmhairí acu);
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2170 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 458, 22.12.2021, lch. 344)
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 012, 19.01.2022, lch. 34, (§49) Rinne an Coimisiún breithniú freisin ar raon geografach na gcuideachtaí**);**
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar tháirgí cothroma teorollta áirithe d'iarann, de chruach neamhchóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne(IO L 146, 9.6.2017, lch. 17 (§28), mheas an Coimisiún go raibh na ceithre ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ionadaíoch ní hamháin i dtéarmaí méide, ach freisin i dtéarmaí a n-incháilitheachta do na fóirdheontais a líomhnaítear sa ghearán chomh maith leis na cleachtais fóirdheontais arna n-imscrúdú de réir an fhógra tionscnaimh);
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, bídís nua nó atráchta, déanta as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh níos mó ná 121 acu, agus iad de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 283, 12/11/2018 lch. 1, (§41) '(...) *ba é cuspóir an tsampla tionscal na mbonn foriomlán i nDaon-Phoblacht na Síne a léiriú maidir le hincháilitheacht le haghaidh gach cineáil fóirdheontais líomhnaithe.*');
Rialachán (CE) Uimh. 930/2003 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena bhfoirceanntar na himeachtaí frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a bhaineann le hallmhairí bradán Atlantach feirmshaothraithe de thionscnamh na hIorua agus na himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí bradán Atlantach feirmshaothraithe de thionscnamh na Sile agus Oileáin Fharó (IO L 133, 29.5.2003 lch. 1, (§25) Critéir a measadh a bheith tábhachtach freisin agus sampla na Sile á roghnú, ba dhíolacháin intíre ionadaíocha agus táirgeadh suntasach iad.

(55) Ní hamháin go raibh roghnú sampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ag brath ar mhéid na n-onnmhairí, ach freisin ar éagsúlacht na samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha a dhíoltar i ndeighleoga éagsúla den mhargadh (i.e. cineálacha táirgí), ionadaíocht na gcuideachtaí/na ngrúpaí i dtéarmaí incháilitheacht fhéideartha na scéimeanna a áirítear sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise, agus acmhainneacht táirgeachta fhoriomlán lena n-áirítear acmhainneacht bhreise. I bhfianaise na dtosca sin go léir le chéile, measadh gurb é an sampla a roghnaíodh an sampla is ionadaíche a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. Le roghnú an tsampla, comhlíonadh go hiomlán forálacha Airteagal 27 den bhun-Rialachán, agus sainiúlachtaí an cháis á gcur san áireamh. I bhfianaise ionadaíochas láidir an tsampla i bhfianaise na gcritéar a liostaítear in aithris (49) agus an ama a bhí ar fáil don imscrúdú, níor mheas an Coimisiún gurbh iomchuí táirgeoir onnmhairiúcháin breise a roghnú sa sampla. Dá bhrí sin, diúltaíodh d'iarratas Tesla a bheith roghnaithe sa sampla.

(56) Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne nár chuir an Coimisiún an soiléiriú a iarradh ar fáil maidir le roghnú shampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, go háirithe maidir le breithniú agus ualaí coibhneasta na gceithre chritéar a cuireadh san áireamh chun sampla a roghnú, an bonn chun díolacháin onnmhairiúcháin na ndeighleog éagsúil den mhargadh a chinneadh, an bonn chun measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht fhéideartha na ngrúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin le haghaidh na scéimeanna fóirdheontais agus infhaighteacht acmhainneachtaí breise, agus an bhrí atá le cinneadh an Choimisiúin brath ar na freagraí ar na foirmeacha samplála chun críche an chleachtaidh samplála, gan dochar do cibé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí iad a nascadh le grúpaí eile táirgeoirí onnmhairiúcháin agus gan beann ar cibé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí iad a nascadh le grúpaí eile táirgeoirí onnmhairiúcháin.

(57) Mheas an Coimisiún gurb é a roghnú de thrí ghrúpa cuideachtaí an méid is ionadaíche a d'fhéadfadh sé a imscrúdú laistigh den am a bhí ar fáil, ar ina leith nár bhreathnaigh sé ar dhearbhfhigiúirí táirgeachta, díolachán agus onnmhairí amháin, ach mheas sé roinnt eilimintí breise chun measúnú a dhéanamh ar ionadaíochas an tsampla, lena n-áirítear éagsúlacht na samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha a dhíoltar i ndeighleoga éagsúla den mhargadh, ionadaíochas na gcuideachtaí/na ngrúpaí ó thaobh incháilitheacht fhéideartha na scéimeanna a áirítear sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise, agus acmhainneacht táirgeachta fhoriomlán lena n-áirítear acmhainneacht bhreise bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san fhoirm shamplála. Glacadh cur chuige cuimsitheach agus measúnú á dhéanamh ar na gnéithe sin, i gcás nár measadh aon cheann de na gnéithe aonair a bheith cinntitheach. Breithníodh na deighleoga margaidh bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí faoi na samhlacha a dhíol na táirgeoirí onnmhairiúcháin ar mhargadh an Aontais. Mar a leagtar amach sa Nóta maidir le sampla cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, mheas an Coimisiún gur critéar oibiachtúil é incháilitheacht scéimeanna fóirdheontais na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chun a áirithiú go bhfuil an sampla ionadaíoch ar leibhéal an fhóirdheonaithe sa tír lena mbaineann. Bhí an roghnú bunaithe ar na foirmeacha samplála a fuarthas ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, ar cheart a bpáirtithe comhlachaithe uile atá ábhartha don imscrúdú a bheith san áireamh iontu. Ós rud é gur freagraí féindearbhaithe iad na freagraí sin, chuir an Coimisiún in iúl go sainráite go bhféadfadh údar a bheith le measúnú breise a dhéanamh i ndáil le páirtithe comhlachaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sin.

(58) De réir Rialtas na Síne agus CCCME, níor tugadh aon bhonn cirt sa chinneadh samplach deiridh chun an táirgeoir onnmhairiúcháin is mó de chuid na Síne Tesla a eisiamh ó shampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(59) Go deimhin, bhí Tesla ar cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin ba mhó i dtéarmaí onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, murab ionann agus maíomh CCCME, agus mar a mhínítear in aithrisí (54) agus (57), níor cheart roghnú an tsampla a bheith bunaithe ar an méid is mó táirgeachta, díolachán nó onnmhairí amháin, ach ar an méid ionadaíoch is mó. Mar a leagtar amach sa Nóta maidir le sampla cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, measadh go raibh roghnú an tsampla deiridh ionadaíoch go leordhóthanach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin feithiclí ceallra-leictreacha a oibríonn sa tSín agus go raibh sé bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó táirgeachta, díolachán nó onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil, agus na heilimintí a leagtar amach in aithris (57) á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Rialtas na Síne agus CCCME.

(60) Thairis sin, d'áitigh Tesla nár shampláil an Coimisiún na grúpaí iomlána, ach nár roghnaigh sé ach cuid de na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus na cuideachtaí comhlachaithe laistigh den ghrúpa sampláilte.

(61) Tá an ráiteas sin mícheart go fíorasach. Ní ar bhonn eintitis aonair a rinne an Coimisiún a shampla ach ar bhonn grúpaí a sainaithníodh san fhaisnéis a soláthraíodh sna freagraí ar na foirmeacha samplála. Gach eintiteas atá i mbun táirgthe agus ar leis na grúpaí sin é, tá sé mar chuid den sampla, cibé acu a luaitear ar leith é sa nóta i ndáil le sampla cinntitheach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin nó nach luaitear.

(62) Ina theannta sin, d'ardaigh Rialtas na Síne agus CCCME araon go ndéantar idirdhealú in aghaidh brandaí Síneacha trí thrí chuideachta atá faoi úinéireacht na Síne a roghnú agus gan aon chuideachtaí nó comhfhiontair atá faoi úinéireacht eachtrach a shampláil. Chuir Rialtas na Síne, BYD agus Tesla in iúl maidir leis an Meabhrúchán ar fhianaise leordhóthanach ar ar bhunaigh an Coimisiún a mheasúnú ar incháilitheacht fhéideartha le haghaidh na scéimeanna fóirdheontais agus roghnú an tsampla, go bhfuil sé claonta agus go raibh sé dírithe d'aon ghnó ar tháirgeoirí áirithe sa tSín a bhí sainaitheanta aige. Mhaígh Rialtas na Síne, CCCME, Tesla, agus GWM, trí shampla a roghnú ar chritéir ar dócha go dtiocfadh ar chonclúid dheimhneach ina leith maidir le bagairt díobhála, nár chomhlíon an Coimisiún an oibleagáid scrúdú oibiachtúil a dhéanamh ar dhíobháil a leagtar amach faoi Airteagal 8(1) den bhun-Rialachán. Leag na páirtithe uile a thug barúlacha béim ar an easpa nochta leordhóthanaigh sa mhodheolaíocht agus ar an anailís a rinneadh chun an sampla a roghnú.

(63) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint gur ghníomhaigh sé ar bhealach idirdhealaitheach. Mar a mhínítear sa Nóta a ghabhann leis an gcomhad maidir le sampla cinntitheach a roghnú, ar an gcéad dul síos, tá comhfhiontair ag roinnt de na grúpaí sampláilte le monaróirí gluaisteán na hEorpa. Ar an dara dul síos, aon bheart a fhorchuirtear de thoradh an imscrúdaithe, bheadh feidhm aige maidir le gach feithicil ceallra-leictreach arna táirgeadh agus arna onnmhairiú ón tSín, gan beann ar úinéireacht na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Ar an tríú dul síos, tá formhór na gcuideachtaí/na ngrúpaí a tháinig chun cinn lena sampláil faoi úinéireacht Shíneach go hiomlán nó go páirteach agus/nó tá comhaontuithe comhfhiontar acu le comhpháirtithe eachtracha.

(64) Bhí incháilitheacht fhéideartha na scéimeanna a áirítear sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise ar cheann de roinnt gnéithe a mheas an Coimisiún a d'áiritheodh an ionadaíochas ba mhó do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha agus a thabharfadh bunús le hionadaíochas an tsampla i gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán. Ina theannta sin, is gné í incháilitheacht fhéideartha scéimeanna fóirdheontais nach bhfuil claonta, ná baol air, ach atá ina critéar oibiachtúil a bhfuil sé i gceist léi a áirithiú go bhfuil an sampla ionadaíoch ar leibhéal an fhóirdheonaithe sa tír lena mbaineann. Dá bhrí sin, agus incháilitheacht fhéideartha á húsáid mar chritéar chun roghnú as táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, níor roghnaigh an Coimisiún cuideachtaí ag a raibh an fóirdheonú is airde ós rud é, tráth an chinnidh samplála, nárbh eol na méideanna sonracha a fuair na cuideachtaí sin. Thairis sin, cé go bhféadfadh cuideachta a bheith incháilithe *a priori* chun fóirdheontas ó scéim shonrach a fháil, ní chiallaíonn sé sin go huathoibríoch gur bhain cuideachta den sórt sin tairbhe as scéim den sórt sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur theip ar na cuideachtaí a léiriú conas a rinne an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe ([13]) maidir leis na honnmhaireoirí sampláilte a roghnú, rud a d'fhágfadh go mbeadh torthaí míthreoracha ann agus a bheadh ina shárú ar an oibleagáid scrúdú oibiachtúil a dhéanamh ar dhíobháil – ina meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil lánrogha leathan aige freisin ([14]).

(65) Ar deireadh, murab ionann agus na hargóintí a rinne roinnt páirtithe, míníodh an mhodheolaíocht samplála go mion cheana féin sa nóta maidir leis an sampla sealadach a eisíodh an 25 Deireadh Fómhair 2023.

(66) D'iarr an táirgeoir onnmhairiúcháin GWM go n-áireofaí sa sampla é agus go mbainfí cuideachta sampláilte amháin, ag áitiú nach raibh an chuideachta roghnaithe ionadaíoch go leor do thionscal iomlán na bhfeithiclí ceallra-leictreacha i nDaon-Phoblacht na Síne i dtéarmaí bhranda, theicneolaíocht agus phraghsáil a príomhshamhla feithiclí ceallra-leictreacha a onnmhairítear chuig an Aontas. D'áitigh GWM gur cheart é a áireamh sa sampla, toisc go raibh sé ar cheann den bheagán táirgeoirí onnmhairiúcháin a chuir an fhaisnéis samplála a iarradh isteach go tráthúil agus ar cheann de na honnmhaireoirí feithiclí ceallra-leictreacha is ionadaíche i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise na samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha a d'onnmhairigh sé chuig an Aontas, a shuíomh geografach, a chomhlíontacht le sábháilteacht táirgí agus teicneolaíocht an chomhshaoil, a infheistíocht shuntasach T&F, agus comhtháthú ingearach a chórais slabhra soláthair.

([13]) Cás T-30/19 agus T-72/19, *CRIA agus CCCMC v an Coimisiún*, 04/05/2022, (T-30/19) (§115 Ní mór a mheabhrú gur gá breithmheas a dhéanamh ar chásanna eacnamaíocha casta a bhfuil lánrogha leathan ag institiúidí an Aontais ina leith chun a chinneadh an ann do dhíobháil agus méid na díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais agus gurb ann do nasc cúisíoch).

([14]) *Ibid.*

(67) Na cuideachtaí uile a tháinig chun cinn sa chleachtadh samplála, chuir siad a bhfreagraí isteach faoin sprioc-am a leagtar amach san Fhógra tionscnaimh nó laistigh den sprioc-am a comhaontaíodh tar éis iarrataí ar shíneadh a raibh údar cuí leo. Mar a leagtar amach in aithrisí (53) go (57), mheas an Coimisiún gurb é an sampla a roghnaíodh an sampla is ionadaíche a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. Le roghnú an tsampla, comhlíonadh go hiomlán forálacha Airteagal 27 den bhun-Rialachán, agus sainiúlachtaí an cháis á gcur san áireamh. Ós rud é nár chuir aon cheann de na hargóintí a rinne GWM ó bhail rogha an tsampla a rinne an Coimisiún, diúltaíodh d'iarraidh GWM go roghnófaí sa sampla é.

(68) D'áitigh CCCME, BYD, GWM, agus Tesla freisin nach bhféadfaí acmhainneacht bhreise a mheas mar fhachtóir atá le húsáid chun sampla a bhunú ach gur fachtóir é ar cheart meastóireacht a dhéanamh air le linn an imscrúdaithe.

(69) Tá an t-imscrúdú seo bunaithe ar bhagairt díobhála. Dá bhrí sin, measadh go raibh tábhacht ag baint le faisnéis faoi leibhéal díolachán féideartha na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin go luath amach anseo maidir le sampla ionadaíoch a roghnú. Agus an acmhainneacht bhreise ar cheann de na heilimintí is bun leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis an sampla, níor eisiadh meastóireacht a dhéanamh ar an toisc sin le linn an imscrúdaithe chun a shuí go bhfuil bagairt díobhála ábhartha ann do thionscal an Aontais.

(70) I bhfianaise na gcúiseanna thuasluaite, chinn an Coimisiún an sampla beartaithe a choinneáil mar an sampla deiridh.

(71) Ina mbarúlacha tar éis chinneadh an tsampla, d'iarr NIO soiléirithe breise maidir lena chás sonrach i measc na dtáirgeoirí nár sampláladh.

(72) Thug an Coimisiún aghaidh ar a mbarúlacha in aighneacht ar leithligh a seoladh chuig an gcuideachta amháin.

(73) Tar éis an chleachtaidh samplála, an 8 Samhain 2023, tionóladh éisteacht le Smart, a d'iarr nach measfaí mar chuid de Ghrúpa Geely é, ach mar tháirgeoir onnmhairiúcháin ar leithligh. I gcás an éilimh sin, bhí Smart ag brath go háirithe ar thorthaí Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta de chuid an Choimisiúin i nós imeachta cumaisc maidir le táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha Smart i nDaon-Phoblacht na Síne. ([15])

(74) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Ar an gcéad dul síos, déantar cinntí cumaisc ar bhonn bunús dlí atá éagsúil ón mbunús dlí atá leis an mbun-Rialachán, lena mbunaítear cuspóirí éagsúla agus lena n-éilítear cineálacha éagsúla measúnaithe. Ar an dara dul síos, foráladh leis an gcinneadh cumaisc gur comhfhiontar lánfheidhmiúil é an comhfhiontar idir Daimler agus Geely ach níor thángthas ar aon chonclúid maidir lena spleáchas ó Ghrúpa Geely. Go deimhin, léirigh an cinneadh go ndéantar oibríochtaí monaraíochta agus dáileacháin Smart i nDaon-Phoblacht na Síne ó chomhfhiontar le Geely. Thairis sin, tagann díolacháin agus margaíocht an Aontais faoin gcomhfhiontar freisin. Thairis sin, i bhfianaise an chaidrimh gnó atá ann cheana idir Smart agus Grúpa Geely, ba léir go raibh an dá pháirtí comhlachaithe de réir bhrí Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([16]). Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart caitheamh le Smart mar chuid de Ghrúpa Geely.

(75) Mheas CCCME go raibh ualach rómhór ag baint leis na ceanglais tuairiscithe ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne, go háirithe maidir leis an bhfaisnéis a iarradh ar sholáthróirí ionchuir comhlachaithe agus maidir le tuarascálacha bliantúla a aistriú.

(76) Leagtar amach sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise gur scaip fóirdheonú Rialtas na Síne chuig táirgeacht agus slabhra soláthair iomlán thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, i measc nithe eile trí pháirteanna agus comhpháirteanna a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach. Mheas an Coimisiún gur ghá an fhaisnéis a iarradh ar pháirtithe comhlachaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chun measúnú a dhéanamh ar fhóirdheontais in-fhrithchúititheach a bheith ann maidir le páirteanna agus comhpháirteanna feithiclí ceallra-leictreacha, lena n-áirítear ceallraí, agus dá bhrí sin dhiúltaigh sé don mhaíomh a rinne CCCME.

([15]) Cás M.9360 – Daimler / Geely / JV, Cinneadh ón gCoimisiún an 10.12.2019, de bhun Airteagal 6(1)(b) de Rialachán Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus Airteagal 57 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

([16]) IO L 343, 29.12.2015, lgh. 558–893.

1.5.4. *Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin*

(77) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig Rialtas na Síne, chuig na trí ghrúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, chuig na ceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus chuig dhá úsáideoir.

(78) Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne, ó na trí ghrúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ó na ceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus ón dá úsáideoir.

(79) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir le fóirdheontas, díobháil dá dheasca sin (lena n-áirítear bagairt díobhála) agus leas an Aontais.

(80) Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin faoi Airteagal 26 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais agus a gcuideachtaí comhlachaithe:

— Cuideachta 7

— Cuideachta 17

— Cuideachta 18

— Cuideachta 27

Úsáideoirí:

— Leasys Luxembourg S.A.

— Leasys Mobility Portugal SA

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne agus cuideachtaí comhlachaithe:

— Grúpa BYD

  — Anyang BYD Industrial Co., Ltd., Anyang, an tSín

  — Bengbu FinDreams Battery Co., Ltd., Bengbu, an tSín

  — BYD Auto Co., Ltd., Xi'an, an tSín,

  — BYD Auto Industry Co., Ltd., Shenzhen, an tSín

  — BYD Auto Sales Co., Ltd., Shenzhen, an tSín

  — BYD Europe B.V., an Ísiltír

  — BYD Litiam Battery Co, Ltd, Shenzhen, an tSín

  — BYD Co, Ltd, Shenzhen, an tSín

  — BYD (Shenzhen) Supply Chain Management, Shenzhen, an tSín

  — BYD Hong Kong, SAR Hong Cong

  — Changsha BYD Auto Co. Ltd., Changsha, an tSín

  — Changsha FinDreams Battery Co., Ltd., Changsha, an tSín

  — Changsha Xingchao Auto Co. Ltd., Changsha, an tSín

  — Chongqing FinDreams Battery Co., Ltd., Chongqing, an tSín

  — Chongqing FinDreams Battery Research Institute Co., Ltd., Chongqing, an tSín

  — Fuzhou BYD Industrial Co., Ltd., Fuzhou, an tSín

  — Fuzhou FinDreams Battery Co., Ltd., Fuzhou, an tSín

- Hefei BYD Co., Ltd., Hefei, an tSín
- Hengyang BYD Industrial Co., Ltd., Hengyang, an tSín
- Jinan BYD Auto Co., Ltd., Jinan, an tSín
- Jinan FinDreams Battery Co., Ltd, Jinan, an tSín
- Nanjing BYD Co., Ltd., Nanjing, an tSín,
- Shanghai BYD Co., Ltd., Shanghai, an tSín
- Taiyuan BYD Auto Co., Ltd, Taiyuan, an tSín
- Wuwei FinDreams Battery Co., Ltd., Wuwei, an tSín
- Xi'an BYD Auto Parts Co., Ltd., Xi'an, an tSín
- Xi'an BYD Electronics Co., Ltd., Xi'an, an tSín
- Xi'an FinDreams Battery Co., Ltd., Xi'an, an tSín

— Grúpa Geely

- Asia Europe Automobile Manufacturing (Taizhou) Co, Ltd.,
- Chongqing Lifan Passenger Vehicle Co. Ltd.,
- Chongqing Ruilan Automobile Research Institute Co., Ltd.
- Geely Automobile Group Co., Ltd.
- Geely Automobile Research Institute (Ningbo) Co., Ltd.
- Hangzhou Geely Automobile Co. Ltd.,
- Hangzhou Zeekr Automobile Sales Service Co., Ltd.
- Lingwu Automobile Technology (Chongqing) Co., Ltd.
- Ningbo Geely Automobile Research and Development Co., Ltd.
- Ningbo Hangzhou Bay Geely Automobile Parts Co. Ltd.,
- Ningbo Hangzhou Geely Automobile Parts Co. Ltd.,
- Polestar Automotive China Distribution Co. Ltd,
- Polestar Automotive Consulting Service Co. Ltd.
- Qizheng New Energy Auto (Jinan) Co., Ltd.,
- Quzhou Jidian Electric Vehicle Technology Co. Ltd.,
- Shanghai Zeekr Blue New Energy Technology Co., Ltd.
- Shanxi Geely Automobile Parts
- Shanxi Geely Geometry Auto Co. Ltd.,
- Shanxi New Energy Automobile Co. Ltd.,
- Shidai Geely (Sichuan) Power Battery Co. Ltd.,
- Sichuan LYNK&CO Automobile Manufacturing Co., Ltd.,
- Smart Automobile Sales (Nanning) Co., Ltd.

- Smart Automobile Co., Ltd.
- Viridi E-Mobility Technology (Ningbo) Co., Ltd.,
- Volvo Car Asia Pacific Investment Holding Co. Ltd.,
- Volvo Car Consulting Service Co. Ltd.,
- Volvo Cars (An tSín) Investment Co. Ltd.,
- Wuhan Geely Automotive Industry (holding) Co., Ltd.
- Wuhan Geely Automotive Parts. Co. Ltd.,
- Wuhan Lotus car sales (export sales) Co., Ltd.
- Wuhan Lotus cars (R&D) Co., Ltd.
- Wuhan Lotus Technology Co., Ltd.
- Xi'an Geely Automobile Co. Ltd.,
- ZEEKR Intelligent Technology Holding Limited Co., Ltd.
- Zhejiang Geely Automobile Co. Ltd., brainse Ningbo,
- Zhejiang Geely Automobile Co., Ltd., brainse Wuhan,
- Zhejiang Geely Automobile Co., Ltd., brainse Chengdu,
- Zhejiang Geely Automobile Co., Ltd., príomhoifig
- Zhejiang Geely Holding Group Co. Ltd.,
- Zhejiang Haoqing Automobile Manufacturing Co. Ltd.,
- Zhejiang Haoqing Automobile Manufacturing Co., Ltd.
- Zhejiang Haoqing Automobile Manufacturing Co., Ltd.,
- Zhejiang Liankong Technology Co., Ltd.
- Zhejiang Zeekr Automobile R&D Co., Ltd.
- Zhejiang Zeekr Intelligent Technology Co., Ltd.
- Polestar Feidhmíochta AB, Göteborg, an tSualainn
- Smart Europe GmbH, Stuttgart, an Ghearmáin

— Grúpa SAIC

- SAIC Volkswagen Automotive Co., Ltd.
- SAIC Volkswagen Power Battery Co., Ltd.
- SAIC Volkswagen Sales Co., Ltd.
- SAIC General Motors Co., Ltd.
- SAIC General Motor Sales Co., Ltd.
- SAIC Motor Co., Ltd.
- United Auto Battery Co., Ltd.
- United Auto Battery System Co., Ltd.

— Saike REPT Power Battery System Co., Ltd.

— Shanghai Automobile Group Finance Co., Ltd.

— Nanjing Automobile (Group) Co., Ltd.

— Nanjing Mingjue Automobile Trade Co., Ltd.

— SAIC MAXUS Automotive Co., Ltd

— SAIC GM Wuling Automobile Co., Ltd.

— Guangxi Haoling Automotive Technology Co., Ltd.

— Shanghai Automobile Gear Works Co., Ltd.

— SAIC Motor International Co., Ltd.

— Shanghai Automotive Industry Sales Co., Ltd.

— Shanghai Anji Automobile Sales Co., Ltd.

— Rising Auto Technology Co., Ltd.

— Shanghai Automotive Asset Management Co., Ltd.

— Z-One Technology Co., Ltd.

— SAIC Motor Europe B.V.

— SAIC Motor France SAS

— SAIC Motor Deutschland GmbH

— SAIC Motor Central and Eastern Europe Kft.

(81) Mar a tugadh chun suntais i roinn 3.3, bhí ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhair inar theip ar roinnt grúpaí sampláilte Síneacha freagraí ceistneora a sholáthar do chuideachtaí áirithe nó inar chuir siad isteach faisnéis neamhiomlán maidir lena struchtúr cuideachta nó lena gcostas táirgthe, é sin nó nár chuir siad isteach faisnéis ar bith ina leith sin. Ar an mbonn sin, ní raibh forléargas iomlán ag an gCoimisiún ar na cuideachtaí ar cheart dóibh freagra ceistneora a sholáthar ná ar an sciar a léirigh siad mar chuid de chostas iomlán an táirgthe.

(82) Dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis ar comhad, chinn an Coimisiún díriú ar tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha, ar sholáthróirí na bpríomh-ionchur agus ar chuideachtaí eile a raibh baint acu le maoiniú agus le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, a thug freagra ar cheistneoir agus a d'fhéadfaí a fhíorú sa tréimhse roimh fhorchur na mbeart sealadach.

(83) Cé go bhfuair an Coimisiún freagraí ceistneora freisin ó chuideachtaí comhlachaithe eile ar tháinig a ngníomhaíochtaí faoi raon feidhme na ngníomhaíochtaí lenar ceanglaíodh freagra ceistneora a chur isteach, ní raibh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar na freagraí sin sa tréimhse roimh fhorchur na mbeart sealadach. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart chun measúnú a dhéanamh ar na freagraí atá i gceist go dtí céim chinntitheach an imeachta seo.

1.5.5. *Éilimh maidir le trédhearcacht agus nós imeachta*

(84) De réir Rialtas na Síne, ós rud é gur chosúil go raibh níos mó faisnéise ag MLex faoin sampla de tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ná mar a dheimhnigh na páirtithe leasmhara nach raibh an t-imscrúdú trédhearcach agus gur chuir sé isteach ar chearta próisis chuí na bpáirtithe leasmhara.

(85) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a luaitear thuas in aithris (43), ní féidir leis an gCoimisiún barúil a thabhairt maidir le hábhar na dtuarascálacha preasa, agus tá an fhaisnéis ábhartha i gcomhad an imscrúdaithe reatha. Chuir an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha uile le comhad neamhrúnda an imscrúdaithe in am trátha agus thug sé neart deiseanna do na páirtithe a mbarúlacha a thabhairt. Rinne an Coimisiún measúnú cuí ar na barúlacha uile a fuarthas le linn an imscrúdaithe agus mínítear iad sa roinn ábhartha den Rialachán seo.

(86) Mhaígh CCCME gur chuir an Coimisiún moill ar fhreagraí ceistneora thionscal an Aontais a áireamh i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe, rud a bhí i gcodarsnacht ghéar leis an luas lenar uaslódáil an Coimisiún na leaganacha neamhrúnda de na freagraí ceistneora a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne isteach. Mhaígh CCCME gur chuir na moilleanna sin leis an easpa trédhearcachta maidir le tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais agus gnéithe díobhála an imscrúdaithe.

(87) Ní aontaíonn an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a mhínítear in aithris (12) agus in aithris (13), deonaíodh anaithnideacht do tháirgeoirí an Aontais. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún a sheiceáil go cúramach nár nocht na doiciméid a chuir tionscal an Aontais céannacht tháirgeoirí an Aontais de thaisme agus, dá bhrí sin, nár cuireadh an anaithnideacht a deonaíodh i mbaol. Thóg seiceálacha den sórt sin go leor ama. Bhí neart ama ag CCCME agus ag páirtithe leasmhara eile barúil a thabhairt ar na freagraí ar an gceistneoir a luaithe a cuireadh le comhad neamhrúnda an imscrúdaithe iad.

(88) Mhaígh CCCME gur léiriú soiléir é an easpa comhfhreagrais sa chomhad neamhrúnda idir an Coimisiún agus ACEA ar easpa trédhearcachta san imscrúdú toisc gurbh iad na comhlachais trádála a chuir na sonraí maidir le táscairí maicreacnamaíocha isteach de ghnáth. D'iarr CCCME ar an gCoimisiún a shoiléiriú conas a bhaileofar sonraí maicreacnamaíocha agus conas a dhéanfar meastóireacht orthu san imscrúdú.

(89) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Níl aon cheanglas dlíthiúil ar an gCoimisiún na sonraí maidir le táscairí maicreacnamaíocha a fháil ó chomhlachas trádála amhail ACEA. Is féidir leis an gCoimisiún foinsí eile faisnéise a úsáid freisin. Cuirtear na foinsí sin agus an measúnú ar na táscairí maicreacnamaíocha ar fáil sa roinn '*Díobháil*'. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún foinse agus modheolaíocht an mheasúnaithe ar na táscairí maicreacnamaíocha a nochtadh sular tugadh an t-imscrúdú chun críche ag an gcéim shealadach.

(90) Thug CCCME dá aire nár chuir Cuideachta 29 faisnéis áirithe isteach ach amháin i leagan rúnda agus, mar thoradh air sin, gur cuireadh cosc ar na páirtithe leasmhara an fhaisnéis a chuir Cuideachta 29 isteach a thuiscint agus trácht a dhéanamh uirthi. Dá bhrí sin, d'iarr CCCME ar an gCoimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil sa chomhad neamhrúnda.

(91) Sheiceáil an Coimisiún an fhaisnéis sin agus tháinig sé ar an gconclúid nach bhféadfadh achoimre fhónta a dhéanamh uirthi. Thairis sin, níor úsáid an Coimisiún an fhaisnéis áirithe sin san imscrúdú reatha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh.

(92) Cuireadh leis an leagan neamhrúnda den phríomhfhaisnéis a iarradh i dtáblaí an cheistneora le haghaidh na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais – ar bhonn innéacsaithe agus comhdhlúite (i.e. comhiomlánaíodh sonraí na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais) i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe a rinne an Coimisiún. Mheas an Coimisiún gurbh iomchuí gan leagan neamhrúnda de tháblaí gach táirgeora de chuid an Aontais faoi seach a chur isteach ar leithligh chun anaithnideacht chéannacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais a chosaint toisc go raibh baol ann go bhféadfadh treochtaí na n-innéacsanna in aghaidh na cuideachta céannacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais a nochtadh de thaisme agus, dá bhrí sin, an anaithnideacht a chur i mbaol.

(93) I ndáil leis sin, d'iarr CCCME ar an gCoimisiún soiléiriú a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas: (i) an chaoi ar tacaíodh leis an údar le hathrú ar chleachtas an Choimisiúin a mhínítear in aithris (92) le fíorais ar thaifead an cháis toisc gur sholáthair gach ceann de tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a sonraí atá innéacsaithe ina n-aonar le haghaidh roinnt de na táscairí eacnamaíocha (lena n-áirítear le haghaidh acmhainneacht táirgeachta, táirgeacht, méid díolachán agus luach do pháirtithe comhlachaithe agus neamhchomhlachaithe agus fostaíocht) don tréimhse faoi bhreathnú sna freagraí ar an bhfoirm samplála a cuireadh ar fáil i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe, (ii) an chaoi a bhféadfadh na sonraí atá innéacsaithe ina n-aonar agus treochtaí na sonraí sin a bhaineann leis na táscairí díobhála atá fágtha céannacht táirgeora feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais a nochtadh, agus (iii) an chaoi a bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar na sonraí innéacsaithe ina n-aonar ó na ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais go nochtfaí a gcéannacht nuair nach raibh na sonraí a bhaineann leis na táscairí eacnamaíocha agus a bhaineann go sonrach le feithiclí ceallra-leictreacha ar fáil go poiblí sna tuarascálacha bliantúla nó i gcomhdúcháin eile ag táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais nuair a tháirgeann formhór táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais cineálacha eile feithiclí seachas feithiclí ceallra-leictreacha.

(94) Dá bhrí sin, d'iarr CCCME ar an gCoimisiún na sonraí innéacsaithe de réir cuideachta ó na ceithre tháirgeoir sampláilte feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais a chur le comhad neamhrúnda an imscrúdaithe toisc nach raibh aon riosca ann go sainaithneofaí táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais bunaithe ar na sonraí sin. Thairis sin, mheabhraigh CCCME go raibh an fhaisnéis sin ábhartha do chur i láthair chosaint CCCME ar na cúiseanna seo a leanas: (i) coinníodh céannacht tháirgeoirí sampláilte feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais faoi rún agus ní raibh aon bhealach ann a fhios a bheith acu conas a bhí na cuideachtaí ag feidhmiú go hiarbhír agus cé acu an raibh bagairt díobhála rompu mar gheall ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne, (ii) níor chuir na sonraí innéacsaithe comhiomlánaithe a chuir an Coimisiún ar fáil aon fhaisnéis fhiúntach ar fáil agus ba chosúil go raibh siad mícheart i ndáiríre, (iii) cheadódh sonraí innéacsaithe a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta do CCCME staid eacnamaíoch tháirgeoirí sampláilte an Aontais a thuiscint toisc go mbeidh a gcuid sonraí mar bhonn leis an measúnú ar na táscairí micreacnamaíocha agus sladghearradh/tearcdhíol, agus (iv) cé nach raibh aon bhealach ag CCCME cruinneas na sonraí a thuairiscigh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais a sheiceáil, le hinnéacsú a bhaineann go sonrach le cuideachta ar a laghad bheadh CCCME in ann comparáid a dhéanamh idir na sonraí a soláthraíodh ar dtús sna freagraí ar an bhfoirm samplála agus ina dhiaidh sin sna freagraí sa cheistneoir.

(95) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil margadh feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais comhdhéanta de líon beag grúpaí táirgeoirí. Tá méid suntasach faisnéise poiblí chomh maith le faisnéis an-mhionsonraithe ar fáil bunaithe ar shíntiús íoctha maidir le tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais a bhféadfadh rochtain a bheith ag CCCME air. Dá bhrí sin, tá ardriosca ann go bhféadfadh treocht na faisnéise eacnamaíche agus airgeadais a d'iarr an Coimisiún sa cheistneoir mar aon le faisnéis áirithe phoiblí agus íoctha, bunaithe ar shíntiúis na heintitis faoi seach a dhéanamh inaitheanta agus, dá bhrí sin, go gcuirfí anaithnideacht i mbaol.

(96) Ina theannta sin, ní raibh an fhaisnéis a iarradh sna foirmeacha samplála chomh mionsonraithe céanna leis an bhfaisnéis a iarradh sa cheistneoir. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le faisnéis eacnamaíoch agus airgeadais, iarradh faisnéis san fhoirm samplála faoi (i) mhéid na táirgeachta, (ii) acmhainneacht táirgeachta, (iii) méid agus luach iomlán na ndíolachán san Aontas, (iv) méid agus luach na ndíolachán le cuideachtaí comhlachaithe agus (v) an líon fostaithe. I dteannta na faisnéise sin, áiríodh freisin sa chomhad faoi seach ina bhfuil innéacsanna comhdhlúite a cuireadh isteach i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe faisnéis maidir le (i) meánphraghas díola na ndíolachán iomlán, na ndíolachán ar mhargadh an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe agus custaiméirí comhlachaithe, (ii) méid, luach agus praghsanna na ndíolachán onnmhairiúcháin le custaiméirí neamhchomhlachaithe agus custaiméirí comhlachaithe, (iii) meánchostas aonaid na táirgeachta, (iv) brabús roimh cháin san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe agus custaiméirí comhlachaithe, (v) úsáid acmhainneachta, (vi) cainníocht stoic deiridh, (vii) costas saothair do na feithiclí ceallra-leictreacha, (viii) sreabhadh airgid, (ix) sócmhainní seasta iomlána a úsáidtear chun an táirge atá faoi imscrúdú a tháirgeadh, (x) toradh ar infheistíocht, (xi) infheistíocht iomlán sa táirge atá faoi imscrúdú, agus (xii) dímheas iomlán sa táirge atá faoi imscrúdú.

(97) Thairis sin, chuir an Coimisiún an comhad i dtrácht i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe tar éis do tháirgeoirí sampláilte an Aontais a bhfreagra ar an gceistneoir a chur isteach. Dá bhrí sin, bhí an comhad atá i gceist bunaithe ar shonraí neamhfhíoraithe. A luaithe a fíoraíodh na sonraí, chuir an Coimisiún comhad athbhreithnithe le comhad neamhrúnda an imscrúdaithe. Rinne an Coimisiún anailís ar an maíomh sin i bhfianaise na faisnéise athbhreithnithe agus chinn sé nach raibh sé infheidhme a thuilleadh. Thairis sin, chuir an Coimisiún isteach sa chomhad na céatadáin ionadaíochais bunaithe ar dhíolacháin agus ar tháirgeacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais freisin tar éis fíorú a dhéanamh ar na sonraí a chuir na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais isteach.

(98) Dá bhrí sin, ar bhonn an mhéid thuas, diúltaíodh don iarraidh.

(99) D'iarr CCCME freisin, mar mhalairt ar an iarraidh a rinneadh in aithris (94), gur cheart don Choimisiún sonraí comhiomlána na gceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais a sholáthar le haghaidh gach ceann de na táscairí díobhála i ndearbhuimhreacha nó i raonta uimhriúla.

(100) Mar a mhínítear in aithris (95), thíolaic an Coimisiún na táscairí micreacnamaíocha i ndearbhluachanna sa roinn '*Díobháil*'. Maidir leis na táscairí maicreacnamaíocha eile a chuir an Coimisiún i láthair sa roinn '*Díobháil*' chomh maith, ní ar shonraí tháirgeoirí sampláilte an Aontais agus orthu sin amháin atá siad bunaithe, ach ar shonraí an Aontais ar fad mar a mhínítear sa roinn '*Díobháil*'. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh.

(101) Maidir le méid díolachán tháirgeoirí sampláilte an Aontais, d'iarr CCCME ar an gCoimisiún (i) céatadán dhíolacháin na gceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais a sholáthar go díreach do chustaiméirí neamhspleácha agus do chuideachtaí comhlachaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú san Aontas agus lasmuigh den Aontas; (ii) cumhdach geografach dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais le páirtithe comhlachaithe agus páirtithe neamhchomhlachaithe; (iii) cé acu an raibh díolacháin uile an Aontais leis na páirtithe comhlachaithe le heintitis ghaolmhara a bhfuil Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gceistneoir comhlánaithe acu; agus (iv) cén céatadán de tháirgeacht iomlán an Aontais de na ceithre tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais a onnmhairíodh gach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, mhaígh CCCME, mura mbeadh Iarscríbhinn I curtha i gcrích ag na cuideachtaí comhlachaithe uile, go dtabharfaí le tuiscint leis sin nach mbeadh na díolacháin leis na custaiméirí neamhspleácha cothrom le 38 % de na díolacháin san Aontas mar a léirigh an Coimisiún sa nóta a ghabhann leis an gcomhad a bhaineann le sampla tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(102) A mhéid a bhaineann leis na díolacháin le cuideachtaí neamhchomhlachaithe agus cuideachtaí comhlachaithe san Aontas, sholáthair an Coimisiún soiléirithe breise sa Nóta don chomhad an 4 Meitheamh 2024 ([17]) inar luaigh sé gur bhailigh sé na díolacháin sin ar leibhéal an phraghais leis an gcéad chustaiméir neamhchomhlachaithe agus gur chomhdhlúthaigh sé na díolacháin sin le díolacháin le custaiméirí neamhchomhlachaithe tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Maidir leis na díolacháin lasmuigh den Aontas, meabhraítear gurb é cuspóir an imscrúdaithe, *inter alia*, measúnú a dhéanamh ar staid eacnamaíoch agus airgeadais tháirgeacht agus dhíolacháin thionscal an Aontais san Aontas agus ní lasmuigh den Aontas. Míníodh tionchar onnmhairí thionscal an Aontais in aithrisí (1183) go (1185). Thairis sin, ba de chineál rúnda é cumhdach geografach dhíolacháin tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus níor iarradh ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ach oiread faisnéis den sórt sin a chur isteach sa chomhad neamhrúnda. Ina theannta sin, níor mhínigh CCCME an fáth a raibh an fhaisnéis áirithe sin ábhartha.

(103) D'iarr CCCME ar an gCoimisiún freisin an cóimheas idir acmhainneacht táirgeachta agus táirgeacht feithiclí ceallra-leictreacha agus cineálacha eile feithiclí a sholáthar le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(104) Mheabhraigh an Coimisiún nár chumhdaigh an t-imscrúdú reatha ach feithiclí ceallra-leictreacha agus, dá bhrí sin, nach raibh acmhainneacht táirgeachta agus táirgeacht feithiclí eile de chuid na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas ábhartha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh.

(105) D'iarr CCCME ar an gCoimisiún liosta de na Ballstáit a chumhdaítear le táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a sholáthar agus d'áitigh sé gur nochtadh suíomh geografach tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais i gcásanna inar deonaíodh anaithnideacht do tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(106) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh líon beag grúpaí táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha san Aontas. Ina theannta sin, is faisnéis phoiblí é suíomh a dtáirgthe. Dá bhrí sin, sa chás sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún suíomh tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a nochtadh toisc go bhféadfadh sé sin na heintitis faoi seach a dhéanamh inaitheanta agus dá bhrí sin chuirfí anaithnideacht i mbaol. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh.

(107) D'iarr CCCME ar an gCoimisiún freisin a leanas a chur ar fáil: (i) comhliosta uimhreacha rialaithe táirgí a dhíol na ceithre tháirgeoir sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh san Aontas agus lasmuigh den Aontas, agus idirdhealú á dhéanamh idir díolacháin le cuideachtaí comhlachaithe agus le cuideachtaí neamhchomhlachaithe, (ii) deighleoga margaidh a chumhdaítear le díolacháin tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais le heintitis ghaolmhara agus neamhchomhlachaithe san Aontas agus lasmuigh den Aontas agus (iii) saintréithe an táirge a iarrtar sa tábla dar teideal '*saintréithe táirge*' sa cheistneoir le haghaidh tháirgeoirí an Aontais.

(108) Thug an Coimisiún dá aire gur iarr sé faisnéis ar leibhéal PCN don tréimhse imscrúdúcháin amháin sa cheistneoir agus ní don tréimhse iomlán faoi bhreathnú. Rinneadh é sin do tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus do tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne araon. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún faisnéis nach raibh aige a chur ar fáil do CCCME. Ina theannta sin, tá an fhaisnéis maidir le PCNanna agus saintréithe táirge do gach táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais agus do gach táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne faoi rún agus dá bhrí sin ní fhéadfaí í a chur le comhad neamhrúnda an imscrúdaithe. Is iondúil go nochtar na PCNanna sa nochtadh aonair do tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne agus do tháirgeoirí sampláilte an Aontais nuair nach bhfuil na PCNanna faoi rún. Maidir le deighleoga margaidh, mar a mhínítear in aithrisí (1040) go (1048), níor mheas an Coimisiún gur ghá anailís ar dheighilt an mhargaidh a dhéanamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh.

([17]) t24.004547

1.5.6. *Barúlacha maidir le tionscnamh*

(109) Fuarthas barúlacha maidir le tionscnamh an imscrúdaithe ó Rialtas na Síne, ó CCCME agus ó Chuideachta 24.

(110) Mhaígh Rialtas na Síne go bhfuil an t-imscrúdú polaitiúil agus idirdhealaitheach amháin, agus gur dheonaigh an tAontas féin na billiúin euro d'fhóirdheontais chun slabhra soláthair feithiclí ceallra-leictreacha a thógáil le blianta beaga anuas agus go leanfaidh sé d'fhóirdheonú a dhéanamh ar a thionscal feithiclí ceallra-leictreacha amach anseo. Mheas Rialtas na Síne go ndearna an t-imscrúdú sin dochar d'fhorbairt thionscal domhanda na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, go háirithe ós rud é go bhfuil slabhraí soláthair feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus an Aontais idirspleách agus comhtháite go domhain agus go gcruthóidh sé bacainní ar iarrachtaí déthaobhacha chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

(111) Níl gach fóirdheontas in-fhrithchúitithe faoi Comhaontú SCM, agus tá an t-imscrúdú reatha teoranta d'fhóirdheontais a sholáthraítear sa tSín ar mhaithe le táirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge lena mbaineann. In aon chás, ní dhéanann líomhaintí Rialtas na Síne difear do thorthaí sealadacha an Choimisiúin gur chuir Rialtas na Síne fóirdheontais ar fáil do tháirgeoirí onnmhairiúcháin feithiclí ceallra-leictreacha, atá in-fhrithchúitithe de réir Chomhaontú SCM agus an bhun-Rialacháin. Murab ionann agus maíomh Rialtas na Síne, cruthaíonn fóirdheontais in-fhrithchúitithe na Síne iomaíocht éagórach nach gcuirfeadh isteach ach ar fhorbairt thionscal domhanda na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, go háirithe tionscal an Aontais. Ní féidir na hiarrachtaí chun athruithe aeráide a chomhrac a bheith bunaithe ar iomaíocht éagórach ó fheithiclí ceallra-leictreacha fóirdheonaithe ar phraghas íseal ach ba cheart iad a bheith bunaithe ar chothrom iomaíochta i gcás ina spreagfaidh iomaíocht chóir agus nuálaíocht an t-aistriú glas. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(112) D'áitigh Rialtas na Síne nár tugadh deis fhiúntach cheart dó de réir bhrí Airteagal 13.1 de Chomhaontú SCM le haghaidh comhairliúcháin réamhthionscnaimh, ós rud é gur fhógair an Coimisiún go poiblí seoladh an imscrúdaithe sular iarr sé ar Rialtas na Síne comhairliúcháin a dhéanamh, a sceidealaíodh le linn tréimhse saoire náisiúnta sa tSín, rud a chuir cumas Rialtas na Síne comhairliúcháin chuí a dhéanamh i mbaol. Mhaígh Rialtas na Síne freisin nár soláthraíodh aon fhaisnéis ná fianaise dó maidir le raon feidhme an táirge, na himthosca speisialta a thugann údar leis an imscrúdú *ex officio*, comhdhéanamh thionscal an Aontais, an fhaisnéis agus an fhianaise is bun leis na líomhaintí maidir le fóirdheonú, sonraí maidir leis an mbagairt díobhála, agus sonraí is bun leis an nasc cúisíoch. Thairis sin, níor chumhdaigh na comhairliúcháin réamhthionscnaimh gach scéim fóirdheontais líomhnaithe.

(113) I gcomhréir le hAirteagal 10(7) den bhun-Rialachán agus Airteagal 13.1 de Chomhaontú SCM, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne comhairliúcháin a dhéanamh agus é d'aidhm acu an staid a shoiléiriú maidir leis na fóirdheontais líomhnaithe roimh thionscnamh an imscrúdaithe. Níorbh ionann an fógra a rinne Uachtarán an Choimisiúin san óráid ar Staid an Aontais an 13 Meán Fómhair 2023 go raibh imscrúdú frith-fhóirdheontais á sheoladh ag an gCoimisiún ar fheithiclí leictreacha a thagann ón tSín, níorbh ionann é agus tionscnamh an imscrúdaithe. Fuair Rialtas na Síne Nóta Briathartha an 22 Meán Fómhair 2023 inar tugadh fógra do Rialtas na Síne faoi chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh imeacht frith-fhóirdheontais *ex officio* a thionscnamh. Tharla sé sin roimh an tréimhse saoire náisiúnta sa tSín. In éineacht leis an Nóta Briathartha seo, cuireadh achoimre ar fhóirdheonú agus ar bhagairt díobhála ar fáil do Rialtas na Síne, lenar cuireadh fianaise leordhóthanach ar fáil go bhfuil fóirdheontais in-fhrithchúitithe, díobháil agus nasc cúisíoch ann. Ní cheanglaítear le hAirteagal 11(8) den bhun-Rialachán ná le hAirteagal 13.1 de Chomhaontú SCM ar an gCoimisiún an comhad iomlán *ex officio* a sheoladh chuig Rialtas na Síne roimh thionscnamh an imscrúdaithe. Ní fóirdheontais eile a sainaithníodh iad na scéimeanna a líomhnaítear nár cumhdaíodh leis na comhairliúcháin ach tagann siad faoi scéimeanna a pléadh idir an Coimisiún agus Rialtas na Síne le linn na gcomhairliúchán. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(114) Líomhain Rialtas na Síne go raibh tionchar ag diúltú an Choimisiúin síneadh ceart a chur leis an sprioc-am ar a chearta cosanta agus thug Rialtas na Síne roinnt cúiseanna le síneadh den sórt sin.

(115) Leagadh amach i Roinn 9 den fhógra tionscnaimh nár cheart aon síneadh maidir leis na teorainneacha ama a iarraidh ach amháin in imthosca eisceachtúla agus nach ndeonófar iad ach amháin má tá údar cuí leis ar chúis mhaith a bheith léirithe. Thairis sin, sonraíodh ann, maidir le teorainneacha ama chun faisnéis a chur isteach seachas freagraí ar an gceistneoir, go mbeidh teorainn 3 lá leis an síneadh mura léirítear gurb ann d'imthosca eisceachtúla. Níor léirigh Rialtas na Síne imthosca de chineál eisceachtúil den sórt sin a thabharfadh údar le síneadh sprioc-ama níos faide ná 3 lá. Mar gheall ar an deireadh seachtaine a bhí laistigh den síneadh 3 lá sin, cuireadh síneadh 4 lá féilire ar fáil do Rialtas na Síne. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(116) Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME nár comhlíonadh na ceanglais maidir le himscrúdú *ex officio* a thionscnamh de bhun Airteagal 10(8) den bhun-Rialachán. De réir Rialtas na Síne agus CCCME, níor shuigh an Coimisiún go raibh aon imthosca speisialta ann a thabharfadh údar le himscrúdú a thionscnamh gan gearán i scríbhinn a bheith faighte aige ó thionscal an Aontais nó thar a cheann. D'áitigh Rialtas na Síne go bhféadfadh tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais gearán a dhéanamh é féin agus nár chruthúnas soiléir é nach raibh aon imthosca eisceachtúla agus speisialta ann a thabharfadh údar le tionscnamh ex officio an imscrúdaithe. D'áitigh Rialtas na Síne freisin, de réir tuarascálacha preasa, gur chuir táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais i gcoinne an imscrúdaithe reatha go poiblí agus gur cruthúnas soiléir é sin nach raibh aon imthosca eisceachtúla agus speisialta ann a thabharfadh údar maith le tionscnamh *ex officio* an cháis.

(117) Sa doiciméad tionscnaimh, thug an Coimisiún údar leordhóthanach leis an tionscnamh *ex officio*. Go háirithe, mheas an Coimisiún gur de chineál speisialta é dul i bhfód tapa ar an margadh ag allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne ar phraghas íseal agus fóirdheonaithe, rud a d'fhéadfadh dochar doleigheasta a dhéanamh do thionscal an Aontais, rud a thabharfadh údar maith le himscrúdú *ex officio* a thionscnamh. Mar thoradh ar fhóirdheonú earnáil feithiclí ceallra-leictreacha na Síne, bhí rabharta luathaithe d'allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha a tháirgtear sa tSín ar mhargadh an Aontais ar phraghsanna lena laghdaítear praghsanna nó nó lena gcuirtear cosc ar mhéaduithe ar phraghsanna a tharlódh murach sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le díobháil ábhartha do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, rud a d'fhéadfadh a bheith neamh-inchúlghairthe mar gheall ar an bhforbairt theicneolaíoch agus ar leibhéal an mhaoinithe T&F is gá. Ní dhéanann an fhéidearthacht go bhféadfadh tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais gearán a dhéanamh é féin difear do chinneadh an Choimisiúin sa chás sonrach sin, ós rud é go raibh imthosca speisialta ann a thug údar le tionscnamh *ex officio* an imscrúdaithe. Ina theannta sin, ní thugann an Coimisiún barúil maidir le tuarascálacha preasa. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(118) Mhaígh Rialtas na Síne nach raibh aon fhianaise sa doiciméad Tionscnaimh ar iasachtú fabhrach agus ar árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, nach raibh fianaise leordhóthanach ann ar sholáthar deontas, nach raibh aon fhianaise ann ar sholáthar earraí agus seirbhísí ar luach saothair nach leordhóthanach, nach raibh aon fhianaise ann chun imscrúdú a dhéanamh ar ioncam rialtais atá ligthe thar ceal nó nár bailíodh, agus go raibh tuiscint mhícheart ann ar lacáistí cánach onnmhairiúcháin.

(119) Is éard a bhí san fhianaise a bhí sa doiciméad tionscnaimh an fhaisnéis a bhí ar fáil go réasúnta don Choimisiún sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Mar a léirítear sa Mheabhrán i ndáil le fianaise leordhóthanach, meabhrán ina bhfuil measúnú an Choimisiúin ar an bhfianaise uile atá ar fáil don Choimisiún maidir leis an tSín, agus ar ar a bonn a thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú, bhí fianaise leordhóthanach ann ag céim an tionscnaimh a léirigh go raibh na fóirdheontais líomhnaithe in-fhrithchúitithe i dtéarmaí iad a bheith ann, a méid agus a gcineáil. I gcás na scéimeanna éagsúla uile a líomhnaíodh sa doiciméad Tionscnaimh, sholáthair an Coimisiún an bunús dlí, sainiúlacht na scéimeanna fóirdheontais sin d'earnáil na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, agus, a mhéid a bhí rochtain ag an gCoimisiún air, faisnéis mhionsonraithe ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí maidir le méideanna na bhfóirdheontas a sholáthair Rialtas na Síne do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach aige ar fhóirdheonú in-fhrithchúitithe i gcomhréir leis an mbun-Rialachán agus le Comhaontú SCM.

(120) Luaigh Rialtas na Síne, in imscrúduithe a thionscnaítear bunaithe ar ghearán ó thionscal an Aontais, go ndéanann an Coimisiún na ceisteanna a bhaineann le hallmhairí ag táirgeoirí an Aontais ón tír atá faoi imscrúdú agus a gcaidreamh leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin chomh maith lena ngníomhaíochtaí san Aontas a fhíorú go ginearálta le linn an imeachta atá i gceist a dhéantar roimh thionscnamh an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, d'iarr Rialtas na Síne ar an gCoimisiún (i) a shoiléiriú ar bhreithnigh an Coimisiún sa sainmhíniú ar thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais sa doiciméad Tionscnaimh an fíoras go bhfuil táirgeacht ag roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais sa tSín, go bhfuil cuid acu faoi úinéireacht ag cuideachtaí Síneacha nó go bhfuil táirgeacht bheag acu san Aontas, (ii) comhdhéanamh thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais a sholáthar i dtéarmaí líon na dtáirgeoirí agus na ngrúpaí táirgeoirí, méid iomlán tháirgeacht feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais agus méid agus luach iomlán dhíolacháin thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú, (iii) a shoiléiriú ar eisiadh aon táirgeoir feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais ón liosta de 12 tháirgeoir a luaitear sa doiciméad Tionscnaimh, (iv) méid agus luach iomlán na n-allmhairí ó tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ón tSín agus ó thíortha seachas an tSín a sholáthar, agus (v) méid agus luach na n-allmhairí ó tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ón tSín a sholáthar, fiú i raonta, i gcomparáid lena dtáirgeacht agus lena ndíolachán iomlán san Aontas.

(121) Thug an Coimisiún dá aire gur tionscnaíodh an t-imscrúdú reatha ar a thionscnamh féin agus nach raibh sé bunaithe ar ghearán. Dá bhrí sin, san imscrúdú reatha níor ghá don Choimisiún fiosrúchán a dhéanamh. Fágann sé sin nach raibh iarrataí Rialtas na Síne ar shoiléiriú, agus na hiarrataí ar fhaisnéis a bhaineann leis an doiciméad Tionscnaimh ábhartha ina leith sin agus dá bhrí sin diúltaíodh dóibh.

(122) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME sa doiciméad Tionscnaimh gur bhain an Coimisiún úsáid go roghnaitheach agus gan údar as roinnt bunachar sonraí amhail Global Trade Atlas ('GTA'), Eurostat agus S&P Global Mobility le haghaidh gnéithe éagsúla den mheasúnú díobhála gan iarracht a dhéanamh an fhaisnéis a réiteach ná míniú a thabhairt ar conas nó cén fáth a raibh tacar sonraí sonrach iomchuí do chuid shonrach den mheasúnú díobhála.

(123) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Sa doiciméad Tionscnaimh, d'úsáid an Coimisiún an fhaisnéis a bhí ar fáil dó sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Cé is moite de Eurostat, ní leis an gCoimisiún an dá bhunachar sonraí eile agus dá bhrí sin ní raibh an Coimisiún in ann an fhaisnéis sna bunachair sonraí sin a réiteach go hiomlán. Ina theannta sin, mhínigh an Coimisiún sa doiciméad Tionscnaimh, nuair ab fhéidir, go ndearna sé cros-seiceáil ar an bhfaisnéis sna bunachair sonraí sin agus gur choigeartaigh sé an fhaisnéis sin nuair ba ghá, le faisnéis eile a bhí ar fáil dó. Mhínigh an Coimisiún freisin gur thug sonraí S&P Global Mobility léargas níos mionsonraithe ar na cineálacha feithiclí ceallra-leictreacha a dhíoltar ar mhargadh an Aontais agus mhínigh sé an dá mhodúl sonraí a d'úsáid sé. Thairis sin, úsáideadh bunachar sonraí Eurostat le haghaidh mhéid na n-allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín, agus úsáideadh GTA le haghaidh mhéid na n-onnmhairí ón tSín chuig an Aontas. Ní hionann méid na n-allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín isteach san Aontas agus méid na n-onnmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín isteach san Aontas toisc go bhfuil siad bunaithe ar shonraí arna dtuairisciú ag údaráis chustaim éagsúla. Thairis sin, gan beann ar fhoinse na faisnéise, bhí an chonclúid mar an gcéanna, i.e. tháinig méadú ar mhéid na n-allmhairí/onnmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an doiciméad Tionscnaimh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(124) Mhaígh Rialtas na Síne sa doiciméad Tionscnaimh go ndearna an Coimisiún comparáid idir na sonraí leathbhliana le haghaidh 2023 agus blianta iomlána roimhe sin amhail 2020, 2021 agus 2022 chun teacht ar chonclúidí faoi phraghsanna allmhairiúcháin na Síne agus faoin sciar den mhargadh agus faoina n-éifeachtaí praghais ar thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, chun meastachán a dhéanamh ar éifeachtaí praghais na n-allmhairí sin amach anseo agus maidir le staid thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, agus nach raibh an measúnú sin oibiachtúil.

(125) Sa doiciméad Tionscnaimh, d'úsáid an Coimisiún na blianta iomlána 2020, 2021 agus 2022 agus an chéad leath de 2023 mar thréimhse mheasúnaithe ós rud é gur tionscnaíodh an t-imscrúdú i mí Dheireadh Fómhair 2023 mar a mhínítear in aithris (1). Chun an measúnú a dhéanamh ar threocht tháscairí díobhála an mhéid amhail méid na n-allmhairí, na ndíolachán, na n-onnmhairí, an táirgthe agus an tomhaltais, níor ríomh an Coimisiún innéacs ach le haghaidh na mblianta iomlána agus 2020 á mheas mar bhonnbhliain. Níor ríomh an Coimisiún innéacs don chéad leath de 2023 agus úsáid á baint as an mbonnbhliain an bhliain iomlán 2020 ós rud é, i gcás táscaire méide, gur cheart an tréimhse mheasúnaithe agus an bhonnbhliain a bheith comhionann (i.e. ní féidir leathbhliain a chur i gcomparáid le bliain iomlán). Ní táscaire méid iad na meánphraghsanna agus dá bhrí sin ríomh an Coimisiún innéacs don chéad leath de 2023 freisin agus úsáid á baint as an mbliain iomlán 2020 mar bhonnbhliain. Tá measúnú den sórt sin go hiomlán oibiachtúil do thionscail amhail tionscal feithiclí ceallra-leictreacha nach n-athraíonn a bpraghas díola in aghaidh an tséasúir agus chomh fada agus a nochtar an tréimhse ama faoi seach. Maidir le sciartha den mhargadh, ríomh an Coimisiún na sciartha den mhargadh i ngach bliain iomlán (2020, 2021 agus 2022) chomh maith leis an gcéad leath de 2023 agus mhínigh sé conas a tháinig forbairt ar an sciar den mhargadh le linn na tréimhse sin. Maidir leis na conclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu sa doiciméad Tionscnaimh maidir le héifeachtaí praghais allmhairí Síneacha ar thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais agus éifeachtaí praghais measta na n-allmhairí sin amach anseo, níor mhínigh Rialtas na Síne cén fáth go díreach nach raibh an Coimisiún oibiachtúil ina chonclúidí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(126) Mhaígh Rialtas na Síne go raibh sonraí maidir le méid díolachán agus praghsanna díola thionscal an Aontais bunaithe ar fhoinsí agus tacair sonraí éagsúla agus, dá bhrí sin, nach raibh measúnú an Choimisiúin oibiachtúil. Mhaígh CCCME toisc gur bhain an Coimisiún úsáid as tacair éagsúla sonraí le haghaidh gnéithe éagsúla den mheasúnú díobhála, go raibh sé dodhéanta léargas cruinn a fháil ar staid thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais.

(127) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Tá an fhaisnéis atá sa doiciméad Tionscnaimh bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go réasúnach don Choimisiún roimh thionscnamh an imscrúdaithe. Sa doiciméad Tionscnaimh, bhí ar an gCoimisiún roinnt bunachar sonraí a úsáid amhail Eurostat, GTA agus S&P Global Mobility toisc nach raibh aon bhunachar sonraí aonair ann a chuimsigh an fhaisnéis uile a bhí ag teastáil ón gCoimisiún ina mheasúnú. Cé nach raibh méid díolachán thionscal an Aontais bunaithe ar an mbunachar sonraí céanna leis na praghsanna díola, ní fhágann sé sin nach raibh measúnú an Choimisiúin oibiachtúil. Mar a míníodh sa doiciméad Tionscnaimh, níor léirigh an bunachar sonraí a d'úsáid an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar threocht praghsanna thionscal an Aontais tionscnamh an ghluaisteáin. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a mhonaraigh grúpa Tesla a bhféadfaí samhlacha áirithe feithiclí ceallra-leictreacha a mhonarú ina leith sa tSín agus san Aontas araon. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(128) D'iarr Rialtas na Síne agus CCCME ar an gCoimisiún (i) tuilleadh sonraí a sholáthar maidir leis na modúil sonraí agus na tuarascálacha ó S&P Global Mobility arna n-úsáid ag an gCoimisiún sa doiciméad Tionscnaimh eadhon maidir le modheolaíocht mhéid díolachán agus bailiú sonraí luacha S&P Global Mobility lena n-áirítear bunús an bhailithe sonraí, an fhoinse agus cibé an bhfuil aon mheastacháin san áireamh sna sonraí agus, má tá, cineál na meastachán; agus (ii) sonraí foluiteacha S&P Global Mobility a nochtadh, ar sonraí iad a shórtáil/a roghnaigh an Coimisiún bunaithe ar pharaiméadair shonracha. Dúradh freisin, cé gur foilseachán íoctha é S&P Global Mobility, go bhféadfaí é a ionannú le GTA agus mar a tharlaíonn in imscrúduithe frithdhumpála go nochtann an Coimisiún sonraí mionsonraithe ó GTA (i gcomhthéacs roghnú na dtíre ionadaíche), cosúil le GTA, gur cheart don Choimisiún na sonraí mionsonraithe a sholáthar maidir leis na modúil S&P Mobility. D'áitigh CCCME freisin go bhfuil sonraí agus faisnéis fholuiteach S&P Global Mobility maidir leis an bhfoinse agus leis an modheolaíocht a úsáidtear chun sonraí a bhailiú a mhéid a bhaineann le méid agus luach dhíolachán fheithiclí ceallra-leictreacha agus a dtionscnamh ríthábhachtach chun a chur ar chumas páirtithe leasmhara inchreidteacht agus iontaofacht na sonraí atá á n-úsáid ag an gCoimisiún a fhíorú. Mhaígh CCCME nach raibh sé soiléir cé acu an meaitseálann sonraí S&P Global Mobility idir an dá mhodúl a úsáideann an Coimisiún agus an gcumhdaíonn siad díolacháin uile feithiclí ceallra-leictreacha Síneacha agus feithiclí ceallra-leictreacha a tháirgtear san Aontas ar an gcéad dul síos.

(129) Mar a míníodh sa doiciméad Tionscnaimh, d'úsáid an Coimisiún dhá mhodúl sonraí ó S&P Global Mobility chun measúnú a dhéanamh ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha Síneacha isteach san Aontas. Bhí modúl sonraí amháin (modúl 1) bunaithe ar shonraí maidir leis an méid táirgeachta le haghaidh díolacháin ar mhargadh an Aontais. Sa mhodúl sin, bhí an Coimisiún in ann suíomh beacht monaraíochta samhla ar leith feithicle ceallra-leictrí a bhí ceaptha lena díol ar mhargadh an Aontais a shainaithint. Bhí sé sin ábhartha go háirithe do na samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha sin a díoladh ar mhargadh an Aontais ach a táirgeadh i roinnt tíortha (ní sa tSín amháin) amhail, mar shampla, samhlacha de chuid Ghrúpa Tesla. Bhí modúl eile sonraí (modúl 2) bunaithe ar shonraí maidir le díolacháin feithiclí ceallra-leictreacha ar mhargadh an Aontais. Mar sin féin, sa mhodúl sin níorbh fhéidir an suíomh cruinn inar monaraíodh samhail ghluaisteáin ar leith a aithint. Mar a chuir Rialtas na Síne i dtábhacht, is foilseachán íoctha é S&P Global Mobility agus dá bhrí sin ní féidir leis an gCoimisiún na sonraí foluiteacha a nochtadh. Níl leibhéal na sonraí in S&P Global Mobility (táirgeadh le haghaidh díolachán san Aontas in aghaidh gach táirgeora, samhail feithiclí etc.) inchomparáide leis an bhfaisnéis atá á nochtadh ag an gCoimisiún ó GTA (sonraí allmhairiúcháin) maidir le roghnú na tíre ionadaíche san imscrúdú frithdhumpála. Mar sin féin, is féidir le Rialtas na Síne agus CCCME na sonraí a cheannach ó S&P Global Mobility. In aon chás, thug an Coimisiún faoi deara go raibh rochtain ag CCCME cheana féin ar na sonraí ó S&P Global Mobility, modúl 2, toisc gur úsáideadh na sonraí sin san anailís a cuireadh isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le haighneacht CCCME an 20 Nollaig 2023. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarraidh.

(130) Mhaígh CCCME gur aicmigh an Coimisiún sa doiciméad Tionscnaimh feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais i ndeighleoga éagsúla, ach nár chuir sé aon fhaisnéis ar fáil maidir le feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus cibé acu atá nó nach bhfuil siad inchomparáide le feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais i ngach deighleog. Thairis sin, mhaígh CCCME sa doiciméad Tionscnaimh nach ndearnadh aon bhreithniú ar an iomaíocht ná ar an inionadaitheacht idir feithiclí ceallra-leictreacha Síneacha agus na feithiclí ceallra-leictreacha a tháirgeann táirgeoirí an Aontais san Aontas laistigh de gach deighleog. Thairis sin, mhaígh CCCME go bhféadfadh samhlacha agus cineálacha cabhlacha feithicle éagsúla de na feithiclí ceallra-leictreacha amhail gluaisteáin agus SUVanna a bheith laistigh de gach deighleog agus leis an difríocht sin i gcineálacha cabhlacha feithicle rinneadh difear d'inchomparáideacht praghsanna agus don difríocht sna cineálacha cabhlacha feithicle i measc fachtóirí eile, rud a fhágann gur dócha go mbeadh samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha laistigh de dheighleog shonrach neamh-inchomparáide.

(131) Níor chruthaigh an Coimisiún san imscrúdú reatha na deighleoga (i dtéarmaí cineálacha táirgí) a d'úsáid an Coimisiún chun comparáid a dhéanamh idir praghsanna. Bhí an fhaisnéis maidir le deighleoga ar fáil sna sonraí a aisghabhadh ó S&P Global Mobility toisc go ndéanann tríú páirtithe eile amhail táirgeoirí, déileálaithe gluaisteán, cuideachtaí cíosa etc. gach feithicil ceallra-leictreach a dhíoltar ar mhargadh an Aontais a aicmiú i ndeighleoga den sórt sin. Tá feidhm ag na deighleoga sin maidir le feithiclí ceallra-leictreacha a mhonaraíonn tionscal an Aontais agus maidir le feithiclí ceallra-leictreacha a allmhairítear ón tSín araon. Thairis sin, sa doiciméad Tionscnaimh níor ceanglaíodh ar an gCoimisiún grinnmheasúnú comparáide a dhéanamh idir feithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe de chuid na Síne agus na feithiclí ceallra-leictreacha arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais. Déantar comparáid den sórt sin le linn an imscrúdaithe bunaithe ar PCNanna a n-iarrtar ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne agus ar na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais iad a chur isteach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(132) D'áitigh Rialtas na Síne agus CCCME, maidir le héabhlóid phraghsanna na Síne ar fheithiclí ceallra-leictreacha ar mhargadh an Aontais, gur bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí ó Eurostat lenar áiríodh féin-allmhairí ó thionscal an Aontais agus tháinig sé ar an gconclúid gur tháinig laghdú 2 % ar na praghsanna le linn na tréimhse 2020 agus an chéad leath de 2023 ach rinne sé neamhaird den fhíric gur léirigh sonraí S&P Global Mobility méadú 3 % ar mheánphraghas díola ualaithe allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne idir 2022 agus an chéad leath de 2023. Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne freisin toisc go ndearna tionscal an Aontais formhór na n-allmhairí ón tSín ar phraghsanna aistrithe nach féidir aon mheasúnú fóinteach a dhéanamh ar phraghsanna allmhairiúcháin feithiclí ceallra-leictreacha na Síne ar bhonn shonraí Eurostat.

(133) Thug an Coimisiún dá aire gur sholáthair Rialtas na Síne maímh fhrithráiteacha. Ar thaobh amháin, mhaígh sé nach raibh sé oibiachtúil don Choimisiún meánphraghsanna i dtréimhse leathbhliana a chur i gcomparáid le meánphraghsanna bliana mar a mhínítear in aithris (124) agus ar an taobh eile cháin sé an Coimisiún toisc nár chuir sé san áireamh ina anailís an méadú ar phraghsanna sa chéad leath de 2023 i gcomparáid le 2022. Ina theannta sin, sa mheasúnú ar threocht na bpraghsanna allmhairiúcháin, ní mór don Choimisiún na hallmhairí uile ón tSín a chur san áireamh fiú más ag praghsanna aistrithe a rinneadh cuid díobh. Thairis sin, níor thuairiscigh sonraí S&P Global Mobility an praghas allmhairiúcháin ón tSín, ach thuairiscigh siad an meánphraghas ualaithe do thomhaltóir deiridh feithiclí ceallra-leictreacha a allmhairíodh ón tSín. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(134) Mhaígh Rialtas na Síne go raibh an meánphraghas allmhairiúcháin aonaid ualaithe bunaithe ar Eurostat dínasctha ó phraghas díola iarbhír na bhfeithiclí ceallra-leictreacha leis an tomhaltóir mar a thuairiscigh S&P Global Mobility agus dá bhrí sin thug sé sin le fios nach raibh an measúnú ar phraghsanna sa doiciméad Tionscnaimh oibiachtúil ná bunaithe ar fhianaise dhearfach.

(135) Tá na praghsanna sa dá bhunachar sonraí Eurostat agus S&P Global Mobility difriúil toisc gur praghsanna iad do chineálacha éagsúla custaiméirí agus ar leibhéal éagsúil trádála. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(136) Mhaígh Rialtas na Síne gur áiríodh i ráiteas an Choimisiúin sa doiciméad Tionscnaimh maidir le modúl 2 de S&P Global Mobility a úsáideadh chun praghsanna a chur i gcomparáid idir tionscal an Aontais agus allmhairí na Síne an chuid is mó de dhíolacháin gach feithicle ceallra-leictrí ar mhargadh an Aontais sna príomh-Bhallstáit agus go gcuireann an méid sin raon feidhme agus cumhdach sonraí S&P Global Mobility in amhras. Rinne CCCME an maíomh sin arís agus arís eile agus d'iarr sé ar an gCoimisiún míniú a thabhairt ar a rogha foinsí sonraí agus ar ionadaíochas na sonraí a úsáideadh.

(137) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Sa doiciméad tionscnaimh, níor ceanglaíodh ar an gCoimisiún comparáid praghsanna a dhéanamh idir na feithiclí ceallra-leictreacha uile de chuid thionscal an Aontais agus feithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne. Mar a míníodh sa doiciméad Tionscnaimh áiríodh i modúl 2 de S&P Global Mobility an chuid is mó de dhíolacháin gach feithicle ceallra-leictrí ar mhargadh an Aontais sna príomh-Bhallstáit agus dá bhrí sin bhí siad ionadaíoch. Thairis sin, ós rud é gur tionscnaíodh an t-imscrúdú *ex officio*, ní raibh sonraí ag an gCoimisiún ó thionscal an Aontais sa doiciméad Tionscnaimh agus dá bhrí sin bhain sé leas as an bhfaisnéis is fearr a bhí ar fáil chun comparáid a dhéanamh idir praghsanna, is é sin, na sonraí ó S&P Global Mobility, ar foinse iontaofa faisnéise é a úsáideann táirgeoirí gluaisteán.

(138) Thairis sin, luaigh Rialtas na Síne agus CCCME, ós rud é nár nocht an Coimisiún méid feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus an Aontais a breithníodh le haghaidh na n-éifeachtaí ar phraghsanna ina n-iomláine agus in aghaidh na deighleoige, nach raibh siad in ann a thuiscint an raibh an deighleog shonrach chomh maith leis an difríocht fhoriomlán sa phraghas a ríomhadh ionadaíoch.

(139) Sa doiciméad Tionscnaimh, ní dhearna an Coimisiún measúnú ar phraghas in aghaidh na deighleoige de réir bhrí dheighilt an mhargaidh. D'úsáid an Coimisiún toisc na deighleoige chun comparáid a dhéanamh idir praghsanna de réir bhrí na gcineálacha táirgí chun go mbeadh brí leis an gcomparáid i bhfianaise na samhlacha éagsúla d'fheithiclí ceallra-leictreacha a dhíoltar ar mhargadh an Aontais in éagmais faisnéis eile a bheith ar fáil ina leith sin. Dá bhrí sin, níor ghá don Choimisiún méid feithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne agus de chuid an Aontais a breithníodh le haghaidh na n-éifeachtaí praghais a nochtadh. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh.

(140) Thairis sin, d'áitigh Rialtas na Síne nár shonraigh an Coimisiún cé acu a chruthaigh nó nár chruthaigh an Coimisiún na deighleoga gluaisteán paisinéirí a chuir an Coimisiún in iúl agus a bhreithnigh sé don chomparáid praghsanna nó cé acu a d'úsáid nó nár úsáid S&P Global Mobility iad freisin.

(141) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh an fhaisnéis maidir leis na deighleoga ar fáil i modúl 2 de S&P Global Mobility.

(142) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME freisin nár soláthraíodh aon chomparáid praghsanna le haghaidh deighleoga áirithe sa doiciméad Tionscnaimh agus nár tugadh aon mhíniú maidir lena n-eisiamh. D'áitigh Rialtas na Síne agus CCCME freisin, i gcás nár díoladh feithiclí ceallra-leictreacha Síneacha sna deighleoga sin ar mhargadh an Aontais, gur cheart na cineálacha feithiclí ceallra-leictreacha sin a eisiamh ó raon feidhme an táirge.

(143) Mar a mhínítear in aithris (139), ní dhearna an Coimisiún comparáid praghais in aghaidh na deighleoige de réir bhrí na deighilte. Thairis sin, chumhdaigh an t-imscrúdú gach feithicil cheallra-leictreach agus dá bhrí sin ní raibh sé ábhartha cé acu a bhí nó nach raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ag onnmhairiú feithiclí ceallra-leictreacha chuig margadh an Aontais i ndeighleoga áirithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(144) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME gur cheart don Choimisiún tosca eile a chur san áireamh ina chomparáid praghais a dhéanann difear don inchomparáideacht amhail na difríochtaí i méideanna díolachán leis na custaiméirí agus leibhéal na trádála.

(145) Sa doiciméad Tionscnaimh, ní cheanglaítear ar an gCoimisiún comparáid praghais a dhéanamh ina gcuirtear san áireamh na tosca uile a dhéanann difear d'inchomparáideacht mar roimh thionscnamh an imscrúdaithe níl rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis mhionsonraithe den sórt sin. Déantar an ríomh sin le linn an imscrúdaithe ar bhonn na faisnéise mionsonraithe arna tíolacadh ag táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne agus ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(146) Mhaígh Rialtas na Síne, CCCME agus Cuideachta 24 nach raibh an chomparáid praghais a rinne an Coimisiún sa doiciméad Tionscnaimh oibiachtúil toisc gur eisiadh díolacháin ghrúpa Tesla leis cé go raibh na díolacháin sin suntasach.

(147) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a míníodh sa doiciméad Tionscnaimh, níor tuairiscíodh tionscnamh dhíolacháin ghrúpa Tesla ar mhargadh an Aontais sa bhunachar sonraí ó S&P Global Mobility a d'úsáid an Coimisiún chun comparáid a dhéanamh idir praghsanna. Thairis sin, sa doiciméad Tionscnaimh níor ceanglaíodh ar an gCoimisiún comparáid praghais a dhéanamh le haghaidh na ndíolachán onnmhairiúcháin uile agus dhíolacháin uile thionscal an Aontais. Tá an fhaisnéis sa doiciméad Tionscnaimh bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil go réasúnach don Choimisiún roimh thionscnamh an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(148) Mhaígh Rialtas na Síne go ndearna an Coimisiún comparáid praghais sa doiciméad Tionscnaimh le haghaidh 2022 agus an chéad leath de 2023 agus nár bhreithnigh sé na sonraí le haghaidh 2020 agus 2021, agus nár bhreithnigh sé ach oiread conas a d'idirghníomhaigh praghsanna feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus an Aontais le himeacht ama agus thagair sé i ndáil leis sin do thuarascálacha an Chomhlachta Achomhairc sa *tSín – HP-SSST (AE agus an tSeapáin)* ([18]). D'athdhearbhaigh CCCME an maíomh sin ina aighneacht an 20 Nollaig 2023 agus thagair sé freisin don tuarascáil ón bPainéal i *Maracó – Bearta Frithdhumpála Cinntitheacha maidir le Cóipleabhair (an Túinéis)* ([19]).

([18]) Tuarascálacha ón gComhlacht Achomhairc, *An tSín – Bearta lena bhForchuirtear Dleachtanna Frithdhumpála ar Fheadáin Ardfheidhmíochta Gan Uaim de Chruach Dhosmálta ón tSeapáin agus ón tSín – Bearta lena bhForchuirtear Dleachtanna Frithdhumpála ar Fheadáin Gan Uaim Ardfheidhmíochta de Chruach Dhosmálta ('HP-SSST') ón Aontas Eorpach*, WT/DS454/AB/R agus Aguisín 1 / WT/DS460/AB/R agus Aguisín 1, a glacadh an 28 Deireadh Fómhair 2015, DSR 2015:IX, lch. 4573, míreanna 5.159-5.160.

([19]) Tuarascáil an Phainéil, *Maracó – Bearta Frithdhumpála Cinntitheacha maidir le Cóipleabhair ón Túinéis*, WT/DS578/R agus Aguisín 1, a scaipeadh ar Chomhaltaí EDT an 27 Iúil 2021, a ndearnadh achomharc ina coinne an 28 Iúil 2021, míreanna 7.218-7.220.

(149) Thug an Coimisiún dá aire go dtagraíonn an dá thuarascáil EDT don anailís ar phraghsanna a rinneadh le linn imscrúdaithe seachas don cheann a rinneadh i ndoiciméad gearáin nó Tionscnaimh, i gcás ina bhfuil caighdeán na fianaise níos ísle. Mheas an Coimisiún gur leor an anailís ar phraghsanna a cuireadh i láthair sa doiciméad Tionscnaimh sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Déantar anailís níos grinne le linn an imscrúdaithe ar bhonn na sonraí a chuir onnmhaireoirí sampláilte de chuid na Síne agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais isteach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(150) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME freisin i gcás na comparáide praghsanna nár chuir an Coimisiún san áireamh na hallmhairí a rinne táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais agus gur dócha go ndearna straitéis fhoriomlán ghnó tháirgeoirí an Aontais difear do straitéis phraghsála tháirgeoirí an Aontais do na feithiclí ceallra-leictreacha a monaraíodh sa tSín.

(151) Chun na praghsanna a chur i gcomparáid, níor chuir an Coimisiún díolacháin Tesla as an áireamh sa chomparáid praghais toisc nárbh fhéidir idirdhealú a dhéanamh leis an bhfaisnéis a bhí ar fáil dó idir feithiclí ceallra-leictreacha Tesla arna monarú sa tSín agus na cinn arna monarú san Aontas mar a mhínítear in aithris (147). Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire nár thug Rialtas na Síne ná CCCME bunús lena maíomh maidir le straitéis praghsála thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(152) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME freisin nár chuir an Coimisiún san áireamh an tosca branda le haghaidh na comparáide idir praghsanna, gan míniú a thabhairt ar an gcaoi ar cheart don Choimisiún an tosca sin a chur san áireamh ina chomparáid idir praghsanna. Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME freisin go n-ardaíonn an t-ardú ar phraghsanna díola thionscal an Aontais i gcomhar leis an méadú ar mhéid na ndíolachán ceisteanna maidir lena mhéid atá BEVanna brandáilte na Síne in iomaíocht le tionscal an Aontais agus nach léiríonn praghsanna níos ísle a líomhnaítear a bheith ann d'allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne sochtadh ná ísliú praghsanna iontu féin. Shonraigh Rialtas na Síne agus CCCME gur thug an Painéal i *Maracó – Bearta Frithdhumpála Cinntitheacha maidir le Cóipleabhair (an Túinéis)* ([20]) dá n-aire go gceanglaítear le scrúdú ar éifeachtaí praghais ar údarás imscrúdaithe na difríochtaí idir na trí éifeacht praghais a chur san áireamh, ós rud é go bhfuil na gnéithe atá ábhartha don bhreithniú ar shladghearradh praghais suntasach éagsúil leo siúd atá ábhartha maidir le hísliú no sochtadh suntasach praghsanna a mheas. Thug Rialtas na Síne agus CCCME dá n-aire freisin nach ndearnadh aon anailís neamhspleách ar ísliú agus sochtadh praghsanna agus nach raibh bunús leis an dearbhú maidir le hísliú praghsanna toisc gur tháinig méadú ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chuir Cuideachta 24 leis freisin mar thosca nár chuir an Coimisiún san áireamh sa doiciméad Tionscnaimh don anailís ar phraghsanna (i) deighleoga margaidh, agus (ii) tosca eile a mbíonn tionchar acu ar dhinimic iomaíochta san earnáil mótarfheithiclí, gan na tosca sin a shonrú.

(153) Mheas an Coimisiún gur sholáthair sé faisnéis leordhóthanach maidir le praghsanna sa doiciméad Tionscnaimh a bhí bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil go réasúnach don Choimisiún sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Le linn an imscrúdaithe, déanfaidh an Coimisiún mionanailís ar phraghsanna bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais isteach.

(154) Maidir leis an measúnú ar leochaileacht líomhnaithe thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME (i) sa doiciméad Tionscnaimh gur dhírigh an Coimisiún go roghnaitheach ar tháscairí eacnamaíocha sonracha thionscal an Aontais amhail méid táirgeachta, méid díolachán, sciar den mhargadh, praghsanna díola agus fostaíocht, agus neamhaird á tabhairt ar tháscairí eile atá ríthábhachtach chun meastóireacht a dhéanamh ar an staid agus ar ionchais thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais amhail acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, costais táirgthe, tosca a bhfuil tionchar acu ar phraghsanna díola, brabúsacht agus toradh ar infheistíochtaí, (ii) léirigh na táscairí a d'úsáid an Coimisiún sa doiciméad Tionscnaimh tionscal sláintiúil de chuid an Aontais toisc go raibh an sciar is mó den mhargadh ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus nár fheidhmigh an laghdú imeallach ar an sciar den mhargadh a breathnaíodh le linn tréimhse 6 mhí mar tháscaire iontaofa leochaileachta toisc go raibh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ag díol a dtáirgeachta ina n-iomláine agus ag méadú a dtáirgeachta agus go raibh fás suntasach díolacháin acu i gcomhthráth i margadh a bhí ag méadú, (iii) gur tháinig méadú ar dhíolacháin thionscal an Aontais idir 2020 agus 2022 ar ráta níos airde ná ráta méadaithe thomhaltas an Aontais, (iv) tugann praghsanna díola thionscal an Aontais, ar tháinig méadú 30 % orthu, le fios go raibh táirgeoirí an Aontais in ann a sciar den mhargadh a choinneáil agus praghsanna a ardú d'ainneoin allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus (v) léiríonn an fhostaíocht atá ag dul i méid go bhfuil tionscal an Aontais dóchasach faoina ionchais amach anseo, agus (vi) gur tháinig méadú ar onnmhairí thionscal an Aontais. D'áitigh Cuideachta 24 freisin nach raibh tionscal an Aontais i staid leochaileach, go raibh sé ag fás i ndáiríre de réir mar a léiríonn na sonraí maidir le méid na ndíolachán, táirgeadh agus onnmhairí treocht dhearfach, cé nach léiríonn na sonraí maidir leis an sciar den mhargadh aon treocht shoiléir cé go raibh feabhas ar an margadh ó 2021 i leith.

([20]) Tuarascáil ón bPainéal, *Maracó – Bearta Frithdhumpála Cinntitheacha maidir le Cóipleabhair (an Túinéis)*, míreanna 7.195-7.196.

(155) Sa doiciméad Tionscnaimh, chuir an Coimisiún i láthair an fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí ós rud é gur tionscnaíodh an t-imscrúdú *ex officio*. Mheas an Coimisiún gur sholáthair sé faisnéis leordhóthanach sa doiciméad Tionscnaimh maidir le leochaileacht thionscal an Aontais. Go háirithe, mhínigh an Coimisiún nár léirigh staid thionscal an Aontais gurb ann do dhíobháil ábhartha arbh iad allmhairí ón tSín ba chúis léi. Mar sin féin, tá méadú suntasach tagtha ar dhul i bhfód onnmhaireoirí na Síne ar mhargadh an Aontais i dtréimhse an-ghearr ama, ag praghsanna atá i bhfad níos ísle i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais, rud a laghdaíonn praghsanna nó a chuireann ar mhéaduithe ar phraghsanna a tharlódh murach sin agus, dá bhrí sin, a chuireann brú suntasach a chur ar dhíolacháin, ar sciartha den mhargadh agus ar chorrlaigh bhrabúis an Aontais. Bhí sé sin ábhartha go háirithe i gcomhthéacs ina mbeidh ar thionscal an Aontais méideanna níos airde díolachán a bhaint amach i margadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha chun na hinfheistíochtaí troma a chaithfidh sé a chaitheamh chun bheith iomaíoch i gcónaí san aistriú chuig leictriú iomlán a ionsú. Mar gheall ar an mborradh atá faoi allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ar phraghas íseal de thionscnamh na Síne a fhaigheann sciartha suntasacha den mhargadh i margadh atá ag fás, thabhódh tionscal an Aontais caillteanais throma a d'fhéadfadh éirí neamh-inbhuanaithe go tapa.

(156) Maidir leis an mbagairt díobhála, mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME nár chuir an Coimisiún aon fhianaise agus míniú ar fáil maidir leis an gceanglas dlíthiúil i '*chapeau*' Airteagal 8(8) den bhun-Rialachán maidir leis an athrú ar imthosca a raibh sé mar thoradh orthu go bhfuil díobháil intuartha go soiléir agus ar tí tarlú agus nach ndearna an Coimisiún aon anailís ionchasach.

(157) Sa doiciméad Tionscnaimh, chuir an Coimisiún fianaise leordhóthanach ar fáil a thaispeáin go mbeadh forbairt na n-allmhairí fóirdheonaithe ina garbhaol díobhála do thionscal de chuid an Aontais atá leochaileach cheana féin. Go háirithe, sholáthair an Coimisiún fianaise go bhféadfadh an teaglaim de mhéideanna arda agus sciartha den mhargadh ar phraghsanna an-íseal d'fheithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne marthanas thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais a chur i mbaol. Measann táirgeoirí onnmhairiúcháin feithiclí ceallra-leictreacha na Síne go bhfuil margadh an Aontais an-tarraingteach i bhfianaise an treochláir shoiléir maidir le leictriú, méid agus praghsanna. Thairis sin, maidir leis an anailís ionchasach, thug an Coimisiún dá aire go bhféadfadh bagairt anailíse díobhála a bheith ann de réir cineáil agus gur anailís ionchasach í an anailís ar eilimintí i roinn 6 den doiciméad Tionscnaimh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(158) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME nár mheas an Coimisiún ach sciar de mhargadh bhrandaí na Síne chun meastóireacht a dhéanamh ar ráta an mhéadaithe ar allmhairí Síneacha sa doiciméad Tionscnaimh, cé gur cheart na hallmhairí go léir ón tSín a bheith san áireamh ann.

(159) Ní aontaíonn an Coimisiún leis an maíomh sin. Sa doiciméad Tionscnaimh, ríomh an Coimisiún an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí uile ón tSín i roinn na díobhála. I roinn na bagartha díobhála, chomhlánaigh an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an sciar den mhargadh a shonraítear sa roinn díobhála agus mhínigh sé go bhféadfaí allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín a mhiondealú i dtrí chatagóir amhail brandaí Eorpacha, branda Meiriceánach, agus brandaí Síneacha, agus sholáthair sé sciar den mhargadh na mbrandaí Síneacha freisin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(160) Mhaígh Cuideachta 24 nár mhínigh an Coimisiún i gceart sa doiciméad Tionscnaimh an mhodheolaíocht chun ráta suntasach an mhéadaithe ar allmhairí fóirdheontas isteach i margadh an Aontais a ríomh. Go háirithe, d'áitigh Cuideachta 24 go raibh an Coimisiún ag brath go mór ar shonraí onnmhairiúcháin feithiclí ceallra-leictreacha Síneacha ó bhunachar sonraí GTA agus nár mhínigh sé bun-mhodheolaíocht bhunachar sonraí GTA i bhfianaise na ndifríochtaí suntasacha idir na sonraí ó GTA agus foinsí eile amhail Eurostat agus S&P Global Mobility.

(161) Níor aontaigh an Coimisiún leis an gconclúid gan bhunús ó Chuideachta 24 go raibh sé ag brath go mór ar shonraí GTA chun measúnú a dhéanamh ar ráta méadaithe na n-allmhairí fóirdheontas isteach san Aontas. Ina theannta sin, níl sé soiléir cén mhodheolaíocht a bhí an Coimisiún ceaptha a mhíniú mar mhodheolaíocht a bhaineann le GTA. D'úsáid an Coimisiún trí fhoinse a bhí ar fáil dó roimh thionscnamh an imscrúdaithe chun measúnú a dhéanamh ar an méadú ar allmhairí/onnmhairiú feithiclí ceallra-leictreacha Síneacha isteach san Aontas: Eurostat, S&P Global Mobility agus GTA. Níor thug an Coimisiún tábhacht ar leith d'aon cheann de na bunachair sonraí sin ina mheasúnú. Mar a chuir Cuideachta 24 féin i dtábhacht, thuairiscigh GTA sonraí onnmhairí na Síne chuig margadh an Aontais. Thuairiscigh Eurostat na sonraí maidir le hallmhairí ón tSín isteach i margadh an Aontais. Féadfaidh méid na n-onnmhairí a bheith éagsúil le méid na n-allmhairí, go háirithe i gcásanna ina gcuireann údaráis chustaim éagsúla na sonraí ar fáil. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(162) Mhaígh Rialtas na Síne gur chosúil go ndearna an sciar den mhargadh a ríomh an Coimisiún de bhrandaí Síneacha bunaithe ar mheascán d'fhoinsí sonraí rómheastachán d'aon ghnó ar sciar na mbrandaí Síneacha chun an tuiscint bhréige a chruthú ar ráta suntasach méadaithe ar allmhairí brandaí Síneacha san Aontas toisc go raibh an sciar den mhargadh a ríomh an Coimisiún níos airde ná an sciar den mhargadh faoi seach a thuairiscigh ACEA.

(163) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Ní féidir leis an gCoimisiún barúil a thabhairt ar na sonraí maidir leis an sciar den mhargadh arna gcur isteach ag ACEA agus ar a fhoinsí agus a mhodheolaíocht toisc nach raibh rochtain aige ar an tacar mionsonraithe sonraí a úsáideann ACEA ina leith sin. Mar sin féin, tríd an sciar den mhargadh a thuairiscigh ACEA a chur i gcomparáid leis an sciar den mhargadh a ríomh an Coimisiún le haghaidh brandaí Síneacha, is cosúil nár chuir ACEA na hallmhairí ón ngrúpa Síneach, Geely san áireamh sa ríomh sin, go háirithe díolacháin Polestar.

(164) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME nach raibh measúnú an Choimisiúin oibiachtúil toisc gur eisiadh féin-allmhairí thionscal an Aontais sa mheasúnú ar ráta an mhéadaithe amach anseo ar allmhairí na Síne agus ón measúnú ar mhéid díolachán an Aontais.

(165) Níor eisiadh na hallmhairí a rinne tionscal an Aontais sa mheasúnú ar an méadú amach anseo ar allmhairí ón tSín. Thairis sin, san anailís díobhála ní mór nach n-áireofaí i méid díolachán thionscal an Aontais ach méid na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a mhonaraítear san Aontas, is éard atá i méid na bhfeithiclí ceallra-leictreacha arna n-allmhairiú ón tSín ná athdhíolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais mar go ngníomhaíonn tionscal an Aontais mar thrádálaí ar mhargadh an Aontais agus ní mar tháirgeoir i gcás an chineáil sin díolachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(166) Mhaígh Rialtas na Síne agus Cuideachta 24 nach ndearna an Coimisiún scrúdú oibiachtúil toisc nach ndearnadh an measúnú ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne ar bhonn deighleoige mar a rinneadh don anailís ar an éifeacht ar phraghsanna.

(167) Sa doiciméad Tionscnaimh, ní dhearna an Coimisiún anailís ar an éifeacht ar phraghsanna ar bhonn deighleoige. Ní dhearna an Coimisiún ach praghsanna fheithiclí ceallra-leictreacha thionscal an Aontais a chur i gcomparáid le feithiclí ceallra-leictreacha na Síne i ndeighleoga ó thaobh cineálacha táirgí chun go mbeadh an chomparáid praghsanna fóinteach i bhfianaise na gcineálacha éagsúla feithiclí ceallra-leictreacha a dhíolann tionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(168) A mhéid a bhaineann leis an sciar den mhargadh atá ag brandaí Síneacha bunaithe ar S&P Global Mobility sa doiciméad Tionscnaimh, d'iarr Rialtas na Síne ar an gCoimisiún (i) a dheimhniú cé acu an bhfuil na raonta maidir leis an sciar den mhargadh a soláthraíodh ceart, (ii) soiléiriú a dhéanamh maidir leis an bhfáth ar soláthraíodh raonta nuair a bhí na sonraí beachta ag an gCoimisiún i ndáiríre, de réir an doiciméid Tionscnaimh, agus nuair a soláthraíodh an sciar beacht den mhargadh atá ag brandaí Síneacha le haghaidh 2021 (i.e., 3 %).

(169) Soláthraíodh an sciar den mhargadh do bhrandaí Síneacha i raonta toisc gur úsáid an Coimisiún dhá mhodúl sonraí ó S&P Global Mobility a raibh a mbonn chun sonraí a bhailiú difriúil mar a míníodh go soiléir é sa doiciméad Tionscnaimh. Léirigh na raonta a chuir an Coimisiún ar fáil toradh ríomh na sciartha den mhargadh bunaithe ar an dá mhodúl sin. Le haghaidh 2021, níor chuir an Coimisiún raon ar fáil toisc gurbh ionann an toradh ar ríomh an sciar den mhargadh don dá mhodúl sonraí.

(170) Mhaígh Rialtas na Síne agus CCCME freisin go raibh líomhaintí an Choimisiúin maidir le ró-acmhainneacht na Síne míchruinn agus go bhféadfaí cuid shuntasach d'acmhainneacht táirgeachta feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín a chur i leith tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais. Mhaígh Cuideachta 24 go raibh easpa gráinneachta san anailís a rinne an Coimisiún ar acmhainneacht bhreise sa tSín toisc nár cuireadh san áireamh inti na deighleoga éagsúla sa mhargadh agus forbairtí beartais sa tSín agus i dtríú tíortha a mhéadóidh éileamh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha amach anseo i ngach deighleog. Thairis sin, d'áitigh Rialtas na Síne agus CCCME nach ndearna an Coimisiún measúnú ar an bhfás ionchasach ar éileamh intíre na Síne cé gurb í an tSín an margadh is mó ar domhan le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha, gur le haghaidh mhargadh intíre na Síne agus acmhainneacht ionsúcháin margaí eile a bhain formhór tháirgeadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha sa tSín. D'áitigh Cuideachta 24 go ndearna an Coimisiún measúnú neamhleor ar fhorbairtí agus ar threochtaí i margaí feithiclí ceallra-leictreacha i dtríú tíortha.

(171) Mheas an Coimisiún gur sholáthair sé faisnéis leordhóthanach maidir le hacmhainneacht agus acmhainneacht bhreise sa tSín sa doiciméad Tionscnaimh. Mhínigh an Coimisiún go háirithe gur luaigh roinnt foinsí go bhfuil an acmhainneacht bhreise thart ar 50 % sa tSín agus go meastar go dtiocfaidh méadú uirthi amach anseo de réir mar a bheidh níos mó monarchana á dtógáil. Cé gurb í an tSín go deimhin an margadh is mó le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha, tá sí dírithe ar onnmhairiú freisin. Chuir líon mór cuideachtaí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne in iúl go poiblí gur spéis leo feithiclí ceallra-leictreacha a onnmhairiú chuig an Aontas agus tá samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha á dtógáil acu go sonrach do mhargadh an Aontais mar a míníodh sa doiciméad Tionscnaimh. Thairis sin, mhínigh an Coimisiún sa doiciméad Tionscnaimh gurb iad na Stáit Aontaithe an tríú margadh is mó le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha tar éis na Síne agus an Aontais, margadh a dúnadh go héifeachtach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i bhfianaise na ndleachtanna allmhairiúcháin iomlána 27.5 % (dleachtanna custaim 2.5 % agus dleachtanna 25 % ([21]) bunaithe ar Alt 301 den Acht Trádála 1974 ([22])). Bhí dleachtanna arda allmhairiúcháin ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín ag margaí beaga eile amhail an Tuirc agus an India freisin. Le linn an imscrúdaithe, déanfaidh an Coimisiún measúnú domhain ar acmhainneachtaí ionsúcháin margaí eile le haghaidh acmhainneacht bhreise na Síne.

(172) Mhaígh CCCME nach ndearna an Coimisiún meastóireacht ar cé acu atá nó nach bhfuil caidreamh iomaíoch idir allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais agus cé acu atá nó nach bhfuil siad inionadaithe lena chéile, ionas go bhféadfadh an chéad cheann a bheith ina chúis le bagairt díobhála do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais. Thagair CCCME ina leith sin do thuarascálacha an Bhuanchomhlachta Achomhairc sa *tSín – HP-SSST (an tSeapáin agus AE)* ([23]).

(173) Thug an Coimisiún dá aire gur thagair an tuarascáil sin don mheasúnú nach mór don Choimisiún a dhéanamh le linn imscrúdaithe agus ní i ndoiciméad gearáin ná i ndoiciméad tionscnaimh ina bhfuil an leibhéal fianaise níos ísle ná mar atá le linn imscrúdaithe. Thairis sin, sa doiciméad tionscnaimh faoi roinn 5.4.2 léirigh an Coimisiún an chomparáid praghsanna idir feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais bunaithe ar dheighleoga ó thaobh cineálacha táirgí, i roinn 5.4.4 mhínigh an Coimisiún na comhpháirteanna de chostas táirgthe feithiclí ceallra-leictreacha atá mar an gcéanna do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus do tháirgeoirí an Aontais, i roinn 5.5, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur mhéadaigh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne go mór an dul i bhfód a bhí acu ar mhargadh an Aontais i dtréimhse ama an-ghearr, ar phraghsanna i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais, agus ansin i ranna 6.2 agus 6.3 mhínigh an Coimisiún an fáth a bhfuil margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí Síneacha go háirithe i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha áirithe a chuir an Coimisiún i láthair i roinn 6.3. Thairis sin, i roinn 7.1 maidir le cúisíocht, mhínigh an Coimisiún nach ligfidh láithreacht ghluaisteáin na Síne ar mhargadh an Aontais i méideanna arda ar phraghsanna atá i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais do thionscal an Aontais tionscal ceart feithiclí ceallra-leictreacha a thógáil ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, ag céim an tionscnaimh bhí fianaise leordhóthanach ann a thaispeáin go bhfuil feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais in iomaíocht dhíreach lena chéile agus go bhfuil siad inionadaithe lena chéile. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(174) Mhaígh Cuideachta 24 nach raibh aon fhianaise ann a léiríonn go mbeadh allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha a líomhnaítear a fóirdheonaíodh ón tSín ina gcúis le bagairt díobhála ábhartha do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, agus (i) tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais atá ag fás á chur san áireamh, rud nach raibh, de réir Chuideachta 24, i staid leochaileach, (ii) fás ionchasach mhargadh feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, agus (iii) éabhlóid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile. Mhaígh Cuideachta 24 freisin gur theip ar an gCoimisiún deighilt mhargadh na ngluaisteán paisinéirí a chur san áireamh cé go bhfuil an ghné sin ábhartha toisc go míneofaí léi nach féidir le praghsanna ísle feithiclí ceallra-leictreacha na Síne i ndeighleog mhargaidh amháin a bheith ina gcúis le haon bhagairt díobhála líomhnaithe do thionscal an Aontais a oibríonn i ndeighleoga éagsúla den mhargadh. Thairis sin, mhaígh Cuideachta 24, fiú dá mbeadh bagairt díobhála ann do thionscal an Aontais, nach raibh bagairt den sórt sin inchurtha i leith allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín, toisc (i) gur dhírigh codanna móra de thionscal an Aontais ar ghluaisteáin innill dócháin inmheánaigh, réimse ina raibh buntáiste iomaíoch acu agus nár thosaigh siad ag infheistiú go dtí le déanaí i margadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, (ii) infheistíochtaí ísle i slabhra soláthair ceallraí leictreacha domhanda, agus (iii) an easpa amhábhar inacmhainne le haghaidh táirgeadh ceallraí agus praghsanna arda fuinnimh arna ngéarú ag suaití seachtracha, go háirithe ionsaí na Rúise san Úcráin.

(175) Mhaígh Rialtas na Síne nach ndearna an Coimisiún measúnú i gceart (i) ar allmhairí ó thríú tíortha, (ii) ar fhéin-allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín ag táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais – d'ardaigh CCCME é sin freisin, ná (iii) ar na hathruithe ar phatrúin tomhaltais.

([21]) https://www.piie.com/blogs/trade-and-investment-policy-watch/more-soybeans-trumps-section-301-tariffs-and-chinas

([22]) https://crsreports.congress.gov/product/pdf/IF/IF11346#:%7E:text=Section%20301%20divides%20such%20actions,burdens%20or%20restricts%E2%80%9D%20U.S.%20commerce

([23]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *An tSín – HP-SSST (An tSeapáin agus AE)*, mír 5.262.

(176) Mhaígh CCCME gur theip ar an gCoimisiún breithniú leordhóthanach a dhéanamh ar thosca aitheanta eile a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais amach anseo amhail (i) spleáchas tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ar cheallraí agus comhpháirteanna eile i dtríú tíortha, rud a dhéanann difear dá n-iomaíochas i gcoitinne agus i gcás suaitheadh sa slabhra soláthair amhail le linn phaindéim COVID-19 agus cogadh na Rúise agus na hÚcráine, (ii) an brú boilscitheach agus praghsanna arda fuinnimh san Aontas, (iii) beartas an Aontais chun bithbhreoslaí a chur chun cinn, (iv) iomaíocht idir gluaisteáin innill dócháin inmheánaigh agus feithiclí ceallra-leictreacha, (v) staid tionscnaimh roinnt táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais agus a scála táirgeachta teoranta, agus (vi) beartas praghsála tháirgeoirí traidisiúnta branda gluaisteán an Aontais a mhonaraíonn feithiclí ceallra-leictreacha chomh maith agus iomaíocht táirgeoirí laistigh den Aontas.

(177) Go deimhin, bhí tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ag méadú i gcomhréir le margadh an Aontais atá ag aistriú de réir a chéile ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha. Mhínigh an Coimisiún freisin sa Doiciméad tionscnaimh, áfach, gur léirigh an fhaisnéis a bhí ar fáil go mbeadh tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais thart ar an bpointe meá ar mheá maidir lena ngnó feithiclí ceallra-leictreacha agus go raibh sé ag súil le leibhéil bhrabúsacha a bhaint amach thart ar 2025. Bhí feidhmíocht íseal an tionscail inchurtha go príomha leis na costais arda ceallraí agus leis na hiarrachtaí costasacha T&F thar mhéideanna réasúnta íseal fós. Bhí ar thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais infheistíocht leanúnach a dhéanamh go háirithe i ngléasraí ceallraí agus i dtaighde agus forbairt le haghaidh samhlacha nua feithiclí ceallra-leictreacha chun leanúint de bheith iomaíoch. Cé go raibh an staid inbhuanaithe faoi láthair toisc go bhféadfadh formhór tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais traschúiteamh a dhéanamh leis na corrlaigh níos airde a bhaineann siad amach ó dhíol feithiclí innill dócháin inmheánaigh, mhaolódh an fhéidearthacht sin de réir a chéile, áfach, de réir mar a aistríonn margadh an Aontais chuig leictriú iomlán. Is é sin le rá, beidh brabúsacht thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais amach anseo ag brath go mór ar mhéideanna arda táirgeachta agus díolachán feithiclí ceallra-leictreacha a fháil. Thairis sin, mar a míníodh sa doiciméad tionscnaimh, b'éigean do thionscal an Aontais leanúint dá dhíolacháin feithiclí ceallra-leictreacha ar mhargadh an Aontais a mhéadú i méideanna arda. Mar gheall ar láithreacht feithiclí ceallra-leictreacha na Síne ar mhargadh an Aontais i méideanna arda ar phraghsanna i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais, ní bheidh tionscal an Aontais in ann tionscal ceart feithiclí ceallra-leictreacha a thógáil ar mhargadh an Aontais.

(178) Bhí na sonraí a soláthraíodh sa doiciméad tionscnaimh bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil go poiblí don Choimisiún sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Sular tionscnaíodh an t-imscrúdú, ní raibh faisnéis ag an gCoimisiún a léirigh go raibh gá le hanailís deighleoige. Rinne an Coimisiún imscrúdú breise ar an tsaincheist sin le linn an imscrúdaithe agus tháinig sé ar an gconclúid nach raibh údar le hanailís deighleoige ná nach raibh sí iomchuí sa chás seo, mar a mhínítear in aithrisí (1041) go (1049).

(179) Thairis sin, níor ghá don Choimisiún liosta uileghabhálach de thosca a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt díobhála do thionscal an Aontais a chur san áireamh sa Doiciméad tionscnaimh toisc go bhfuil an leibhéal fianaise is gá sa doiciméad Tionscnaimh i bhfad níos ísle ná mar atá le linn an imscrúdaithe lena bhforchuirtear bearta frithchúitimh. Sa Doiciméad tionscnaimh, rinne an Coimisiún measúnú ar éabhlóid na n-allmhairí ó thríú tíortha agus ar thosca eile a dhéanann difear d'fheidhmíocht thionscal an Aontais amhail ganntanas leathsheoltóirí, deacrachtaí maidir le go leor amhábhar a fhoinsiú agus an bonneagar luchtaithe. Le linn an imscrúdaithe, déanfaidh an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar na tosca sin mar a léirítear i roinn 6.2. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(180) A mhéid a bhaineann le leas an Aontais, cé gur admhaigh sé nár mheas an Coimisiún de ghnáth gurb é leas an Aontais é imscrúdú a thionscnamh, mhaígh Rialtas na Síne go mbeadh an measúnú sin ábhartha agus iomchuí san imscrúdú reatha toisc gur tionscnaíodh an t-imscrúdú *ex officio* agus nár chosúil gur thacaigh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais leis. Mheas Rialtas na Síne go raibh tionscnamh an imscrúdaithe reatha frithiomasach don Aontas agus go mbeadh forchur na mbeart i gcoinne leas an Aontais ar na cúiseanna seo a leanas: (i) ní rachadh an t-imscrúdú chun tairbhe do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais agus dá bhforchuirfí bearta, chruthódh sé fadhbanna maidir le hinacmhainneacht agus infhaighteacht feithiclí ceallra-leictreacha san Aontas, agus (ii) nach raibh an t-imscrúdú i gcomhréir le spriocanna aeráide agus fuinnimh ghlais an Aontais.

(181) Níl aon cheanglas dlíthiúil ann measúnú ar leas an Aontais a áireamh i ngearán ná i ndoiciméad tionscnaimh le haghaidh imscrúduithe a thionscnaítear *ex officio*. Thairis sin, d'easaontaigh an Coimisiún go láidir le maímh Rialtas na Síne a luaitear in aithris (180). Thug an Coimisiún aghaidh go mion ar ghnéithe leas an Aontais le linn an imscrúdaithe agus chuir sé a thorthaí i láthair sa roinn 'Leas an Aontais'.

(182) Is éard a bhí san fhianaise a bhí sa doiciméad tionscnaimh an fhaisnéis a bhí ar fáil go réasúnta don Choimisiún sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Ós rud é gur tionscnaíodh an t-imscrúdú *ex officio*, ní raibh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis chéanna agus a bhí aige i gcás ina dtionscnaítear imscrúdú bunaithe ar ghearán. Níl faisnéis áirithe amhail sonraí beachta maidir le costas táirgthe agus dá bhrí sin maidir le brabúsacht ar fáil go poiblí. Mar sin féin, bhí fianaise leordhóthanach sa doiciméad tionscnaimh lenar léiríodh gurb ann do bhagairt díobhála do thionscal an Aontais agus nasc cúisíoch idir an bhagairt díobhála do thionscal an Aontais agus allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne, arbh iad na hallmhairí fóirdheonaithe ba chúis leis. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach aige ar bhagairt díobhála a d'eascair as allmhairí fóirdheonaithe i gcomhréir leis an mbun-Rialachán agus le Comhaontú SCM.

1.6. **Scrúdú aonair**

(183) Chuir Tesla (Shanghai) Co., Ltd, táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne, iarraidh isteach ar scrúdú aonair faoi Airteagal 27(3) den bhun-Rialachán. Ina dhiaidh sin, chuir sé freagra ceistneora isteach freisin. Tá an t-iarratas sin á mheas ag an gcéim seo den imeacht.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(184) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú daoine a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, cé is moite de chatagóirí feithiclí L6 agus L7 de réir Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ([24]), iad faoi thiomáint le mótar leictreach amháin nó níos mó agus leis na mótair sin amháin (gan beann ar an líon rothaí a bhíonn ag gluaiseacht), lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil sínteoir raoin dócháin inmheánaigh (aonad cumhachta cúnta) atá faoi láthair faoi chód AC ex 8703 80 10 (cód TARIC 8703 80 10 10) ('an táirge faoi imscrúdú'). Ní áirítear gluaisrothair san imscrúdú seo.

(185) San Fhógra tionscnaimh, níor áiríodh an tagairt shainráite don sínteoir raoin sa sainmhíniú ar an táirge atá faoi imscrúdú. Mheas an Coimisiún, áfach, gur ghá a shoiléiriú gur cineál feithiclí ceallra-leictreacha iad na feithiclí a bhfuil sínteoir raoin (aonad cumhachta cúnta) acu freisin arb é atá ann inneall dócháin inmheánaigh beag mar aon le gineadóir leictreach a úsáidtear chun an ceallra a athluchtú le linn don fheithicil a bheith á tiomáint. Tá na saintréithe fisiceacha céanna ag an gcineál sin feithiclí ceallra-leictreacha agus tá siad in iomaíocht leis na cineálacha eile feithiclí ceallra-leictreacha nach bhfuil sínteoir raoin acu. Sa tréimhse faoi bhreathnú, is ón tSín a bhí na cineálacha sin feithiclí ceallra-leictreacha á n-allmhairiú agus is i méideanna beaga a táirgeadh san Aontas iad. Dá réir sin, áiríodh in anailís an Choimisiúin ón tús na sonraí a bhaineann leis an gcineál sin feithiclí ceallra-leictreacha.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(186) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na Síne ('an táirge lena mbaineann').

2.3. **An táirge comhchosúil**

(187) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

(a) an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne; agus

(b) an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(188) Chinn an Coimisiún, chun críoch an imscrúdaithe seo, gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin dá bhrí sin de réir bhrí Airteagal 2(c) den bhun-Rialachán.

([24]) Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair, IO L 60, 2.3.2013, lch. 52.

2.4. **Barúlacha maidir le raon feidhme an táirge**

(189) Fuarthas barúlacha maidir le raon feidhme an táirge ó Shanghai Yoyao Technology Co., Ltd. ('XEV') agus ó Green World Mobility.

(190) Is táirgeoir onnmhairiúcháin cuadrothar Síneach é XEV a mhargaítear faoin mbranda 'XEV' agus a onnmhairítear chuig an Aontas. Is é XEV YOYO an príomh-shamhail atá aige.

(191) D'áitigh XEV gur cuadrothar de chatagóir iomlán leictreach L7 é XEV YOYO, de réir na gcatagóirí feithiclí a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ([25]). Dá réir sin, de réir XEV, tá sé éagsúil le mótarfheithiclí chun paisinéirí agus a mbagáiste a iompar, dá ngairtear feithiclí de chatagóir M de réir na gcatagóirí feithiclí a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán 2018/858 ([26]). Thairis sin, mhaígh XEV nach bhfuil aon chosúlacht ag cuadrothair chatagóir L7 leis na feithiclí ceallra-leictreacha ar a ndírítear an t-imscrúdú, mar gheall ar dhifríochtaí fisiciúla agus teicniúla. Ina measc sin, léirigh XEV go raibh feidhmíocht chumhachta níos ísle ag XEV YOYO, cumas ceallraí, raon uasta, meáchan colbha agus luas uasta ná roinnt feithiclí ceallra-leictreacha de chatagóir bheag, chomh maith le ceanglais cheadúnais éagsúla agus toisí éagsúla an phláta ceadúnais. Shainaithin XEV úsáidí éagsúla agus braistintí tomhaltóirí freisin.

(192) Dá bhrí sin, d'iarr XEV ar an gCoimisiún a dheimhniú nach meastar cuadrothair, amhail XEV YOYO, a bheith ina bhfeithiclí ceallra-leictreacha chun críocha an imscrúdaithe reatha agus, dá bhrí sin, nár cumhdaíodh iad faoin sainmhíniú ar an táirge atá faoi imscrúdú.

(193) Deimhníodh in anailís an Choimisiúin nach bhfuil na saintréithe fisiceacha agus teicniúla céanna ag cuadrothair (catagóir L6 agus catagóir L7) agus atá ag feithiclí ceallra-leictreacha a chumhdaítear leis an imscrúdú. Go háirithe, i measc na saintréithe fisiceacha agus teicniúla, sainmhínítear cuadrothair de réir teorainneacha i dtéarmaí uasluais, meáchain, cumhachta mótair agus suíochán agus níl na teorainneacha sin ag na feithiclí ceallra-leictreacha a chumhdaítear le raon feidhme an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh cuadrothair mar chuid den táirge faoi imscrúdú agus, dá réir sin, nár cumhdaíodh faoin imscrúdú iad. Dá bharr sin, fuarthas nach raibh baint ag an imscrúdú seo le honnmhairí cuadrothar isteach san Aontas ó, *inter alia*, XEV.

(194) Allmhairíonn Green World Mobility móipéidí leictreacha agus feithiclí leictreacha áirithe atá deartha le haghaidh daoine faoi mhíchumas ón tSín. D'áitigh Green World Mobility go raibh feithiclí den sórt sin éagsúil leis an táirge faoi imscrúdú. Go deimhin, tháinig móipéidí faoi chatagóir L6 mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, cé gur aicmíodh feithiclí leictreacha a dearadh do dhaoine faoi mhíchumas arna n-allmhairiú ag Green World Mobility roimhe seo faoi chód AC 8713 90 00. Mar sin féin, rinne údaráis chustaim na hÍsiltíre iad a athaicmiú ina dhiaidh sin faoi chód AC 8703 80 10. Is féidir le feithiclí den sórt sin beirt ar a mhéad a iompar agus is féidir leo taisteal ar luas uasta 45 km/h ar an mbóthar poiblí. Ar deireadh, dheimhnigh Soghluaisteacht an Domhain Ghlais gur aicmíodh iad freisin laistigh de chatagóir L mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.

(195) Deimhníodh in anailís an Choimisiúin nach raibh na saintréithe fisiceacha agus teicniúla céanna ag móipéidí agus ag an gcineál feithiclí leictreacha a dearadh do dhaoine faoi mhíchumas arna n-allmhairiú ag Green World Mobility agus a bhí ag feithiclí ceallra-leictreacha a chumhdaítear faoi raon feidhme an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh na táirgí sin mar chuid den táirge faoi imscrúdú agus, dá bhrí sin, nár cumhdaíodh faoin imscrúdú iad.

([25]) Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair, IO L 60, 2.3.2013, lch. 52.

([26]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE, IO L 151, 14.6.2018, lch. 1.

3. **FÓIRDHEONÚ**

3.1. **Réamhrá: Cur i láthair phleananna, thionscadail agus dhoiciméid eile Rialtas na Síne**

(196) Sula ndearna an Coimisiún anailís ar an bhfóirdheonú líomhnaithe i bhfoirm fóirdheontas nó cláir fóirdheontais, rinne sé measúnú ar phleananna, tionscadail agus doiciméid eile an rialtais, nithe a bhí ábhartha don anailís ar na cláir fóirdheontais a scrúdaíodh.

(197) Mar réamhbharúil, chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil ról an-láidir ag an Stát i socrú eacnamaíoch foriomlán na Síne, agus go bhfuil údaráis an Stáit faoi rialú Pháirtí Cumannach na Síne ('CCP'), eintiteas polaitiúil rialaithe na tíre. Mar thoradh air sin, feidhmíonn gnólachtaí sa tSín i dtimpeallacht ar leith – murab ionann agus geilleagair an Iarthair inarb iad fórsaí an mhargaidh an prionsabal eagrúcháin ceannasach – ina bhfuil go leor sásraí lena soláthraítear leibhéal suntasach rialaithe do Rialtas na Síne ar aon ghné den ghníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Cuireann an rialú daingean sin cosc ar oibreoirí eacnamaíocha gníomhú mar oibreoirí margaidh réasúnacha atá ag iarraidh brabús a uasmhéadú, agus go deimhin cuireann sé iallach orthu gníomhú mar bhrainse den rialtas agus a bheartais agus a phleananna á gcur chun feidhme acu.

(198) Is iad na gnéithe seo a leanas is suntasaí maidir le cinntí beartais Rialtas na Síne a tharchur chuig iompar gnó laethúil oibreoirí eacnamaíocha: *(i)* dúnghaois an gheilleagair margaidh shóisialaigh, *(ii)* ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, *(iii)* córas na pleanála tionsclaíche, *(iv)* an córas airgeadais.

(199) Deonaítear don Stát, le prionsabal an gheilleagair margaidh shóisialta, atá cuimsithe i mBunreacht na Síne ([27]), smacht bunúsach uilechuimsitheach ar an ngeilleagar, smacht a théann níos faide ná na caighdeáin thraidisiúnta a bhaineann le creat rialála a leagan síos ina bhfuil sé de shaoirse ag gníomhaithe margaidh oibriú. Go háirithe, de réir Airteagal 6 den Bhunreacht: '*Is é bunús chóras eacnamaíoch sóisialach Dhaon-Phoblacht na Síne úinéireacht phoiblí shóisialach na modhanna táirgthe* […]. *I gcéim thosaigh an tsóisialachais, is é an stát a thacaíonn leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach ina bhfuil an úinéireacht phoiblí i réim agus forbraítear cineálacha éagsúla úinéireachta taobh le chéile, agus cloítear leis an gcóras dáileacháin ina bhfuil tús áite ag an dáileadh de réir na hoibre agus is ann do mhodhanna dáileacháin éagsúla taobh le chéile*.' Anuas air sin, de bhun Airteagal 15 den Bhunreacht: '*Cleachtann an Stát geilleagar margaidh sóisialach. Neartaíonn an Stát reachtaíocht eacnamaíoch, feabhsaíonn sé macrai-rialáil agus rialú. Cuireann an Stát cosc de réir dlí ar aon eagraíocht nó duine aonair cur isteach ar an ord socheacnamaíoch*.' Thairis sin, sanntar in Airteagal 11 den Bhunreacht ról idirghabhálach don Stát a théann níos faide ná cearta agus leasanna na n-earnálacha neamhphoiblí a chosaint, sa mhéid is go ndéanfaidh an Stát '*forbairt earnálacha neamhphoiblí an gheilleagair a spreagadh, a threorú agus go dtacóidh sé leo agus, i gcomhréir leis an dlí, go bhfeidhmeoidh sé maoirseacht agus rialú ar earnálacha neamhphoiblí an gheilleagair*.'

(200) Léirítear na bunphrionsabail bhunreachtúla sin i ngach píosa reachtaíochta ábhartha ([28]) lena gcuirtear béim ar an ngeilleagar margaidh sóisialach mar an príomhphrionsabal ar a bhfuil geilleagar na Síne bunaithe. Thairis sin, baineann an Stát, faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, úsáid fhorleathan as ionstraimí éagsúla – idir dhreasú agus shrianadh – chun an geilleagar a threorú i dtreo nuachóiriú sóisialach, i.e. i dtreo cuspóirí (lena n-áirítear cuspóirí beartais thionsclaíoch) arna leagan síos ag Rialtas na Síne.

([27]) Bunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne, a glacadh an 4 Nollaig 1982, arna leasú; le fáil ag: http://en.moj.gov.cn/2021-06/22/c_634901.htm .

([28]) Féach mar shampla Airteagal 1 agus Airteagal 206 de Chód Sibhialta Dhaon-Phoblacht na Síne, ar dá réir: '*Foirmlítear an Dlí seo [...] chun cearta agus leasanna dleathacha daoine den dlí sibhialta a chosaint, caidreamh leis an dlí sibhialta a rialáil, ord sóisialta agus eacnamaíoch a chothabháil, freastal ar na riachtanais chun an sóisialachas a fhorbairt a bhfuil saintréithe Síneacha aige, agus na bunluachanna sóisialacha a thabhairt ar aghaidh*' agus "*déanann an Stát na córais eacnamaíocha shóisialacha bhunúsacha a chaomhnú agus a fheabhsú, amhail an córas úinéireachta faoina gcomhoibríonn cineálacha éagsúla úinéireachta le húinéireacht phoiblí mar phríomhthacaíocht, an córas dáileacháin faoina bhfuil cineálacha éagsúla dáileacháin ann i gcomhthráth le dáileadh de réir na hoibre mar phríomhthacaíocht, chomh maith le córas an gheilleagair margaidh shóisialaigh. Déanann an Stát comhdhlúthú agus forbairt ar earnáil phoiblí an gheilleagair, agus spreagann, tacaíonn agus treoraíonn sé forbairt earnáil neamhphoiblí an gheilleagair. Cuireann an Stát geilleagar margaidh sóisialach chun feidhme* […]'; le fáil ag: https://www.translex.org/601705/_/civil-code-of-the-peoples-republic-of-china-/. Ar an gcaoi chéanna, de réir Airteagal 1 de Dhlí Cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne: '*Achtaíodh Dlí Cuideachtaí Dhaon-Phoblacht na Síne* […] *chun eagrú agus gníomhaíochtaí cuideachtaí a chaighdeánú, cearta agus leasanna dleathacha cuideachtaí, scairshealbhóirí agus creidiúnaithe a chosaint, an t-ord sóisialta agus eacnamaíoch a chosaint agus forbairt an gheilleagair margaidh shóisialaigh a chur chun cinn*'; le fáil ag: http://mg.mofcom.gov.cn/article/policy/201910/20191002905610.shtml.

(201) Bíonn ceannaireacht Páirtí Cumannach na Síne – cé go gcumhdaítear go foirmiúil í i mBunreacht na tíre ([29]), agus sa reachtaíocht thánaisteach ábhartha agus i mBunreacht an Páirtí féin ([30])– bíonn foirmeacha éagsúla di ann sa chleachtas; go háirithe, ós rud é nach ann do dheighilt cumhachtaí sa tSín agus go bhfeidhmíonn an Páirtí rialú iomlán ar bhrainsí reachtaíochta ([31]), feidhmiúcháin ([32]), agus breithiúnach ([33]) d'fhearas an Stáit; thairis sin, déanann an Páirtí maoirseacht ar réimsí ríthábhachtacha den gheilleagar, lena n-áirítear an earnáil airgeadais agus na hearnálacha tionsclaíocha a mheastar a bheith straitéiseach, go háirithe trí úinéireacht agus/nó trí phríomhphearsanra a cheapadh agus uainíocht a dhéanamh orthu; ina theannta sin, tá sé éigeantach cealla Páirtí a chur ar bun i ngach fiontar ag a bhfuil níos mó ná triúr comhaltaí den Pháirtí ([34]) (féach freisin aithris (785)), atá faoi úinéireacht an stáit agus faoi úinéireacht phríobháideach araon, agus éilíonn struchtúir Pháirtí laistigh de ghnóthais go minic an ceart chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht oibríochtúil cuideachtaí (féach freisin aithris (786). Tugann na sásraí rialaithe sin go léir greim daingean do Pháirtí Cumannach na Síne ar gheilleagar na tíre agus cuireann siad ar chumas an Pháirtí a bheartais eacnamaíocha a cheapadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir lena bhreithnithe agus lena thosaíochtaí straitéiseacha.

(202) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála lena leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal rialtais agus cumhdaítear leo beagnach gach earnáil eacnamaíoch. Tá na cuspóirí de chineál ceangailteach a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas. Ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne fágann sé go mbíonn acmhainní á leithdháileadh ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó earnálacha atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([35]).

(203) Chun acmhainní a leithdháileadh i gcomhréir le tosaíochtaí beartais Rialtas na Síne, tá ionstraimiú na hearnála airgeadais ríthábhachtach d'údaráis na Síne. Tá córas airgeadais na Síne fós faoi cheannas na hearnála baincéireachta agus rialaíonn an Stát an earnáil baincéireachta (féach freisin roinn 3.5.1, go háirithe fo-roinn 3.5.1.3), trí úinéireacht (féach aithris (465)), agus trí naisc phearsanta freisin. Ar an mbonn sin, tá sé de chumhacht ag Rialtas na Síne, ina cháil mar scairshealbhóir tromlaigh/rialaithe, na poist is tábhachtaí a cheapadh laistigh de bhainistíocht na mbanc beartais atá faoi úinéireacht an stáit (féach aithris (454), chomh maith le bainc atá faoi pháirt-úinéireacht nó lán-úinéireacht an Stáit féin nó daoine dlítheanacha atá i seilbh an Stáit (féach aithris (468)).

(204) Thairis sin, is minic a bhíonn caibidil thiomnaithe maidir le coiste Páirtí a chruthú in airteagail chomhlachais bhainc mhóra na Síne ([36]). Mar shampla, de réir airteagail chomhlachais Bhanc Tionscail agus Tráchtála na Síne ('*ICBC*'), "*is é an duine céanna a bheidh ina chathaoirleach ar bhord stiúrthóirí an Bhainc agus ina rúnaí ar Choiste an Pháirtí*" ([37]). Liostaítear in Airteagal 53 dualgais choiste an Pháirtí, lena n-áirítear faireachán ar chur chun feidhme

([29]) Féach Airteagal 1 den Bhunreacht: "*Is é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne. Is í ceannaireacht Páirtí Cumannach na Síne an ghné is mó a shaintonn an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige. Toirmisctear ar aon eagraíocht nó duine aonair dochar a dhéanamh don chóras sóisialach.*'

([30]) Féach Clár Ginearálta Bhunreacht Páirtí Cumannach na Síne, ar dá réir: "*Is í ceannaireacht Páirtí Cumannach na Síne an ghné is riachtanaí den sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, agus is í an ghné is láidre den chóras sin í. Is é an Páirtí an fórsa is airde le haghaidh ceannaireacht pholaitiúil. Tá ceannaireacht fhoriomlán ag an bPáirtí ar gach réimse iarrachta i ngach cuid den tír*'; le fáil ag: https://english.news.cn/20221026/d7fff914d44f4100b6e586372d4060a4/c.html (arna rochtain an 3 Meitheamh 2024).

([31]) Maidir le comhdhéanamh na Daon-Chomhdhála Náisiúnta agus an gaol atá aici le Páirtí Cumannach na Síne, féach mar shampla ar: https://npcobserver.com/about-npc/.

([32]) Féach ar: https://www.gov.cn/.

([33]) *Féach Airteagal 12 de Dhlí Breithiúna Dhaon-Phoblacht na Síne l*ena bhforáiltear nach mór do bhreithiúna '*Bunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne, ceannaireacht Páirtí Cumannach na Síne, agus an córas sóisialach a chaomhnú*'; le fáil ag: www.npc.gov.cn/englishnpc/c23934/202012/9c82d5dbefbc4ffa98f3dd815af62dfb.shtml#:~:text=Article%201 %3A%20This%20Law%20is,in%20accordance%20with%20the%20law.

([34]) Féach Airteagal 30 de Bhunreacht Páirtí Cumannach na Síne: '*Bunófar eagraíocht Pháirtí bunleibhéil in aon fhiontar,* […], *in aon fhoras rialtais,* […] *agus in aon bhunleibhéal eile* [eagraíocht ina n-oibríonn daoine] *ina bhfuil triúr lánchomhaltaí den Pháirtí nó níos mó*'.

([35]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2 ('Tuarascáil na Síne, 2017') – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83. Féach freisin Doiciméad nuashonraithe Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final ('Tuarascáil na Síne') – Caibidil 4, lch. 57-59, 99.

([36]) Airteagail chomhlachais ICBC, Caibidil 6, Airteagail 52-53; le fáil ag: http://v.icbc.com.cn/userfiles/Resources/ICBCLTD/download/2017/gszc_en.pdf.

([37]) *Ibid.*, Airteagal 52.

praiticiúil chinntí an Pháirtí agus an Stáit sa bhanc. Tá ról ag coiste an Pháirtí freisin maidir le pearsanra a roghnú agus meastóireacht a dhéanamh orthu, in éineacht leis an mbord stiúrthóirí. Ar deireadh, tá coiste an Pháirtí le bheith rannpháirteach sa phlé ar '*mhórcheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta agus saincheisteanna móra a bhaineann le leasanna fostaithe agus barúlacha agus moltaí a chur amach*' ([38]). Thairis sin, de réir na bhforálacha a bhaineann leis an mbord stiúrthóirí, ní mór dul i gcomhairle le coiste an Pháirtí sula ndéanfar cinneadh maidir le saincheisteanna ábhartha ([39]). Tá an teanga chéanna in airteagail chomhlachais Bhanc Talmhaíochta na Síne maidir le coiste an Pháirtí a bhunú in Airteagal 58 agus maidir le rannpháirtíocht an Choiste sa phlé ar shaincheisteanna móra in Airteagal 161 ([40]).

(205) Chomh maith le cumas Rialtas na Síne an earnáil baincéireachta a rialú trí úinéireacht agus trí leagan amach eagraíochtúil, feidhmíonn Rialtas na Síne rialú ar an earnáil freisin i bhfianaise reachtaíocht na Síne is infheidhme (féach 3.5.1.5 le haghaidh na hanailíse ar na doiciméid rialála ábhartha) lena gceanglaítear ar na bainc iad féin a ailíniú le cuspóirí beartais tionsclaíochta na tíre agus cinntí airgeadais á ndéanamh acu.

(206) Mar fhocal scoir, léiríonn na heilimintí sin go léir go mbraitheann struchtúr an chórais dhlíthiúil agus pholaitiúil i nDaon-Phoblacht na Síne ar ghreim daingean ag an rialtas ar gach gné den gheilleagar agus den trádáil, ós rud é go ndéanann Rialtas na Síne bainistiú agus faireachán lárnach orthu. Tá na hoibreoirí eacnamaíocha ina ndlúthchuid den chóras seo, ní mar ghníomhaithe saormhargaidh arb é is aidhm dóibh cinntí gnó a dhéanamh bunaithe ar loighic eacnamaíoch agus uasmhéadú brabúis agus orthu sin amháin, ach mar cheann de na gníomhaithe lárnacha chun na beartais uileghabhálacha agus a gcuspóirí sonracha arna leagan síos ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme ar an leibhéal lárnach.

3.2. **Pleananna agus beartais rialtais chun tacú leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha**

(207) Ina fhianaise sin, shuigh an Coimisiún go bhfuil na fóirdheontais nó na cláir fóirdheontais uile atá á measúnú ina gcuid de chur chun feidhme phleanáil lárnach Rialtas na Síne chun tionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a spreagadh ar na cúiseanna seo a leanas.

(208) Measann Rialtas na Síne gur tionscal é tionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis, agus leag Rialtas na Síne béim go comhsheasmhach ó 2010 i leith ar a laghad ar an tacaíocht pholaitiúil d'fhorbairtí luathaithe na hearnála. Tá tábhacht mhór ag baint le catagóiriú den sórt sin toisc go gcáilítear earnálacha áirithe chun iad a chuimsiú trí bheartais shonracha éagsúla agus trí bhearta tacaíochta arna gceapadh chun forbairt a spreagadh i ngach earnáil ([41]).

(209) Tá sé sin le feiceáil ó roinnt doiciméad beartais thionsclaíoch a cuireadh i bhfeidhm i ndiaidh a chéile ó 2010 ar a laghad agus a liostaítear thíos.

Cinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit maidir le 'Forálacha Sealadacha maidir le Coigeartú an Struchtúir Thionsclaíoch a chur chun cinn' a Chur i bhFeidhm agus a Chur chun Feidhme'

(210) Is doiciméad dlíthiúil é Cinneadh Uimh. 40 ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne a eisíodh in 2005 arb é is aidhm dó coigeartuithe ar struchtúr tionsclaíoch a chur chun cinn sa tSín trí fhorbairt tionscal ardteicneolaíochta a spreagadh agus trí dheireadh a chur le hacmhainneacht táirgeachta atá as dáta. Sa "Chatalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch', ar beart cur chun feidhme de Chinneadh Uimh. 40 é, leagtar síos an bonn chun treoracha infheistíochta a threorú trí earnálacha tionsclaíocha a ainmniú ar cheart dóibh tairbhe a bhaint as rochtain phribhléideach ar chreidmheas. Treoraítear Rialtas na Síne léi freisin maidir le tionscadail infheistíochta a riar, agus beartais maidir le hairgeadas poiblí, cánachas, creidmheas, talamh, allmhairiú agus onnmhairiú a cheapadh agus a fhorfheidhmiú. D'eisigh an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú ('NDRC') catalóg threorach maidir le coigeartú ar an struchtúr tionsclaíoch i mí Feabhra 2013 agus in 2019 agus rinne sé é a leasú ina dhiaidh sin.

(211) Tagraíonn an dá dhoiciméad in 2013 agus 2019 do thionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh, lena n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha, mar thionscal atáthar a spreagadh.

([38]) *Ibid.*, Airteagal 53 (3).
([39]) *Ibid.*, Airteagal 144.
([40]) Airteagail chomhlachais ABC; le fáil ag: https://www.abchina.com/en/investor-relations/corporate-announcements/announcements/201811/W020181126632885896610.pdf.
([41]) Tuarascáil ar an tSín 2017 – Caibidil 2, lch. 17 agus lch. 20.

Cinneadh 2010 ón gComhairle Stáit maidir le Dlús a chur le Forbairt na dTionscal Straitéiseach atá ag Teacht Chun Cinn

(212) I gCinneadh 2010 ón gComhairle Stáit maidir le Dlús a chur le Forbairt na dTionscal Straitéiseach atá ag Teacht Chun Cinn ([42]), shainaithin Rialtas na Síne earnáil na bhfeithicil nuafhuinnimh i measc na dtionscal atá le huasghrádú mar thosaíocht.

(213) Faoi Airteagal II den Chinneadh, thug Rialtas na Síne gealltanas '*tosaíocht a thabhairt do thionscail den sórt sin a chothú agus* a fhorbairt *amhail caomhnú fuinnimh, cosaint an chomhshaoil, teicneolaíocht faisnéise don ghlúin nua, bitheolaíocht, monarú trealaimh ardleibhéil, acmhainní nua fuinnimh, ábhair nua, gluaisteáin nua fuinnimh, etc.*'

(214) Bhí sprioc forbartha fhadtéarmach shainráite don tionscal sa Chinneadh freisin, lena gcuimsítear freisin fiontair mhórscála atá gníomhach ar fud an domhain a bhunú: "*Faoi 2020,* beidh [...] *acmhainní nuafhuinnimh, ábhair nua agus tionscail gluaisteán nuafhuinnimh ina dtionscail cheannródaíocha sa gheilleagar náisiúnta. Beidh an cumas nuálaíochta feabhsaithe go mór, beidh baisc de phríomhtheicneolaíochtaí agus de theicneolaíochtaí lárnacha á rialú againn, agus sroichfear an leibhéal ceannródaíoch i roinnt réimsí. Cuirfear le chéile grúpa fiontar mór a bhfuil tionchar idirnáisiúnta acu agus grúpa fiontar beag agus meánmhéide bríomhar.*' ([43])

(215) Trí feithiclí nuafhuinnimh a ainmniú mar thionscal straitéiseach, cuireadh in iúl do gach leibhéal rialtais an tábhacht a leagann Rialtas na Síne ar an earnáil, rud a fhágann go bhfuil sé soiléir go leanfadh beartais bhreise chun tacú leis an tionscal ar an leibhéal lárnach agus go bhfuiltear ag súil leo ar leibhéil níos ísle de riarachán na tíre.

Plean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Coigilte Fuinnimh agus na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2012-2020)

(216) Tugadh tacaíocht d'fhorbairt an tionscail feithiclí nuafhuinnimh cheana féin sa 12ú Plean Náisiúnta Cúig Bliana ([44]) don tréimhse ó 2011 go 2015 agus cuireadh in iúl ar bhealach níos sonraí í i bPlean Forbartha na bhFeithiclí Coigilte Fuinnimh agus na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2012-2020) ([45]) inar tugadh a leanas le fios: '*áirítear leis na feithiclí nuafhuinnimh dá dtagraítear sa phlean seo, den chuid is mó, feithiclí iomlán leictreach, feithiclí hibride inluchtaithe agus feithiclí breosla-chille. Tagraíonn feithiclí coigilte fuinnimh d'fheithiclí arb é an t-inneall dócháin inmheánaigh an príomhchóras cumhachta* [...].' ([46])

(217) Sonraíodh sa Phlean freisin cé go bhfuil '*feithiclí nuafhuinnimh na Síne go bunúsach mar bhunús d'fhorbairt na tionsclaíochta, agus go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag príomhtheicneolaíochtaí amhail ceallraí, mótair, rialú leictreonach agus comhtháthú córais agus go bhfuil tús curtha le feithiclí lánleictreacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe a chur ar an margadh ar scála beag*' tá bacainní móra ar fhorbairt na hearnála fós i bhfeidhm: '*níl príomhtheicneolaíochtaí fheithiclí nuafhuinnimh na Síne agus roinnt comhpháirteanna lárnacha briste tríd go fóill, tá costas an táirge ard, níl na beara chun tacú leis an tionscal NEV foirfe, agus tá srian ar thionsclú an tionscail NEV agus ar a éabhlóid i dtreo bheith margadhbhunaithe; níl máistreacht iomlán faighte ar na príomhtheicneolaíochtaí lárnacha i gcaomhnú fuinnimh gluaisteán* [...].'

(218) Ina fhianaise sin, cheap Rialtas na Síne cuspóir foriomlán an bheartais thionsclaíoch don earnáil mar seo a leanas: '*ní mór dúinn an deis an tapú, an t-imscaradh a chothú, dlús a chur le saothrú agus forbairt thionscal na ngluaisteán coigilte fuinnimh agus nuafhuinnimh, barrfheabhsú agus uasghrádú an tionscail gluaisteán a chur chun cinn, agus an claochlú ó mhórthionscal gluaisteán go mórchumhacht tionscail gluaisteán a chur i gcrích.*'

(219) Leagadh síos sa Phlean freisin na modhanna – a bhíonn ag brath go príomha ar shásraí tacaíochta rialtais – chun na *cuspóirí* sin a bhaint amach: '*Cloí leis an meascán de threoir rialtais agus tiomáint margaidh. Sa tréimhse saothraithe thionsclaíoch, beidh ról gníomhach againn maidir le treoir agus dreasachtaí beartais a phleanáil, acmhainní eolaíochta agus teicneolaíochta agus tionsclaíocha a bhailiú, forbairt agus táirgeadh feithiclí coigilte fuinnimh agus feithiclí nuafhuinnimh a spreagadh, agus tomhaltas an mhargaidh a threorú. Tar éis dul isteach i dtréimhse aibí an tionscail, tabhair ról iomlán do ról tiomána an mhargaidh i bhforbairt thionsclaíoch* [...].' ([47])

([42]) Le fáil ag: http://www.lawinfochina.com/display.aspx?lib=law&id=8570&EncodingName=big
([43]) Féach Airteagal II(3) den Chinneadh.
([44]) Féach Caibidil 10 Alt 3 den Phlean; le fáil ag: https://policy.asiapacificenergy.org/sites/default/files/12th%20Five-Year%20Plan%20%282011-2015%29%20for%20National%20Economic%20and%20Social%20Development%20%28EN%29.pdf
([45]) Le fáil ag: www.gov.cn/zwgk/2012-07/09/content_2179032.htm
([46]) Féach Airteagal 1 den Phlean.
([47]) Féach Airteagal 2(2) den Phlean.

(220) Leagtar amach san Airteagal sin sa Phlean go raibh an treoir mhargaidh ó Rialtas na Síne infheidhme ní hamháin maidir le *táirgeadh* feithiclí nuafhuinnimh críochnaithe ach maidir lena gcomhpháirteanna freisin: "*Cloí leis an meascán de thionscail shaothraithe agus de shaoráidí tacaíochta a neartú. Leis an bhfeithicil iomlán mar cheannaire, déan forbairt luathaithe an tslabhra thionsclaíoch a chothú agus a chur chun cinn amhail ceallraí cumhachta, mótair, leictreonaic mótarfheithiclí, ard-innill dócháin inmheánaigh, agus traiseoltaí ardéifeachtúlachta*' ([48]).

(221) Tar éis na cuspóirí agus na modhanna chun iad a bhaint amach a shonrú, rinneadh spriocanna (aschuir) sonracha a leagan síos sa Phlean: "*Faoi 2015, sroichfidh táirgeadh agus díolacháin charnacha feithiclí lánleictreacha agus feithiclí hibride inluchtaithe 500 000 aonad; faoi 2020, sroichfidh acmhainneacht táirgeachta feithiclí lánleictreacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe 2 mhilliún aonad, agus sáróidh an táirgeadh carnach agus na díolacháin charnacha 5 mhilliún aonad* [...].' ([49]) Faoi dheireadh, liostaíodh sa Phlean na sásraí tacaíochta rialtais a mbeadh earnáil na bhfeithicil nuafhuinnimh incháilithe dóibh, lena gcuimsítear réimsí amhail cúnamh a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta a shocrú nó le hearcaíocht agus saothrú tallainne, agus an tacaíocht rialtais atá dírithe ar chineálacha éagsúla tacaíochta airgeadais, agus í foroinnte sna réimsí seo a leanas:

— Deontais ('*Socraíonn an rialtas láir cistí chun tacaíocht iomchuí a thabhairt do chur chun feidhme tionscadal nuálaíochta coigilte fuinnimh agus tionscadal nuálaíochta i dteicneolaíocht feithiclí nuafhuinnimh, chun fiontair a threorú chun infheistíocht a mhéadú i bhforbairt teicneolaíochta, in innealtóireacht, i bhfoirmliú caighdeánach, i gcur i bhfeidhm margaidh agus i naisc eile, agus chun córas nuálaíochta teicneolaíochta a thógáil lena gcomhcheanglaítear táirgeadh, oideachas agus taighde; chun fóirdheontais a sholáthar le haghaidh caomhnú fuinnimh agus taispeántais feithiclí nuafhuinnimh i réimse na seirbhíse poiblí agus le haghaidh ceannach príobháideach feithiclí nuafhuinnimh, agus chun tomhaltóirí a spreagadh chun feithiclí caomhnaithe fuinnimh a cheannach agus a úsáid [...].*');

— Tacaíocht don bheartas cánachais ('*Féadfaidh fiontair choigilte fuinnimh agus fiontair feithiclí nuafhuinnimh agus a bpríomhchodanna agus a bpríomh-chomhpháirteanna a aithnítear a bheith incháilithe do dhreasachtaí cánach ioncaim fiontair ardteicneolaíochta, féadfaidh siad leas a bhaint as beartais fhabhracha ábhartha i gcomhréir leis an dlí.*');

— Tacaíocht seirbhíse airgeadais ('*Institiúidí airgeadais a threorú chun córais* bainistíochta *creidmheasa agus meastóireachta iasachtaí a bhunú chun forbairt na dtionscal coigilte fuinnimh agus tionscal feithiclí nuafhuinnimh a spreagadh, nuálaíocht táirgí airgeadais amhail maoiniú gealltanas maoine intleachtúla agus maoiniú an tslabhra thionsclaíoch a chur chun cinn go gníomhach, dlús a chur le córas ráthaíochta il-leibhéil a bhunú lena n-áirítear ranníocaíochtaí airgeadais agus infheistíocht chaipitil shóisialta, cúiteamh riosca agus beartais eile a úsáid go cuimsitheach, agus tacaíocht airgeadais mhéadaithe a chur chun cinn.*'); agus

— Tacaíocht chaipitil fiontair ('*Is féidir leis an gciste caipitil fiontair nua um fheithiclí fuinnimh a chomhlíonann na* ceanglais *iarratas a dhéanamh ar rannpháirtíocht airgeadais lárnach i gcomhréir leis na rialacháin, agus cistí sóisialta a threorú chun infheistíocht a dhéanamh sa tionscal coigilte fuinnimh agus i dtionscal na bhfeithiclí fuinnimh agus i dtionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh ar bhealaí éagsúla*').

Tuairimí Treorach maidir le Dlús a chur le Cur Chun Cinn agus Cur i bhFeidhm Feithiclí Nuafhuinnimh

(222) In 2014, d'eisigh an Chomhairle Stáit na "Tuairimí Treorach maidir le Dlús a chur le Cur Chun Cinn agus Cur i bhFeidhm Feithiclí Nua Fuinnimh' ([50]) (Guobanfa [2014] Uimh. 35) (dá ngairtear *'Tuairimí Treorach maidir le Feithiclí Nuafhuinnimh'* freisin). Tá sé beartaithe leis na Tuairimí Treorach maidir le feithiclí nuafhuinnimh *'ceannasacht a chomhcheangal le tacaíocht ón rialtas'* ([51]), agus samhlaítear leo cineálacha éagsúla tacaíochta rialtais d'fhorbairt an tionscail, amhail pleananna áitiúla chun feithicil nuafhuinnimh a chur chun cinn, ceannacháin fóirdheontas, tacaíocht airgeadais, bannaí, etc.

(223) Is minic a chomhlánaítear na spriocanna agus na treoracha atá sa 14ú Plean Cúig Bliana le pleananna cur chun feidhme, pleananna gníomhaíochta, tuairimí treorach, treoirlínte, etc. Is doiciméid iad Tuairimí Treorach a eisíonn an rialtas, agus é mar aidhm leo iompraíocht an tionscail a threorú chun cuspóirí beartais Rialtas na Síne a bhaint amach in earnálacha sonracha. Cé go meastar gur treoirdhoiciméid iad na Tuairimí Treorach laistigh de chóras dlí na Síne, léiríonn siad idirghabháil nithiúil stáit chun earnálacha éagsúla de gheilleagar na Síne a mhúnlú ([52]). Is fíor

([48]) *Ibid.*
([49]) Féach Airteagal (3)(2) den Phlean.
([50]) Le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/content/2014-07/21/content_8936.htm
([51]) Féach Roinn I (1) de na Tuairimí Treorach maidir le feithiclí nuafhuinnimh.
([52]) Féach, mar shampla, IO L 228, 15.9.2023, lgh. 217 - 220., agus an 14ú Plean Cúig Bliana le haghaidh Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035.

sin go háirithe i gcás Thuairimí Treorach feithiclí nuafhuinnimh, lena n-áirítear treoracha ón mbarr anuas don rialtas áitiúil chun pleananna agus dreasachtaí a cheapadh chun feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn, agus freisin treoracha ar leibhéil lárnacha maidir le cistí a leithdháileadh chun luach saothair a thabhairt do chathracha agus d'fhiontair a scórálann go han-mhaith maidir le feithiclí nua fuinnimh a chur chun cinn, chomh maith le dreasachtaí fioscacha, airgeadais agus infheistíochta ag údaráis rialtais, institiúidí airgeadais, etc. Dá bhrí sin, is uirlis eile iad Tuairimí Treorach a úsáideann údaráis stáit chun a rialú díreach a fheidhmiú ar an gcaoi a bhforbraíonn tionscal feithiclí nuafhuinnimh *13ú Plean Náisiúnta Cúig Bliana na Síne*

(224) Tá teanga chomhchosúil maidir le tacaíocht na hearnála le fáil i ngach doiciméad beartais rialtais le déanaí, ag tosú leis an 13ú Plean Náisiúnta Cúig Bliana do na blianta 2016 go 2020 ([53]). De *réir* Roinn 1 de Chaibidil 23 den 13ú Plean Cúig Bliana, bhí sé beartaithe ag Rialtas na Síne '*tacú le forbairt na chéad ghlúine eile de theicneolaíocht faisnéise, feithiclí nuafhuinnimh, biteicneolaíocht, teicneolaíocht ghlas agus ísealcharbóin, trealamh agus ábhair ardleibhéil, agus tionscail chruthaitheacha dhigiteacha*.'

(225) Thairis sin, liostaíodh sa chaibidil chéanna den 13ú Plean Cúig Bliana roinnt beartas a raibh sé beartaithe ag Rialtas na Síne iad a úsáid chun tacú le forbairt iomlán na hearnála, lena n-áirítear ó ionchuir ríthábhachtacha leis an táirge deiridh, eadhon: *(i) "Úsáid feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn; (ii) Úsáid feithiclí nuafhuinnimh a spreagadh le haghaidh iompar poiblí uirbeach agus seirbhísí tacsaí; (iii) Feithiclí uile-leictreacha agus feithiclí leictreacha hibrideacha a fhorbairt agus béim á leagan ar dhul chun cinn a dhéanamh i bpríomhréimsí teicneolaíochta amhail dlús fuinnimh ceallraí agus inoiriúnaitheacht teochta ceallraí; (iv) Forbairt líonra saoráidí luchtaithe agus seirbhísí a éascú atá comhoiriúnach dá chéile agus a thagann faoi chaighdeáin aontaithe [...]; (v) A áirithiú go sroichfidh na figiúirí carnacha iomlána táirgthe agus díolachán le haghaidh feithiclí nuafhuinnimh sa tSín cúig mhilliún; (vi) Iarrachtaí a neartú chun ceallraí caite ó fheithiclí nuafhuinnimh a aisghabháil agus a dhiúscairt.'* ([54])

Made in China 2025

(226) In 2015, d'fhoilsigh Rialtas na Síne a straitéis thionsclaíoch chuimsitheach fhadtéarmach ar a dtugtar *Made in China 2025*. ([55]) Leis an straitéis sin, leagadh síos garspriocanna chun earnálacha monaraíochta roghnaithe na tíre a uasghrádú faoi 2020 agus 2025 agus athdhearbhaíodh go raibh sé ar intinn ag Rialtas na Síne '*leanúint de bheith ag tacú le forbairt feithiclí leictreacha agus feithiclí breosla-chille, máistreacht a fháil ar chroítheicneolaíochtaí gluaisteán ísealcharbóin, faisnéisithe agus cliste, feabhas a chur ar chumais innealtóireachta agus tionsclaithe na gcroítheicneolaíochtaí amhail ceallraí tosaithe, mótair thiomána, innill dócháin inmheánaigh ardéifeachtúlachta, ard-tarchuir, ábhair éadroma, agus rialuithe cliste, córas tionsclaíoch agus córas nuálaíochta iomlán a chruthú ó phríomh-chomhpháirteanna go feithiclí iomlána, agus comhtháthú feithiclí coigilte fuinnimh agus feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn le brandaí neamhspleácha ar ardleibhéil idirnáisiúnta*' ([56]) agus, dá réir sin, '*eagrú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar roinnt tionscadal speisialta agus mórthionscadal le haghaidh nuálaíochta agus tionsclaithe d'aerárthaí móra, innill aerárthaí agus tuirbíní gáis, aerspás sibhialta, traenacha glasa cliste, feithiclí coigilte fuinnimh agus feithiclí nuafhuinnimh, trealamh innealtóireachta muirí agus longa ardteicneolaíochta, tacair iomlána trealaimh le haghaidh eangacha cliste, innill ard-deireadh, trealamh núicléach agus trealamh ardchumhachta leighis*.' ([57])

(227) Chun na spriocanna sin a bhaint amach, leag Made in China 2025 béim ar an ngá atá leis '*an athchóiriú sa réimse airgeadais a threisiú, an bealach airgeadais don tionscal monaraíochta a leathnú, agus costas airgeadais a laghdú,* chun*tacaíocht a thabhairt do na buntáistí a bhaineann le maoiniú beartais, maoiniú forbartha, agus airgeadas tráchtála, agus an tacaíocht a mhéadú don ghlúin nua de theicneolaíocht faisnéise, trealamh ardleibhéil, ábhar nua,* [chun] *tacú le Banc Onnmhairithe-Allmhairithe na Síne chun an tseirbhís don tionscal monaraíochta atá ag dul amach laistigh dá mhargadh gnó a mhéadú, Banc Forbartha na Síne a spreagadh chun an iasacht d'fhiontair mhonaraíochta a mhéadú, agus institiúidí airgeadais a threorú chun táirgí agus gnólachtaí atá oiriúnach do shaintréithe na bhfiontar monaraíochta a nuáil*.' ([58])

([53]) Le fáil ag: https://en.ndrc.gov.cn/policies/202105/P020210527785800103339.pdf
([54]) Féach Caibidil 23, Bosca 8 den FYP.
([55]) Féach ag: https://www.gov.cn/zhengce/content/2015-05/19/content_9784.htm ; Tá an t-aistriúchán Béarla le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0432_made_in_china_2025_EN.pdf
([56]) Féach Alt 3.6.6. de Made in China 2025.
([57]) Idem, Bosca 5.
([58]) Idem, Roinn 4.3.

(228) Déantar foráil bhreise sa straitéis maidir le hionstraimí fioscacha a úsáid: *Úsáid iomlán a bhaint as na bealaí atá ann cheana, tacaíocht na gcistí airgeadais don tionscal monaraíochta a neartú, díriú ar phríomhréimsí maidir leis an tionscal monaraíochta a chlaochlú agus a uasghrádú amhail* […] *trealamh ardleibhéil,* [...] *agus timpeallacht fhabhrach beartais a chruthú chun an tionscal monaraíochta a fhorbairt. Modh na comhpháirtíochta príobháidí poiblí* […] *a úsáid chun cistí sóisialta a threorú chun páirt a ghlacadh i dtógáil mórthionscadal, i nuálaíocht theicneolaíoch fiontair, agus i dtógáil príomhbhonneagair an tionscail monaraíochta. Nuáil a dhéanamh ar na modhanna tacaíochta airgeadais, athrú ó 'thacaíocht tógála' go 'tacaíocht oibríochta', agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht úsáide cistí airgeadais.'* ([59])

Rialachán maidir le Caighdeáin Thionscal Ceallraí Cumhachta Gluaisteán

(229) Chinn an Coimisiún freisin gur eisigh an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise an 'Rialachán maidir le Caighdeáin Thionscal Ceallraí Cumhachta Gluaisteán' ([60]) (*'an Rialachán maidir leis na Caighdeáin'*) in 2015, chun *'forbairt shláintiúil thionscal na gceallraí cumhachta gluaisteán a threorú agus a rialáil.* [...] *Spreagann an Stát fiontair ceallraí cumhachta mótarfheithiclí chun bheith níos fearr agus níos láidre, sonraíochtaí táirgthe táirgí agus córais dearbhaithe cáilíochta a bhunú, nuálaíocht teicneolaíochta agus bainistíochta a neartú, taighde agus forbairt táirgí agus leibhéil mhonaraíochta a fheabhsú, agus feabhas a chur ar fheidhmíocht agus cáilíocht táirgí chun riachtanais fhorbairt an tionscail feithiclí nuafhuinnimh a shásamh'.* ([61]) Leagtar amach sa Rialachán na ceanglais i leith fiontair ceallraí cumhachta gluaisteán iarratas a dhéanamh ar a gcuimsiú ar chatalóg na bhfiontar a chomhlíonann na ceanglais, ar táirgeoir agus soláthróir *'táirgí gluaisteán laistigh de chríoch Dhaon-Phoblacht na Síne (seachas an Téaváin, Hong Cong agus Macao)' ceann acu* ([62]). Mar thoradh air sin, *'feidhmeoidh liosta na bhfiontar atá san áireamh san fhógra mar bhonn bunúsach don tacaíocht bheartais ábhartha'* ([63]). Tar éis an fhógra sin, foilsíodh ceithre bhaisc de chatalóg fiontar a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán maidir leis na Caighdeáin, agus níor cuireadh aon táirgeoir eachtrach ceallraí cumhachta san áireamh ann ([64]). In ainneoin gur chuir Fógra Uimh.22 ó Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise Dhaon-Phoblacht na Síne deireadh leis na ceanglais in 2019 ([65]), is féidir glacadh leis gur thug catalóg na bhfiontar ceallraí cumhachta buntáiste iomaíoch do mhonaróirí ceallraí na Síne thar tháirgeoirí eachtracha nuair a bhí tionscal na gceallraí cumhachta á fhorbairt i dtosach.

Plean gníomhaíochta chun forbairt thionscal na gceallraí feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn

(230) Mínítear sa Phlean Gníomhaíochta chun forbairt thionscal ceallraí feithiclí nuafhuinnimh ([66]) 2017 a chur chun cinn gurb iad ceallraí cumhachta croílár feithiclí leictreacha agus gurb iad an phríomhghné maidir le forbairt thionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh. Tar éis níos mó ná deich mbliana forbartha, tá dul chun cinn mór déanta ag tionscal ceallraí cumhachta na tíre. Mar sin féin, ní chomhlíonann feidhmíocht, cáilíocht agus costas reatha táirgí ceallraí cumhachta riachtanais chur chun cinn agus tóir ar fheithiclí nuafhuinnimh, go háirithe in ábhair bhunúsacha, teicneolaíocht chomhtháthaithe córais, trealamh agus próisis mhonaraíochta, etc. Cuireadh an plean i dtoll a chéile chun dlús a chur le feabhas a chur ar chumais forbartha agus ar leibhéal thionscal ceallraí cumhachta gluaisteán na tíre agus chun forbairt shláintiúil agus inbhuanaithe thionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn.

([59]) Idem, Alt 4.4.
([60]) Fógra Uimh. 22 de 2015 ó Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise Dhaon-Phoblacht na Síne, MIIT, le fáil ag: http://www.mofcom.gov.cn/article/b/g/201505/20150500987728.shtml
([61]) Alt 1(2) den Rialachán maidir leis na Caighdeáin.
([62]) Alt 1(4) den Rialachán maidir leis na Caighdeáin.
([63]) Alt 8(26) den Rialachán maidir leis na Caighdeáin.
([64]) An chéad bhaisc: http://www.caam.org.cn/chn/9/cate_107/con_5178317.html; An dara baisc: http://www.caam.org.cn/chn/1/cate_2/con_5184276.html; An tríú baisc: http://www.chinabattery.org/content2/1308/1302/1052405.html; An ceathrú baisc: http://www.chinabattery.org/content2/1308/1302/1052407.html
([65]) Fógra Uimh. 22 ó 2019 ó Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise Dhaon-Phoblacht na Síne, le fáil ag https://www.gov.cn/xinwen/2019-06/24/content_5402761.htm.
([66]) https://www.gov.cn/xinwen/2017-03/02/content_5172254.htm#1

(231) Braitheann cur i bhfeidhm an tionscadail uasghrádaithe ceallraí cumhachta ag MIIT agus ag an Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta ar phleananna náisiúnta eolaíochta agus teicneolaíochta (tionscadail speisialta, cistí) agus ar chineálacha foriomlána tacaíochta eile do thaighde agus d'fhorbairt ceallraí cumhachta chun fuinneamh sonrach aonair de níos mó ná 300 Wh/kg a bhaint amach in 2020, chun feidhmíocht an táirge a fheabhsú ar bhonn leanúnach, agus chun dlús a chur le réadú suiteála agus cur i bhfeidhm táirge ardleibhéil. Ba é an aidhm a bhí leis cuideachtaí ceallraí cumhachta ceannródaíocha a spreagadh chun comhoibriú le hacmhainní níos fearr réamhtheachtacha agus iartheachtacha, díriú ar dhul chun cinn i bpríomhtheicneolaíochtaí ábhar agus comhpháirteanna, cealla agus córais ceallraí, feidhmíocht agus sábháilteacht táirgí ceallraí cumhachta a fheabhsú go mór, agus iarracht a dhéanamh aonad aonair de 350 Wh/kg a bhaint amach agus tionsclú agus cur i bhfeidhm feithiclí táirgí nua ian litiam lena mbaineann córas 260 Wh/kg.

(232) Samhlaítear leis an bplean freisin méadú ar thacaíocht bheartais, ag brath ar ról treorach infheistíocht an rialtais i gcaipiteal sóisialta, ag spreagadh úsáid caipitil shóisialta chun cistí forbartha tionscail ceallraí cumhachta a bhunú, agus tacaíocht a mhéadú do theicneolaíocht tionsclaithe ceallraí cumhachta. De réir an phlean, má chomhlíonann táirgí ceallraí cumhachta na coinníollacha, beidh siad díolmhaithe ón gcáin tomhaltais de réir rialachán; má chomhlíonann cuideachtaí ceallraí cumhachta na coinníollacha, beidh beartais chánach fhabhracha acu d'fhiontair ardteicneolaíochta, d'aistriú teicneolaíochta, agus d'fhorbairt teicneolaíochta de réir na rialachán.

An 14ú Plean Náisiúnta Cúig Bliana de chuid na Síne

(233) Gan imeacht ón straitéis Made in China 2025, léirítear ón 14ú Plean Náisiúnta Cúig Bliana ([67]) don tréimhse ó 2021 go 2026 gur *lean* beartas Rialtas na Síne maidir le tosaíocht agus tacaíocht a thabhairt d'earnáil na bhfeithicil nuafhuinnimh agus, go deimhin, go bhfuil sé ag fás. Faoi Airteagal IX den Phlean, gheall údaráis na Síne '*breisluach na dtionscal straitéiseach atá ag teacht chun cinn a ardú go dtí níos mó ná 17 % de OTI*'. Maidir le hearnáil na bhfeithiclí nuafhuinnimh, mar cheann de na tionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, is éard atá i gceist leis an ngealltanas sin '*dul* chun *cinn a dhéanamh maidir le príomhtheicneolaíochtaí amhail ceallraí cumhachta ardsábháilteachta, mótair tiomána ardéifeachtúlachta, agus córais chumhachta ardfheidhmíochta d'fheithiclí nuafhuinnimh agus dlús a chur le T&F príomh-chomhpháirteanna amhail na hardáin bhunúsacha teicneolaíochta le haghaidh feithiclí cliste (nasctha), córais bhogearraí agus chrua-earraí, fonnadh stiúrtha sreang, agus críochfoirt chliste.*' ([68])

(234) I bhfianaise chineál chóras pleanála na Síne, déanfaidh na húdaráis ábhartha uile obair leantach ar phleananna ardleibhéil – amhail an 12ú, an 13ú nó an 14ú Plean Náisiúnta Cúig Bliana – agus cuirfidh siad chun feidhme iad. Leagtar amach sna pleananna náisiúnta oibleagáidí sainráite ina leith sin, amhail Airt. LXV den 14ú Plean Cúig Bliana náisiúnta, ar dá réir a ndéanfaidh Rialtas na Síne '*eagrú, comhordú agus maoirseacht ar chur chun feidhme an phlean sin a neartú agus a bhunóidh sé agus a fheabhsóidh sé faireachán agus meastóireacht ar phleanáil agus ar chur chun feidhme, dearbhú beartais, agus sásraí measúnaithe agus maoirseachta.*' Dá réir sin, ní mór d'údaráis ar leibhéal níos ísle "*timpeallacht bheartais fhabhrach, timpeallacht institiúideach agus timpeallacht dhlíthiúil a chruthú. Leis na pleananna bliantúla, cuirfear chun feidhme na spriocanna forbartha agus na príomhchúraimí a mholtar sa phlean sin.*' ([69])

(235) Thar aon ní eile, geallann Rialtas na Síne go haonchiallach tacaíocht airgeadais a chur ar fáil, chomh maith le tacaíocht i bhfoirm tosca táirgeachta eile – amhail talamh – do thionscadail agus d'earnálacha a shainaithnítear sa Phlean: '*cloífimid le prionsabal an phlean lena socraítear an treo, agus caiteachas fioscach mar ráthaíocht, maoiniú mar thacaíocht, agus comhordú le beartais eile.* […] *Leanfaimid de bheith ag cloí le caiteachas fioscach poiblí agus de bheith ag fónamh do bheartas poiblí, cuirfimid feabhas ar thacaíocht airgeadais do mhórchúraimí straitéiseacha náisiúnta, neartóimid comhordú pleananna airgeadais meántéarmacha agus buiséad bliantúil, pleananna infheistíochta rialtais, agus cur chun feidhme an phlean sin, agus tabharfaimid tús áite do chistí fioscacha lárnacha le haghaidh na gcúraimí móra agus na mórthionscadal innealtóireachta a shainaithnítear sa phlean sin. Áiteoimid go gcloífidh tionscadail leis an bplean agus go leanfaidh cistí agus tosca táirgeachta na tionscadail, go ndéanfar liosta de mhórthionscadail innealtóireachta a fhorbairt bunaithe ar an bplean sin, go ndéanfar na nósanna imeachta formheasa do na tionscadail ar an liosta a shimpliú, agus go n-áiritheofar go dtabharfar tosaíocht do roghnú láithreán pleanála, soláthar talún, agus riachtanais chaipitil. Ráthaíonn an stát na riachtanais talún le haghaidh mórthionscadail innealtóireachta aonair ar bhealach aontaithe.*' ([70])

([67]) Féach: https://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm. Tá aistriúchán Béarla le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0284_14th_Five_Year_Plan_EN.pdf.

([68]) Féach Airteagal XI, Tábla 4 den Phlean.

([69]) Féach Art. LXV, Alt 1 den Phlean.

([70]) Féach Airteagal LXV, Alt 3 den Phlean.

(236) Dá bhrí sin, is é an toradh atá ar an sainordú cur chun feidhme sin go gcuireann na húdaráis rialtais ábhartha líonra iomlán d'ionstraimí beartais breise i bhfeidhm, go háirithe an plean earnála náisiúnta fadtéarmach, eadhon an Plean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2021-2035) ([71]) a cuireadh in ionad Phlean comhfhreagrach 2012-2020 mar a leagtar amach in aithrisí (216) go (224).

Plean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2021-2035)

(237) Leagtar amach an fhís seo a leanas i bPlean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Nuafhuinnimh: "*Faoi 2025, cuirfear go mór le hiomaíochas mhargadh nua feithiclí fuinnimh na Síne, déanfar dul chun cinn mór i bpríomhtheicneolaíochtaí amhail ceallraí cumhachta, mótair tiomána, agus córais oibriúcháin feithiclí, agus cuirfear feabhas cuimsitheach ar an leibhéal sábháilteachta. Tá meánídiú cumhachta feithiclí paisinéirí lánleictreacha nua tite go 12.0 kWh/100 km, tá méid díolachán feithiclí nuafhuinnimh cothrom le thart ar 20 % de dhíolacháin iomlána feithiclí nua, agus tá cur i bhfeidhm tráchtála bainte amach ag feithiclí an-uathrialaitheacha i limistéir theoranta agus i gcásanna sonracha, agus tá feabhas suntasach tagtha ar áisiúlacht seirbhísí luchtaithe agus babhtála.*' ([72])

(238) Chun an cuspóir sin a bhaint amach, liostaítear sa Phlean céimeanna éagsúla nach mór a dhéanamh. Déanann cuid acu foráil maidir le tacaíocht chothrománach rialtais don tionscal, amhail '*feabhas a chur ar acmhainneacht tacaíochta seirbhísí poiblí amhail aistriú teicneolaíochta, seirbhísí faisnéise, oiliúint tallainne, maoiniú tionscadail, agus malartuithe idirnáisiúnta*' ([73]), chun "*beartais fóirdheontais airgeadais a dhéanamh go héifeachtach*' ([74])nó chun '*beartais chánach fhabhracha a bhaineann le feithiclí nuafhuinnimh a chur chun feidhme*' ([75]). Fócas eile ar chomhpháirteanna sonracha feithicle nó ar ghnéithe aonair de shlabhra luacha feithiclí nuafhuinnimh, amhail "*fiontair a spreagadh chun feabhas a chur ar an gcumas príomhacmhainní amhail litiam, nicil, cóbalt agus platanam a ráthú*', '*an idirghníomhaíocht fuinnimh idir feithiclí nuafhuinnimh nua agus an eangach a neartú*' ([76]), '*dlús a chur le tógáil an bhonneagair luchtaithe agus athsholáthair*' ([77]), nó '*tacú le húsáid na láithreán agus na saoráidí atá ann cheana chun seirbhísí comhtháite soláthair ola, gáis, hidrigine agus leictreachais a dhéanamh*' ([78]).

Tuairimí cur chun feidhme Choimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú (NDRC) maidir le feithiclí nuafhuinnimh a neartú

(239) I mí Eanáir 2024, d'fhoilsigh NDRC moltaí athchóirithe maidir le feithicil nuafhuinnimh a chomhtháthú i bpleanáil eangaí cumhachta na Síne. Chomh maith le hidirghníomhaíocht idir líonraí feithiclí, áirítear ar na moltaí sin freisin nuálaíocht a spreagadh agus caighdeáin a aontú san earnáil feithiclí nuafhuinnimh chun "*taighde ar phríomhtheicneolaíochtaí agus ar chroíthrealamh a chur chun cinn, príomhról na nuálaíochta fiontair a neartú, agus forbairt a threorú leis an nuálaíocht. Dlús a chur le ceapadh agus athbhreithniú caighdeán, agus forbairt chomhoibríoch agus chaighdeánaithe an tionscail a threorú.*' ([79])

Pleananna cúigeacha agus bardasacha

(240) Léirítear na bearta tacaíochta a shonraítear i bPlean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2021-2035) – agus aistrítear go treoracha níos beaichte iad – sna pleananna cúige agus bardasacha comhfhreagracha ([80]).

(241) Tugtar tuilleadh sonraí sna pleananna cúigeacha maidir leis an gcaoi ar cheart cuspóirí na bpleananna lárnacha a aistriú ina mbeartais laistigh de chúigí aonair, i bhfoirm beart mar a thugtar mar *shamplaí* thíos.

([71]) Le fáil ag: https://www.ndrc.gov.cn/fggz/fzzlgh/gjjzxgh/202111/t20211101_1302487.html?code=&state=123.
([72]) Féach Caibidil II, Alt 3 den Phlean.
([73]) Féach Caibidil III, Alt 3 den Phlean.
([74]) Féach Caibidil VIII, Alt 1 den Phlean.
([75]) Féach Caibidil VIII, Alt 2 den Phlean.
([76]) Féach Caibidil V, Alt 1 den Phlean.
([77]) Féach Caibidil VI, Alt 1 den Phlean.
([78]) Féach Caibidil VI, Alt 3 den Phlean.
([79]) An Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú agus ranna eile maidir le feithiclí nuafhuinnimh a neartú- Tuairimí cur chun feidhme maidir le comhtháthú agus idirghníomhaíocht leis an eangach chumhachta, Fuinneamh Forbartha agus Athchóirithe [2023] Uimh. 1721. Le fáil ag https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202401/t20240104_1363096.html.
([80]) Mar a aithníodh i rialacha bainistíochta NDRC 2018 is infheidhme maidir le tionscadail infheistíochta gluaisteán. De réir Airteagal 38: Ní chuirfidh rialtais áitiúla ar gach leibhéal bac ar iomaíocht chóir sa mhargadh, díreoidh siad ar choinníollacha cánach, caipitil, talún agus coinníollacha fabhracha eile a chur ar fáil do thionscadail infheistíochta gluaisteán.

(242) Soláthraítear rialú ginearálta an rialtais ar an tionscal mar shampla an 14ú Plean Cúig Bliana i ndáil le plean forbartha do thionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh i gcúige Anhui: *"Treoir rialtais, ceannaireacht mhargaidh. Ról iomlán a thabhairt do ról an rialtais i ngnéithe éagsúla cosúil le dearadh ardleibhéil, tógáil ardáin, taispeántas, cur i bhfeidhm agus cur chun cinn, etc. Tacaíocht bheartais a neartú agus timpeallacht a chruthú tuilleadh lena dtreoraítear tosca táirgeachta ardleibhéil chun díriú ar an tionscal gluaisteán nuafhuinnimh. Faoi threoir éileamh an mhargaidh, raon feidhm iomlán a thabhairt do ról cinntitheach an mhargaidh maidir le leithdháileadh acmhainní, príomhsheasamh na bhfiontar a neartú maidir le conairí teicneolaíochta agus leagan amach acmhainneachta monaraíochta táirgí a roghnú, meascán níos fearr de mhargadh éifeachtúil le rialtas fabhrach a chothú, agus timpeallacht forbartha dhinimiciúil a bhunú'* ([81]).

(243) Leis an bplean cúigeach sin cuireadh spriocanna táirgthe mionsonraithe ar fáil freisin: *"Féachaint lena áirithiú, faoi 2025, go sáróidh scála thionscal gluaisteán nuafhuinnimh na cathrach RMB 700 billiún agus go mbeidh acmhainneacht táirgeachta feithiclí iomlána níos mó ná 3 mhilliún, chun 10 bhfiontar ar scála RMB 10 mbilliún a chothú agus chun a áirithiú go mbeidh an luach aschuir agus an méid aschuir sa chéad áit sa tír; Córas tionscail feithiclí nuafhuinnimh agus páirteanna a fhorbairt ag a mbeidh leagan amach cuimsitheach agus struchtúr réasúnta, beidh acmhainneacht táirgeachta bhliantúil ceallraí níos mó ná 300 GWh, agus beidh acmhainneacht táirgeachta bhliantúil na gcóras mótair tiomána níos mó ná 3 mhilliún tacar'* ([82]) agus tacaíocht infheistíochta i saoráidí agus i dtionscadail: *'Féachaint le hionad nuálaíochta i dtionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh a thógáil faoi 2025, ar an leibhéal náisiúnta 1, 5 ionad nuálaíochta phoiblí, agus aon tionscadal nuálaíochta amháin samhla gnó a chothú chomh maith le 10 n-ardán nuálaíochta nua os cionn leibhéal na gcúigí faoi 2025'* ([83]).

(244) Ina theannta sin, sa plean forbartha ardcháilíochta de chuid an 14ú FYP don tionscal gluaisteán i gcúige Anhui leagtar amach tacaíocht infheistíochta i bpáirceanna tionsclaíocha: *"Dlús a chur le tógáil Pháirc Thionsclaíoch Feithiclí Leictreacha Cliste Xinqiao agus an tógáil sin a chur chun cinn, agus braisle thionsclaíoch feithiclí leictreacha cliste den chéad scoth a chruthú agus slabhra tionsclaíoch iomlán ag dul leo chomh maith le T&F agus monaraíocht, taispeáint agus cur i bhfeidhm, chomh maith le seirbhísí tionscail agus tacaíochta a chomhtháthú. Tacú le pleanáil agus leagan amach forbartha fadtéarmach NIO timpeall ar Pháirc Tionscail Xinqiao, agus foirne T&F, monaraíochta, margaíochta agus bainistíochta a bhunú laistigh den pháirc. Ionad T&F agus Nuálaíochta NIO a bhunú, taighde agus forbairt nuálach a dhéanamh maidir le feithiclí iomlána, príomh-chomhpháirteanna agus tiomáint uathrialaitheach, slabhra nuálaíochta a chruthú atá iomaíoch ar fud an domhain agus ceannródaíoch; foireann T&F agus oibrithe teicniúla a mhealladh agus iarracht a dhéanamh áit nuálach a chruthú lena mbailítear buanna ardleibhéil. (…) Tar éis an pháirc a thabhairt chun críche, meastar gur 1 mhilliún feithicil in aghaidh na bliana a bheidh in acmhainneacht táirgeachta deiridh na bhfeithiclí, agus gur 100GWh in aghaidh na bliana a bheidh in acmhainneacht táirgeachta ceallraí'* ([84]).

(245) Leathnaíodh a thuilleadh é maidir le honnmhairiú a chur chun cinn: *"Tacú le ríomhthrách táil cuideachtaí soláthair comhpháirteanna, trádstórais phoiblí thar lear a thógáil le haghaidh táirgí a onnmhairiú, cainéil a roinnt le margaí thar lear agus córais tacaíochta seirbhíse. Uirlisí a chruthú ar nós ardáin trádála allmhairithe agus onnmhairithe, páirceanna tionscail thar lear chomh maith le páirceanna trádála agus forbairt braislí d'fhiontair infheistíochta thar lear na Síne a threorú. (...) Faoi 2025, onnmhaireoidh Chery Automobile 500,000 feithicil ag a bhfuil luach onnmhairiúcháin USD 5 bhilliún. Chery a chothú chun a iomaíochas idirnáisiúnta a fheabhsú tuilleadh, (…)díriú ar leathnú ar mhargaí straitéiseacha mar an Eoraip, Meiriceá Thuaidh, agus tíortha ASEAN(…). Tacú le NIO leathnú ar mhargadh na hEorpa. NIO a chothú chun 'Plean Marco Polo' a chur chun feidhme, conair forbartha dhifreáilte a ghlacadh agus 'Samhail NIO na Síne' a thiontú ina 'Shamhail NIO Thar Lear' de réir dálaí áitiúla. (…) Tacú le NIO leanúint de bheith ag leathnú ar an margadh Eorpach, leathnú ar 5 mhargadh náisiúnta faoi 2025, agus deiseanna a roghnú chun monarchana a thógáil thar lear'* ([85]).

(246) Leis an 14ú Plean 5 Bliana i ndáil le forbairt ardcháilíochta earnáil monaraíochta chúige Guangdong, déantar foráil maidir le rialú rialtais ar dháileadh thionscal geografach na bhfeithiclí nuafhuinnimh: *"Ag brath ar Guangzhou, Shenzhen, Zhuhai, Foshan, Zhaoqing, Dongguan, Huizhou, Zhanjiang, Maoming, Shanwei, Yunfu agus cathracha eile agus dlús a chur le luas forbartha feithiclí nua fuinnimh. Cuirfidh Guangzhou dlús le tógáil bunáiteanna táirgthe feithiclí nuafhuinnimh agus cuirfidh sé tionsclaíocht thapa samhlacha feithiclí nuafhuinnimh chun cinn. Tógfaidh Shenzhen, agus Ceantar Pingshan mar chroílár de, bunáit tionscail feithiclí nuafhuinnimh ar leibhéal náisiúnta. Díreoidh Zhuhai, agus Ceantar Jinwan mar chroílár de, ar mhonarú feithiclí nuafhuinnimh iomlána, ábhair ceallraí litiam, gléasra cumhachta, trealamh luchtaithe agus príomh-chomhpháirteanna feithiclí nuafhuinnimh a fhorbairt'* ([86]).

([81]) 14ú Plean Cúig Bliana Hefei do thionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh. Le fáil ag https://www.ahchanye.com/zc/24046.html. Féach Caibidil II, Roinn 2.

([82]) Féach Caibidil II, Roinn 3. Maidir leis na príomhtháscairí forbartha, féach tábla 1 den phlean.

([83]) Ibid.

([84]) An 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Anhui le haghaidh an tionscail gluaisteán, le fáil ag http://jx.ah.gov.cn/group6/M00/05/3A/wKg8BmJGrKiADusMAAY2nfCCzQM591.pdf. Féach Caibidil III, Alt 1, Colún 1.

([85]) Féach Caibidil VI, Alt 2, Tionscadal 9.

([86]) 14ú Plean Cúig Bliana Chúige Guangdong i ndáil le forbairt ardcháilíochta an tionscail monaraíochta. Le fáil ag http://www.gd.gov.cn/zwgk/wjk/qbwj/yf/content/post_3458462.html. Féach caibidil III, Alt 1, Colún 4

(247) Leagtar amach sa 14ú Plean Cúig Bliana i ndáil le plean forbartha Thionscal Gluaisteán Nuafhuinnimh chúige Guizhou tacaíocht do phríomhthionscadail a bhaineann le páirteanna agus comhpháirteanna: *'Tacú le príomhthionscadail a thógáil. Dlús a chur le tionscadal ceallraí cumhachta Guiyang BYD agus é a chothú le haschur bliantúil 10GWH, tionscadal ceallraí cumhachta nuafhuinnimh Evergrande (an chéad chéim), tionscadal breosla-chille hidrigine Dongfang Electric, táirgeadh bliantúil 30 000 tonna/bliain fosfáite iarainn litiam Anda Technology agus tionscadail tógála tacaíochta chomh maith lena thionscadal claochlaithe theicniúil agus leathnaithe monaraíochta cliste 20 000 tonna/bliain fosfáite iarainn litiam, tionscadal claochlaithe theicniúil athchúrsála 50 000 tonna/bliain ceallraí dramhaíola feithiclí nuafhuinnimh Anda Technology, táirgeadh bliantúil 1 mhilliún tonna de thionscadail teilgin dísle cóimhiotail alúmanaim gluaisteán Wuchuan Automobile, tionscadal líne táirgthe múnlaí coscán gluaisteán Baike, roinnt príomhthionscadal amhail Tionscadal Bonn Braisle Thionscal Monaraíochta Cliste Aeraspás Guizhou i gCrios Forbartha Eacnamaíochta agus Teicneolaíochta Guiyang, Tionscadal Tógála Líne Táirgthe Ábhar Nua Zhenhua agus aschur bliantúil 12 000 tonna d'ábhair chatóide ceallaí ian litiam aige (Céim II Shawen)'* ([87]).

(248) Chomh maith leis sin luaitear i bpleananna cúigeacha agus bardasacha eile forbairt tionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, ina measc luaitear feithiclí leictreacha, mar shampla Bejing ([88]), Shanghai ([89]), Tjianjin ([90]), Jiangsu ([91]), agus Shaanxi ([92]).

(249) Tá tacaíocht ann freisin do chuideachtaí sonracha feithiclí nuafhuinnimh i gcuid de na Pleananna Cúig Bliana cúigeacha, amhail sa Phlean Cur Chun Feidhme i ndáil le Dlús a chur le Forbairt Thionscal na nGluaisteán Nuafhuinnimh i Shang-hai: *"Tacú le SAIC Motor chun feithiclí nuafhuinnimh a fhorbairt. Faoi 2025, beidh díolacháin feithiclí paisinéirí branda féin-úinéireachta agus feithiclí nuafhuinnimh níos mó ná 30 %, agus beidh díolacháin feithiclí nuafhuinnimh an ghrúpa níos mó ná 20 %, lena n-áiritheofar go mbeidh an phríomhtheicneolaíocht faoi rialú neamhspleách agus seasamh cuimsitheach nirt agus ceannaireachta intíre aici. Cuideachtaí láidre intíre agus eachtrannacha a bhfuil teicneolaíocht cheannródaíoch acu a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i monaraíocht iomlán feithiclí agus i dtionscadail T&F i Shang-hai'* ([93]).

(250) Is minic a shainaithnítear príomhchuideachtaí feithiclí nuafhuinnimh agus go sonrach cuideachtaí feithiclí ceallraleictreacha i bpleananna cúigeacha agus bardasacha mar shamhlacha d'fhorbairt bhreise an tionscail trí thacaíocht rialtais. Sa Phlean Tógála Branda don Tionscal Gluaisteán Nuafhuinnimh i gCeantar *Pingshan*, aithnítear Shenzhen, ([94]) BYD agus Grúpa Gluaisteán Nuafhuinnimh Kaiwo mar bhonn chun leagan amach 'Ceanncheathrún T&F + Monaraíocht Ardleibhéil' a chur chun feidhme: "*Ag brath ar chumais láidre taighde agus forbartha fiontar gluaisteán nuafhuinnimh ar ardchaighdeán i gCeantar Pingshan, amhail BYD agus Kaiwo, neartú a dhéanamh ar thógáil coláistí agus ollscoileanna, institiúidí taighde, príomhshaotharlanna náisiúnta, saotharlanna innealtóireachta náisiúnta agus ionaid innealtóireachta agus feabhas a chur ar an nuálaíocht ar an leibhéal réigiúnach. An slabhra nuálaíochta a chomhlánú timpeall an tslabhra tionscail feithiclí nuafhuinnimh, feabhas a chur ar shlabhraí tionscail réamhtheachtacha agus iartheachtacha feithiclí nuafhuinnimh, ceallraí, soláthairtí cumhachta cumarsáide, (UPS), gunnaí luchtaithe, sreanga agus cáblaí, ceimiceáin sárthoilleora, ceimiceáin leathsheoltóra, etc. chun slabhra iomlán tionscail a chruthú. Leibhéal ard braislithe thionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh a áirithiú, leanúint de roinnt ardán nuálaíochta Tionscail teicneolaíochta a thógáil agus a thabhairt isteach a thacaíonn go dlúth le T&F agus monaraíocht feithiclí nuafhuinnimh, agus dlús a chur le tógáil córais nuálaíochta teicneolaíochta a chomhtháthaíonn go domhain táirgeadh, acadóirí, taighde agus cur i bhfeidhm. Fócas ar 'ceanncheathrú, Taighde agus Forbairt agus táirgeadh a chomhtháthú", gníomhartha a fhorbairt do chuideachtaí liostaithe chun fréamhacha a chur, gníomhartha a fhorbairt do phríomhfhiontair chun fás a chobhsú, agus dlús a chur le foirmiú leagan amach fheidhmiúil de "ceanncheathrú Taighde agus Forbartha + déantúsaíocht ardleibhéil'.* ([95])

([87]) 14ú Plean Forbartha Cúig Bliana Chúige Guizhou do Thionscal na nGluaisteán Nuafhuinnimh. Le fáil ag https://m.askci.com/news/zszc/20220317/1739301746254.shtml. Féach Caibidil III, Roinn 3, Colún 3.

([88]) Moltaí ó Choiste Pháirtí Bardasach Bhéising maidir leis an 14ú Plean Cúig Bliana agus na spriocanna fadtéarmacha do 2035 a fhoirmliú. Le fáil ag https://wb.beijing.gov.cn/home/gjjwzx/zgdt/202012/t20201207_2159122.html.

([89]) An 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Shang-hai i ndáil le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus achoimre ar na spriocanna fadtéarmacha do 2035. Le fáil ag https://www.shanghai.gov.cn/cmsres/8c/8c8fa1641d9f4807a6897a8c243d96ec/c70c2c6673ae425efd7c11f0502c3ee9.pdf.

([90]) Rialtas Bardasach Phobal Tianjin maidir le heisiúint 14ú Plean Cúig Bliana Tianjin i ndáil le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Achoimre ar Fhís 2035. Le fáil ag https://www.tj.gov.cn/zwgk/szfwj/tjsrmzf/202102/t20210208_5353467.html.

([91]) 14ú Plean Cúig Bliana Jiangsu i ndáil le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus achoimre ar na spriocanna fadtéarmacha do 2035. Le fáil ag http://www.jiangsu.gov.cn/module/download/downfile.jsp?classid=0&filename=ebff723535ca4bf8a5b3c604174c9db3.pdf.

([92]) Achoimre ar 14ú Plean Cúig Bliana Shaanxi i ndáil le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta an Chúige agus na Cuspóirí Fadraoin don Bhliain 2035. Le fáil ag http://www.shaanxi.gov.cn/xw/sxyw/202103/t20210302_2154680_wap.html.

([93]) Plean Cur Chun Feidhme i ndáil le Dlús a chur le Forbairt Thionscal na nGluaisteán Nuafhuinnimh i Shang-hai (2021-2025). Le fáil ag https://app.sheitc.sh.gov.cn/xnyqc/688177.htm. Féach Caibidil II, Alt 2, Pointe 1.

([94]) Le fáil ag https://www.sist.org.cn/psqxnyqccyyq/yqppjs/202008/t20200812_2302116.html.

([95]) Féach caibidil IV, Alt 1, Pointe 3.

Plean Oibre i ndáil le Fás Cobhsaí Thionscal na nGluaisteán (2023-2024)

(251) I mí Lúnasa 2023, d'eisigh MIIT agus seacht roinn eile Plean Oibre i ndáil le Fás Cobhsaí Thionscal na nGluaisteán (2023 – 2024) ([96]), arb é is cuspóir dó na *príomhspriocanna* a leagan síos maidir le forbairt eacnamaíoch thionscal na ngluaisteán. I measc na mbeart, baineann an chéad cheann leis an gcáin tomhaltais ar fheithiclí nuafhuinnimh, agus sainordaítear leis cur chun feidhme '*beartais fhabhracha atá ann cheana amhail cáin ar fheithiclí agus ar shoithí agus cáin ar cheannach feithiclí le haghaidh feithiclí nuafhuinnimh, jab maith a dhéanamh maidir le himréiteach agus athbhreithniú a dhéanamh ar chistí fóirdheontais d'fheithiclí nuafhuinnimh, agus méadaigh go gníomhach cion an tomhaltais phearsanta atá ag feithiclí nuafhuinnimh*'. Ina theannta sin, tá treoracha san fhógra freisin maidir le tacaíocht bheartais a mhéadú d'fheithiclí nuafhuinnimh, amhail: *"Beartais chánach fhabhracha maidir le ceannach feithiclí a chur chun feidhme d'fheithiclí nuafhuinnimh chun ionchais tionscail a chobhsú. Úsáid caipitil shóisialta a spreagadh chun cistí forbartha thionscal na ngluaisteán a bhunú agus tacaíocht do phríomhthaighde teicneolaíochta a mhéadú. Ionstraimí airgeadais éagsúla a úsáid amhail creidmheas, bannaí agus árachas chun tacú le forbairt fiontair'*.

(252) Dá bhrí sin, tá neart fianaise dhoiciméadaithe ann a léiríonn an tacaíocht pholaitiúil d'fhorbairtí brostaithe thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha.

(253) I bhfianaise na bpleananna agus na gclár thuasluaite, meastar mar sin gur tionscal tábhachtach/straitéiseach é an tionscal BEV, a bhfuil a fhorbairt á saothrú go gníomhach ag Rialtas na Síne mar chuspóir beartais. Léirítear go bhfuil earnáil na bhfeithiclí ceallra-leictreacha ríthábhachtach do Rialtas na Síne agus faigheann sí tacaíocht pholaitiúil dá forbairt luathaithe. Lena n-áirítear ó ionchuir ríthábhachtacha go dtí an táirge deiridh. Ar bhonn na ndoiciméad beartais dá dtagraítear san alt seo, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndéanann Rialtas na Síne idirghabháil i dtionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha chun na beartais ghaolmhara a chur chun feidhme agus go gcuireann sé isteach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh in earnáil na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, go háirithe trí thacú leis an earnáil agus í a chur chun cinn trí mhodhanna éagsúla agus trí phríomhchéimeanna ina dtáirgeadh agus ina ndíol.

3.3. **Neamh-chomhoibriú agus úsáid fíoras atá ar fáil**

3.3.1. ***Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le GOC***

(254) Cé gur fhreagair Rialtas na Síne d'iarrataí áirithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún le linn an imscrúdaithe, bhí cásanna suntasacha de leibhéal íseal comhair ann. Go sonrach, ina fhreagra ar cheistneoir an rialtais, theip ar Rialtas na Síne faisnéis bhunriachtanach a sholáthar maidir le scéimeanna éagsúla a ullmhú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a chur chun feidhme. Rinneadh na heilimintí fíorthábhachtacha sin go léir a dhoiciméadú go mion sa litir maidir le hAirteagal 28 a seoladh chuig Rialtas na Síne. Thug Rialtas na Síne freagra le barúlacha, ar thug an Coimisiún aghaidh orthu sna ranna thíos.

3.3.1.1. Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le hiasachtú fabhrach

(255) D'fhonn an fhaisnéis is gá a fháil go héifeachtach ó na hinstitiúidí airgeadais sa tSín agus ar mhaithe le háisiúlacht riaracháin, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ceistneoirí sonracha a chur ar aghaidh chuig aon institiúid airgeadais a sholáthair iasachtaí nó creidmheasanna onnmhairiúcháin do na cuideachtaí sampláilte.

([96]) Fógra ón Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise agus seacht roinn eile maidir leis an bplean oibre a eisiúint chun fás i dtionscal na ngluaisteán a chobhsú (2023-2024). Le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/202309/content_6901733.htm.

(256) Mheas Rialtas na Síne gur sháraigh iarraidh an Choimisiúin ar Rialtas na Síne an ceistneoir sonrach a chur ar aghaidh Airteagal 12.1 agus Airteagal 12.9 de Chomhaontú SCM. Mheas sé gur ar an údarás imscrúdaithe atá an oibleagáid an t-imscrúdú a dhéanamh agus faisnéis a bhailiú ó institiúidí airgeadais agus nach féidir leis iarraidh ar Rialtas na Síne na ceistneoirí a chur ar aghaidh chuig institiúidí airgeadais ar thoimhde gur comhlachtaí poiblí iad na heintitis sin. D'áitigh sé go bhfuil an cur chuige toimhdean sin ar neamhréir le hAirteagal 1.1(a)(1) de Chomhaontú SCM. D'áitigh Rialtas na Síne freisin go raibh rochtain ag an gCoimisiún cheana féin ar liosta bhainc thráchtála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus go bhféadfadh sé na ceistneoirí a sheoladh go díreach chuig na hinstitiúidí airgeadais atá i gceist.

(257) Shonraigh Rialtas na Síne freisin nár tugadh fógra cuí do na hinstitiúidí airgeadais faoin bhfaisnéis a éilítear orthu, nár tugadh 30 lá dóibh chun an fhaisnéis a iarradh a sholáthar agus nár tugadh go leor deiseanna dóibh ach oiread an fhaisnéis ábhartha a sholáthar i scríbhinn de réir bhrí Airteagal 12.1 de Chomhaontú SCM. Thairis sin, mheas Rialtas na Síne freisin nach bhfuil cead ag baill foirne na mbanc tráchtála sin rúin stáit nó rúin tráchtála a nochtadh ar tháinig siad ar an eolas fúthu le linn a bhfostaíochta de réir Airteagal 53 de Dhlí na mBanc Tráchtála, agus dá bhrí sin nach féidir leo freagra a thabhairt ar an gceistneoir.

(258) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Ar an gcéad dul síos, tuigtear don Choimisiún go bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ar eintitis atá faoi úinéireacht an Stáit ar fáil do Rialtas na Síne do gach eintiteas ina bhfuil Rialtas na Síne ar an príomh-scairshealbhóir nó ina bhfuil na scaireanna is mó aige. Ina theannta sin, cé nár ghlac an Coimisiún leis ar bhealach ar bith gur comhlachtaí poiblí iad na heintitis, mheas sé go bhfuil an t-údarás is gá ag Rialtas na Síne chomh maith chun idirghníomhú leis na hinstitiúidí airgeadais fiú nuair nach bhfuil siad faoi úinéireacht an Stáit, ós rud é go dtagann siad go léir faoi dhlínse an Riaracháin Náisiúnta um Rialáil Airgeadais ('NFRA'), a tháinig in ionad Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('CBIRC') ([97]) in 2023. I ndáil leis sin, ní bhaineann sé le hábhar go bhféadfadh an Coimisiún dul i dteagmháil go díreach leis na hinstitiúidí airgeadais lena mbaineann. Tá an fhoirm agus na rialacha mionsonraithe chun an fhaisnéis is gá a bhailiú fós faoi rogha an údaráis imscrúdaithe. ([98]) Thug an Coimisiún dá aire freisin gur chuir Rialtas na Síne an ceistneoir ar aghaidh chuig bainc áirithe in imscrúduithe roimhe seo ([99]) gan an cur chuige a ghlac an Coimisiún a cheistiú. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a iarradh agus leis an sprioc-am chun freagra ceistneora a chur isteach, ní bhfuair an Coimisiún aon iarraidh ar shoiléiriú ná ar shíneadh leis an sprioc-am ó aon institiúid airgeadais. Níor iarr banc Onnmhairiúcháin-Allmhairiúcháin na Síne ('Banc EXIM'), a chuir freagra ceistneora isteach, aon soiléiriú ach oiread.

(259) Thug an Coimisiún dá aire freisin gur chuir Rialtas na Síne an ceistneoir ar aghaidh chuig Banc EXIM amháin. Thug an Coimisiún dá aire freisin gurbh é banc EXIM an t-aon bhanc a thug freagra ceistneora tar éis dó an ceistneoir a fháil mar a chuir Rialtas na Síne ar aghaidh é. Chuir banc EXIM freagra ceistneora ar fáil laistigh den sprioc-am ar cuireadh síneadh leis a comhaontaíodh. Cé go raibh an ceistneoir easnamhach, thug an Coimisiún dá aire go raibh neart deiseanna ag banc EXIM go deimhin an fhaisnéis ábhartha a sholáthar i scríbhinn. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá mba rud é gur chuir Rialtas na Síne an ceistneoir ar aghaidh chuig institiúidí airgeadais eile, gur dócha go bhfaigheadh an Coimisiún níos mó freagraí.

(260) Níor dhírigh an Coimisiún a cheistneoir ar fhoireann na n-institiúidí airgeadais ach ar na hinstitiúidí féin. In aon chás, ní bhaineann sé le hábhar go bhféadfaí faisnéis áirithe a mheas mar rún Stáit nó tráchtála faoi chuimsiú imeacht frith-fhóirdheontais i bhfianaise na rúndachta lena gcaitear le haon fhaisnéis a chuirtear isteach a mheastar a bheith faoi rún. Thairis sin, iarradh ar na táirgeoirí sampláilte údarú bainc a sholáthar lena dtugtar cead sainráite d'ionadaithe an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar na doiciméid uile ([100]) a bhaineann leis na hiasachtaí arna soláthar ag institiúidí airgeadais aonair. Sholáthair cuid de na grúpaí sampláilte an t-údarú a iarradh le haghaidh cineálacha áirithe iasachtaí.

([97]) Tháinig NFRA in ionad Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('CBIRC') in 2023.

([98]) Tuarascáil ón bPainéal, *An tSín – Táirgí Gríoscachán (Airteagal 21.5 – SAM)*, míreanna 7.229-7.231. WT/DS427

([99]) Féach aithris (139) in IO L 325, 5.12.2013, lgh. 88 agus aithris (48) in IO L, 283, 12.11.2018, lch. 7.

([100]) Mar shampla, ach gan a bheith teoranta do: comhaontuithe iasachta, iarratais ar iasacht, measúnú inmheánach ar an mbanc ar an iarratas ar iasacht, doiciméid formheasa iasachta.

(261) Mar a luaitear in aithris (259), ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ceistneora ach ó bhanc EXIM. Ní raibh sa fhreagra ceistneora ach faisnéis maidir le struchtúr corparáideach, rialachas agus úinéireacht. A mhéid a bhaineann le húinéireacht, ní raibh banc EXIM in ann faisnéis scairshealbhaíochta bhreise a sholáthar maidir le ceann dá scairshealbhóirí; i.e. Wutongshu Investment Platform Co., Ltd. a bhí i seilbh gar do 90 % dá scaireanna. Níor sholáthair banc EXIM aon fhaisnéis maidir leis na hiasachtaí (nó ionstraimí maoinithe eile) do na táirgeoirí sampláilte. In éagmais freagra ó aon institiúid airgeadais, ní bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis infhíoraithe a bhaineann go sonrach le cuideachta maidir le maoiniú fabhrach.

(262) In éagmais na faisnéise sin, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé aon fhaisnéis ríthábhachtach a bhaineann leis an ngné sin den imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go bhféadfadh sé go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán le linn dó scrúdú a dhéanamh ar an bhfóirdheonú líomhnaithe a deonaíodh trí mhaoiniúchán fabhrach agus ar mhéid an fhóirdheonaithe sin.

(263) Thuairiscigh táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte eisiúint bannaí glasa agus urrús de bhun sócmhainní le linn an imscrúdaithe. Cé nach bhfuil sna bannaí sin ach éagsúlacht ar na bannaí a frithchúitíodh cheana in imscrúduithe roimhe seo mar chuid den chlár iasachtaithe fhabhraigh, ba chosúil go raibh siad á rialú ag creat reachtach agus rialála a bhain go sonrach le tionscail ghlasa, lena mbaineann earnáil na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. D'aithin an Coimisiún breis agus deich gcinn de dhoiciméid reachtacha agus rialála amhail '*NDRC: Treoirlínte maidir le Bannaí Glasa a Eisiúint*', '*Catalóg Tionscadail Tacaíochta Bannaí Glasa (Eagrán 2021) arna n-eisiúint ag na trí aireachtaí agus coimisiúin lena n-áirítear People's Bank of China*' agus 'Fógrán People's Bank of China [2015] Uimh. 39 maidir le Bannaí Airgeadais Glasa a Eisiúint i Margadh Bannaí Idirbhainc' a bhaineann leis na bannaí sonracha sin agus d'iarr siad ar Rialtas na Síne míniú a thabhairt ar an gcreat rialála maidir le cistiú glas agus urrúis de bhun sócmhainní a eisiúint agus a bhainistiú agus ar ról gach ceann de na gníomhaithe lena mbaineann, lena n-áirítear cuideachtaí airgeadais gluaisteán. Dhiúltaigh Rialtas na Síne an fhaisnéis sin a chur ar fáil agus d'áitigh sé nár cuireadh tuairisc iomlán ar an gclár ar fáil in iarraidh an Choimisiúin agus nár cuireadh aon fhianaise ar fáil sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht fianaise maidir le ranníocaíocht airgeadais, sochar agus sainiúlacht a mhéid a bhaineann leis na bannaí sin. Ina theannta sin, le linn na cuairte fíorúcháin ar an láthair, dhiúltaigh Rialtas na Síne plé a dhéanamh ar an ábhar áirithe sin agus ceisteanna an Choimisiúin a fhreagairt.

(264) Thug an Coimisiún dá aire gur liostaíodh soláthar an mhaoinithe fhabhraigh trí eisiúint na mbannaí sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise agus nár chuir Rialtas na Síne in aghaidh scéim den sórt sin a bheith ann sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Mheas an Coimisiún freisin nach bhfuil sna bannaí glasa agus sna hurrúis de bhun sócmhainní ach athrú ar an scéim sin, atá comhchosúil lena chéile i bhformhór na ngnéithe.

(265) An 21 Bealtaine 2024, chuir Rialtas na Síne barúlacha isteach maidir le litir an Choimisiúin dar dáta an 8 Bealtaine 2024 ina léirítear go bhfuil sé ar intinn aige na fíorais atá ar fáil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán ('Litir Airteagal 28').

(266) Mar fhreagairt ar an iarraidh Foscríbhinn A a chur ar aghaidh chuig na hinstitiúidí airgeadais, mhaígh Rialtas na Síne gur cheart don Choimisiún a iarrataí ar fhaisnéis a dhíriú go díreach chuig na heintitis ábhartha. Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne gur eintitis eacnamaíocha neamhspleácha iad institiúidí airgeadais, nach bhfuil cleamhnaithe le Rialtas na Síne. Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne go n-iarrtar le Foscríbhinn A faisnéis rúnda agus faisnéis atá íogair ó thaobh gnó de.

(267) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Ar dtús báire, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an fhaisnéis a fiafraíodh d'eintitis faoi úinéireacht stáit (cuideachtaí nó institiúidí poiblí/airgeadais) ar fáil do Rialtas na Síne le haghaidh na n-eintiteas uile i gcás inarb é Rialtas na Síne an príomh-scairshealbhóir nó an mór-scairshealbhóir. Go deimhin, de réir Dhlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sócmhainní Fiontar faoi Úinéireacht Stáit ([101]), déanann gníomhaireachtaí maoirseachta agus riaracháin sócmhainní faoi úinéireacht an Stáit arna mbunú ag Coimisiún Maoirseachta agus Riaracháin Sócmhainní na Comhairle Stáit faoi úinéireacht an Stáit agus rialtais na ndaoine áitiúla dualgais agus freagrachtaí ranníocóir caipitil fiontair faoi infheistíocht Stáit thar ceann an rialtais. Dá bhrí sin, tá gníomhaireachtaí den sórt sin i dteideal torthaí ar shócmhainní a fháil, páirt a ghlacadh

([101]) Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sócmhainní Fiontair faoi Úinéireacht Stáit, Foraithne Uimh. 5 ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne, 28 Deireadh Fómhair 2008, Airteagal 11 & Airteagal 12

i mórchinnteoireacht agus pearsanra bainistíochta fiontar Stát-infheistithe a roghnú. Thairis sin, de réir Airteagal 17 den Dlí thuasluaite maidir le Sócmhainní faoi Úinéireacht Stáit, glacfaidh fiontair Stát-infheistithe le riarachán agus maoirseacht ag rialtais agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha, glacfaidh siad le maoirseacht phoiblí, agus beidh siad freagrach do ranníocóirí caipitil.

(268) Ina theannta sin, tá an t-údarás is gá ag Rialtas na Síne idirghníomhú leis na hinstitiúidí airgeadais fiú nuair nach bhfuil siad faoi úinéireacht stáit, ós rud é go dtagann siad uile faoi dhlínse údarás rialála baincéireachta na Síne. Mar shampla, de réir Airteagail 33 agus 36 den Dlí Maoirseachta Baincéireachta ([102]), tá sé d'údarás ag NFRA a cheangal ar gach institiúid airgeadais atá bunaithe i nDaon-Phoblacht na Síne faisnéis a chur isteach, amhail ráitis airgeadais, tuarascálacha staidrimh agus faisnéis a bhaineann le hoibríochtaí agus bainistiú gnó. Is féidir le NFRA ordú d'institiúidí airgeadais faisnéis a nochtadh don phobal freisin.

(269) Mhaígh Rialtas na Síne gur mhínigh sé sásra socraithe an Bhonnráta Iasachta ('LPR'), agus luaigh sé easpa soiléireachta maidir le hiarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis i ndáil leis an gCóras Bainistíochta Creidmheasa agus Meastóireachta Iasachta. Maidir le bannaí glasa, mhaígh Rialtas na Síne go raibh easpa soiléireachta agus beachtais in iarrataí an Choimisiúin, rud a chuir cosc orthu freagra cruinn a thabhairt.

(270) Mheas an Coimisiún nach raibh bunús leis na barúlacha. Chuir an Coimisiún ceisteanna sonracha soiléire agus ábhartha arís agus arís eile, ar dhiúltaigh Rialtas na Síne faisnéis ábhartha a sholáthar ina leith. Níor chuir Rialtas na Síne an fhaisnéis riachtanach ar fáil a d'fhéadfadh tuiscint ar shásra socraithe an Bhonnráta Iasachta a chumasú, rud a thacódh le freagra Rialtas na Síne i ndáil leis sin. Ar an gcaoi chéanna, theip ar Rialtas na Síne bunús dlí agus creat rialála an Chórais Bainistíochta Creidmheasa agus Meastóireachta Iasachta a sholáthar. Thairis sin, ina iarraidh ar fhaisnéis, thagair an Coimisiún do roinnt doiciméad oifigiúil sonrach a bhaineann le bannaí glasa agus cuideachtaí airgeadais gluaisteán, nár sholáthair Rialtas na Síne an creat dlíthiúil agus rialála ina leith, ná nach raibh Rialtas na Síne toilteanach míniú a thabhairt ar cad is banna glas ann d'ainneoin a luaitear i ndoiciméid oifigiúla.

(271) Maidir le Banc EXIM, mhaígh Rialtas na Síne nach bhféadfaí a mheas go raibh gá leis an bhfaisnéis a iarradh. Ina theannta sin, mhaígh Rialtas na Síne go raibh rúin trádála san fhaisnéis a iarradh agus nárbh fhéidir le Banc EXIM í a sholáthar. Thairis sin, ba cheart faisnéis ábhartha a bheith faighte ag an gCoimisiún ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(272) Thug an Coimisiún dá aire gur faoin gCoimisiún atá sé a chinneadh cén fhaisnéis a mheastar a bheith riachtanach don imscrúdú agus ní faoi pháirtí atá sé an cinneadh sin a dhéanamh. Ina theannta sin, tá nasc díreach ag an bhfaisnéis a bhaineann le banc EXIM leis an scéim a imscrúdaíodh. Dá bhrí sin, tá an fhaisnéis a iarradh ábhartha agus riachtanach araon chun go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú ceart a dhéanamh ar an scéim. Ar deireadh, mheabhraigh an Coimisiún nach amháin go bhfuil údarás rialála ag Rialtas na Síne ach go bhfuil freagrachtaí air freisin maidir le bainistiú Bhanc EXIM. Dá dheasca sin, ní féidir le Rialtas na Síne an fhreagracht as faisnéis a sholáthar a aistriú go hiomlán chuig na táirgeoirí samplacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh.

(273) In éagmais na faisnéise a iarradh, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé aon fhaisnéis ríthábhachtach a bhaineann leis an ngné sin den imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go mb'fhéidir go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán le linn dó scrúdú a dhéanamh ar an bhfóirdheonú líomhnaithe a deonaíodh trí mhaoiniú fabhrach, agus ar mhéid an fhóirdheonaithe sin, lena n-áirítear bannaí glasa agus urrúis de bhun sócmhainní a eisiúint.

3.3.1.2. Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le hábhair ionchuir

(274) Chun an fhaisnéis is gá a fháil ó sholáthróirí neamhchomhlachaithe na n-ábhar ionchuir (páirteanna, comhpháirteanna, agus amhábhair) atá lonnaithe sa tSín go héifeachtach agus ar mhaithe le caoithiúlacht riaracháin, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ceistneoir sonrach a chur ar aghaidh chuig soláthróirí ábhar ionchuir chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte mar a chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte in iúl do Rialtas na Síne.

([102]) Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Rialáil agus Maoirseacht ar an Tionscal Baincéireachta, Ordú Uimh. 58 ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne, 31 Deireadh Fómhair 2006

(275) Mheas Rialtas na Síne gur sháraigh iarraidh an Choimisiúin ar Rialtas na Síne an ceistneoir sonrach a chur ar aghaidh Airteagal 12.1 agus Airteagal 12.9 de Chomhaontú SCM. Mheas sé gur ar an údarás imscrúdaithe atá an oibleagáid an t-imscrúdú a dhéanamh agus faisnéis a bhailiú ó sholáthróirí ábhair ionchuir agus nach féidir leis a iarraidh ar Rialtas na Síne na ceistneoirí a chur ar aghaidh chuig eintitis tráchtála neamhspleácha ar thoimhde gur comhlachtaí poiblí iad na heintitis sin. D'áitigh sé go bhfuil an cur chuige toimhdean sin ar neamhréir le hAirteagal 1.1(a)(1) de Chomhaontú SCM. D'áitigh Rialtas na Síne freisin go raibh rochtain ag an gCoimisiún cheana féin ar liosta sholáthróirí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus go bhféadfadh sé na ceistneoirí a sheoladh go díreach chucu.

(276) Shonraigh Rialtas na Síne freisin nár tugadh fógra iomchuí do na soláthróirí ionchuir faoin bhfaisnéis a éilítear orthu, nár tugadh 30 lá dóibh chun an fhaisnéis a iarradh a sholáthar agus nár tugadh go leor deiseanna dóibh ach oiread an fhaisnéis ábhartha a sholáthar i scríbhinn de réir bhrí Airteagal 12.1 de Chomhaontú SCM.

(277) Thairis sin, d'áitigh sé go bhféadfaí soláthróirí a dhíspreagadh a bhfreagraí a chur isteach, ina mbeadh faisnéis rúnda, trí Rialtas na Síne, agus nach raibh treoracha sa cheistneoir maidir le leagan neamhrúnda a chur isteach.

(278) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire gur áiríodh sa cheistneoir a seoladh chuig Rialtas na Síne treoracha inar iarradh air fianaise a sholáthar gur chuir sé an ceistneoir ar aghaidh chuig na soláthróirí ionchuir go deimhin. Níor chuir Rialtas na Síne fianaise den sórt sin ar fáil ina fhreagra ar an gceistneoir. In éagmais fianaise den sórt sin, mheas an Coimisiún go raibh na maímh a bhaineann leis na gnéithe praiticiúla a bhaineann leis an gceistneoir atá le seoladh chuig soláthróirí ionchuir gan bhunús.

(279) Níor thug Rialtas na Síne forléargas ar ainmneacha ná ar struchtúr úinéireachta sholáthróirí Síneacha na n-ábhar ionchuir atá faoi imscrúdú, ag maíomh gur faisnéis rúnda a bhí ann nó nach raibh an fhaisnéis ar fáil. Thairis sin, níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis mhionsonraithe ar an gcuid is mó de shaintréithe an mhargaidh baile sa tSín d'ábhair ionchuir le haghaidh BEV, ina measc an méid seo a leanas: an sciar de na fiontair faoi úinéireacht an stáit sa táirgeadh agus sa tomhaltas intíre, méid an mhargaidh intíre, beartais phraghsála an Stáit agus/nó na bhfiontar faoi úinéireacht an Stáit, praghsanna iarbhír na n-ábhar ionchuir sa mhargadh intíre, agus staidreamh.

(280) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ón gCoimisiún maidir leis na heilimintí a liostaítear thuas, lena n-áirítear struchtúr an mhargaidh baile, sásraí socraithe praghsanna agus praghsanna, agus scairshealbhóireacht chuideachtaí, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé aon fhaisnéis ríthábhachtach a bhain leis an imscrúdú.

(281) Ina fhreagra ar Litir Airteagal 28 ón gCoimisiún, chuir Rialtas na Síne i gcoinne chur i bhfeidhm na bhfíoras atá ar fáil.

(282) Maidir leis an bhfaisnéis faoi pháirteanna agus comhpháirteanna éagsúla agus amhábhair éagsúla, d'athdhearbhaigh Rialtas na Síne a argóint nach raibh aon fhaisnéis aige faoi sholáthróirí páirteanna agus comhpháirteanna, nach raibh aon smacht aige ar na soláthróirí, go raibh sé dodhéanta iallach a chur orthu comhoibriú agus gurb é an Coimisiún ba cheart aghaidh a thabhairt ar na hiarrataí. Ina theannta sin, mhaígh sé go raibh an fhaisnéis a d'iarr an Coimisiún róleathan, nach raibh gá léi don imscrúdú agus gur leathnaíodh raon feidhme an imscrúdaithe go neamhdhleathach. Ar an gcaoi chéanna, i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le Comhlachas Thionscal Ceallraí na Síne, ('CBIA'), mhaígh sé freisin nach raibh aon smacht aige ar CBIA, nach bhfuil cleamhnaithe go foirmiúil le Rialtas na Síne, agus gur cheart don Choimisiún a iarrataí a dhéanamh go díreach leis an gcomhlachas.

(283) Ar deireadh, maidir le faisnéis faoi tháirgeadh, tomhaltas, struchtúr mhargadh an tsoláthróra intíre agus leaisteachas, d'áitigh Rialtas na Síne nach raibh na sonraí ar fáil dó.

(284) Thug an Coimisiún dá aire gur faoin gCoimisiún atá sé a chinneadh cén fhaisnéis a mheastar a bheith riachtanach don imscrúdú agus ní faoi pháirtí an cinneadh sin a dhéanamh. Ní féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an argóint ach oiread go bhfuil an iarraidh ar fhaisnéis róleathan ós rud é, i bhfianaise líon na soláthróirí agus na n-ábhar ionchuir lena mbaineann, go n-éilítear leis an bhfaisnéis, de réir sainmhínithe, méid mór sonraí a bhailiú. Thairis sin, maidir leis an argóint nach bhfuil aon rialú ag Rialtas na Síne ar na soláthróirí agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé dodhéanta iallach a chur orthu comhoibriú a dhéanamh, thagair an Coimisiún do na cúiseanna a mhínítear in aithris (278) thuas ar mheas sé go raibh na maímh sin inphléite ina leith.

(285) A mhéid a bhaineann leis an maíomh maidir le raon feidhme leathnaithe, thug an Coimisiún dá aire go raibh an scéim áirithe sin mar chuid den Mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise cheana féin, gur áiríodh í san fhógra tionscnaimh agus mar chuid de na comhairliúcháin le Rialtas na Síne. Dá bhrí sin, níor leathnaíodh an fhaisnéis a iarradh riamh thar an raon feidhme bunaidh.

(286) Thug an Coimisiún faoi deara ar dtús nár chaith Rialtas na Síne aon amhras sa mhéid nár chuir sé faisnéis ar fáil maidir le haon cheann de na comhlachais eile a d'iarr an Coimisiún faisnéis faoi, eadhon CBIA, Comhlachas Tionscail monaraíochta miotail neamhfheiriúil na Síne ('CNFA'), Comhlachas Tionscail Foinsí Cumhachta na Síne ('CIAPS'), Comhlachas Tionscail Fótavoltach na Síne ('CPIA'), Comhlachas Thionscal Mhiotail Neamhfheiriúil na Síne ('CNMIA') agus Comhlachas Tionscail Próiseála Miotal Neamhfheiriúil na Síne ('CNMPIA'). Thairis sin, mar a thuairiscítear in aithris (278), theip ar Rialtas na Síne fianaise a sholáthar gur chuir sé na ceistneoirí ar aghaidh chuig soláthróirí nó chuig CBIA. Is ábhar imní é an easpa fianaise den sórt sin maidir le comhar san imscrúdú. Ní féidir leis an gCoimisiún glacadh leis nach raibh aon fhaisnéis de chineál ar bith ag Rialtas na Síne maidir le struchtúr mhargaí na soláthróirí intíre. Mar a thuairiscítear i Roinn 3.7.2 thíos, shuigh an Coimisiún go bhfuil scaireanna ag an Stát i roinnt soláthróirí ceallraí agus litiam. Dá bhrí sin, ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (268), tá go leor bealaí ag an Stát chun faisnéis a bhailiú ar mhaithe le sonraí a bhailiú d'fhiontair Stát-infheistithe. Ina theannta sin, mar is léir ó ról díreach CBIA agus CIAPS ar mhargaí na soláthróirí, tá roinnt bealaí eile ag an Stát chun sonraí a bhailiú do gach eintiteas atá faoi úinéireacht an Stáit agus d'eintitis eile a oibríonn ar mhargaí na soláthróirí. Ar deireadh, is gné dhílis de na feidhmeanna a fheidhmíonn stát ceannasach de ghnáth é staidreamh foriomlán a bhailiú maidir le tomhaltas, táirgeadh, struchtúr an mhargaidh agus praghsanna. Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ó Rialtas na Síne maidir leis na heilimintí a liostaítear thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nach bhfuair sé faisnéis ríthábhachtach atá ábhartha don imscrúdú agus go raibh air brath ar fhíorais atá ar fáil dá thorthaí maidir le hábhair ionchuir.

3.3.1.3. Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán i ndáil leis an mBeartas Fóirdheontais Fhioscaigh maidir le Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm

(287) D'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ceistneoir a chomhlánú ina bhfuil ceisteanna sonracha maidir leis an mBeartas Fóirdheontais Fhioscaigh chun an scéim um Fheithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm. Ina fhreagra, níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis bhunúsach a iarradh maidir le heilimintí éagsúla amhail ullmhú, faireachán agus cur chun feidhme na scéime, chomh maith leis na measatacháin ar mhéideanna na bhfeithiclí a raibh feidhm ag an scéim maidir leo.

(288) Níor nocht Rialtas na Síne aon doiciméad ullmhúcháin (indéantacht, torthaí a bhfuil coinne leo), ná doiciméid idirmheánacha ná deiridh (measúnú ar thorthaí, tionchar ar fhorbairt thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, dáileadh sochar idir táirgeoirí agus tomhaltóirí). Níor shainaithin sé ná níor mhínigh sé na cineálacha taifead a choinníonn na húdaráis ábhartha maidir leis an gclár.

(289) Ar an gcaoi chéanna, theip ar Rialtas na Síne sceideal íocaíochta an rialtais a sholáthar do na feithiclí ceallra-leictreacha a díoladh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, níor sholáthair sé méideanna iomlána na bhfóirdheontas a aistríodh i dtaca le hiarratais feithiclí ceallra-leictreacha le 4 bliana anuas. Ina theannta sin, theip air an bonn a sholáthar ar ar laghdaíodh an fóirdheontas in aghaidh na feithicle thar na blianta. Níor sholáthair sé ach an oiread an líon feithiclí ceallra-leictreacha ar aistríodh fóirdheontais ina leith ó 2018 i leith. Thairis sin, ní raibh Rialtas na Síne in ann míniú a thabhairt ar an nós imeachta chun na cistí a éileamh i gcás feithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe.

(290) Thairis sin, ní raibh Rialtas na Síne in ann na nithe seo a leanas a chur ar fáil: i) táblaí comhdhlúite bliantúla ina léirítear na méideanna a íocadh in aghaidh an táirgeora eachtraigh in aghaidh na samhla allmhairithe le ceithre bliana anuas; ii) iarrataí ó chuideachtaí eachtracha ar threoracha maidir le socrú an iarratais ar chistí fóirdheontais fhioscaigh in 2020-2023; iii) líon na bhfeithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe ar aistríodh cistí ina leith le linn na tréimhse imscrúdúcháin nó le linn na mblianta roimhe sin.

(291) Ar deireadh, theip ar Rialtas na Síne míniú a thabhairt i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil scéimeanna comhchosúla ann ar an leibhéal lárnach nó ar an leibhéal na gcúigí.

(292) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ó Rialtas na Síne maidir leis na heilimintí uile a liostaítear thuas, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé faisnéis ríthábhachtach a bhaineann leis an imscrúdú.

(293) Ina fhreagra ar Litir Airteagal 28 ón gCoimisiún, chuir Rialtas na Síne i gcoinne chur i bhfeidhm na bhfíoras atá ar fáil.

(294) Mhaígh Rialtas na Síne nach raibh rochtain aige ar fhaisnéis a bhaineann le staidéir indéantachta, torthaí a bhfuil coinne leo, doiciméid idirmheánacha ná doiciméid deiridh.

(295) Mhaígh Rialtas na Síne freisin nach mbaineann faisnéis le hábhar maidir le sceideal íocaíochta an rialtais do na feithiclí ceallra-leictreacha a díoladh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, cineál na dtaifead a choinníonn na rialtais ábhartha i ndáil leis an gclár agus líon na bhfeithiclí ceallra-leictreacha ar aistríodh fóirdheontais ina leith agus na díolacháin dearbhaithe feithiclí ceallra-leictreacha agus nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin don imscrúdú reatha.

(296) Maidir le faisnéis faoi na méideanna a íocadh le táirgeoirí eachtracha faoin gclár de réir na samhla, mhaígh Rialtas na Síne nach raibh an fhaisnéis sin aige agus go raibh sí neamhábhartha agus neamhriachtanach chun críocha an imscrúdaithe reatha.

(297) Thug an Coimisiún dá aire an mhídhóchúlacht mhór nár choinnigh Rialtas na Síne faisnéis maidir le staidéir indéantachta nó torthaí ionchasacha cláir a bhí i bhfeidhm le roinnt blianta anuas, a ndearnadh athbhreithnithe agus coigeartuithe iomadúla air ar bhonn meastóireachtaí, agus, níos tábhachtaí fós, a raibh méideanna suntasacha den bhuiséad lárnach arna bhainistiú ag Rialtas na Síne i gceist leis. Ba cheart roinnt faisnéise faoi na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus faisnéis faoi na cuideachtaí a thairbhíonn de na cláir sin a bheith ag teastáil ó na hathmheastóireachtaí sin. Dá bhrí sin, a mhéid a mheastar go bhfuil gá leis an bhfaisnéis chun go dtiocfaidh an Coimisiún ar a chonclúidí, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.

(298) A mhéid a bhaineann le hábharthacht na faisnéise, thug an Coimisiún dá aire gur faoin gCoimisiún atá sé a chinneadh cé acu faisnéise a mheastar a bheith riachtanach don imscrúdú agus ní faoi aon pháirtí atá sé an cinneadh sin a dhéanamh. Ina theannta sin, tá nasc díreach ag scéim íocaíochta an rialtais le táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha bunaithe ar a ndíolacháin feithiclí ceallra-leictreacha, na méideanna a eisíoctar le táirgeoirí intíre i gcomparáid le táirgeoirí eachtracha, agus na taifid a choimeádtar ar na heisíocaíochtaí sin leis an scéim fóirdheontais líomhnaithe chun sainiúlacht i measc gnéithe eile a ríomh agus a chinneadh. Dá bhrí sin, tá an fhaisnéis a iarrtar ábhartha agus riachtanach araon chun go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú ceart a dhéanamh ar an scéim.

(299) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin go raibh air brath ar fhíorais a bhí ar fáil dá thorthaí maidir leis an mBeartas Fóirdheontais Fhioscaigh chun an scéim um Fheithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm.

3.3.1.4. Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán i ndáil le cláir dheontais/fóirdheontais eile lena n-áirítear scéimeanna rialtais stáit/réigiúnaigh/áitiúil

(300) D'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne faisnéis a sholáthar maidir le scéimeanna fóirdheontais ar an leibhéal náisiúnta, cúigeach nó bardasach lenar tugadh sochar do tháirgeoirí/d'onnmhaireoirí an táirge faoi imscrúdú le linn na 3 bliana féilire roimh an tréimhse imscrúdúcháin agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Níor sholáthair Rialtas na Síne aon fhaisnéis ina leith sin, agus ba chosúil nach ndeachaigh sé i dteagmháil le haon údarás fo-lárnach, bíodh sé ar an leibhéal cúigeach nó bardasach, chun an fhaisnéis a iarradh a bhailiú.

(301) Ina fhreagra ar Litir Airteagal 28 ón gCoimisiún, chuir Rialtas na Síne i gcoinne chur i bhfeidhm na bhfíoras atá ar fáil.

(302) Mhaígh Rialtas na Síne nach raibh faireachán á dhéanamh aige ar na deontais a fuair cuideachtaí ó rialtais fho-lárnacha. Thairis sin, d'áitigh sé gur fhág an easpa sainiúlachta i gceist an Choimisiúin go raibh sé ina ualach trom ar Rialtas na Síne faisnéis fhairsing a bhailiú ó chúigí agus ó bhardais uile na Síne. Ar deireadh, mhaígh sé go ndearna táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne doiciméadacht ábhartha a sholáthar.

(303) Thug an Coimisiún dá aire nach dócha nár choinnigh Rialtas na Síne aon fhaisnéis nó nach bhfuil sé i dteideal faisnéis a iarraidh ar na cúigí agus ar na bardais maidir le hairgead tirim arna aistriú ag Rialtas na Síne nó thar ceann Rialtas na Síne. Áirítear leis sin mionsonraí amhail na cúiseanna a bhí leis na haistrithe airgid thirim sin, na méideanna a bhí iontu, agus faighteoirí na n-eisíocaíochtaí. Dá bhrí sin, a mhéid a mheastar go bhfuil gá leis an bhfaisnéis chun go dtiocfaidh an Coimisiún ar a chonclúidí, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.

(304) Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh na hiarrataí ar fhaisnéis a bhí sa cheistneoir agus sna litreacha easnaimh mionsonraithe agus sonrach. Ar an gcaoi chéanna, mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil Rialtas na Síne rannpháirteach go gníomhach sna scéimeanna toisc go rialaíonn sé an creat dlíthiúil, an próiseas cinnteoireachta, eisíocaíocht na ndeontas agus ceapadh an chláir deontas. Dá bhrí sin, ní féidir le Rialtas na Síne an fhreagracht as faisnéis a sholáthar a aistriú go hiomlán chuig na táirgeoirí samplacha.

(305) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ó Rialtas na Síne maidir leis na heilimintí a liostaítear thuas, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé faisnéis ríthábhachtach atá ábhartha don imscrúdú agus nár mhór dó a bheith ag brath ar na fíorais atá ar fáil chun teacht ar a thorthaí maidir le cláir dheontais/fóirdheontais eile lena n-áirítear scéimeanna rialtais stáit/réigiúnaigh/áitiúil.

3.3.1.5. Scéim díolúine ó cháin cheannaigh

(306) D'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ceistneoir a chomhlánú ina bhfuil ceisteanna sonracha maidir leis an scéim díolúine ó cháin cheannaigh. Ina fhreagra ar cheistneoir an rialtais, níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis bhunúsach a iarradh maidir le réimsí amhail ullmhú, faireachán agus cur chun feidhme na scéime, chomh maith leis na measteacháin ar mhéideanna na bhfeithiclí a raibh feidhm ag an scéim maidir leo.

(307) Maidir le hullmhú an chláir agus faireachán a dhéanamh air, níor sholáthair Rialtas na Síne anailís ar na torthaí a raibh coinne leo. Theip ar Rialtas na Síne freisin na cineálacha taifead a choinníonn na húdaráis ábhartha a shainaithint agus a mhíniú (e.g. taifid chuntasaíochta, comhaid a bhaineann go sonrach le cuideachta, bunachair sonraí, údaruithe buiséid, etc.). Ina theannta sin, theip ar Rialtas na Síne an méid cánach a tarscaoileadh faoin mbeartas sin a sholáthar. Thairis sin, níor sholáthair Rialtas na Síne aon doiciméid idirmheánacha, lena n-áirítear torthaí meastóireachta, measúnú tionchair ar fhorbairt thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, agus dáileadh sochar idir táirgeoirí agus tomhaltóirí. Ar an gcaoi chéanna, ní raibh Rialtas na Síne in ann díolacháin feithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe a bhí san áireamh sa chatalóg a bhí incháilithe faoin gclár seo a sholáthar.

(308) Maidir leis an gCatalóg de Shamhlaí um Fheithiclí Nuafhuinnimh atá Díolmhaithe ó Cháin Cheannaigh Feithiclí, níor sholáthair Rialtas na Síne freagraí maidir leis (i) na critéir incháilitheachta, (ii) doiciméid faisnéise a bhain le samhlacha agus iarratais ar shamhlacha ar diúltaíodh dóibh, agus (iii) teachtaireachtaí a fuarthas ó tháirgeoirí faoina n-iarratais. Go sonrach, theip ar Rialtas na Síne míniú nó fianaise a sholáthar chun bunús a thabhairt leis an mbonn ar ar glacadh le hiarratais ar fheithiclí atá le cur san áireamh sa chlár nó ar diúltaíodh dóibh. Thairis sin, níor chuir Rialtas na Síne doiciméid faisnéise ar fáil le haghaidh samhlacha a diúltaíodh, ná níor chuir sé na hiarratais ar shamhlacha ná na doiciméid a seoladh chuig táirgeoirí maidir le diúltú na samhlacha sin ar fáil.

(309) Ar an gcaoi chéanna, theip ar Rialtas na Síne faisnéis a sholáthar maidir le líon na bhfeithiclí ceallra-leictreacha atá cláraithe sa tSín. Thairis sin, níor chuir Rialtas na Síne faisnéis ar fáil maidir le méid na bhfeithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe a cláraíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin nó le linn tréimhsí roimhe sin. Theip ar Rialtas na Síne freisin faisnéis a sholáthar maidir le méid clárúcháin na bhfeithiclí nuafhuinnimh nó na bhfeithiclí ceallra-leictreacha de réir branda, samhla, agus áit chlárúcháin. Ar deireadh, theip ar Rialtas na Síne aon taighde a sholáthar a d'fhéadfaí a úsáid mar thagairt maidir le praghasleaisteachas sa tSín.

(310) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ó Rialtas na Síne maidir haon cheann de na heilimintí a liostaítear thuas, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé faisnéis ríthábhachtach a bhaineann leis an imscrúdú.

(311) Ina fhreagra ar Litir Airteagal 28 ón gCoimisiún, chuir Rialtas na Síne i gcoinne chur i bhfeidhm na bhfíoras a bhí ar fáil ar an bhforas nach raibh aon chuid den fhaisnéis a iarradh ar fáil do Rialtas na Síne.

(312) Ina theannta sin, d'áitigh Rialtas na Síne nach raibh an fhaisnéis maidir le líon na gclárúchán le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha ábhartha chun críoch an imscrúdaithe.

(313) Thug an Coimisiún dá aire gur beag seans nach bhfuil faisnéis ag Rialtas na Síne maidir leis an líon feithiclí ceallra-leictreacha atá cláraithe sa tSín le linn tréimhse ar leith. Is amhlaidh atá go háirithe ós rud é go dtairbhíonn feithiclí ceallra-leictreacha de choinníollacha speisialta tráth an chláraithe, ar gá do Rialtas na Síne meastóireacht, rialú agus faireachán a dhéanamh orthu. Tá sraith chuimsitheach doiciméad ann nach mór d'úinéirí feithiclí a chur faoi bhráid na n-údarás trách le linn an phróisis chun uimhir phláta ceadúnais a cheannach, a chlárú agus a fháil d'fheithicil sa tSín. Ón tráth ceannaigh, ceanglaítear ar cheannaitheoirí feithiclí na rialacháin cánach ceannaigh a chomhlíonadh trí Dhearbhú Cánach Ceannaigh Feithiclí a chur isteach. Ceanglaítear leis an dearbhú go soláthrófar faisnéis mhionsonraithe, lena n-áirítear an Uimhir Aitheantais Feithicle (VIN), rud a shainaithníonn go huathúil samhail na feithicle agus cuid dá saintréithe. Ina theannta sin, ní mór feithiclí arna gclárú sa tSín dul faoi réir próiseas clárúcháin le húdarás tráchta na Síne, lena n-áirítear cineál agus samhail na feithicle a shainaithint. Ar an gcaoi chéanna, is féidir plátaí ceadúnais a bheith nasctha le feithiclí sonracha.

(314) Ní dócha ach an oiread nach gcoinníonn Rialtas na Síne aon doiciméadacht i scríbhinn a bhaineann le diúltú d'áireamh samhlacha sa chatalóg, go háirithe i gcás ina mbaineann an nós imeachta um áireamh sa chatalóg le méid mór sonraí ó na táirgeoirí a chur isteach agus lena dtugtar le tuiscint go ndéantar meastóireacht ar roinnt seirbhísí teicniúla laistigh de Rialtas na Síne. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire nach dócha nach bhfuil Rialtas na Síne ar an eolas faoin ioncam cánach measta atá ligthe thar ceal ó chlár seanbhunaithe. Go deimhin, is clár é sin a bhfuil tionchar díreach aige ar an mbuiséad agus a bhféadfaí na céadta billiún RMB d'ioncam cánach a ligean thar ceal in aghaidh na bliana dá thoradh.

(315) Dá bhrí sin, a mhéid a mheastar go bhfuil gá leis an bhfaisnéis chun go dtiocfaidh an Coimisiún ar a chonclúidí, bhrath an Coimisiún ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

(316) A mhéid a bhaineann le hábharthacht na faisnéise, tugann an Coimisiún dá aire gur faoin gCoimisiún atá sé a chinneadh cén fhaisnéis a mheastar gá a bheith léi don imscrúdú agus nach faoi aon pháirtí atá sé an cinneadh sin a dhéanamh. Thairis sin, tá nasc díreach ag clárú feithiclí ceallra-leictreacha leis an scéim fóirdheontais líomhnaithe agus, dá bhrí sin, bhí an fhaisnéis a iarradh ábhartha agus bhí gá léi chun go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú ceart a dhéanamh ar an scéim.

(317) Cé gur chinn an Coimisiún go sealadach, mar a luaitear i Roinn 3.9, gan torthaí a eisiúint maidir leis an scéim sin, forchoimeádann sé an ceart imscrúdú breise a dhéanamh ar in-fhrithchúiteacht an chláir. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún brath ar na fíorais atá ar fáil dá thorthaí maidir leis an scéim díolúine ó cháin cheannaigh, sa chás go gcruinneodh sé eilimintí leordhóthanacha chun teacht ar an gconclúid go bhfuil scéim den sórt sin in-fhrithchúitithe.

3.3.2. *Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le Grúpa SAIC*

(318) Chuaigh Grúpa SAIC i gcomhar leis an gCoimisiún ar dtús trí fhreagraí ar an gceistneoir a sholáthar. Go sonrach, sheol a eintitis ghaolmhara, lena n-áirítear sé tháirgeoir feithiclí ceallra-leictreacha, freagraí ar an gceistneoir. Suíodh go raibh na freagraí sin an-easnamhach, áfach, agus, an 12 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún Grúpa SAIC ar an eolas go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le faisnéis nár soláthraíodh roimh na cuairteanna fíorúcháin agus, toisc nach bhfuair sé an fhaisnéis sin, go bhféadfadh torthaí an Choimisiúin a bheith bunaithe ar na fíorais atá ar fáil. Bhain an fhaisnéis a bhí in easnamh *inter alia* le costas táirgthe, faisnéis mhionsonraithe a bhaineann le príomh-ionchuir a cheannach, agus gan freagraí ar an gceistneoir a bheith tugtha ag cuideachtaí comhlachaithe a raibh baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an táirge faoi imscrúdú ar ina leith a iarradh freagra ar an gceistneoir.

(319) Níor sholáthair Grúpa SAIC an fhaisnéis a bhí in easnamh agus d'áitigh sé gurbh é líon ard na gcuideachtaí comhlachaithe sa ghrúpa ba chúis leis sin, agus nach léireodh cur i bhfeidhm na '*fíorais atá ar fáil*' i gceart a ardleibhéal comhair go dtí an pointe sin den imscrúdú. D'áitigh sé gurbh é ba chúis leis an líon ard freagraí easnamhacha a cuireadh isteach an méid faisnéise a d'iarr an Coimisiún, gan údar go minic, agus an t-ualach mór comhordúcháin a bhí ag teastáil idir na cuideachtaí comhlachaithe iomadúla.

(320) Deimhníodh mar sin féin go raibh easpa comhair ann, bíodh sé roimh na cúirteanna fíorúcháin, lena linn nó ina ndiaidh, toisc nár soláthraíodh faisnéis ríthábhachtach lena n-áirítear *inter alia* costais táirgthe, liostaí ábhar, sonraíochtaí táirge lena n-áirítear comhdhéanamh ceimiceach an amhábhair a ceannaíodh ó sholáthróirí, liostú idirbheart ar idirbheart de cheannacháin tacaíochta le haghaidh soláthróirí, agus faisnéis a bhaineann le deontais a fuarthas. Mhínigh an Coimisiún do Ghrúpa SAIC gur measadh go raibh gá leis an bhfaisnéis sin chun teacht ar thorthaí coincréiteacha maidir leis na fóirdheontais a fuarthas ó bhearta tacaíochta éagsúla. Thairis sin, ba chosúil nár thug cuideachtaí comhlachaithe breise freagra ar an gceistneoir ach an oiread, cé go gceanglódh a ngníomhaíochtaí orthu déanamh amhlaidh.

(321) Chinn an Coimisiún gur chuir an easpa faisnéise sin is gá bac ar an imscrúdú. Dá bhrí sin, an 23 Aibreán 2024, cuireadh Grúpa SAIC ar an eolas go cuí faoi na hiarmhairtí a bhaineann le gan bheith ag comhoibriú ach go páirteach leis an imscrúdú agus go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis nár cuireadh isteach nó maidir leis an bhfaisnéis nárbh fhéidir a fhíorú. D'iarr an Coimisiún ar an gcuideachta barúlacha a chur isteach.

(322) An 30 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún barúlacha ó Ghrúpa SAIC. D'easaontaigh Grúpa SAIC leis an measúnú a rinne an Coimisiún ar an leibhéal foriomlán comhair a rinne na heintitis éagsúla ar cuid den ghrúpa iad agus chuir sé roinnt maíomh ar aghaidh as ar tháinig an chonclúid nach raibh údar le cur i bhfeidhm beartaithe Airteagal 28 den bhun-Rialachán.

3.3.2.1. **Líomhain Ghrúpa SAIC nár comhlíonadh na caighdeáin dhlíthiúla chun Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm**

(323) Luaigh Grúpa SAIC go ndearna gnéithe áirithe den mheasúnú a rinne an Coimisiún ar chur i bhfeidhm Airteagal 28 den bhun-Rialachán mífhaisnéis ar na fíorais atá ar taifead agus d'athdhearbhaigh sé go ndearna sé a dhícheall comhoibriú leis an imscrúdú. Mhínigh Grúpa SAIC, i gcásanna nach raibh sé in ann faisnéis iomlán nó gan ach faisnéis pháirteach a sholáthar mar a iarradh, gur sholáthair sé 'doiciméid mhalartacha' chun imscrúdú an Choimisiúin a éascú.

(324) I ndáil leis sin, thagair Grúpa SAIC d'Airteagal 28(3) den bhun-Rialachán, agus do Chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([103]) á líomhain gur cheart glacadh fiú amháin leis na freagairtí neamhiomlána nó leis na freagairtí atá easnamhach ar bhealach eile.

(325) Chuir Grúpa SAIC cinneadh ón gCúirt sa chás sin i dtábhacht ([104]) inar mheas sé go '*dtagraíonn an téarma "an fhaisnéis is gá" d'fhaisnéis atá i seilbh na bpáirtithe leasmhara a n-iarrann institiúidí an Aontais orthu í a sholáthar chun cur ar a gcumas dóibh teacht ar na torthaí iomchuí in imscrúdú frithdhumpála*'. Sa chás céanna ([105]), chinn an Chúirt gur '*ar na hinstitiúidí sin atá an t-ualach a chruthú gur dumpáladh an táirge lena mbaineann, go ndearnadh díobháil agus go bhfuil nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil agus, dá bhrí sin, go bhfuil 'gá' le faisnéis áirithe chun teacht ar na conclúidí iomchuí san imscrúdú frithdhumpála*'.

(326) I bhfianaise chinneadh na Cúirte, mheas Grúpa SAIC, '*mar gheall ar chineál an-chasta an imscrúdaithe (i dtéarmaí raon mór feidhme na faisnéise a iarradh, an líon mór cuideachtaí a bhfuil sé de cheangal orthu faisnéis a sholáthar agus an t-aga gearr* ar laistigh de *nach mór an fhaisnéis a sholáthar), nár cheart don Choimisiún na critéir réamhluaite a chur i bhfeidhm go ródhocht maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh isteach*' agus '*i gcás ina measfar an fhaisnéis sin a bheith easnamhach, gur cheart úsáid na bhfíoras atá ar fáil a theorannú go docht do chuspóir riachtanach na faisnéise sin agus gur cheart iad a sheiceáil, i ngach imthoisc, faoi threoir foinsí neamhspleácha eile, i gcomhréir iomlán le hAirteagal 28(5) den bhun-Rialachán.*'

([103]) Féach T-413/13, City Cycle Industries v an Chomhairle, EU:T:2015:164, mír 120; Cás T-633/11, Guangdong Kito Ceramics agus Eile v an Chomhairle, EU:T:2014:271, mír 100; Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, US – Hot-Rolled Steel, WT/DS184/AB/R, arna glacadh an 23 Lúnasa 2001, mír 81 agus Cás C-61/16 P European Bicycle Manufacturers Association (EBMA) v Giant Co. Ltd (an tSín), ECLI:EU:C:2017:968.

([104]) Cás C-61/16 P European Bicycle Manufacturers Association (EBMA) v Giant Co. Ltd (an tSín), ECLI:EU:C:2017:968, míreanna 53 go 57.

([105]) Cás C-61/16 P European Bicycle Manufacturers Association (EBMA) v Giant Co. Ltd (an tSín), ECLI:EU:C:2017:968, mír 65.

(327) Mheabhraigh an Coimisiún go ndearna an grúpa / na grúpaí sampláilte eile an fhaisnéis a iarradh a sholáthar agus dá réir sin go raibh sí ar fáil go héasca do Ghrúpa SAIC. Dá bhrí sin, ba é rogha Ghrúpa SAIC gan an fhaisnéis a iarradh a sholáthar, mar is léir ón liosta doiciméad nár cuireadh isteach, rud a shínigh sé agus ar chomhaontaigh sé leis le linn an fhíoraithe. Léiríonn an liosta sin gur chuir sé bac ar an imscrúdú trí gan a dhícheall a dhéanamh d'aon ghnó. Thairis sin, measadh go raibh gá leis an bhfaisnéis chun teacht ar chonclúidí iomchuí san imscrúdú fóirdheontais agus, i ndáil leis sin, i gcomhréir le cinntí na Cúirte. Chomh maith leis sin, cuireadh san áireamh go hiomchuí aon fhaisnéis ábhartha a sholáthair Grúpa SAIC mar 'dhoiciméid mhalartacha', lena n-áirítear an ceann easnamhach, i gcás inarbh fhéidir í a fhíorú. Bain an Coimisiún leas as na fíorais a bhí ar fáil, lena n-áirítear ó fhoinsí neamhspleácha mar a luaitear i roinn 3.3 maidir le hiasachtú fabhrach, árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, díolúintí cánach ceannaigh, ábhair ionchuir agus Beartas Fioscach Fóirdheontais chun Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm nuair ba léir go raibh an fhaisnéis a cuireadh isteach easnamhach (agus liostaithe sna hiarscríbhinní a ghabhann leis na tuarascálacha fíorúcháin ar an láthair a síníodh go comhpháirteach) agus nuair a bhí eilimintí leordhóthanacha ag an gCoimisiún chun teacht ar chonclúid maidir leis na scéimeanna sin, agus sna cásanna sin amháin. Tá sé mícheart glacadh leis gur chuir an Coimisiún na critéir a leagtar amach in Airteagal 28(3) den bhun-Rialachán i bhfeidhm go ródhocht.

(328) Ós rud é gur mhaígh Grúpa SAIC sna barúlacha uaidh *'gur cheart sochar an amhrais a thabhairt don fhaisnéis atá ar taifead mar a soláthraíodh í'*, mhínigh an Coimisiún i nochtadh na bhfíoras agus na mbreithnithe fíor-riachtanacha don táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte gurb é a rinne sé, agus úsáid á baint aige as na fíorais atá ar fáil de réir bhrí Airteagal 28 den bhun-Rialachán, an fhaisnéis a sholáthair Grúpa SAIC a úsáid a mhéid ba mhó ab fhéidir, agus nach ndeachaigh sé i muinín foinsí neamhspleácha poiblí ach amháin in éagmais na faisnéise fíoraithe sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh nár comhlíonadh na caighdeáin dhlíthiúla chun Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.2.2. Iarrataí ar fhaisnéis maidir le soláthróirí comhlachaithe

(329) Mar a luaitear in aithrisí (318) - (319), thángthas ar roinnt cuideachtaí comhlachaithe nár tuairiscíodh ar theip ar Ghrúpa SAIC freagra ceistneora a thabhairt ina leith le linn an imscrúdaithe. Suíodh go bhfuil na cuideachtaí 'nua' sin comhlachaithe agus go raibh baint acu le príomhchaidrimh chonarthacha éagsúla a bhain le gníomhaíochtaí amhail soláthar ábhar ionchuir, caipitil, iasachtaí, ráthaíochtaí agus cineálacha eile maoinithe laistigh de Ghrúpa SAIC. Dhiúltaigh Grúpa SAIC arís agus arís eile d'iarrataí an Choimisiúin ceistneoir a líonadh isteach, á áitiú gur sárú ar chearta bunúsacha Ghrúpa SAIC a bhí ann ach gan aon argóint chuí-réasúnaithe a thabhairt.

(330) Sna barúlacha uaidh, mhaígh Grúpa SAIC nach bhféadfadh na cuideachtaí comhlachaithe sin comhoibriú leis an imscrúdú nó nár ghá dóibh comhoibriú leis agus, in aon chás, nach raibh údar le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán a úsáid i leith na gcuideachtaí sin nó gur cheart an úsáid sin a theorannú go docht. Na cúiseanna a bhí líomhnaithe ag Grúpa SAIC, bhain siad le roinnt tosca amhail:

— Luach idirbhirt an-íseal na cuideachta gaolmhaire i láimhdeachas Ghrúpa SAIC (níos lú ná 1 %).

— Easpa scairsheilbhe nó gan rialú fónta a bheith ar na cuideachtaí comhlachaithe, rud a deimhníodh i bhfianaise gur dhiúltaigh na cuideachtaí sin aontú don iarraidh ar chomhar ar thug Grúpa SAIC aghaidh uirthi nó doiciméid rúnda a sholáthar a bhfuil na cuideachtaí dá dtagraítear ina bpáirtí iontu.

— Níor cumhdaíodh gníomhaíochtaí gnó na gcuideachtaí comhlachaithe le raon feidhme threoracha cheistneoir an táirgeora onnmhairiúcháin ná le raon feidhme an nóta soiléirithe ([106]) a d'fhoilsigh an Coimisiún an 17 Samhain 2023.

— Méid táirgeachta a leanann as conradh dolaphróiseála a chumhdaítear cheana féin le freagra Ghrúpa SAIC.

— Ní raibh aon idirbheart T&F ná aon chonradh T&F ag an gcuideachta chomhlachaithe líomhnaithe a bhí bailí le grúpa SAIC le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

— Cuideachta a líomhnaítear a bheith comhlachaithe, fuair sí ceart úsáide talún ach ní raibh sí ina sealbhóir teidil air.

([106]) Nóta a ghabhann leis an gcomhad: Ceanglaítear ar chuideachtaí comhlachaithe freagra ar an gceistneoir a chur isteach. (t23.005730)

(331) D'aontaigh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nóta soiléirithe thuasluaite, go bhféadfaí cuideachta ghaolmhar ag a bhfuil luach idirbhirt an-íseal ar lú é ná 1 % de cheannacháin Ghrúpa SAIC a dhíolmhú go deimhin ó fhreagra a thabhairt ar an gceistneoir san imscrúdú seo. D'fhorchoimeád an Coimisiún an ceart, áfach, Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na codanna den chuideachta ghaolmhar sin a soláthraíodh do Ghrúpa SAIC toisc nach raibh sé in ann an fhaisnéis sin a fhíorú.

(332) Thug an Coimisiún dá aire go ndearna an soláthróir comhlachaithe i gceist agus Grúpa SAIC cuideachta a oibriú go comhpháirteach chun cealla, modúil agus pacaí ceallraí a fhorbairt, a tháirgeadh agus a dhíol, agus dá bhrí sin gur aithníodh go dlíthiúil iad mar chomhpháirtithe gnó. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil siad comhlachaithe de réir bhrí Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún, lena n-éilítear an oibleagáid dhlíthiúil freagra ar an gceistneoir fóirdheontais a chur isteach mar pháirtí comhlachaithe, de réir threoracha an cheistneora agus an chomhfhreagrais ina dhiaidh sin. Diúltaíodh do mhaíomh an ghrúpa dá bhrí sin.

(333) Mhaígh Grúpa SAIC gur cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a mheasúnú agus staonadh ó Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le cuideachtaí a dhiúltaigh naisc airgeadais nó chonarthacha agus comhaontú comhfhiontar a nochtadh agus, i gcásanna den sórt sin, gan ach faisnéis atá ar fáil go poiblí a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 28(5) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún in iúl arís agus arís eile do Ghrúpa SAIC nár bhain sé le hábhar gur measadh faisnéis áirithe a bheith ina '*croí-rún gnó*', i bhfianaise na láimhseála rúndachta a tugadh d'aon fhaisnéis a cuireadh isteach faoi chuimsiú imeachtaí frith-fhóirdheontais i gcomhréir le hAirteagal 29 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(334) Mhaígh Grúpa SAIC nár mhínigh an Coimisiún i gceart cén fáth ar cheart do roinnt cuideachtaí comhlachaithe ceistneoir a líonadh isteach. Mar sin féin, sa dara hiarraidh uaidh, mhínigh an Coimisiún, de réir na faisnéise atá ar fáil sa chomhad (cairt eagrúcháin lena léirítear go bhfuil ról tábhachtach airgeadais agus/nó rialaithe ag na cuideachtaí comhlachaithe), go raibh na cuideachtaí sin comhlachaithe toisc gur chosúil go raibh baint acu le soláthar caipitil, iasachtaí, nó cineálacha eile maoinithe laistigh de Ghrúpa SAIC. Mar sin féin, tar éis don Choimisiún an dara freagra diúltach ar a iarraidh a fháil ó Ghrúpa SAIC, níor athdhearbhaigh an Coimisiún a iarraidh agus chuir sé Grúpa SAIC ar an eolas faoi iarmhairtí an neamh-chomhoibrithe an 23 Aibreán 2024.

(335) Dhiúltaigh Grúpa SAIC freagra a thabhairt ar an gceistneoir maidir le cuideachta ghaolmhar ar suíodh, le linn ceann de na cuairteanna fíorúcháin, go raibh sí ag gabháil do chonradh dolaphróiseála. Cé gur aithin Grúpa SAIC go raibh baint ag an gcuideachta ghaolmhar sin le táirgeadh an táirge atá faoi imscrúdú, mhaígh sé freisin gur cheart '*deimhniú*' a bheith tugtha ag an gCoimisiún go raibh gá le freagra a thabhairt ar an gceistneoir. Léirigh an bharúil sin an easpa comhair ó Ghrúpa SAIC, a mhaígh ar deireadh gur cheart aon úsáid a bhainfí as Airteagal 28, dá mbainfí aon úsáid as i ndáil leis an gcuideachta ghaolmhar sin, a bheith teoranta d'eilimintí nach mbaineann le fóirdheontais. Diúltaíodh don mhaíomh sin.

(336) Go deimhin, fuarthas amach gur ann do na cuideachtaí comhlachaithe sin de dhroim na faisnéise a soláthraíodh sa chéad aighneacht sular cuireadh isteach na freagraí ar an gceistneoir, sna freagraí ar an gceistneoir, nó le linn na gcuairteanna fíorúcháin ar an láthair bhonn ócáideach. Bhí na cuideachtaí comhlachaithe sin ina soláthróirí nó ina gcustaiméirí le Grúpa SAIC agus ba chosúil go minic go raibh baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an táirge faoi imscrúdú, cibé acu mar institiúid taighde, mar sholáthróir páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht fianaise, mar chuideachtaí lóistíochta, etc. I bhfianaise chineál a ngníomhaíochtaí, ba cheart dóibh freagra a thabhairt ar an gceistneoir lena dtabharfaí caoi don Choimisiún an fhaisnéis a fhíorú agus tuilleadh fianaise a iarraidh ar deireadh.

3.3.2.3. Faisnéis nár sholáthair Grúpa SAIC agus doiciméid eile nár nochtadh roimh chuairteanna fíorúcháin ná lena linn

(337) Sna barúlacha uaidh, mhaígh Grúpa SAIC gur soláthraíodh roinnt faisnéise go héifeachtach tar éis litreacha easnaimh substaintiúla a fháil ón gCoimisiún agus go bhféadfaí í a fhíorú go hiomlán le linn na gcuairteanna fíorúcháin. Mar sin féin, níor thagair Grúpa SAIC ach d'fhaisnéis a bhaineann le ceannacháin agus díolúine ó cháin tomhaltais do chustaiméirí intíre, agus d'aithin sé dá réir sin go raibh an fhaisnéis eile uile a bhí ar iarraidh le linn an imscrúdaithe fós gan nochtadh. Go deimhin, cuireadh i dtábhacht sna litreacha easnaimh príomh-shaincheisteanna nár thuairiscigh na táirgeoirí aonair a bhí ina gcuid de Ghrúpa SAIC d'aon ghnó (faisnéis ina bhfreagraí ceistneora a bhaineann le réamhaisnéisí táirgthe agus díolacháin, costas táirgthe, ceannacháin agus díolúine ó cháin tomhaltais ar dhíolacháin intíre).

(338) Sholáthair Grúpa SAIC forbhreathnú ar na doiciméid nár cuireadh isteach roimh chuairteanna fíorúcháin ná lena linn lenar iarradh ar an gCoimisiún Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na doiciméid sin nár sholáthair eintitis aonair agus maidir leis na doiciméid sin amháin. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na liostaí agus chloígh sé lena sheasamh maidir leis na heilimintí sin sa liosta a seoladh chuig Grúpa SAIC a bhí faoi réir úsáid na bhfíoras atá ar fáil, amhail cláir dheontais, soláthar ceallraí ar luach saothair nach leordhóthanach, ioncam arna ligean thar ceal tríd an gclár um Dhíolúine agus Laghdú Cánach agus trí mhaoiniú fabhrach a sholáthar (amhail bannaí agus instealltaí cothromais) agus freagraí a bhí in easnamh ar an gceistneoir. Diúltaíodh don mhaíomh gan diúltú don fhaisnéis a soláthraíodh a mhéid a bhaineann leis na heilimintí seo a leanas a liostaítear thíos:

(a) *Liostaí ábhar le haghaidh táirgí críochnaithe agus sonraíochtaí táirgí soláthair (e.g. ceimic, comhdhéanamh, etc.).*

(339) Is éard is liostaí ábhar ann liostaí cuimsitheacha d'amhábhair, de chomhpháirteanna agus de threoracha a theastaíonn chun táirge a mhonarú. Mhínigh an Coimisiún arís agus arís eile do Ghrúpa SAIC an tábhacht a bhaineann leo san imscrúdú toisc gur féidir na príomh-chomhpháirteanna agus na príomhábhair aonair a chomhdhéanann an táirge críochnaithe agus a dtionscnamh a shainaithint dá dtairbhe.

(340) I gcás an fhóirdheontais atá idir lámha, bhí na liostaí ábhar chomh tábhachtach céanna chun na páirteanna a úsáideadh i gcóimeáil an táirge chríochnaithe (feithicil cheallra-leictreach nó comhpháirteanna amhail ceallraí), na cainníochtaí a úsáideadh, a sonraíocht, uimhir an ábhair inmheánaigh agus, dá thoradh sin, ainm a soláthróirí a shainaithint. Leis na liostaí ábhar, bhíothas in ann nasc díreach a bhunú leis an gcostas táirgthe, toisc go bhféadfaí iad a úsáid mar bhonn chun costais chaighdeánacha, costais iarbhír agus éagsúlachtaí a eascraíonn as an difríocht eatarthu a ríomh.

(341) Níor sholáthair Grúpa SAIC sonraí iomlána maidir leis an liosta ábhar ná leis na costais táirgthe agus mhaígh sé nach raibh gá le liosta ábhar le haghaidh imscrúduithe frith-fhóirdheontais, toisc nár bhain sé le haon cheann de na heilimintí chun an corrlach fóirdheontais a ríomh. D'easaontaigh an Coimisiún leis an measúnú sin agus dheimhnigh sé go raibh gá leis an bhfaisnéis sin chun go mbeifí in ann measúnú a dhéanamh ar iomláine agus cruinneas na faisnéise a bhaineann le costas táirgthe agus leis na páirteanna agus na comhpháirteanna is tábhachtaí chomh maith.

(342) D'aithin Grúpa SAIC nach bhféadfaí faisnéis a bhaineann le sonraíochtaí táirge a sholáthar ach ar bhonn cás ar chás agus gan ach ina gcodanna. Thairis sin, mheas Grúpa SAIC go bhféadfadh an Coimisiún cur chuige difriúil a úsáid chun na sonraí a soláthraíodh a réiteach. Go deimhin, tríd an leibhéal céanna faisnéise maidir leis na liostaí ábhar a iarraidh ar gach eintiteas, mheas Grúpa SAIC gur cóir éagórach a bhí ann a bhí ina sárú ar an gCairt um Chearta Bunúsacha, óir bhí modhanna eile ar fáil chun fíorú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a soláthraíodh sa tábla maidir le soláthar páirteanna.

(343) D'áitigh an Coimisiún nár sholáthair aon cheann de na soláthróirí ceallraí comhlachaithe na doiciméid tacaíochta ba ghá a d'iarr an fhoireann imscrúdaithe ná níor sholáthair siad, go háirithe, a sonraíochtaí. Mheas an Coimisiún ar dtús gur cheart do gach ceann de na heintitis faisnéis maidir le liostaí ábhar a sholáthar mar, nuair a iarradh í le linn na gcuairteanna fíorúcháin, dheimhnigh siad go raibh an fhaisnéis sin acu ach nárbh fhéidir í a sholáthar ar chúiseanna éagsúla a bhain go príomha le comhaontú rúndachta a síníodh le soláthróirí agus le rúin ghnó na cuideachta féin. Thairis sin, bhain na heintitis úsáid iarbhír as na liostaí ábhar nuair a bhí a bhfreagra ar an gceistneoir á ullmhú acu chun a chinneadh cé na hábhair ionchuir ba ghá a thuairisciú agus cé na soláthróirí comhfhreagracha ar cheart dóibh freagra a thabhairt ar an gceistneoir. Tá sé sin ar cheann de na cúiseanna a spreag an Coimisiún a iarraidh a athnuachan tar éis na cuairte fíorúcháin. Go deimhin, murab ionann agus a ghnáthchleachtais, cheadaigh an Coimisiún do gach eintiteas an fhaisnéis maidir leis na liostaí ábhar agus páirteanna soláthair eile agus sonraíochtaí amhábhair a sholáthar, ach an ceart chun neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin toisc nárbh fhéidir í a fhíorú ar an láthair á fhorchoimeád aige, áfach.

(344) Mar a luaitear thuas, líomhain Grúpa SAIC go bhféadfaí ceimic agus sonraíocht na cille ceallra agus an chórais ceallra a úsáideann cuid de na táirgeoirí a fhíorú gan liostaí ábhar a úsáid nó go bhféadfaí fíorú a dhéanamh, gan liostaí ábhar a úsáid, ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an tsonraíocht le haghaidh amhábhair áirithe a úsáideann roinnt táirgeoirí ceallraí. I gcásanna áirithe, rinne Grúpa SAIC faisnéis a bhaineann le liostaí ábhar a sholáthar mar chuid de na taispeántáin fíorúcháin.

(345) Mar sin féin, cead a bheith tugtha ag cuideachta don Choimisiún breathnú ar liosta ábhar le haghaidh cineál uathúil táirge faoi imscrúdú, ní fhéadfadh sé a bheith coibhéiseach, i gcás ar bith, le soláthar na faisnéise a iarradh. Chomh maith le heaspa iomláine na faisnéise arbh fhéidir breathnú uirthi (gan ach cineál amháin táirge faoi imscrúdú i gcásanna eisceachtúla áirithe), dheimhnigh Grúpa SAIC gur dhiúltaigh sé faisnéis atá ar fáil go héasca a sholáthar don Choimisiún nuair a iarradh amhlaidh air.

(346) Dhiúltaigh an Coimisiún ar dtús don mhaíomh nár bhain na liostaí ábhar le hábhar an imscrúdaithe agus nach bhféadfadh aon tionchar a bheith acu ar ríomh na méideanna fóirdheontais. Ar an dara dul síos, tar éis don Choimisiún na ceallraí agus an t-amhábhar eile a shainaithint mar phríomhthosca a d'fhéadfadh a bheith faoi réir fóirdheonú, in éagmais faisnéis ó liostaí ábhar a chuirfeadh ar a chumas dó measúnú a dhéanamh ar iomláine, cruinneas agus sonraíochtaí na bpáirteanna a soláthraíodh do na táirgeoirí sampláilte, rinne an Coimisiún an cinneadh úsáid a bhaint as foinsí faisnéise eile maidir le hamhábhair, mar fhíorais atá ar fáil.

(b) *Liosta idirbheart ar idirbheart de cheannacháin le haghaidh páirteanna agus comhpháirteanna (mórleabhar cuntais)*

(347) Sna barúlacha uaidh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 28, dheimhnigh Grúpa SAIC nach bhféadfadh sé liostuithe ceannachán idirbheart ar idirbheart a sholáthar i gcónaí ar chúiseanna rúnda toisc gur bhain na heilimintí sin le costais táirgthe agus go raibh siad faoi rún gnó dá bhrí sin. I gcásanna áirithe, áfach, mhaígh sé go bhféadfaí an tábla ábhartha a fhíorú le linn na gcuairteanna fíorúcháin. Mhaígh Grúpa SAIC go ndearna sé achoimre chuimsitheach ar an bhfaisnéis a iarradh a chur isteach i bhfoirm táblaí, ina raibh an fhaisnéis uile ba ghá chun méid an fhóirdheontais a ríomh agus go bhféadfadh an Coimisiún í a fhíorú le linn na gcuairteanna fíorúcháin. Mar sin féin, ní fhéadfadh Grúpa SAIC ach gabháil scáileáin den fhaisnéis a léiríodh don Choimisiún a sholáthar ó tharla go raibh an fhoinse faisnéise fós faoi rún agus nárbh fhéidir an liostú ceannachán a iarradh a sholáthar, bíodh is go raibh sé ar fáil go héasca. Tháinig Grúpa SAIC ar an gconclúid gur chomhlíon an fhaisnéis a cuireadh isteach critéir Airteagal 28(3) den bhun-Rialachán in aon chás.

(348) Níor aontaigh an Coimisiún leis an maíomh gur chomhlíon an fhaisnéis a cuireadh isteach critéir Airteagal 28(3) den bhun-Rialachán. Gan rochtain dhíreach ar dhoiciméid áirithe a thabhairt agus gabhálacha scáileáin nó sonraí comhiomlánaithe a chur ar fáil gan an fhaisnéis ábhartha a iarradh a sholáthar, ní fhéadfaidh sé a bheith coibhéiseach, in aon chás, leis an bhfaisnéis a iarradh a sholáthar i bhfoirm taispeántáin lena n-áirithítear gur féidir an fhaisnéis a fhíorú go cuí. Is deacair teacht ar thoradh atá réasúnta cruinn mura soláthraítear ach go heasnamhach na sonraí iarbhír a iarradh. Ina theannta sin, ós rud é go raibh an fhaisnéis ar fáil go héasca, ní féidir a mheas go ndearna an páirtí a dhícheall.

(349) Thug an Coimisiún dá aire freisin nach raibh an fhaisnéis a bhaineann le ceannacháin ina léiriú ar an gcostas iarbhír ach ar an gcostas caighdeánach (costas buiséid arna thaifeadadh i bPleanáil Acmhainní Fiontraíochta ('PAF') na cuideachta). Ar an mbonn sin, agus i bhfianaise na dtorthaí thuasluaite a bhaineann leis na liostaí ábhar, ní raibh an Coimisiún in ann fíorú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise cainníochta agus costais a bhaineann le páirteanna agus comhpháirteanna a thuairiscigh táirgeoirí sampláilte an táirge faoi imscrúdú agus, dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don mhaíomh gur chomhlíon an fhaisnéis a cuireadh isteach critéir Airteagal 28(3) den bhun-Rialachán.

(c) *Creat-chomhaontú ceannaigh (leagan iomlán) le haghaidh soláthróirí páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i dTábla E-3-3 (a/b)*

(350) Sna barúlacha uaidh, líomhain Grúpa SAIC go ndearna sé liostú idirbheart ar idirbheart a réiteach lena thaifid chuntasaíochta ar an láthair i gcás amháin. Líomhain sé, i gcás an eintitis sin agus na n-eintiteas táirgthe eile, gur sholáthair sé na doiciméid cheannaigh ábhartha lena n-áirítear sonraisc, orduithe ceannaigh, iontrálacha i gcórais PAF i bhfoirm taispeántán nuair a iarradh amhlaidh air le linn na gcuairteanna fíorúcháin. Go sonrach, rinne dhá sholáthróir ceallraí a gconarthaí le custaiméirí, i.e. na monaróirí feithiclí ceallra-leictreacha laistigh den ghrúpa, a sholáthar mar thaispeántáin fíorúcháin. Dá bhrí sin, mheas Grúpa SAIC gur comhlíonadh critéir Airteagal 28(3) den bhun-Rialachán agus gur cheart don Choimisiún an fhaisnéis a chur san áireamh go hiomlán.

(351) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh gur chomhoibrigh Grúpa SAIC go hiomlán trí thacar creat-chomhaontuithe ceannaigh a sholáthar. Go deimhin, d'aithin Grúpa SAIC féin nach bhféadfadh sé aon chreat-chomhaontú ceannaigh a sholáthar ina iomláine, i gcás soláthróirí páirteanna agus comhpháirteanna a liostaíodh sa roinn ábhartha den fhreagra ar an gceistneoir, mar gheall ar chineál an-rúnda na ndoiciméad sin a líomhnaíodh. Deimhníodh an méid sin freisin leis an liosta doiciméad nár soláthraíodh le linn na cuairte fíorúcháin ná ina diaidh, a d'fhág nach bhféadfaí aon tacar iomlán doiciméad a sholáthar, lena n-áirítear doiciméid amhail creatchonradh agus sonraíochtaí teicniúla. Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún do Ghrúpa SAIC gur cheart an doiciméad sin a sholáthar mar chuid den chéad fhreagra ar an gceistneoir. I bhfianaise na láimhseála rúndachta a thugtar d'aon fhaisnéis '*íogair*' a cuireadh isteach faoi chuimsiú imeachtaí frith-fhóirdheontais, ní raibh bunús leis an éileamh sin. Ós rud é go raibh na doiciméid sin ar fáil go héasca do Ghrúpa SAIC agus gur cheart iad a sholáthar mar chuid den fhreagra ar an gceistneoir, mheas an Coimisiún nach ndearna Grúpa SAIC a dhícheall. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh gur chomhlíon an fhaisnéis a cuireadh isteach critéir Airteagal 28(3) den bhun-Rialachán.

(d) *Liostú díolachán idirbheart ar idirbheart (2020-IP) lena sainaithnítear luach díolachán, méid díolachán, dáta, samhail, uimhir na míre, gearrchód, VIN, ainm an chustaiméara, praghas miondíola, praghas díola, glanphraghas, glanphraghas gan CBL a áireamh, cainníocht, comhlachaithe/neamhchomhlachaithe, táirge faoi imscrúdú/táirge nach bhfuil faoi imscrúdú*

(352) Maidir le comhaid Excel agus sleachta as mórleabhar cuntais a thaispeáint ar scáileán agus gabhálacha scáileáin a sholáthar gan an fhaisnéis fholuiteach a sholáthar, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir sin a dhéanamh in ionad an liostú díolachán idirbheart ar idirbheart a sholáthar ina iomláine chun go mbeifí in ann na figiúirí a sholáthraítear sna táblaí ábhartha a réiteach go hiomlán.

(353) Sna barúlacha uaidh, mhaígh Grúpa SAIC nár chuir an Coimisiún éagsúlacht na gcóras cuntasaíochta agus airgeadais atá ann cheana laistigh de Ghrúpa SAIC san áireamh agus nach raibh sé fíor-riachtanach ná níor ghá don Choimisiún liostú idirbheart ar idirbheart a fháil chun na táblaí maidir le díolacháin sa cheistneoir a réiteach go hiomlán. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún staonadh ó Airteagal 28 a úsáid toisc gur chuir roinnt de na cuideachtaí fíoraithe an liostú idirbheart ar idirbheart isteach mar chuid de na taispeántáin fíorúcháin agus, in aon chás, gur chomhlíon an fhaisnéis a sholáthair na heintitis éagsúla na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 28(3) den bhun-Rialachán.

(354) Mheas an Coimisiún nach bhféadfaí na figiúirí fíor-riachtanacha a fhíorú ná a réiteach dá soláthrófaí faisnéis i bhfoirm gabhálacha scáileáin nach n-áirítear ach sonraí teoranta iontu nó a léiríonn roinnt samplaí agus, dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don mhaíomh sin. Ó tharla nár soláthraíodh faisnéis mhionsonraithe, agus nár soláthraíodh ach gabhálacha scáileáin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún cruinneas na faisnéise a soláthraíodh a fhíorú, amhail cé acu a bhí nó nach raibh baint iarbhír ag na hidirbhearta díolacháin aonair leis an táirge faoi imscrúdú.

(e) *Comhaontuithe comhfhiontair*

(355) Sna barúlacha a thug sé, dheimhnigh Grúpa SAIC nach raibh sé in ann bunchóipeanna na gcomhaontuithe comhfhiontair a sholáthar i ndáil le roinnt dá eintitis táirgthe, agus d'áitigh sé, áfach, gur léiríodh inneachar na gcomhaontuithe comhfhiontair sin sna hAirteagail Chomhlachais toisc go ndearnadh iad a '*athshonrú*' sna hAirteagail Chomhlachais. Níor chuir ach eintiteas amháin an comhaontú comhfhiontair isteach mar chuid den fhreagra bunaidh ar an gceistneoir.

(356) Mar a luadh thuas, chuir an Coimisiún in iúl arís agus arís eile do Ghrúpa SAIC nár bhain sé le hábhar gur measadh faisnéis áirithe a bheith ina '*croí-rún gnó*', i bhfianaise na láimhseála rúndachta a tugadh d'aon fhaisnéis a cuireadh isteach faoi chuimsiú imeachtaí frith-fhóirdheontais i gcomhréir le hAirteagal 29 den bhun-Rialachán. Níorbh fhéidir an maíomh go ndearnadh inneachar na gcomhaontuithe comhfhiontair atá ar iarraidh a '*athshonrú*' sna hAirteagail Chomhlachais a fhíorú gan na comhaontuithe comhfhiontair a fháil. Cé gur sholáthair táirgeoir feithiclí ceallra-leictreacha amháin laistigh de Ghrúpa SAIC cóip den chomhfhiontar, níor sholáthair aon cheann eile de na táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha doiciméad den sórt sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(f) *Pleananna infheistíochta, formheas, faireachán infheistíochta agus staidéir indéantachta 2020-2023 agus réamh-mheastacháin díolacháin*

(357) Mhaígh Grúpa SAIC nach raibh na doiciméid a iarradh (pleananna infheistíochta, formheas, faireachán infheistíochta agus staidéir indéantachta 2020-2023 agus réamh-mheastacháin díolacháin) ábhartha chun méid an fhóirdheontais a ríomh le linn na tréimhse imscrúdúcháin toisc nach raibh eilimintí ná sonraí ar bith sna doiciméid sin a bhfuil gá leo chun méid an fhóirdheontais a ríomh. Thairis sin, bhí na doiciméid a iarradh ar fáil cheana féin sna tuarascálacha bliantúla atá ar fáil go poiblí nó bhí faisnéis rúnda iontu a bhain le páirtithe nach raibh aon rialú fónta ag Grúpa SAIC orthu agus dá bhrí sin nárbh fhéidir iad a nochtadh.

(358) Níor aontaigh an Coimisiún le Grúpa SAIC agus mheas sé gur bhain faisnéis a thabharfadh caoi don mheasúnú ar chineál agus ar mhéid na hinfheistíochta atá beartaithe maidir leis an táirge faoi imscrúdú le hábhar an imscrúdaithe, ní hamháin chun measúnú a dhéanamh ar an mbagairt díobhála ábhartha, ach chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgeachta an táirge faoi imscrúdú, mar shampla. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(g) *Doiciméid a bhaineann leis an tuarascáil réamhaisnéise maidir le 'creidmheasanna feithiclí nuafhuinnimh' (féach Airteagal 18 de mheánídiú breosla corparáideach gluaisteán paisinéirí agus feithiclí nuafhuinnimh - Bainistiú comhthreomhar pointí)*

(359) Mhaígh Grúpa SAIC nár ghá na tuarascálacha réamhaisnéise a iarradh a sholáthar toisc nach raibh siad ann cheana nó go raibh baint acu leis an bhfaisnéis tar éis na tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, nár ghá iad a fhíorú. Dá bhrí sin, tháinig Grúpa SAIC ar an gconclúid nach mbeadh sé ábhartha Airteagal 28 a chur i bhfeidhm maidir leis an ngné sin den imscrúdú.

(360) Ós rud é gur mheas an Coimisiún nach mbeadh sé in ann na líomhaintí sin a fhíorú le linn na gcuairteanna fíorúcháin, diúltaíodh don mhaíomh nach mbeadh sé ábhartha Airteagal 28 a chur i bhfeidhm maidir leis an ngné sin den imscrúdú.

(h) *Údaruithe bainc, línte creidmheasa.*

(361) Chuir an Coimisiún i dtábhacht nár cumhdaíodh leis na húdaruithe bainc arna soláthar na bainc uile a raibh caidreamh gnó ag eintitis Ghrúpa SAIC leo agus gur modhnaíodh an teimpléad ceistneora a bhaineann leis an údarú bainc gan fógra a thabhairt roimh ré.

(362) Mhaígh Grúpa SAIC gur mhodhnaigh sé an teimpléad chun glacachtaí bainc agus línte creidmheasa a áireamh i raon feidhme na n-údaruithe bainc agus, dá bhrí sin, nár cheart a mheas ar bhealach ar bith gur laghdú ar raon feidhme na n-údaruithe bainc iad na modhnuithe sin ar an teimpléad, ach a mhalairt ar fad. Mhaígh Grúpa SAIC gur soláthraíodh an fhaisnéis a iarradh agus gur cheart don Choimisiún glacadh léi mar atá sí.

(363) Thug an Coimisiún dá aire nach ndearna roinnt eintiteas laistigh de Ghrúpa SAIC faisnéis a thuairisciú a bhaineann le húdaruithe bainc, línte creidmheasa agus babhtálacha fiachais ar chothromas, agus dá bhrí sin nach bhfuair siad faisnéis ríthábhachtach atá ábhartha do na gnéithe sin den imscrúdú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(i) *Cláir dheontais*

(364) Cé nár shéan Grúpa SAIC go bhfuair sé deontais ó Rialtas na Síne, mhaígh sé nach raibh sé fíor-riachtanach úsáid a bhaint as '*na méideanna aonair a fuarthas in aghaidh an deontais, am fála na ndeontas, tuairisc ar na deontais, fógraí comhfhreagracha rialtais lena sonraítear cineál na ndeontas agus faisnéis riachtanach eile*' chun méid an fhóirdheontais a ríomh, toisc go raibh na méideanna a tuairiscíodh bainteach leis na deontais a fuarthas le haghaidh na n-eintiteas ina n-iomláine agus ní leis an táirge faoi imscrúdú amháin. Thairis sin, d'fhéadfaí méid na ndeontas a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar a thuairiscítear sna táblaí, a réiteach go díreach leis an gcomhardú trialach agus leis na cuntais mórleabhair ghinearálta, go háirithe na cuntais a bhaineann le hioncam urghnách agus/nó ioncam ó fhóirdheontais.

(365) Mar thoradh air sin, áfach, ní raibh an Coimisiún in ann na scéimeanna fóirdheontais foluiteacha ná méid na ndeontas a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin a chinneadh, ná cibé acu a bhain nó nár bhain na deontais sin le sócmhainní seasta. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go bhféadfaí fíorú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhaineann le deontais.

(j) *Cearta Úsáide Talún*

(366) Mhaígh Grúpa SAIC nach raibh cearta úsáide talún ar cheann de na réimsí a cumhdaíodh in iarraidh an Choimisiúin ar na doiciméid fholuiteacha. Ní raibh aon cheist ag an gCoimisiún maidir le cearta úsáide talún tar éis na gcuairteanna fíorúcháin ach an oiread, cé is moite de dhá eintiteas ar thug sé freagra orthu an 21 Feabhra 2024.

(367) I gcás doiciméid áirithe a iarradh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, mhínigh roinnt eintiteas de chuid Ghrúpa SAIC go raibh na doiciméid a iarradh ag dul siar 10 mbliana nó 20 bliain agus gur cuireadh i gcartlann cheana féin iad, nó gur bhain siad le tríú páirtí nach raibh údarás aige air. Dá bhrí sin, mhaígh Grúpa SAIC gur cheart a mheas go bhfuil an méid a tuairiscíodh i dtaca le cearta úsáide talún cruinn agus gur cheart é a úsáid amhlaidh agus nár cheart don Choimisiún Airteagal 28 a chur i bhfeidhm. Mheas an Coimisiún gur iarradh na comhaontuithe bunaidh uile maidir le cearta úsáide talún, an conradh ceannaigh agus na doiciméid tacaíochta lena léirítear an praghas tosaigh a íocadh ar na cearta úsáide talún agus chinn sé i roinnt cásanna go raibh an fhaisnéis a fuarthas neamhiomlán agus nárbh fhéidir dá dheasca sin fíorú iomlán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fuarthas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(k) *Bannaí agus maoiniú idir cuideachtaí*

(368) Mhaígh Grúpa SAIC nár iarr an Coimisiún na doiciméid a bhaineann le bannaí agus maoiniú idir cuideachtaí. Thug Grúpa SAIC dá aire nach raibh gá leis an bhfaisnéis maidir le hurrús de bhun sócmhainní (ABS) sa roinn den cheistneoir a bhaineann le maoiniú fabhrach a bheith á sholáthar ag bainc bheartais Stáit agus bainc thráchtála atá faoi úinéireacht an Stáit agus dá bhrí sin dhiúltaigh sé do chur i bhfeidhm beartaithe Airteagal 28.

(369) Mheas an Coimisiún go n-iarrtar go sonrach leis an gceistneoir faisnéis maidir le maoiniú idir cuideachtaí agus maidir le bannaí go háirithe. Ar an gcéad dul síos, iarradh ar chuideachtaí a raibh baint acu le caipiteal a sholáthar freagra a thabhairt ar an gceistneoir; ar an dara dul síos, is cineál banna iad ABS ar iarradh faisnéis ina leith sa cheistneoir. Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar fhaisnéis fhrithráiteach san fhearann poiblí i ndáil le cuideachtaí comhlachaithe, nár chomhoibrigh (féach aithris (320)), rud a léirigh go soiléir nár nochtadh faisnéis ríthábhachtach a bhaineann leis na fóirdheontais agus dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(l) *Tuarascáil Gníomhaire Cánach maidir le hAsbhaint T&F*

(370) I ndáil leis na tuarascálacha gníomhaire cánach maidir le hasbhaint T&F, dúirt Grúpa SAIC go n-ullmhaíonn na gníomhairí cánach de ghnáth iad de réir threoracha na gcuideachtaí; Níl sé éigeantach iad a ullmhú, áfach, agus ní raibh feidhm ag an iarraidh ar na tuarascálacha sin dá bhrí sin. Ina theannta sin, ní raibh gá leis na tuarascálacha sin agus ní raibh siad fíor-riachtanach chun méid aon asbhainte T&F a fhíorú, óir bhí na méideanna ábhartha a dearbhaíodh sa tuairisceán cánach ioncaim fiontair i réim. Chuir Grúpa SAIC in aghaidh chur i bhfeidhm beartaithe Airteagal 28 den bhun-Rialachán.

(371) Ó tharla gur folaíodh faisnéis i dtuarascáil gníomhaire cánach maidir le hasbhaint T&F agus go rabhthas in ann, dá dhroim sin, asbhaint bhreise a dhéanamh ar speansais T&F i gcás ceann amháin de na heintitis, mar a fuarthas le linn cuairt fíorúcháin amháin, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir a mheas gur comhar iomlán a bhí ann. Ó tharla nár soláthraíodh an fhaisnéis sin, ar faisnéis í a líomhnaítear nár bhain leis an táirge faoi imscrúdú ach atá ar fáil go héasca do Ghrúpa SAIC, ní raibh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar ghné shainiúlachta na scéime laghdaithe cánach a bhí i gceist. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3.3.3. *Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le Grúpa Geely*

(372) Le linn an imscrúdaithe, chinn an Coimisiún go raibh faisnéis áirithe a raibh gá léi in easnamh agus gur cuireadh bac ar an imscrúdú dá dheasca, is é sin:

— suíodh gur measadh go raibh soláthróir de chuid Ghrúpa Geely comhlachaithe de réir bhrí Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([107]), agus nár chuir an chuideachta sin freagra ceistneora isteach;

([107]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

— níor sholáthair aon cheann de chuideachtaí maoinithe Ghrúpa Geely a chruinnigh cistí dá ngnó feithiclí ceallra-leictreacha trí iasachtaí sindeacáite, saoráidí bainc déthaobhacha agus urrúis de bhun sócmhainní, lena n-áirítear urrúis de bhun sócmhainní glasa, freagra iomlán ar an gceistneoir;

— níor sholáthair aon cheann de chuideachtaí Ghrúpa Geely faisnéis iomlán maidir le cineál na gclár deontais faoina bhfuair siad tacaíocht, mar a iarradh sa cheistneoir;

— ní dhearna Grúpa Geely gach tionscadal atá ar siúl ná gach tionscadal a bheidh ann amach anseo atá nasctha le táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha a thuairisciú, mar a iarradh sa cheistneoir;

— níor thug roinnt táirgeoirí iarbhír feithiclí ceallra-leictreacha i nGrúpa Geely freagra iomlán ar an gceistneoir agus, ina ionad sin, níor thug na heintitis sin freagra ach ar ranna atá ceaptha le haghaidh soláthróirí ábhar ionchuir, rud a d'fhág nár soláthraíodh cuid mhór den fhaisnéis a mbeadh coinne léi de ghnáth ó tháirgeoirí.

— níor chuir Grúpa Geely Iarscríbhinn IV – Údarú bainc isteach mar chuid dá fhreagra ar an gceistneoir ach an oiread. Ar deireadh, níor sholáthair an grúpa an fhaisnéis maidir leis na cearta úsáide talún atá faoi úinéireacht na n-eintiteas sealbhaíochta atá ábhartha do tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa ghrúpa.

(373) Dá thoradh sin, an 23 Aibreán 2024, thug an Coimisiún fógra do Ghrúpa Geely go raibh sé beartaithe aige Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis nár cuireadh isteach. D'iarr an Coimisiún ar an gcuideachta barúlacha a chur isteach.

(374) An 30 Aibreán 2024, chuir Grúpa Geely barúlacha isteach maidir le rún an Choimisiúin fíorais atá ar fáil maidir leis an bhfaisnéis a chumhdaítear in aithris (372) agus i litir an 23 Aibreán 2024 a chur i bhfeidhm.

(375) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh Grúpa Geely nach féidir a iarraidh air faisnéis rúnda a chur isteach ó sholáthróir neamhchomhlachaithe nach féidir leis a threorú, agus, in aon chás, gur soláthraíodh faisnéis réasúnta ábhartha don Choimisiún. Ní raibh úinéireacht ag Grúpa Geely ar an soláthróir sin ná ní raibh aon chumhacht aige ar ghnó ná ar bhainistíocht a sholáthróra.

(376) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go ndearna an soláthróir i gceist agus Grúpa Geely cuideachta a oibriú go comhpháirteach chun cealla, modúil agus pacaí ceallraí a fhorbairt, a tháirgeadh agus a dhíol, agus dá bhrí sin gur aithníodh go dlíthiúil iad mar chomhpháirtithe gnó. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil siad comhlachaithe de réir bhrí Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún, rud a fhágann, de réir threoracha an cheistneora agus an chomhfhreagrais ina dhiaidh sin, go bhfuil údar leis an oibleagáid dhlíthiúil freagra ar cheistneoir fóirdheontais a chur isteach mar pháirtí comhlachaithe. Diúltaíodh do mhaíomh an ghrúpa dá bhrí sin.

(377) Ar an dara dul síos, mhaígh Grúpa Geely nach raibh sé in ann tuilleadh faisnéise a sholáthar ó chuideachtaí maoinithe a thiomsaigh cistí le haghaidh a ghnó feithiclí ceallra-leictreacha. Gach eintiteas de chuid Ghrúpa Geely a bhfuil baint acu le maoiniú i ndáil le feithiclí ceallra-leictreacha, tá na freagraí is gá ar Ranna A agus E de na ceistneoirí tosaigh curtha isteach acu. Ina theannta sin, d'áitigh Grúpa Geely go raibh an iarraidh róleathan, nach raibh sí beacht go leor agus nach raibh sí ábhartha go díreach don imscrúdú.

(378) Mar sin féin, trí fhoinsí atá ar fáil go poiblí, shuigh an Coimisiún gur eisigh ceann amháin ar a laghad de chuideachtaí Ghrúpa Geely roinnt urrús de bhun sócmhainní (lena n-áirítear urrúis de bhun sócmhainní glasa) ab infheidhme sa tréimhse imscrúdúcháin, nár sholáthair an grúpa aon fhaisnéis ina leith, fiú tar éis don Choimisiún iarraidh shonrach uirthi a sheoladh, agus ba chineál banna é ABS ar iarradh faisnéis ina leith sa cheistneoir tosaigh. Diúltaíodh do mhaíomh Ghrúpa Geely dá bhrí sin.

(379) Ar an tríú dul síos, maidir le faisnéis iomlán a sholáthar faoi chineál na gclár deontais, mhínigh Grúpa Geely go bhféadfaí cineál na gclár deontais agus tuairisc orthu a shainaithint beagnach i gcónaí sna duillíní bainc a bhaineann leis na híocaíochtaí deontais aonair. Ina theannta sin, mhínigh Grúpa Geely nach bhfuil faisnéis bhreise maidir leis na cláir deontais, lena n-áirítear an bunús dlí, ina sheilbh aige agus gur cheart í a iarraidh ar Rialtas na Síne.

(380) Thug an Coimisiún dá aire ón bhfaisnéis theoranta, i gcás ina raibh sí le fáil ar an duillín bainc, nach raibh sé in ann scéimeanna fóirdheontais foluiteacha na gclár deontais a chinneadh i ndáil leis an táirge faoi imscrúdú. Ag an am céanna, mar a luaitear in aithris (300), thug an Coimisiún dá aire nár chuir Rialtas na Síne aon fhaisnéis ar fáil maidir leis na deontais *ad hoc* a soláthraíodh do na grúpaí sampláilte. Diúltaíodh do mhaíomh an ghrúpa dá bhrí sin.

(381) Ar an gceathrú dul síos, in éagmais tuairisciú maidir le roinnt tionscadal a bhaineann le táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, ba é tuairim Ghrúpa Geely nach bhfuil tionscadail atá ar siúl agus tionscadail a bheidh ann amach anseo, amhail gluaisteáin nua a d'fhéadfaí a sheoladh, bainteach leis an tréimhse imscrúduithe agus nach dtagann siad faoi raon feidhme an imscrúdaithe seo. Chuir Grúpa Geely i dtábhacht freisin go bhfuil an fhaisnéis sin thar a bheith rúnda agus íogair ó thaobh an mhargaidh de.

(382) Maidir le tionscadail atá ar siúl agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann le táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, thug an Coimisiún dá aire gur iarradh faisnéis maidir leo sa cheistneoir tosaigh, agus le linn cuairteanna fíorúcháin, ós rud é go bhfuil roinnt scéimeanna fóirdheontais nasctha le táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha amach anseo, agus go mbaineann méadú réamh-mheasta ar acmhainneacht táirgeachta feithiclí ceallra-leictreacha le hábhar chun bagairt díobhála a shuí. Gan an fhaisnéis iomlán sin, ní raibh an Coimisiún in ann na scéimeanna fóirdheontais foluiteacha uile a chinneadh i ndáil leis an táirge faoi imscrúdú. Diúltaíodh do mhaíomh an ghrúpa dá bhrí sin.

(383) Ar an gcúigiú dul síos, maidir leis an bhfíoras nár thug táirgeoirí iarbhír feithiclí ceallra-leictreacha i nGrúpa Geely freagra iomlán ar an gceistneoir, níor mheas Grúpa Geely gur táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha iad na cuideachtaí sin, toisc gur gá fós do na feithiclí a tháirgeann siad pas a fháil i sraith cigireachtaí agus tástálacha. Thug Grúpa Geely le fios freisin gur sholáthair sé faisnéis bhreise a bhaineann leis na cuideachtaí sin, mar a d'iarr ranna an Choimisiúin.

(384) Thug an Coimisiún dá aire, cé gur sholáthair na cuideachtaí an fhaisnéis a iarradh, nach raibh sé in ann iomláine ná cruinneas na faisnéise a fhíorú de dheasca a rí-dhéanaí a cuireadh isteach í. Go sonrach, ní raibh sé in ann soláthairtí ionchur áirithe a bhailíochtú go leormhaith i gcoibhneas le méid táirgeachta agus costais feithiclí ceallra-leictreacha, ó tharla nár cuireadh sonraí leordhóthanacha ar fáil san fhaisnéis maidir le costais a sholáthair na cuideachtaí sin, mar a iarradh de ghnáth ar na heintitis táirgthe i gceistneoir an Choimisiúin. Diúltaíodh do mhaíomh an ghrúpa dá bhrí sin.

(385) Maidir le foráil Iarscríbhinn IV – Údarú bainc a sholáthar, d'áitigh Grúpa Geely gur chuir sé leagan comhdhlúite de na húdaruithe bainc isteach, tráth a cuireadh isteach na freagraí tosaigh ar an gceistneoir. D'fhill an Coimisiún ar an doiciméad a cuireadh isteach agus dheimhnigh sé go raibh sé inúsáidte.

(386) Ar deireadh, maidir le soláthar na faisnéise faoi chearta úsáide talún atá ábhartha do tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa ghrúpa, thug Grúpa Geely le fios nach raibh baint ag na cearta úsáide talún a bhaineann leis an gceanncheathrú le táirgeadh agus díolacháin feithiclí ceallra-leictreacha, agus nach raibh siad iomchuí ná ábhartha don imscrúdú.

(387) Thug an Coimisiún dá aire go n-úsáidtear an cheanncheathrú le haghaidh cuid de na gníomhaíochtaí a bhaineann le feithiclí ceallra-leictreacha. Ba cheart, dá bhrí sin, fóirdheontais a bhaineann leis an gceanncheathrú sin a leithdháileadh i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar ann a bhaineann le feithiclí ceallra-leictreacha, agus ní féidir ábharthacht a shuí gan an bhunfhaisnéis a bheith ann maidir leis na cearta úsáide talún atá faoi úinéireacht. Diúltaíodh do mhaíomh an ghrúpa dá bhrí sin.

3.3.4. *Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir le Grúpa BYD*

(388) An 8 Nollaig 2023, thug an Coimisiún fógra do Ghrúpa BYD go raibh sé beartaithe aige Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis nár sholáthair Grúpa BYD agus d'iarr sé ar an gcuideachta barúlacha a chur isteach ina leith. Chuir Grúpa BYD an fhaisnéis a bhí in easnamh isteach an 15 Nollaig 2023.

(389) Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún nár nocht Grúpa BYD a chaidreamh le dhá cheann (ar a laghad) de sholáthróirí amhábhar a úsáidtear chun ceallraí a tháirgeadh, agus nár chuir na cuideachtaí sin freagra ar an gceistneoir isteach dá réir. Ina theannta sin, suíodh go raibh cainníochtaí móra litiam á soláthar ag an dá sholáthróir, arb é atá iontu níos mó ná 1 % de na ceannacháin ionchuir iomlána ó na cuideachtaí a chuir freagra ar an gceistneoir isteach. Thairis sin, níor cuireadh aon fhaisnéis maidir le soláthróirí neamhchomhlachaithe faoi bhráid Rialtas na Síne, d'ainneoin go raibh forálacha sa cheistneoir frith-fhóirdheontais maidir le soláthróirí neamhchomhlachaithe a nochtadh, agus níor soláthraíodh Iarscríbhinn IV – Údarú bainc ach an oiread. Chinn an Coimisiún gur chuir an easpa faisnéise sin is gá bac ar an imscrúdú agus ar an rochtain ar fhaisnéis maidir le scéimeanna ábhartha. Dá thoradh sin, an 24 Aibreán 2024, thug an Coimisiún fógra do Ghrúpa BYD go raibh sé beartaithe aige Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis nár cuireadh isteach agus d'iarr sé ar an gcuideachta barúlacha a chur isteach.

(390) An 30 Aibreán 2024, chuir Grúpa BYD barúlacha isteach maidir le rún an Choimisiúin fíorais atá ar fáil maidir leis an bhfaisnéis a chumhdaítear in aithris (389) a chur i bhfeidhm.

(391) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh Grúpa BYD nár cuireadh isteach aon fhaisnéis maidir leis na soláthróirí comhlachaithe amhábhar, toisc gur sonraíodh sa cheistneoir nár cheart ach do chuideachtaí comhlachaithe a bhfuil baint acu le *'táirgeadh sócmhainní seasta nó ionchur a úsáidtear i bpróiseas táirgthe an táirgeora onnmhairiúcháin, amhail na hionchuir a liostaítear i Roinn E-3-3 thíos'*, freagra ar an gceistneoir a chur isteach. Bunaithe air sin, d'áitigh Grúpa BYD nár úsáideadh roinnt ionchur i bpróiseas táirgthe an táirgeora onnmhairiúcháin, ach ina ionad sin gur úsáideadh iad i bpróiseas táirgthe an táirgeora ceallraí réamhtheachtaigh.

(392) Ina theannta sin, dhearbhaigh Grúpa BYD gur chuir sé liosta soláthróirí faoi bhráid Rialtas na Síne bunaithe ar an réasúnaíocht chéanna (i.e. cuideachtaí comhlachaithe a bhfuil baint acu le táirgeadh ionchur a úsáidtear i bpróiseas táirgthe an táirgeora onnmhairiúcháin), agus, dá bhrí sin, gur úsáideadh roinnt de na hionchuir i Roinn E-3-3 i bpróiseas táirgthe táirgeoirí ceallraí, seachas i bpróiseas táirgthe an táirgeora onnmhairiúcháin.

(393) Mheabhraigh an Coimisiún go ndearna sé nóta a ghabhann leis an gcomhad a eisiúint an 17 Samhain 2023 ina raibh soiléirithe maidir leis na cuideachtaí comhlachaithe ar iarradh orthu freagra ar an gceistneoir a chur isteach, á chur leis gur ceanglaíodh ar chuideachtaí comhlachaithe, *'cibé acu a bhaineann siad le táirgeoirí a dhíolann táirgí ar bhonn intíre nó lena n-onnmhairiú'*, a bhfuil baint acu le táirgeadh sócmhainní seasta nó ionchur, lena n-áirítear amhábhair, páirteanna nó comhpháirteanna a chumhdaítear i Roinn E-3-3 den cheistneoir, agus *'a úsáidtear i bpróiseas táirgthe na n-eintiteas monaraíochta'* freagra ar an gceistneoir a chur isteach. I bhfianaise an tsoiléirithe a d'eisigh an Coimisiún, mheas an Coimisiún gur cheart don chuideachta treoracha soiléire iomlána maidir le struchtúr na cuideachta agus a soláthróirí a chur isteach, rud a spreagfadh freagra ceistneora go háirithe ó sholáthróirí na n-amhábhar a úsáidtear chun ceallraí a tháirgeadh. Thairis sin, i bhfianaise leibhéal comhtháthaithe ingearaigh Ghrúpa BYD, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir a mheas go raibh an próiseas táirgthe ceallraí scartha ó phróiseas táirgthe an táirgeora onnmhairiúcháin agus neamhchomhlachaithe leis. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(394) Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin gur míníodh go soiléir le Roinn E-3-3b den cheistneoir gur cheart a sholáthar don Choimisiún agus do Rialtas na Síne araon liosta iomlán d'ainmneacha agus de shonraí teagmhála na soláthróirí a sholáthair píosaí agus amhábhair le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Sonraíodh leis an gceistneoir freisin, mura cuideachta ghaolmhar é an soláthróir, nach mór *'soláthróir neamhspleách bunaidh an ábhair i gceist'* a shonrú. I dteannta na dtreoracha thuasluaite, thug an Coimisiún dá aire go raibh ainmneacha roinnt soláthróirí comhlachaithe amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh ceallraí curtha san áireamh cheana féin ag an gcuideachta sa liosta soláthróirí a seoladh chuig Rialtas na Síne. Cé gur aithin an Coimisiún go ndearna Grúpa BYD liosta soláthróirí a chomhdú le Rialtas na Síne, bhí an liosta sin neamhiomlán toisc nár áiríodh ann aon soláthróir neamhchomhlachaithe, mar a shonraítear i Roinn E-3-3b den cheistneoir, ná na soláthróirí comhlachaithe a shainaithin an Coimisiún. Chuir an easpa faisnéise sin bac ar an imscrúdú, toisc nár thug sé deis do Rialtas na Síne teagmháil a dhéanamh leis na soláthróirí réamhtheachtacha sin chun freagra a thabhairt ar an gceistneoir. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(395) Mhaígh Grúpa BYD nár chuir sé isteach Iarscríbhinn IV – Foirmeacha údaraithe bainc, toisc gur mheas an grúpa go raibh an Coimisiún in ann an fhaisnéis a iarradh a fháil trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a sholáthair na cuideachtaí faoi seach agus go háirithe trí Ionad Tagartha Creidmheasa People's Bank of China.

(396) Mar a luaitear sa litir ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2024, measadh go raibh na foirmeacha údaraithe bainc ríthábhachtach chun faisnéis a bhailiú ó Rialtas na Síne maidir leis na scéimeanna fóirdheontais faoi seach. Bhí gá leis na foirmeacha údaraithe bainc chun sonraí rúnda cuideachta a fháil ó na bainc éagsúla a sholáthair iasachtaí do Ghrúpa BYD, ar faisnéis í a iarradh ar Rialtas na Síne. In éagmais na bhfoirmeacha sin, ní raibh na bainc in ann an fhaisnéis sin a sholáthar don Choimisiún trí Rialtas na Síne, rud a chuir bac ar an imscrúdú. Dá bhrí sin, níor mhór maíomh Ghrúpa BYD a dhiúltú.

(397) Chuir Grúpa BYD in aghaidh an fhíorais gur cheart freagra a bheith tugtha ar an gceistneoir ag ceann dá sholáthróirí comhlachaithe amhábhar. D'áitigh an grúpa gur bhain an Coimisiún úsáid as an ainmneoir mícheart chun céatadán an luacha ceannaigh a ríomh, agus gur sholáthair an chuideachta iarbhír níos lú ná 1 % de na ceannacháin go léir a rinne na cuideachtaí táirgthe a chuir freagra ar an gceistneoir isteach. Thagair Grúpa BYD freisin don fhíoras gur dheonaigh an Coimisiún díolúine do sholáthróirí ionchur arb é atá iontu níos lú ná 1 % de cheannacháin na dtáirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha. Ina theannta sin, cheistigh an Grúpa a úsáidí a bhí freagra ceistneora, ós rud é nár sholáthair an soláthróir i gceist ach amhábhar a úsáideadh go hindíreach i dtáirgeadh ceallraí.

(398) Thug an Coimisiún faoi deara gur ríomh an chuideachta féin an céatadán den luach ceannaigh a thuairiscigh an Coimisiún ina Iarscríbhinn a ghabhann le litir Airteagal 28 agus gur pléadh é leis an bhfoireann cáis le linn an fhíoraithe ag áitreabh na cuideachta. Áiríodh an píosa faisnéise sin freisin sa tuarascáil mhisin a seoladh chuig an gcuideachta. Ina theannta sin, d'aithin an Coimisiún gur dheonaigh sé díolúine do na soláthróirí ionchuir sin a sholáthraíonn níos lú ná 1 % de luach ceannaigh tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha Ghrúpa BYD. Rinneadh an cinneadh sin, áfach, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an grúpa isteach chun bunús a thabhairt lena iarrataí ar dhíolúine. Thug an Coimisiún dá aire nár cuireadh isteach aon fhaisnéis maidir le soláthróirí comhlachaithe amhábhar ag an gcéim thionscnaimh, agus dá bhrí sin nach raibh ag an gCoimisiún an fhaisnéis fholuiteach a theastaigh chun measúnú a dhéanamh ar cé acu ba ghá nó nár ghá do na soláthróirí comhlachaithe amhábhar freagra a chur isteach. Ag an gcéim thionscnaimh, d'ainneoin na dtreoracha soiléire a sholáthraítear i Roinn E-3-3 den cheistneoir, rinne Grúpa BYD an fhaisnéis a nocht sé maidir le struchtúr na cuideachta a theorannú do na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear sa chéad chuid de Roinn E-3-3 agus dóibhsean amháin. Ar deireadh, chuir an Coimisiún i dtábhacht gur chuir easpa freagra ceistneora ó na soláthróirí comhlachaithe amhábhar bac ar ranna an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh soláthróirí réamhtheachtacha ag tairbhiú d'fhóirdheontais.

(399) Chuir Grúpa BYD in aghaidh an fhíorais gur cheart freagra ar an gceistneoir a bheith curtha isteach ag soláthróir réamhtheachtach eile, ar an mbunús go raibh scairsheilbh BYD faoi bhun 5 % ar feadh cuid den tréimhse imscrúdúcháin agus nár cháiligh an soláthróir mar pháirtí comhlachaithe dá réir, agus gur fhág an scairsheilbh theoranta sin freisin nach raibh an fhaisnéis a iarradh i seilbh Ghrúpa BYD ná faoina rialú, agus dá bhrí sin nach bhféadfadh Grúpa BYD í a sholáthar.

(400) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh níos mó ná 5 % fós ag Grúpa BYD sa soláthróir réamhtheachtach atá i gceist ar feadh cuid den tréimhse imscrúdúcháin agus mheabhraigh sé nár nochtadh an caidreamh sin ag tús an imscrúdaithe, ach le linn an phróisis easnaimh amháin. Thairis sin, i bhfianaise an chaidrimh ghnó atá ann cheana idir an dá chuideachta, is léir gur chosúil go raibh an dá pháirtí comhlachaithe de réir bhrí Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh. D'athluaigh an Coimisiún, i bhfianaise a thábhachtaí atá an t-amhábhar a soláthraíodh i bpróiseas táirgthe Ghrúpa BYD, méid agus luach an cheannacháin a cheannaigh BYD ón soláthróir réamhtheachtach, agus d'ainneoin gur áiríodh an t-amhábhar i gceist i Roinn E-3-3 den cheistneoir freisin, lena bhforáiltear go sainráite go gcuirfidh soláthróirí comhlachaithe amhábhar freagra ceistneora isteach, mheas an Coimisiún nár chomhoibrigh Grúpa BYD ach go páirteach trí fhaisnéis ábhartha maidir le struchtúr an ghrúpa agus a sholáthróirí a choinneáil siar ag tús an imscrúdaithe. Deimhnítear é sin freisin toisc nár cuireadh isteach liosta na gceannachán ó sholáthróirí ach amháin mar thoradh ar an gcéad litir d'Airteagal 28 dá dtagraítear in aithris (388). Foráiltear le hAirteagal 28(1) den bhun-Rialachán, i gcásanna *'ina ndiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a sholáthar ar an bhfaisnéis is gá [...], féadfar na torthaí sealadacha nó deiridh, bíodh siad dearfach nó diúltach, a bhunú ar na fíorais atá ar fáil.'*. Ó tharla nár thug na soláthróirí comhlachaithe amhábhar freagra ar an gceistneoir, cuireadh bac ar ranna an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh soláthróirí réamhtheachtacha ag tairbhiú d'fhóirdheontais, agus cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí praghas ceannaigh ceann de na príomh-ionchuir a úsáidtear i dtáirgeadh ceallraí a mheas a bheith ar neamhthuilleamaí.

3.3.5. *Barúlacha arna gcur isteach ag Rialtas na Síne i ndáil le cur i bhfeidhm beartaithe Airteagal 28 maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte*

(401) An 30 Aibreán 2024, chuir Rialtas na Síne barúlacha isteach lenar chuir sé ina aghaidh go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún Airteagal 28 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus a thorthaí a bhunú ar fhíorais atá ar fáil i gcás gnéithe sonracha a bhaineann leis na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte.

(402) Mhaígh Rialtas na Síne nach amháin gur theip ar an gCoimisiún '*a chur chuige neamhdhleathach maidir le roinnt saincheisteanna nós imeachta agus substainteacha sa chás seo a cheartú, ach thug sé neamhaird freisin ar chastacht na dtionscal lena mbaineann, ar an líon mór cuideachtaí atá mar chuid de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a chuir freagra ceistneora ar fáil sa chás, ar chastacht na gclár líomhnaithe agus ar na tréimhsí ama an-docht a sholáthair an Coimisiún chun an méid ollmhór faisnéise nach raibh údar leis a lorgaíodh ó na cuideachtaí a sholáthar.*' Agus sin á dhéanamh aige, mhaígh Rialtas na Síne go raibh an Coimisiún ag sárú rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála ('EDT') agus an bhun-Rialacháin AE maidir le roinnt pointí.

(403) Ar an gcaoi chéanna leis na maímh a rinne Grúpa SAIC (féach aithrisí (323) go (328) thuas), mhaígh Rialtas na Síne nach raibh bunús dlí leordhóthanach le cur i bhfeidhm Airteagal 28 den bhun-Rialachán ag an gCoimisiún agus go raibh sé ar neamhréir le rialacha ábhartha EDT. Thagair Rialtas na Síne d'iarrataí ar fhaisnéis nár measadh a bheith '*riachtanach*' chun na fóirdheontais líomhnaithe a shainaithint agus go háirithe chun an sochar a ríomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin, ar tugadh aghaidh orthu cheana in (323) go (328).

(404) Mhaígh Rialtas na Síne go ndearna an Coimisiún an t-ualach ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a mhéadú go míréasúnta san imscrúdú tríd an méid seo a leanas: a) leathnú a dhéanamh ar raon feidhme na gcuideachtaí comhlachaithe ar ceanglaíodh orthu freagra a thabhairt ar an gceistneoir, b) leathnú a dhéanamh ar raon feidhme na bhfóirdheontas líomhnaithe atá á n-imscrúdú agus ar an bhfaisnéis a iarradh, agus an fhaisnéis a iarradh a leasú nó a fhorlíonadh go leanúnach agus c) sprioc-amanna an-ghearra a fhorchur agus méid míréasúnta faisnéise á iarraidh ag tráth céanna. Cé gur aithin Rialtas na Síne nach raibh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte in ann an fhaisnéis a iarradh a sholáthar i roinnt cásanna, mhaígh sé gurbh amhlaidh toisc gur chuir an Coimisiún ualach míréasúnta orthu. Ar deireadh, luaigh Rialtas na Síne '*gur léir go raibh cinneadh an Choimisiúin nár chomhoibrigh na fiontair shampláilte leis an imscrúdú contrártha le prionsabal an imscrúdaithe chóir agus oibiachtúil dá bhforáiltear i rialacha EDT agus i mbun-Rialachán® Frith-fhóirdheontais an Aontais*'.

(405) Cé gur aithin an Coimisiún gur chomhoibrigh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte ar leibhéil éagsúla, thug sé dá aire nár bhreithnigh Rialtas na Síne roinnt eilimintí amhail na cinn seo a leanas:

— Na hiarrataí iomadúla ar shíntí leis an sprioc-am, rud a dheonaigh an Coimisiún chun an t-ualach líomhnaithe ar na páirtithe comhoibríocha a mhaolú.

— An argóint maidir le 'rúndacht' agus 'rún gnó' a líomhnaítear a chuir cosc ar na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte faisnéis iomlán a sholáthar. Go sonrach, dhiúltaigh gach grúpa ar dtús faisnéis maidir le costas táirgthe a sholáthar, rud a d'fhág gur coinníodh ón gCoimisiún faisnéis ríthábhachtach maidir leis na hábhair ionchuir a thabharfadh caoi dó tuiscint níos fearr a fháil ar an struchtúr costais agus na príomhábhair ionchuir a bhaineann le feithiclí ceallra-leictreacha a shainaithint.

— Neamh-chomhoibriú roinnt soláthróirí comhlachaithe (mar a léirítear i roinn 3.3.2.2 thuas).

— Faisnéis fholuiteach neamhiomlán a chur ar fáil gan aon údar (mar a léirítear i roinn 3.3.2.2 thuas).

(406) Bhí ar an gCoimisiún litreacha easnaimh iomadúla a sheoladh chuig na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte lenar iarradh orthu an fhaisnéis a iarradh ar dtús a sholáthar, agus d'fhéach sé freisin le freastal a mhéid ab fhéidir ar a n-iarraidh síneadh a chur leis na sprioc-amanna agus d'aontaigh sé fiú breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis arna soláthar tar éis na gcuairteanna fíorúcháin, rud a thug deis do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte an fhaisnéis a bhí le soláthar a chomhlánú. Mar sin féin, shuigh an Coimisiún gur tharla sé i roinnt cásanna, d'aon ghnó, gur dhiúltaigh na heintitis ar le ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte iad rochtain ar an bhfaisnéis a thabhairt d'fhoireann imscrúdaithe an Choimisiúin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh go raibh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte faoi réir ualaí iomarcacha a forchuireadh gan údar, rud a chuir cosc orthu comhoibriú a dhéanamh.

3.4. Fóirdheontais agus cláir fhóirdheontais a dtagann an Coimisiún ar thorthaí ina leith san imscrúdú seo

(407) Ar bhonn an eolais sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht fianaise, san fhógra tionscnaimh agus sna freagraí ar cheistneoirí an Choimisiúin, rinneadh imscrúdú ar na fóirdheontais seo a leanas ó Rialtas na Síne:

— Maoiniú fabhrach agus creidmheasanna dírithe arna soláthar ag bainc bheartais Stáit agus bainc thráchtála atá faoi úinéireacht an Stáit (e.g. iasachtaí beartais, línte creidmheasa, dréachtaí glacachta bainc, maoiniú onnmhairiúcháin)

— Cláir Deontais

— Deontais airgid dhíreacha do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha agus cláir thacaíochta ghaolmhara eile i bhfoirm bearta creidmheasa i bhfabhar táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha

— Deontais teicneolaíochta, nuálaíochta agus taighde agus forbartha

— Infheistíochtaí cothromais arna maoiniú ag an stát nó arna ndreasú ar bhealach eile ag an rialtas

— Earraí agus seirbhísí arna soláthar ag an rialtas ar luach nach bhfuil leordhóthanach

— soláthar cearta úsáide talún ag rialtas ar luach saothair nach leordhóthanach;

— Ceallraí agus a n-ionchuir amhábhair (is é sin fosfáit iarainn litiam) arna soláthar ag an rialtas ar luach saothair nach leordhóthanach.

— Ioncam ligthe thar ceal trí chláir um Dhíolúine agus Laghdú Cánach

— Laghdú ar Cháin Ioncaim Fiontar ('EIT') le haghaidh Fiontair Ardteicneolaíochta agus Teicneolaíochta Nua;

— Costais taighde agus forbartha a asbhaint ar bhonn tosaíochta roimh cháin;

— Díolúintí CBL agus lacáistí dleachta ar allmhairí le haghaidh úsáid trealaimh agus teicneolaíochta allmhairithe agus lacáistí CBL ar threalamh arna tháirgeadh go hintíre;

— Díolúine nó tarscaoileadh cánacha réadmhaoine agus úsáid talún;

— Díolúine ó cháin tomhaltais, díolúine ó tháille uimhirphláta, agus fóirdheontais airgid eile do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha;

— Dímheas luathaithe na n-ionstraimí agus an trealaimh a úsáideann fiontair Ardteicneolaíochta chun forbairt agus táirgeadh ardteicneolaíochta a dhéanamh;

— Díolúine ó dhíbhinní idir fiontair chónaitheacha cháilithe;

— Laghdú cánach iarchoimeádta i gcás díbhinní ó fhiontair de chuid na Síne a ndéantar infheistíocht eachtrach iontu chuig a máthairchuideachtaí nach cuideachtaí de chuid na Síne iad;

— Lacáistí dleachta ar onnmhairí.

3.5. Maoiniú fabhrach

3.5.1. *Institiúidí airgeadais a sholáthraíonn maoiniú fabhrach*

(408) De réir na faisnéise a sholáthair na trí ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin, rinne 37 n-institiúid airgeadais ar a laghad atá lonnaithe laistigh de Dhaon-Phoblacht na Síne maoiniú a sholáthar dóibh i gcomhréir le Dlí Síneach na mBanc. Mar a luaitear in aithris (256), níor chuir Rialtas na Síne na ceistneoirí ar aghaidh chuig institiúidí airgeadais agus níor sholáthair sé faisnéis maidir le húinéireacht na n-institiúidí airgeadais a chuir iasachtaí ar fáil do na cuideachtaí sampláilte. Níor líon ach banc amháin atá faoi úinéireacht an Stáit an ceistneoir sonrach isteach, in ainneoin iarratas a bheith déanta chuig Rialtas na Síne inar cumhdaíodh gach institiúid airgeadais a thug iasachtaí do na cuideachtaí sampláilte. Ar an mbonn sin, ní raibh an Coimisiún in ann a chinneadh, dá bhrí sin, an raibh siad faoi úinéireacht an Stáit nó faoi úinéireacht phríobháideach.

3.5.1.1. Institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá ag gníomhú mar chomhlachtaí poiblí

Caighdeán dlíthiúil

(409) Rinne an Coimisiún amach an raibh nó nach raibh na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit ag gníomhú mar chomhlachtaí poiblí de réir bhrí Airteagal 3 agus Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán. De réir chásdlí ábhartha na hEagraíochta Domhanda Trádála ([108]), is eintiteas é comhlacht poiblí 'a fheidhmíonn nó atá dílsithe d'údarás rialtais'. Ní mór fiosrúchán comhlachta phoiblí a dhéanamh de réir an cháis, agus aird chuí á tabhairt ar 'príomhthréithe agus feidhmeanna an aonáin ábhartha', 'gaol an eintitis sin leis an rialtas', agus 'an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tír ina n-oibríonn an t-eintiteas a ndearnadh imscrúdú air'. Ag brath ar imthosca sonracha gach cáis, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san fhianaise ábhartha: (i) fianaise go bhfuil 'eintiteas, i ndáiríre, ag feidhmiú feidhmeanna rialtais', go háirithe i gcás ina dtugann an fhianaise sin 'pointe do chleachtas marthanach agus córasach'; (ii) fianaise maidir le 'raon feidhme agus ábhar beartas rialtais i ndáil leis an earnáil ina n-oibríonn an t-eintiteas atá faoi imscrúdú'; Agus (iii) fianaise go bhfeidhmíonn rialtas 'rialú ciallmhar ar aonán agus a iompar'. Agus fiosrúchán á dhéanamh aige ó chomhlacht poiblí, ní mór d'údarás imscrúdúcháin 'saintréithe ábhartha uile an eintitis a mheas agus aird chuí a thabhairt orthu' agus gach cineál fianaise a scrúdú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir leis an meastóireacht sin; Agus é sin á dhéanamh aige, ba cheart go seachnófaí 'díriú go heisiach nó go míchuí ar aon saintréith aonair gan aird chuí a thabhairt ar dhaoine eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha'.

(410) Go sonrach, sonraíodh an méid seo a leanas le cásdlí EDT ([109]): *'Is é an rud tábhachtach an bhfuil údarás dílsithe d'eintiteas chun feidhmeanna rialtais a fheidhmiú,* seachas *conas a bhaintear é sin amach. Tá go leor bealaí éagsúla ann ina bhféadfadh an rialtas údarás a chur ar fáil, sa chiall chúng, d'eintitis. Dá réir sin, d'fhéadfadh cineálacha éagsúla fianaise a bheith ábhartha chun a thaispeáint gur bronnadh údarás den sórt sin ar eintiteas ar leith. D'fhéadfadh fianaise go bhfuil eintiteas ag feidhmiú feidhmeanna rialtais, go deimhin, a léiriú go bhfuil údarás aige nó gur tugadh údarás rialtais dó, go háirithe i gcás ina léirítear leis an bhfianaise sin cleachtas marthanach córasach. Mar thoradh air sin, dar linn, d'fhéadfadh fianaise a léiriú go bhfeidhmíonn smacht fónta ar eintiteas agus d'fhéadfaí a iompar a mheas, i gcúinsí áirithe, mar fhianaise go bhfuil údarás rialtais ag an eintiteas ábhartha agus go bhfeidhmíonn sé údarás den sórt sin i bhfeidhmiú feidhmeanna rialtais. Cuirimid i dtábhacht, áfach, gur dócha, cé is moite de tharmligean sainráite údaráis in ionstraim dlí, nach leor naisc fhoirmiúla idir eintiteas agus rialtas sa chiall chúng chun seilbh riachtanach údaráis rialtais a bhunú. Dá bhrí sin, mar shampla, ní féidir a léiriú gurb é an scairshealbhóir is mó d'eintiteas é rialtas agus dá réir, go bhfeidhmíonn an rialtas smacht fónta ar iompar an eintitis sin, i bhfad níos lú ná mar a bhronn an rialtas údarás rialtasach air. I gcásanna áirithe, áfach, i gcás ina léiríonn an fhianaise go bhfuil an iliomad comharthaí ann maidir le smacht rialtais, agus go bhfuil fianaise ann freisin gur feidhmíodh smacht den sórt sin ar bhealach fónta, ansin d'fhéadfaí tátal a bhaint as fianaise den sórt sin go bhfuil údarás rialtais á fheidhmiú ag an eintiteas lena mbaineann.'*

(411) D'fhonn tréithriú cuí a dhéanamh ar eintiteas mar chomhlacht poiblí i gcás ar leith, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha a mheas '*an de chineál iad feidhmeanna nó iompar [an eintitis] a aicmítear mar fheidhmeanna nó iompar rialtais de ghnáth i ndlíchóras an Chomhalta ábhartha* ([110])', agus aicmiú agus feidhmeanna na n-eintiteas laistigh de Chomhaltaí EDT i gcoitinne. Dá bhrí sin, má tá na feidhmeanna nó an t-iompar de chineál a aicmítear mar fheidhmeanna nó iompar rialtais de ghnáth i ndlíchóras an Fheisire ábhartha, d'fhéadfadh sé gur comaoin ábhartha iad chun a chinneadh an comhlacht poiblí é aonán sonrach nó nach ea.

(412) Tá go leor bealaí éagsúla ann ina bhféadfadh an rialtas údarás a chur ar fáil, sa chiall chúng, d'eintitis. Dá réir sin, d'fhéadfadh cineálacha éagsúla fianaise a bheith ábhartha chun a thaispeáint gur bronnadh údarás den sórt sin ar eintiteas ar leith. D'fhéadfadh fianaise go bhfuil eintiteas ag feidhmiú feidhmeanna rialtais, go deimhin, a léiriú go bhfuil údarás aige nó gur tugadh údarás rialtais dó, go háirithe i gcás ina léirítear leis an bhfianaise sin cleachtas marthanach córasach.

([108]) WT/DS379/AB/R (US – Anti-dumping and Countervailing Duties on Certain Products from China), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 318. Féach freisin WT/DS436/AB/R (SAM – Cruach Carbóin (An India)), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 8 Nollaig 2014, míreanna 4.9 - 4.10, 4.17 – 4.20 agus WT/DS437/AB/R (US – Countervailing Duty Measures on Certain Products from China) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 18 Nollaig 2014, mír 4.92.

([109]) WT/DS379/AB/R (US – Anti-dumping and Countervailing Duties on Certain Products from China), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 318. Féach freisin WT/DS436/AB/R (SAM – Cruach Carbóin (An India)), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 8 Nollaig 2014, míreanna 4.9 - 4.10, 4.17 - 4.20 agus WT/DS437/AB/R (na Stáit Aontaithe – Bearta Dleachta Frithchúitimh ar Tháirgí Áirithe ón tSín) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 18 Nollaig 2014, mír 4.92.

([110]) WT/DS379/AB/R (*US – Anti-dumping and Countervailing Duties on Certain Products from China*), Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 297.

(413) D'fhéadfadh fianaise a léiriú go bhfeidhmíonn smacht fónta ar eintiteas agus d'fhéadfaí a iompar a mheas, i gcúinsí áirithe, mar fhianaise go bhfuil údarás rialtais ag an eintiteas ábhartha agus go bhfeidhmíonn sé údarás den sórt sin i bhfeidhmiú feidhmeanna rialtais. Go deimhin, d'fhéadfadh úinéireacht rialtais ar eintiteas, cé nach critéar cinntitheach é, fónamh mar fhianaise, in éineacht le heilimintí eile. Mar sin féin, ní dócha gur leor naisc fhoirmiúla amháin a bheith ann idir eintiteas agus rialtas sa chiall chúng chun údarás rialtais a bhunú. Dá bhrí sin, mar shampla, ní féidir a léiriú gurb é an scairshealbhóir is mó d'eintiteas é rialtas agus dá réir, go bhfeidhmíonn an rialtas smacht fónta ar iompar an eintitis sin, i bhfad níos lú ná mar a bhronn an rialtas údarás rialtasach air. I gcásanna áirithe, áfach, i gcás ina léiríonn an fhianaise go bhfuil an iliomad comharthaí ann maidir le smacht rialtais, agus go bhfuil fianaise ann freisin gur feidhmíodh smacht den sórt sin ar bhealach fónta, ansin d'fhéadfaí tátal a bhaint as fianaise den sórt sin go bhfuil údarás rialtais á fheidhmiú ag an eintiteas lena mbaineann.

(414) Ní hé an fócas lárnach atá ag fiosrúchán ó chomhlacht poiblí ná an bhfuil an t-iompar a líomhnaítear gur cúis le ranníocaíocht airgeadais nasctha go loighciúil le 'feidhm rialtais' aitheanta. I ndáil leis sin, ní fhorordaítear leis an gcaighdeán dlíthiúil do chinntí ó chomhlacht poiblí faoi Airteagal 1.1(a)(1) de Chomhaontú SCM nasc de mhéid nó de chineál ar leith nach mór a bhunú idir feidhm aitheanta rialtais agus an ranníocaíocht airgeadais ar leith atá i gceist. Ina ionad sin, bíonn an fiosrúchán ábhartha ag brath ar an aonán a bhfuil baint aige leis an iompar sin, ar a chroíthréithe, agus ar an gcaidreamh atá aige leis an rialtas. Díríonn sé sin ar an eintiteas, murab ionann agus an t-iompar a líomhnaítear a bheith ina chúis le ranníocaíocht airgeadais, déanann sé comparáid idir 'rialtas' (sa chiall chúng) agus 'comhlacht poiblí' agus 'céim choiteannchta nó forluí ina mbuntréithe' – i.e. is 'rialtais' iad araon.

(415) Is cinnte gurb ionann cineál iompair nó cleachtais eintitis agus fianaise atá ábhartha d'fhiosrúchán comhlachta phoiblí. Go deimhin, is ceann de na cineálacha éagsúla fianaise é iompar eintitis – go háirithe nuair a chuirtear cleachtas marthanach córasach i gceist leis – a d'fhéadfadh, ag brath ar imthosca gach imscrúdaithe, léargas a thabhairt ar chroí-shaintréithe aonáin agus ar a ghaol leis an rialtas sa chiall chúng. Is é is aidhm don mheasúnú ar fhianaise den sórt sin, áfach, freagra a thabhairt ar an gceist lárnach an bhfuil na croí-shaintréithe agus na bunfheidhmeanna ag an eintiteas féin a cháileodh mar chomhlacht poiblí. Mar shampla, bhí faisnéis ar áireamh sa mheasúnú i dtaobh an comhlacht poiblí é eintiteas i gcomhthéacs bainc thráchtála faoi úinéireacht Stáit na Síne ('CBanna') in DS379 ina léirítear an méid seo a leanas: (i) 'gur rialtas iad príomhfheidhmeannaigh cheannoifigí na SOCBanna agus bíonn tionchar suntasach ag [CCP] maidir lena rogha féin'; Agus (ii) 'níl scileanna leordhóthanacha bainistíochta riosca ná anailíse ag SOCBanna i ndáiríre'. Ní raibh an fhianaise sin teoranta do ghníomhaíocht iasachtaithe SOCBanna *per se*, ach labhair sí lena ngnéithe eagrúcháin, lena slabhraí údaráis chinnteoireachta, agus leis an gcaidreamh foriomlán leis an GOC. Dá bhrí sin, thug comhlacht Achomhairc EDT ('AB') in DS379 dá aire, cé gur chuir Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe ('USDOC') fianaise san áireamh a bhaineann le hiompar SOCBanna ['iasachtaí a thabhairt'], go ndearna sé amhlaidh faoi chuimsiú a fhiosrúcháin ar chroí-shaintréithe na n-eintiteas sin agus ar a gcaidreamh le Rialtas na Síne. Rinne na SOCBanna sin feidhmeanna rialtais a fheidhmiú thar ceann Rialtas na Síne.

(416) Thairis sin, tá tábhacht tugtha ag an mBord Comhairleach freisin don fhíoras gur theip ar an rialtas atá i gceist comhoibriú le linn an imscrúdaithe. Go deimhin, in DS379, dheimhnigh an AB cinneadh USDOC gur 'comhlachtaí poiblí' a bhí sna SOCBanna in imscrúdú an pháipéir CFS ar na cúinsí seo a leanas: (i) an earnáil baincéireachta sa tSín a bheith faoi úinéireacht an Stáit nach mór go hiomlán; (Ii) Airteagal 34 den Dlí maidir le Baincéireacht Tráchtála, ina sonraítear go dtreoraítear do bhainc *'a ngnó iasachta a dhéanamh ar bhonn riachtanais an gheilleagair náisiúnta agus na forbartha sóisialta agus faoi threoir bheartais tionsclaíochta an Stáit';* (iii) fianaise taifid a léiríonn go bhfuil scileanna leormhaithe bainistithe riosca agus anailíse fós in easnamh ag SOCBanna; agus (iv) nach bhfuair '*[USDOC] le linn an imscrúdaithe [sin] an fhianaise ba ghá chun doiciméadú cuimsitheach a dhéanamh ar an bpróiseas lenar iarradh iasachtaí, lenar deonaíodh iad agus lenar measúnaíodh iad don tionscal páipéir*' ([111]).

([111]) WT/DS379/AB/R (*US – Anti-dumping and Countervailing Duties on Certain Products from China*), Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 349.

(417) Chun a chinneadh an bhfuil údarás rialtais ag bainc atá faoi úinéireacht an Stáit, an bhfeidhmíonn siad údarás rialtais nó an bhfuil an t-údarás sin dílsithe dóibh, thug an Coimisiún aird chuí ar phríomhthréithe agus príomhfheidhmeanna na mbanc, ar a gcaidreamh leis an rialtas, agus ar an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tír ina n-oibríonn an t-eintiteas faoi imscrúdú. I ndáil leis sin, d'iarr an Coimisiún faisnéis maidir le húinéireacht Stáit chomh maith le comharthaí foirmiúla maidir le rialú rialtais sna bainc atá faoi úinéireacht an Stáit. Rinne sé anailís freisin ar cé acu a feidhmíodh nó nár feidhmíodh rialú ar bhealach fónta i bhfianaise an chreata normataigh atá i bhfeidhm. Chun na críche sin, b'éigean don Choimisiún brath go páirteach ar na fíorais a bhí ar fáil de bharr, i measc nithe eile, gur dhiúltaigh Rialtas na Síne agus na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit fianaise a sholáthar ar an bpróiseas cinnteoireachta a raibh an t-iasachtú fabhrach mar thoradh air, mar a leagtar amach in aithrisí (255) go (265).

(418) Chun an anailís sin a dhéanamh, rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús ar fhaisnéis ón mbanc faoi úinéireacht an Stáit a líon isteach an ceistneoir sonrach.

3.5.1.2. **Institiúidí airgeadais páirt-chomhoibríocha faoi úinéireacht stáit**

(419) Níor thug ach banc amháin faoi úinéireacht Stáit, eadhon banc EXIM, freagra ceistneora. In imscrúduithe frith-fhóirdheontais roimhe seo, ([112]) tháinig an Coimisiún ar an gconclúid cheana féin gur chomhlacht poiblí é banc EXIM. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cosúil go bhfuil tréithriú den sórt sin bailí fós mar a léiríonn an anailís thíos.

3.5.1.3. Príomhthréithe agus príomhfheidhmeanna banc atá faoi úinéireacht an Stáit

(420) Is iad Bainc atá faoi úinéireacht an Stáit is mó atá in earnáil baincéireachta na Síne, bunaithe ar a bpríomhfheidhmeanna sonracha ar a dtugtar bainc thráchtála atá faoi úinéireacht an Stáit nó bainc bheartais Stáit de ghnáth (féach aithris (407)).

(421) Ós rud é go gcoinníonn an Stát smacht ar na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit trí bhealaí éagsúla chomh maith le scairshealbhú (a ndéantar anailís orthu i Roinn 3.5.1.4), áirithíonn sé freisin go bhfuil struchtúir Páirtithe ann agus áirithíonn sé a dtionchar sna hinstitiúidí airgeadais agus sainordaíonn sé cineálacha áirithe d'iompar tráchtála na mbanc trí bhíthin bearta rialála (féach Roinn 3.5.1.5) – tá sé in ann úsáid a bhaint as acmhainní na hearnála airgeadais chun a chuspóirí beartais a shaothrú (féach freisin aithrisí (203) – (205)), lena n-áirítear an sprioc uileghabhálach chun '*forbairt an gheilleagair mhargaidh shóisialaigh a chur chun cinn*', mar a leagtar síos in Airteagal 1 de Dhlí na mBanc (féach Roinn 3.5.1.5 le haghaidh anailís níos mionsonraithe ar Dhlí na mBanc).

(422) Dá réir sin, múnlaítear príomhfheidhmeanna institiúidí baincéireachta, go háirithe a mbeartais iasachtaithe chun freastal ar chuspóirí beartais, tá feidhmíocht eacnamaíoch na mbanc faoi réir cheanglais bheartais thionsclaíocha Rialtas na Síne. Áirithítear leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus leis an leagan amach institiúideach ina leith sin go ndéantar na cistí riachtanacha a dhíriú mar thosaíocht ar thionscadail chomhfhreagracha tríd an earnáil airgeadais aon uair a shainaithníonn Rialtas na Síne tosaíochtaí eacnamaíocha, mar shampla forbairt na hearnála feithiclí ceallra-leictreacha. Dá bharr sin, comhlíonann bainc atá faoi úinéireacht an Stáit feidhmeanna rialtais go héifeachtach, a mhéid a cheanglaítear ar a bpríomhphearsanra bainistíochta a bheith cleamhnaithe le Páirtí Cumannach na Síne – agus, dá bhrí sin, a bheith dílis go príomha don Pháirtí – agus a bpríomhghníomhaíochtaí gnó a dhéanamh agus aird chuí á tabhairt ar chuspóirí beartais arna leagan síos ag údaráis an rialtais.

3.5.1.4. Úinéireacht, comharthaí foirmiúla agus feidhmiú smachta ag Rialtas na Síne

(423) Maidir le bainc bheartais Stáit, in éagmais freagra iomchuí maidir le mór-scairshealbhóir bhanc EXIM (féach aithris (261)), bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil. Ba chosúil gur fochuideachta faoi lánúinéireacht riarachán Stáit na Síne um Malartú Eachtrach é Wutongshu Investment Platform Co., Ltd., a bhfuil an riarachán sin féin 100 % faoi úinéireacht an stáit trí People's Bank of China. Ar an mbonn sin, agus ar bhonn na faisnéise a fuarthas sa fhreagra ar an gceistneoir, shuigh an Coimisiún go raibh 100 % de na scaireanna san institiúid airgeadais sin i seilbh Rialtas na Síne, go díreach nó go hindíreach.

(424) Maidir le comharthaí foirmiúla an smachta rialtais ar an mbanc comhoibríoch atá faoi úinéireacht an Stáit, cháiligh an Coimisiún an banc ina 'institiúid airgeadais lárnach faoi úinéireacht an Stáit'. Go háirithe, sonraítear san fhógra '*Interim Regulations on the Board of Supervisors in Key State-owned Financial Institutions*' ([113]): '*Tagraíonn na príomhinstitiúidí airgeadais faoi úinéireacht an Stáit a luaitear sna Rialacháin sin do bhainc bheartais, bainc thráchtála, cuideachtaí bainistithe sócmhainní airgeadais, cuideachtaí urrús, cuideachtaí árachais, etc. atá faoi úinéireacht an Stáit.(dá ngairtear anseo feasta institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit), a seolann an Chomhairle Stáit boird maoirseoirí chucu*'.

([112]) Idem fonóta 12.

([113]) Foraithne ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne (Uimh. 283).

(425) Ceaptar Bord Maoirseoirí na bpríomhinstitiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit de réir na 'Interim Regulations of Board of Supervisors of Key State-owned Financial Institutions'. Bunaithe ar Airteagail 3 agus 5 de na Rialacháin Eatramhacha seo, shuigh an Coimisiún go seolann an Chomhairle Stáit Comhaltaí an Bhoird Maoirseoirí agus go bhfuil siad cuntasach di, rud a léiríonn an smacht institiúideach atá ag an Stát ar ghníomhaíochtaí gnó an bhainc chomhoibríoch atá faoi úinéireacht an Stáit.

(426) Chomh maith leis na comharthaí sin is infheidhme go ginearálta, fuair an Coimisiún amach an méid seo a leanas maidir le banc EXIM. Bunaíodh EXIM banc agus oibríonn sé de réir '*The Notice of Establishing Export-Import Bank of China*' arna eisiúint ag an gComhairle Stáit, chomh maith le hAirteagail Chomhlachais an bhainc EXIM. De réir a Airteagal Comhlachais, ainmníonn an Stát bainistíocht bhanc EXIM go díreach. Déanann an Chomhairle Stáit an Bord Maoirseoirí a cheapadh i gcomhréir leis na '*Interim Regulations on the Boards of Supervisors in Key State-owned Financial Institutions*' agus le dlíthe agus rialacháin eile, agus tá sé freagrach don Chomhairle Stáit.

(427) Luaitear sna hAirteagail Comhlachais freisin go bhfuil ról lárnach ceannaireachta agus polaitiúil ag Coiste Páirtí bhanc EXIM chun a áirithiú go gcuirfidh banc EXIM beartais agus feidhmiú mór an Pháirtí agus an Stáit chun feidhme. Tá ceannairí de chuid an Pháirtí comhtháite i ngach gné den rialachas corparáideach.

(428) Luaitear sna hAirteagail Chomhlachais freisin go bhfuil banc EXIM tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na trádála eachtraí agus an chomhair eacnamaíoch, na hinfheistíochta trasteorann, an One Belt One Road Initiative, comhar in acmhainneacht idirnáisiúnta agus monarú trealaimh. Áirítear i raon feidhme a ghnó iasachtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha arna bhformheas agus i gcomhréir le beartais um thrádáil eachtrach agus 'domhandú' an Stáit, amhail creidmheas onnmhairiúcháin, creidmheas allmhairiúcháin, iasachtaí innealtóireachta eachtraí conraithe, iasachtaí infheistíochta thar lear, iasachtaí chabhair eachtrach rialtas na Síne agus iasachtaí do cheannaitheoirí onnmhairiúcháin.

(429) Thairis sin, ina thuarascáil bhliantúil in 2022, dúirt Banc EXIM '*go ndearna sé raon iomlán beartas agus beart leantach na tíre a chur chun feidhme go daingean*' agus gur áiríodh ar a fhreagrachtaí '*cinntí Choiste Lárnach CPC agus na Comhairle Stáit a chur chun feidhme go coinsiasach*'. Luadh sa tuarascáil bhliantúil freisin go '*ndearnadh bearta iomadúla chun a áirithiú gur soláthraíodh iasachtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha don tionscal monaraíochta chun tacú le tionscadail náisiúnta*'.

(430) Maidir le bainc thráchtála atá faoi úinéireacht an Stáit, thug an Coimisiún faoi deara gurbh é a bhí sna sé bhanc is mó breis is 40 % d'earnáil airgeadais na Síne ó thaobh sócmhainní iomlána faoi dheireadh 2022 ([114]). Tá ar a laghad dhá cheann de na sé bhanc tráchtála seo atá faoi úinéireacht an Stáit, eadhon ICBC agus ABC, i measc na n-institiúidí airgeadais a chuir iasachtaí ar fáil do na grúpaí sampláilte táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha (féach aithris (468)). Tá sciar tromlaigh ag an Stát in ICBC ([115]) agus in ABC araon ([116]). Chomh maith leis na sé bhanc tráchtála is mó atá faoi úinéireacht an Stáit a rialú, coinníonn an Stát scaireanna suntasacha i roinnt bainc thráchtála eile atá faoi úinéireacht an Stáit, ina mbíonn a rannpháirtíocht indíreach níos minice ná a mhalairt, e.g. trí chuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Tá roinnt de na bainc thráchtála sin atá faoi úinéireacht an stáit, amhail Shanghai Pudong Development Bank, China Everbright Bank, Ping An Bank, China Minsheng Bank, arbh é thart ar 20 % de shócmhainní iomlána earnáil baincéireachta na Síne a bhí iontu in 2021, i measc na n-institiúidí airgeadais a chuir iasachtaí ar fáil do na grúpaí sampláilte táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha (féach aithris (468) le haghaidh liosta iomlán), le méid éagsúil scairsheilbhe Stáit, ó thart ar 3 % i gcás China Minsheng Bank go ([117]) dtí níos mó ná 80 % i gcás China Everbright Bank ([118]).

([114]) Féach mar shampla ag: https://www.statista.com/statistics/434566/leading-banks-in-china-assets/.

([115]) Féach ICBC, Tuarascáil Bhliantúil 2021; ar fáil ag file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2022/2022-3/2022-03-31/7943541.PDF.

([116]) Féach ABC, Tuarascáil Bhliantúil 2021; le fáil ag: https://www.abchina.com/en/investor-relations/performance-reports/annual-reports/202204/P020220427580795705015.pdf.

([117]) Féach China Minsheng Bank, Tuarascáil Bhliantúil 2022; le fáil ag: https://ir.cmbc.com.cn/media/mc3d2wm2/%E4%B8%AD%E5%9B%BD%E6%B0%91%E7%94%9F%E9%93%B6%E8%A1%8C2022%E5%B9%B4%E5%B9%B4%E5%BA%A6%E6%8A%A5%E5%91%8A.pdf, lch. 94.

([118]) Féach China Everbright Bank, Tuarascáil Leathbhliantúil 2021; le fáil ag: https://vip.stock.finance.sina.com.cn/corp/view/vCB_AllBulletinDetail.php?stockid=601818&id=7512500.

(431) Chinn an Coimisiún freisin go ndearna institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit a nAirteagail Chomhlachais a athrú in 2017 chun ról Pháirtí Cumannach na Síne a mhéadú ar an leibhéal cinnteoireachta is airde sna bainc ([119]).

(432) Leagtar síos sna hAirteagail nua Chomhlachais sin:

— is é an t-aon duine amháin a bheidh ina Chathaoirleach ar an mBord Stiúrthóirí agus ina Rúnaí Choiste an Pháirtí;

— is é ról CCP cur chun feidhme bheartais agus threoirlínte CCP agus an Stáit ag an mBanc a áirithiú agus a mhaoirsiú; chomh maith le ról ceannaireachta agus garda faire i gceapadh pearsanra (lena n-áirítear bainistíocht shinsearach); agus

— tabharfaidh an Bord Stiúrthóirí éisteacht do thuairimí Choiste an Pháirtí maidir le haon mhórchinneadh a bheidh le déanamh.

(433) Tugtar samplaí sonracha de na hathruithe sin ar na hAirteagail Chomhlachais i ndáil le ICBC agus ABC in Aithris (204) thuas.

3.5.1.5. Rialú bríoch ag Rialtas na Síne

(434) D'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise faoi fheidhmiú Rialtas na Síne, is é sin le rá ar fheidhmigh siad smacht fónta ar iompar bhanc EXIM i ndáil lena bheartais iasachtaithe agus lena mheasúnú ar riosca, agus fianaise faoi na huaireanta a chuir siad iasachtaí ar fáil don tionscal BEV. Cuireadh na doiciméid rialála seo a leanas san áireamh i leith an mhéid sin:

— Airteagal 34 de Dhlí DPS maidir le Bainc Tráchtála ('Dlí na mBanc)

— Airteagal 15 de na Rialacha Ginearálta maidir le hIasachtaí (arna gcur chun feidhme ag People's Bank of China)

— Cinneadh Uimh. 40

— Bearta Cur Chun Feidhme CBIRC le haghaidh Ábhair Cheadúnúcháin Riaracháin a bhaineann le Bainc Tráchtála ag a bhfuil cistiú ón tSín (Ordú CBIRC [2017] Uimh. 1) ([120])

— Bearta Cur chun Feidhme CBIRC le haghaidh Ábhair Cheadúnúcháin Riaracháin a bhaineann le bainc ag a bhfuil cistiú eachtrach (Ordú CBIRC [2015] Uimh. 4) ([121])

— Bearta Riaracháin le haghaidh Cháilíochtaí Stiúrthóirí agus Oifigigh Shinsearacha na nInstitiúidí Airgeadais san Earnáil Baincéireachta (CBIRC [2013] Uimh. 3) ([122])

— Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022) (CBIRC, an 28 Lúnasa 2020) ([123])

— *Notice on the Commercial banks performance evaluation method,* (CBIRC, 15 Nollaig 2020)

— *Notice on the Supervision regulations concerning the behaviour of large shareholders of bank and insurance institutions* (CBIRC, [2021] Uimh. 43).

([119]) https://www.reuters.com/article/us-china-banks-party-idUSKBN1JN0XN.

([120]) Arna leasú ag CBIRC maidir le Bainistiú Caipitil Banc Tráchtála (Foraithne Uimh. 4 de 2023 ón Riarachán Stáit um Maoirseacht agus Riarachán Airgeadais a fógraíodh an 26 Deireadh Fómhair 2023, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024).

([121]) Arna leasú ag CBIRC maidir le Ceadúnú Riaracháin Banc ag a bhfuil cistiú eachtrach (Foraithne Uimh. 10 de 2019 ó CBIRC an 26 Nollaig 2019, le héifeacht ó dháta an fhógartha).

([122]) Arna leasú ag CBIRC maidir le hoibriú beart bainistithe riosca institiúidí baincéireachta agus árachais (Foraithne Uimh. 5 de 2023 ón Riarachán Stáit um Maoirseacht agus Riarachán Airgeadais a fógraíodh an 27 Nollaig 2023, le héifeacht ón 1 Iúil 2024 ar aghaidh.

([123]) Doiciméad beartais oifigiúil CBIRC an 28 Lúnasa 2020: *Three-year action plan for improving corporate governance of the banking and insurance sectors* (2020-2022). http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an uair dheireanach an 3 Aibreán 2021)

(435) Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na doiciméid rialála sin, chinn an Coimisiún go bhfuil institiúidí airgeadais i nDaon-Phoblacht na Síne ag feidhmiú i dtimpeallacht dhlíthiúil ghinearálta ina dtreoraítear iad chun iad féin a ailíniú le cuspóirí beartais thionsclaíoch Rialtas na Síne, go háirithe Plean Forbartha an Chaomhnaithe Fuinnimh agus Thionscal na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2012-2020) lena ndéantar foráil maidir le '*dreasachtaí beartais trí thacaíocht seirbhíse airgeadais le córais bainistithe creidmheasa agus meastóireachta iasachta chun forbairt an chaomhnaithe fuinnimh agus an tionscail feithiclí nuafhuinnimh a spreagadh*', agus cinntí airgeadais á ndéanamh acu, mar a fhorbraítear thíos.

(436) Maidir le Banc EXIM, bunaítear a shainordú beartais phoiblí san fhógra faoi Bhanc EXIM a bhunú ina leagtar amach gurb é '*príomhchúram Banc Onnmhairiúcháin-Allmhairiúcháin na Síne beartais thionsclaíocha náisiúnta agus beartais trádála eachtraí a chur chun feidhme, agus tacaíocht airgeadais beartais a sholáthar chun onnmhairiú earraí caipitil a leathnú amhail táirgí meicniúla agus leictreacha agus tacair iomlána trealaimh*' ([124]) chomh maith lena Airteagail Chomhlachais lena sonraítear gur '*banc beartais atá faoi úinéireacht an stáit é Banc Onnmhairiúcháin-Allmhairiúcháin na Síne atá maoinithe ag an stát, go díreach faoi cheannaireacht na Comhairle Stáit* ([125])'.

(437) I gcoitinne, foráiltear le hAirteagal 34 de dhlí an Bhainc, a bhfuil feidhm aige maidir le gach institiúid airgeadais atá ag oibriú sa tSín, '*go seolfaidh bainc thráchtála a ngnó iasachtaithe i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta, eacnamaíoch agus sóisialta agus faoi threoir bheartais thionsclaíoch an Stáit*'. *Cé go luaitear in Airteagal 4 de Dhlí na mBanc, déanfaidh bainc thráchtála, de bhun an dlí, oibríochtaí gnó a sheoladh gan chur isteach ó aon aonad ná ó aon duine aonair. Gabhfaidh na bainc thráchtála dliteanas sibhialta orthu féin go neamhspleách i leith a maoin iomlán dlítheanach*', agus is léir ón imscrúdú go bhfuil Airteagal 4 de dhlí an Bhainc á chur i bhfeidhm faoi réir Airteagal 34 de dhlí an Bhainc, i.e. i gcás ina mbunaíonn an Stát beartas poiblí a chuireann na bainc chun feidhme agus go leanann siad treoracha Stáit.

(438) Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 15 de na Rialacha Ginearálta maidir le hIasachtaí '*I gcomhréir le* beartas *an Stáit, féadfaidh ranna ábhartha ús ar iasachtaí a fhóirdheonú, d'fhonn fás tionscal áirithe agus forbairt eacnamaíoch i réimsí áirithe a chur chun cinn*'.

(439) Ar an gcaoi chéanna, tugann Cinneadh Uimh. 40 treoir do na hinstitiúidí airgeadais uile tacaíocht chreidmheasa a sholáthar go sonrach do thionscadail 'atáthar a spreagadh'. Mar a míníodh cheana i Roinn 3.1 agus ar bhealach níos sonraí in aithrisí (210) - (211), baineann tionscadail an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha leis an gcatagóir 'atáthar a spreagadh'. Dá bhrí sin, deimhníonn Cinneadh Uimh. 40 an cinneadh roimhe seo maidir le dlí an Bhainc go bhfeidhmíonn bainc údarás rialtais i bhfoirm oibríochtaí creidmheasa fabhracha. Chinn an Coimisiún freisin go bhfuil údarás forleathan formheasa ag NFRA maidir le gach gné de bhainistiú na n-institiúidí airgeadais uile atá bunaithe sa tSín (lena n-áirítear institiúidí airgeadais faoi úinéireacht phríobháideach agus faoi úinéireacht eachtrach), amhail ([126]):

— ceapachán bhainisteoirí uile na n-institiúidí airgeadais a fhormheas, ar leibhéal na ceanncheathrún agus ar leibhéal na mbrainsí áitiúla araon. Is gá formheas NFRA chun gach leibhéal bainistíochta a earcú, ó na poist is sinsearaí go bainisteoirí brainse, agus áirítear leis sin fiú bainisteoirí a cheaptar i mbrainsí thar lear chomh maith le bainisteoirí atá freagrach as feidhmeanna tacaíochta (mar shampla na bainisteoirí TF); agus

— liosta an-fhada d'fhormheasanna riaracháin, lena n-áirítear formheasanna le haghaidh brainsí a bhunú, le haghaidh línte nua gnó a thosú nó táirgí nua a dhíol, le haghaidh Airteagail Chomhlachais an bhainc a athrú, le haghaidh níos mó ná 5 % dá scaireanna a dhíol, le haghaidh méaduithe caipitil, le haghaidh athruithe ar shainchónaí, le haghaidh athruithe ar fhoirm eagrúcháin, etc.

(440) Tá dlí na mBanc ceangailteach ó thaobh dlí de. Suíodh cineál éigeantach na bPleananna Cúig Bliana agus Cinneadh Uimh. 40 thuas i Roinn 3.5.1.5. Is í gné éigeantais dhoiciméid rialála NFRA a thugann a chumhachtaí dó mar údarás rialála baincéireachta. Léirítear cineál sainordaitheach na ndoiciméad eile trí na clásail mhaoirseachta agus mheastóireachta, atá iontu.

([124]) Le fáil ag http://rd.reformdata.org/xinwen/2021/show-1352.html

([125]) Le fáil ag http://www.eximbank.gov.cn/aboutExim/profile/zczy/201902/t20190225_8813.html

([126]) De réir na Implementing Measures of the CBIRC for Administrative Licensing Matters for Chinese-funded Commercial Banks (Ordú CBIRC [2017] Uimh. 1), Implementing Measures of the CBIRC for Administrative Licensing Matters relating to Foreign-funded Bank (Ordú CBIRC [2015] Uimh. 4) agus the Administrative Measures for the Qualifications of Directors and Senior Officers of Financial Institutions in the Banking Sector (CBIRC [2013] Uimh. 3). Níor leasaíodh na bearta cur chun feidhme tar éis NFRA a chur in ionad CBIRC.

(441) Le Cinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit, tugtar treoir do gach institiúid airgeadais gan tacaíocht chreidmheasa a chur ar fáil ach do thionscadail infheistíochta a bhaineann leis an gcatagóir atáthar a spreagadh agus gealltar leis go gcuirfear chun feidhme *'beartais fhabhracha eile do thionscadail a bhaineann leis an gcatagóir tionscal atáthar a spreagadh*.' Ar an mbonn sin, ceanglaítear ar bhainc tacaíocht chreidmheasa a chur ar fáil don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha mar thionscal atáthar a spreagadh.

(442) Ina theannta sin, ní mór do CCP maoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála agus ní mór dóibh a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta. Ceann de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta is ea ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta i gcuideachtaí. I ndáil leis sin, tugtar treoir do Phlean Gníomhaíochta Trí Bliana CBIRC do na blianta 2020 go 2022 an spiorad a chuimsítear i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme a thuilleadh maidir leis an athchóiriú ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: 'déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta […] Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinnfidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad.'

(443) Chomh maith leis sin, d'ordaigh Rialtas na Síne le déanaí nach mór do scairshealbhóirí in institiúidí airgeadais feidhmiú smacht Rialtas na Síne a éascú trí chreat rialachais chorparáidigh na hinstitiúide, mar seo a leanas: *'Tacóidh scairshealbhóirí móra institiúidí bainc agus árachais le hinstitiúidí bainc agus árachais struchtúr neamhspleách fónta rialachais chorparáidigh a bhunú lena ngabhfaidh seiceálacha agus comharduithe éifeachtacha, agus spreagfaidh siad bainc agus institiúidí árachais agus tacóidh siad leo chun comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí le rialachas corparáideach a áirithiú'* ([127]).

(444) Ar deireadh, cuirtear san áireamh i gcritéir meastóireachta feidhmíochta NFRA le haghaidh bainc thráchtála anois, go suntasach, an chaoi a bhfreastalaíonn institiúidí airgeadais *'ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar'*, agus go háirithe ar an gcaoi a bhfreastalaíonn siad ar *'tionscail straitéiseacha agus tionscail atá ag teacht chun cinn.'* ([128]).

(445) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gur chruthaigh Rialtas na Síne creat normatach ar ghá do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí an bhainc chomhoibríoch atá faoi úinéireacht an Stáit cloí leis, creat a cheapann Rialtas na Síne agus atá freagrach do Rialtas na Síne. Dá bhrí sin, bhraith Rialtas na Síne ar an gcreat normatach chun rialú a fheidhmiú ar bhealach fiúntach ar iompar an bhainc chomhoibríoch a bhí faoi úinéireacht an Stáit aon uair a bhí iasachtaí á gcur ar fáil aige don tionscail cáblaí snáthoptaice. Príomhfheidhmeanna an bhainc atá faoi úinéireacht an Stáit, baineann siad leis na cúraimí sonracha a shannann Rialtas na Síne tríd an gcreat normatach sin, arb é an uirlis a úsáideann Rialtas na Síne dá dhroim sin chun feidhmeanna rialtais a chomhlíonadh.

(446) D'iarr an Coimisiún cruthúnas nithiúil freisin maidir le feidhmiú an smachta ar bhealach fónta bunaithe ar iasachtaí nithiúla a tugadh do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Ina fhreagra ar an gceistneoir, mhínigh an banc páirt-chomhoibríoch atá faoi úinéireacht an Stáit go n-úsáideann sé samhail rátála inmheánach chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa iasachtaithe bunaithe ar shonraí mainneachtana stairiúla, lena n-áirítear táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla trína rangaítear iasachtaithe de réir dhóchúlacht a mainneachtana. Mhínigh banc EXIM freisin nach bhfuil aon difríocht bheartais ann maidir leis an tionscal ina n-oibríonn an t-iasachtaí ná maidir lena úinéireacht agus go bhfuil a shamhail measúnaithe riosca bunaithe ar an margadh.

(447) Mar a tugadh le fios cheana in aithris (261), dhiúltaigh an banc faoi úinéireacht an Stáit atá páirt-chomhoibríoch samplaí nithiúla a sholáthar dá mheasúnú riosca creidmheasa maidir leis na cuideachtaí sampláilte ar an bhforas go bhfuil an fhaisnéis a iarradh inmheánach don bhanc agus go bhfuil faisnéis rúnda ann nach gceadaítear a nochtadh cé go bhfuil toiliú i scríbhinn ag an gCoimisiún ó na cuideachtaí sampláilte ina dtarscaoiltear a gcearta rúndachta. Chomh maith leis sin, níor fhreagair banc EXIM ceisteanna maidir leis na táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla a úsáidtear chun iasachtaithe a rangú de réir dhóchúlacht a mainneachtana.

([127]) Airteagal 13 den Notice on the Supervision regulations concerning the behaviour of large shareholders of bank and insurance institutions (CBIRC, [2021] Uimh. 43)

([128]) Féach *CBIRC's Notice on the Commercial banks performance evaluation method*, arna eisiúint an 15 Nollaig 2020. http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm

(448) Le linn an imscrúdaithe, thagair Rialtas na Síne do léirmhíniú NPC ar Dhlí na mBanc agus ar Airteagail 4, 5 agus 41 de Dhlí na mBanc á mhaíomh go raibh bainc thráchtála sa tSín ag oibriú mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha *'a dhéanann a gcinntí féin'*, *'gan cur isteach ó aon aonad ná duine aonair'* agus *'nach bhféadfaidh aon eintiteas ná duine aonair iallach a chur ar bhanc tráchtála iasachtaí a dheonú nó ráthaíocht a sholáthar'*. Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne nach bhfuil Airteagal 15 de na Rialacha Ginearálta maidir le hiasachtaí éigeantach agus gur de chineál treoraíochta amháin é.

(449) Mar a mínítear in aithris (440) thuas, mheas an Coimisiún go bhfuil Dlí Banc na Síne agus Cinneadh Uimh. 40 de chineál éigeantach. Ina theannta sin, níor thacaigh torthaí an imscrúdaithe sin agus cinntí an Choimisiúin in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an gclár fóirdheontais céanna ([129]) leis an maíomh nach gcuireann bainc beartas agus pleananna an rialtais san áireamh agus cinntí maidir le hiasachtaí á ndéanamh acu. Shuigh an Coimisiún, mar shampla, gur thairbhigh na trí ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte d'iasachtú fabhrach ar rátaí úis faoi bhun an mhargaidh.

(450) Léiríodh san imscrúdú gur cuireadh Airteagal 15 de na rialacha ginearálta maidir le hiasachtaí i bhfeidhm go hiarbhír, agus go raibh Airteagail 4, 5 agus 41 de dhlí na mBanc infheidhme faoi réir Airteagal 34 de Dlí na mBanc, i.e. i gcás go mbunaíonn an Stát beartas poiblí a chuireann na bainc i bhfeidhm agus go leanann siad treoracha Stáit. Go deimhin, cé gur cuid de Chaibidil I, ina leagtar síos na forálacha ginearálta, Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Dhlí na mBanc, tá Airteagal 34 mar chuid de Chaibidil IV, lena mbunaítear na rialacha bunúsacha lena rialaítear iasachtaí. Foclaíocht Airteagal 34: *'déanann bainc thráchtála a ngnó iasachta de réir riachtanais an gheilleagair náisiúnta* agus *na forbartha sóisialta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit'*, léirítear nach de chineál treorach í an fhoráil sin ach go bhfuil sí éigeantach agus go soláthraíonn sí treoir shoiléir do bhainc beartais thionsclaíocha an Stáit a chur san áireamh agus a ngnó iasachta á dhéanamh acu. Sa chás áirithe sin, mar a luaitear in aithris (221), dírítear go soiléir le Plean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Coigilte Fuinnimh agus na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2012-2020) ar *'chórais bainistithe creidmheasa agus meastóireachta iasachtaí chun an fhorbairt ar thionscail feithiclí coigilte fuinnimh agus feithiclí nuafhuinnimh a spreagadh'*. Thug an Coimisiún dá aire freisin go dtreoraítear le Cinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit do na hinstitiúidí airgeadais uile tacaíocht chreidmheasa a sholáthar do thionscadail atáthar a spreagadh agus dóibh sin amháin agus go ngealltar leis go gcuirfear chun feidhme *'beartais fhabhracha eile le haghaidh tionscadail a bhaineann leis an gcatagóir tionscal atáthar a spreagadh'*. Cé go gceanglaítear le hAirteagal 17 den Chinneadh céanna ar bhainc prionsabail chreidmheasa a urramú, ní raibh an Coimisiún in ann a shuí le linn an imscrúdaithe go ndearnadh é sin sa chleachtas. Os a choinne sin, tugadh iasachtaí do na táirgeoirí onnmhairiúcháin, beag beann ar a staid airgeadais agus a n-acmhainneacht creidmheasa. Ní toradh nua é sin agus thángthas air cheana in imscrúduithe roimhe seo ([130]).

(451) Ar deireadh, mar a tugadh faoi deara in aithrisí (442) go (444) thuas, ós rud é go ndéanann an Páirtí athbhreithniú ar phríomh-shaincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta uile an bhainc, atá leabaithe go críochnúil i struchtúr rialachais chorparáidigh na mbanc, agus go ndéantar meastóireacht ar fheidhmíocht na mbanc i gcomhréir lena n-iarrachtaí freastal ar fhiontair straitéiseacha agus fiontair atá ag teacht chun cinn amhail an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha, léirítear freisin cineál docht agus ceangailteach an chreata rialála maidir le hoibríochtaí na n-institiúidí airgeadais.

(452) In éagmais fianaise nithiúil ar mheasúnuithe ar acmhainneacht chreidmheasa, dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún an timpeallacht dhlíthiúil fhoriomlán mar a leagtar amach thuas in aithrisí (434) go (444), in éineacht le iompraíocht an bhainc chomhoibríoch atá faoi úinéireacht an Stáit maidir le hiasachtaí a thugtar do na cuideachtaí sampláilte. Bhí an iompraíocht sin éagsúil lena sheasamh oifigiúil mar, sa chleachtas, ní raibh banc EXIM ag gníomhú dó bunaithe ar mheasúnuithe riosca margadhbhunaithe críochnúla.

(453) Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún gur soláthraíodh iasachtaí do na trí ghrúpa de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar rátaí úis faoi bhun an Bhonnráta Iasachta ('LPR') nó gar dó, mar a d'fhógair an Lárionad Náisiúnta um Chistiú Idirbhainc (NIFC). Tugadh an Bonnráta Iasachta isteach an 20 Lúnasa 2019, agus tagann sé in ionad ráta tagarmhairc bainc ceannais PBOC a bhí ann roimhe seo ([131]). Trí mhaoiniú a sholáthar ar rátaí faoi bhun ráta úis saor ó riosca na tíre, nó gar don ráta sin, ar an margadh idirbhainc, léirítear go soiléir nár cuireadh riosca san áireamh go leormhaith. In éagmais comhoibriú institiúidí airgeadais nó de thoradh dhiúltú bhanc EXIM faisnéis a bhaineann leis na grúpaí sampláilte a sholáthar in ainneoin údarú bainc a bheith ann, b'éigean don Choimisiún na fíorais a bhí ar fáil a úsáid agus dá bhrí sin tháinig sé ar an gconclúid gur deonaíodh na hiasachtaí gan beann ar fhíorstaid riosca airgeadais agus creidmheasa na gcuideachtaí, mar a shuitear i roinn 3.5.2.3 thíos. Dá bhrí sin, cuireadh na hiasachtaí ar fáil faoi bhun rátaí an mhargaidh nuair a cuireadh i gcomparáid iad leis an ráta a chomhfhreagraíonn do phróifíl riosca na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

([129]) Féach mar shampla na cásanna HRF, Boinn agus rothair leictreacha a luadh i bhfonóta 12, agus i Roinn 3.4.1.1.b agus Roinn 3.5.1.1 faoi seach.

([130]) Ibidem fonóta 12

([131]) http://www.pbc.gov.cn/zhengcehuobisi/125207/125213/125440/3876551/de24575c/index2.html.

(454) Thairis sin, mar a bhaineann go sonrach le Banc EXIM, níl aon amhras ann gur banc beartais é seo a dhéanann beartais rialtais go díreach trína ligean isteach féin. Mar a mhínítear ar a shuíomh gréasáin ([132]), is banc beartais Stát-mhaoinithe agus faoi úinéireacht an Stáit é banc EXIM atá go díreach faoi cheannaireacht na Comhairle Stáit agus atá tiomanta chun tacú le inter alia trádáil eachtrach na Síne agus an straitéis 'dhomhandaithe' a chur chun feidhme.

(455) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chruthaigh Rialtas na Síne creat normatach i ndáil le hiasachtú le tionscail atáthar a spreagadh nach mór do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí an bhainc, ar bainisteoirí agus maoirseoirí iad a cheapann Rialtas na Síne agus atá freagrach do Rialtas na Síne, nach mór dóibh cloí leis. Chuir an creat normatach sin teorainn leis an tsolúbthacht do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí an bhainc ó thaobh cé acu a leanfadh nó nach leanfaidís an creat sin i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, agus mar sin bhain spleáchas le staid bainistíochta an bhainc sin.

(456) Dá bhrí sin, bhraith Rialtas na Síne ar an gcreat normatach chun rialú a fheidhmiú ar bhealach fiúntach ar iompar an bhainc chomhoibríoch a bhí faoi úinéireacht an Stáit aon uair a bhí iasachtaí á gcur ar fáil aige don tionscail cáblaí snáthoptaice.

(457) Mar a míníodh in aithris (434), lorg an Coimisiún cruthúnas ar rialú a bheith á fheidhmiú ar bhealach fiúntach bunaithe ar iasachtaí nithiúla. Mar sin féin, níor chuir an banc comhoibríoch faoi úinéireacht an Stáit faisnéis riachtanach áirithe ar fáil, lena n-áirítear a mheasúnú sonrach ar riosca creidmheasa a bhain leis na cuideachtaí sampláilte. In éagmais fianaise nithiúil faoi mheasúnuithe den sórt sin ar riosca creidmheasa, rinne an Coimisiún scrúdú ar an timpeallacht dhlíthiúil uile a bhfuil feidhm leis maidir le hiasachtú do thionscail atáthar a spreagadh amhail an tionscal cáblaí snáthoptaice agus ar iompar an bhainc chomhoibríoch faoi úinéireacht an Stáit agus shuigh sé nach raibh an banc ag gníomhú bunaithe ar mheasúnuithe cuimsitheacha margadhbhunaithe ar riosca creidmheasa.

(458) Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (453), tugadh iasachtaí do na trí ghrúpa shampláilte táirgeoirí onnmhairiúcháin ar rátaí úis a bhí faoi bhun nó gar don Bhonnráta Iasachta gan beann ar a staid riosca airgeadais agus creidmheasa. Dá bhrí sin, i bhfianaise riosca próifíle na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a bhfuil tuairisc orthu i Roinn 3.5.1.10 thíos agus, de réir na hanailíse riosca a rinne an Coimisiún, go mba cheart rátáil creidmheasa B a bheith faighte ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus dá bhrí sin, go mba cheart dóibh rátaí úis a íoc a bhí cuid mhaith os cionn an ráta shaor ó riosca, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tugadh na hiasachtaí i gceist faoi bhun rátaí an mhargaidh.

(459) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur fheidhmigh Rialtas na Síne smacht fónta ar iompar an bhainc chomhoibríoch atá faoi úinéireacht Stáit i ndáil lena bheartais iasachtaithe agus measúnú ar an riosca a bhaineann leis an tionscal BEV.

3.5.1.6. Conclúid maidir le hinstitiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit

(460) Shuigh an Coimisiún gur chuir an banc páirt-chomhoibríoch faoi úinéireacht an Stáit an creat dlíthiúil a leagtar amach thuas chun feidhme i bhfeidhmiú feidhmeanna rialtais i ndáil le hearnáil cáblaí snáthoptaice. Dá bhrí sin, bhí sé ag gníomhú mar chomhlacht poiblí de réir bhrí Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán agus i gcomhréir le cásdlí ábhartha EDT.

3.5.1.7. **Institiúidí airgeadais neamh-chomhoibríocha atá faoi úinéireacht Stáit**

(461) Ba é ab aidhm do na Rialacha Ginearálta maidir le hIasachtaí ([133]) a fógraíodh in 1996 rialáil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a bhaineann go háirithe le hiasachtaí, agus forbairt shocheacnamaíoch shonrach a chur chun cinn ([134]). De réir Chinneadh Uimh. 40 ([135]), déanann Rialtas na Síne idirghabháil freisin in oibríochtaí iasachtaithe eintiteas airgeadais trí earnálacha tionsclaíocha a ainmniú ar cheart dóibh tairbhiú de rochtain phribhléideach ar chreidmheas agus trína shainordú d'institiúidí airgeadais beartais thionsclaíocha stáit a chur san áireamh agus iasachtaí á tabhairt acu.

([132]) Féach http://english.eximbank.gov.cn/Profile/AboutTB/Introduction/.
([133]) Na Rialacha Ginearálta maidir le hIasachtaí arna fhógairt ag PBOC an 28 Meitheamh 1996.
([134]) Caibidil 1, Airteagal 1 de na Rialacha Ginearálta maidir le hIasachtaí arna fhógairt ag PBOC an 28 Meitheamh 1996.
([135]) Cinneadh ón gComhairle Stáit maidir le Fógairt agus Cur Chun Feidhme Forálacha Eatramhacha i ndáil le hAthstruchtúrú Tionsclaíoch a Chur Chun Cinn, an 2 Nollaig 2005, Guo Fa [2005] Uimh. 40.

(462) An ról tábhachtach atá ag breithnithe beartais stáit (seachas breithnithe tráchtála amháin) arna bhforchur ag an stát ar na bainc thráchtála, go háirithe institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, chun a straitéisí iasachtaithe a mhúnlú, is ríléir é freisin i bhFógra MOF maidir leis an modh meastóireachta ar fheidhmíocht banc tráchtála arna eisiúint an 15 Nollaig 2020. De réir fhorálacha an fhógra, ní mór a chur san áireamh sna critéir mheastóireachta ar fheidhmíocht banc tráchtála an chaoi '*a bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfiorgheilleagar*', agus go háirithe an chaoi '*a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn*'. Sonraítear le hAirteagal 4 den fhógra '*go soláthrófar ráthaíocht láidir éifeachtach leis an meastóireacht ar fheidhmíocht banc tráchtála go gcuirfear macraibheartais náisiúnta chun feidhme*' ([136]).

(463) Mar a leagtar amach i Roinn 3.3.1.1 thuas, níor sholáthair aon cheann de na hinstitiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit a thug iasachtaí do na cuideachtaí sampláilte, seachas banc EXIM, freagra ar an gceistneoir sonrach. Áirítear na bainc seo a leanas ar liosta na mbanc: Banc Talmhaíochta na Síne, Banc Bhéising ([137]), Banc na Síne, Bank of Communications Co. Ltd, Banc Kunlun ([138]), Banc Nanjing ([139]), Banc Ningbo ([140]), Banc Shanghai ([141]), Banc Tianjin ([142]), Banc CITIC na Síne ([143]), Banc-Chorparáid Tógála na Síne, China Everbright Bank ([144]), China Industrial Bank Co. Ltd ([145])., Banc Ceannaithe na Síne ([146]), China Minsheng Bank ([147]), Banc Onnmhairiúcháin-Allmhairiúcháin na Síne – banc EXIM, ICBC, Ping An Bank ([148]), Shanghai Automotive Group Finance Co., Ltd ([149]), Shanghai Pudong Development Bank Co. Ltd ([150])., Chong Hing Bank Limited ([151])Huishang Bank Co., Ltd ([152])..,Sun Life Everbright Asset Management Co. Ltd ([153])., agus Zhongyuan Bank Co., Ltd ([154]). Níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis maidir le húinéireacht na mbanc, ná maidir lena struchtúr rialachais, measúnú riosca ná samplaí a bhaineann le hiasachtaí sonracha don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha.

(464) Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na conclúidí ar thángthas orthu i Roinn 3.3.1.1, chinn an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil a úsáid lena chinneadh an gcáilíonn na hinstitiúidí airgeadais sin atá faoi úinéireacht Stáit sin mar chomhlachtaí poiblí.

([136]) Féach an Fógra maidir leis an modh meastóireachta ar fheidhmíocht banc tráchtála, arna eisiúint ag MOF an 15 Nollaig 2020; le fáil ag: http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm.

([137]) Féach *Bank of Beijing Y2022 Tuarascáil Bhliantúil* (Aibreán 2023) https://pdf.valueonline.cn/web/viewer.html?v=20200509&file=https://oss.valueonline.cn/cloud-irh-bucket/public/formal/0/167278f7-743a-4dca-be0f-bb065e3f8748.pdf

([138]) Féach *Bank of Kunlun Co. Ltd abstract of annual report 2022* https://www.klb.cn/eklbank/resource/cms/2023/06/2023062916001985556.pdf

([139]) Féach *Bank of Nanjing 2023 Tuarascáil Bhliantúil* https://q.stock.sohu.com/newpdf/202458060499.pdf

([140]) Féach liosta PBOC de na bainc Shíneacha a raibh tábhacht chórasach leo in 2022 atá le fáil ag: http://www.pbc.gov.cn/en/3688110/3688172/4437084/4655510/index.html.

([141]) Féach *Bank of Shanghai 2022 Tuarascáil Bhliantúil* https://www.bosc.cn/en/AnnualReport/202306/P020230630696730742992.pdf

([142]) Féach *Bank of Tianjin Tuarascáil Bhliantúil 2020* https://www.bankoftianjin.com/tianjinyinwen/investor_relations97/investor_calendar/financial_reports/20211013063039816 93/20211013062942512 87.pdf

([143]) Féach China CITIC Bank, Tuarascáil Bhliantúil 2021; le fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2022/2022-3/2022-03-25/7912624.PDF.

([144]) Féach China Everbright Bank, Tuarascáil Leathbhliantúil 2021; le fáil ag: https://vip.stock.finance.sina.com.cn/corp/view/vCB_AllBulletinDetail.php?stockid=601818&id=7512500.

([145]) Féach ICBC, Tuarascáil Bhliantúil 2021; le fáil ag: file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2021/2021-8/2021-08-27/7488935.PDF.

([146]) Féach China Merchants Bank, Tuarascáil Bhliantúil 2022, lch. 125; le fáil ag: https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202303241584543269_1.pdf.

([147]) Féach China Minsheng Bank, Tuarascáil Bhliantúil 2022; le fáil ag: https://ir.cmbc.com.cn/media/mc3d2wm2/%E4%B8%AD%E5%9B%BD%E6%B0%91%E7%94%9F%E9%93%B6%E8%A1%8C2022%E5%B9%B4%E5%B9%B4%E5%BA%A6%E6%8A%A5%E5%91%8A.pdf, lch. 94.

([148]) Féach Ping An Bank, Leathanach Baile – Caidreamh le hInfheisteoirí – Mór-scairshealbhóirí; le fáil ag: https://group.pingan.com/investor_relations/major_shareholders.html.

([149]) Féach SAIC Motor Corporation Limited https://www.saicmotor.com/english/images/investor_relations/annual_report/2022/7/12/763203D083E54499855A319FB8356217.pdf

([150]) Féach Shanghai Pudong Development Bank, Tuarascáil Leathbhliantúil 2021; le fáil ag: https://static.sse.com.cn/disclosure/listedinfo/announcement/c/new/2021-08-28/600000_20210828_4_HEBMzsvE.pdf.

([151]) Féach struchtúr corparáideach Chong Hing Bank Limited: https://www.chbank.com/en/personal/footer/about-ch-bank/investor-relations/group-members-and-structures/index.shtml

([152]) Féach *Tuarascáil Bhliantúil 2023* https://inv.hsbank.com.cn/uploads/iis/202404/11165178-0.PDF

([153]) Féach *Tuarascáil Bhliantúil 2023* https://staticpacific.blob.core.windows.net/press-releases-attachments/1656728/HKEX-EPS_20240417_11162624_0.PDF

([154]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 https://www1.hkexnews.hk/listedco/listconews/sehk/2024/0328/2024032801590.pdf

(465) In imscrúdú frith-fhóirdheontais roimhe seo ([155]), shuigh an Coimisiún go raibh na bainc a thug iasachtaí do na grúpaí sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú faoi úinéireacht an stáit féin go páirteach nó go hiomlán nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha atá i seilbh an stáit. Ós rud é nár thug na bainc freagra ar an gceistneoir sonrach, d'úsáid an Coimisiún faisnéis a bhí ar fáil go poiblí, amhail suíomh gréasáin an bhainc, tuarascálacha bliantúla, faisnéis a bhí ar fáil in eolairí bainc nó ar an idirlíon. I gcomhréir le torthaí na n-imscrúduithe a rinneadh roimhe seo, deimhníodh i nDoiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin ([156]) gurb é an Stát is ceannasaí ar an earnáil baincéireachta ([157]) trí bhunanna rialaithe a choinneáil i ngach banc tráchtála atá faoi úinéireacht an stáit, agus trí bheith ina scairshealbhóir tromlaigh i roinnt banc tráchtála comhstoic, bíodh sin trí infheistíocht dhíreach ag Central Huijin nó go hindíreach trí eintitis dhlíthiúla eile atá faoi úinéireacht an stáit. Liostaítear in aithris (468) thíos na heintitis bhaincéireachta sin arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin ina bhfuil scairsheilbh tromlaigh ag an Stát agus in éagmais athruithe ó imscrúduithe comhchosúla a rinneadh le déanaí ([158]), measadh go raibh gach institiúid airgeadais faoi úinéireacht an Stáit a chuir maoiniú ar fáil do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte faoi pháirt-úinéireacht nó lán-úinéireacht an Stáit féin nó ag daoine dlítheanacha atá i seilbh an Stáit.

3.5.1.8. Conclúid maidir leis na hinstitiúidí airgeadais uile atá faoi úinéireacht an Stáit

(466) I bhfianaise an mhéid thuas, shuigh an Coimisiún gur comhlachtaí poiblí de réir bhrí Airteagal 2(b) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán iad na hinstitiúidí airgeadais Síneacha uile atá faoi úinéireacht Stáit agus a chuir maoiniú ar fáil do na trí ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha.

(467) Ina theannta sin, fiú amháin mura measfaí gur comhlachtaí poiblí iad na hinstitiúidí airgeadais faoi úinéireacht an Stáit, shuigh an Coimisiún ar bhonn na faisnéise céanna go measfaí gur chuir Rialtas na Síne cúraimí ar a n-iontaoibh nó gur thug treoir dóibh na feidhmeanna a fheidhmiú a bheadh dílsithe de ghnáth sa rialtas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán ar na cúiseanna céanna, mar a leagtar amach i Roinn 3.5.1.9 thíos. Dá bhrí sin, chuirfí a n-iompar síos i leith Rialtas na Síne in aon chás.

3.5.1.9. Institiúidí airgeadais príobháideacha ar chuir Rialtas na Síne cúram ar a n-iontaoibh nó ar thug sé ordú dóibh

(468) Mar a rinneadh in imscrúduithe ([159]) roimhe seo, shuigh an Coimisiún sa chás atá idir lámha gur thug na bainc agus na hinstitiúidí airgeadais príobháideacha seo a leanas a bhí ag feidhmiú sa tSín iasachtaí do na grúpaí sampláilte táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú atá idir lámha: China Postal Savings Bank Co. Ltd., Citibank (an tSín)

([155]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear le haghaidh busanna nó leoraithe agus a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 acu ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 283, 12/11/2018, lch. 1 (§210 agus §211))

([156]) Doiciméad Inmheánach Oibre nuashonraithe de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final ('Tuarascáil na Síne') — Caibidil 6.3 Earnáil Baincéireachta, lgh. 137-144.

([157]) Féach freisin Chorzempa, M. agus Véron, N., *Will China's impending overhaul of its financial regulatory system make a difference?*, PIIE, mí an Mhárta 2023, lch. 2; le fáil ag: https://www.piie.com/sites/default/files/2023-03/pb23-1.pdf.

([158]) Ibidem fonóta 12

([159]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17) ('cás HRF'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear le haghaidh busanna nó leoraithe agus a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 acu ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear le haghaidh busanna nó leoraithe, a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 acu ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 283, 12.11.2018, lch. 1) ('cás na mbonn'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 458, 22.12.2021, lch. 344) ('cás ACF'), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO L 189, 15.6.2020, lch. 33) ('cás GFF'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 12, 19.1.2022, lch. 34) ('cás OFC').

Co., Ltd., DBS Bank (an tSín) Limited, East West Bank (an tSín) Co., Ltd., Hana Bank (an tSín) Co., Ltd., HSBC Bank (an tSín) Limited, Mitsubishi UFJ Bank (an tSín) Co., Ltd., Mizuho Bank (an tSín) Co., Ltd., OCBC Wing Hang Bank (an tSín) Limited, Standard Chartered Bank (an tSín) Limited, Sumitomo Mitsui Banking Corporation (an tSín) Co., Ltd., United Overseas Bank (an tSín) Limited, agus Yushan Bank (an tSín) Co. I gcomhréir leis an anailís chomhfhreagrach a soláthraíodh i Roinn 3.5.1.8, measadh go bhfuil na hinstitiúidí airgeadais príobháideacha sin a bhí ag feidhmiú faoi mhaoirsiú CBRC faoi chúram nó faoi stiúir Rialtas na Síne. Ós rud é nár cuireadh aon fhaisnéis ar fáil lena léireodh a mhalairt, sheas an Coimisiún leis an gconclúid chéanna san imscrúdú reatha.

(469) Rinne an Coimisiún anailís féachaint ar chuir Rialtas na Síne de chúram ar na hinstitiúidí airgeadais sin uile nó ar thug sé ordú dóibh fóirdheontais a dheonú don earnáil feithiclí ceallra-leictreacha de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.

(470) De réir Chomhlacht Achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála, tarlaíonn 'iontaobhas' nuair a thugann rialtas freagracht do chomhlacht príobháideach agus tagraíonn 'treoir' do chásanna ina bhfeidhmíonn an rialtas a údarás ar chomhlacht príobháideach ([160]). Sa dá chás, úsáideann an rialtas comhlacht príobháideach mar ionadú chun an ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh, agus 'i bhformhór na gcásanna, bheifeá ag súil go mbeadh cineál éigin bagartha nó meallta ag baint le comhlacht a chur ar iontaoibh nó le treoir a thabhairt dó' ([161]). Ag an am céanna, le hAirteagal 3(1)(a)(iv), ní thugtar cead do Chomhaltaí bearta frithchúitimh a fhorchur i leith táirgí 'sa chás nach bhfuil an rialtas ach ag feidhmiú a chumhachtaí rialála ginearálta' ([162]) nó sa chás, maidir le hidirghabháil ón rialtas, *'go mbeadh nó nach mbeadh toradh áirithe air sin bunaithe ar na dálaí fíorasacha agus ar shaor-rogha a bheith á feidhmiú ag na gníomhaithe sa mhargadh sin'* ([163]). Seachas sin, tugtar le tuiscint le cur ar iontaoibh nó treoir a thabhairt *'ról níos gníomhaí ón rialtas ná gníomhartha spreagtha agus sin amháin'* ([164]).

(471) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil feidhm ag an gcreat normatach maidir leis an tionscal a luaitear thuas in aithrisí (434) go (442) maidir le gach institiúid airgeadais sa tSín, lena n-áirítear institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht phríobháideach. Chun é sin a léiriú, clúdaíonn Dlí na mBanc agus orduithe éagsúla CBIRC na bainc go léir atá maoinithe ag an tSín agus atá á n-infheistiú ón gcoigríoch faoi bhainistíocht CBIRC.

(472) Ina theannta sin, bhí coinníollacha comhchosúla ag formhór na gconarthaí iasachta le hinstitiúidí airgeadais príobháideacha leis na conarthaí le bainc atá faoi úinéireacht Stáit, agus bhí na rátaí iasachtaithe arna soláthar ag institiúidí airgeadais príobháideacha cosúil leis na rátaí arna soláthar ag institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit. Léiríonn sé sin go ndeonaíonn na bainc sin coinníollacha iasachtaithe fabhracha de facto i gcomhréir le rialú Rialtas na Síne ar an earnáil baincéireachta.

(473) In éagmais aon fhaisnéise éagsúla a fhaightear ó na hinstitiúidí airgeadais príobháideacha, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, a mhéid a bhaineann leis an tionscal BEV, gur chuir an Stát de chúram ar gach institiúid airgeadais (lena n-áirítear institiúidí príobháideacha airgeadais) atá ag feidhmiú sa tSín faoi mhaoirseacht NFRA de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun beartais rialtais a shaothrú agus iasachtaí a thabhairt ar rátaí fabhracha don tionscal BEV ([165]).

3.5.1.10. Rátáil Chreidmheasa

(474) In imscrúduithe frith-fhóirdheontais roimhe seo, chinn an Coimisiún cheana féin nárbh iontaofa rátálacha creidmheasa intíre arna ndámhachtain do chuideachtaí Síneacha, bunaithe ar staidéar a d'fhoilsigh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ([166]), lena léirítear neamhréireacht idir rátálacha creidmheasa idirnáisiúnta agus

([160]) WT/DS/296 (DS296 United States – Countervailing duty investigation on Dynamic Random Access Memory (DRAMS) ón gCóiré), Tuarascáil Comhlacht Achomhairc an 21 Feabhra 2005, mír 116.
([161]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 116.
([162]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 115.
([163]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 114 ag comhaontú le Tuarascáil an Phainéil, DS 194, mír 8.31. ar an gcuntas sin.
([164]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 115.
([165]) Féach na cásanna a luaitear i bhfonóta 12 roimhe seo.
([166]) Féach Páipéar Oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta 'Resolving China's Corporate Debt Problem', le Wojciech Maliszewski, Serkan Arslanalp, John Caparusso, José Garrido, Si Guo, Joong Shik Kang, W. Raphael Lam, T. Daniel Law, Wei Liao, Nadia Rendak, Philippe Wingender, Jiangyan, Deireadh Fómhair 2016, WP/16/203.

rátálacha creidmheasa Síneacha. Go deimhin, dar leis an CAI, tá rátáil ag na gníomhaireachtaí rátála áitiúla ar os cionn 90 % de na bannaí Síneacha ó AA go AAA. Níl sin inchomparáide le margaí eile, amhail an tAontas Eorpach nó Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM'). Mar shampla, níos lú ná 2 % de ghnólachtaí tairbhiú de na rátálacha is fearr den sórt sin i margadh na Stát Aontaithe. Tá gníomhaireachtaí rátála creidmheasa na Síne thar a bheith claonta, mar sin, i dtreo an taobh is airde den scála rátála. Tá scálaí rátála an-leathan acu agus bíonn nós acu bannaí a chomhthiomsú lena mbaineann rioscaí mainneachtana atá difriúil go suntasach óna chéile isteach in aon chatagóir rátála leathan amháin ([167]). Dar leis léargas 2021 a thug Bloomberg ([168]) ar mhargadh bannaí na Síne 2021, tá tionchar an-mhór ag cúig ghníomhaireacht rátála áitiúla Síneacha ar an margadh banna: China Chengxin, Dagong, Lianhe, Shanghai Brilliance, agus rátáil creidmheasa Golden, agus thart ar 90 % de na bannaí rátáil AAA ag gníomhaireachtaí rátála áitiúla. Mar sin féin, tá rátáil eisitheora níos ísle A agus BBB faighte ag go leor de na heisitheoirí ó S&P Global ([169]).

(475) Ina theannta sin, is iondúil go ndéanann gníomhaireachtaí rátála eachtracha, amhail Standard and Poor's agus Moody's, ardú a chur i bhfeidhm thar rátáil chreidmheasa bhonnlíne an eisitheora bunaithe ar mheastachán ar thábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne agus ar neart aon ráthaíocht intuigthe nuair a dhéanann siad bannaí Síneacha a eisíodh thar lear a rátáil ([170]).

(476) Chun an anailís sin a chomhlánú, léirigh cásanna roimhe seo gur féidir le Rialtas na Síne a thionchar a fheidhmiú ar an margadh rátála creidmheasa freisin.

(477) De réir na faisnéise a sholáthair Rialtas na Síne i gcásanna roimhe seo, bhí 14 ghníomhaireacht rátála creidmheasa gníomhach ar mhargadh bannaí na Síne, lena n-áirítear 12 ghníomhaireacht rátála intíre. Ar an dara dul síos, níl aon bhealach isteach saor in aisce ar mhargadh rátála creidmheasa na Síne. Is margadh dúnta é go bunúsach, ós rud é nach mór don China Securities Regulatory Commission ('CSRC') nó do PBOC gníomhaireachtaí rátála a fhormheas sula bhféadfaidh siad tús a chur lena gcuid oibríochtaí ([171]). D'fhógair PBOC i lár 2017 go mbeadh cead ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa thar lear rátálacha creidmheasa a dhéanamh ar chuid den mhargadh bannaí intíre, faoi choinníollacha áirithe. Leanann na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa sin scálaí rátála na Síne, áfach, agus dá bharr sin níl siad inchomparáide go cruinn le rátálacha idirnáisiúnta, mar a mhínítear in aithris (475).

(478) Ar deireadh, deimhnítear torthaí an Choimisiúin le taighde a rinne Allianz Global Investors in 2021, ina sonraítear 'go bhfuil córas rátála creidmheasa intíre na Síne éagsúil le coinbhinsiúin rátála idirnáisiúnta. *Dhéanfaí bannaí intíre arna rátáil mar AA+, mar shampla, a rátáil mar bhannaí 'ardtoraidh' ar scála idirnáisiúnta*' ([172]).

(479) Ar deireadh, chuir ECFE in iúl in 2022 maidir le '*easnaimh sa mhargadh rátála creidmheasa, lena n-áirítear rátálacha boilscithe agus córais rabhaidh laga, go gcuireann siad bac ar fhorbairt shláintiúil an mhargaidh bannaí*' ([173]).

(480) Thairis sin, chinn an Coimisiún freisin ([174]) nach féidir a mheas go bhfuil córas rátála creidmheasa na Síne á thiomáint ag fórsaí an mhargaidh amháin agus go n-oibríonn sé ar bhonn saofa.

(481) I bhfianaise na staide a thuairiscítear in aithrisí (474) go (478), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dtugann rátálacha creidmheasa ón tSín meastachán iontaofa ar riosca creidmheasa na bunsócmhainne. Rinne na cuspóirí beartais na rátálacha sin a shaobhadh freisin chun príomhthionscail straitéiseacha a spreagadh, amhail an tionscal BEV.

([167]) Livingston, M. Poon, W.P.H. agus Zhou, L. (2017). An bhfuil Rátálacha Creidmheasa Síneacha ábhartha? *A Study of the Chinese Bond Market and Credit Rating Industry*, in: Journal of Banking & Finance, lch. 24.

([168]) *China bond market insight* 2021, https://assets.bbhub.io/professional/sites/10/China-bond-market-booklet.pdf,.

([169]) China bond market insight 2021, Fonóta 59, lch. 31.

([170]) Praghas, A.H., Brightbill T.C., DeFrancesco R.E., Claeys, S.J., Teslik, A. agus Neelakantan, U. (2017). *China's broken promises: why it is not a market-economy*, Wiley Rein LLP, lch. 68.

([171]) Féach Fonóta 71 i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([172]) Le fáil ag https://ch.allianzgi.com/-/media/allianzgi/globalagi/china-microsite/9-things-to-know/9-things-to-know-about-chinas-bond-markets.pdf

([173]) Féach Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE,: An tSín, Márta 2022, lch. 34-35; le fáil ag: https://www.oecd-ilibrary.org/docserver/b0e499cf-en.pdf

([174]) Féach Doiciméad nuashonraithe Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final ('Tuarascáil na Síne') – Caibidil 6, lgh. 156-160,.

3.5.2. *Maoiniú fabhrach: iasachtaí*

3.5.2.1. Cineálacha iasachtaí

(1) Iasachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha

(482) Shuigh an Coimisiún gur bhain cuideachtaí i ngach ceann de na trí ghrúpa shampláilte úsáid as iasachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha éagsúla chun a gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú. Úsáideadh na hiasachtaí sin den chuid is mó le haghaidh oibríochtaí laethúla, riachtanais caipitil oibre, le haghaidh tionscadal speisialta, infheistíochtaí nó le cur in ionad iasachtaí eile. Rinne na grúpaí sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin úsáid freisin as creidmheasanna onnmhairiúcháin gearrthéarmacha agus fadtéarmacha.

(2) Iasachtaí arb é is cuspóir sonrach dóibh dul in ionad iasachtaí eile (creidmheasanna imrothlacha)

(483) Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún go bhfuair ceann de na grúpaí sampláilte iasachtaí ar conradh arbh é ba chuspóir sonrach dóibh caipiteal úr ó iasachtaí nua a chur in ionad an chaipitil a aisíocadh ar iasachtaí ar an dáta aibíochta. De ghnáth, bíonn iasachtaí imrothlacha den sórt sin ina gcomhartha ar fhadhbanna leachtachta an iasachtaí agus bíonn neamhchosaint níos mó ar riosca ag baint leo do na bainc a dheonaíonn iad. I gcomhréir le torthaí imscrúduithe roimhe seo ([175]), shuigh an Coimisiún go bhféadfadh roinnt cuideachtaí, leis an gcleachtas sin, a ndliteanais a atheagrú agus na cistí a fháil nach mbeidís in ann a n-oibleagáidí aisíocaíochta a chomhlíonadh dá n-uireasa, rud atá ina fhianaise ar fhadhbanna maidir le fiachas a aisíoc.

(3) Maoiniú arb é is aidhm dó fiachas fadtéarmach a athstruchtúrú

(484) Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún gur eisigh cuideachtaí sampláilte áirithe bannaí arbh é ba chuspóir sonrach dóibh aisíocaíochtaí fiachais a dhéanamh, is é sin iasachtaí. Shuigh an Coimisiún go bhféadfadh roinnt cuideachtaí, trína bhfiachas a athstruchtúrú tríd an ionstraim sin, a ndliteanais a atheagrú agus a chur siar agus na cistí a fháil nach mbeidís in ann a n-oibleagáidí aisíocaíochta a chomhlíonadh dá n-uireasa, rud atá ina fhianaise ar fhadhbanna maidir le cistí a thiomsú.

(485) Tá úsáid bannaí chun na críche sin ina cúis imní maidir le cumas cuideachta ar leith íoc as a fiacha, agus rud a chaitheann amhras dá bhrí sin ar a leachtacht ghearrthéarmach agus ar a sócmhainneacht san fhadtéarma freisin. Dá bhrí sin, meastar gur léiriú é eisiúint bannaí chun críche aisíocaíochta iasachtaí i gcuideachta ar leith go bhfuil an chuideachta i staid airgeadais atá níos measa ná mar a thabharfadh na ráitis airgeadais le fios ar an gcéad amharc, agus go bhfuil riosca breise ann a bhaineann lena maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach.

3.5.2.2. Sainiúlacht

(486) Mar a léirítear i Roinn 3.5.1.5, tá roinnt doiciméad dlíthiúil ann, lena ndírítear go sonrach ar chuideachtaí san earnáil BEV, lena n-ordaítear do na hinstitiúidí airgeadais iasachtaí a chur ar fáil ag rátaí fabhracha don tionscal BEV. Léiríonn na doiciméid sin nach soláthraíonn na hinstitiúidí airgeadais maoiniú fabhrach ach do líon teoranta fiontar nó tionscal, a chomhlíonann beartais ábhartha Rialtas na Síne. Mheas an Coimisiún go bhfuil an tagairt don tionscal BEV sách soiléir toisc go n-aithnítear an tionscal sin faoina ainm nó trí thagairt don táirge a mhonaraíonn sé nó don ghrúpa tionscail lena mbaineann sé.

([175]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17) ('cás HRF'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear le haghaidh busanna nó leoraithe agus a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 acu ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchta, as rubar, de chineál a úsáidtear le haghaidh busanna nó leoraithe, a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 acu ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 283, 12.11.2018, lch. 1) ('cás na mbonn'), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO L 189, 15.6.2020, lch. 33) ('cás GFF').

3.5.2.3. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(487) Rinne an Coimisiún méid an fhóirdheontais in-fhrithchúititheach a ríomh bunaithe ar an sochar a thugtar d'fhaighteoirí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. De réir Airteagal 6(b) den bhun-Rialachán, is é an sochar a thugtar d'fhaighteoirí an difríocht idir an méid úis a d'íoc an chuideachta ar an iasacht fhabhrach agus an méid a d'íoc an chuideachta ar iasacht tráchtála inchomparáide, a d'fhéadfadh an chuideachta a fháil ar an margadh.

(488) Mar a mhínítear i Roinn 3.5.1 agus Roinn 3.5.2 thuas, is léiriú iad na hiasachtaí arna soláthar ag institiúidí airgeadais na Síne ar idirghabháil rialtais shuntasach agus ní léirítear leo rátaí a bheadh le fáil i margadh feidhmiúil de ghnáth.

(489) Bhí éagsúlacht idir na grúpaí cuideachtaí sampláilte ó thaobh a staide airgeadais ghinearálta de. Bhain gach ceann acu sochar as cineálacha éagsúla iasachtaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin ina raibh éagsúlachtaí maidir le haibíocht, comhthaobhacht, ráthaíochtaí agus coinníollacha eile. Ar an dá chúis sin, bhí meánráta úis ag gach cuideachta bunaithe ar a sraith iasachtaí féin a fuarthas.

(490) Rinne an Coimisiún measúnú aonair ar staid airgeadais gach grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chun na saintréithe sin a léiriú. I ndáil leis sin, lean an Coimisiún an mhodheolaíocht chun maoiniú fabhrach a ríomh trí bhíthin iasachtaí a bhunaítear san imscrúdú frith-fhóirdheontais ar scragall tiontaire alúmanaim de thionscnamh na Dhaon-Phoblacht na Síne, agus san imscrúdú frith-fhóirdheontais ar tháirgí cruach comhréidhe teorollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na himscrúduithe frith-fhóirdheontais ar bhoinn de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ([176]), mar a mhínítear sna haithrisí thíos. Mar thoradh air sin, rinne an Coimisiún an sochar ón maoiniú fabhrach a ríomh trí chleachtais iasachtaí do gach grúpa sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn aonair, agus leithdháileadh an sochar sin ar an táirge faoi imscrúdú.

(1) Grúpa BYD

(491) Thug an Coimisiún dá aire gur bhronn gníomhaireacht rátála creidmheasa rátáil AAA+ ar an nGrúpa BYD in 2020. I bhfianaise shaobhadh foriomlán rátálacha creidmheasa na Síne mar a luaitear i Roinn 3.5.1.10, bhain an Coimisiún de thátal as nach bhfuil an rátáil sin iontaofa.

(492) Mar a luaitear in aithrisí (452) go (459) thuas, níor chuir institiúidí airgeadais na Síne a thug iasachtaí aon mheasúnú creidmheasa ar fáil ar acmhainneacht creidmheasa. Dá bhrí sin, chun an tairbhe a shuí, bhí ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar cibé acu an raibh nó nach raibh na rátaí úis do na hiasachtaí a bhí ar fáil don Ghrúpa BYD ar leibhéal an mhargaidh.

(493) Chuir Grúpa BYD é féin i láthair mar chuideachta i staid airgeadais a bhí brabúsach go ginearálta agus corrlach brabúis de thart ar 6 % aige de réir a chuntais airgeadais féin. Bhain an grúpa úsáid as fiachas gearrthéarmach agus fadtéarmach chun a oibríochtaí a mhaoiniú. Rinne an Coimisiún measúnú ar leachtacht ghearrthéarmach agus ar staid sócmhainneachta fadtéarmaí na cuideachta.

(494) Maidir le leachtacht ghearrthéarmach, bhain an Coimisiún úsáid as an gcóimheas atá ann faoi láthair. Leis an gcóimheas sin, tomhaistear cumas na cuideachta oibleagáidí gearrthéarmacha a íoc, lena n-áirítear fiachas gearrthéarmach.

(495) Ba é 0,89 cóimheas reatha na cuideachta in 2021, laghdaigh sé go 0,75 in 2022 agus ansin laghdaigh sé go 0,68 sa tréimhse imscrúdúcháin. D'ainneoin an rátáil AAA+ a sannadh don chuideachta in 2020, ní leor sócmhainní reatha na cuideachta chun na hoibleagáidí gearrthéarmacha a íoc. Ní thugann sé seo údar le rátáil chreidmheasa ard, ar cheart do chuideachta cóimheas de 2 ar a laghad a thaispeáint ina leith.

(496) I bhfianaise an táscaire leachtachta gearrthéarmaí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil fadhbanna leachtachta gearrthéarmaí ag an gcuideachta i gceist a fhágann go bhfuil próifíl féichiúnaí ardriosca aici.

([176]) IO L 458, 22.12.2021, lch. 344 (aithris 237) ('cás an scragaill alúmanaim') IO L 146, 9.6.2017, lch. 17, aithrisí (152) go (244) ('cás HRF'), IO L 283, 12.11.2018, lch. 1, aithris (236) ('cás na mbonn'), IO L 189, 15.6.2020, lch. 33, aithris (300) ('cás GFF') agus IO L 12, 19.1.2022, lch. 75, aithris 294 ('cás OFC').

(497) Rinne an Coimisiún an measúnú riosca ar shócmhainneacht fhadtéarmach a bhunú ar an gcóimheas fiachais. Leis an gcóimheas sin tomhaistear cumas na cuideachta a hoibleagáidí fiachais fhadtéarmaigh a chomhlíonadh. Úsáideann iasachtóirí agus infheisteoirí bannaí é agus measúnú á dhéanamh acu ar acmhainneacht creidmheasa na cuideachta.

(498) Leis an gcóimheas fiachais tomhaistear an méid dliteanas, go háirithe fiachas fadtéarmach. Bhí cóimheas ard fiachais/cothromais 0,78 ag an gcuideachta, rud a léiríonn go bhfuil a gníomhaíocht á maoiniú ag an gcuideachta trí fhiachas. Tháinig méadú leanúnach ar an gcóimheas fiachais/cothromais freisin ó 0,67 in 2021 go 0,78 le linn na tréimhse imscrúduithe, rud a léiríonn go bhfuil níos mó agus níos mó dá gníomhaíocht á maoiniú ag an gcuideachta trí fhiachas go príomha. Dá airde an cóimheas fiachais/cothromais, is ea is airde riosca airgeadais na cuideachta, rud a chiallaíonn go bhféadfadh sé a bheith ní ba dheacra don chuideachta an fiachas atá aici cheana a sheirbhísiú.

(499) Dá bhrí sin, i bhfianaise na saincheisteanna leachtachta agus sócmhainneachta a thuairiscítear in aithrisí (495) go (498), mheas an Coimisiún nach raibh an cuideachta i staid láidir airgeadais agus go raibh próifíl ardriosca aige d'iasachtóirí agus d'infheisteoirí féideartha.

(500) Thairis sin, rinne an Coimisiún anailís ar chóimheas fiachais/cothromais na gcuideachtaí aonair ag a bhfuil an ráta is airde sochar airgid agus chinn sé go raibh a gcóimheas fiachais/cothromais in 2022 idir 0,71 agus 0,97.

(501) De réir an mhéid thuas agus i bhfianaise shaobhadh foriomlán rátálacha creidmheasa na Síne, a luaitear i Roinn 3.5.1.10, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil rátáil chreidmheasa AAA a bronnadh ar Ghrúpa BYD iontaofa.

(502) Mheas an Coimisiún go gcomhfhreagraíonn staid airgeadais fhoriomlán an ghrúpa do rátáil B, nach gcáilíonn a thuilleadh mar 'ghrád infheistíochta'.

(503) Ar bhonn na sonraí atá ar fáil go poiblí maidir le Bloomberg, bhain an Coimisiún úsáid mar thagarmharc as an bpréimh a rabhthas ag súil leis ar bhannaí a d'eisigh gnólachtaí a bhfuil rátáil B acu, a cuireadh i bhfeidhm ar ráta tagarmhairc iasachta PBOC, nó tar éis an 20 Lúnasa 2019 ar an mbunráta iasachta mar a d'fhógair an NIFC ([177]) chun ráta an mhargaidh a chinneadh.

(504) Cinneadh an mharcáil suas trí ríomh an raoin choibhneasta idir na hinnéacsanna US AA bannaí corparáideacha arna rátáil le bannaí corparáideacha US BB arna rátáil bunaithe ar shonraí Bloomberg le haghaidh deighleoga tionsclaíocha. An raon difríochta coibhneasta a ríomhadh ar an gcaoi sin, cuireadh ansin le Ráta Tagarmhairc Iasachta PBOC é nó, tar éis an 20 Lúnasa 2019, leis an mBonnráta Iasachta a d'fhoilsigh NIFC, ar an dáta a deonaíodh an iasacht ([178]) agus ar feadh na tréimhse céanna leis an iasacht atá i gceist. Rinneadh é seo ar bhonn aonair do gach iasacht a cuireadh ar fáil don ghrúpa cuideachtaí.

(505) Maidir le hiasachtaí a ainmnítear in airgeadraí eachtracha, tá feidhm ag an staid chéanna maidir le saobhadh an mhargaidh agus gan rátálacha creidmheasa bailí a bheith ann, toisc gur institiúidí airgeadais na Síne a dheonaíonn na hiasachtaí sin. Dá bhrí sin, mar a fuarthas roimhe seo, úsáideadh bannaí corparáideacha a bhfuil rátáil BB acu in ainmníochtaí ábhartha a eisíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun tagarmharc iomchuí a chinneadh.

(2) Grúpa Geely

(506) Mar a luaitear in aithrisí (452) go (459) thuas, níor chuir institiúidí airgeadais na Síne a thug iasachtaí aon mheasúnú creidmheasa ar fáil ar acmhainneacht creidmheasa. Dá bhrí sin, d'fhonn an sochar a shuí, bhí ar an gCoimisiún a mheas an raibh na rátaí úis ar na hiasachtaí a thugtar don Geely Group ar leibhéal an mhargaidh.

(507) Thuairiscigh Grúpa Geely staid airgeadais bhrabúsach lena ngabhann corrlach brabúis 3 % de réir a chuntas airgeadais féin. Mar sin féin, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht i gcomparáid le 2021. Tháinig laghdú ar a ráta toraidh ar chothromas, arb é atá ann cumas an ghrúpa caipiteal cothromais a chomhshó ina ghlanbhrabús, ó 8 % in 2021 go 5 % ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

(508) D'úsáid Geely Group fiachas gearrthéarmach agus fadtéarmach chun a oibríochtaí a mhaoiniú. Rinne an Coimisiún measúnú ar leachtacht ghearrthéarmach agus ar staid sócmhainneachta fadtéarmaí an ghrúpa.

([177]) Féach aithris (453) thuas.

([178]) I gcás iasachtaí úis seasta. I gcás iasachtaí ar ráta úis athraitheach, glacadh an ráta tagarmhairc PBOC le linn IP.

(509) Maidir le leachtacht ghearrthéarmach, bhí meánchóimheas reatha 1,03 ag an ngrúpa le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé go bhfuil an cóimheas atá ann faoi láthair beagán os cionn 1, is ionann na sócmhainní atá ag an gcuideachta faoi láthair agus díreach an méid is gá chun na hoibleagáidí gearrthéarmacha a íoc, méid nach bhfuil leordhóthanach chun údar a thabhairt le hardrátáil chreidmheasa, ar ina leith ba cheart do chuideachta cóimheas ar a laghad 2 a chur i láthair. Ba é 0,79 mearchóimheas na cuideachta ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin, 0,76 in 2022, agus 0,79 in 2021, agus meastar gur cóimheas tagartha é mearchóimheas de 1 ar a laghad. Go deimhin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cuideachta a bhfuil cóimheas tapa aige faoi bhun 1 in ann a dliteanais reatha a íoc sa ghearrthéarma. Bhí cóimheas airgid na cuideachta 0,4 ar an meán in IP; Dá bhrí sin, ní raibh dóthain airgid ar láimh ag an gcuideachta chun a fiach gearrthéarmach a íoc. I bhfianaise na dtáscairí leachtachta gearrthéarmaí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil fadhbanna leachtachta gearrthéarmaí ag an gcuideachta i gceist a fhágann go bhfuil próifíl féichiúnaí riosca aici.

(510) Maidir le fiachas fadtéarmach, bhí cóimheas ard fiachais/sócmhainní 0,69 ag Grúpa Geely, rud a chiallaíonn go maoinítear 69 % de shócmhainní na cuideachta le fiachas. Ba é 2,1 an cóimheas fiachais/cothromais in 2021, 2,11 in 2022 agus 2,22 ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léiríonn go bhfuil a gníomhaíocht á maoiniú ag an gcuideachta go príomha trí fhiachas. Dá airde na cóimheasa fiachais/sócmhainní agus fiachais/cothromais is ea is airde riosca airgeadais na cuideachta. Ina theannta sin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rinne ceann de na cuideachtaí sa ghrúpa (Ningbo Hangzhou Bay Geely Automobile Parts Co., Ltd.) socrú babhtála fiachais ar chothromas le bainc atá faoi úinéireacht an stáit, chun feabhas a chur ar a struchtúr fiachais. Faoi shocrú den sórt sin, d'fhéadfadh an chuideachta cuid dá fiachas le bainc atá faoi úinéireacht an Stáit a chomhshó ina scaireanna, agus ar an gcaoi sin na dliteanais ar a clár comhardaithe a laghdú.

(511) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún go ndearna Grúpa Geely iasachtaí ar conradh arbh é ba chuspóir sonrach dóibh dul in ionad iasachtaí eile. Mar a mhínítear i Roinn 3.5.2.1, meastar gur léiriú é iasachtaí imrothlacha a bheith ann ar rioscaí breise a bhaineann le fadhbanna leachtachta.

(512) Ar an gcaoi chéanna, chinn an Coimisiún gur eisigh Grúpa Geely bannaí chun fiachas a athstruchtúrú. Sa chás sin, mar a mhínítear i Roinn (4), mheas an Coimisiún gur comhartha é sin go bhfuil an chuideachta i staid airgeadais níos measa ná mar a thabharfadh na ráitis airgeadais le fios ar an gcéad amharc, agus go bhfuil riosca breise ann a bhaineann lena maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach.

(513) Thug an Coimisiún dá aire gur bhronn gníomhaireacht rátála creidmheasa de chuid na Síne rátáil AAA ar Ghrúpa Geely. I bhfianaise shaobhadh foriomlán rátálacha creidmheasa na Síne mar a luaitear i Roinn 3.5.1.10, bhain an Coimisiún de thátal as nach bhfuil an rátáil sin iontaofa.

(514) Mheas an Coimisiún go gcomhfhreagraíonn staid airgeadais fhoriomlán an ghrúpa do rátáil B. De réir shainmhínithe rátála creidmheasa Standard & Poor's, tá féichiúnaí a bhfuil rátáil 'B' aige níos leochailí ná féichiúnaí a bhfuil rátáil 'BB' aige, ach tá sé d'acmhainn ag an bhféichiúnaí sin fós a ghealltanais airgeadais a chomhlíonadh. Mar sin féin, d'fhéadfadh dálaí neamhfhabhracha gnó, airgeadais nó eacnamaíocha dochar a dhéanamh do chumas nó do thoilteanas an fhéichiúnaí a ghealltanais airgeadais a chomhlíonadh. Meastar, dá bhrí sin, gurb iomchuí an tagarmharc sin chun léiriú a thabhairt ar an riosca breise a eascraíonn as úsáid iasachtaí imrothlacha agus bannaí arna n-eisiúint chun fiachas a athstruchtúrú.

(515) An phréimh lena bhfuil coinne ar bhannaí arna n-eisiúint ag gnólachtaí a bhfuil rátáil B acu, cuireadh i bhfeidhm ansin í maidir le Ráta Tagarmhairc Iasachta PBOC nó, tar éis an 20 Lúnasa 2019, maidir leis an mBonnráta Iasachta mar a d'fhógair NIFC chun ráta an mhargaidh a chinneadh.

(516) Cinneadh an mharcáil suas trí ríomh an raoin choibhneasta idir na hinnéacsanna US AA bannaí corparáideacha arna rátáil le bannaí corparáideacha US BB arna rátáil bunaithe ar shonraí Bloomberg le haghaidh deighleoga tionsclaíocha. An raon difríochta coibhneasta a ríomhadh ar an gcaoi sin, cuireadh ansin le Ráta Tagarmhairc Iasachta PBOC é nó, tar éis an 20 Lúnasa 2019, leis an mBonnráta Iasachta mar a d'fhógair NIFC, ar an dáta a deonaíodh an iasacht agus ar feadh na tréimhse céanna leis an iasacht atá i gceist. Rinneadh é sin ar bhonn aonair i gcás gach iasachta agus léasaithe airgeadais a soláthraíodh don chuideachta.

(517) Maidir le hiasachtaí arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha i nDaon-Phoblacht na Síne, is infheidhme an staid chéanna i ndáil le saobhadh margaidh agus easpa rátálacha creidmheasa bailí, toisc gurb iad institiúidí airgeadais céanna na Síne a dheonaíonn na hiasachtaí sin. Dá bhrí sin, mar a fuarthas roimhe seo, úsáideadh bannaí corparáideacha a bhfuil rátáil BB acu in ainmníochtaí ábhartha a eisíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun tagarmharc iomchuí a chinneadh.

(3) Grúpa SAIC

(518) Mar a luaitear in aithrisí (452) go (459) thuas, níor chuir institiúidí airgeadais na Síne a thug iasachtaí aon mheasúnú creidmheasa ar fáil ar acmhainneacht creidmheasa. Dá bhrí sin, d'fhonn an sochar a shuí, bhí ar an gCoimisiún a mheas an raibh na rátaí úis ar na hiasachtaí a thugtar don Geely Group ar leibhéal an mhargaidh.

(519) Thuairiscigh SAIC Motor Corporation Limited staid airgeadais bhrabúsach ar leibhéal an ghrúpa chomhdhlúite lena ngabhann corrlach brabúis 4 % de réir a chuntas airgeadais féin. Mar sin féin, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht i gcomparáid le 2021. Tháinig laghdú ar a ráta toraidh ar chothromas, arb é atá ann cumas an ghrúpa caipiteal cothromais a chomhshó ina ghlanbhrabús, ó 13 % in 2021 go 8 % ag deireadh 2022.

(520) D'úsáid SAIC Motor Corporation Limited fiachas gearrthéarmach agus fadtéarmach chun a oibríochtaí a mhaoiniú. Rinne an Coimisiún measúnú ar leachtacht ghearrthéarmach agus ar staid sócmhainneachta fadtéarmaí an ghrúpa.

(521) Maidir le leachtacht ghearrthéarmach, bhí meánchóimheas reatha 1,07 ag an ngrúpa in 2022. Cé go bhfuil an cóimheas atá ann faoi láthair beagán os cionn 1, is ionann na sócmhainní atá ag an gcuideachta faoi láthair agus díreach an méid is gá chun na hoibleagáidí gearrthéarmacha a íoc, méid nach bhfuil leordhóthanach chun údar a thabhairt le hardrátáil chreidmheasa, ar ina leith ba cheart do chuideachta cóimheas ar a laghad 2 a chur i láthair. Ba é 0,87 an cóimheas tapa a bhí ag an gcuideachta in 2022 agus 0,97 in 2021, agus meastar gur tagairt é cóimheas tapa de 1 ar a laghad. Go deimhin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cuideachta a bhfuil cóimheas tapa aige faoi bhun 1 in ann a dliteanais reatha a íoc sa ghearrthéarma. Ba é 0,4 cóimheas airgid an ghrúpa ar an meán in 2022. Dá bhrí sin, ní raibh méid leordhóthanach airgid ar láimh ag an ngrúpa chun a fhiachas gearrthéarmach a íoc. I bhfianaise na dtáscairí leachtachta gearrthéarmaí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil fadhbanna leachtachta gearrthéarmaí ag an ngrúpa i gceist a fhágann go bhfuil próifíl féichiúnaí riosca aige.

(522) Maidir le fiachas fadtéarmach, bhí cóimheas ard fiachais/sócmhainní 0,66 ag SAIC Motor Corporation Limited ar an leibhéal comhdhlúite, rud a chiallaíonn go maoinítear 66 % de shócmhainní an ghrúpa le fiachas. Ba 1.79 in 2021 agus 1.94 in 2020 a bhí sa chóimheas Fiachais/Sócmhainní, rud a thugann le fios go bhfuil a gníomhaíochtaí á maoiniú ag an gcuideachta trí fhiachas, go príomha. Dá airde na cóimheasa fiachais/sócmhainní agus fiachais/cothromais is ea is airde riosca airgeadais na cuideachta. Ina theannta sin, sa tréimhse idir 2009 agus 2015, rinne dhá cheann de tháirgeoirí onnmhairiúcháin an ghrúpa (SAIC Maxus Automotive Company Limited agus Nanjing Automobile (Group) Corporation) ceithre shocrú babhtála fiachais ar chothromas le bainc atá faoi úinéireacht an Stáit, chun feabhas a chur ar a struchtúr fiachais. Faoi shocrú den sórt sin, d'fhéadfadh na cuideachtaí cuid dá bhfiachas le bainc atá faoi úinéireacht an Stáit a chomhshó ina scaireanna, agus ar an gcaoi sin na dliteanais ar a gclár comhardaithe a laghdú. Ina theannta sin, in 2017, thairbhigh SAIC Motor Corporation Limited d'instealladh cothromais lena raibh baint ag institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, i measc institiúidí airgeadais eile, a raibh tionchar dearfach arís aige ar struchtúr fiachais an ghrúpa. Cé gur tharla na teagmhais sin roimh an tréimhse imscrúdúcháin, bhí éifeacht struchtúrach mharthanach acu ar an gclár comhardaithe.

(523) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún go bhfuair an grúpa iasachtaí ar conradh arbh é ba chuspóir sonrach dóibh dul in ionad iasachtaí eile. Mar a mhínítear i Roinn 3.4.2.1, meastar gur léiriú ar rioscaí breise a bhaineann le fadhbanna leachtachta é iasachtaí imrothlacha a bheith ann.

(524) Thug an Coimisiún dá aire gur bhronn gníomhaireacht rátála creidmheasa de chuid na Síne rátáil AAA ar SAIC Motor Corporation Limited. I bhfianaise shaobhadh foriomlán rátálacha creidmheasa na Síne a luaitear i Roinn 3.4.1.9, agus staid airgeadais an ghrúpa mar a shonraítear thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil an rátáil sin iontaofa.

(525) Mheas an Coimisiún go gcomhfhreagraíonn staid airgeadais fhoriomlán an ghrúpa do rátáil B. De réir shainmhínithe rátála creidmheasa Standard & Poor's, tá féichiúnaí a bhfuil rátáil 'B' aige níos leochailí ná féichiúnaí a bhfuil rátáil 'BB' aige, ach tá sé d'acmhainn ag an bhféichiúnaí sin fós a ghealltanais airgeadais a chomhlíonadh. Mar sin féin, d'fhéadfadh dálaí neamhfhabhracha gnó, airgeadais nó eacnamaíocha dochar a dhéanamh do chumas nó do thoilteanas an fhéichiúnaí a ghealltanais airgeadais a chomhlíonadh. Meastar, dá bhrí sin, gurb iomchuí an tagarmharc sin chun léiriú a thabhairt ar an riosca breise a eascraíonn as úsáid iasachtaí imrothlacha agus bannaí arna n-eisiúint chun fiachas a athstruchtúrú.

(526) Dá bhrí sin, rinneadh an corrlach brabúis sin a chinneadh tríd an raon difríochta coibhneasta idir innéacsanna bhannaí corparáide SAM a bhfuil rátáil AA acu agus bhannaí corparáide SAM a bhfuil rátáil B acu a ríomh bunaithe ar shonraí Bloomberg le haghaidh deighleoga tionsclaíocha. An raon difríochta coibhneasta a ríomhadh ar an gcaoi sin, cuireadh ansin le Ráta Tagarmhairc Iasachta PBOC é nó, tar éis an 20 Lúnasa 2019, leis an mBonnráta Iasachta mar a d'fhógair NIFC, ar an dáta a deonaíodh an iasacht agus ar feadh na tréimhse céanna leis an iasacht atá i gceist. Rinneadh é sin ar bhonn aonair i gcás gach iasachta agus léasaithe airgeadais a soláthraíodh don chuideachta.

(527) Maidir le hiasachtaí arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha i nDaon-Phoblacht na Síne, is infheidhme an staid chéanna i ndáil le saobhadh margaidh agus easpa rátálacha creidmheasa bailí, toisc gurb iad institiúidí airgeadais céanna na Síne a dheonaíonn na hiasachtaí sin. Dá bhrí sin, mar a fuarthas roimhe seo, úsáideadh bannaí corparáideacha a bhfuil rátáil BB acu in ainmníochtaí ábhartha a eisíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun tagarmharc iomchuí a chinneadh.

3.5.2.4. Conclúid maidir le maoiniú fabhrach: iasachtaí

(528) Shuigh an Coimisiún gur bhain gach grúpa sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin sochar as maoiniú fabhrach trí iasachtaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I bhfianaise ranníocaíocht airgeadais a bheith ann, sochar do na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus sainiúlacht, mheas an Coimisiún maoiniú fabhrach trí fhóirdheontas in-fhrithchúitithe a thabhairt trí iasachtaí.

(529) Ba iad seo a leanas na rátaí fóirdheontais a bunaíodh maidir leis an maoiniú fabhrach trí iasachtaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin do ghrúpaí sampláilte cuideachtaí:

Maoiniú fabhrach: iasachtaí

Ainm na cuideachta	Ráta fóirdheontais
Grúpa BYD	0,16 %
Grúpa Geely	0,81 %
Grúpa SAIC	1,38 %

3.5.3. *Maoiniú fabhrach: cineálacha eile maoinithe*

3.5.3.1. Línte creidmheasa

(a) Faisnéis Ghinearálta

(530) Is é an cuspóir atá le líne chreidmheasa teorainn iasachta a bhunú is féidir leis an gcuideachta a úsáid ag aon am chun a chuid oibríochtaí reatha a mhaoiniú, rud a chiallaíonn go mbeidh maoiniú caipitil oibre solúbtha agus ar fáil láithreach nuair is gá. Na comhaontuithe líne creidmheasa a deonaíodh do na grúpaí sampláilte, tagraíonn siad do na foirmeacha éagsúla maoinithe atá ar fáil do chuideachtaí a shíníonn comhaontuithe den sórt sin, lena gcumhdaítear gach cineál maoinithe ghearrthéarmaigh, amhail iasachtaí gearrthéarmacha, glacachtaí bainc, litreacha creidmheasa, etc. Thairis sin, de réir na litríochta airgeadais, tá línte creidmheasa forleathan freisin i bhformhór na gcásanna i ngeilleagair mhargaidh. Is é atá iontu, mar shampla, níos mó ná 80 % den mhaoiniú bainc a sholáthraítear do ghnólachtaí poiblí na Stát Aontaithe ([179]). Thairis sin, i gCeanada, mar a bhfuil glacachtaí bainc ina ndliteanas díreach neamhchoinníollach ar an mbanc glactha (mar is amhlaidh sa tSín), ní ghlacfadh bainc de ghnáth ach le dréachtaí glacachta bainc ó iasachtaithe corparáideacha a bhfuil líne chreidmheasa bhunaithe acu leis an mbanc sin ([180]). Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur cheart, i bprionsabal, maoiniú gearrthéarmach na gcuideachtaí sampláilte, amhail iasachtaí gearrthéarmacha, dréachtaí glactha bainc etc., a chumhdach le hionstraim um líne chreidmheasa.

([179]) https://www.bde.es/f/webbde/SES/Secciones/Publicaciones/PublicacionesSeriadas/DocumentosTrabajo/08/Fic/dt0821e.pdfNALYSIS OF CORPORATE CREDIT LINES (bde.es)

([180]) https://www.bankofcanada.ca/wp-content/uploads/2018/06/SDP-2018-6.pdf

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(531) Bhunaigh an Coimisiún gur sholáthair institiúidí airgeadais na Síne línte creidmheasa do gach grúpa sampláilte i ndáil le maoiniú a sholáthar. Creat-chomhaontuithe a bhí i gceist leo sin, faoina ligeann an banc do chuideachtaí sampláilte ionstraimí fiachais éagsúla a úsáid, amhail iasachtaí caipitil oibre, dréachtaí maidir le glacadh bainc agus cineálacha eile maoinithe trádála laistigh d'uasmhéid áirithe.

(532) Mar a luaitear in aithris (530) thuas, ba cheart gach maoiniú gearrthéarmach a chumhdach le líne chreidmheasa. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún comparáid idir méid na línte creidmheasa a bhí ar fáil do na cuideachtaí comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus méid an mhaoinithe ghearrthéarmaigh a d'úsáid na cuideachtaí sin le linn na tréimhse céanna chun a fháil amach ar cumhdaíodh gach maoiniú gearrthéarmach le líne chreidmheasa. I gcás inar mhó méid an mhaoinithe ghearrthéarmaigh ná uasteorainn na líne creidmheasa, mhéadaigh an Coimisiún méid na líne creidmheasa a bhí ann cheana faoin méid a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin iarbhír os cionn uasteorainn na líne creidmheasa sin.

(533) Sna gnáthdhálaí margaidh, bheadh línte creidmheasa faoi réir táille 'socrúcháin' nó "gealltanais' mar a thugtar orthu chun cúiteamh a dhéanamh as costais agus rioscaí an bhainc tráth oscailte na líne creidmheasa, chomh maith le táille athnuachana a ghearrtar ar bhonn bliantúil chun bailíocht na línte creidmheasa a athnuachan ([181]). Cumhdaítear leis na táillí sin costais riaracháin, amhail an costas a bhaineann leis an iarratas a phróiseáil, agus seiceálacha slándála a dhéanamh, chomh maith leis an gcostas a eascraíonn as na ceanglais stuamachta a fhorchuirtear ar bhainc, ós rud é go ndéanann an caipiteal arna ghealladh faoi líne chreidmheasa laghdú ar chóimheasa caipitil an bhainc, rud nach mór dó a choinneáil ar bun chun a áirithiú go mbeidh sé cosanta ar rioscaí sistéamacha. Shuigh an Coimisiún, áfach, gur thairbhigh na grúpaí cuideachtaí sampláilte uile de línte creidmheasa a soláthraíodh saor in aisce. Dá bhrí sin, tugadh sochar do na grúpaí cuideachtaí a imscrúdaíodh de réir bhrí Airteagal 6(d) den bhun-Rialachán.

(c) Sainiúlacht

(534) Mar a luaitear in aithris (210), de réir Chinneadh Uimh. 40, soláthróidh institiúidí airgeadais tacaíocht chreidmheasa do thionscail atáthar a spreagadh.

(535) Mheas an Coimisiún, ós rud é go bhfuil línte creidmheasa nasctha go dlúth le gach cineál maoinithe ghearrthéarmaigh a chuirtear ar fáil do na cuideachtaí sampláilte, gur cheart iad a mheas mar chineál tacaíochta airgeadais fabhraí ó institiúidí airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh amhail earnáil na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Mar atá sonraithe i Roinn 3.1 thuas, tá an earnáil BEV i measc na dtionscal atáthar a spreagadh agus dá bhrí sin tá sí incháilithe do gach tacaíocht airgeadais is féidir.

(d) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(536) I gcomhréir le hAirteagal 6(d)(ii) den bhun-Rialachán, mheas an Coimisiún gurb ionann an sochar a bhronntar ar na faighteoirí agus an difríocht idir an méid a d'íoc siad mar tháille as institiúidí airgeadais na Síne a oscailt nó a athnuachan, agus an méid a d'íocfaidís as líne chreidmheasa tráchtála inchomparáide a fuarthas ar ráta neamhshaofa an mhargaidh.

(537) Níor íoc aon cheann de na cuideachtaí sampláilte táille as a líne chreidmheasa. Ar an gcaoi chéanna, níor aimsigh an Coimisiún in imscrúduithe roimhe seo go raibh aon táille líne creidmheasa intíre ann. Os a choinne sin, an t-aon chás inar íoc táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte táille líne creidmheasa, bhain sé le cuideachta a fuair línte creidmheasa ó dhá bhanc a raibh a gceanncheathrú bunaithe i ndlínse airgeadais seachas an tSín agus a bhí, dá bhrí sin, faoi réir táillí mar is gnáthchleachtas ar mhargaí airgeadais domhanda ([182]). Is cosúil go dtugtar le fios leis an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí go ngearrtar muirir líne creidmheasa ar chuideachtaí sa tSín i gcásanna áirithe ([183]), ach níorbh fhéidir leibhéal na dtáillí sin a fháil. Dá bhrí sin, ní raibh de rogha ag an gCoimisiún ach táille tagarmhairc iomchuí a lorg lasmuigh den tSín. Socraíodh na rátaí don táille socraithe agus don táille athnuachana, dá bhrí sin, ag 1,75 % agus 1,25 % faoi seach faoi threoir sonraí atá ar fáil go poiblí ([184]).

([181]) Féach mar shampla: https://en.wikipedia.org/wiki/Line_of_credit, https://users.ssc.wisc.edu/~jchoi266/Choi_Jason_JMP.pdf, https://pages.stern.nyu.edu/~sternfin/vacharya/public_html/pdfs/working-papers/ARFE_ContingentCredit_AJS.pdfARFE_ContingentCredit_AJS.pdf (nyu.edu), https://www.business.hsbc.uk/-/media/library/business-uk/pdfs/156-business-banking-price-list.pdf .

([182]) Féach cás na mbonn, aithris (297).

([183]) Féach mar shampla Bank of China: Credit Line https://www.bankofchina.com/en/cbservice/cb2/cb22/200806/t20080630_1324055.html(bankofchina.com)

([184]) https://www.metrobankonline.co.uk/business/borrowing/products/business-overdrafts/ arna cheadú an 29 Aibreán 2024.

(538) I bprionsabal, beidh an táille socraithe agus an táille athnuachana iníoctha ar bhonn cnapshuime tráth oscailte líne creidmheasa nua nó tráth a dhéantar líne chreidmheasa atá ann cheana a athnuachan faoi seach. Chun críocha ríomha, áfach, chuir an Coimisiún san áireamh línte creidmheasa a osclaíodh nó a athnuadh roimh an tréimhse imscrúdúcháin ach a bhí ar fáil do na grúpaí sampláilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus freisin na línte creidmheasa a osclaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.5.3.2. Dréacht glacachta bainc

(a) Faisnéis Ghinearálta

(539) Is táirge airgeadais iad dréachtaí glactha bainc atá dírithe ar mhargadh airgid intíre níos gníomhaí a fhorbairt trí shaoráidí creidmheasa a leathnú. Is cineál maoinithe ghearrthéarmaigh é a d'fhéadfadh '*costas* an chiste *a laghdú agus éifeachtúlacht chaipitil a fheabhsú*' don tarraingeoir ([185]). Ina theannta sin, mar a luaitear ag an PBOC ar a láithreán gréasáin, *'is féidir leis an dréacht maidir le glacadh bainc bunú agus comhlíonadh an chonartha idir an ceannaitheoir agus an díoltóir a ráthú, chomh maith le láimhdeachas caipitil a chur chun cinn trí idirghabháil chreidmheas Bhanc na Síne'* ([186]). Ina theannta sin, fógraíonn DBS Bank dréachtaí glacachta bainc ar a shuíomh gréasáin mar mhodh chun *'feabhas a chur ar chaipiteal oibre trí íocaíochtaí a chur siar'* ([187]). Na coinníollacha ginearálta maidir le glacachtaí bainc a eisiúint agus a úsáid, leagtar amach iad sa Dlí Síneach um Ionstraimí Soshannta ([188]).

(540) Bhunaigh an Coimisiún cheana féin in imscrúduithe a rinneadh roimhe seo go n-úsáidtear dréachtaí de ghlacadh banc den chuid is mó mar mhodh íocaíochta in idirbhearta tráchtála in ionad ordú airgid, rud a éascaíonn láimhdeachas airgid agus caipiteal oibre an tarraingteora ([189]).

(541) Go deimhin, ní féidir dréachtaí glacachta bainc a úsáid ach chun fíor-idirbhearta trádála a shocrú agus ní mór don tarraingeoir fianaise leordhóthanach a sholáthar ina leith sin, e.g. trí chomhaontú díola agus ceannaigh, sonrasc agus ordú seachadta, etc. Féadfar dréachtaí glacachta bainc a úsáid mar mhodh caighdeánach íocaíochta i gcomhaontuithe ceannaigh in éineacht le modhanna eile amhail seoltán nó ordú airgid.

(542) An t-iarratasóir a tharraingíonn an dréacht glacachta bainc (an tarraingeoir, arb é an ceannaitheoir freisin é san idirbheart tráchtála foluiteach) agus glacann banc leis. Trí ghlacadh leis an dréacht, glacann an banc an méid airgid a shonraítear sa dréacht a íoc go neamhchoinníollach leis an íocaí/iompróir ar an dáta ainmnithe (an dáta aibíochta).

(543) Go ginearálta, bíonn liosta sna conarthaí glacachta bainc de na hidirbhearta a chumhdaítear le méid an dréachta agus tugtar an dáta ar a mbeidh an íocaíocht dlite leis an soláthróir agus dáta aibíochta an dréachta glacachta bainc.

(544) Shuigh an Coimisiún freisin go n-eisítear dréachtaí glacachta bainc sa tSín faoi chuimsiú dréacht-chomhaontú glacachta bainc lena sonraítear céannacht an bhainc, na soláthróirí agus an cheannaitheora agus oibleagáidí an bhainc agus an cheannaitheora agus lena mionsonraítear an luach in aghaidh an tsoláthróra, an dáta dlite íocaíochta a chomhaontaítear leis an soláthróir agus dáta aibíochta an dréachta glacachta bainc.

(545) Shuigh an Coimisiún go liostaítear dréachtaí glacachta bainc mar úsáid fhéideartha as an teorainn airgeadais, in éineacht le hionstraimí airgeadais gearrthéarmacha eile amhail iasachtaí caipitil oibre, i gcomhaontuithe maidir le líne chreidmheasa de ghnáth.

(546) Ag brath ar na coinníollacha atá bunaithe ag gach banc, d'fhéadfadh go gceanglófaí ar an tarraingeoir taisce bheag a dhéanamh i gcuntas tiomnaithe, gealltanas a thabhairt agus coimisiún glacachta a íoc. Ar chaoi ar bith, tá d'oibleagáid ar an tarraingeoir méid iomlán an dréachta glacachta bainc a aistriú chuig an gcuntas tiomnaithe ar a dhéanaí ar dháta aibíochta an dréachta glacachta bainc.

([185]) Féach suíomh gréasáin People's Bank of China: https://www.boc.cn/en/cbservice/cncb6/cb61/200811/t20081112_1324239.html
([186]) Ibid.
([187]) Féach suíomh gréasáin DBS Bank: https://www.dbs.com.cn/corporate/financing/working-capital/bank-acceptance-draft-bad-issuance
([188]) https://english.www.gov.cn/services/doingbusiness/202102/24/content_WS6035f46ec6d0719374af97ba.html
([189]) Féach aithrisí (359) go (370) maidir le cás GFF, aithrisí (334) go (356) maidir le cás an scragaill alúmanaim, agus aithrisí (358) go (370) maidir le cás OFC.

(547) Chomh luath agus a ghlacann an banc leis, formhuiníonn an tarraingeoir an dréacht glacachta bainc agus aistríonn é chuig an íocaí, arb é an soláthróir freisin é san idirbheart tráchtála foluiteach, mar íocaíocht ar an sonrasc. Dá dheasca sin, cealaítear oibleagáid íocaíochta an cheannaitheora (tarraingeoir) i dtreo an tsoláthróra (íocaí). Cruthaítear oibleagáid íocaíochta nua den cheannaitheoir i dtreo an bhainc ghlacachta don mhéid céanna (tá d'oibleagáid ar an tarraingeoir an banc a íoc in airgead tirim roimh aibíocht an dréachta glacachta bainc). Rinne Rialtas na Síne an méid sin a dheimhniú a thuilleadh le linn na cuairte fíorúcháin in imscrúdú roimhe seo ([190]), is é sin, nuair a íocann an chuideachta an dréacht glacachta bainc leis an soláthróir, níl oibleagáid orthu a thuilleadh i ndáil leis an soláthróir ach leis an mbanc féin, toisc gur ar an té a d'iarr go n-eiseofaí an dréacht glacachta bainc a bheidh sé an banc a íoc ina iomláine ar an dáta aibíochta. Dá bhrí sin, tá d'éifeacht ag dréachtaí glacachta bainc a eisiúint, oibleagáid an tarraingeora i dtreo an bhainc a chur in ionad oibleagáid an tarraingeora i dtreo a sholáthróra.

(548) Athraíonn aibíocht dréachtaí glacachta bainc ag brath ar na coinníollacha a shocraíonn gach banc agus féadfaidh chomh fada le 1 bhliain a bheith i gceist.

(549) Tá trí rogha ag íocaí (nó ag iompróir) an dréachta glacachta bainc roimh aibíocht:

— fanacht go dtí aibíocht le go n-íocfaidh an banc glactha méid iomlán aghaidhluach an dréachta a íoc leis in airgead tirim;

— an dréacht glacachta bainc a fhormhuiniú, i.e. é a úsáid mar mhodh chun a dhliteanais do pháirtithe eile a íoc; nó

— an dréacht glacachta bainc a lascainiú leis an mbanc glactha nó le banc eile agus na fáltais airgid a fháil in aghaidh íocaíocht ráta lascainithe.

(550) De ghnáth, comhfhreagraíonn dáta eisiúna an dréachta glacachta bainc don dáta dlite íocaíochta a chomhaontaítear leis an soláthróir ach d'fhéadfadh sé a bheith ina dháta roimh an dáta dlite íocaíochta nó ina dhiaidh. Suíodh san imscrúdú, a mhéid a bhaineann leis na cuideachtaí sampláilte, gur ar dháta dlite na híocaíochta leis an soláthróir nó roimhe a bhí an dáta eisiúna go ginearálta agus, i gcásanna áirithe, gur i ndiaidh dháta dlite na híocaíochta a bhí sé. Shuigh an Coimisiún go dtéann dréachtaí glacachta bainc na gcuideachtaí sampláilte in aibíocht i bhformhór na gcásanna idir 1 mhí amháin agus 12 mhí tar éis an dáta dlite íocaíochta ar an sonrasc.

(551) Maidir le láimhseáil cuntasaíochta dréachtaí glacachta bainc, aithnítear iad mar dhliteanais don bhanc i gcuntais na dtarraingeoirí, i.e. na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Aithníonn Credit Reference Center of the People's Bank of China ('CRCP') dréachtaí glacachta bainc mar '*chreidmheas neamhshocraithe*' a chuireann bainc ar fáil ar an leibhéal céanna le hiasachtaí, litreacha creidmheasa nó maoiniú trádála. Ba cheart a thabhairt ar aird freisin go bhfaigheann an CRCP cistí ó institiúidí airgeadais, a dheonaíonn cineálacha éagsúla iasachtaí, agus go bhfuil dréachtaí glacachta bainc aitheanta ag institiúidí airgeadais den sórt sin mar dhliteanais dóibh dá bharr. Thairis sin, déantar soláthar leis na comhaontuithe glacachta bainc a bailíodh i rith an imscrúdaithe, sa chás nach ndéanfadh an ceannaitheoir an íocaíocht iomlán ar dháta éaga na ndréachtaí glacachta bainc, go gcaithfeadh an banc leis an méid gan íoc mar iasacht thar téarma ón mbanc.

(552) Dá bhrí sin, ó thaobh airgid thirim de, is é a dhéanann an ionstraim *de facto* dáta dlite iarchurtha a dheonú don tarraingeoir toisc nach n-íoctar airgid thirim iarbhír as an idirbheart go dtí go dtéann an dréacht glacachta bainc in aibíocht agus ní an tráth is gá don tarraingeoir a sholáthróir a íoc. In éagmais ionstraim airgeadais den sórt sin, d'úsáidfeadh an tarraingteoir a chaipiteal oibre féin, a mbeadh costas ag baint leis, nó dhéanfadh sé iasacht ghearrthéarmach caipitil oibre a chonradh le banc chun íoc as a chuid soláthróirí, agus bheadh costas ag baint leis freisin. Go deimhin, trí íoc le dréachtaí glactha bainc, úsáideann an tarraingteoir na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar ar feadh tréimhse 1 mhí go 1 bhliain gan aon airgead tirim a airleacan agus gan aon chostas a sheasamh.

(553) Mar léiriú ar dhréachtaí glacachta bainc a úsáid in ionad iasachtaí gearrthéarmacha, shuigh an Coimisiún gur ar éigean a bhí aon iasacht ag roinnt cuideachtaí sampláilte. Mar sin féin, ba chuid mhór dá ndliteanais iad na dréachtaí glacachta bainc a d'eisigh na cuideachtaí sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is ar éigean a bhí aon iasacht ag dhá cheann de na cuideachtaí i nGrúpa SAIC, mar shampla, ach bhí thart ar 20 % dá ndliteanais reatha ina nglacachtaí bainc gan íoc ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

([190]) Féach cás GFF, aithris (381).

(554) De réir gnáthchúinsí margaidh ([191]), mar ionstraim airgeadais, bheadh costas maoinithe don tarraingteoir i gceist le dréachtaí a bhaineann le glacadh bainc. Léiríodh leis an imscrúdú gur bhain na cuideachtaí sampláilte uile úsáid as dréachtaí glacachta bainc le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus nár íoc siad ach coimisiún as an tseirbhís glacachta a sholáthair an banc, arbh é a bhí ann go ginearálta 0,05 % d'aghaidhluach an dréachta ([192]). Mar sin féin, níor éirigh le haon cheann de na cuideachtaí sampláilte costas a mhaoiniú trí dhréachtaí a bhaineann le glacadh bainc trí bhíthin an íocaíocht in airgead tirim ar sholáthar earraí agus seirbhísí a chur siar. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur bhain na cuideachtaí a imscrúdaíodh sochar as maoiniú i bhfoirm dréachtaí glactha bainc nach raibh aon chostas orthu ina leith.

(555) I bhfianaise an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir an córas glactha banc a cuireadh ar bun i nDaon-Phoblacht na Síne saormhaoiniú ar a n-oibríochtaí reatha ar fáil do gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, lenar tugadh sochar in-fhrithchúitithe mar a thuairiscítear in aithrisí (562) go (566) thíos, i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(a)(i) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán.

(556) Tá sé sin i gcomhréir le himscrúduithe roimhe seo, inar shuigh an Coimisiún ([193]) go bhfuil an cuspóir céanna agus na héifeachtaí céanna ag dréachtaí glacachta bainc agus atá ag iasachtaí gearrthéarmacha caipitil oibre, toisc go n-úsáideann cuideachtaí iad chun a n-oibríochtaí reatha a mhaoiniú seachas iasachtaí gearrthéarmacha caipitil oibre a úsáid agus, dá bhrí sin, gur cheart costas a bheith orthu a bheadh coibhéiseach le maoiniú iasachta gearrthéarmaí caipitil oibre.

(557) Le linn an imscrúdaithe, mhínigh Grúpa BYD go raibh córas fritháirimh glacachta bainc i bhfeidhm aige le bainc éagsúla i gcás glacachtaí bainc áirithe. Mheas an Coimisiún nach n-athraíonn eisiúint comhaontaithe fritháirimh an fíoras gur eisíodh glacadh bainc, agus i bhfianaise na fianaise a fuarthas in aithrisí (539) go (556), rinne an Coimisiún breithniú ar ghlacachtaí fritháirithe bainc agus an sochar do Ghrúpa BYD á ríomh aige.

(b) Sainiúlacht

(558) Maidir le sainiúlacht, mar a luaitear in aithris (534) de réir Chinneadh Uimh. 40, soláthróidh institiúidí airgeadais tacaíocht chreidmheasa do thionscail atáthar a spreagadh.

(559) Mheas an Coimisiún gur cineál eile de thacaíocht fhabhrach airgeadais ó institiúidí airgeadais chun tionscail amhail an earnáil BEV atáthar a spreagadh iad dréachtaí glactha na mbanc. Go deimhin, mar a shonraítear i Roinn 3.1 thuas, tá an earnáil BEV i measc na dtionscal atáthar a spreagadh agus dá bhrí sin tá sí incháilithe do gach tacaíocht airgeadais is féidir. Ina theannta sin, cosúil le línte creidmheasa, tá dlúthbhaint ag dréachtaí maidir le glacadh bainc le cineálacha eile iasachtaithe tosaíochta amhail iasachtaí agus ós rud é gur cuid den tacaíocht chreidmheasa a thugtar go sonrach do thionscail atáthar a spreagadh iad, agus mar sin tá an anailís ar an gcomhlacht poiblí agus an anailís ar shainiúlacht mar a forbraíodh in Ranna 3.4.1.1 go 3.4.1.5, chomh maith le Roinn 3.4.2.2 thuas maidir le hiasachtaí, infheidhme go cothrom.

(560) Thairis sin, d'eisigh CBIRC fógra in 2020 ina luaitear, chun tacaíocht chreidmheasa d'fhiontair iartheachtacha i gcroífhiontair a neartú, go bhféadfaidh institiúidí airgeadais baincéireachta tacaíocht chreidmheasa a sholáthar d'fhiontair iartheachtacha chun earraí a fháil agus íoc as earraí trí bhillí glacachta bainc, litreacha creidmheasa intíre, réamh-mhaoiniú, etc. a oscailt ([194]). Is cuid den chóras de thacaíocht airgeadais fhabhrach ó institiúidí airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh, amhail an earnáil BEV, iad dréachtaí glacachta bainc, mar chineál maoinithe.

(561) Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil gur féidir le haon ghnóthas sa tSín (seachas laistigh de thionscail atáthar a spreagadh) sochar a bhaint as dréachtaí a bhaineann le glacadh bainc faoi na téarmaí agus coinníollacha fabhracha céanna.

([191]) Féach, mar shampla, cás Cheanada: https://www.bankofcanada.ca/wp-content/uploads/2018/06/SDP-2018-6.pdfm,.
([192]) I gcomhréir leis an ráta a leagtar síos sna bearta riaracháin maidir le híocaíocht agus socraíocht 393/1997, arna n-eisiúint ag PBOC
([193]) Féach aithris (385) maidir le cás GFF, aithris (353) maidir le cás an scragaill alúmanaim, agus aithris (373) maidir le cás OFC.
([194]) **国家金融监督管理总局** (cbirc.gov.cn)

(c) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(562) Chun méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe a ríomh, rinne an Coimisiún measúnú ar an sochar a thugtar d'fhaighteoirí le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(563) Mar a luaitear in aithrisí (334) agus (531), chinn an Coimisiún gur bhain na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte úsáid as dréachtaí glacachtaí bainc chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais maidir le maoiniú gearrthéarmach gan luach saothair a íoc.

(564) Ar an gcaoi sin, chinn an Coimisiún gur cheart go n-íocfadh tarraingteoirí glactha na mbanc luach saothair don tréimhse maoinithe. Mheas an Coimisiún gur cuireadh tús leis an tréimhse maoinithe ar dháta eisiúna an dréachta maidir le glacadh an bhainc agus gur tháinig deireadh léi ar dháta aibíochta an dréachta maidir le glacadh an bhainc. Maidir le dréachtaí a eisíodh roimh an tréimhse imscrúdúcháin agus na dréachtaí maidir le glacadh bainc a raibh dáta aibíochta acu tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin, rinne an Coimisiún an sochar a ríomh don tréimhse maoiniúcháin a chumhdaítear leis an tréimhse imscrúdúcháin, agus don tréimhse sin amháin.

(565) I gcomhréir le hAirteagal 6(b) den bhun-Rialachán, ós rud é gur foirm maoinithe ghearrthéarmaigh iad na dréachtaí a bhaineann le glacadh na mbanc agus go bhfuil an cuspóir céanna acu go bunúsach agus atá ag iasachtaí caipitil oibre gearrthéarmacha, mheas an Coimisiún gurb é an sochar a bhronntar ar na faighteoirí an difríocht idir an méid a d'íoc an chuideachta mar luach saothair as dréachtaí glactha bainc den mhaoiniú agus an méid ba cheart dó a íoc trí ráta úis maoinithe gearrthéarmach a chur i bhfeidhm.

(566) Chinn an Coimisiún an sochar a thiocfadh as neamh-íocaíocht costais maoinithe ghearrthéarmaigh. Mheas an Coimisiún, mar a bunaíodh in imscrúduithe roimhe seo ([195]), gur cheart go n-iompródh dréachtaí a bhaineann le glacadh banc costas atá coibhéiseach le maoiniú iasachtaí gearrthéarmacha. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le maoiniú iasachtaí gearrthéarmacha a ainmnítear in RMB, a dtugtar tuairisc air i Roinn 3.5.2.3.

3.5.3.3. Billí lascainithe

(a) Faisnéis Ghinearálta

(567) Léiríodh leis an imscrúdú go ndearna institiúidí airgeadais na Síne infháltais a lascainiú do Ghrúpa BYD mar mhalairt ar airgead tirim.

(568) Tríd an oibríocht sin, rinne idirghabhálaithe airgeadais réamhíocaíocht ar mhéideanna infháltas roimh a ndáta dlite. Fuair na cuideachtaí luathchistí trí chearta infháltas todhchaí a aistriú chuig institiúidí airgeadais tar éis táillí agus na rátaí lascaine is infheidhme a asbhaint. Leis an ráta lascaine is infheidhme, ba cheart cúiteamh sonrach a dhéanamh sa riosca mainneachtana, ar a bhfuil tionchar mór ag rátáil chreidmheasa an eintitis dheireanaigh atá faoi dhliteanas an oibleagáid íocaíochta a chomhlíonadh.

(569) Mar a suíodh in imscrúduithe roimhe seo ([196]), faoi ghnáthdhálaí margaidh, ba cheart costais agus rioscaí an bhainc a chúiteamh leis an ráta lascaine is infheidhme. Mar a mhínítear i Ranna 3.5.1 agus 3.5.2 thuas, léirítear idirghabháil shubstaintiúil rialtais leis na hiasachtaí a sholáthraíonn institiúidí airgeadais na Síne, a dhéanann difear go háirithe do rátáil chreidmheasa na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, agus ní léirítear leo na rátaí a bheadh ann go hiondúil i margadh feidhmiúil.

(570) Is é an sochar a thabharfaí do na faighteoirí dá réir sin an difríocht idir an ráta lascaine a chuireann institiúidí airgeadais na Síne i bhfeidhm agus an ráta lascaine is infheidhme maidir le hoibríocht inchomparáide ar an margadh, iasacht mar shampla.

(b) Sainiúlacht

(571) Maidir le sainiúlacht, mar a luaitear in aithris (210) de réir Chinneadh Uimh. 40, soláthróidh institiúidí airgeadais tacaíocht chreidmheasa do thionscail atáthar a spreagadh.

([195]) Féach aithris (399) maidir le cás GRR agus aithris (356) maidir le cás an scragaill alúmanaim.
([196]) Féach aithrisí (413) go (419) maidir le cás GFF.

(572) Mar a suíodh in imscrúduithe roimhe seo ([197]), mheas an Coimisiún gur cineál eile tacaíochta fabhraí airgeadais iad billí lascainithe arna dtabhairt ag institiúidí airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh amhail an earnáil feithiclí ceallra-leictreacha. Go deimhin, mar a shonraítear i Roinn 3.1 thuas, tá an earnáil BEV i measc na dtionscal atáthar a spreagadh agus dá bhrí sin tá sí incháilithe do gach tacaíocht airgeadais is féidir. Is cuid den chóras tacaíochta fabhraí airgeadais iad billí lascainithe, mar chineál maoinithe, arna dtabhairt ag institiúidí airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh, amhail an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha.

(573) Níor soláthraíodh aon fhianaise gur féidir le haon ghnóthas i nDaon-Phoblacht na Síne (seachas laistigh de thionscail atáthar a spreagadh) tairbhiú de bhillí lascainithe faoi na téarmaí agus na coinníollacha fabhracha céanna.

(c) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(574) Mar a luaitear in aithris (567), chinn an Coimisiún gur úsáid táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte amháin billí lascainithe chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais maidir le maoiniú gearrthéarmach.

(575) I gcomhréir le hAirteagal 6(b) den bhun-Rialachán, ós cineál maoinithe ghearrthéarmaigh iad billí lascainithe agus go bhfuil an cuspóir céanna acu go héifeachtach agus atá ag iasachtaí gearrthéarmacha caipitil oibre, mheas an Coimisiún gurb é an sochar a thugtar do na faighteoirí dá réir sin an difríocht idir an ráta lascaine a íoctar go hiarbhír agus an méid ba cheart a íoc trí ráta úis maoinithe ghearrthéarmaigh a chur i bhfeidhm.

(576) Chinn an Coimisiún an sochar a thiocfadh as neamh-íocaíocht costais maoinithe ghearrthéarmaigh. Mheas an Coimisiún gur cheart billí lascainithe a bheith ar chostas a bheadh coibhéiseach le maoiniú iasachta gearrthéarmaí. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le maoiniú iasachtaí gearrthéarmacha a ainmnítear in RMB, a dtugtar tuairisc air i Roinn 3.5.2.3.

3.5.3.4. Tacaíocht d'infheistíocht chaipitil

3.5.3.4.1. *Babhtáil fiachais ar chothromas*

(a) Faisnéis Ghinearálta

(577) Shuigh an Coimisiún go ndearna ceann de chuideachtaí Ghrúpa Geely, Ningbo Hangzhou Bay Geely Automobile Parts Co., Ltd ('NHBGAP'), babhtáil fiachais ar chothromas le linn na tréimhse imscrúdúcháin le haghaidh CCBC Financial assets investment Co., Ltd, ar fochuideachta í de Industrial and Commercial Bank of China. Is ciste infheistíochta de chuid an bhainc atá faoi úinéireacht an Stáit é CCBC Financial assets investment Co., Ltd, agus meastar gur comhlacht poiblí é agus/nó go bhfuil sé faoi chúram nó faoi stiúir Rialtas na Síne de réir roinn 3.5.1.1 thuas.

(578) Níl aon fhaisnéis sa chomhad maidir leis na coinníollacha ar dá réir a rinneadh an bhabhtáil fiachais sin ar chothromas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(579) Mheas an Coimisiún nach ndéanfadh banc fiachas a chomhshó ina chothromas faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh gan tuilleadh cúitimh. Mheas sé gur ionstraim airgeadais i bhfad níos amhantraí é cothromas ná fiachas, toisc nach bhfuil aon chinnteacht ann go n-aisghabhfaidh an banc a infheistíocht chaipitil bhunaidh. Thairis sin, ní gá go n-áirithíonn cothromas go mbeidh toradh ar infheistíocht, murab ionann agus an ráta úis atá bainteach le hiasacht. Tá fianaise ar staid lag airgeadais in Grúpa Geely, mar a thuairiscítear in aithrisí (507) go (514), mar thaca leis an riosca méadaithe a ghabh CCBC Financial assets investment Co., Ltd air féin a bhuí leis an mbabhtáil fiachais ar chothromas sin. Chomh maith leis sin, le linn na tréimhse ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, leathnaigh NHBGAP a oibríochtaí gnó go mór óir tháinig méadú beagnach faoi dheich orthu. Dá bharr sin, is dócha go raibh leachtacht bhreise de dhíth ar an gcuideachta chun tacú leis an bhfás sin, riachtanas a comhlíonadh trí chistí a scaoileadh a bhí ceangailte roimhe seo i socruithe fiachais fadtéarmacha, rud a bhí tairbheach do NHBGAP.

([197]) Féach aithrisí (413) go (419) maidir le cás GFF.

(580) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur thug an bhabhtáil fiachais ar chothromas le linn na tréimhse imscrúdúcháin sochar do NHBGAP agus go raibh an sochar sin arna sholáthar ag comhlacht nó eintiteas poiblí ar chuir an Stát cúram ar a iontaoibh nó ar thug an Stát ordú dó ar bhealach eile cuspóirí beartais thionsclaíoch a shaothrú.

(b) Sainiúlacht

(581) Mheas an Coimisiún go bhfuil an maoiniú fabhrach trí bhabhtáil fiachais ar chothromas ina fhóirdheontas sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán ós rud é gur eintitis iad na hinfheisteoirí, a oibríonn faoi threoirlínte bheartais an Stáit lena liostaítear an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha mar thionscal atáthar a spreagadh. In aon chás, léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil gur deonaíodh an fóirdheontas ad hoc sin do Ningbo Hangzhou Bay Geely Automobile Parts Co., Ltd, a fhágann go mbaineann an fóirdheontas go sonrach le fiontar.

(c) *An sochar* a ríomh

(582) Ní raibh aon fhianaise sa chomhad a thabharfadh caoi don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar ar cúitíodh ar bhealach éigin eile na rioscaí nach beag dar ghabh na bainc nó ar cuireadh san áireamh iad san infheistíocht a rinneadh. Mar sin féin, léiríonn na heilimintí uile a mhínítear in aithris (579) staid eacnamaíoch shonrach NHBGAP agus na cuspóirí tionsclaíocha a shaothraítear leis an idirbheart sin, ag tacú leis an gconclúid nach raibh loighic an mhargaidh aige a léirigh na rioscaí suntasacha iarbhír lena mbaineann, amhail an gá dóchúil le leachtacht le haghaidh fhás airgeadais na cuideachta agus staid airgeadais lag Ghrúpa Geely ar an iomlán, mar a mhínítear i roinn 3.5.2.3 thuas.

(583) Dá thoradh sin, mheas an Coimisiún go raibh an t-idirbheart coibhéiseach le maitheamh fiachais, agus chaith sé leis mar mhaoiniú iasachta neamhúsmhaire. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go leanfadh sé an mhodheolaíocht ríomha le haghaidh iasachtaí mar a thuairiscítear i Roinn 3.4.2 thuas. Ciallaíonn sé sin go ndéantar an raon difríochta coibhneasta idir bannaí corparáide SAM AA agus bannaí corparáide SAM B is infheidhme a bhfuil an fad céanna acu a chur i bhfeidhm maidir leis na rátaí úis tagarmhairc arna bhfoilsiú ag PBOC chun ráta úis margadhbhunaithe a shuí le haghaidh iasachtaí, a chuirtear i gcomparáid ansin leis an ráta úis iarbhír a d'íoc an chuideachta chun an sochar a chinneadh.

3.5.3.4.2. *Instealltaí caipitil*

(a) Grúpa *Geely*

(1) *Faisnéis Ghinearálta*

(584) Shuigh an Coimisiún gur bhain dhá cheann de chuideachtaí ghrúpa Geely, Zhejiang Geely Automobile Co., Ltd. ('ZGA') agus NHBGAP, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tairbhe as cistí a sholáthair eintitis faoi úinéireacht an Stáit, eadhon Xi'an Jixiang Automobile Industry Partnership, Hubei Jiyuan Yangtze River Industrial Fund Partnership agus BOC Financial assets Investments Co., Ltd. trí fhoirmeacha speisialta instealltaí cothromais.

(585) Rinneadh na cistí sin a aistriú i bhfoirm méaduithe cothromais nár thug cearta iomlána scairshealbhóirí do na hinfheisteoirí go huathoibríoch, áfach. D'ainneoin gur aistrigh na hinfheisteoirí na cistí, ní bhfuair siad rochtain iomlán ar chearta scairshealbhóirí, ná ní bhfuair siad aon íocaíocht úis mar mhalairt.

(586) Mar a bunaíodh in imscrúduithe roimhe seo, ([198]) mar chúiteamh ar úsáid cistí, d'aistreodh cuideachta cuid d'úinéireacht na cuideachta go gairid tar éis do na cistí teacht, nó dhéanfadh sí na cistí a chlárú mar fhiach. Sa chás seo, áfach, is gaire an cineál maoinithe sin i ndáiríre do ghnáthiasacht scairshealbhóirí saor ó ús ar feadh tréimhse fhada ná d'ionstraim chothromais.

(587) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndeachaigh rochtain ar mhéideanna substainteacha maoiniúcháin chun tairbhe don dá chuideachta ghaolmhara sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nár iompaigh siad aon chostas ina leith trí chuideachtaí a bhí ag gníomhú mar shásra cistiúcháin. Ós rud é nár tugadh cearta scairshealbhóirí do na hinfheisteoirí leis an gcineál speisialta instealltaí cothromais sin atá i gceist, mheas an Coimisiún go raibh an éifeacht chomhchosúil acu agus a bheadh ag iasacht neamhúsmhar.

([198]) Féach aithrisí (430) go (432) maidir le cás GFF.

(588) Agus úsáid á baint ag an gCoimisiún as faisnéis atá ar fáil go poiblí, amhail tuarascálacha bliantúla, faisnéis atá ar fáil in eolairí gnó nó ar shuíomhanna gréasáin na n-infheisteoirí nó bunachair sonraí atá ar fáil go poiblí, chinn sé go raibh na hinfheisteoirí a sholáthair cistí do Ghrúpa Geely faoi úinéireacht pháirteach stáit.

(589) Maidir le Xi'an Jixiang Automobile Industry Partnership, chinn an Coimisiún go raibh níos mó ná 63 % de na scaireanna i seilbh an rialtais áitiúil agus fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit ar deireadh. Go sonrach, tá 99,9 % de na scaireanna faoi úinéireacht Dexiang Automobile Industry, a bhfuil 53,72 % de faoi úinéireacht Xi'an Xiangji Automobile Partnership, a bhaineann ar a sheal le Grúpa KINGFAR (Xi'an JINGFAR Economic Development Group), ar fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit é atá i seilbh choiste bainistíochta Chrios Forbartha Eacnamaíche agus Teicneolaíochta Xi'an, áit a bhfuil an t-údarás cinnteoireachta deiridh agus an mhaoirseacht deiridh ar an gcuideachta ag an rialtas áitiúil, lena n-áirítear ceapadh bainistíochta, cinntí maidir lena forbairt straitéiseach agus a plean infheistíochta agus maoirseacht ar a mórchinntí cistiúcháin. Faigheann Xi'an Kingfar tacaíocht leanúnach ón rialtas i bhfoirm instealltaí caipitil/sócmhainní agus fóirdheontais airgeadais chun tacú lena oibríochtaí gnó ([199]). Tá 10,6 % de Dexiang Automobile Industry faoi úinéireacht Yuanxiang automobile company Ltd. freisin, atá tá sé sin freisin faoi úinéireacht an fhiontair thuasluaite atá faoi úinéireacht an Stáit (Xi'an JINGFAR Economic Development Group).

(590) Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gur fiontar faoi úinéireacht an Stáit é Hubei Jiyuan Yangtze River Industrial Fund Partnership, ar meán caipitil fiontair de chuid rialtas chúige Hubei láir é ([200]). De réir shuíomh gréasáin an chiste, liostaítear Yangtze River Industrial Fund i measc na gCistí Treoraíochta is fearr de chuid Rialtas na Síne ó bhí 2017 ann ar a laghad. Leis an gciste, dírítear ar an straitéis náisiúnta agus ar thógáil braislí tionsclaíocha nua-aimseartha i gcúige Hubei, déantar forbairt timpeall ar thionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn amhail feithiclí nuafhuinnimh agus feithiclí nasctha cliste (i measc tionscail eile), ar fianaise shoiléir é ar an nasc idir bainistiú an chiste agus cur chun feidhme mhórthionscadail thionsclaíocha Rialtas na Síne i gcúige Hubei. I measc na dtionscadal tionsclaíoch atá aige, luaitear Tionscadal Lotus um Monarcha Chliste Dhomhanda agus Tionscadal Geely um Cheanncheathrú Líonra Chliste ar shuíomh gréasáin an chiste ([201]).

(591) Trí na cistí sin, d'aistrigh Rialtas na Síne cistí go díreach chuig Grúpa Geely. Mar a mhínítear in aithris (582), shuigh an Coimisiún nár chloígh a n-oibríochtaí le loighic mhargaidh amháin agus nár léirigh siad na rioscaí margaidh iarbhír a bhain leis na hidirbhearta a ndearnadh imscrúdú orthu. Ina ionad sin, i gcomhréir leis na beartais rialtais chun tionscail shonracha a spreagadh, mar a shuitear i Roinn 3.1 thuas, níor iompair na hinfheisteoirí sin iad féin mar a dhéanfadh gnáthoibreoir margaidh agus tacaíocht airgeadais á tabhairt acu do Ghrúpa Geely.

(592) Shuigh an Coimisiún thairis sin go bhfuil comharthaí foirmiúla ann go bhfuil rialú ag an Stát ar na hinfheisteoirí sin. Go sonrach, in éagmais faisnéis shonrach lena léireodh a mhalairt, mheas an Coimisiún go nglactar leis gurb é an Stát a cheapann bainisteoirí agus maoirseoirí sna cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit ar leo na heintitis atá i gceist agus go mbíonn siad cuntasach don Stát, bunaithe ar na conclúidí ar thángthas orthu i Ranna 3.5.1.5 go 3.5.1.8

(593) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go bhfeidhmíonn an t-instealladh cothromais sin mar chineál eile tacaíochta fabhraí airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh. Mar a luaitear i Roinn 3.1, tagann an earnáil feithiclí ceallra-leictreacha faoi chatagóir na dtionscal atáthar a spreagadh agus na dtionscal straitéiseach, rud a fhágann go bhfuil sí incháilithe do gach tacaíocht airgeadais atá ar fáil. Thairis sin, leis an Meabhrán maidir le leordhóthanacht fianaise ([202]), soláthraítear faisnéis fhairsing maidir le Cistí Treoraíochta, a bunaíodh chun infheistíocht a dhéanamh in earnálacha ardfháis na Síne, lena n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha. Trí na cistí treoraíochta sin, aistríonn Rialtas na Síne cistí go díreach nó go hindíreach chuig earnáil feithiclí ceallra-leictreacha na Síne trí chistí cothromais atá faoi úinéireacht an Stáit nó a fhaigheann tacaíocht ón Stát.

([199]) https://lhratingsglobal.com/wp-content/uploads/bsk-pdf-manager/2023/11/Rating-Report_Xian-Kingfar-EN-20231127.pdf
([200]) https://www.cbinsights.com/investor/yangtze-river-industry-fund
([201]) https://yangtze-fund.com/
([202]) Féach an Meabhrán maidir le leordhóthanacht fianaise, Roinn 3.3.3: *Infheistíochtaí cothromais arna maoiniú ag an stát nó arna ndreasú ar bhealach eile ag an rialtas.*

(594) Ar an gcaoi chéanna, suíodh go raibh BOC Financial assets Investments Co., Ltd. ina fhochuideachta faoi lánúinéireacht Bank of China. Maidir leis na hinstitiúidí airgeadais a bhfuil baint acu leis an instealladh cothromais, shuigh an Coimisiún cheana féin i roinn 3.4.1.7 thuas gur comhlachtaí poiblí de réir bhrí Airteagal 2(b), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán, iad na hinstitiúidí airgeadais Síneacha uile faoi úinéireacht Stáit a sholáthair maoiniú do na trí ghrúpa shampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Mar mhalairt air sin, mar Xi'an Jixiang Automobile Industry Partnership, Hubei Jiyuan Yangtze River Industrial Fund Partnership agus BOC Financial assets Investments Co., Ltd, d'fhéadfaí a mheas gur sásra cistiúcháin de chuid Rialtas na Síne é BOC Financial assets Investments Co., Ltd de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv).

(595) Ina theannta sin, fiú mura measfaí gur comhlachtaí poiblí iad na hinstitiúidí airgeadais atá faoi rialú an Stáit, shuigh an Coimisiún go measfaí iad a bheith faoi chúram agus faoi stiúir Rialtas na Síne chun feidhmeanna a dhéanamh a dhílseofaí don rialtas de ghnáth de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán ar na cúiseanna céanna, mar leagtar amach i Roinn 3.5.1.2 thíos. Dá bhrí sin, chuirfí a n-iompar síos i leith Rialtas na Síne in aon chás.

(2) *Sainiúlacht*

(596) Mheas an Coimisiún go bhfuil an maoiniú fabhrach trí chothromas ina fhóirdheontas sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán ó rud é gur eintitis iad na hinfheisteoirí, a oibríonn faoi threoirlínte bheartais an Stáit lena liostaítear an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha mar thionscal atáthar a spreagadh. In aon chás, léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil gur deonaíodh an fóirdheontas ad hoc sin do Ghrúpa Geely, a fhágann go mbaineann an fóirdheontas go sonrach le fiontar.

(3) *An sochar a ríomh*

(597) Mheas an Coimisiún gur thairbhigh Grúpa Geely de mhaoiniú substainteach trí chothromas, a raibh éifeacht aige a bhí comhchosúil le maoiniú iasachta neamhúsmhaire. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún cloí leis an modheolaíocht ríomha le haghaidh iasachtaí mar a thuairiscítear thuas i Roinn 3.5.2. Ciallaíonn sé sin go ndéantar an raon difríochta coibhneasta idir bannaí corparáide SAM AA agus bannaí corparáide SAM B is infheidhme a bhfuil an fad céanna acu a chur i bhfeidhm maidir leis na rátaí úis tagarmhairc arna bhfoilsiú ag PBOC chun ráta úis margadhbhunaithe a shuí le haghaidh iasachtaí, a chuirtear i gcomparáid ansin leis an ráta úis iarbhír a d'íoc an chuideachta chun an sochar a chinneadh.

(b) Grúpa SAIC

(598) I dteannta na n-iasachtaí díreach agus na gcineálacha eile maoinithe fhabhraigh, thairbhigh SAIC Motor Group Corp. freisin de chistí arna soláthar ag a mháthairchuideachta agus ag institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, trí instealladh cothromais chun tacú le tionscadail feithiclí ceallra-leictreacha, tionscadail TF a bhaineann leis an ngnó maoinithe gluaisteán, tionscadail a bhaineann le samhlacha gnó um oll-saincheapadh cliste agus tionscadail a bhaineann le teicneolaíocht réamhbhreathnaitheach agus le hidirlíon na bhfeithiclí.

(1) *Torthaí an imscrúdaithe*

(599) Shuigh an Coimisiún ar bhonn faisnéise atá ar fáil go poiblí gur thairbhigh SAIC Motor Corporation Limited d'instealladh cothromais RMB 15 bhilliún in 2017, arna sholáthar ag a mháthairchuideachta, ag a fhostaithe agus ag sé institiúid airgeadais ([203]). Cé gur cuideachta liostaithe é SAIC Motor Corporation Limited, rinneadh na cistí le haghaidh an insteallta cothromais sin a thiomsú trí thairiscint neamhphoiblí arna formheas ag CSRC, nach bhféadfadh ach an mháthairchuideachta, fostaithe agus institiúidí airgeadais roghnaithe a bheith rannpháirteach inti.

(600) Mar a luaitear in aithris (318), níor thug roinnt de na cuideachtaí i nGrúpa SAIC freagraí ar an gceistneoir. Tá Shanghai Automotive Industry Group, máthairchuideachta SAIC Motor Corporation Limited, ar cheann de na cuideachtaí sa ghrúpa nár chomhoibrigh. Ina theannta sin, mar a luaitear i roinn thuas, níor sholáthair Rialtas na Síne an fhaisnéis is gá maidir le hinstitiúidí airgeadais. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil a mhéid a bhaineann lena mheasúnú ar an idirbheart sin.

([203]) https://auto.ifeng.com/xinnengyuan/20170123/1081051.shtml

(601) Maidir leis na hinstitiúidí airgeadais a raibh baint acu leis an instealladh cothromais, shuigh an Coimisiún cheana féin i roinn 3.5.1.8 thuas gur comhlachtaí poiblí iad gach institiúid airgeadais Síneach atá faoi úinéireacht an Stáit a chuir maoiniú ar fáil do na trí ghrúpa sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de réir bhrí Airteagal 2(b) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán.

(602) Ina theannta sin, fiú amháin mura measfaí gur chomhlachtaí poiblí iad na hinstitiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, shuigh an Coimisiún ar bhonn na faisnéise céanna go measfaí iad a bheith faoi chúram nó faoi stiúir Rialtas na Síne feidhmeanna a fheidhmiú a dhilseofaí de ghnáth don rialtas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán ar na cúiseanna céanna, mar a leagtar amach i Roinn 3.5.1.9.

(603) I dteannta na fianaise a sholáthraítear sna ranna roimhe seo, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin, de réir na dTuairimí Treorach maidir le Córas Airgeadais Glas a Thógáil, go bhfuil sé d'aidhm ag Rialtas na Síne '*tacú go gníomhach leis na fiontair ghlasa cháilithe chun maoiniú a fháil trí thairiscintí tosaigh don phobal agus trí thairiscintí tánaisteacha, cúnamh gníomhach a thabhairt d'fhiontair ghlasa cháilithe ina n-iarrachtaí tairiscintí tosaigh a dhéanamh don phobal, agus cuidiú le fiontair ghlasa liostaithe scaireanna breise a eisiúint trí thairiscintí tánaisteacha de réir nósanna imeachta dlíthiúla* ([204])'. Comhfhreagraíonn an pointe deireanach sin go díreach don chás seo.

(604) Maidir le Shanghai Automotive Industry Group, d'fhéadfadh an Coimisiún a shuí, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir SAIC Motor Corporation Limited isteach, go bhfuil an chuideachta sin faoi lánúinéireacht SASAC. Mar sin féin, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar aon ráiteas airgeadais atá ar fáil go poiblí, ná ar aon fhaisnéis phoiblí fhóinteach eile maidir leis an gcuideachta sin. Ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar aon infheistíocht de chuid na máthairchuideachta in aon cheann eile de chuideachtaí Ghrúpa SAIC ach an oiread. Thairis sin, cé go bhfuil uimhreacha éagsúla clárúcháin gnó ag Shanghai Automotive Industry Group agus SAIC Motor Corporation Limited, na torthaí a fuarthas ar gach cuardach san fhearann poiblí ar an máthairchuideachta, ba lena fochuideachta aonair, SAIC Motor Corporation Limited, a bhain siad go córasach. Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire gur fheidhmigh roinnt comhaltaí de Bhord SAIC Motor Corporation Limited feidhmeanna comhchosúla ar Bhord Shanghai Automotive Industry Group freisin. Dá bhrí sin, in éagmais aon fhaisnéis bhreise, tá sé réasúnta glacadh leis gur cuideachta chaoch neamhoibríochtúil é Shanghai Automotive Industry Group. Ós rud é nárbh fhéidir teacht ar aon fhianaise ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla ar leibhéal na cuideachta sin a mbeadh maoiniú mór ag teastáil lena n-aghaidh, agus ós rud é gurb é SAIC Motor Corporation Limited an t-aon infheistíocht aitheanta de chuid na cuideachta, ní féidir cistí a shreabhadh ach i dtreo amháin óna úinéir iomlán, SASAC, chuig an eintiteas liostaithe, SAIC Motor Corporation Limited. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil an t-idirbheart coibhéiseach le hinstealladh airgid díreach ó Rialtas na Síne isteach in SAIC Motor Corporation Limited.

(2) *Tairbhe*

(605) Rinne an Coimisiún anailís ansin féachaint ar thug an ranníocaíocht airgeadais a sholáthair Rialtas na Síne trí SASAC agus trí roinnt institiúidí airgeadais sochar do SAIC. Mar gheall ar neamh-chomhoibriú SAIC agus Rialtas na Síne, bhí ar an gCoimisiún a thorthaí a bhunú ar fhíorais atá ar fáil de réir Airteagal 28 den bhun-Rialachán.

(606) Léirigh an corpas fianaise thuas gurb é sainordú agus cuspóir SASAC agus institiúidí airgeadais beartais agus pleananna rialtais a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí thacaíocht airgeadais agus cistiú a sholáthar do na hearnálacha atáthar a spreagadh, an earnáil feithiclí ceallra-leictreacha ina measc.

(607) Bunaithe ar an bhfianaise sa chomhad agus i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur thug an ranníocaíocht airgeadais a sholáthair SASAC agus institiúidí airgeadais éagsúla sochar de réir bhrí Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán do Ghrúpa SAIC sa mhéid nár ghá dó an maoiniú sin a fháil ó fhoinsí eile ná ráta úis comhfhreagrach an mhargaidh a íoc as an maoiniú sin.

(3) *Sainiúlacht*

(608) Maidir le sainiúlacht, mar a luaitear in aithris (210) de réir Chinneadh Uimh. 40, soláthróidh institiúidí airgeadais tacaíocht chreidmheasa do thionscail atáthar a spreagadh.

([204]) Tuairimí Treorach maidir le Córas Airgeadais Glas a Thógáil, arna eisiúint ag CSRC, Uimh. 228 [2016]

(609) Mheas an Coimisiún gurb é atá san instealladh cothromais sin cineál eile tacaíochta fabhraí airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh amhail an earnáil feithiclí ceallra-leictreacha. Go deimhin, mar a shonraítear i Roinn 3.1 thuas, tá an earnáil feithiclí ceallra-leictreacha i measc na dtionscal atáthar a spreagadh agus na dtionscal straitéiseach agus dá bhrí sin tá sí incháilithe do gach tacaíocht airgeadais is féidir. Tá instealltaí cothromais, mar chineál maoinithe, mar chuid den chóras fabhrach tacaíochta airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh, amhail an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha. ([205])

(4) *Méid an fhóirdheontais a ríomh*

(610) Ó tharla nár thuairiscigh Grúpa SAIC an t-instealladh cothromais sin, bhí ar an gCoimisiún dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil agus Airteagal 28 den bhun-Rialachán á chur i bhfeidhm chun méid an fhóirdheontais a thugtar leis an ranníocaíocht airgeadais ó SASAC agus ó institiúidí airgeadais éagsúla i bhfoirm instealladh cothromais a chinneadh. In éagmais comhoibriú, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an méadú caipitil sin a nascadh le sócmhainní sonracha ná an t-instealladh cothromais a dhímheas i gcaitheamh tréimhse a bheadh coibhéiseach le dímheas na sócmhainní atá i gceist. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh an t-instealladh cothromais sin coibhéiseach le hiasacht. Go deimhin, in éagmais an mhéadaithe caipitil sin, bheadh ar an gcuideachta méid coibhéiseach maoinithe a fháil ar an margadh airgeadais. Dá bhrí sin, ríomhadh an sochar trí úsáid a bhaint as an modh céanna agus an modh a thuairiscítear i Roinn 3.5.2.3.

3.5.4. *Bannaí*

(611) Thairbhigh na grúpaí sampláilte uile de mhaoiniú fabhrach i bhfoirm bannaí.

3.5.4.1. Bunús dlí/Creat Rialála

— Law of the People's Republic of China on Securities (leagan 2014) ('Securities Law') ([206]);

— Bearta Riaracháin maidir le Bannaí Corparáideacha a Eisiúint agus a Thrádáil, Ordú ó Choimisiún Rialála Urrús na Síne Uimh. 113, 15 Eanáir 2015;

— Rialachán maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha, a d'eisigh an Chomhairle Stáit an 18 Eanáir 2011;

— Bearta Riaracháin Ionstraimí Maoinithe Fiachais na bhFiontar Neamh-airgeadais ar an Margadh Bannaí Idirbhainc Eisigh Banc Phobail na Síne, Ordú Phobal Bhanc na Síne [2008] Uimh. 12, 9 Aibreán 2008.

— Tuairimí Treorach maidir le Córas Airgeadais Glas a Thógáil, arna eisiúint ag CSRC, Uimh. 228 [2016];

— Fógra maidir le hEisiúint Chatalóg na dTionscadal arna bhFormhuiniú ag Bannaí Glasa (Eagrán 2021), arna eisiúint ag PBOC, NDRC, agus CSRC, Uimh. 96 [2021], le héifeacht ón 1 Iúil 2021;

— Clár Meastóireachta Airgeadais Ghlais d'Institiúidí Airgeadais Baincéireachta arna eisiúint ag PBOC, le héifeacht ón 1 Iúil 2021;

— Uirlis beartais airgeadaíochta chun tacú le tionscadail laghdaithe astaíochtaí carbóin, arna heisiúint ag PBOC, an 8 Samhain 2021;

— Treoirlínte maidir le Nochtadh Comhshaoil d'Institiúidí Airgeadais, arna n-eisiúint ag PBOC, an 22 Iúil 2021;

— Uirlis Maoinithe Cothromais Comhshaoil, arna heisiúint ag PBOC, an 22 Iúil 2021;

— Sásraí Soiléirithe i ndáil le Bannaí Neodrachta Carbóin, arna n-eisiúint ag NAFMII, an 18 Márta 2022;

— Treoirlínte Gnó maidir leis an Ionstraim um Maoiniú Fiachais Ghlais d'Fhiontair Neamhairgeadais, arna n-eisiúint ag NAFMII;

([205]) Féach an Meabhrán maidir le leordhóthanacht fianaise, Roinn 3.3.3: *Infheistíochtaí cothromais arna maoiniú ag an stát nó arna ndreasú ar bhealach eile ag an rialtas*

([206]) Arna leasú go deireanach 28 Nollaig 2019 le Presidential Decree Uimh. 37 le héifeacht ón 1 Márta 2020.

— Treoirlínte maidir le hEisiúint Bannaí Glasa, arna n-eisiúint ag NDRC.

(612) I gcomhréir leis an gcreat rialála, ní féidir bannaí a eisiúint ná a thrádáil gan bhac sa tSín. Ní mór d'údaráis rialtais éagsúla, amhail PBOC, NDRC nó CSRC, eisiúint gach banna a cheadú, ag brath ar chineál an bhanna agus cineál an eisitheora. Ina theannta sin, de réir na Rialachán maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha, tá cuótaí bliantúla ann chun bannaí corparáideacha a eisiúint.

(613) Thairis sin, de réir Airteagal 16 de Dhlí na nUrrús is infheidhme le linn an TI, ba cheart go gcomhlíonfadh tairiscint phoiblí bannaí corparáideacha na ceanglais seo a leanas: '*beidh cuspóir úsáide na bhfáltas i gcomhréir le beartais thionsclaíocha Stáit [...]' agus 'is chun críche formheasta amháin a bhainfear úsáid as na fáltais ó thairiscint phoiblí bannaí corparáideacha*'. Athdhearbhaíonn Airteagal 12 de na Rialacháin maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha nach mór do chuspóir na gcistí tiomsaithe beartais thionsclaíocha an Stáit a chomhlíonadh. Le heisiúint bannaí faoi choinníollacha den sórt sin, dírítear ar thionscal atáthar a spreagadh amhail an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha agus comhfhreagraíonn sé do chleachtas na n-institiúidí airgeadais tacú leis na tionscail sin ([207]).

(614) De réir Airteagal 16(5) de Dhlí na nUrrús, 'ní rachaidh ráta cúpóin na mbannaí corparáideacha thar an ráta cúpóin a leag an Chomhairle Stáit síos'. Thairis sin, cuirtear tuilleadh sonraí ar fáil in Airteagal 18 de na Rialacháin maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha trína rá '*nach mbeidh an ráta úis tairgthe le haghaidh aon bhanna corparáideach níos mó ná 40 % den ráta úis atá i réim a d'ïoc na bainc ar na daoine aonair le haghaidh thaiscí coigiltis téarma seasta a bhfuil an aibíocht chéanna acu*'.

(615) Thairis sin, sonraítear in Airteagal 18 de na Bearta Riaracháin maidir le Bannaí Corparáideacha a Eisiúint agus a Thrádáil nach féidir ach bannaí áirithe a chomhlíonann critéir cháilíochta dhochta, mar shampla rátáil chreidmheasa AAA, a eisiúint go poiblí chuig infheisteoirí poiblí nó a eisiúint ar bhealach poiblí d'infheisteoirí cáilithe ach amháin faoi lánrogha an eisitheora amháin. Na bannaí corparáide a dteipeann orthu na caighdeáin sin a chomhlíonadh, ní féidir iad a eisiúint ar bhealach poiblí ach amháin d'infheisteoirí cáilithe. Dá bhrí sin, is é an toradh atá air go n-eisítear formhór na mbannaí corparáideacha d'infheisteoirí cáilithe a d'fhormheas an CSRC agus ar infheisteoirí institiúideacha Síneacha iad.

(616) Sa bhreis ar na bannaí a bhfuil cur amach orthu go coitianta, thángthas freisin ar ionstraimí fiachais '*glasa*', mar a ghairtear díobh, a bhaineann go sonrach leis an imscrúdú seo. De réir an '*Fógra maidir le Catalóg na dTionscadal atá Formhuinithe ag Bannaí Glasa a Eisiúint*', '*tagraíonn bannaí glasa d'urrúis inmhargaidh a n-úsáidtear cistí ina leith a tiomsaíodh go sonrach chun tacú le tionscail ghlasa, le tionscadail ghlasa, nó le gníomhaíochtaí eacnamaíocha glasa lena gcomhlíontar coinníollacha sonraithe, agus ar urrúis inmhargaidh iad a eisítear i gcomhréir le nósanna imeachta dlíthiúla ..., lena n-áirítear bannaí airgeadais glasa, bannaí corparáideacha glasa, bannaí fiontair glasa, uirlisí maoinithe fiachais glasa agus urrúis de bhun sócmhainní glasa, ach gan a bheith teoranta dóibh*'. Dá bhrí sin, ní féidir ach le cuideachtaí atá gníomhach i ngníomhaíochtaí tionsclaíocha áirithe a liostaítear i gcatalóg de ghníomhaíochtaí tionsclaíocha glasa na hionstraimí fiachais sin a eisiúint. Ar cheann acu tá táirgeadh agus díol feithiclí nuafhuinnimh chomh maith lena bpríomh-chomhpháirteanna.

(617) Le hionstraimí fiachais ghlais, tugtar caoi do chuideachtaí cistí a thiomsú ar rátaí fabhracha. I gcomhréir le '*Clár Meastóireachta Airgeadais Ghlais le haghaidh Institiúidí Airgeadais Baincéireachta*' de chuid PBOC, ní mór do bhainc na Síne glacadh le hionstraimí fiachais ghlais den sórt sin chun tairseach ar leith a bhaint amach ina mbonn sócmhainní airgeadais a chuirfidh le measúnú dearfach ar a bhfeidhmíocht ag an údarás rialála bainc. Ina theannta sin, de réir 'Uirlis beartais airgeadaíochta chun tacú le tionscadail laghdaithe astaíochtaí carbóin' de chuid PBOC, ní mór d'institiúidí airgeadais maoiniú a chur ar fáil chun tacú leis na gníomhaíochtaí tionsclaíocha glasa sa chatalóg thuasluaite do chuideachtaí ar rátaí úis fabhracha atá gar do leibhéal bhonnráta iasachta na tíre. Mar mhalairt air sin, molann People's Bank of China rátaí fabhracha athmhaoiniúcháin do na bainc i leith na gcistí glasa a eisíoctar ([208]).

(618) Cé gur sainaithníodh go soiléir creat dlíthiúil agus rialála na foinse malartaí cistí sin, dhiúltaigh Rialtas na Síne aon fhaisnéis a sholáthar ina leith. Dá bhrí sin, bunaíodh na torthaí ar na fíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 28 den bhun-Rialachán.

([207]) Féach cás OFC, aithrisí (400) agus (401).

([208]) https://english.www.gov.cn/statecouncil/ministries/202111/08/content_WS61892c79c6d0df57f98e4ace.html

(619) Bhain táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha úsáid as dhá chineál ionstraime fiachais ghlais, i.e. bannaí glasa agus urrúis de bhun sócmhainní glasa (ABS). Go bunúsach, is bannaí glasa iad ABS a bhfuil tacaíocht sócmhainní acu mar chomhthaobhacht. Is éard atá iontu iasachtaí maoinithe gluaisteán arna soláthar do dhaoine aonair agus do chuideachtaí léasaithe a athphacáistiú mar chomhthaobhacht i dtaca le hionstraim fiachais shócmhainn-bhunaithe arna heisiúint ar an margadh bannaí, agus a bhfuil ráta úis ar leith infheidhme maidir leo. Leis an gcóras sin, tugtar caoi do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha leachtachtaí atá ar fáil láithreach a chur in ionad infháltais lár téarma ar iasachtaí maoinithe gluaisteán, agus dá bhrí sin a ngnó iasachta a réamh-mhaoiniú ar bhonn an-tairbheach, ós rud é go bhfuil na rátaí úis a íoctar ar ABS i bhfad faoi bhun na rátaí úis a ghearrtar ar a gcustaiméirí as na hiasachtaí maoinithe gluaisteán.

(620) Thairis sin, mar thionscal atáthar a spreagadh faoin 'gCatalóg Threorach um Athstruchtúrú Tionsclaíoch', tá an tionscal OFCanna i dteideal tacaíocht chreidmheasa ó institiúidí airgeadais bunaithe ar Chinneadh Uimh. 40. Ráta úis íseal a bheith ag na bannaí a eisíonn na cuideachtaí sampláilte; i.e. ráta úis atá gar don phríomhráta iasachta nó faoina bhun, is léiriú maith é go bhfuil oibleagáid ar institiúidí airgeadais, arb iad na príomhinfheisteoirí sna bannaí sin iad, '*tacaíocht chreidmheasa*' a sholáthar do na cuideachtaí sin agus breithnithe eile seachas breithnithe tráchtála a chur san áireamh agus an cinneadh infheistíochta nó maoinithe á dhéanamh acu, amhail cuspóirí beartais rialtais. Go deimhin, bheadh infheisteoir atá ag feidhmiú i ndálaí an mhargaidh níos íogaire don toradh airgeadais ar a infheistíocht agus is dócha nach ndéanfadh sé infheistíocht i mbannaí corparáideacha a bhfuil ráta úis an-íseal acu. Is amhlaidh sin go háirithe i gcás institiúidí airgeadais, toisc go bhfuil an toradh ar na bannaí sin gar don ráta ag ar féidir leo cistí a fháil iad féin ó institiúidí airgeadais eile nó níos ísle ná an ráta sin. Thairis sin, maidir leis na conclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le staid airgeadais na dtrí ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin i Roinn 3.5.2.3 thuas ó thaobh a bpróifílí leachtachta agus sócmhainneachta de, léirítear leo nach n-infheisteodh infheisteoirí atá ag feidhmiú i ndálaí margaidh in ionstraimí airgeadais amhail bannaí na ngrúpaí seo, lena dtairiscítear torthaí airgeadais ísle, fad a bhíonn rioscaí arda leachtachta agus sócmhainneachta ag baint leis an eisitheoir. Dá bhrí sin, i dtuairim an Choimisiúin, is iad na hinfheisteoirí amháin a bhfuil cúiseanna seachas toradh airgeadais ar a n-infheistíocht acu, amhail comhlíontacht na hoibleagáide dlíthiúla maoiniú a chur ar fáil do chuideachtaí i dtionscail atáthar a spreagadh, a dhéanfadh an infheistíocht sin.

3.5.4.2. Institiúidí airgeadais a ghníomhaíonn mar chomhlachtaí poiblí

(621) De réir léargas mhargadh bannaí na Síne 2022 ag Bloomberg, is ionann na bannaí atá liostaithe sa mhargadh bannaí idirbhainc agus 88 % de mhéid trádála iomlán na mbannaí ([209]). De réir an staidéir chéanna, infheisteoirí institiúideacha, lena n-áirítear institiúidí airgeadais, iad formhór na n-infheisteoirí. Go háirithe, is ionann bainc thráchtála agus 57 % de na hinfheisteoirí agus is ionann bainc bheartais agus 3 % ([210]). Dá bhrí sin, is bainc Shíneacha go príomha iad na hinfheisteoirí a cheannaíonn bannaí, lena n-áirítear bainc atá faoi úinéireacht an Stáit.

(622) Ar bhonn an mhéid thuas, mheas an Coimisiún go bhfuil corpas d'fhianaise chomhthacaíoch ann, lena dtugtar le fios dá réir gur institiúidí airgeadais a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu tacaíocht chreidmheasa a thabhairt do na táirgeoirí BEV ionann é cion mór de na hinfheisteoirí sna bannaí in-chomhshóite arna n-eisiúint ag na cuideachtaí sampláilte.

(623) Mar a thuairiscítear in aithris (612), in Airteagal 16 de Dhlí na nUrrús agus in Airteagal 12 de na Rialacháin maidir le Riaradh Bannaí Corparáideacha, éilítear go gcomhlíonfaidh tairiscint phoiblí de bhannaí corparáideacha beartais thionsclaíocha an Stáit. Is é an éifeacht a bhíonn aige seo nach féidir bannaí a eisiúint ach amháin chun críoch atá i gcomhréir le spriocanna pleanála Rialtas na Síne maidir le tionscail atáthar a spreagadh mar a mhínítear in aithris (619). Ní mór do na hinfheisteoirí institiúideacha, atá léirithe in aithris (620), ar bainc thráchtála agus bainc bheartais iad a bheag nó a mhór, na treoshuímh bheartais a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 40 a leanúint, treoshuímh bheartais a léitear in éineacht leis an gCatalóg Treorach maidir le hAthstruchtúrú Tionscail, agus déantar foráil maidir le láimhseáil shonrach tionscadal áirithe laistigh de thionscail spreagtha áirithe, amhail an tionscal BEV. Mar thoradh ar an láimhseáil thairbhiúil ar na grúpaí sampláilte uile, rinneadh an cinneadh infheistíocht a dhéanamh i mbannaí arna n-eisiúint ar ráta úis nach bhfuil ina léiriú ar chritéir mhargadhbhunaithe.

(624) Ina theannta sin, mar a thuairiscítear i Roinn 3.5.1.1 thuas, is saintréith de chuid na n-institiúidí airgeadais í láithreacht láidir Stáit, agus bíonn an deis ag Rialtas na Síne tionchar fiúntach a imirt orthu. Tá an creat dlíthiúil ginearálta ina n-oibríonn na hinstitiúidí airgeadais sin infheidhme freisin maidir le bannaí. Thairis sin, tá creat rialála mionsonraithe forlíontach ann le haghaidh bannaí glasa.

([209]) https://assets.bbhub.io/professional/sites/10/China-bond-market-booklet-2022.pdf, p. 15,
([210]) Idem, lch. 33.

(625) I Roinn 3.5.1.1 thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlachtaí poiblí iad institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht Stáit de réir bhrí Airteagal 2(b) arna léamh in éineacht le hAirteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán agus go meastar, in aon chás, go bhfuil siad curtha ar iontaoibh nó ordaithe ag Rialtas na Síne feidhmeanna a chomhlíonadh a dhílsítear de ghnáth don rialtas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán. I Roinn 3.5.1.9 thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcuireann an rialtas de chúram ar institiúidí airgeadais príobháideacha agus gurb é an rialtas a stiúrann iad.

(626) Lorg an Coimisiún cruthúnas coincréiteach freisin ar fheidhmiú an rialaithe ar bhealach fóinteach bunaithe ar eisiúintí coincréiteacha bannaí. Rinne sé scrúdú, dá bhrí sin, ar an timpeallacht dhlíthiúil fhoriomlán mar a leagtar amach thuas in aithris (611) go haithris (619), i gcomhar le torthaí nithiúla an imscrúdaithe.

(627) Fuair an Coimisiún amach gur eisíodh na bannaí le ráta úis a bhí faoi bhun an leibhéil ar cheart coinne a bheith leis i bhfianaise staid riosca airgeadais agus creidmheasa na gcuideachtaí, lena n-áirítear faoi bhun an ráta tagartha saor ó riosca a d'fhoilsigh NIFC dá dtagraítear in aithris (632) thíos.

(628) Sa chleachtas, bíonn tionchar ag rátáil chreidmheasa na cuideachta ar rátaí úis ar bhannaí, ar an gcaoi chéanna le hiasachtaí. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (481), áfach, go bhfuil an margadh rátála creidmheasa áitiúil saofa agus nach bhfuil rátálacha creidmheasa iontaofa.

(629) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lean institiúidí airgeadais na Síne na treoracha beartais a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 40 agus sna treoirlínte ábhartha maidir le bannaí glasa trí mhaoiniú fabhrach a sholáthar do chuideachtaí a bhaineann le tionscal atáthar a spreagadh agus, dá bhrí sin, gur ghníomhaigh siad mar chomhlachtaí poiblí de réir bhrí Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán nó mar chomhlachtaí ar chuir an rialtas cúram ar a n-iontaoibh nó ar thug sé ordú dóibh de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.

(630) Trí eisiúint bannaí ag a bhfuil ráta úis faoi bhun ráta an mhargaidh a chomhfhreagraíonn do phróifíl riosca iarbhír an eisitheora a eagrú, mar a chinntear i roinn 3.5.2.3 thuas, agus trí ghlacadh le hinfheistíocht a dhéanamh i mbanna den sórt sin, chuir na hinstitiúidí airgeadais tairbhe ar fáil do na táirgeoirí sampláilte.

3.5.4.3. Sainiúlacht

(631) Mheas an Coimisiún go bhfuil an maoiniú fabhrach trí bhannaí ina fhóirdheontas sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc nach féidir na bannaí a eisiúint gan formheas ó údaráis rialtais, agus luaitear i nDlí na nUrrús nach mór d'eisiúint bannaí beartais thionsclaíocha an Stáit a chomhlíonadh. Mar a luadh cheana in aithrisí (439) agus (619), meastar an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a bheith ina thionscal atáthar a spreagadh sa Chatalóg Treorach maidir le hAthstruchtúrú Tionscail.

(632) Ina theannta sin, maidir le bannaí glasa go sonrach, ní féidir ach le cuideachtaí atá gníomhach i ngníomhaíochtaí tionsclaíocha áirithe a liostaítear i gcatalóg de ghníomhaíochtaí tionsclaíocha glasa iad a eisiúint.

3.5.4.4. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(633) Ós rud é gur cineál eile ionstraime fiachais iad bannaí go bunúsach, i bprionsabal cosúil le hiasachtaí, agus ós rud é go bhfuil an mhodheolaíocht ríofa le haghaidh iasachtaí bunaithe cheana féin ar bhascaed bannaí, chinn an Coimisiún an mhodheolaíocht ríofa d'iasachtaí a leanúint mar a thuairiscítear thuas i Roinn 3.5.2.3. Ciallaíonn sé sin go ndéantar an raon difríochta coibhneasta idir bannaí corparáide SAM AA agus bannaí corparáide SAM B a bhfuil an fad céanna acu a chur i bhfeidhm maidir le Príomhráta Iasachta PBOC chun ráta úis margadhbhunaithe a shuí le haghaidh iasachtaí, a chuirtear i gcomparáid ansin leis an ráta úis iarbhír a d'íoc an chuideachta chun an sochar a chinneadh.

(634) Mar a tugadh faoi deara in aithris (378), fuarthas amach gur eisigh ar a laghad cuideachta amháin de Ghrúpa Geely urrúis de bhun sócmhainní is infheidhme sa tréimhse imscrúdúcháin, nár sholáthair an grúpa aon fhaisnéis ina leith sin. I gcás na cuideachta sin, bhí ríomh mhéid an fhóirdheontais bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas san fhearann poiblí, is é sin faisnéis arna heisiúint d'infheisteoirí maidir le stocmhalartáin agus an sochar don ghrúpa comhoibríoch sampláilte eile a fuarthas.

(635) Mar a tugadh chun suntais in aithris (329), níor sholáthair roinnt cuideachtaí comhlachaithe i nGrúpa SAIC freagra ceistneora. B'amhlaidh sin go háirithe i gcás roinnt cuideachtaí grúpa ar speisialtóirí i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin iad. I gcás na gcuideachtaí sin, bhí ríomh mhéid an fhóirdheontais bunaithe ar an bhfaisnéis maidir le méideanna, dátaí tosaigh agus deiridh agus rátaí úis na mbannaí, a fuarthas i ráitis airgeadais atá ar fáil go poiblí nó i bhfaisnéis arna heisiúint d'infheisteoirí ar stocmhalartáin.

3.5.4.5. Conclúid maidir le maoiniú fabhrach: cineálacha eile maoinithe

(636) Shuigh an Coimisiún gur thairbhigh gach grúpa sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin de mhaoiniú fabhrach i bhfoirm línte creidmheasa, dréachtaí glacachta bainc agus bannaí. Toisc gurbh ann do ranníocaíocht airgeadais, do thairbhe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus do shainiúlacht, mheas an Coimisiún gur fóirdheontas in-fhrithchúitithe a bhí sna cineálacha sin maoinithe fhabhraigh.

(637) Ba é an méid seo a leanas an ráta fóirdheontais a bunaíodh maidir leis an maoiniú fabhrach a ndéantar tuairisc air thuas le linn na tréimhse imscrúdúcháin do na grúpaí cuideachtaí sampláilte:

Maoiniú fabhrach: cineálacha eile maoinithe

Ainm na cuideachta	Ráta fóirdheontais
Grúpa BYD	3,60 %
Grúpa Geely	3,30 %
Grúpa SAIC	8,27 %

3.6. **Cláir Deontais**

(638) Chinn an Coimisiún gur thairbhigh na trí ghrúpa shampláilte cuideachtaí de chláir dheontais éagsúla.

3.6.1. *Deontais dhíreacha airgid thirim*

(639) Níor sholáthair ach ceann amháin de na grúpaí onnmhairiúcháin sampláilte, Grúpa BYD, an fhaisnéis fholuiteach maidir leis na deontais a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Níor sholáthair an dá ghrúpa shampláilte eile de tháirgeoirí onnmhairiúcháin aon bhunús dlí leis na deontais a fuarthas agus, dá bhrí sin, bhí ríomh mhéid an fhóirdheontais a bhaineann leis na deontais airgid dhíreacha a tugadh do na grúpaí onnmhairiúcháin sin bunaithe ar na fíorais atá ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán.

(640) Bhain na deontais a fuair Grúpa BYD le teicneolaíocht, nuálaíocht agus forbairt, ceannach sócmhainní seasta, tacaíocht agus cur chun cinn tionsclaíoch, agus dámhachtainí airgid thirim chun críoch saothair agus cánachais agus críocha éagsúla eile.

(a) Bunús dlí

(641) Ba iad údaráis rialtais náisiúnta, cúige, cathrach nó ceantair a thug na deontais do Ghrúpa BYD agus ba chosúil go raibh siad sonrach don ghrúpa, nó sonrach ó thaobh suíomh geografach nó cineál tionscail de. Níor nochtadh leibhéal mionsonraí dlíthiúla an dlí ar leith faoinar deonaíodh na sochair sin, má bhí aon bhunús dlí ann leo ar chor ar bith. Mar sin féin, i gcás na ndeontas uile, tugadh don Choimisiún cóip de dhoiciméad arna eisiúint ag údarás rialtais a ghabh leis an deonú cistí (dá ngairtear 'an fógra').

(b) Torthaí

(642) Ós rud é go bhfuair an Coimisiún líon mór deontas i gcuntais airgeadais Ghrúpa BYD, ní chuirtear i láthair sa Rialachán seo ach achoimre ar na príomhthorthaí. Sholáthair Grúpa BYD fianaise ina nochtadh sonrach go raibh deontais iomadúla ann agus gur dheonaigh leibhéil éagsúla de Rialtas na Síne iad.

(643) Maidir leis an dá ghrúpa shampláilte eile de tháirgeoirí onnmhairiúcháin, chinn an Coimisiún nár thug siad ina bhfreagraí ar an gceistneoir ach an méid iomlán deontas a fuarthas agus idirdhealú ann idir deontais a bhaineann le hioncam agus deontais a bhaineann le sócmhainní agus nach raibh siad toilteanach miondealú níos mionsonraithe ná bunús dlí na ndeontas éagsúil a fuarthas a sholáthar.

(644) Chinn an Coimisiún go bhfuil fóirdheontais dhíreacha stáit i measc na n-ionstraimí a úsáideann Rialtas na Síne chun forbairt na hearnála feithiclí ceallra-leictreacha a stiúradh. Deimhníodh na fóirdheontais sin i dtuarascálacha bliantúla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte atá ar fáil go poiblí agus le linn na gcuairteanna fíorúcháin agus ba mar ioncam eile nó mar ioncam iarchurtha a fuarthas i gcuntais airgeadais na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin iad.

(c) Conclúid

(645) Ba fhóirdheontais iad na deontais sin de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(i) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán, toisc gur aistríodh cistí ó Rialtas na Síne i bhfoirm deontas chuig na grúpaí sampláilte cuideachtaí agus gur tugadh sochar dá bhrí sin.

(646) Rinneadh an chuid is mó de na cistí sin a bhreacadh mar fhóirdheontais rialtais i gcuntais na ngrúpaí onnmhairiúcháin sampláilte. An fhaisnéis mhionsonraithe a sholáthair Grúpa BYD maidir leis na deontais sin, glacann an Coimisiún leis go bhfuil sí ina fianaise dheimhneach ar fhóirdheontas lenar tugadh sochar.

(647) Rinne an Coimisiún measúnú ar na deontais uile a fuair Grúpa BYD agus chinn sé nár bhain gach ceann acu go sonrach le táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha. Na deontais a bhaineann le teicneolaíocht, nuálaíocht agus forbairt, ceannach sócmhainní seasta, agus tacaíocht agus cur chun cinn tionsclaíoch, measadh gur fóirdheontais shainiúla iad de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) agus Airteagal 4(3) den bhun-Rialachán ós cosúil, ó na doiciméid a sholáthair Grúpa BYD, go bhfuil siad teoranta do chuideachtaí áirithe, do thionscail áirithe, amhail an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha, nó do thionscadail shonracha i réigiúin shonracha.

(648) Ní chomhlíonann na deontais sin ceanglais neamh-shainiúlachta Airteagal 4(2)(b) den bhun-Rialachán, mar, i dtaca leis na coinníollacha incháilitheachta ná na critéir roghnúcháin iarbhír faoina mbeadh fiontair incháilithe, nach bhfuil na coinníollacha sin trédhearcach agus oibiachtúil agus nach mbíonn feidhm uathoibríoch leo.

(649) Ós rud é nár sholáthair an dá ghrúpa shampláilte eile de tháirgeoirí onnmhairiúcháin aon fhaisnéis mhionsonraithe maidir leis na deontais a fuair siad, bhunaigh an Coimisiún a thorthaí ar Airteagal 28 den bhun-Rialachán agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh na deontais uile a fuair na grúpaí sin sonrach agus gur bhain siad le táirgeadh an táirge lena mbaineann.

(d) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(650) Ríomhadh an sochar mar an méid a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nó a leithdháileadh ar an tréimhse imscrúdúcháin i gcás inar dímheasadh an méid thar shaolré úsáide na sócmhainne seasta lenar bhain an deontas a fuarthas roimh an tréimhse imscrúdúcháin.

(651) Ba é an méid seo a leanas na rátaí fóirdheontais a bunaíodh maidir leis na deontais ar fad le linn na tréimhse imscrúdúcháin do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

Deontais

Ainm na cuideachta	Ráta fóirdheontais
Grúpa BYD	0,61 %
Grúpa Geely	2,31 %
Grúpa SAIC	8,56 %

3.6.2. *Beartas um Fhóirdheontas Fioscach chun Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm*

(652) Suíodh leis an imscrúdú gur aistrigh Rialtas na Síne, ar an leibhéal lárnach agus fo-lárnach araon, cistí chuig táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha i bhfoirm eisíocaíochtaí airgid in aghaidh an aonaid d'fheithiclí ceallra-leictreacha arna ndíol sa tSín, rud a chuaigh chun sochair go díreach do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha. Is aistriú díreach cistí é sin chuig táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha bunaithe ar a ndíolacháin sa tSín.

(653) Tá feidhm ag an scéim maidir le Feithiclí Nuafhuinnimh, lena n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha, a dhíoltar sa bhaile. Socraítear an méid eisíocaíochtaí airgid thirim ar leibhéal an rialtais láir agus braitheann sé ar an tréimhse ar lena linn a rinneadh na díolacháin agus ar an gcineál feithiclí nuafhuinnimh (feithiclí ceallra-leictreacha nó feithiclí hibrideacha inluchtaithe, mar shampla).

(654) Tá an clár teoranta do dhíolacháin samhlacha d'fheithiclí nuafhuinnimh a liostaítear i gcatalóg arna foilsiú ag Rialtas na Síne. Chun eisíocaíochtaí a fháil, ceanglaítear ar tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha tuarascáil chuimsitheach ar leachtú a chur isteach gach bliain mar aon le faisnéis mhionsonraithe maidir lena ndíolacháin ón mbliain roimhe sin. Áireofar uirthi sin sonraisc, sonraíochtaí teicniúla na dtáirgí, agus mionsonraí clárúcháin feithicle. Nuair a chuirtear isteach iad, déanann na húdaráis ábhartha ar leibhéil éagsúla rialtais fíorú ar na sonraí a soláthraíodh. Ina dhiaidh sin, aistrítear na cistí chuig na táirgeoirí.

(a) Bunús dlí

(655) Is é an Fógra maidir le Beartais Tacaíochta Airgeadais chun Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm ó 2016 go 2020 ([2015] Uimh.134) an bunús dlí don chlár seo, a ndearnadh athbhreithniú air leis an bhFógra ón Aireacht Airgeadais maidir le Beartas Coigeartaithe Fóirdheontas Fioscach chun Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm ([2016] Uimh. 958), arna leasú tuilleadh leis an bhFógra maidir le Beartais Fhóirdheonacha um Chur Chun Cinn agus Cur i bhFeidhm Feithiclí Nuafhuinnimh a Fheabhsú ([2020] Uimh. 86) agus leis an bhFógra maidir leis an mBeartas Fóirdheontas Fioscach chun Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm in 2022 ([2021] Uimh. 466).

(b) Torthaí an imscrúdaithe

É a bheith beartaithe ag Rialtas na Síne tacú go díreach leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha intíre

(656) Murab ionann agus an maíomh a rinne Rialtas na Síne agus páirtithe eile go raibh sé beartaithe go dtairbheodh tomhaltóirí den fhóirdheontas sin, suíodh leis an imscrúdú gurbh é a bhí beartaithe leis an gclár díolacháin táirgeoirí intíre a mhéadú trí bhíthin eisíocaíochtaí ó acmhainní Stáit. Leis an gclár, tá sé beartaithe forbairt an tionscail feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn agus tá sé dírithe go sonrach ar tháirgeoirí feithiclí nuafhuinnimh (seachas ar thomhaltóirí).

(657) Ba é príomhchuspóir na scéime fóirdheontais sin forbairt luathaithe an tionscail feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn, lena n-áirítear an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha. Go sonrach, is mar seo a leanas atá an Fógra maidir le Beartais um Thacaíocht Airgeadais chun Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm ó 2016 go 2020: '*Chun leanúnachas beartais a choinneáil ar bun agus forbairt luathaithe an tionscail feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn, leanfaidh an Aireacht Airgeadais, an Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, agus an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise agus an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú (dá ngairtear anseo feasta na ceithre aireacht agus choimisiún) de bheartais fóirdheontais a chur chun feidhme chun feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ó 2016 go 2020 i gcomhréir le ceanglais 'Thuairimí Treorach ó Oifig Ghinearálta na Comhairle Stáit maidir le Dlús a chur le Cur Chun Cinn agus Cur i bhFeidhm Feithiclí Nuafhuinnimh' (Guobanfa [2014] Uimh. 35).* Tá teanga den chineál céanna i leasuithe agus athbhreithnithe a rinneadh níos déanaí. ([211])

(658) Is iad táirgeoirí feithiclí nuafhuinnimh, seachas tomhaltóirí, atá i gcroílár an Bheartais um Fhóirdheontas Fioscach. Is chuig táirgeoirí feithiclí nuafhuinnimh a sheoltar an clár; is iadsan nach mór dóibh na ceanglais a chomhlíonadh chun eisíocaíochtaí a fháil; ní mór dóibh an fhaisnéis a bhaineann lena bpróiseas táirgthe agus díola a sholáthar. Áirítear leis sin tuarascálacha ríomha cistí na bliana roimhe sin a chur isteach, mar aon le sonraí maidir le díolacháin táirgí, oibríochtaí, lena n-áirítear sonraisc, paraiméadair theicniúla táirgí, agus faisnéis clárúcháin feithiclí. Thairis sin, moladh dóibh ardáin faireacháin agus rialaithe a fhorbairt chun an fhaisnéis sin a thuairisciú.

(659) Ba go díreach chuig táirgeoirí feithiclí nuafhuinnimh (agus chuig rialtais áitiúla) a seoladh sásra pionóis i gcás calaoise freisin, agus foráiltear leis an gcreat dlíthiúil go bhfuil caingean le tionscnamh go díreach in aghaidh cuideachtaí táirgthe a fhaigheann na fóirdheontais trí mhodhanna neamhdhleathacha.

([211]) Fógra ón Aireacht Airgeadais maidir leis an mBeartas um Fhóirdheontas Fioscach chun Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm a Choigeartú (Caijian [2016] Uimh. 958), Fógra maidir le Beartais um Fhóirdheontas Fioscach chun Feabhas a Chur ar Chur Chun Cinn agus Cur i bhFeidhm Feithiclí Nuafhuinnimh (Caijian [2020] Uimh. 86) agus an Fógra maidir leis an mBeartas um Fhóirdheontas Fioscach chun Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm in 2022 (Caijian [2021] Uimh. 466).

(660) Ar deireadh, na príomhchúiseanna ar scoireadh den chlár an 31 Nollaig 2022, bhain siad le forbairt an tionscail feithiclí nuafhuinnimh sa tSín. Mar a d'aithin Rialtas na Síne ([212]), rinneadh sé cinneadh deireadh a chur leis an gclár tráth a mheas sé go raibh leibhéal iomchuí forbartha agus scála bainte amach ag tionscal feithiclí nuafhuinnimh na Síne.

(661) Thairis sin, an clár a bheith teoranta d'fheithiclí nuafhuinnimh a tháirgtear ar bhonn intíre, léiríonn sé gurbh é ba chuspóir don chlár forbairt a dhéanamh ar tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, seachas ar a dtomhaltas. Go deimhin, shuigh an Coimisiún nár thairbhigh aon fheithicil allmhairithe den scéim sin. Iarradh go sonrach ar Rialtas na Síne faisnéis a sholáthar maidir lena mhéad ar thairbhigh feithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe den scéim i gcaitheamh a ré. Mhaígh Rialtas na Síne go raibh feithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe incháilithe don chlár sin, ach d'aithin Rialtas na Síne nár deonaíodh an fóirdheontas sin riamh do chuideachtaí allmhairiúcháin ná do tháirgeoirí eachtracha. Go deimhin, ní raibh Rialtas na Síne in ann a léiriú go raibh nós imeachta ann do tháirgeoirí eachtracha nó d'allmhaireoirí chun cistí a iarraidh agus a fháil faoin mBeartas um Fhóirdheontas Fioscach. Ina theannta sin, de réir na faisnéise atá ar fáil ([213]), ní fhéadfaí feithiclí nuafhuinnimh a fhóirdheonú ach amháin más cuideachta Shíneach a rinne an ceallraí. Dá thoradh sin, thángthas ar an gconclúid nach ndeachaigh an clár sin chun sochair ach do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín agus nach raibh sé beartaithe ach dóibhsean amháin.

Fad an chláir, ról na n-údarás áitiúil agus cláir chomhthreomhara arna bhforbairt.

(662) Mar a mhínítear faoi aithris (641)(659), níl feithiclí nuafhuinnimh a díoladh tar éis an 31 Nollaig 2022 incháilithe don Bheartas Fóirdheontais Fhioscaigh a thuilleadh. Suíodh leis an imscrúdú, áfach, gur lean táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de thairbhe a bhaint as an scéim fóirdheontais seo le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus go leanfaidh siad de thairbhe a bhaint as cistí a fuarthas faoin scéim seo go ceann tréimhse fhada ama tar éis na tréimhse imscrúdúcháin.

(663) Cistí a bhaineann le gach feithicil cheallra-leictreach incháilithe a díoladh agus a cláraíodh in 2020, mar shampla, níor aistríodh iad go dtí deireadh 2023. Léiríodh leis an imscrúdú freisin gur aistríodh cistí le linn na tréimhse imscrúdúcháin chuig táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i gcás gluaisteáin a díoladh in 2018. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go leanfaidh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de bheith ag tairbhiú d'aistriú díreach airgid thirim faoin scéim sin sna blianta tar éis na tréimhse imscrúdúcháin.

(664) Thairis sin, léiríodh leis an imscrúdú gur bhunaigh údaráis áitiúla, faoi threoraíocht dhíreach nó indíreach Rialtas na Síne, líon mór clár comhchosúil, a bhfuil cuid acu an-chosúil leis an scéim náisiúnta. Tá sé de chuspóir coiteann ag na tionscnaimh áitiúla sin go ndreasófar táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, rud a fhágfaidh go leanfar de thacaíocht a thabhairt do mhonaróirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne.

(c) Tairbhe

(665) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thairbhigh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha d'eisíocaíochtaí díreacha airgid thirim ó Rialtas na Síne bunaithe ar a ndíolacháin thuairiscithe.

(666) Mhaígh táirgeoirí sampláilte agus Rialtas na Síne gurb iad tomhaltóirí go príomha a thairbhíonn den fhóirdheontas, agus ní táirgeoirí, ós rud é, mar a líomhnaítear, go mbeadh na fóirdheontais á gcur ar aghaidh ag táirgeoirí chuig tomhaltóirí thar ceann an rialtais agus na feithiclí á ndíol acu. Faoin scéim sin, nuair a dhíolann monaróirí feithiclí ceallra-leictreacha táirge feithicle nuafhuinnimh, bunaíonn an chuideachta praghas leis an gcustaiméir. An praghas a íocann an custaiméir, líomhnaítear go bhfuil sé mar thoradh ar mhéid an fhóirdheontais a lascainiú ó bhunphraghas teoiriciúil arna bhunú ag an gcuideachta. Ba cheart méid an fhóirdheontais a chur san áireamh sa lascaine sin. Sa chiall sin, tá an custaiméir ceaptha praghas lascainithe a íoc, dá n-aisíocann an Rialtas an chuideachta ina dhiaidh sin.

(667) D'ainneoin go líomhnaítear go raibh sé beartaithe go dtairbheodh tomhaltóirí den fhóirdheontas, is é fírinne an scéil go ndearna Rialtas na Síne cistí i bhfoirm airgid thirim dhírigh a aistriú go díreach chuig táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha bunaithe ar a ngníomhaíocht eacnamaíoch agus ar na díolacháin roimhe sin a thuairiscigh siad. Is dreasacht shoiléir é sin gan aon amhras chun feithiclí ceallra-leictreacha a tháirgeadh agus lenar tugadh sochar inbhraite do na táirgeoirí.

([212]) De réir an Fhógra maidir leis an mBeartas um Fhóirdheontas Fioscach chun Feithiclí Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn agus a Chur i bhFeidhm in 2022 (Cai Jian [2021] Uimh. 466),

([213]) Why a Chinese Company Dominates Electric Car Batteries, New York Times, 22 Nollaig 2021. https://www.nytimes.com/2021/12/22/business/china-catl-electric-car-batteries.html.

(668) Thairis sin, léiríodh leis an imscrúdú nach raibh comhghaol idir láithreacht nó neamhláithreacht an fhóirdheontais agus an praghas deiridh a gearradh ar thomhaltóirí. Ní raibh aon tionchar suntasach ag an bhfóirdheontas ar an bpraghas a gearradh ar thomhaltóirí sular baineadh é nó ina dhiaidh.

(669) Tá fianaise ann gur fhan praghsanna do thomhaltóirí ar shamhlacha ionadaíocha cobhsaí nó gur laghdaigh siad fiú ar fud na dtrí chuideachta shampláilte tar éis dheireadh foirmiúil an chláir Beartais um Fhóirdheontas Fioscach i mí na Nollag 2022. Más rud é, le linn shaolré na scéime, gur laghdaíodh praghsanna na bhfeithiclí a díoladh in 2022 de réir mhéid an fhóirdheontais, ba cheart ardú a bheith tagtha ar phraghsanna na bhfeithiclí sin faoin méid céanna i mí Eanáir 2023 a luaithe nach raibh an fheithicil incháilithe don fhóirdheontas a thuilleadh.

(670) A mhalairt a tharla, áfach. D'fhan praghsanna na samhlacha sin mar an gcéanna nó tháinig laghdú orthu de réir a chéile le linn an chuid eile den tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, níor thairbhigh tomhaltóirí den fhóirdheontas in 2022 ó thaobh praghsanna níos ísle a fháil. Ina ionad sin, rinne táirgeoirí praghsanna a shocrú a chuir ar a gcumas dóibh an fóirdheontas iomlán a ghabháil.

(671) Ina theannta sin, suíodh leis an imscrúdú nár chuir Rialtas na Síne aon bheart chun feidhme chun a áirithiú go gcuirfí tairbhí an fhóirdheontais ar aghaidh chuig custaiméirí agus gur fágadh socrú praghsanna faoi rogha na dtáirgeoirí. Dá bhrí sin, de réir dearaidh agus oibríochta, ba é ab aidhm don scéim sin dul chun sochair do tháirgeoirí feithiclí nuafhuinnimh.

(672) Mar gheall ar an neamhréireacht ama idir díol feithiclí ceallra-leictreacha agus eisíocaíocht cistí rialtais, rud nach féidir le táirgeoirí a thuar, d'fhéadfadh an neamhchinnteacht maidir le huainiú eisíocaíochta a bheith suas le 4 bliana. Dá thoradh sin, tagann ann go hiomlán don sochar do tháirgeoirí nuair a fhaightear na heisíocaíochtaí ar deireadh.

(d) Sainiúlacht

(673) Tá an fóirdheontas ina fhóirdheontas sonrach toisc nach ndíríonn sé ach ar an tionscal feithiclí nuafhuinnimh, lena n-áirítear an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha. Thairis sin, i measc táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha, níor thairbhigh ach táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín den chlár agus ba dóibhsean amháin a ceapadh é.

(e) Conclúid

(674) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán é an Beartas um Fhóirdheontas Fioscach ar a dtugtar tuairisc thuas toisc gur ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm aistriú díreach cistí lena dtugtar sochar don chuideachta lena mbaineann.

(f) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(675) Deonaíodh an fóirdheontas bunaithe ar na cainníochtaí d'aonaid feithiclí ceallra-leictreacha a díoladh sa tSín. Rinneadh méid an tsochair sa tréimhse imscrúdúcháin a ríomh ar bhonn na n-eisíocaíochtaí a fuair na táirgeoirí sampláilte le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha faoin scéim sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(676) Is é an méid seo a leanas ráta an fhóirdheontais a bunaíodh maidir leis an scéim sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte:

Ainm na cuideachta	Ráta fóirdheontais
Grúpa BYD	2,18 %
Grúpa Geely	2,14 %
Grúpa SAIC	2,28 %

3.7. **Earraí agus seirbhísí arna soláthar ag an rialtas ar luach nach bhfuil leordhóthanach**

3.7.1. *Cearta úsáide talún arna soláthar ag an rialtas ar luach nach bhfuil leordhóthanach*

(677) Tá an talamh uile sa tSín faoi úinéireacht an stáit nó faoi úinéireachta comharghnó, comhdhéanta de shráidbhailte nó bailecheantair, sula bhféadfar teideal dlíthiúil nó teideal cothromais na talún a phaitinniú nó a dheonú d'úinéirí corpraithe nó d'úinéirí aonair. Is leis an Stát gach dáileacht talún i limistéir uirbeacha agus is leis na sráidbhailte nó na bailte móra gach dáil talún i limistéir thuaithe.

(678) De bhun Bhunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne agus an Dlí Talún, féadfaidh cuideachtaí agus daoine aonair 'cearta úsáide talún' a cheannach. I gcás talún tionsclaíche, maireann an léasacht 50 bliain de ghnáth, agus í inathnuaite go ceann 50 bliain eile.

(a) Bunús dlí/Creat Rialála

(679) Tagann an fhoráil maidir le ceart úsáide talún sa tSín faoi Dhlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne ([214]). Ina theannta sin, tá na doiciméid seo a leanas mar chuid den bhunús dlí freisin:

(1) Dlí Maoine Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 62) ([215]);

(2) Dlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 28) ([216]);

(3) Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Riarachán Réadmhaoine Uirbí (Ordú Uimh. 29 ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne) ([217]);

(4) Rialacháin eatramhacha Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sannadh agus Aistriú an Chirt chun Úsáid na Talún atá faoi Úinéireacht Stáit i Limistéir Uirbeacha (Foraithne Uimh. 55 ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne) ([218]);

(5) Rialachán maidir le Cur Chun Feidhme Dhlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne [2014] Uimh. 653) ([219]);

(6) Foráil maidir le Sannadh an Chirt Úsáide ar Thalamh Foirgníochta atá faoi Úinéireacht Stáit trí Chuireadh Tairisceana, Ceant agus Luachan (Fógra Uimh. 39 de CSRC) ([220]); agus

(7) Notice of the State Council on the Relevant Issues Concerning the Strengthening of Land Control (Guo Fa (2006) No 31) ([221]).

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(680) De réir Airteagal 10 de 'Foráil maidir le Sannadh an Chirt Úsáide ar Thalamh Foirgníochta atá faoi Úinéireacht Stáit trí Chuireadh Tairisceana, Ceant agus Luachan', socraíonn údaráis áitiúla praghsanna talún de réir chóras luachála na talún uirbí, córas nach ndéantar a nuashonrú ach gach 3 bliana, agus de réir bheartas tionsclaíoch an rialtais.

(681) In imscrúduithe a rinneadh roimhe seo ([222]), chinn an Coimisiún nach raibh na praghsanna a íocadh ar chearta úsáide talún sa tSín ionadaíoch ar phraghas margaidh a chinnfidh de réir soláthar agus éileamh an mhargaidh shaoir, toisc gur cinneadh go raibh an córas ceantála doiléir, neamh-thrédhearcach agus nach raibh sé ag feidhmiú sa chleachtas, agus cinneadh go ndearna na húdaráis praghsanna a shocrú go treallach. Mar a luaitear san aithris roimhe seo, shocraigh na húdaráis na praghsanna de réir chóras meastóireachta na talún uirbí, a thugann treoir dóibh i measc critéir eile beartas tionsclaíoch a mheas freisin agus an praghas ar thalamh tionsclaíoch á shocrú acu.

(682) Níor léirigh an t-imscrúdú reatha aon athrú suntasach ina leith sin. Chinn an Coimisiún go bhfuair formhór na ngrúpaí cuideachtaí sampláilte, mar shampla, a gcearta úsáide talún ar an bpraghas beacht ar ar chuir na húdaráis áitiúla ar fáil iad i nós imeachta tairisceana.

([214]) Féach Dlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne an 25 Meitheamh 1986, arna leasú, le fáil ag: https://www.fao.org/faolex/results/details/en/c/LEX-FAOC003560,.

([215]) Féach Dlí Maoine Dhaon-Phoblacht na Síne an 16 Márta 2007, le fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Law/2009-02/20/content_1471118.htm.

([216]) Féach an Rialachán maidir le Dlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne a Chur Chun Feidhme an 27 Nollaig 1998, arna leasú, le fáil ag: https://www.fao.org/faolex/results/details/en/c/LEX-FAOC170451,.

([217]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/d8db5e659bc282b9bdfb.html.

([218]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/66cde758ad66f43bbdfb.html.

([219]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/6ef282863f024c04bdfb.html.

([220]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/58891db210496a5fbdfb.html?keyword=%E5%9B%BD%E6%9C%89%E5%BB%BA%E8%AE%BE%E7%94%A8%E5%9C%B0%E4%BD%BF%E7%94%A8%E6%9D%83.

([221]) Féach https://www.gov.cn/zwgk/2006-09/05/content_378186.htm.

([222]) Féach aithrisí (295) go (299) maidir le cás HRF, aithrisí (488) go (490) maidir le cás na mbonn, aithrisí (500) go (502) maidir le cás GFF, aithrisí (541) go (543) maidir le cás OFC, aithrisí (540) go (548) maidir le cás ACF.

(683) Bréagnaítear maímh Rialtas na Síne leis an bhfianaise thuas gurb ionadaíoch iad na praghsanna a íoctar ar chearta úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne do phraghas margaidh, a chinntear leis an soláthar agus éileamh ar an saormhargadh.

(c) Conclúid

(684) Léirítear le torthaí an imscrúdaithe gur neamhthrédhearcach é an cás maidir le héadáil cearta úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne, agus gurbh iad na húdaráis a shocraigh na praghsanna ar bhonn treallach.

(685) Dá bhrí sin, maidir le Rialtas na Síne cearta úsáide talún a thabhairt, ba cheart a mheas gur fóirdheontas é sin de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán i bhfoirm soláthar earraí, rud a thugann tairbhe do na cuideachtaí is faighteoirí. Faoi mar a mhínítear in aithrisí (676) go (679) thuas, níl aon mhargadh feidhmiúil ann don talamh i nDaon-Phoblacht na Síne, agus léirítear le húsáid tagarmhairc sheachtraigh (féach aithris (688)) go bhfuil an méid a íocann na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte as cearta úsáide talún go maith faoi bhun an ghnáthráta margaidh.

(686) I gcomhthéacs na rochtana fabhraí ar thalamh tionsclaíoch le haghaidh cuideachtaí atá i dtionscail áirithe, thug an Coimisiún dá aire nach mór beartas tionsclaíoch an rialtais a chur san áireamh sa phraghas a shocraíonn na húdaráis áitiúla, mar a luaitear thuas in aithris (680). De réir an bheartais thionsclaíoch sin, tá tionscal BEV liostaithe mar thionscal atáthar a spreagadh. Ina theannta sin, de réir Chinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit, déanfaidh údaráis phoiblí a chur san san áireamh 'An Chatalóg Threorach maidir le hAthstruchtúrú Tionsclaíochta' agus na beartais tionsclaíochta agus talamh á soláthar. In Airteagal XVIII de Chinneadh Uimh. 40 cuirtear in iúl go soiléir nach mbeidh rochtain ar chearta úsáide talún ag tionscail atá 'srianta'. Fágann sé sin go bhfuil an fóirdheontas sonrach de réir Airteagal 4(2)(a) agus 4(2)(c) den bhun-Rialachán toisc go bhfuil soláthar fabhrach na talún teoranta do chuideachtaí a bhaineann le tionscail áirithe, earnáil GFR sa chás seo, agus tá cleachtais an rialtais sa réimse seo doiléir agus gan a bheith trédhearcach.

(d) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(687) Mar a tharla in imscrúduithe roimhe seo ([223]) agus i gcomhréir le hAirteagal 6(d)(ii) den bhun-Rialachán, baineadh úsáid as praghsanna talún ó Chríoch Chustaim Leithleach na Téaváine, Penghu, Kinmen agus Matsú ('Tai-pei na Síne') mar thagarmharc seachtrach ([224]). Déantar an tairbhe a thugtar do na faighteoirí a ríomh tríd an difríocht a thabhairt san áireamh idir an méid a d'íoc gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte go hiarbhír (i.e., an praghas arna íoc go hiarbhír faoi mar a luaitear sa chonradh agus, de réir mar is infheidhme, an praghas a luaitear sa chonradh arna laghdú le méid na n-aisíocaíochtaí/ndeontas rialtais áitiúil) ar chearta úsáide talún agus an méid ar cheart a bheith íoctha ar bhonn thagarmharc Thai-pei na Síne.

(688) Measann an Coimisiún gur tagarmharc seachtrach oiriúnach í Tai-pei na Síne ar na cúiseanna seo a leanas:

— an fhorbairt eacnamaíoch, an olltáirgeacht intíre (OTI) agus an struchtúr eacnamaíoch i dTai-pei na Síne a bheith ar leibhéal inchomparáide le tromlach na gcúigí agus na gcathracha i nDaon-Phoblacht na Síne ina bhfuil na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte bunaithe;

— gaireacht gheografach Dhaon-Phoblacht na Síne agus Tai-pei na Síne;

— an t-ardleibhéal bonneagair thionsclaíoch i dTai-pei na Síne agus i gcuid mhaith de chúigí Dhaon-Phoblacht na Síne araon;

— na naisc láidre eacnamaíocha agus an trádáil trasteorann idir Tai-pei na Síne agus Daon-Phoblacht na Síne;

— an dlús ard daonra i gcuid mhaith de chúigí Dhaon-Phoblacht na Síne agus i dTai-pei na Síne;

— an chosúlacht idir an cineál talún agus na hidirbhearta a úsáidtear chun an tagarmharc ábhartha a chruthú i dTai-pei na Síne agus iad siúd a úsáidtear i nDaon-Phoblacht na Síne; agus

— na saintréithe comhchoiteanna déimeagrafacha, teanga agus cultúrtha idir Tai-pei na Síne agus Daon-Phoblacht na Síne.

([223]) Féach cás na mbonn, cás GFF, cás OFC, agus cás ACF.

([224]) Sheas an Chúirt Ghinearálta leis i gCás T-444/11 Gold East Paper agus Gold Huacheng Paper i gcoinne na Comhairle, Breithiúnas ón gCúirt Ginearálta an 11 Meán Fómhair 2014 ECLI:EU:T:2014:773.

(689) De réir na modheolaíochta a cuireadh i bhfeidhm in imscrúduithe roimhe seo ([225]), d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas talún in aghaidh an mhéadair chearnaigh atá bunaithe i dTai-pei na Síne arna cheartú i leith boilsciú agus forás OTI ó dhátaí na gconarthaí ceart úsáide talún faoi seach. Fuarthas an fhaisnéis maidir le praghsanna talún tionsclaíochta amhail 2013 ó láithreán gréasáin Bhiúró Tionsclaíochta d'Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha na Téaváine ([226]). Le blianta beaga anuas, ceartaíodh na praghsanna trí úsáid a bhaint as na rátaí boilscithe agus as éabhlóid OTI per capita ag praghsanna reatha in USD do Thai-pei na Síne mar a d'fhoilsigh CAI do 2013.

(690) Is ionann an ráta fóirdheontais a suíodh i ndáil leis an bhfóirdheontas sin i rith na tréimhse imscrúdúcháin le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus:

Ainm na cuideachta	Ráta fóirdheontais
Grúpa BYD	1,20 %
Grúpa Geely	0,84 %
Grúpa SAIC	0,67 %

3.7.2. *Ceallraí agus príomhionchur le haghaidh táirgeadh ceallraí (is é sin fosfáit iarainn litiam) arna soláthar ag an rialtas ar luach nach bhfuil leordhóthanach*

(a) Réamhrá

(691) Sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise, chinn an Coimisiún gur cosúil go bhfuil líon mór pleananna sonracha ann trína gcuireann Rialtas na Síne nó rialtais áitiúla tacaíocht ar fáil go sonrach d'fhorbairt amhábhar agus ábhar ionchuir BEV, agus do cheallraí chomh maith. Léirigh an fhianaise atá sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht na fianaise gur chruthaigh Rialtas na Síne creat trína dtacaítear le gach leibhéal de shlabhra an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha, ó mhianadóireacht príomh-amhábhar chun ionchuir a tháirgeadh go hionchuir idirmheánacha agus an táirge deiridh, d'fhonn an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt go tapa agus go láidir. Deimhníodh é sin leis an anailís a rinne an Coimisiún lena léirítear go samhlaíonn Rialtas na Síne na soláthróirí amhábhar réamhtheachtacha agus na soláthróirí ceallraí a bheith mar chuid de chreat níos leithne chun an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha ina iomláine a fhorbairt agus a chur chun cinn.

(692) Is iad litiam, cóbalt, nicil, copar (a úsáidtear i bhfoirm scragall copair), alúmanam (a úsáidtear freisin i bhfoirm scragall alúmanaim agus mar stiall alúmanaim chun na cealla a chásáil), agus graifít na príomh-amhábhair a úsáidtear i gceallraí LFP (dá ngairtear 'lithiam' nó 'LFP' anseo feasta) agus i gceallraí ocsaídí nicile-magainéise-cóbalt ('NMC'). Tagann an dá chineál ceallraí faoi 'cheallraí ian litiam' mar a thugtar orthu. Chinn an Coimisiún gurb é Grúpa BYD an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte feithiclí ceallra-leictreacha a bhí comhtháite go hingearach a tháirgeann ceallraí LFP le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha. Bhailigh an Coimisiún faisnéis ó Ghrúpa BYD maidir leis na hamhábhair a úsáidtear chun cealla a tháirgeadh le haghaidh an phacáiste ceallraí (i.e. stiall alúmanaim, scragall alúmanaim, scragall copair, graifít agus LFP). I bhfianaise a thábhachtaí atá LFP i bpróiseas táirgthe ceallraí (arb é thart ar [25 % - 35 %] de chostais táirgthe an cheallra é), dhírigh an Coimisiún a imscrúdú ag an gcéim shealadach ar sholáthar LFP ar íocaíocht nach leordhóthanach.

(693) I gcaitheamh an imscrúdaithe, chinn an Coimisiún go háirithe go raibh an t-aon ghrúpa a bhí comhtháite go hingearach ag foinsiú LFP ó sholáthróirí comhlachaithe agus neamhchomhlachaithe chun ceallraí feithiclí ceallra-leictreacha a tháirgeadh. Is é LFP an cineál litiam a úsáidtear i gceallraí LFP agus faightear é trí charbónáit litiam a mheascadh le fosfáit iarainn. Is é LFP príomh-chomhpháirt na gceall ceallraí, arb é atá ann thart ar [25 – 35] % de chostas an phacáiste ceallraí ar an iomlán.

(694) Fuair an dá ghrúpa eile (SAIC agus Geely) a gceallraí ó sholáthróirí neamhchomhlachaithe agus ó sholáthróirí comhlachaithe, agus ó chomhfhiontair le Contemporary Amperex Technology Company Limited ('CATL') freisin. Is leis an bpacáiste ceallraí a bhaineann an costas is mó i gcás feithiclí ceallra-leictreacha, arb é [40 – 50] % den chostas táirgthe san iomlán é.

([225]) Féach cás GFF, cás OCS, cás na bpainéal gréine agus cás OFC.
([226]) https://lvr.land.moi.gov.tw.

(695) Ag an gcéim seo den imeacht, dhírigh an Coimisiún, dá bhrí sin, ar na nithe lena mbaineann na costais is mó i dtáirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, eadhon, (1) ceallraí a sholáthar i gcás an táirgeora onnmhairiúcháin neamh-chomhtháite feithiclí ceallra-leictreacha, agus (2) LFP a sholáthar i gcás an táirgeora onnmhairiúcháin comhtháite feithiclí ceallra-leictreacha, ós é an príomh-amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh ceallraí.

(b) Neamh-chomhoibriú agus úsáid fíricí atá ar fáil

(696) Mar a tugadh le fios i Roinn 3.3.1.1, cé gur iarradh air déanamh amhlaidh, níor chuir Rialtas na Síne an ceistneoir sonrach a bhí beartaithe le haghaidh soláthróirí amhábhar agus ceallraí feithiclí ceallra-leictreacha ar aghaidh chuig soláthróirí aitheanta sa tSín. Ina theannta sin, níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis ríthábhachtach maidir le saintréithe mhargadh intíre na n-ábhar ionchuir le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín ná maidir lena oibreoirí eacnamaíocha.

(697) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ó Rialtas na Síne maidir leis an gcreat reachtach atá i bhfeidhm, struchtúr an mhargaidh intíre, sásraí socraithe praghsanna ná scairsheilbh cuideachtaí, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé faisnéis ríthábhachtach atá ábhartha don imscrúdú.

(698) In éagmais aon fhaisnéis arna soláthar ag Rialtas na Síne maidir leis an líon soláthróirí intíre amhábhar agus ceallraí le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha ná maidir le húinéireacht na soláthróirí sin, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais atá ar fáil de réir bhrí Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán. I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar phleananna sonracha maidir le tionscal ceallraí feithiclí nua fuinnimh na Síne, ar cuid de iad feithiclí ceallra-leictreacha, agus ar staid na soláthróirí amhábhar don táirgeoir onnmhairiúcháin atá comhtháite go hingearach agus soláthróirí comhlachaithe ceallraí an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte nach bhfuil comhtháite go hingearach. I gcás inar ghá, mar gheall ar an easpa faisnéise sa chomhad, bhí ar an gCoimisiún tátail a bhaint as na fíorais agus as an bhfaisnéis atá ar fáil sa chomhad.

(699) Mar a tugadh le fios i Roinn 3.3.2, theip ar Ghrúpa SAIC faisnéis a sholáthar maidir le costas táirgthe, liostaí ábhar, sonraíochtaí táirge lena n-áirítear comhdhéanamh ceimiceach an amhábhair a ceannaíodh ó sholáthróirí agus liostú ceannachán tacaíochta idirbheart ar idirbheart do sholáthróirí, cé gur iarradh air sin a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, mheas an Coimisiún go raibh faisnéis ríthábhachtach a bhí riachtanach chun teacht ar thoradh réasúnta cruinn in easnamh agus go raibh air brath ar fhíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den bhun-Rialachán.

(700) Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin feithiclí ceallra-leictreacha neamh-chomhtháite, ní fhéadfadh an Coimisiún brath ach ar an bhfaisnéis a bailíodh ó Ghrúpa Geely. Ós rud é go bhfaigheann an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin feithiclí ceallra-leictreacha neamh-chomhtháite a gcuid ceallraí ó sholáthróirí ceallraí comhchosúla agus go bhféadfadh an Coimisiún a thorthaí maidir le soláthar ceallraí do Ghrúpa Geely a bhunú ar shonraí arna soláthar go díreach ag a sholáthróirí, measann an Coimisiún gur ionadú réasúnta ar an bhfaisnéis is gá chun cinntí a dhéanamh maidir le Grúpa SAIC atá san fhaisnéis a bhaineann le Grúpa Geely. Mar sin féin, bhraith an Coimisiún fós ar an bhfaisnéis a bailíodh ó Ghrúpa SAIC a d'fhéadfaí a fhíorú; go háirithe ainmneacha na soláthróirí ceallraí do Ghrúpa SAIC.

3.7.2.1. Ceallraí arna soláthar ag an rialtas ar luach saothair nach leordhóthanach

(701) Chun a shuí gur ann d'fhóirdheontas in-fhrithchúitithe, ní mór trí ghné a bheith ann faoi Airteagail 3 agus 4 den bhun-Rialachán: (1) ranníocaíocht airgeadais; (2) sochar, agus (3) sainiúlacht.

3.7.2.1.1. *Ranníocaíocht airgeadais*

(a) Soláthróirí ceallraí ag feidhmiú mar 'chomhlachtaí poiblí'

(702) Rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar an bhféadfaí a fháil amach gur chomhlachtaí poiblí a bhí sna soláthróirí ceallraí ionas go bhféadfaí soláthar ceallraí ar íocaíocht nach leordhóthanach a chur i leith Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den bhun-Rialachán. Mar a mhínítear go mionsonraithe i Roinn 3.5.1.1, aithrisí (409) go (418), ní mór an caighdeán dlíthiúil maidir le comhlacht poiblí a bheith ann a léirmhíniú i gcomhréir le dlí-eolaíocht EDT a shonraítear ann. Ar bhonn an chásdlí ábhartha dá dtagraítear in aithrisí (409) go (418), ba cheart scrúdú a dhéanamh i dtaobh an 'comhlachtaí poiblí' (i.e. eintitis a bhfuil údarás acu, a chuireann údarás i bhfeidhm

nó a bhfuil údarás dílsithe dóibh chun feidhmeanna rialtais a fheidhmiú) iad táirgeoirí ionchur sa tSín atá ag gabháil d'ionchuir a sholáthar, agus aird chuí á tabhairt (i) ar an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tír ina n-oibríonn na heintitis atá faoi imscrúdú, (ii) ar an gcaidreamh idir na heintitis atá i gceist agus an rialtas, agus (iii) ar chroí-shaintréithe agus croífheidhmeanna na n-eintiteas ábhartha.

(703) Thairis sin, mar a cuireadh in iúl in aithris (416), leag an Buanchomhlacht Achomhairc béim ar ábharthacht neamh-chomhoibriú an rialtais atá i gceist chun cinntí a dhéanamh gur comhlachtaí poiblí iad roinnt eintiteas. ([227]) Go deimhin, i gcomhthéacs inarb éigean d'údarás imscrúdúcháin scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe maidir leis an gcaidreamh idir an rialtas agus eintitis áirithe a bhfuil feidhmeanna rialtais á bhfeidhmiú acu, tá an phríomhfhaisnéis is gá chun cinneadh a dhéanamh maidir le comhlachtaí poiblí ag an rialtas. Má choinníonn an rialtas faisnéis den sórt sin siar, féadfaidh an t-údarás imscrúdúcháin tátail a bhaint as an easpa comhair, lena n-áirítear go ndeimhneodh an fhaisnéis a iarradh, mar shampla, bunláithreacht an Stáit sna heintitis atá i gceist, rud a thugann le fios go bhfuil rialú fónta aige ar na heintitis sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go léireofaí le fianaise ar chomharthaí foirmiúla d'úinéireacht an Stáit, de rialú díreach ag an Stát, agus d'idirghabháil rialtais sa mhargadh chun cuspóirí beartais áirithe a bhaint amach, i gcomhthéacs nach bhfuil aon chomhoibriú ón rialtas i gceist freisin, go bhfuil na táirgeoirí ionchur dílsithe le húdarás rialtais agus go bhfeidhmíonn siad feidhmeanna rialtais.

(704) Ar deireadh, d'fhonn a mheas gur comhlachtaí poiblí iad, ní gá go mbeadh na soláthróirí atá i gceist á rialú ag Rialtas na Síne i ngach díolachán ionchuir a dhéantar le táirgeoirí iartheachtacha. Is í an cheist lárnach an bhfuil na príomhthréithe agus na príomhfheidhmeanna ag na heintitis féin a cháileodh iad mar chomhlachtaí poiblí.

(1) *An timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tSín*

(705) Mar a mhínítear go mionsonraithe in aithrisí (197) go (203), is saintréithe den timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch i nDaon-Phoblacht na Síne ina n-oibríonn soláthróirí ionchur feithiclí ceallra-leictreacha iad láithreacht láidir an rialtais agus rialú fairsing ag an rialtas, i gcás ina bhfuil tionchar cinntitheach ag an Stát ar leithdháileadh acmhainní agus ar a bpraghsanna. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs anailís a dhéanamh ar an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch a chruthaigh Rialtas na Síne chun ionchuir d'fheithiclí ceallra-leictreacha a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach, is fiú a mheabhrú ag an tús, dá réir sin, leibhéal idirghabhála Rialtas na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne maidir le geilleagar na Síne (féach, go háirithe, aithris (201)).

(706) I gcomhréir le foirceadal an gheilleagair mhargaidh shóisialta, déanann Rialtas na Síne ceart a éileamh ar struchtúr eacnamaíoch na tíre a mhúnlú, go háirithe i bhfianaise Airteagal 11 den Bhunreacht, ar dá réir a dhéanann an rialtas maoirseacht agus rialú go sainráite ar earnálacha neamhphoiblí an gheilleagair (féach go háirithe aithris (199)), lena n-áirítear, dá réir sin, soláthróirí ionchur feithiclí ceallra-leictreacha atá faoi úinéireacht phríobháideach fiú. Bunaithe ar an mbonn bunreachtúil sin agus le struchtúir institiúideacha agus eagraíochtúla i bhfeidhm, tá Rialtas na Síne in ann a chuspóirí beartais a shaothrú, go háirithe tríd an gcóras pleanála ilchasta (féach freisin aithris (203)) agus trí bhearta sonracha a ghlacadh, lena n-áirítear tacaíocht, do phríomhoibritheoirí in earnálacha atáthar a spreagadh.

(707) Mar a mhionsonrófar thíos, tá forbairt na n-ionchur réamhtheachtach chun ceallraí a tháirgeadh agus na ceallraí iad féin idirnasctha, ós rud é go bhfónann forbairt ionchur réamhtheachtach agus idirmheánach araon d'fhorbairt na hearnála feithiclí ceallra-leictreacha dá réir sin. Ní hamháin gur chuir Rialtas na Síne beartais agus bearta chun cinn chun an earnáil feithiclí ceallra-leictreacha agus na tionscail ina timpeall a fhorbairt ach chruthaigh sé creat uilechuimsitheach freisin. Léirítear leis an gcreat sin mar a dhéanann Rialtas na Síne idirghabháil sa mhargadh ionas nach oibreoirí saormhargaidh iad soláthróirí ionchur ach eintitis a dhéanann na feidhmeanna rialtais sannta, eadhon, an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt. Dá bhrí sin, déanfar anailís sa roinn seo ar an dá chuspóir beartais a bhaineann le hábhair réamhtheachtacha (i.e. príomh-ionchuir i dtáirgeadh ceallraí) agus ionchuir idirmheánacha amhail ceallraí, chomh maith le bearta sonracha arna nglacadh ag Rialtas na Síne lena saothraítear na cuspóirí sin.

([227]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *SAM — Dleachtanna Frithdhumpála agus Frithchúitimh ar Tháirgí Áirithe ón tSín*), WT/DS379/AB/R, mír 349.

(2) *Cuspóirí beartais Rialtas na Síne chun an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt*

(708) Le Roinn 3.1, mionsonraítear an cúlra agus an comhthéacs ábhartha lena mínítear an tábhacht a mheasann Rialtas na Síne a bhaineann le forbairt an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha, lena n-áirítear trí fhorbairt na dtionscal ina thimpeall mar thionscail atá ríthábhachtach chun go n-éireoidh le táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha. An cuspóir beartais uileghabhálach chun an earnáil feithiclí ceallra-leictreacha a spreagadh, lena n-áirítear trí ionchuir a sholáthar, léirítear é leis an líon mór rialachán agus doiciméad beartais agus pleananna eile arna n-eisiúint ag comhlachtaí rialtais éagsúla chun maoirseacht a dhéanamh ar gach gné de na hearnálacha sin i dtaca le ceallraí agus/nó lena n-ionchuir.

(709) Léirítear i bPlean Gníomhaíochta 2017 maidir le Forbairt Thionscal Ceallraí Cumhachta Gluaisteán a Chur Chun Cinn (*'Plean Gníomhaíochta 2017 maidir le Ceallraí'*), ([228]) a chumhdaítear *inter alia* in aithrisí (230) go (232), mar a chuimsítear le treoir bheartais an Rialtais slabhra luacha iomlán na bhfeithiclí nuafhuinnimh.

(710) Glacadh an plean sin *'chun an 'Fógra ón gComhairle Stáit maidir le hEisiúint Phlean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Coigilte Fuinnimh agus na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2012-2020)' (Guofa [2012] Uimh. 22) agus 'Tuairimí Treorach ó Oifig Ghinearálta na Comhairle Stáit maidir le Dlús a chur le Cur Chun Cinn agus Cur i bhFeidhm Feithiclí Nuafhuinnimh' (Guobanfa [2014] Uimh. 35) (...) a chur chun feidhme agus chun forbairt shláintiúil inbhuanaithe an tionscail feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn'* ([229]). Thairis sin, leis an bPlean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017, déantar foráil maidir le forbairt an tionscail ceallraí agus é de sprioc aige freastal ar a sheal ar fhorbairt an tionscail feithiclí nuafhuinnimh, a bhfuil an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha ina gcuid di (*'tá ceallraí cumhachta i gcroílár feithiclí leictreacha agus ríthábhachtach d'fhorbairt an tionscail feithiclí nuafhuinnimh'*). Na naisc sin idir an plean um cheallraí agus na príomhphleananna lena dtacaítear le táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, léiríonn siad gur spreag Rialtas na Síne forbairt an tionscail ceallraí mar thionscal atá ríthábhachtach d'fhorbairt na hearnála feithiclí ceallra-leictreacha. Go sonrach, léiríonn sé go bhfuil forbairt thionscal na gceallraí dírithe sa chaoi go bhfónann sí chun tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt trí chostais a laghdú chun ceallraí níos saoire a sholáthar. Ar deireadh, léiríonn sé an rogha a thugann Rialtas na Síne do tháirgeoirí ceallraí intíre, d'fhonn iad a neartú agus an dul i bhfód atá acu ar an margadh a spreagadh thar lear.

(711) I dteannta an Phlean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017 a luaitear thuas, is iad seo a leanas bunús dlí na rialacha agus na rialachán is ábhartha:

— An 13ú Plean Cúig Bliana um fhorbairt tionscal straitéiseach agus tionscal atá ag teacht chun cinn ([230]);

— An 14ú Plean Cúig Bliana um fhorbairt an tionscail amhábhar (*'An 14ú FYP um Amhábhair'*) ([231]);

— Catalóg na dTionscal atáthar a Spreagadh i Réigiún an Iarthair (Ordú Uimh. 40 [2021]) (*'Catalóg na dTionscal atáthar a Spreagadh'*)) ([232]);

— An Chatalóg maidir le hAthstruchtúrú Tionsclaíoch a Threorú (Ordú Uimh. 49 [2019]) (*'an Chatalóg Thionsclaíoch'*) ([233]);

— Plean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Coigilte Fuinnimh agus na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2012-2020) (*'An Plean um Fheithiclí Nuafhuinnimh* 2012-*2020'*) ([234]);

— Tuairimí Treorach maidir le hInfheistíocht a Leathnú i dTionscail Straitéiseacha atá ag Teacht Chun Cinn agus Pointí agus Moil Nua Fáis Neartaithe a Shaothrú (Ordú Uimh. 1409 [2020]) (*'Tuairimí Treorach maidir le hInfheistíocht'*) ([235]);

([228]) Féach ag: https://www.gov.cn/xinwen/2017-03/02/content_5172254.htm#2.
([229]) Féach ag: https://www.gov.cn/xinwen/2017-03/02/content_5172254.htm#1
([230]) Atá le fáil ag : https://www.gov.cn/zhengce/content/2016-12/19/content_5150090.htm. Tá aistriúchán i mBéarla le fáil ag https://cset.georgetown.edu/publication/national-13th-five-year-plan-for-the-development-of-strategic-emerging-industries/
([231]) Tá téacs iomlán an phlean ar fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html.
([232]) Le fáil ag https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202101/t20210126_1265895.html
([233]) Le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/2021-12/27/content_5713262.htm
([234]) Le fáil ag https://www.gov.cn/gongbao/content/2012/content_2182749.htm
([235]) Le fáil ag https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202009/t20200925_1239582.html. Tá aistriúchán i mBéarla le fáil ag https://cset.georgetown.edu/publication/new-chinese-ambitions-for-strategic-emerging-industries-translated/

— Fógra ón Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise agus ón Riarachán Stáit um Rialáil Margaidh maidir le forbairt chomhordaithe chobhsaí shlabhra an tionscail ceallraí ian litiam agus an tslabhra soláthair (‘*Fógra maidir leis an tionscal ceallraí*’) ([236]);

— Plean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2021-2035) (‘*An Plean um Fheithiclí Nuafhuinnimh 2021-2035*’) ([237]);

— Déanta sa tSín 2025 (‘*MIC 2025*’) ([238]);

— An Dlí maidir le hAcmhainní Mianracha (‘*MRL*’) ([239]);

— Coinníollacha caighdeánaithe an tionscail ceallraí ian litiam – leagan 2021 (‘Coinníollacha *caighdeánaithe*’) ([240]).

(712) Léirítear treoracha na bpleananna réamhluaite agus cuirtear chun feidhme iad sna pleananna comhfhreagracha cúigeacha, réigiúnacha, bardasacha agus áitiúla. Áirítear na nithe seo a leanas ar shamplaí díobh sin, ach níl siad teoranta dóibh:

— Plean Gníomhaíochta chun Forbairt Ardchaighdeáin Tionscail Ceallraí agus Ábhar Nuafhuinnimh a Chur Chun Cinn i gCúige Guizhou in 2022 (‘*Plean Gníomhaíochta Guizhou*’) ([241])

— ‘*Tuairimí Treoracha maidir le Dlús a Chur le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Ceallraí Litiam, Nuafhuinnimh agus Ábhar Nua*’ i gCúige Fujian (‘*Tuairimí Treoracha Fujian*’)) ([242]);

— Plean Speisialta Chathair Ningde um Fhorbairt Ardcháilíochta an Tionscail Monaraíochta le linn an 14ú Plean Cúig Bliana (‘*Plean Monaraíochta Ningde*’) ([243]);

— Plean forbartha Bhardas Shandong Zhaozuang 2021-2025 um an tionscal ceallraí litiam a fhorbairt (‘*Plean forbartha Shandong*’) ([244]);

— ‘*Tuairimí maidir le tacú le forbairt ardcháilíochta shlabhra an thionscail gluaisteán nuafhuinnimh*’ i gcúige Shenzhen (*plean Shenzhen*)) ([245]);

— An 14ú Plean Cúig Bliana ag Sichuan Suining maidir le forbairt ceallraí litiam (‘*Plean Suining*’) ([246]);

— Plean Acmhainní Mianracha Yichun (2021-2025) ([247]);

— Fógra maidir le roinnt beart beartais chun tionscal nuafhuinnimh ceallraí litiam a fheabhsú agus a neartú inár gcúige (Fógra Uimh. 21 [2022]) (‘*Bearta maidir le ceallraí ian litiam*’)) ([248]);

([236]) Le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-11/20/content_5727976.htm

([237]) Tá an leagan Sínise le fáil ag: http://www.gov.cn/zhengce/content/2020-11/02/content_5556716.htm and https://www.ndrc.gov.cn/fggz/fzzlgh/gjjzxgh/202111/t20211101_1302487.html?code=&state=123, Tá achoimre i mBéarla le fáil ag: https://transition-china.org/wp-content/uploads/2022/01/New-Energy-Vehicle-Industrial-Development-Plan.pdf.

([238]) Féach ag: https://www.gov.cn/zhengce/content/2015-05/19/content_9784.htm ; Tá an t-aistriúchán Béarla le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0432_made_in_china_2025_EN.pdf

([239]) Le fáil ag https://www.mee.gov.cn/ywgz/fgbz/fl/201904/t20190429_701421.shtml. Tá leagan Béarla le fáil ar shuíomh gréasáin na Daon-Chomhdhála Náisiúnta (NPC): http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Special/CombatingClimateChange/2009-08/28/content_1516264.htm

([240]) Le fáil ag https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/gg/art/2021/art_8c1b0573f1234c138faa03d0c38c8eda.html. Go sonrach, féach ceangaltán 1.

([241]) Le fáil ag http://gzvcpe.org/index.php?id=483

([242]) Le fáil ag https://h5.drcnet.com.cn/docview.aspx?version=edu&docid=6705522&leafid=47&chnid=1022

([243]) Le fáil ag https://www.ningde.gov.cn/zfxxgkzl/zfxxgkml/fggzhgf/xzgfxwj/202111/P020211122362938546996.pdf

([244]) Le fáil ag http://www.zzctp.gov.cn/zwgk/xxgkml/qzbm/jjfzj/202206/P020220608303013167796.pdf

([245]) Le fáil ag https://img3.gelonghui.com/pdf/b614c-1c9440f1-f551-4fe9-8501-2578ae44e544.pdf

([246]) Le fáil ag https://www.shehong.gov.cn/gongkai/show/bb8dce09764e4cb2aa9d9374f6e31743.html

([247]) Le fáil ag http://www.yichun.gov.cn/ycsrmzf/kjgh/202212/c173570ca3d7465aa8b27f999b0d3d00/files/%E5%AE%9C%E6%98%A5%E5%B8%82%E7%9F%BF%E4%BA%A7%E8%B5%84%E6%BA%90%E6%80%BB%E4%BD%93%E8%A7%84%E5%88%92%EF%BC%882021-2025%E5%B9%B4%EF%BC%89-20221215142744694.pdf

([248]) Le fáil ag http://www.yichun.gov.cn/ycsrmzf/jxszc/202210/12e1a57f3eb24bae9a873a819b6baca2.shtml

— *'Roinnt Tuairimí maidir le Bainistiú Acmhainní Mianracha Litiam a Neartú'* i mbardas Yichun (*'Acmhainní Mianracha Yichun'*)) ([249]).

(713) Na pleananna uile dá dtagraítear thuas, tá siad idirnasctha leis na pleananna níos ginearálta um fheithiclí ceallra-leictreacha a chumhdaítear i roinn 3.1. Go sonrach, chruthaigh Rialtas na Síne creat tacaíochta lena gcuimsítear gach leibhéal de shlabhra an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha, ó mhianadóireacht agus soláthar amhábhar le haghaidh táirgeadh ionchuir go hionchuir amhail ceallraí, mótair leictreacha, etc., go dtí an táirge deiridh.

(714) Is é an Dlí um Acmhainní Mianracha ('MRL') ([250]) an dlí náisiúnta lena rialaítear eastóscadh acmhainní mianracha agus clárú ceart mianadóireachta. Rinne Buanchoiste na Daon-Chomhdhála Náisiúnta MRL a fhógairt ar dtús an 19 Márta 1986 agus leasaíodh é in 1996 agus in 2009. Luaitear in Airteagal 3 den Dlí um Acmhainní Mianracha gur *'leis an Stát iad acmhainní mianracha'*, agus mínítear in Airteagal 4 gurb iad *'na fiontair mhianadóireachta atá faoi úinéireacht an Stáit an príomhchomhlacht i ndáil le mianadóireacht a dhéanamh ar acmhainní mianracha. Ráthaíonn an Stát comhdhlúthú agus leathnú fiontar mianadóireachta atá faoi úinéireacht an Stáit'*. Leis na *'Rialacha maidir le Cur Chun Feidhme an Dlí um Acmhainní Mianracha'* ([251]) (an *'Dlí Cur Chun Feidhme'*) athdhearbhaítear úinéireacht stáit ar acmhainní mianraí, agus sonraítear iontu an méid a chumhdaítear faoin Dlí ([252]) agus sainmhínítear a thuilleadh leo in Airteagal 3 nach n-athrófar *'úinéireacht an Stáit thar acmhainní mianracha dromchla agus fodhromchla* [...]. *Déanann an Chomhairle Stáit ionadaíocht don Stát chun an úinéireacht ar acmhainní mianracha a fhorghníomhú. Údaraíonn an Chomhairle Stáit don roinn inniúil den Chomhairle Stáit um gheolaíocht agus mianraí rialú aontaithe a fhorchur ar leithdháileadh acmhainní mianracha sa tír uile'*. Luaitear le hAirteagal 24 den Dlí Cur Chun Feidhme *'gur cheart leasanna reatha agus fadtéarmacha an rialtais láir agus na rialtas áitiúil a chur san áireamh agus acmhainní mianracha á ndáileadh, á bhforbairt agus á n-úsáid ar fud na tíre, agus pleanáil aontaithe, cosaint éifeachtach, saothrú réasúnach agus úsáid chuimsitheach a chur chun feidhme'*. Is é sin le rá, áirithíonn Rialtas na Síne go gcomhlíonann na fiontair sin atá faoi úinéireacht an Stáit na cuspóirí beartais atá leagtha síos ag Rialtas na Síne agus go ngníomhaíonn siad laistigh de na srianta dlíthiúla sin dá réir. Sainítear le hAirteagal 25 go ndréachtóidh an Chomhairle Stáit agus na ranna inniúla ábhartha an plean náisiúnta um acmhainní mianracha, lena ndéanfar *'socrú aontaithe maidir le leithdháileadh acmhainní mianracha náisiúnta, agus lena saineofar go réasúnta, idir an Rialtas Láir agus rialtais pobail na gcúigí, na réigiún féinrialaitheach agus na mbardas atá go díreach faoi rialú an Rialtais Láir, na teorainneacha a chuirfear le breithniú, formheas agus saothrú acmhainní mianracha'*. Dá réir sin, tá rialú iomlán ag an rialtas ar leithdháileadh acmhainní, is féidir leis a shainiú cé a fhaigheann na cearta mianadóireachta agus cé na teorainneacha a chuirtear lena mbaintear, bunaithe ar phrionsabail *'na pleanála aontaithe, an dáilte gheografaigh réasúnaigh, na taiscéalaíochta ilchuspóirí, na mianadóireachta réasúnaí agus na húsáide ilchuspóirí'* (Airteagal 7 de MRL). Mar thoradh ar na rialacha ceangailteacha sin, déanann na fiontair faoi úinéireacht an stáit atá cumhdaithe feidhmeanna rialtais a fheidhmiú.

(715) I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise, an Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta agus an Aireacht Acmhainní Nádúrtha an 14ú Plean Cúig Bliana um hAmhábhair. ([253]) Cumhdaíonn an plean roinnt earnálacha tionsclaíocha, agus tacaíonn sé le fiontair litiam, nicile agus cóbailt agus braislí tionsclaíocha a bhunú, agus le *'córas cúltaca acmhainní mianracha a chothú ina nglacann an stát agus na fiontair páirt i gcomhpháirt le chéile agus ina gcomhcheanglaíonn siad cúltaiscí táirgí agus cúltaiscí limistéir acmhainní. Feabhas a chur ar chóras an mhargaidh trádála mianta agus sásra praghsála oscailte, trédhearcach, cothrom agus réasúnta a chruthú.'* ([254])

(716) Cé go bhfuil feidhm ag an Dlí um Acmhainní Mianracha agus ag an 14ú Plean Cúig Bliana um Amhábhair ar an leibhéal náisiúnta agus go bhfuil siad sách dearfach faoin bhfíoras gur leis an Stát acmhainní mianracha, soláthraítear le Plean Forbartha Thionscal na bhFeithiclí Nuafhuinnimh (2021-2035) fianaise ar thacaíocht ar fud an tslabhra soláthair ar fad go sonrach chun an earnáil feithiclí nuafhuinnimh a spreagadh, a n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí hibrideacha araon inti. Sainordaítear leis an bPlean go *'*[n]*déanfar forbairt an tslabhra luacha ceallraí cumhachta ina iomláine a chur chun cinn* [agus] *fiontair a spreagadh chun feabhas a chur ar a gcumas príomhacmhainní amhail litiam, nicil, cóbalt agus platanam a dhaingniú'* ([255]).

([249]) Le fáil ag https://www.yichun.gov.cn/ycsrmzf/yff8e/200911/b1fc3970e57b494bb9c413632d1b47f9.shtml

([250]) Le fáil ag https://www.mee.gov.cn/ywgz/fgbz/fl/201904/t20190429_701421.shtml. Tá leagan Béarla le fáil ar shuíomh gréasáin na Daon-Chomhdhála Náisiúnta (NPC): http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Special/CombatingClimateChange/2009-08/28/content_1516264.htm

([251]) Le fáil ag https://www.gd.gov.cn/zwgk/gongbao/1994/10/content/post_3357141.html. Tá aistriúchán Béarla le fáil ar shuíomh gréasáin FAO: https://faolex.fao.org/docs/pdf/chn128687.pdf

([252]) Mar shampla: litiam, copar, báicsít, nicil, graifít, fosfar, salann mianrach, etc.

([253]) Tá téacs iomlán an phlean ar fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html.

([254]) Le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/content_5665166.htm

([255]) Le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/content/2020-11/02/content_5556716.htm

(717) Leis an 13ú Plean Cúig Bliana um Fhorbairt Tionscal Straitéiseach agus Tionscal atá ag Teacht Chun Cinn, leagtar amach na cuspóirí seo a leanas: '*Ag díriú ar riachtanais forbartha* (...) *feithiclí nuafhuinnimh agus tionscal eile,* [cuirfidh an tSín le] *cóimhiotail éadroma ardnirt, snáithíní ardfheidhmíochta, cóimhiotail speisialta, ardábhair neamh-mhiotalacha neamhorgánacha, cruach speisialta ardchaighdeáin, ábhair taispeána nua, ábhair ceallraí cumhachta,* (...) [agus déanfaidh sí] *breisluach ábhar nua a mhéadú, brandaí ábhar nua a chothú, agus iomaíochas idirnáisiúnta a fheabhsú.*' Áirítear sa Phlean seo freisin príomhchúram 21, is é sin, '*Cur i bhfeidhm feithiclí nuafhuinnimh ar mhórscála a thabhairt chun fíre agus cur chun feidhme tionscadal feabhsaithe ceallraí cumhachta feithiclí nuafhuinnimh a eagrú*' lena ndearbhaítear go bhfuil forbairt na hearnála ceallraí ríthábhachtach maidir leis an sprioc dheiridh chun feithiclí nuafhuinnimh (lena n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha) a fhorbairt.

(718) Tá trí chatagóir sa Chatalóg um Athstruchtúrú Tionsclaíoch a Threorú (Ordú Uimh. 49 [2019]) ([256]) a d'eisigh an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú (NDRC) agus atá i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2020 –'*atáthar a spreagadh*', '*srianta*', agus '*i léig*' agus léirítear ann mar a spreagann an Rialtas forbairt tionscal áirithe agus teicneolaíochtaí sonracha áirithe go sainráite agus mar a thacaíonn sé go sainráite leis an bhforbairt sin, fad a bhíonn sé ag díspreagadh, ag srianadh agus fiú ag toirmeasc forbairt tionscal agus teicneolaíochtaí áirithe eile. Léirítear gur tionscail atáthar a spreagadh iad gach príomheilimint de shlabhra soláthair na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, amhail ábhair leictreoide deimhní amhail LFP, ceallraí ian litiam, leictrilítí, tionscadail taiscéalaíochta litiam ([257]), ábhair scragaill copair ardfheidhmíochta, graifít, alúmanam, agus cruach le haghaidh thionscal an nuafhuinnimh. Athdhearbhaítear a thuilleadh leis sin nach measann an rialtas gur tionscal neamhspleách é an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha ach go samhlaíonn sé go gcruthófar creat uilechuimsitheach chun an tionscal seo a fhorbairt, agus chun dálaí fabhracha margaidh a chruthú lena gcuirfí ar chumas na dtáirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha buntáiste iomaíoch a fháil ar ghníomhaithe eachtracha. Cuireadh eagrán 2024 den Chatalóg um Athstruchtúrú Tionsclaíoch a Threorú in ionad eagrán 2019, le héifeacht ón 1 Feabhra 2024 ([258]). Saintréith den chatalóg is déanaí is ea fócas leathnaithe ar earnálacha nua ardteicneolaíochta agus teicneolaíochta glaise a thagann faoin gcatagóir '*tionscail atáthar a spreagadh*', amhail monaraíocht chliste, uathoibriú meaisíní, gabháil, úsáid, agus stóráil carbóin hidrigine glaise, agus grianchealla den chéad ghlúin eile.

(719) Deimhnítear le Plean um Feithiclí Nuafhuinnimh 2021-2035 an treoir bheartais maidir leis an slabhra soláthair ina iomláine ó phríomh-amhábhair amhail litiam, nicil agus cóbalt go dtí feabhas a chur ar an bpróiseas agus ar na héifeachtúlachtaí táirgthe chun '*gníomhaíochtaí ceannródaíocha teicneolaíochta ceallraí a chur chun feidhme; go ndéanfar taighde ar phríomhtheicneolaíochtaí ríthábhachtacha amhail ábhair leictreoide deimhní agus diúltaí, leictrilítí, deighilteoirí, agus leictreoidí scannáin, agus go neartófar taighde teicniúil maidir leis na heasnaimh a bhaineann le ceallraí cumhachta ardfheidhmíochta, éadroma, ardsábháilteachta, ísealchostais, fadré*' ([259]).Cumhdaítear ceallraí le haghaidh feithiclí nuafhuinnimh freisin i Roinn 2 de Chaibidil IV, ar a bhfuil an lipéad '*Cur i bhfeidhm nuálach príomhchóras a chur chun cinn*', a fhéachann le forbairt an tslabhra luacha ceallraí ina iomláine a chur chun cinn. Áirítear leis sin, go háirithe, cuideachtaí a spreagadh rochtain a dhaingniú ar phríomhacmhainní amhail litiam, nicil, cóbalt agus platanam. Is iad an Plean um Feithiclí Nuafhuinnimh 2021-2035 agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Ceallraí 2017, lena ndéantar foráil freisin do dhíolúintí agus dreasachtaí cánach agus do thacaíocht infheistíochta ón rialtas, na príomhphleananna rialtais lena gcumhdaítear an tionscal ceallraí.

(720) Is sampla eile é Déanta sa tSín 2025 de thacaíocht uilechuimsitheach an rialtais don tionscal. Is straitéis náisiúnta í sin a fógraíodh in 2015 lena ndírítear ar dheich gcroí-earnáil a fhaigheann tacaíocht agus aird ar leith sa tréimhse suas le 2025. Deonaítear an tacaíocht trí iasachtaí ó bhainc faoi úinéireacht an Stáit ar bhonn neamhthráchtála agus trí dhíolúine ó chaighdeáin agus rialacháin áirithe a chomhlíonadh, i measc pribhléidí eile. Áirítear tionscal ceallraí na Síne ar na hearnálacha a dtacófar leo mar chuid lárnach den earnáil feithiclí nuafhuinnimh: *Feithiclí coigilte fuinnimh agus feithiclí nuafhuinnimh: Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt feithiclí leictreacha agus feithiclí breosla-chille,* (...) *agus feabhas a chur ar innealtóireacht agus ar thionscal croítheicneolaíochtaí amhail ceallraí cumhachta, mótair tiomána, innill dócháin inmheánaigh ardéifeachtúlachta, ard-traiseoltaí, ábhair éadroma, agus cumais rialaithe chliste,* ***chun córas tionsclaíoch iomlán agus córas nuálaíochta a chruthú ó phríomh-chomhpháirteanna go feithiclí iomlána*** [béim curtha leis]*, agus brandaí neamhspleácha feithiclí caomhnaithe fuinnimh agus feithiclí nuafhuinnimh a chur chun cinn le bheith i gcomhréir le hardleibhéil idirnáisiúnta* ([260]).

([256]) Le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/2021-12/27/content_5713262.htm

([257]) Faoi Roinn 11 (An Tionscal Peitriceimiceach), pointe 2: '*Taiscéalaíocht, forbairt agus úsáid chuimsitheach acmhainní mianracha ganna amhail sulfar, potaisiam, bórón, litiam agus bróimín; teicneolaíocht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun úsáid chuimsitheach a bhaint as fuíoll tiúcháin fosfáite; mian fosfairíte agus fluairíte de ghrád íseal agus meánach a roghnú agus a úsáid; agus úsáid chuimsitheach a bhaint as acmhainní atá bainteach le mian fosfairíte agus fluairíte*'.

([258]) Féach https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/t20231229_1362999.html

([259]) Féach fonóta 237.

([260]) Féach Pointe III.6.6 den Fhógra ón gComhairle Stáit maidir le MIC 2025 atá le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/content/2015-05/19/content_9784.htm

(721) Le *'Tuairimí Treoracha maidir le hInfheistíocht a Mhéadú i dTionscail Straitéiseacha atá ag Teacht Chun Cinn agus Pointí Fáis Nua agus Moil Fáis a Chothú agus a Neartú'* (Ordú Uimh. 1409 [2020]) ([261]) ón NDRC, sainordaítear gur cheart don rialtas, i bpríomhréimsí tionsclaíocha amhail an tionscal ábhar nua ([262]) agus an tionscal feithiclí nuafhuinnimh, braislí tionsclaíocha a chruthú agus *'foirmiú moil nua fáis réigiúnacha a chur chun cinn'*, an timpeallacht ghnó a bharrfheabhsú agus tacaíocht fhioscach agus infheistíochta a mhéadú. Leis na Tuairimí Treoracha, cuirtear tionscail straitéiseacha náisiúnta atá ag teacht chun cinn chun tosaigh freisin trí *'beartais fhioscacha, talún, airgeadais, eolaíochta agus teicneolaíochta, tallainne, maoine intleachtúla, etc. a úsáid'*. ([263]) Le Roinn IV de na Tuairimí Treorach tugtar treoracha níos soiléire maidir le cistiú agus tacaíocht infheistíochta, amhail: cistí rialtais, caipiteal fiontair, agus cistí infheistíochta tionscail arna gcistiú ag an rialtas. Leis na Tuairimí Treorach, spreagtar institiúidí airgeadais méadú a dhéanamh ar an tacaíocht do chroífhiontair sa slabhra táirgeachta agus seirbhísí airgeadais le haghaidh fiontair réamhtheachtacha agus iartheachtacha sa slabhra táirgeachta a bharrfheabhsú, agus spreagtar bainc freisin ionaid seirbhísí airgeadais nó aonaid ghnó a bhunú le haghaidh tionscail atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an tionscal feithiclí nuafhuinnimh. Leis na Tuairimí Treorach, tacaítear go sainráite don chomhar idir an rialtas, bainc agus fiontair, agus tacaítear leis an méadú ar eisiúint bannaí ag fiontair i dtionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an tionscal feithiclí nuafhuinnimh. Ar an leibhéal airgeadais, is iad na ranna freagracha ainmnithe PBOC, Coimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne, Coimisiún Rialála Urrús na Síne, agus an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú ([264]).

(722) Ina theannta sin, áirítear táirgeoirí ceallraí agus soláthróirí amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh ceallraí i gCatalóg na dTionscal Atáthar a Spreagadh freisin agus is féidir leo tairbhe a bhaint as ráta cánach laghdaithe 15 %.

(723) Cé go dtugtar treoir leis na cuspóirí agus na bearta a leagtar amach sna pleananna agus doiciméid bheartais ar an leibhéal lárnach maidir le forbairt na gceallraí agus na n-ionchur réamhtheachtach atá nasctha leis an earnáil feithiclí nuafhuinnimh chun leasa an tionscail feithiclí fuinnimh ina iomláine, tá na pleananna cúigeacha agus áitiúla dírithe freisin chun aghaidh a thabhairt ar shainghnéithe a gcríche agus ar shainghnéithe na gcuideachtaí atá bunaithe ann. Go sonrach, soláthraítear leo aidhmeanna agus spriocanna mionsonraithe maidir leis an mbealach chun táirgeadh áitiúil a chothú agus slabhraí soláthair a rialú don tionscal intíre, lena gcuimsítear gach gné d'fhorbairt an tionscail agus lena dtugtar treoracha soiléire maidir leis na cineálacha dreasachtaí a thairgtear do chuideachtaí feadh an tslabhra soláthair.

(724) Tá roinnt Pleananna áitiúla um Acmhainní Mianracha ann, arb éard atá iontu na treoirlínte le haghaidh cúigí agus cathracha maidir le taiscéalaíocht agus mianadóireacht a dhéanamh ar acmhainní mianracha agus lena leagtar síos an sprioc do 2025 maidir le taiscéalaíocht agus forbairt a dhéanamh ar acmhainní mianracha. Sampla amháin díobh sin is ea Plean Acmhainní Mianracha Yichun (2021-2025) ([265]). Is é sprioc luaite Phlean Acmhainní Mianraí Yichun bonn tionscail ceallraí litiam a chothú a mbeidh tionchar idirnáisiúnta aige ([266]). Soláthraíonn an plean sin forbhreathnú mionsonraithe freisin ar na mianaigh agus ar na tionscail atá beartaithe as an nua timpeall air. Mar shampla, tógadh Crios Forbartha Mianadóireachta Tantalum-Niaibiam-Litiam Yichun Yashan agus é de sprioc leis tacú le braisle tionscail ceallraí litiam agus nuafhuinnimh Yichun a fhorbairt, braisle ar fiú 100 billiún é ([267]).

(725) Tá forálacha sa Phlean Fuinnimh maidir le spriocanna forbartha ('*faoi 2025 [...] sroichfidh* [táirgeadh bliantúil] *ábhair leictreoidí dhearfaigh níos mó ná 800 000 tonna, agus sroichfidh réamhtheachtaí an ábhair leictreoidí dhearfaigh níos mó ná 500 000 tonna*'), spriocanna bliantúla táirgeachta ('*dlús a chur le [...] cumas táirgeachta bliantúil ceallraí ian litiam ar cheart dóibh 100GWh a bhaint amach, a sroichfidh a gcumas táirgthe ceallraí cumhachta 60GWh*. [...] *Tógáil coimpléisc fuinnimh ceallraí litiam uirbeach cúig in a haon a chur chun cinn a mbeidh "luchtú, stóráil, ullmhú, athsholáthar*

([261]) Le fáil ag https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/tz/202009/t20200925_1239582.html. Tá aistriúchán i mBéarla le fáil ag https://cset.georgetown.edu/publication/new-chinese-ambitions-for-strategic-emerging-industries-translated/

([262]) Roinn II(4): *'Feabhas a chur ar leibhéil theicniúla úsáide mianraí tearc-chré, vanaidiam-tíotáiniam, tungstain-molaibdéinim, litiam, rubaidiam-caeisiam, graifíte, agus acmhainní speisialta eile sna naisc idir mianadóireacht, bruithniú agus domhainphróiseáil'*.

([263]) Roinn III(9) de na Tuairimí Treorach maidir le hInfheistíocht a Leathnú i dTionscail Straitéiseacha atá ag Teacht Chun Cinn.

([264]) Roinn IV(15) de na Tuairimí Treorach maidir le hInfheistíocht a Leathnú i dTionscail Straitéiseacha atá ag Teacht Chun Cinn.

([265]) Le fáil ag http://www.yichun.gov.cn/ycsrmzf/kjgh/202212/c173570ca3d7465aa8b27f999b0d3d00/files/%E5%AE%9C%E6%98%A5%E5%B8%82%E7%9F%BF%E4%BA%A7%E8%B5%84%E6%BA%90%E6%80%BB%E4%BD%93%E8%A7%84%E5%88%92%EF%BC%882021-2025%E5%B9%B4%EF%BC%89-20221215142744694.pdf

([266]) Féach Caibidil 4, Roinn 1 den Phlean um Acmhainní Mianracha Yichun.

([267]) Féach colún 6 den Phlean um Acmhainní Mianracha Yichun.

agus díolacháin" i gceist leis, agus féachaint lena áirithiú go mbeidh ioncam oibriúcháin thionscal ceallraí litiam na cathrach níos mó ná 100 billiún yuan'), agus spriocanna brabúis (*faoi 2025 (...) Féachfaimid le trí fhiontar a chothú ag a mbeidh ioncam oibriúcháin níos mó ná 10 billiún yuan agus 15 fhiontar a chothú ag a mbeidh ioncam oibriúcháin níos mó ná 1 billiún yuan, agus braisle forbartha srathaithe d'fhiontair mhóra, d'fhiontair mheánmhéide, d'fhiontair bheaga agus de mhicrifhiontair a chruthú*'), agus tugtar treoracha i bPlean Forbartha Shandong maidir leis na spriocanna díolacháin (*'Ó 2021 go 2025, tabharfaimid isteach níos mó ná 5-10 bpríomhfhiontar ceallraí litiam a tháirgfidh ceallraí cumhachta solais, ceallraí cumhachta agus ceallraí stórála fuinnimh, grúpa d'fhiontair tacaíochta a chothú ag a mbeidh ioncam díolacháin idir 500 milliún agus 1 billiún yuan, agus braisle thionsclaíoch de 50-100 fiontair réamhtheachtacha agus iartheachtacha sa slabhra tionscail nuafhuinnimh ceallraí litiam a chur ar bun*').

(726) Is mol mór táirgthe litiam é Jiangxi, agus is é an cúige ina bhfuil Yichun suite, a dtugtar '*príomhchathair litiam na hÁise*' ([268]) air. Mar gheall ar a fhlúirse a chúltaisce litiam, tugann an cúige aird ar leith ar earnáil na n-ábhar nuafhuinnimh agus na gceallraí litiam. I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'eisigh an cúige an 'Fógra maidir le roinnt beart beartais chun an tionscadal nuafhuinnimh ceallraí litiam a fheabhsú agus a neartú inár gcúige' [Fógra Uimh. 21 [2022]) ([269]) ('*Bearta*'). Taispeántar tacaíocht ar gach leibhéal den slabhra soláthair, ag tosú ó sholáthar na n-acmhainní mianracha chomh fada le bunú thionscail na gceallraí litiam. Sna Bearta, mar shampla, tá sé beartaithe go gcuirfí cistí treorach ar bun chun taiscéalaíocht, forbairt agus infheistíocht a dhéanamh i leith acmhainní mianracha litiam ([270]). Tá roinnt cineálacha cúitimh, luaíochtaí ([271]), agus tacaíochta ó thaobh úsáid talún, úsáid leictreachais ([272]), úsáid gáis, etc., ([273]) mar thaca leis an tionscal ceallraí i Jiangxi, gealltanais chothromais agus cúiteamh árachais san áireamh.

(727) Shuigh an Coimisiún freisin gur thosaigh Bardas Yichun in 2009 cheana féin ar acmhainní mianracha na cathrach a stiúradh agus a chosaint chun forbairt thionscal nuafhuinnimh na gceallraí a chur chun cinn. Cumhdaítear an méid sin le '*Roinnt Tuairimí maidir le Bainistiú Acmhainní Mianracha Litiam a Neartú*' ([274]) ('*Acmhainní Mianracha Yichun*') de chuid bhardas Yichun. Sainítear thairis sin in Airteagal 3 go bhfuil Oifig Treoirghrúpa Yichun um Fhorbairt Thionscal Nuafhuinnimh na gCeallraí Litiam freagrach as forbairt agus úsáid chuimsitheach acmhainní mianracha litiam sa chathair a threorú agus a chomhordú, agus as soláthar cobhsaí litiam a áirithiú le haghaidh fhiontair ceallraí na cathrach. In Airteagal 6, tugann an rialtas bardasach treoir bhreise d'fhiontair mianadóireachta litiam chun '*tacú agus cuidiú go gníomhach le fiontair nuafhuinnimh ceallraí* [Yichun] *chun bheith níos mó agus níos láidre, agus comhpháirtíocht straitéiseach fhadtéarmach chomhoibritheach agus chomhthairbheach a bhunú idir* [cuideachtaí mianadóireachta agus cuideachtaí ceallraí]'. In Airteagal 7 tugtar treoracha maidir leis an sásra praghsála atá i bhfeidhm chun monaplacht praghsanna a chosc. Tá an Treoirghrúpa i gceannas ar '*cheannaireacht a thabhairt maidir le fiontair nuafhuinnimh litiam*' agus '*cuideachtaí mianadóireachta] a eagrú chun coigeartuithe a dhéanamh bunaithe ar threocht forbartha an mhargaidh ar an mbonn go gcinnfear praghas tagarmhairc, agus praghas soláthair an mhíoca litiam, a theastaíonn ó fhiontair nuafhuinnimh an litiam, a chaibidliú agus a chinneadh go haonfhoirmeach*'.

(728) Chomh maith leis sin, tá forálacha sonracha i bpleananna cúigeacha Fujian agus i bpleananna bardasacha Ningde maidir leis an gcineál tacaíochta a chuirtear ar fáil, agus is amhlaidh go luaitear na cuideachtaí a dtacaítear leo go sainráite féin sna pleananna céanna. Is amhlaidh atá i gcás an táirgeora ceallraí is mó ar domhan, CATL, a bhfuil a cheanncheathrú agus saoráidí táirgthe tábhachtacha aige sa chúige sin.

([268]) Ar an díospóid maidir le Caipitil Litiam sa tSín de réir dhearcadh Yichun de Mhianach Guoxuan Suo, Margadh Miotal Shang-hai. Le fáil ag https://news.metal.com/newscontent/101490021/on-the-dispute-of-lithium-capital-in-china-from-the-perspective-of-yichun-of-guoxuan-suo-mine

([269]) Le fáil ag http://www.yichun.gov.cn/ycsrmzf/jxszc/202210/12e1a57f3eb24bae9a873a819b6baca2.shtml

([270]) Pointe 5 de na Bearta.

([271]) Pointe 3 de na Bearta.

([272]) Pointe 1 de na Bearta.

([273]) Pointe 8 de na Bearta.

([274]) Le fáil ag https://www.yichun.gov.cn/ycsrmzf/yff8e/200911/b1fc3970e57b494bb9c413632d1b47f9.shtml

(729) Sa 13ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Fujian maidir le Feithiclí Nuafhuinnimh a Fhorbairt, tugtar le fios *with CATL at the core* [Fujian Province] *shall actively promote the expansion of industry chains such as power batteries.* ([275]) [agus CATL i croílár na hoibre, déanfaidh [Cúige Fujian] leathnú na slabhraí tionscail amhail ceallraí cumhachta a chur chun cinn go gníomhach].

(730) Le *Tuairimí Treorach Fujian*, tacaítear leis an infheistíocht i dtionscadail ardcháilíochta i réimsí na gceallraí litiam, an fhuinnimh nua agus na n-ábhar nua, agus táthar ag féachaint le hinstitiúidí airgeadais a chur chun cinn chun dul i gcomhar le tionscail ghaolmhara mar aon le cistí ar leith chun infheistiú agus iasachtaí a dhéanamh, tacaíocht chreidmheasa a mhéadú ar mhaithe le tionscadail an tionscail i leith ceallraí litiam, fuinneamh nua agus ábhair nua, lena n-áirítear tacaíocht trí lascaine úis le haghaidh mórthionscadail tógála i réimse bhonn táirgthe na gceallraí litiam, an fhuinnimh nua agus na n-ábhar nua. Moltar sa Phlean freisin córas nuálaíochta tionsclaíoch neamhspleách agus '*inrialaithe*' a chruthú, ag tacú le forbairt ardán nuálaíochta cosúil leis an Ionad Taighde Innealtóireachta Náisiúnta um Theicneolaíocht Stórála Fuinnimh Leictriceimiceach de CATL. Is léiriú é sin ar bheartais náisiúnta a bheith á gcur chun feidhme ag rialtas áitiúil, i gcomhar le fiontar príobháideach. Go deimhin, tá tógáil ardáin nuálaíochta ceallraí cumhachta, a mbeidh comhar idir fiontair, ollscoileanna agus ionaid taighde mar bhunchloch dó, i measc phríomhchúraimí an Phlean Gníomhaíochta maidir le Ceallraí 2017 ([276]).

(731) Le Plean ar Leith Chathair Ningde um Fhorbairt Ardcháilíochta an Tionscail Mhonaraíochta le linn an 14ú Plean Cúig Bliana ([277]), leagtar amach an sprioc go sroichfear 350 GWh d'acmhainneacht táirgeachta ceallraí litiam faoi 2025, agus go mbeidh an chathair ina ceannaire tionscail trí CATL a fhorbairt. Léirítear naisc dhoimhne CATL le rialtais bardas agus cúigí éagsúla freisin leis an gcomhaontú um chomhar straitéiseach a síníodh in 2021 idir CATL agus Daon-Rialtas Chúige Guizhou ([278]), arbh é tionscadal Bhonn Monaraíochta Ceallraí Cumhachta Nuafhuinnimh agus Ceallraí Stórála Fuinnimh CATL Guizhou an toradh a bhí air. ([279]) Deimhníonn Stiúrthóir Oibríochtaí CATL Guizhou na naisc dhoimhne sin go sainráite freisin agus é á dhearbhú aige '*go leanfaidh Cuideachta CATL Guizhou de bheith ag cloí leis an bhforbairt ardcháilíochta nuálach (...) agus de thacú go gníomhach le spriocanna forbartha ardcháilíochta Choiste Oibre agus Bainistíochta Cheantar Nua Gui'an agus de na spriocanna sin a chomhlíonadh, agus de rannchuidiú le slabhra tionscail an fhuinnimh nua a chruthú in Guiyang agus Gui'an*' ([280]). Tá Guiyang agus Gui'an araon lonnaithe i gcúige Guizhou. Ar na samplaí eile de dhlúth-rannpháirtíocht rialtais, tá an comhaontú cuimsitheach maidir le comhar le rialtas Zhaoqing, ([281]) an comhaontú maidir le comhar straitéiseach le rialtas chúige Sichuan ([282]) agus Shudao Investment Group, grúpa infheistíochta atá faoi úinéireacht an stáit ([283]). Ina theannta sin, comhoibríonn CATL maidir leis an heicseafluarafosfáit litiam freisin, ar cineál litiam é a úsáidtear mar leictrilít i gcadhnraí ian litiam, agus maidir leis an bhfosfáit iarainn le Guizhou Phosphate Chemical Group, ar fiontar faoi úinéireacht Stáit atá ann. Thairis sin, i mí na Nollag 2021, bhunaigh CATL Guizhou, fochuideachta de chuid CATL, Guizhou Shidai Mining Co., Ltd., cuideachta mianadóireachta le Guizhou Phosphate Chemical Group ([284]). Luaitear Guizhou Phosphate Chemical Group i bPlean Gníomhaíochta Guizhou, lena leagtar síos spriocanna táirgthe sonracha le haghaidh na gcuideachtaí atá lonnaithe i gcúige Guizhou agus a tháirgeann ábhair a úsáidtear le haghaidh an aistrithe fuinnimh. Tá spriocanna soiléire sa phlean maidir le táirgeadh bliantúil na fosfáite iarainn litiam, ar leictrilít atá inti, a iompraíonn iain idir an anóid agus an chatóid i gceallraí ian litiam, agus tugtar léiriú soiléir sa phlean ar na ranna agus ar na haonaid rialtais atá freagrach as na spriocanna sin. Go sonrach, i measc na gcuideachtaí éagsúla a luaitear, ó thaobh tháirgeadh bliantúil Guizhou Phosphorus Chemical New Energy de, ba cheart 30 000 tona d'fhosfáit iarainn a shroicheadh, agus ó thaobh Guizhou Yuneng de, ba cheart táirgeadh bliantúil 150 000 tona d'fhosfáit iarainn litiam a shroicheadh.

([275]) Le fáil ag https://pdf.dfcfw.com/pdf/H3_AP201709300922205858_01.pdf
([276]) Féach Roinn III (1) de Phlean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017
([277]) Le fáil ag https://www.ningde.gov.cn/zfxxgkzl/zfxxgkml/fggzhgf/xzgfxwj/202111/P020211122362938546996.pdf
([278]) Le fáil ag https://www.catl.com/en/news/790.html
([279]) Info le fáil ag https://www.catl.com/news/6263.html
([280]) Féach Guizhou Daily, 10 March 2023 le fáil ag http://szb.eyesnews.cn/pc/cont/202303/10/content_88202.html
([281]) CATL signs comprehensive cooperation agreement with the city of Zhaoqing, CATL, an 12 Deireadh Fómhair 2023. Le fáil ag https://www.catl.com/en/news/6122.html
([282]) Sichuan Province and CATL deepen strategic cooperation, CATL, 05 February 2024, le fáil ag https://www.catl.com/en/news/6213.html
([283]) CATL and Shudao Investment Group reach strategic cooperation, CATL, 18 Feabhra 2024. Le fáil ag https://www.catl.com/en/news/6218.html
([284]) CATL sets up mining company after BYD, CnEVPost, 4 Eanáir 2022. Le fáil ag https://cnevpost.com/2022/01/04/catl-sets-up-mining-company-after-byd/

(732) Tá dlúthnasc idir forbairt CATL agus cathair Nindge, toisc go leagann an chathair amach an sprioc chun acmhainneacht táirgeachta ceallraí litiam 350 GWh a bhaint amach faoi 2025, agus ceannaire tionscail a dhéanamh di féin trí bheith'[ag díriú] *ar an tríú, an ar an gceathrú agus ar an gcúigiú céim de mhéadú ar acmhainneacht CATL agus CATL New Energy Technology agus tógáil thionscadail CATL FAW a chur chun cinn, leanúint de bheith ag méadú an dá mhórcheannaire tionsclaíocha, is iad sin CATL agus CATL New Energy Technology, tuilleadh méadaithe a chur ar acmhainneacht táirgeachta ceallraí cumhachta agus ar an sciar den mhargadh* [...] ' ([285]). Ar na bearta tacaíochta eile atá ann, áirítear fóirdheontais chun trealamh a cheannach ([286]), luaíochtaí bunaithe ar aschur bliantúil na bhfiontar ([287]), agus tacaíocht airgeadais ([288]).

(733) Ar deireadh, maidir le Shenzhen, mar a bhfuil ceanncheathrú BYD lonnaithe, i measc cuideachtaí eile, tugann *Plean Shenzhen* treoracha mionsonraithe maidir leis an gcineál tacaíochta airgeadais ar cheart d'institiúidí baincéireachta agus airgeadais a sholáthar don tionscal ar feadh a shlabhra soláthair tríd síos, ag tosú ón soláthar earraí chomh fada le borradh a chur faoin tomhaltas feithiclí nuafhuinnimh ag tomhaltóirí. Mar shampla, le plean Shenzhen, bítear in ann '*tacaíocht a thabhairt do chroífhiontair chun billí slabhra soláthair a eisiúint, agus institiúidí airgeadais a spreagadh chun maoiniú lascaine ar bhillí slabhra soláthair a mhéadú,* [...] *ag tacú le hinstitiúidí airgeadais baincéireachta chun díriú ar threo forbartha gheilleagar thionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh* [...] *ag déanamh pleananna seirbhíse airgeadais saolré iomláine a fhoirmliú, agus ag cur chun feidhme modhanna solúbtha praghsála iasachta agus aisíocaíochta úis*' ([289]). I gcás cuideachtaí feithiclí nuafhuinnimh, tugtar sainordú d'institiúidí airgeadais leis an bplean chun '*tacaíocht chreidmheasa a mhéadú don chlaochlú teicneolaíoch, infheistíocht Taighde & Forbartha, méadú táirgthe, cion na n-iasachtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha a mhéadú* ([290])' agus 'iniúchadh agus forbairt a dhéanamh go gníomhach ar tháirgí nuálacha amhail *iasachtaí gealltáin maidir le cearta ioncaim do phointí feithiclí nuafhuinnimh agus iasachtaí laghdaithe astaíochtaí carbóin chun tacú le forbairt ghlas agus ísealcharbóin cuideachtaí feithiclí.* ([291])'

(734) Tacaíonn institiúidí airgeadais le cuideachtaí ceallraí cumhachta trí ráthaíochtaí airgeadais, nascáil idir infheistíocht agus iasachtaí, iasachtaí sindeacáite, etc., ([292]) agus tacaítear le cuideachtaí mótair agus rialaithe leictreonaigh trí iasachtaí eolaíochta agus teicneolaíochta, caipiteal fiontair, maoiniú cothromais, etc ([293]). Ag an gcéim dheiridh de thomhaltas feithiclí nuafhuinnimh, '*spreagtar institiúidí airgeadais chun a dtacaíocht do chreidmheas tomhaltóirí gluaisteán a mhéadú, nuálaíochtaí i dtáirgí iasachta ar líne a fhiosrú, modhanna nua a ghlacadh chun riosca digiteacha a rialú, taithí phróisis na gcustaiméirí a fheabhsú, agus réitigh seirbhíse airgeadais difreáilte a chur ar fáil*' ([294]). Ina theannta sin, tá sé mar shainordú ag plean Shenzhen '*tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí gluaisteán chun cuideachtaí airgeadais do thomhaltóirí gluaisteán agus institiúidí eile a bhunú chun seirbhísí airgeadais gairmiúla a sholáthar maidir le tomhaltas feithiclí nuafhuinnimh agus chun ráta dul i bhfód feithiclí nuafhuinnimh ar an margadh a mhéadú tuilleadh*' ([295]). Le Roinn III (1.9) de Phlean Shenzhen, beartaítear tacaíocht ó institiúidí airgeadais don slabhra tionscail ar fad ar mhaithe leis na cineálacha fiontar feithiclí nuafhuinnimh uile (gnólachtaí nuathionscanta, fiontair bheaga, mheánmhéide, micrifhiontair) trí iasachtaí, infheistíocht dhíreach sheachtrach, ráthaíochtaí rialtais, cistí cúitimh le haghaidh rioscaí iasachtaí bainc, dámhachtainí agus fóirdheontais. Ar deireadh, moltar i bplean Shenzhen '[d]*ea-úsáid a bhaint as cistí tionscadail fóirdheontais maoinithe eisiúna bannaí fhiontair Shenzhen chun tacú le cuideachtaí cáilithe feithiclí nuafhuinnimh chun ionstraimí maoinithe fiachais, bannaí corparáideacha, bannaí fiontraíochta agus bannaí creidmheasa corparáideacha eile a eisiúint*'. Tugtar tacaíocht don tionscal ar an leibhéal intíre agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon ('*seirbhísí airgeadais trasteorann a bharrfheabhsú chun tacú le cuideachtaí feithiclí nuafhuinnimh agus iad ag leathnú amach ar bhonn domhanda*') ([296]).

(735) Cuirtear i dtábhacht leis na pleananna an gá le tionscail na gceallraí agus na bhfeithiclí leictreacha a chomhtháthú a thuilleadh trí phríomh-amhábhair a dhaingniú, costais a laghdú agus tacú le ceallraí a chur chun cinn agus le dul chun cinn na gceallraí ó thaobh T&F de chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na bhfeithiclí ceallra-leictreacha agus múscailt spéis an phobail sna feithiclí a chur chun cinn.

([285]) Caibidil III, Roinn 1 de *Phlean Monaraíochta Ningde*.
([286]) Féach Pointe 2 de *Ningde Measures* le fáil ag https://www.ningde.gov.cn/zfxxgkzl/zfxxgkml/fggzhgf/xzgfxwj/202206/t20220629_1637471.htm
([287]) Mar shampla, féach Pointe 3 de *Bhearta Ningde*.
([288]) *Mar shampla, faoi phointe 7 de Bhearta Ningde*: *Encourage state-owned enterprises to explore the establishment of equity funds for new energy industry [supply] chain projects* [Fiontair faoi úinéireacht stáit a spreagadh chun féachaint an bhféadfaí cistí cothromais a bhunú le haghaidh tionscadail ar mhaithe le slabhra [soláthair] thionscal an fhuinnimh nua].
([289]) Roinn III (1.7) de Phlean Shenzhen.
([290]) Roinn III (1.1) de Phlean Shenzhen.
([291]) *Ibid.*
([292]) Roinn III (1.2) de Phlean Shenzhen.
([293]) Roinn III (1.3) de Phlean Shenzhen.
([294]) Roinn III (1.6) de Phlean Shenzhen.
([295]) *Ibid.*
([296]) Roinn III (1.12) de Phlean Shenzhen.

(736) Sna pleananna agus sna doiciméid bheartais éagsúla a liostaítear thuas sa roinn seo, shuigh an Coimisiún freisin maidir le fiontair atá rannpháirteach i dtáirgeadh agus i bpróiseáil na n-ionchur le haghaidh thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, gur féidir leo tairbhiú de roinnt scéimeanna fabhracha, amhail:

— Rochtain ar chistí rialtais, ar chaipiteal fiontair agus ar chistí infheistíochta tionscail arna gcistiú ag an rialtas

— Bannaí

— Srianta ar onnmhairí

— Gealltáin um chothromas le taca rialtais

— Cistí treorach

— Cúiteamh árachais

— Talamh, leictreachas agus gás ar phraghsanna níos saoire

— Iasachtaí ó bhainc faoi úinéireacht Stáit ar bhonn neamhthráchtála;

— Beartais fhioscacha fhabhracha

— Fóirdheontais ceannaigh

— Rewards Duaiseanna

(737) Mar achoimre, deimhnítear leis na doiciméid agus leis an bhfianaise thuas gurbh é cuspóir beartais Rialtas na Síne mar a chuirtear é chun feidhme iontu forbairt an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha a spreagadh *inter alia* trína bheith ag tacú leis an tionscal ceallraí agus le tionscal a n-ionchur mar phríomhthoisc chun an cuspóir sin a bhaint amach go rathúil.

(3) *Bearta sonracha arna nglacadh ag Rialtas na Síne agus a chuspóirí beartais á saothrú aige chun an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt*

(a) *Tacaíocht phoiblí do thionscal na dtáirgeoirí ceallraí agus dá n-ionchuir*

(738) I dteannta na bhfoinsí a luaitear in aithris (736), shainaithin an Coimisiún roinnt foinsí dlíthiúla ina léirítear tacaíocht phoiblí do thionscal na dtáirgeoirí ceallraí agus dá n-ionchuir agus é mar aidhm dheiridh na hearnálacha sin a fhorbairt chun leasa táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha. Léirítear go soiléir leis na foinsí sin an cur isteach láidir agus rialú lárnach an rialtais ar na ceallraí agus ar na hionchuir le haghaidh earnáil na gceallraí, ó thaobh táirgthe, spriocanna díolacháin agus rialuithe praghsanna de. Ní hamháin gur creat rialála é sin do na soláthróirí ionchuir, ach creat lena dtugtar do sholáthróirí ionchuir údarás a chuireann ar a gcumas dóibh forbairt a dhéanamh ar fheidhmeanna rialtais a bhaineann le hionchuir (i.e. ceallraí agus litiam) a mhargú agus a sholáthar, chun cuspóir ábhartha an rialtais maidir le forbairt na hearnála feithiclí nuafhuinnimh, a bhfuil feithiclí ceallra-leictreacha ina gcuid di, a bhaint amach. Léirítear le bearta a thacaíonn le LFP agus ceallraí go bhfuil rún ann an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt trí thacú leis na hionchuir réamhtheachtacha. Cuirtear na modhanna ar fáil do sholáthróirí ionchur a bhfeidhmeanna poiblí a chomhlíonadh, eadhon, an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt, a bhuí le tacaíocht Rialtas na Síne.

(739) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu an raibh tacaíocht airgeadais ó Rialtas na Síne á fáil ag táirgeoirí ceallraí freisin, lenar cuireadh ar a gcumas dóibh beartais náisiúnta a chur chun feidhme agus gníomhú mar chomhlachtaí poiblí. I bhfianaise na faisnéise teoranta a bhí ar fáil don Choimisiún toisc nach raibh aon chomhar ann, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil. I ndáil leis sin, bhraith an Coimisiún ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí agus a bhain le CATL agus ar an bhfaisnéis a sholáthair na táirgeoirí ceallraí a bhain le grúpaí Geely agus SAIC.

(740) Léirigh an fhaisnéis a bhí ar fáil agus a bhain le CATL go raibh sé in ann a bheith ina chuideachta bhrabúsach ag a bhfuil tionchar a bhuí le tacaíocht rialtais agus le saintréithe mhargadh intíre na Síne. Go sonrach, léiríonn foinsí poiblí gurbh amhlaidh chomh fada le 2020, a bhí cistiú ón rialtas cothrom leis an gcúigiú cuid dá ghlanioncam ([297]). Deimhníodh an tacaíocht sin le foilseachán níos déanaí ina léiríodh go bhfuair CATL '*5.72 billiún yuan ($790 milliún) in 2023, breis is dhá oiread a fhigiúir an bhliain roimhe sin*' arb é sin '*13 % dá ghlanbhrabús*' ([298]).

(741) Shuigh an Coimisiún freisin maidir leis na táirgeoirí ceallraí a bhain le grúpaí Geely agus SAIC, agus a sholáthair ceistneoir, gur thairbhigh siad d'fhóirdheontais in-fhrithchúitithe freisin amhail an maoiniú fabhrach, cláir um dhíolúine ó cháin agus um laghdú cánach agus deontais. Tá sé sin i gcomhréir freisin le torthaí an Choimisiúin a dtugtar tuairisc orthu in aithris (735).

(742) In éagmais comhair ó sholáthraithe neamhchomhlachaithe fosfáite iarainn litiam (LFP), níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a shuí cé acu ar thairbhigh soláthraithe LFP de thacaíocht rialtais ar bhealach comhchosúil leis na táirgeoirí ceallraí freisin. Mar sin féin, i bhfianaise an chreata rialála agus na mbeartas náisiúnta atá i bhfeidhm, d'fhéadfadh an Coimisiún tátail a bhaint as, comhchosúil le táirgeoirí ceallraí, gur thairbhigh táirgeoirí LFP de thacaíocht airgeadais rialtais i bhfoirmeacha éagsúla freisin.

(743) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur choimeád Rialtas na Síne na táirgeoirí ceallraí agus táirgeoirí LFP sócmhainneach ó thaobh airgeadais de go saorga chun go mbeadh siad in ann a n-údarás rialtais a fheidhmiú chun ceallraí agus LFP a dhíol ar íocaíocht nach leordhóthanach le táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne.

(b) *Bearta Rialtas na Síne maidir le praghsáil ceallraí agus laghduithe costais don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha*

(744) Chuir Rialtas na Síne roinnt beart chun feidhme chun a áirithiú go soláthrófaí na ceallraí agus a n-ionchuir ar phraghsanna saora don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha. Thairis sin, d'áirithigh Rialtas na Síne go laghdófaí costais chomhfhreagracha na n-ionchur tábhachtach sin don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha chun feithiclí ceallra-leictreacha a tháirgeadh. Ba léir go raibh na bearta sin i bhfabhar an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha. Ina measc, léirítear é sin leis na doiciméid seo a leanas.

(745) Cuireadh treoracha sonracha maidir le costas ceallraí san áireamh cheana féin sa Phlean maidir le Feithiclí Nuafhuinnimh 2012-2020, inar sainordaíodh gur cheart go gcosnódh modúil ceallraí cumhachta níos lú ná 2 yuan/vatuair faoi 2015, agus gur cheart an costas sin a laghdú tuilleadh go níos lú ná 1.5 yuan/vatuair faoi 2020 ([299]). Sainordaíodh leis an bplean freisin go mbunófaí dó nó trí de phríomhfhiontair ceallraí cumhachta a bhfuil scála táirgeachta agus díola is mó ná 10 mbilliún vatuair acu, agus go gcruthófaí dó nó trí d'fhiontair táirgeachta cnámh droma le haghaidh leictreoidí deimhneacha agus diúltacha, leictrilítí agus príomhábhair eile ([300]). Léirítear leis an bplean conas a bhí ról lárnach ag an rialtas i bhforbairt an tionscail, trína bheith '[ag] *cloí le treoraíocht an rialtais agus le tiomáint an mhargaidh le chéile*'. Go sonrach, le linn na tréimhse tosaigh, *'beidh ról gníomhach ag an rialtas maidir le treoir agus dreasachtaí beartais a phleanáil, acmhainní eolaíocha agus teicneolaíocha agus tionsclaíocha a bhailiú, forbairt agus táirgeadh caomhnaithe fuinnimh agus feithiclí nuafhuinnimh a spreagadh, agus tomhaltas margaidh a threorú*' ([301]). Bhí sé sin le baint amach trí chistí lárnacha, beartais fhabhracha cánach agus tacaíocht ó institiúidí airgeadais a leithdháileadh ([302]).

(746) Leis an bPlean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017, a forbraíodh i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar amach in Déanta sa tSín 2025, leagtar amach trí phríomhchúram: ar an gcéad dul síos, *'costais a laghdú a thuilleadh agus soláthar ceallraí cumhachta ardcháilíochta a áirithiú roimh 2018'*; ar an dara dul síos, *faoi 2020, déanfar iarracht 260 vatuair/cileagram d'fhuinneamh sonrach córais a bhaint amach, agus laghdófar an costas go dtí níos lú ná 1 yuan/vatuair; ar an tríú dul síos, faoi 2025, déanfar 500 vatuair/cileagram d'fhuinneamh sonrach a bhaint amach*'.

([297]) Féach Tuarascáil Bhliantúil CATL 2020, agus freisin: Why a Chinese Company Dominates Electric Car Batteries, The New York Times, 22 December 2021, le fáil ag https://www.nytimes.com/2021/12/22/business/china-catl-electric-car-batteries.html

([298]) https://asia.nikkei.com/Business/China-tech/CATL-tops-China-s-corporate-subsidies-list-outranking-oil-majors

([299]) Roinn 5(1), an Plean um Fheithiclí Nuafhuinnimh 2012-2020.

([300]) Roinn 2(2), an Plean um Fheithiclí Nuafhuinnimh 2012-2020.

([301]) Roinn 2(2), an Plean um Fheithiclí Nuafhuinnimh 2012-2020.

([302]) Roinn 5(2) agus 5(3), an Plean um Fheithiclí Nuafhuinnimh 2012-2020.

(747) I ndáil leis sin, léirítear i bhfianaise ar uasteorainneacha praghais go ndéantar feidhm rialtais de sholáthar na n-earraí sin arna rialú ag Rialtas na Síne, feidhm a fhorghníomhaíonn na soláthróirí ionchur ina dhiaidh sin agus iad ag gníomhú mar chomhlachtaí poiblí. Tá spriocanna forbartha cáilíochtúla an-sonrach á leagan síos ag Rialtas na Síne chun cobhsaíocht an mhargaidh a bhaint amach agus chun costais a laghdú. Dá bhrí sin, ní mór fás an tionscail ceallraí a bheith '*comhordaithe*' ([303]) agus T&F a bheith dírithe ar fheabhas a chur ar cheallraí cumhachta ian litiam ([304]), arb é an príomhchineál ceallraí a úsáidtear le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, rinneadh foráil leis an bPlean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017 maidir le '*tacaíocht bheartais a mhéadú*' ([305]). Áirítear leis an tacaíocht bheartais sin '*ról treorach an rialtais*' agus an 'díolúine ó cháin mháil má bhíonn an táirge ceallra cumhachta incháilithe; *tá fiontair ceallraí cumhachta incháilithe le tairbhiú de dhreasachtaí cánach amhail iad siúd le haghaidh fiontair ardteicneolaíochta, aistriú teicneolaíochta agus forbairt teicneolaíochta*' ([306]).

(748) Cumhdaítear freisin sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Ceallraí 2017 an caidreamh idir an rialtas agus comhlachais tionscail mar a léirítear i Roinn 4(3) den phlean trí '*lánimirt a thabhairt do ról na gcomhlachas tionscail agus eagraíochtaí eile, agus malartú agus comhoibriú a dhéanamh maidir le* [...] *bearta agus moltaí beartais, bainistiú féinsmachta tionscail a neartú, agus forbairt chomhordaithe ceallraí cumhachta agus tionscal comhlachaithe a chur chun cinn*.' Scrúdófar ról na gcomhlachas tionscail i gcóras eacnamaíoch na Síne in aithris (778).

(749) Thar aon ní eile, is léir ón *bhFógra maidir leis an tionscal ceallraí* idirghabháil an rialtais ar fud an tslabhra soláthair ina iomláine agus an sprioc atá aige praghsanna a ísliú chun leasa an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha, lena mbeartaítear comhar idir gníomhaithe réamhtheachtacha agus iartheachtacha '*chun ionchais a chobhsú, cainníocht agus praghas a shoiléiriú, soláthar a áirithiú, agus comhar a rachaidh chun tairbhe do chách a áirithiú*' ([307]). Leis an bhFógra maidir leis an tionscal ceallraí treoraítear freisin do ranna maoirseachta margaí áitiúla '*maoirseacht a neartú agus imscrúdú dian a dhéanamh ar chnapaireacht, praghasfheannadh, iomaíocht éagórach agus iompraíochtaí eile sa slabhra réamhtheachtach agus iartheachtach ón tionscal ceallraí litiam agus déileáil leo, chun ord an mhargaidh a choinneáil ar bun*' ([308]).

(750) Tugtar léiriú breise leis sin ar a fhorleataí atá cur isteach Rialtas na Síne chun a áirithiú go réamhghníomhach nach mór praghsanna sa slabhra soláthair ceallraí a bheith ailínithe síos chun dul i bhfabhar chobhsaíocht an mhargaidh chun tairbhe táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha. Dá bhrí sin, tá soláthar na n-earraí sin leagtha amach ag Rialtas na Síne ar phraghas áirithe mar fheidhm rialtais a chuireann comhlachtaí poiblí i gcrích dá réir sin.

(751) Rud is léirithí fós, tugann preasráitis arna n-eisiúint ag MIIT léiriú ar chur isteach an rialtais ar phraghsanna amhábhar intíre. Le linn preasagallamh a tionóladh i mBéising i mí Aibreáin 2022 maidir leis na harduithe ar phraghsanna amhábhar a úsáidtear i ngluaisteáin leictreacha. dhearbhaigh urlabhraí de chuid Airteacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise na Síne '*go gcuirfimid* [praghsanna amhábhar] *ar ais i dtreo an leibhéil réasúnta a luaithe is féidir*', go *"gcuideoidh an Aireacht le dlús a chur le forbairt acmhainní áitiúla sa tSín"* agus go bhfuil *'brú mór ar oibriú cobhsaí na hearnála a dteastaíonn comhoibriú gach páirtí ina leith chun déileáil leis*' ([309]). Obair leantach a bhí ann sin ar shiompóisiam a reáchtáil MIIT agus an Roinn Tionscail Amhábhar agus an Chéad Roinn Tionscail Trealaimh de chuid MIIT i mí an Mhárta 2022, in éineacht le Roinn Praghsanna NDRC agus an Riarachán Stáit um Rialáil Margaidh maidir leis na méaduithe ar phraghsanna ábhar réamhtheachtach le haghaidh ceallraí cumhachta ([310]). Ag freastal ar an gcruinniú bhí Comhlachas Tionscail Miotal Neamhfheiriúil na Síne (CNMIA), Comhlachas Monaróirí Gluaisteán na Síne (CAAM), agus Comhghuaillíocht na Síne um Nuálaíocht sa Tionscal Ceallraí Cumhachta Gluaisteán (CAPBIIA), agus eagraíochtaí tionscail eile, chomh maith le daoine ábhartha i gceannas ar phríomhfhiontair réamhtheachtacha agus iartheachtacha i bhforbairt acmhainní litiam, táirgeadh salainn litiam, ábhair chatóide, ceallraí cumhachta agus slabhraí tionsclaíocha eile ([311]).

([303]) Roinn 1(2), an Plean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017.
([304]) Roinn 2(2), an Plean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017.
([305]) Roinn 4(1), an Plean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017.
([306]) Roinn 4(1), an Plean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017.
([307]) Féach Pointe 2 den Fhógra maidir leis an tionscal ceallraí.
([308]) Idem.
([309]) Ministry set to stabilize price hikes affecting auto industry [Tá sé beartaithe ag an Aireacht arduithe praghsanna a dhéanann difear do thionscal na ngluaisteán a chobhsú] Comhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne, an 25 Aibreán 2022. Le fáil ag https://english.www.gov.cn/statecouncil/ministries/202204/25/content_WS62664ddcc6d02e5335329e3a.html
([310]) Le fáil ag https://m.thepaper.cn/kuaibao_detail.jsp?contid=17182063&from=kuaibao
([311]) Le fáil ag https://m.yicai.com/news/101354043.html

(752) Cuirtear béim ar leith ar laghdú costais sna treoirlínte arna sainordú ag an rialtas do thionscal na gceallraí Li-ian, Coinníollacha Caighdeánaithe 2021, ina moltar caighdeáin theicniúla, amhail dlús íosta fuinnimh 180 Wh/kg ([312]) le haghaidh pacáistí ceallraí, agus chun '*fiontair a threorú chun tionscadail mhonaraíochta a laghdú nach ndéantar leo ach acmhainneacht táirgeachta a mhéadú, nuálaíocht theicneolaíoch a neartú, cáilíocht táirgí a fheabhsú, agus costais táirgthe a laghdú*' ([313]).

(753) Chinn an Coimisiún freisin go bhfuil roinnt de na hamhábhair a úsáidtear chun ceallraí a tháirgeadh faoi réir srianta ar onnmhairiú, amhail bearta rialaithe onnmhairiúcháin agus gan aon aisíocaíocht ar CBL intíre a bheith ar fáil, má onnmhairítear iad. Is é cuspóir beartais sonraithe na mbeart sin onnmhairiú na gceallraí a dhíspreagadh agus rósholáthar intíre a chruthú, ionas go mbeadh praghsanna intíre saora agus cainníochtaí leordhóthanacha ann chun leasa tionscail iartheachtacha intíre, lena n-áirítear táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha.

(754) I ndáil leis sin, chinn an Coimisiún nach bhfuil LFP, an cineál litiam a úsáidtear i gceallraí, faoi réir aisíocaíocht CBL 13 % ar onnmhairiú, rud a fhágann go bhfuil praghas intíre na n-amhábhar sin níos ísle go saorga don tomhaltas intíre.

(755) Ó 2006 i leith, tá srianta sealadacha ar onnmhairiú á bhforchur ag rialtas na Síne ar earraí a bhaineann le graifít leis an '*Cinneadh maidir le rialú sealadach ar onnmhairiú táirgí a bhaineann le graifít*' (Fógra Uimh. 50 [2006]) ([314]). Leis an gCinneadh, cuirtear seacht gcineál táirgí a bhaineann le graifít ([315]) faoi réir bearta rialaithe onnmhairiúcháin sealadacha. Rinneadh na bearta rialaithe onnmhairiúcháin sealadacha a aisghairm leis an bhfógra maidir le '*Bearta Rialaithe Onnmhairiúcháin Sealadacha maidir le hÍtimí Graifíte a Bharrfheabhsú agus a Choigeartú*' (Fógra Uimh. 39 [2023]) ([316]), a foilsíodh an 20 Deireadh Fómhair 2023, agus le héifeacht ón 1 Nollaig 2023. Ag an am céanna, cuireann an beartas dhá chineál nua táirgí graifíte leis an liosta rialaithe onnmhairí. Tá graifít faoi réir srianta ar onnmhairiú freisin i bhfoirm gan aisíocaíocht ar CBL intíre 13 % a bheith ar fáil má onnmhairítear é ([317]).

(756) Chinn an Coimisiún freisin go bhfuil cineálacha áirithe copair faoi réir dleacht onnmhairiúcháin 30 % faoi *Plean Coigeartaithe Taraife 2022* ([318]) agus faoi *Plean Coigeartaithe Taraife 2023* ([319]). Toibhítear cáin onnmhairiúcháin shealadach bhreise 5 – 15 % bunaithe ar an gcód CC ábhartha.

(757) Ar deireadh, chinn an Coimisiún freisin go bhfuil an tSín ag comhdhlúthú a tionscail tearc-chré, atá riachtanach freisin do tháirgeadh ceallraí feithiclí ceallra-leictreacha, chun leibhéil phraghsála a rialú, i measc nithe eile, agus chun spriocanna straitéiseacha, eacnamaíocha agus inbhuanaitheachta a bhaint amach. Go sonrach, i mí na Nollag 2021, cumascadh trí eintiteas stáit chun China Rare Earth Group Co. Ltd a bhunú, lena gcumhdaítear thart ar 62 % d'iomlán na soláthairtí tearc-chré troma sa tSín ([320]). Dá bhrí sin, ar an leibhéal náisiúnta, thug an Rialtas faoi bhearta eile, amhail srianta ar onnmhairiú a fhorchur, agus an aidhm chéanna aige chun an soláthar a mhéadú do na táirgeoirí intíre le hamhábhair ar phraghas íseal agus a bhfuil fáil orthu chun feithiclí ceallra-leictreacha a tháirgeadh, i measc nithe eile.

(c) *Conclúid*

(758) Mar chonclúid, léirítear le treoirlínte, tuairimí agus rialacháin rialtais maidir leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha go stiúrann an rialtas an tionscal i dtreo a fhorbartha agus a fheabhsaithe trí laghdú costais agus soláthar cobhsaí príomh-ionchur. Thairis sin, tá córas rialaithe agus faireacháin shoiléir agus sheasta leagtha amach ag an rialtas ar phraghsáil ceallraí agus ar a n-ionchur chun a áirithiú gur féidir leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha iad a aimsiú ar phraghsanna saora agus i gcainníochtaí leordhóthanacha.

([312]) Féach roinn III, pointe (1) de na Coinníollacha Caighdeánaithe.
([313]) Féach roinn I, pointe (3) de na Coinníollacha Caighdeánaithe.
([314]) Le fáil ag http://exportcontrol.mofcom.gov.cn/article/zcfg/gnzcfg/zcfggzqd/202111/432.html
([315]) Cóid CC: 3801100090, 3801900000, 6815100000, 8545110010, 8545110090, 8545190000 agus 8545900000.
([316]) Le fáil ag http://www.mofcom.gov.cn/article/zcfb/zcblgg/202310/20231003447368.shtml
([317]) Féach cóid CC: 38011000 at https://hd.chinatax.gov.cn/nszx2023/cktslcx2023.html
([318]) Le fáil ag http://cws.mofcom.gov.cn/article/swcjzc/202201/20220103246934.shtml, see exhibit 7.
([319]) Le fáil ag https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-12/29/content_5734125.htm, see exhibit 6.
([320]) https://www.china-briefing.com/news/china-merges-three-rare-earths-state-owned-entities-to-increase-pricing-power-and-efficiency/

(759) Léiríonn an méid uile atá thuas go bhfuil roinnt beartas agus beart leagtha síos ag Rialtas na Síne ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil, lena spriocdhírítear ar sholáthróirí ceallraí agus ionchur chun tacú le tionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha sa deireadh thiar thall. Is cuid shuntasach iad na hionchuir sin uile de chostas táirgthe na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Mar thoradh ar na beartais sin, leagann Rialtas na Síne spriocanna amach chun soláthar cobhsaí leordhóthanach na gceallraí agus na n-ionchur sin a áirithiú, mar aon le praghsanna níos saoire, chun leasa táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha i bhfoirm laghdú suntasach costais, rud a ligeann dóibh feithiclí ceallra-leictreacha a dhíol ar phraghsanna níos saoire, lena n-áirítear ar mhargadh an Aontais. Cumhdaíodh fianaise ar an tacaíocht airgeadais a soláthraíodh do tháirgeoirí ceallraí in aithrisí (739) - (743).

(1) *An gaol idir na soláthróirí ionchur agus Rialtas na Síne*

(760) Tar éis anailís a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus eacnamaíoch ina n-oibríonn na soláthróirí ionchuir, arna rialú go mór ag cuspóirí beartais Rialtas na Síne chun tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt trí sholáthróirí ionchuir, rinne an Coimisiún anailís freisin ar shaintréithe mhargadh intíre ceallraí na Síne , ar an bhfianaise go raibh an Stát i láthair/úinéireacht an Stáit i soláthróirí ionchuir chomh maith le comharthaí eile gur fheidhmigh Rialtas na Síne rialú fónta ar na heintitis sin (lena n-áirítear a ngnéithe eagraíochtúla, slabhraí údaráis cinnteoireachta agus an caidreamh foriomlán le Rialtas na Síne).

(761) D'iarr an Coimisiún faisnéis maidir le *struchtúr mhargadh intíre na gceallraí*. Mar a mhínítear i Roinn 3.3.1.2, theip ar Rialtas na Síne comhoibriú a dhéanamh maidir leis na soláthróirí ábhar ionchur a oibríonn ar mhargadh intíre na Síne, lena n-áirítear soláthróirí ceallraí le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha, agus níor sholáthair sé soiléiriú ná faisnéis ríthábhachtach maidir le margadh intíre na gceallraí. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún a chonclúidí a bhunú ar fhíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán.

(762) I ndáil leis sin, bhraith an Coimisiún ar cheithre thacar faisnéise, i.e. an fhaisnéis a cuireadh i láthair i dtuarascáil Rhodium ([321]), cothromaíocht gheografach mhargadh na gceall ceallraí mar a chuir Benchmark Mineral Intelligence ('BMI') i láthair ([322]), tuarascáil ó China Automotive Power Battery Industry Innovation Alliance ([323]) agus an fhaisnéis a sholáthair na grúpaí sampláilte a cheannaigh ceallraí.

(763) Léirítear san fhaisnéis a chuirtear i láthair i dtuarascáil Rhodium *with the exception of LG Energy Solution, the Chinese EV battery market is dominated by domestic players* ([324]) [cé is moite de LG Energy Solution, go bhfuil margadh ceallraí feithiclí leictreacha na Síne faoi cheannas gníomhaithe intíre]. Ar dhóigh níos sonraí, léirítear sa tuarascáil go raibh sciar níos mó ná 88 % den mhargadh ag monaróirí ceallraí atá faoi úinéireacht na Síne ar mhargadh intíre na Síne in 2021, rud a d'fhág nach raibh ach 4 % de sciar den mhargadh ag monaróirí ceallraí atá faoi úinéireacht eachtrach. Maidir leis an 8 % eile, níor léiríodh aon tásc ar an tír bhaile. Mar sin féin, i bhfianaise sciar teoranta na mórsholáthróirí ceallraí eachtracha ar mhargadh na Síne agus in éagmais comhoibriú ó Rialtas na Síne, thug an Coimisiún le tuiscint go mbeadh na táirgeoirí eile faoi úinéireacht na Síne freisin. Suíodh sa tuarascáil chéanna freisin go raibh an sciar den mhargadh a bhí ag CATL i margadh na Síne in 2020 os cionn 52 %. In éagmais faisnéis dá mhalairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na torthaí sin bailí freisin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(764) Shuigh an Coimisiún freisin gur comhaltaí de CBIA (nó dá chomhairle feidhmiúcháin), de CIAPS agus/nó faoi pháirt-úinéireacht an Stáit iad na deich dtáirgeoir aitheanta ceallraí a cuireadh i láthair i dtuarascáil Róidiam. Cé gur comhaltaí CBIA agus CIAPS a bhí i mbreis is 86 % den sciar den mhargadh, bhí sciar 62 % den mhargadh ag na comhaltaí a raibh leaschathaoirleacht acu nó a bhí ina suí ar an gcomhairle feidhmiúcháin tráth éigin in 2021. Léiríodh sa tuarascáil freisin go raibh tacar beartas ann arbh é ab aidhm dóibh tús áite a thabhairt do sholáthraithe ceallraí intíre na Síne ([325]).

([321]) Saobhadh i Margaí Idirnáisiúnta agus sa tSín: Tacaíocht rialtais do cheallraí feithiclí leictreacha, Gróup Róidiam, Nollaig 2022 (dá ngairtear 'Tuarascáil Róidiam' anseo feasta). lch. 42.

([322]) https://www.benchmarkminerals.com/forecasts/lithium-ion-batteries/

([323]) Féach an Tuarascáil ó *China Automotive Power Battery Industry Innovation Alliance* arna heisiúint an 11 Eanáir 2024, agus arna tuairisciú anseo https://libattery.ofweek.com/2024-01/ART-36001-8120-30623203.html#:~:text=%E8%BD%A6%E9%87%8FTOP15%E3%80%82-,2023%E5%B9%B4%E5%85%A8%E5%B9%B4%E5%9B%BD%E5%86%85%E4%B8%89%E5%85%83%E5%8A%A8%E5%8A%9B%E7%94%B5%E6%B1%A0%E4%BC%81%E4%B8%9A,%E5%8A%9B%E7%A5%9E%E3%80%81%E5%B7%A8%E6%B9%BE%E6%8A%80%E7%A0%94%E3%80%82&text=%E5%8D%AB%E8%93%9D%E6%96%B0%E8%83%BD%E6%BA%90%E3%80%81%E5%B7%A8,%E7%AC%AC11%E4%B8%8E%E7%AC%AC15%E3%80%82

([324]) Tuarascáil Róidiam, lch. 41

([325]) Tuarascáil Rhodium, lch. 58.

(765) Léiríonn cothromaíocht gheografach mhargadh na gceall ceallraí a chuir BMI i láthair ([326]) gur ag soláthar ceallraí na Síne a bhí breis agus 170 % den éileamh áitiúil in 2022 agus 2023 agus is léiriú é freisin ar cheannasacht shoiléir tháirgeoirí ceallraí na Síne ina margadh áitiúil.

(766) Thairis sin, léiríodh sa tuarascáil ó China Automotive Power Battery Industry Innovation Alliance gur ag táirgeoirí ceallraí intíre na Síne a bhí sciar thart ar 97 % de mhargadh 2023 i dtaca leis an toilleadh suiteáilte ([327]). Is ag comhaltaí CBIA na Síne a tháirgeann ceallraí a bhí sciar 66 % ar a laghad den mhargadh, agus ó thaobh BYD de, arb é an dara táirgeoir is mó atá ann agus 27 % de thoilleadh suiteáilte na Síne aige in 2023, is cuid de CIAPS é. Bhí cuideachta amháin ann, China Aviation Litiam Battery (CALB), a bhí ina comhalta de chomhairle feidhmiúcháin CBIA agus ina fiontar faoi úinéireacht stáit chomh maith. Maidir le CATL ina aonar, is aige a bhí breis agus 40 % de thoilleadh suiteáilte iomlán na Síne in 2023 agus tá sé ina chomhalta de chomhairle feidhmiúcháin CBIA.

(767) Thug an Coimisiún dá aire freisin nach bhfoilsíonn CBIA ná CIAPS liosta iomlán a gcomhaltaí ar líne. Bhí an Coimisiún in ann rannpháirtíocht na gcuideachtaí in CBIA, CIAPS, agus i gcomhlachais thionsclaíocha eile a shuí trí fhéachaint ar a dtuarascálacha bliantúla agus ar fhaisnéis eile a bhí ar fáil ar líne, amhail liosta chomhaltaí a gcomhlachtaí feidhmiúcháin. In éagmais faisnéise arna soláthar ag Rialtas na Síne ach oiread le sonraí poiblí oifigiúla lena gcumhdaítear liosta iomlán chomhaltaí CBIA agus CIAPS, bhain an Coimisiún tátail as go bhféadfadh níos mó soláthróirí ceallraí fós a bheith ina gcomhaltaí de na comhlachais sin.

(768) Ar deireadh, cé nach bhféadfaí teacht ar aon chonclúid maidir le luach na gceannachán ceallraí a rinne Grúpa SAIC mar gheall ar a neamh-chomhoibriú, shuigh an Coimisiún gur i nDaon-Phoblacht na Síne a bhí na soláthróirí ceallraí uile a thuairiscigh sé lonnaithe. Maidir le Grúpa Geely, rinneadh 65 % ar a laghad dá cheannacháin ó chuideachtaí a bhí ina gcomhaltaí de CBIA, a bhí ina gcomhaltaí de CIAPS nó a bhí faoi pháirt-úinéireacht an Stáit. A mhéid a bhaineann le Grúpa SAIC, cé nach bhféadfaí aon fhaisnéis maidir le luach nó méid ceannaigh a fhíorú, léiríonn an fhaisnéis sa chomhad go raibh a cheathrar príomhsholáthróir ceallraí faoi pháirt-úinéireacht an Stáit go díreach nó go hindíreach, gur comhaltaí de CBIA iad nó go raibh dlúthbhaint acu leis trí scairshealbhóir ceann de na soláthróirí (CATL).

(769) Bunaithe ar an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb iad soláthróirí ceallraí intíre amháin, nach mór, a fhreastalaíonn ar mhargadh intíre na Síne. Tá formhór mór na soláthróirí sin ina gcomhaltaí de chomhlachais amhail CBIA agus CIAPS agus/nó tá siad faoi úinéireacht an Stáit.

(770) Rinne an Coimisiún scrúdú breise ar an *gcaidreamh idir Rialtas na Síne agus na soláthróirí ceallraí*, chun a shuí ar fheidhmigh an rialtas rialú fóinteach ar na heintitis atá i gceist agus ar a n-iompar ar an margadh. Tá ról na gcomhlachas ríthábhachtach chun a léiriú mar a áirithíonn Rialtas na Síne, trí na comhlachais, cur chun feidhme a chuspóirí beartais chun an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt.

(771) In éagmais aon fhaisnéis arna soláthar ag Rialtas na Síne a bhaineann leis an líon soláthróirí intíre ceallraí le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha ná aon fhaisnéis eile faoi chomharthaí foirmiúla i leith úinéireacht rialtais agus rialú ag an rialtas ar sholáthróirí na gceallraí sin, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil de réir Airteagal 28 den bhun-Rialachán. Chun na críche sin, rinne an Coimisiún anailís ar chás na soláthróirí ceallraí ón dá ghrúpa neamh-chomhtháite shampláilte (grúpaí Geely agus SAIC). Mar a luadh roimhe seo, níor sholáthair Rialtas na Síne an fhaisnéis a iarradh maidir le húinéireacht agus rialú na soláthróirí ceallraí agus/nó na gcomhlachas táirgeoirí ceallraí. Ina theannta sin, níor chuir soláthróirí ceallraí neamhchomhlachaithe Ghrúpa Geely agus Ghrúpa SAIC freagra ceistneora ar fáil ná faisnéis maidir le húinéireacht agus rialú Rialtas na Síne. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún an fhaisnéis sin a lorg san fhearann poiblí. Nuair nach raibh an Coimisiún in ann faisnéis a aimsiú san fhearann poiblí, bhí air tátail a bhaint as ar bhonn Airteagal 28 den bhun-Rialachán.

([326]) https://www.benchmarkminerals.com/forecasts/lithium-ion-batteries/
([327]) Féach fonóta 323, Tábla 4.

(772) Maidir le Grúpa SAIC, cé nach bhféadfaí aon fhaisnéis maidir le luach nó méid ceannaigh a fhíorú, léirigh an fhaisnéis sa chomhad fós go raibh ceithre phríomhsholáthróir ceallraí Ghrúpa SAIC, arb ionann iad agus sciar mór dá gceannacháin ceallraí, faoi pháirt-úinéireacht an Stáit go díreach nó go hindíreach. A mhéid a bhaineann le Grúpa Geely, fuarthas amach go raibh 3 as 14 soláthróir ceallraí faoi pháirt-úinéireacht an Stáit. Fuarthas amach freisin go raibh sciar mór de sholáthróirí ceallraí ghrúpa SAIC agus ghrúpa Geely ina gcomhaltaí de chomhlachais tionscail. Thairis sin, shuigh an Coimisiún freisin, maidir leis na deich dtáirgeoir ceallraí sainaitheanta is mó a cuireadh i láthair i dtuarascáil Róidiam ([328]) agus a bhí gníomhach ar mhargadh intíre na Síne in 2020, go raibh 7 gcinn ar a laghad acu faoi pháirt-úinéireacht an Stáit.

(773) Mar a luadh cheana in aithrisí (763), os cionn 86 % den sciar den mhargadh sa tSín in 2020 a bhí sna soláthróirí ceallraí a bhfuarthas iad a bheith ina gcomhaltaí de CBIA nó de CIAPS. Bhí CALB ina chomhalta de chomhairle feidhmiúcháin CBIA agus ina fhiontar faoi úinéireacht an stáit (aithris (765)). Is soláthróir díreach agus indíreach (trí chomhfhiontair) é CATL, ar príomhoibreoir é ar mhargadh na Síne arbh fhiú 52 % de mhargadh intíre iomlán na Síne é in 2020, do Ghrúpa Geely agus do Ghrúpa SAIC, agus is comhalta de chomhairle feidhmiúcháin CBIA é.

(774) In éagmais comhair ó Rialtas na Síne, bhí ar an gCoimisiún brath ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí chun a chinneadh cé acu de na soláthróirí sin atá ina gcomhaltaí de chomhlachais. Thug an Coimisiún dá aire nach bhfoilsíonn CBIA ná CIAPS liosta iomlán na gcomhaltaí ar líne. Mar sin féin, bhí an Coimisiún in ann rannpháirtíocht na gcuideachtaí in CBIA, CIAPS, agus i gcomhlachais thionsclaíocha eile a shuí trí fhéachaint ar a dtuarascálacha bliantúla agus ar fhaisnéis eile a bhí ar fáil ar líne, amhail liosta chomhaltaí a gcomhlachtaí feidhmiúcháin. In éagmais faisnéise arna soláthar ag Rialtas na Síne ach oiread le sonraí poiblí oifigiúla lena gcumhdaítear liosta iomlán chomhaltaí CBIA agus CIAPS, bhain an Coimisiún tátail as gur dócha go bhfuil níos mó soláthróirí fós ina gcomhaltaí de na comhlachais sin.

(775) Ina theannta sin, ní fhoilsíonn CBIA ach liosta na gcomhaltaí atá mar chuid den chomhairle feidhmiúcháin agus an liosta de '*baill nua*'. Áirítear leis na comhaltaí nua sin na comhaltaí a tháinig isteach, ag tosú i mí an Mhárta 2017, cé gur bunaíodh an comhlachas in 1988. De réir faisnéis ar líne, tá níos mó ná 500 comhalta grúpa ag an gcomhlachas ([329]). D'iarr an Coimisiún faisnéis faoi na comhaltaí a áiríodh ar an liosta neamhiomlán a bhí ar fáil ar líne agus fuair sé amach go raibh roinnt cuideachtaí faoi úinéireacht stáit mar chuid de, ní hamháin soláthróirí amhábhar agus monaróirí ceallraí, ach cistí infheistíochta agus institiúidí taighde atá faoi úinéireacht an Stáit freisin. Ar an mbonn sin, thug an Coimisiún le tuiscint go bhféadfadh Rialtas na Síne rialú díreach a fheidhmiú ar eintitis a chumhdaíonn raon leathan gníomhaithe fíor-riachtanacha, a bhfuil baint acu le hearnáil na gceallraí agus le litiam atá ag teastáil le haghaidh ceallraí, ach anuas air sin, leis an earnáil feithiclí ceallra-leictreacha ina hiomláine. Ós rud é go bhfuil roinnt gníomhaithe ar fud shlabhra soláthair iomlán na bhfeithiclí ceallra-leictreacha ina gcuid de CBIA, treisítear an fhianaise gur chruthaigh Rialtas na Síne creat lena gcuimsítear leibhéil uile an tslabhra soláthair.

(776) Rinne an Coimisiún anailís ar Airteagail Chomhlachais CBIA agus CIAPS chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal an rialaithe rialtais ar na comhlachais agus ar a gcomhaltaí. Chun na críche sin, bhí ar an gCoimisiún brath go hiomlán ar fhíorais a bhí ar fáil de réir Airteagal 28 den bhun-Rialachán toisc gur dhiúltaigh Rialtas na Síne faisnéis a sholáthar maidir le saintréithe a mhargaidh agus maidir leis na comhlachais ar iarr an Coimisiún faisnéis fúthu, lena n-áirítear CBIA agus CIAPS araon (aithris (279)).

(777) Ina bharúlacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 28, mar a shonraítear in aithris (282), shéan Rialtas na Síne go raibh aon rialú aige ar CBIA ná go raibh aon chleamhnacht fhoirmiúil aige leis an gcomhlachas. Léiríodh leis an imscrúdú, áfach, go raibh ráiteas Rialtas na Síne nach raibh aon rialú aige ar CBIA, agus nach bhfuil an comhlachas cleamhnaithe go foirmiúil le Rialtas na Síne, mícheart de réir na bhfíoras. Os a choinne sin, chinn an Coimisiún go bhfeidhmíonn Rialtas na Síne rialú ar CBIA, agus ar CIAPS freisin.

([328]) Tuarascáil Rhodium, lch. 58.

([329]) Féach https://baike.baidu.com/item/%E4%B8%AD%E5%9B%BD%E7%94%B5%E6%B1%A0%E5%B7%A5%E4%B8%9A%E5%8D%8F%E4%BC%9A/7368598

(778) Ar an gcéad dul síos, is comhlachas tionscail é CBIA atá faoi bhainistiú díreach na Comhairle Stáit. Is í an Chomhairle Stáit orgán feidhmiúcháin na Daon-Chomhdhála Náisiúnta agus an t-orgán is airde de chumhacht stáit sa tSín. Tá sí comhdhéanta de líon teoranta daoine, lena n-áirítear an príomh-aire, an leas-phríomhaire agus an t-ardrúnaí. Le hAirteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CBIA ([330]) foráiltear freisin maidir leis an gComhlachas '*go gcloífidh sé le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne agus [...] go mbunóidh sé eagraíochtaí de chuid Pháirtí Cumannach na Síne chun gníomhaíochtaí páirtí a dhéanamh agus go gcruthóidh sé na dálaí is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíochtaí de chuid an pháirtí*'. Dá réir sin, ní comhlachas neamhspleách arna bhunú ag gníomhaithe margaidh agus a ghníomhaíonn de réir phrionsabail an gheilleagair mhargaidh é CBIA, ach eintiteas a bhíonn á threorú agus á bhainistiú ag Rialtas na Síne tríd an gComhairle Stáit agus atá i gceannas, dá réir sin, ar chuspóirí beartais phoiblí arna leagan síos ag Rialtas na Síne a bhaint amach.

(779) Sainmhíníonn mórán comhlachas tionscail de chuid na Síne a ról ina nAirteagail Chomhlachais mar dhroichead idir an rialtas agus a gcomhaltaí. Leis na Bearta maidir le Maoirseacht Chuimsitheach ar Chomhlachais Tionscail agus ar Chomhlachais Tráchtála arna n-eisiúint ag NDRC, d'iarr an Aireacht Gnóthaí Sibhialta, agus ocht roinn eile in 2016, go mbunófaí eagraíochtaí de chuid an pháirtí i gcomhlachais tionscail agus i gcomhlachais tráchtála, agus go scríobhfaí ceanglais maidir le neartú an pháirtí ([331]) in airteagail chomhlachais na gcomhlachas tionscail. In ainneoin gurb amhlaidh in 2019, a sheol NDRC cleachtadh arbh é an cúram a dearbhaíodh a bheith leis comhlachais tionscail agus comhlachais tráchtála a dheighilt ar bhonn institiúideach ón rialtas, rinneadh foráil go foirmiúil, sna Tuairimí ó NDRC ([332]) a eisíodh i dtaca leis sin, maidir le hinstitiúidí, feidhmeanna, sócmhainní airgeadais etc. a dheighilt, is amhlaidh a d'áirithigh siad ní hamháin spleáchas airgeadais leanúnach na gcomhlachas tionsclaíoch ar na húdaráis rialtais, ach rialú iomlán agus leanúnach ag Páirtí Cumannach na Síne orthu: '*Déanfaidh comhlachtaí um obair neartaithe páirtí na n-eagraíochtaí sóisialta ar gach leibhéal [...] treoraíocht choincréiteach a láidriú, neartú an Pháirtí a chur chun cinn ar bhealach domhain i gcomhlachais tionscail agus i gcomhlachais tráchtála dhíchúpláilte, [...] ceannaireacht an Pháirtí ar chomhlachais tionscail agus ar chomhlachais tráchtála a láidriú go cuimsitheach, agus a áirithiú nach gcuirfear isteach ar obair an Pháirtí ná nach lagófar ról eagraíochtaí de chuid an Pháirtí sa phróiseas díchúplála. [...] Déanfaidh comhlachtaí um obair neartaithe páirtí na n-eagraíochtaí sóisialta ar gach leibhéal comhlachais tionscail agus comhlachais tráchtála a ghríosú chun an ceanglas maidir le hobair um neartú an Pháirtí a thabhairt isteach ina n-airteagail chomhlachais, ionas go gcuirfear i gcrích na sásraí oibre lena n-áiritheofar rannpháirtíocht eagraíochtaí de chuid an Pháirtí sa chinnteoireacht maidir le saincheisteanna móra agus chun an bhainistíocht a chaighdeánú* ([333]). Áirithíodh leis na tuairimí freisin go raibh na comhlachais tionscail spleách ó thaobh airgeadais de ar údaráis rialtais agus go raibh smacht iomlán ag Páirtí Cumannach na Síne orthu ([334]).

(780) Ar an dara dul síos, is é an bord stiúrthóirí a fheidhmíonn cumhacht feidhmiúcháin CBIA, ar bord arna thoghadh ag an gcomhthionól ginearálta atá ann agus é comhdhéanta de chomhaltaí uile an chomhlachais, i measc na gcuideachtaí is comhaltaí (Airteagal 21 de na hAirteagail Chomhlachais). Bíonn Rialtas na Síne rannpháirteach go hiomlán i roghnú na n-iarrthóirí le haghaidh an bhoird stiúrthóirí freisin. De réir Airteagal 22 d'Airteagail Chomhlachais CBIA, áirítear ar an gcoiste a bhfuil cúram air maidir leis na hiarrthóirí a roghnú '*ionadaithe an bhoird maoirseoirí*' agus '*ionadaithe eagraíocht an Pháirtí*'. I gcás nach féidir leis an mbord stiúrthóirí teacht le chéile, is í an ghníomhaireacht ceannaireachta um neartú an pháirtí a roghnaíonn comhaltaí an choiste go díreach. Bíonn comhlachtaí um neartú an pháirtí i gceannas ar na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le hidé-eolaíocht an Pháirtí a leathnú. De réir na '*Tuairimí maidir le Cur Chun Feidhme an Athchóirithe chun Comhlachais Tionscail agus Comhlachais Tráchtála a Dhíchúpláil go Cuimsitheach ó Orgáin Riaracháin*' (dá ngairtear '*Tuairimí faoi chomhlachais tionscail*' anseo feasta), déanfaidh comhlachtaí oibre neartaithe páirtí na n-eagraíochtaí sóisialta '*ceannaireacht an Pháirtí ar chomhlachais tionscail agus ar chomhlachais tráchtála a neartú go cuimsitheach, agus áiritheoidh siad go mbeidh obair an Pháirtí gan bhriseadh agus nach ndéanfar ról eagraíochtaí an Pháirtí a lagú sa phróiseas díchúpláilte.' [...] Déanfaidh comhlachtaí um obair neartaithe páirtí na n-eagraíochtaí sóisialta ar gach leibhéal comhlachais tionscail agus comhlachais tráchtála a ghríosú chun an ceanglas maidir le hobair um neartú an Pháirtí a thabhairt isteach ina n-airteagail chomhlachais, ionas go gcuirfear i gcrích na sásraí oibre lena n-áiritheofar rannpháirtíocht eagraíochtaí de chuid an Pháirtí sa chinnteoireacht maidir le saincheisteanna móra agus chun an bhainistíocht a chaighdeánú*' ([335]). Maidir le cruinniú

([330]) China Battery Industry Association Articles of Association (herein referred as '*CBIA AoA*'), le fáil ag http://www.chinabattery.org/content2/11/1104/1053234.html

([331]) Is féidir le hobair um neartú an pháirtí a bheith ilghnéitheach agus sa deireadh thiar thall, is é is aidhm di tionchar an pháirtí a leathnú i bhfiontair, i gcomhlachais, i riaracháin etc. An official definition of party building is available here http://dangjian.people.com.cn/n1/2022/0624/c117092-32455009.html *"The content of party building work is relatively rich, including a series of tasks such as political construction, ideological construction, organizational construction, style construction, discipline construction, anti-corruption struggle, and system construction."*

([332]) Opinions on the Implementation of the Reform of Comprehensively Decoupling Industry Associations and Chambers of Commerce from Administrative Organs [Tuairimí maidir le Cur Chun Feidhme an Athchóirithe chun Comhlachais Tionscail agus Comhlachais Tráchtála a Dhíchúpláil go Cuimsitheach ó Chomhlachtaí Riaracháin], NDRC, an Aireacht Gnóthaí Sibhialta et. al., 14 Meitheamh 2019; le fáil ag: http://www.gov.cn/xinwen/2019-06/17/content_5400947.htm

([333]) Roinn 4 de Thuairimí NDRC.

([334]) Féach Tuarascáil na Síne – Roinn 2.3.3, lgh. 24-25 agus Pointe 3(2) de Thuairimí NDRC, ar dá réir a spreagtar comhlachtaí riaracháin chun seirbhísí a cheannach ó chomhlachais cháilithe tionscail.

([335]) Féach Roinn 2.3.3 de Thuarascáil na Síne, lgh. 25-26, agus Roinn 4 de Thuairimí NDRC freisin

ginearálta na gcomhaltaí chun stiúrthóirí a thoghadh agus a chur as oifig, ní mór formheas na gníomhaireachta ceannaireachta um neartú an Pháirtí chun é a thionól freisin. Maidir le tionchar an rialtais ar ghníomhaíochtaí laethúla an chomhlachais, cuirtear i dtábhacht a thuilleadh é in Airteagal 36 de na hAirteagail Chomhlachais, lena bhforchuirtear nach mór do na daoine atá i gceannas ar chomhlachas [a]*dhere to the leadership of the Communist Party of China, support socialism with Chinese characteristics, resolutely implement the party's line, principles, and policies, and have good political qualities*. [cloí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas mailleLena shaintréithe Síneacha, seasamh, prionsabail agus beartais an pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus dea-thréithe polaitiúla a bheith acu]. I measc na ndaoine atá i gceannas ar an gcomhlachas, tá an Cathaoirleach, triúr Leas-Chathaoirleach is fiche agus Ardrúnaí amháin. Ceaptar roinnt cuideachtaí faoi úinéireacht stáit mar Leas-Chathaoirligh freisin. I bhfianaise a bhfuil thuas, ní hamháin go bhfuil CBIA faoi bhainistíocht na Comhairle Stáit, ach tá riaradh CBIA agus na príomhdhaoine atá i gceannas ar a chuid oibre faoi rialú Rialtas na Síne fós freisin.

(781) Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 46(5) dá Airteagail Chomhlachais go ndéanfaidh an bord maoirseoirí fadhbanna atá ann cheana in obair an Chomhlachais a thuairisciú do na gníomhaireachtaí ceannaireachta um neartú an pháirtí agus do na ranna bainistíochta tionscail. Meabhraítear in DS379, i gcomhthéacs bainc thráchtála Shíneacha atá faoi úinéireacht an Stáit, gur áiríodh freisin san fhaisnéis atá ábhartha maidir leis an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil eintiteas ina chomhlacht poiblí fianaise maidir le príomhfheidhmeannaigh a bheith ina gceapaithe rialtais, trínar choinnigh Páirtí Cumannach na Síne tionchar suntasach ar a rogha féin, mar a chumhdaítear in aithris (415).

(782) Deimhnítear an caidreamh idir CBIA agus Rialtas na Síne a thuilleadh i dtuarascálacha ó NDRC ([336]) agus in ailt phreasa ar líne. I dtuarascáil faoin 8ú Comhdháil Chomhaltaí CBIA a tionóladh i mBéising in 2020, rinne Zhang Chonghe, Uachtarán Chomhairle Náisiúnta Tionscail Éadroim na Síne ('CNLIC'), a bhfuil CBIA ina chuid di agus óna bhfaigheann sé treoraíocht ([337]), a chur i dtábhacht go raibh CBIA ina *a good assistant of the government* ([338]) [chúntóir maith de chuid an rialtais], agus leasuithe ar roinnt beartais tionscail á moladh aige, agus éilimh na bhfiontar á léiriú don rialtas aige, i measc éachtaí eile. Ar an gcaoi chéanna ó thaobh CBIA de, tá CNLIC faoi bhainistíocht SASAC na Comhairle Stáit, agus lena raon feidhme gnó, áirítear páirt a ghlacadh i gceapadh pleananna tionscail agus beartas tionsclaíoch, braislí agus réigiúin thionsclaíocha a thógáil a bheidh dírithe ar an tionscal éadrom, *standardize industry behaviour* [iompraíocht tionscail a chaighdeánú] agus *undertake other tasks entrusted by the government and relevant departments* ([339]). [cúraimí eile arna gcur de chúram air ag an rialtas agus ag ranna ábhartha a ghlacadh ar láimh]. Go deimhin, de réir an chomhlachais féin, bhí sé faoi ghealltanas i gcónaí [freastal ar an rialtas] ***serving the government*** (béim curtha leis) ([340]).

(783) Tá feidhm ag na forálacha céanna maidir le CIAPS. Amhail i gcás CBIA (féach aithris (779)), is é an bord stiúrthóirí a fheidhmíonn an chumhacht feidhmiúcháin (Airteagal 21). Bíonn Rialtas na Síne rannpháirteach go hiomlán i roghnú na n-iarrthóirí le haghaidh an bhoird stiúrthóirí. De réir Airteagal 22 d'Airteagail Chomhlachais CIAPS, áirítear ar an gcoiste a bhfuil cúram air maidir leis na hiarrthóirí a roghnú '*ionadaithe ón mbord stiúrthóirí, ionadaithe ón mbord maoirseoirí*' agus '*ionadaithe ó eagraíocht an Pháirtí*'. I gcás nach féidir leis an mbord stiúrthóirí teacht le chéile, is í an ghníomhaireacht ceannaireachta um neartú an pháirtí a roghnaíonn comhaltaí an choiste go díreach. Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil CBIA faoi bhainistíocht na Comhairle Stáit, ach tá riaradh CBIA agus na príomhdhaoine atá i gceannas ar a chuid oibre faoi rialú Rialtas na Síne fós freisin. Foráiltear le hAirteagal 46(5) dá Airteagail Chomhlachais freisin go ndéanfaidh an bord maoirseoirí fadhbanna atá ann cheana in obair an Chomhlachais a thuairisciú do na gníomhaireachtaí ceannaireachta um neartú an pháirtí agus do na ranna bainistíochta tionscail.

([336]) Féach https://www.ndrc.gov.cn/fzggw/jgsj/cys/sjdt/202010/t20201030_1249440.html. Go sonrach, chuir Xia Nong, cigire céad leibhéil Roinn Tionscail an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú, in iúl go raibh sé ag súil leis maidir le CBIA *'go leanfadh sé de ról maith a chomhlíonadh mar dhroichead agus nasc i bhfianaise phatrún forbartha nua na 'déchúrsaíochta' [...]'*.

([337]) The list of associations part of the CNLIC is le fáil ag http://www.cnlic.org.cn/footers/footer-dgxxh.html

([338]) Adhere to the Party Building to lead the work of the association and promote the transformation and upgrading of the battery industry and green development [Cloí le Neartú an Pháirtí chun obair an chomhlachais a stiúradh agus claochlú agus uasghrádú thionscal na gceallraí agus an fhorbairt ghlas a chur chun cinn], Sohu, 31 Deireadh Fómhair 2020. Le fáil ag https://www.sohu.com/a/428642882_118081

([339]) The articles of associations of the CNLIC are le fáil ag http://www.cnlic.org.cn/footers/footer-zc.html

([340]) Thug Meng Xiangfeng, cúntóir do chathaoirleach CATL, agus a thoscaireacht cuairt ar an gcomhlachas le haghaidh malartuithe, CBIA, an 15 Feabhra 2023. Le fáil ag http://www.chinabattery.org/content2/11/1102/1054254.html

(784) Foráiltear le hAirteagal 21 d'Airteagail Chomhlachais CIAPS nach mór do stiúrthóirí an chomhlachais [a]*dhere to the leadership of the CCP, support socialism with Chinese characteristics, resolutely implement the party's line, principles, and policies, and possess good political qualities* [cloí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas maille lena shaintréithe Síneacha, seasamh, prionsabail agus beartais an pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus dea-thréithe polaitiúla a bheith acu]. Mar is amhlaidh i gcás CBIA, i gcás nach féidir leis an mbord stiúrthóirí teacht le chéile, is é an comhlacht ceannaireachta um neartú an pháirtí a roghnaíonn comhaltaí an choiste go díreach. Ní hamháin go bhfuil CIAPS faoi bhainistíocht na Comhairle Stáit, ach tá riaradh an chomhlachais agus na príomhdhaoine atá i gceannas ar a chuid oibre faoi rialú Rialtas na Síne fós freisin.

(785) Mar a léirítear in aithris (779), bhunaigh Rialtas na Síne córas lena n-áirithítear go roghnaítear comhlachtaí bainistíochta agus riaracháin uile an chomhlachais, amhail an bord stiúrthóirí, an Cathaoirleach, na Leas-Chathaoirligh agus an tArd-Rúnaí, chun cuspóirí beartais Pháirtí Cumannach na Síne agus Rialtas na Síne a chur chun cinn. Mar a chumhdaíodh go forleathan cheana in aithrisí (197) go (203) agus in aithrisí (704) go (705), is saintréith den timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch i nDaon-Phoblacht na Síne ina n-oibríonn soláthróirí ionchur feithiclí ceallra-leictreacha rialú láidir agus fairsing ag an rialtas. Faightear fianaise ar rialú fairsing den sórt sin, i measc nithe eile, in Airteagal 11 den Bhunreacht, ar dá réir a fheidhmíonn an rialtas maoirseacht agus rialú go sainráite ar earnálacha neamhphoiblí an gheilleagair freisin (féach go háirithe aithris (199)).

(786) Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún freisin go raibh tionchar uileláithreach i soláthróirí iomadúla ceallraí ag comhaltaí agus eagraíochtaí de chuid Pháirtí Cumannach na Síne. I gcomhréir le Dlí na gCuideachtaí ([341]), ní hamháin i bhfiontair faoi úinéireacht stáit ach i bhfiontair phríobháideacha freisin *'bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne chun gníomhaíochtaí an pháirtí a dhéanamh i gcomhréir le Bunreacht Pháirtí Cumannach na Síne. Cruthóidh an chuideachta na dálaí is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí na heagraíochta de chuid an pháirtí.*'. Thairis sin, in Opinions of the CCP Central Committee and the State Council on Creating a Healthy Environment for the Development of Entrepreneurs, Promoting Entrepreneurship and Allowing Full Play to the Role Played by Entrepreneurs ([342]) [Tuairimí 2017 ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le Timpeallacht Shláintiúil a Chruthú chun Fiontraithe a Fhorbairt, an Fhiontraíocht a Chur Chun Cinn agus Comhlíonadh Iomlán an Róil ag Fiontraithe a Cheadú], ní fhágtar aon amhras faoi ról na n-eagraíochtaí de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí: '*Oideachas a chur ar fhiontraithe príobháideacha agus iad a threorú chun tacú le ceannaireacht an pháirtí agus chun tacú le hobair neartaithe páirtí na bhfiontar. Meicníocht oibre um neartú páirtí de chuid fiontar neamhphoiblí a bhunú agus a fheabhsú, bealaí éagsúla d'obair neartaithe páirtí a fhiosrú go gníomhach, agus iarracht a dhéanamh cumhdach eagraíochta páirtí agus oibre i bhfiontair neamhphoiblí a leathnú. Ról iomlán a thabhairt do chroí-ról polaitiúil eagraíochtaí páirtí i maiseanna na n-oibrithe agus don ról ceannasach polaitiúil i bhforbairt fiontar*'. Go deimhin, measann comhaltaí CATL CCP maidir lena n-obair um neartú an pháirtí *party building work is also to lead the development of the enterprise* ([343]) [go bhfuil stiúradh fhorbairt an fhiontair ina chuid dá n-obair um neartú páirtí freisin].

(787) Déantar fianaise maidir le rialú Pháirtí Cumannach na Síne, nach amháin ar fhiontair atá faoi úinéireacht an Stáit ach ar eintitis phríobháideacha freisin, a dhearbhú a thuilleadh le soláthar na *'Treoirlínte Rialachais Chorparáidigh do Chuideachtaí Liostaithe*' a shainordaigh CSRC in 2018 ([344]), lena sainordaítear mar seo a leanas in Airteagal 5: '*i gcuideachtaí liostaithe, de réir fhorálacha Dhlí na gCuideachtaí, bunófar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne chun gníomhaíochtaí páirtí a dhéanamh. Listed companies shall provide the necessary conditions for the activities of party organizations. Déanfaidh cuideachtaí liostaithe atá faoi rialú an Stáit, i gcomhréir le Dlí na gCuideachtaí agus leis na rialacháin ábhartha, agus i bhfianaise struchtúr cothromais, oibríochtaí gnó, agus coinníollacha iarbhír eile na cuideachta, ceanglais ábhartha maidir le hobair neartaithe páirtí a ionchorprú ina n-airteagail chomhlachais.*' Deimhnítear leis sin go n-imríonn Páirtí Cumannach na Síne tionchar ar gach cineál cuideachta sa tSín, agus gur féidir leis aonaid oibre um neartú páirtí laistigh de ghnólachtaí a úsáid chun a thionchar a imirt. Ina theannta sin, tá cuid de na déantóirí ceallraí is mó sa tSín (CATL, BYD agus Gotion) liostaithe ar Stocmhalartán Shenzhen, agus tá siad faoi cheangal ag na treoirlínte a d'eisigh an CRSC. Deimhnítear é sin le hAirteagal 12 d'Airteagail Chomhlachais CATL, lena dtugtar sainordú maidir leis an gcuideachta *shall establish a Communist Party organization and carry out party activities in accordance with the provisions of the Constitution of the Communist Party of China The company provides the necessary conditions for the activities of the Party organization.* [bunóidh sí eagraíocht de chuid an Pháirtí Chumannaigh agus déanfaidh gníomhaíochtaí páirtí i gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne]. [Cruthóidh an chuideachta na dálaí is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí na heagraíochta de chuid an Pháirtí]. *Cuireann an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí*' ([345]).

([341]) Le fáil ag http://mg.mofcom.gov.cn/article/policy/201910/20191002905610.shtml
([342]) Le fáil ag http://www.gov.cn/zhengce/2017-09/25/content_5227473.htm
([343]) Féach tuarascáil preasa https://www.fjdaily.com/app/content/2022-10/20/content_1635848.html
([344]) Féach https://www.gov.cn/gongbao/content/2019/content_5363087.htm
([345]) Féach Airteagail Chomhlachais CATL ó mhí na Bealtaine 2022, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin CATL: https://www.catl.com/uploads/1/file/public/202204/20220426200308_qr532d21u6.pdf

(788) Thairis sin, tá Zeng Yuqun, Cathaoirleach agus Bainisteoir Ginearálta CATL ina Leas-Chathaoirleach ar an gCónaidhm Tionscail agus Tráchtála Uile-Shíneach (ACFIC) freisin ó mhí na Nollag 2022 ([346]). Is comhlachas tráchtála é ACFIC atá faoi stiúir Pháirtí Cumannach na Síne, '*a bhfuil fiontair phríobháideacha agus gníomhaithe eacnamaíocha príobháideacha mar an príomhchomhlacht de* ([347])'. Bunaithe ar airteagail chomhlachais ACFIC, is é an raon feidhme atá aige ná '*obair idé-eolaíoch agus pholaitiúil gníomhaithe eacnamaíocha príobháideacha a neartú agus a fheabhsú*' agus '*gníomhaithe eacnamaíocha príobháideacha a threorú chun a bhforbairt aonair a chomhcheangal go comhfhiosach leis an bhforbairt náisiúnta*' (Airteagal 1 agus Airteagal 1(2)). De réir Airteagal 2 de na hAirteagail Chomhlachais, tá ACFIC i gceannas ar imscrúduithe agus taighde a dhéanamh freisin maidir le cur chun feidhme bheartais Pháirtí Cumannach na Síne. Is é treoirphrionsabal an chomhlachais cúnamh a thabhairt don rialtas freisin leis an ngeilleagar príobháideach a bhainistiú agus chun freastal air (Airteagal 3).

(789) Bunaithe, *inter alia*, (a) ar an leibhéal rialaithe a fheidhmíonn Rialtas na Síne ar chomhlachais tionscail na Síne a ndearnadh anailís orthu sa roinn seo (eadhon CBIA agus CIAPS), (b) ar an bhfíoras go bhfuarthas amach go raibh an chuid is mó de tháirgeoirí ceallraí intíre na Síne mar chuid díobh, agus (c) ar an bhfíoras gur ceapadh CATL, an táirgeoir ceallraí is mó sa tSín, mar Leas-Chathaoirligh CBIA ([348]) agus mar Leas-Chathaoirligh ACFIC, ar comhlachas tráchtála é atá faoi stiúir Pháirtí Cumannach na Síne, agus é mar rún sainráite aige fiontair phríobháideacha a threorú maidir le beartais Pháirtí Cumannach na Síne a chur chun feidhme, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil margadh na gceallraí faoi cheannas roinnt cuideachtaí atá á mbainistiú agus á rialú ag an Stát trína rannpháirtíocht in CBIA agus CIAPS. I bhfianaise go mbíonn Rialtas na Síne i láthair i mbainistíocht na gcomhlachas agus i stiúradh a gcinntí gnó chomh maith, feidhmíonn sé rialú fóinteach ar na soláthróirí ceallraí trína rannpháirtíocht in CBIA agus in CIAPS.

(2) *Buntréithe agus bunfheidhmeanna na soláthróirí ceallraí*

(790) Léirítear le heagrú na soláthróirí ionchur trí chomhlachais agus trína gcaidreamh le Rialtas na Síne mar a dhílsítear údarás rialtais do na soláthróirí ionchur maidir le feidhmeanna poiblí a fheidhmiú. Seachas a bheith ag gníomhú mar oibreoirí saormhargaidh, feidhmíonn na soláthróirí ionchur an fheidhm rialtais sannta chun an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt. Is iad na soláthróirí ionchur, a bhfuil tacaíocht dhíreach acu ó Rialtas na Síne, a dhéanann na feidhmeanna sin agus príomh-ionchuir á soláthar acu do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha ar íocaíocht nach leordhóthanach.

(791) Mar a chumhdaítear cheana i Roinn 3.1, tháinig an Coimisiún ar fhianaise go bhfuil smacht iomlán ag Rialtas na Síne ar CBIA agus CIAPS araon agus ar a gcomhaltaí. Dá bhrí sin, dhírigh an Coimisiún a imscrúdú ar na feidhmeanna a chomhlíonann CBIA, CIAPS, agus a gcomhaltaí, ar feidhmeanna iad ar féidir tuairisc a thabhairt ar a saintréithe mar fheidhmeanna de chineál poiblí/rialtais.

(792) Bíonn CBIA rannpháirteach go hiomlán i gceapadh na mbeartas tionsclaíoch trí thuairimí agus trí mholtaí a eisiúint don rialtas agus i gcreat reachtach agus rialála earnáil na gceallraí a chur chun feidhme. I gCaibidil II, Airteagal 6(1) agus 6(10) d'Airteagail Chomhlachais CBIA, luaitear go sainráite gurb é raon feidhme gnó an Chomhlachais [p]*articipate in the formulation and organization of the implementation of the battery industry development plan […] and promote the implementation of plans and related policies formulated by the government* [páirt a ghlacadh i gceapadh agus in eagrú chur chun feidhme phlean forbartha thionscal na gceallraí [...] agus cur chun feidhme na bpleananna agus na mbeartas gaolmhar arna gceapadh ag an rialtas a chur chun cinn], agus chomh maith leis sin, *[u]ndertake other tasks authorized or entrusted by the government and relevant departments* [cúraimí eile arna n-údarú nó arna gcur de chúram air ag an rialtas agus ag ranna ábhartha a ghlacadh ar láimh]. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún nach creat táscach amháin é cur chun feidhme na bpleananna ach go sainordaítear de réir dlí é, agus de réir Bhunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne freisin ([349]).

(793) D'aimsigh an Coimisiún fianaise ina leith sin ar shuíomh gréasáin CBIA ([350]). Ghlac CBIA, in éineacht le hionadaithe ó Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise na Síne, agus príomhfhiontair amhail CATL, agus Sunwoda, táirgeoir ceallraí Síneach eile atá níos lú, páirt i bpléchruinniú chun an '*14ú Plean Cúig Bliana um Forbairt an Tionscail Ceallraí*' ([351]) a cheapadh agus athbhreithnithe a mholadh maidir le beartais thionsclaíocha, margaí

([346]) *Zeng Yuqun, Chairman of CATL, was elected as the new Vice Chairman of the All-China Federation of Industry and Commerce*, The Paper, an 13 Nollaig 2022. Le fáil ag https://finance.sina.cn/2022-12-13/detail-imxwnyvt2285318.d.html

([347]) Féach Airteagail Chomhlachais ACFIC, le fáil ag https://www.acfic.org.cn/bhjj/gk/zc/.

([348]) Féach http://www.chinabattery.org/channel3/12/1053074/1.html

([349]) The China Report – Chapter 4.3.1, p. 93 and also Article 62, 67 and 89 of the Constitution of the People's Republic of China, le fáil ag https://english.www.gov.cn/archive/lawsregulations/201911/20/content_WS5ed8856ec6d0b3f0e9499913.html

([350]) Féach China Battery Industry Association holds a discussion meeting on the formulation of the '14th Five-Year Plan for the Development of the Battery Industry, Comhlachas Thionscal Ceallraí na Síne, 23 Lúnasa 2021. Le fáil ag http://www.chinabattery.org/content2/11/1102/1053190.html

([351]) Tugadh an plean i gcrích ina dhiaidh sin é mar an 14th Five-Year New Energy Storage Development Plan [14ú Plean Forbartha Cúig Bliana um Stóráil Nuafhuinnimh]. Le fáil ag https://www.ndrc.gov.cn/xwdt/tzgg/202203/P020220321550104020921.pdf

tomhaltóirí intíre agus eachtracha, agus forbairt ghlas, i measc nithe eile. De réir an mhéid a tuairiscíodh ar shuíomh gréasáin CBIA, d'oibrigh an mheitheal agus MIIT go dlúth le chéile chun an plean a ullmhú, *so that it can become a guiding document that can lead the industry and serve the government and enterprise*. [ionas gur féidir leis a bheith ina dhoiciméad treorach lena bhféadfar an tionscal a stiúradh agus freastal ar an rialtas agus ar fhiontair].

(794) Suíodh freisin go raibh cumhacht urghnách tugtha do CBIA chun *strengthen industry discipline* [smacht an tionscail a láidriú] agus chun gníomhaíochtaí an chomhlachais, an tionscail agus na gcomhaltaí a rialáil, agus chun caidreamh le comhaltaí a chomhordú ([352]). Is treoracha sonracha iad an tionscal a neartú, féinsmacht agus iompraíocht mhargaidh dá bhforáiltear i roinnt pleananna náisiúnta, mar a chumhdaítear in aithrisí (747) agus (748). Foráiltear le hAirteagal 11 d'Airteagail Chomhlachais CBIA go gcomhlíonfaidh comhaltaí rialacháin an Chomhlachais agus go gcuirfidh siad rúin an Chomhlachais chun feidhme.

(795) Sa bhreis ar an bhfianaise a aimsíodh in Airteagail Chomhlachais CBIA, i réamhrá an chomhlachais atá ar fáil ar a shuíomh gréasáin, luaitear gurb é is cuspóir dó *reflect the demands of enterprises and industries, regulate the behaviour of enterprises and industries, safeguard the legitimate rights and interests of its members, implement national policies and laws, promote the continuous improvement of the economy, technology and management level of the whole industry, and promote the development of the whole industry, […] to foster the market for the industry […] and to coordinate issues in corporate* production*, sales and export* ([353]). [éilimh na bhfiontar agus na dtionscal a léiriú, iompraíocht na bhfiontar agus na dtionscal a rialáil, cearta agus leasanna dlisteanacha a chomhaltaí a choimirciú, beartais agus dlíthe náisiúnta a chur chun feidhme, feabhas leanúnach ar an ngeilleagar, ar theicneolaíocht agus ar leibhéal bainistíochta an tionscail ar fad a chur chun cinn, agus forbairt an tionscail ar fad a chur chun cinn, [...] an margadh a chothú ar mhaithe leis an tionscal [...] agus saincheisteanna maidir le táirgeadh, díolacháin agus onnmhairiú corparáide a chomhordú]. De réir fhorógra CBIA ([354]), is é misean an chomhlachais *serve members' needs, industry development and government management wholeheartedly* [freastal go dúthrachtach ar riachtanais na gcomhaltaí, ar fhorbairt an tionscail agus ar an mbainistíocht ón rialtas] agus is é an aidhm atá ann *create a first-class association that leads the development of the global battery industry* [comhlachas den chéad scoth a chruthú a stiúrfaidh forbairt thionscal domhanda na gceallraí]. Bunaithe ar Airteagal 2 de na hAirteagail Chomhlachais, rud a chuimsítear leis an raon feidhme freisin is ea go mbeidh CBIA ina dhroichead idir an rialtas agus na comhaltaí. De réir Airteagal 10(2) d'Airteagail Chomhlachais CBIA, déanann comhaltaí maoirseacht ar obair an Chomhlachais freisin.

(796) Is comhlachas eile é CIAPS atá comhdhéanta de fiontair agus d'institiúidí a bhaineann leis an tionscal ceallraí. Is é freastal ar a chomhaltaí is cuspóir don chomhlachas, ach chomh maith leis sin, cúnamh a thabhairt dóibh leathnú i margaí intíre agus eachtracha, agus dul chun cinn teicneolaíoch agus forbairt thionsclaíoch an tionscail a chur chun cinn ar an iomlán. Ar an gcaoi chéanna le CBIA, le hAirteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CIAPS ([355]) foráiltear freisin maidir leis an gcomhlachas go gcloífidh sé le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne agus go gcloífidh sé le beartais náisiúnta, agus go ndéanfaidh sé gníomhaíochtaí de chuid an pháirtí. Cuirtear de chúram ar CIAPS freisin moltaí a dhéanamh do ranna rialtais maidir le beartais agus rialacháin a cheapadh i leith thionscal na gceallraí (Airteagal 6(1)), agus gníomhú mar nasc idir an rialtas trí éilimh na gcomhaltaí a chur in iúl don rialtas, agus faoi seach, trí chúnamh a thabhairt do chomhaltaí chun beartais rialtais a chur chun feidhme (Airteagal 6(1)), ceapadh rialacha agus rialacháin an tionscail a eagrú, *assisting the government in regulating the market behaviour, expand markets for members, create conditions for establishing an external environment of fair and orderly competition* [cúnamh a thabhairt don rialtas iompraíocht an mhargaidh a rialáil, margaí a leathnú ar mhaithe le comhaltaí, dálaí a chruthú chun timpeallacht cóiriomaíochta ordúil sheachtrach a bhunú] agus leasanna a chomhaltaí agus an tionscail araon a choimirciú (Airteagal 6(3)). Ar deireadh, foráiltear le hAirteagal 6(14) go ndéanfaidh an comhlachas *undertake[s] matters entrusted by government departments and carr[ies] out other activities that are beneficial to the industry* [ábhair eile arna gcur de chúram air ag ranna rialtais a ghlacadh ar láimh agus gníomhaíochtaí eile a théann chun tairbhe don tionscal a dhéanamh]. Tá sé de chumhacht ag comhaltaí a ghlacann páirt in CIAPS maoirseacht a dhéanamh ar obair an Chomhlachais freisin (Airteagal 10).

(797) Thairis sin, le hAirteagail Chomhlachais CIAPS, forchuirtear oibleagáidí ar a chomhaltaí, mar a fhoráiltear in Airteagal 11 de na hAirteagail Chomhlachais sin, chun comply with the Association's charter and various regulations and implement the resolutions of the Association [cairt agus rialacháin éagsúla an Chomhlachais a chomhlíonadh agus rúin an Chomhlachais a chur chun feidhme].

(798) Dá bhrí sin, ní hamháin go gcomhlíonann CIAPS feidhmeanna comhairleacha le haghaidh an rialtais agus go ngníomhaíonn sé mar éascaitheoir idir Rialtas na Síne agus a chomhaltaí ach tá údarás urghnách tugtha dó freisin chun iompraíocht mhargaidh a chomhaltaí, agus na n-eintiteas eile atá gníomhach i dtionscal na gceallraí, a rialáil. Forálacha comhchosúla maidir le hiompraíocht mhargaidh a ngníomhaithe agus maidir leis an sásra praghsála, áirítear iad in Airteagail Chomhlachais Chomhlachas Tionscail Ceallraí Shenzhen (SBIA), a bhfuil Sunwoda ina chuid de. Tá SBIA faoi bhainistíocht rialtas Shenzhen, agus tá foráil shainráite déanta aige maidir le comhordú a dhéanamh i gcás díospóidí i measc a chomhaltaí i leith praghsanna. Go sonrach, luaitear a leanas in airteagail chomhlachais SBIA: *'faoi threoir na roinne riaracháin praghsanna, maoirseacht a dhéanamh ar phraghsáil táirgí nó seirbhísí laistigh den tionscal, díospóidí praghais a chomhordú i measc na gcomhaltaí, agus iomaíocht chóir a choinneáil ar bun'* ([356]).

([352]) Féach Airteagal 6(8) d'Airteagail Chomhlachais CBIA.
([353]) Le fáil ag http://www.chinabattery.org/detail/1101.html
([354]) Féach http://www.chinabattery.org/channel3/11/1053046/1.html
([355]) Le fáil ag https://www.ciaps.org.cn/news/show-htm-itemid-39456.html
([356]) Féach Airteagal 8(8) d'Airteagail Chomhlacchais SBIA, le fáil ag http://www.szbattery.org/bylaws.html

(799) Mar atá i gcás CBIA, dílsítear údarás rialtais do chomhaltaí CIAPS sa mhéid go bhfuil an chumhacht acu, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, tionchar a imirt agus cinntí a dhéanamh thar ceann an Chomhlachais, dualgais nó feidhmeanna a chomhlíonadh thar ceann an rialtais chun an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt. Feidhmíonn na comhlachais sin feidhmeanna rialtais freisin sa mhéid gurb é an ról atá acu beartais Rialtas na Síne a chur chun feidhme chun ceallraí agus amhábhair a sholáthar ar phraghsanna saora ar mhaithe leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar na soláthróirí ábhartha uile chun a áirithiú siad á gcomhlíonadh go hiomlán acu. Ina fhianaise sin, mheas an Coimisiún gur 'comhlachtaí poiblí' iad CIAPS agus a chomhaltaí de réir bhrí Airteagal 1.1(a)(1) de Chomhaontú SCM.

(800) Rinne an Coimisiún measúnú breise ar cibé an bhfuil údarás rialtais ar bhonn aonair ag na soláthróirí ceallraí, go háirithe ag CATL, ar príomhoibreoir é ar mhargadh intíre na Síne, agus an bhfeidhmíonn siad an t-údarás sin agus feidhmeanna rialtais á gcomhlíonadh acu. Léiríodh leis an bhfianaise go gcloíonn na soláthróirí ceallraí le cuspóirí beartais Rialtas na Síne a leagtar amach i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1 agus go gcuireann siad chun feidhme iad, agus go bhfeidhmíonn siad feidhmeanna rialtais ar an gcaoi sin.

(801) Sampla de chomhlacht poiblí ag feidhmiú feidhmeanna rialtais is ea iompraíocht CATL i margadh ceallreaí agus BEV trínar fhorbair sé líonra comhfhiontar straitéiseach leis na fiontair seo a leanas atá faoi úinéireacht stáit: FAW, CGG, Dongfeng, SAIC, Chang'an Automotive agus, níos déanaí, le BAIC ([357]). Léirítear leis na comhpháirtíochtaí sin dlúthnaisc rialtais a chuidíonn le seasamh CATL a chomhdhlúthú, ach anuas air sin, a théann chun tairbhe an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha freisin sa mhéid is go n-áirithítear leo soláthar cobhsaí do na táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha sin ó chomhalta de chomhairle feidhmiúcháin CBIA ([358]). Rud atá de réir an mheoin chéanna, shínigh CATL comhaontú maidir le comhfhiontar le grúpa Geely ([359]) a bhfuil sé d'aidhm aige *stable supply* [soláthar cobhsaí] agus *lower*[ing] *the procurement price for parts and consequently increase the competitiveness of electric cars* [an praghas soláthair le haghaidh páirteanna a ísliú agus, dá thoradh sin, iomaíochas na ngluaisteán leictreach a mhéadú]. Léiríonn sé sin nach bhfuil an dinimic sin teoranta do tháirgeoirí BEV atá faoi úinéireacht stáit, ach go mbíonn tionchar ag an dinimic sin ar iompraíocht na gcuideachtaí atá faoi úinéireacht phríobháideach freisin.

(802) Maidir le hidirbhearta le cuideachtaí comhlachaithe, shuigh an Coimisiún go bhforáiltear le hAirteagal 46 d'Airteagail Chomhlachais CATL go bhféadfar idirbhearta idir an Chuideachta agus a páirtithe comhlachaithe a dhíolmhú óna gcur faoi bhráid chruinniú na scairshealbhóirí le haghaidh plé nuair a '*déanfaidh an Stát praghsáil idirbheart páirtí ghaolmhair a shonrú*' ([360]). Tá foráil den chineál céanna le fáil i gCóras Bainistithe Idirbheart Gaolmhara CATL, in Airteagal 22 de ([361]). Mheas an Coimisiún nach mbeadh aon chúis ann go mbeadh gá le foráil den sórt sin mura mbeadh aon chásanna den Stáit a bheith ag socrú praghsanna sa tionscal sin, go háirithe agus amhábhair agus/nó ceallraí á gceannach/á ndíol. I bhfianaise na gcomhfhiontar thuasluaite a síníodh idir CATL agus táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha atá faoi úinéireacht an stáit, i bhfianaise gur ann do chomhfhiontair idir CATL agus an dá tháirgeoir shampláilte neamh-chomhtháite, agus i bhfianaise an sciar mhóir de cheannacháin ceallraí a rinne grúpaí Geely agus SAIC ó CATL, dealraíonn sé go bhfuil ról lárnach ag Rialtas na Síne sa sásra praghsanna a bhaineann leis na ceallraí a sholáthraítear don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha agus go bhfeidhmíonn CATL údarás rialtais agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige.

([357]) FAW/CATL established a new company, Ningde, a popular brand, gathered six state-owned enterprise partners, Sohu, an 26 Aibreán 2024. Le fáil ag https://www.sohu.com/a/310427005_205282

([358]) Maidir le SAIC, féach 'CATL, SAIC's joint ventures celebrate first spade cut for power battery base phase II', Gasgoo, an 22 Meitheamh 2021. Le fáil ag https://autonews.gasgoo.com/m/70018344.html
Féach an mhír dheireanach: *This agreement enables them to begin discussions on a broad range of areas including joint development, stable supply […] [Leis an gcomhaontú sin, cuirtear é ar a gcumas dóibh tús a chur le pléití maidir le raon leathan réimsí lena n-áirítear forbairt chomhpháirteach, soláthar cobhsaí […]]*
On FAW, see "China's FAW Secures NEV Battery Supplies by Teaming With Energy Champion CATL", Yicai, 28 February 2019, le fáil ag https://www.yicaiglobal.com/news/china-faw-secures-nev-battery-supplies-by-teaming-with-energy-champion-catl: *For FAW, the tie-up may ensure a stable stream of power unit supplies at a competitive price [I gcás FAW, féadfar sruth cobhsaí soláthairtí aonaid cumhachta a áirithiú ar phraghas iomaíoch leis an gceangal]*
Maidir le GAC, féach GAC agus CATL agreeded to Establish Two Joint Ventures, Grúpa GAC, 19 Iúil 2018. Le fáil ag https://www.gac.com.cn/en/csr/detail?baseid=16931: *For GAC, this cooperation will secure stable supply of core components of new energy vehicles, further reduce procurement cost, and enhance its market competitiveness. [I gcás GAC agus leis an gcomhar sin, áiritheofar soláthar cobhsaí de chroí-chomhpháirteanna feithiclí nuafhuinnimh, laghdófar an costas soláthair a thuilleadh, agus feabhsófar a iomaíochas sa mhargadh].*

([359]) https://www.electrive.com/2019/01/02/geely-catl-found-battery-jv-in-china/

([360]) https://www.catl.com/uploads/1/file/public/202204/20220426200308_qr532d21u6.pdf

([361]) https://vip.stock.finance.sina.com.cn/corp/view/vCB_AllBulletinDetail.php?stockid=300750&id=9876443.

(803) Ós é an príomhtháirgeoir ceallraí sa tSín, arb ionann é agus 52 % den mhargadh ceallraí intíre ([362]), luaitear CATL go forleathan freisin i bpleananna náisiúnta agus áitiúla, go háirithe i Guizhou agus Fujian. In Guizhou, shínigh CATL roinnt comhaontuithe comhair leis an rialtas áitiúil, mar a chumhdaítear in aithris (730). Thairis sin, tá cruthú an Ionaid Taighde Innealtóireachta Náisiúnta um Theicneolaíocht Stórála Fuinnimh Leictriceimiceach de CATL ina léiriú ar cheann de na príomhchúraimí sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Ceallraí 2017 ([363]) (aithris (729)). CATL, *as the backbone of the development of China's lithium battery industry […] took the lead and jointly established the National Engineering Research Center for Electrochemical Energy Storage Technology* ([364]). [mar chnámh droma fhorbairt thionscal na gceallraí litiam sa tSín, [...] bhí sé ina cheannródaí agus bhunaigh sé an Lárionad Taighde Innealtóireachta Náisiúnta um Theicneolaíocht Stórála Fuinnimh Leictriceimicigh ar bhonn comhpháirteach]. Tá an lárionad taighde comhdhéanta de shé ollscoil lena n-áirítear Ollscoil Tsinghua agus Ollscoil Xiamen, dhá aonad taighde eolaíoch lena n-áirítear Institiúid Taighde um Chumhacht Leitreach na Síne agus Lárionad na Síne um T&F i leith na Teicneolaíochta Gluaisteán, agus seacht bhfiontar réamhtheachtacha agus iartheachtacha lena n-áirítear Xiamen Tungsten Industry Co., Ltd. Is fiontair faoi úinéireacht stáit iad na haonaid taighde eolaíoch uile mar aon le Xiamen Tungsten Industry Co., Ltd.

(804) Tá an Lárionad Taighde Innealtóireachta Náisiúnta um Theicneolaíocht Stórála Fuinnimh Leictriceimicigh ar cheann de na samplaí is déanaí lenar ghlac CATL príomhchúraimí náisiúnta ar láimh. Mar shampla, i dtuarascáil CATL maidir le freagracht shóisialta chorparáideach 2019, cuireann an chuideachta i dtreis, i measc na bpríomhéachtaí a bhain sí amach, in 2016, gur *'thug* [sí] *faoi chúraimí sonracha taighde agus forbartha maidir le Feithiclí Nuafhuinnimh agus maidir le heangach chliste araon faoin 13ú Plean Cúig Bliana de phlean náisiúnta taighde agus forbartha; [gur bhunaigh sí] New Energy Technology Li Ningde Times New Energy Technology Co., Ltd. de chuid CATL Co., Ltd. Academician Expert Workstation; [bhunaigh sí] Jiangsu CATL Technology Co., Ltd'* ([365]).

(805) Sa bhreis ar an gcomhar le fiontair faoi úinéireacht stáit agus ar phríomhchúraimí náisiúnta a ghlacadh ar láimh, shuigh an Coimisiún gur thosaigh CATL ar lacáistí praghsanna a chur ar fáil in 2023, rud a spreag gníomhaithe eile chun déanamh amhlaidh chun a sciar den mhargadh a choimeád. De réir faisnéise ar líne, chuir CATL carbónáit litiam ar fáil do mhonaróirí gluaisteán ag CNY 200 000 in aghaidh an tonna, níos ísle ná praghas an mhargaidh de thart ar CNY 470 000 in aghaidh an tonna d'fhonn dílseacht roinnt custaiméirí a dhaingniú, is é sin Li Auto, NIO, Huawei, agus Zeekr, ceann de na brandaí a thráchtálú an grúpa Geely. ([366]) Díríonn clár fabhrach CATLar roinnt cuideachtaí 'straitéiseacha' a gceanglaítear orthu 80 % dá gceallraí a fháil ó CATL sna trí bliana amach romhainn ([367]). I mí Iúil 2023, líomhnaítear gur iarr an déantóir ceallraí ar sholáthraithe ábhair catóide lascaine idir 5 agus 10 faoin gcéad a thairiscint i socrú praghsanna carbóin litiam ([368]). Chun coinneáil suas le CATL, tháirg monaróirí ceallraí eile lascaine den chineál céanna ([369]). Deimhníodh an lascaine seo a chuir CATL ar fáil leis an bhfianaise a fuarthas sna táirgeoirí sampláilte fíoraithe de chuid ghrúpa Geely. Go deimhin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, fuarthas amach go raibh na samhlacha a tháirg branda Zeekr faoi réir corrlach fóirdheontais níos airde le haghaidh ceallraí, i gcomparáid le táirgeoirí eile.

(806) I bhfianaise a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún scrúdú breise ar cé acu arbh amhlaidh de thoradh údarás rialtais a bheith tugtha do sholáthróirí na gceallraí, agus gur measadh go raibh siad ina 'gcomhlachtaí poiblí', a bhí tionchar ag na fíorais sin ar phraghsanna do na táirgeoirí intíre feithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne.

([362]) Tuarascáil Róidiam, lch. 42

([363]) Féach Roinn III (1) de Phlean Gníomhaíochta um Cheallraí 2017

([364]) Reáchtáladh searmanas bronnta galánta an Lárionaid Taighde Innealtóireachta Náisiúnta um Theicneolaíocht Stórála Fuinnimh Leictriceimicigh ag CATL, CATL, an 22 Eanáir 2019. Le fáil ag https://www.catl.com/news/4041.html

([365]) Féach leathanach 10 de thuarascáil CSR CATL ó 2109, le fáil ag https://www.catl.com/uploads/1/file/public/2020/04/30/15882360220084qox1w.pdf

([366]) Féach CATL reportedly cut lithium costs for strategic customers, DigTimes Asia, 20 Feabhra 2023. Le fáil ag https://www.digitimes.com/news/a20230220VL203/catl-china.html

([367]) Ibid.

([368]) Féach *CATL reportedly asks suppliers to offer up to 10 % discount on lithium carbonate prices*, CnEVPost, 20 Iúil 2023. Le fáil ag https://cnevpost.com/2023/07/20/catl-asks-up-to-10-discount-on-lithium-prices-report/

([369]) Féach *CATL launches 'lithium ore rebate' plan to car companies, setting off a price war in the battery industry*, 36kr, 17 Feabhra 2023. Le fáil ag https://36kr.com/p/2135430109806721

(807) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (798) gur dílsíodh cumhacht rialtais do CBIA agus do CIAPS araon chun iompraíocht eacnamaíoch a chomhaltaí a rialáil agus a stiúradh chun leasa an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha. I gcás CBIA, tugadh de chumhacht don chomhlachas *strengthen industry self-discipline* [féinsmacht an tionscail a láidriú] agus *regulate the association, industry and behaviour of members* ([370]) [an comhlachas, an tionscal agus iompraíocht na gcomhaltaí a rialáil]. Chun cúnamh a thabhairt dá chomhaltaí le méadú a dhéanamh ar a gcuid *real economy capabilities* [cumas ó thaobh an fhíorgheilleagair de], leagann an comhlachas amach go mbunófar ardáin seirbhísí airgeadais *to assist the real economy* ([371]). [chun cúnamh a thabhairt don fhíorgheilleagar]. Tá sé de chumhacht ag CBIA agus de chúram air freisin *coordinate issues in corporate production, sales and export* ([372]). [saincheisteanna maidir le táirgeadh, díolacháin agus onnmhairiú corparáide a chomhordú]. Tá an córas sin i gcomhréir le forálacha an Fhógra maidir le tionscal na gceallraí, dá dtagraítear in aithris (748), lena bhforáiltear gur cheart iompraíocht gníomhaithe ceallraí réamhtheachtacha agus iartheachtacha a mhaoirsiú agus a rialáil dá réir. Mar a cuireadh in iúl cheana in aithris (748), ordaítear d'údaráis Stáit leis an bhFógra maidir le Tionscal na gCeallraí '*maoirseacht a neartú agus dian-imscrúdú a dhéanamh ar chnapaireacht, ar phraghasfheannadh, ar iomaíocht éagórach agus ar iompraíochtaí eile ag céimeanna réamhtheachtacha agus iartheachtacha de thionscal na gceallraí litiam agus dul i ngleic leo, chun ord an mhargaidh a choinneáil* ([373])'. Sanntar an ról sin do na comhlachtaí poiblí uile mar dhlúthchuid dá ndualgais, cibé acu comhlachais CBIA agus CIAPS nó a gcomhaltaí.

(808) I bhfianaise na cumhachta a thugtar do na comhlachais tionscail atá i gceist agus dá gcomhaltaí maidir le sásraí praghsála, scrúdaigh an Coimisiún an éifeacht atá ag rialú rialtais ar chomhlachais tionscail ó thaobh ceallraí agus litiam/LFP de.

(809) Mar a scrúdaíodh cheana i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1, bhunaigh Rialtas na Síne líonra comhlachas tionscail a bhfuil a gcomhaltaí dílsithe d'údarás rialtais agus a fheidhmíonn feidhmeanna rialtais go háirithe mar gheall ar a gcumhacht maidir leis an gcomhlachas a bhfuil siad mar chuid de a rialú, a bhfuil údarás aige ina dhiaidh sin feidhmeanna rialtais a fheidhmiú. Tá an toradh sin bunaithe go háirithe ar an tionchar a bhíonn ag comhlachais, amhail CBIA agus CIAPS, ar na creataí reachtacha, rialála agus normatacha a bhfuil feidhm acu sa tSín. I gcás na gcomhlachas uile mar aon lena gcomhaltaí, shuigh an Coimisiún nach bhfuil na cumhachtaí sin teoranta do bheartais agus dlíthe a dhréachtú, ach go n-áirítear ar na cumhachtaí sin freisin féinsmacht an tionscail a láidriú, agus leis sin, rialaíonn na comhlachais iompraíocht a gcomhaltaí agus leathnaítear an chumhacht chun socrú praghsanna na n-amhábhar agus iompraíocht mhargaidh na gcuideachtaí sa tSín a chumhdach.

(810) Mar a luaitear i Roinn 3.3.1.2, mar thoradh ar neamh-chomhar Rialtas na Síne, ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ceistneora ó aon sholáthróir ceallraí neamhchomhlachaithe, ná aon fhaisnéis a bhaineann le margadh ceallraí na Síne amhail a struchtúr, úinéireacht a oibreoirí eacnamaíocha nó leibhéal na bpraghsanna. Chomh maith leis sin, cé go ndeachaigh dhá cheann de na grúpaí sampláilte lena raibh comhfhiontair aige i dteagmháil leis, dhiúltaigh CATL freagra ar an gceistneoir a sholáthar, rud a d'fhág nach raibh faisnéis ríthábhachtach ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar chás CATL bunaithe ar a shonraí féin.

(811) Thairis sin, mar a luaitear i roinn 3.3.2.3 in éagmais faisnéis infhíoraithe arna soláthar ag grúpa SAIC, fágadh an Coimisiún gan ach tacar teoranta faisnéise maidir le Grúpa Geely. I bhfianaise go bhfuil sciar na cuideachta sin de mhargadh na Síne i bhfad níos ísle i dtéarmaí dhíolacháin na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, agus dá dheasca sin, gurb ísle méid na gceannachán ceallraí i gcomparáid le Grúpa SAIC, measadh nár leormhaith an fhaisnéis sin aisti féin chun teacht ar chonclúidí fóinteacha maidir le héifeacht an rialaithe rialtais ar chomhlachais thionscal na gceallraí cumhachta ar phraghsanna ceallraí a mhuirearaítear ar tháirgeoirí na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Dá dheasca sin, bhí ar an gCoimisiún brath ar fhíorais eile a bhí ar fáil.

(812) Is éard a bhí sna fíorais ar ar bhraith an Coimisiún, an fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí amhail faisnéis mhargaidh ó BMI ([374]), faisnéis faoin bpríomhghníomhaí ceallraí i margadh na Síne, faoi CATL, faisnéis fhíoraithe faoi cheannacháin a bhain le grúpa Geely agus faisnéis fhíoraithe áirithe a bhain le soláthróir ceallraí a bhí bainteach le grúpa SAIC.

([370]) Airteagal 6(8) d'Airteagail Chomhlachais CBIA.
([371]) Airteagal 6(6) d'Airteagail Chomhlachais CBIA.
([372]) Féach Réamhrá CBIA.
([373]) Idem.
([374]) *Data provider and market intelligence publisher for the lithium-ion battery to electric vehicle (EV) supply chain*, https://www.benchmarkminerals.com/price-assessments/lithium-ion-batteries/reports/

(813) Leis na sonraí ó BMI, cuirtear measúnuithe míosúla ar phraghsanna na gceall ceallraí ian litiam i láthair i gcás mhargaí na Síne, na hEorpa, na hÁise (gan an tSín a áireamh) agus Mheiriceá Thuaidh, arna sloinneadh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha. A mhéid a bhaineann leis an tréimhse imscrúdúcháin, maidir le praghas na gceall d'ocsaídí cóbailt-mangainéise-nicile (NMC) ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha in aghaidh kW/h, léirítear go raibh sé 10 % ar a laghad agus suas le 30 % níos airde i margaí an Aontais, Mheiriceá Thuaidh nó na hÁise ná mar a bhí ar mhargadh na Síne gan beann ar cheimic shonrach na gceall den sórt sin (111, 523, 622 nó 811). In éagmais measúnú ar phraghas na gceall a bheith ar fáil go poiblí i gcás na gceall LFP agus in éagmais comhair ó Rialtas na Síne, measadh go raibh an difríocht sa phraghas idir margadh na Síne agus margaí eile bailí i gcás na gceall LFP. Ba cheart breathnú ar chomparáid den sórt sin i bhfianaise sciar breis agus 60 % den mhargadh a bheith ag táirgeoirí ceallraí de chuid na Síne i margaí an Aontais agus Mheiriceá Thuaidh ([375]) in 2022 agus 2023, rud a fhágann gur féidir a mheas gurb iad táirgeoirí ceallraí de chuid na Síne a shocraíonn praghsanna ar na margaí sin. Cé go léiríonn an chomparáid praghais sin go bhfuil na praghsanna, ar mhargaí nach margaí de chuid na Síne iad, níos airde ar bhonn córasach, mheas an Coimisiún freisin go ndearnadh an anailís sin ar bhonn coimeádach ós rud é go ndearnadh na praghsanna reatha ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha, rud a d'fhág nár cuireadh costais seachadta ón tSín chuig na margaí sin san áireamh. Dá gcuirfí costais seachadta san áireamh agus i bhfianaise an sciar den mhargadh atá ag táirgeoirí ceallraí de chuid na Síne ar na margaí sin, is amhlaidh a bheadh an difríocht sa phraghas níos airde fós.

(814) Maidir le CATL, in éagmais sonraí níos beaichte, rinne an Coimisiún anailís ar thuarascálacha bliantúla de chuid CATL i gcás thréimhse 2021-2022 ([376]). Léiríodh sna tuarascálacha gur tháinig meath ar an mbrabúsacht ar mhargadh intíre na Síne, rud a cúitíodh le brabúis níos airde a taifeadadh ar thaobh na n-onnmhairí. Cé gur thuairiscigh an chuideachta ollchorrlaigh bhrabúis arda ar an margadh intíre agus ar an margadh thar lear le haghaidh ceallraí i mí na Nollag 2021, aisiompaíodh an fhorbairt sin i mí an Mheithimh 2022, nuair a thosaigh an chuideachta ar an mbrabúsacht ar mhargadh intíre na Síne a chailleadh, agus a corrlach brabúis á mhéadú ar thaobh na n-onnmhairí aici an tráth céanna. In éagmais comhair ó CATL, i bhfianaise neamh-chomhoibriú Rialtas na Síne nó dhiúltú CATL freagra ar an gceistneoir a sholáthar maidir le cáilíocht sholáthróir comhlachaithe na gceallraí aige do dhá ghrúpa shampláilte, bhraith an Coimisiún ar fhíorais a bhí ar fáil agus bhain tátal as go raibh an laghdú ar an mbrabúsacht ar mhargadh intíre na Síne i gcás ceallraí ina léiriú ar na beartais rialtais arb é is aidhm dóibh ceallraí a sholáthar do tháirgeoirí na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, ar an margadh intíre ar luach saothair nach leordhóthanach. A mhalairt go deimhin, ní raibh tionchar ag beartais den sórt sin ar na margaí onnmhairiúcháin, rud a d'fhág go raibh an bhrabúsacht cobhsaí fós agus gur tháinig méadú uirthi fiú de thoradh na bpraghsanna níos airde a bhí á gcur ar fáil ag CATL ar na margaí sin. Léiríonn sé sin go soiléir nach raibh CATL in ann a bhrabúis sa tSín a uasmhéadú ná cinntí gnó réasúnacha a dhéanamh mar ghnáthghníomhaí margaidh a oibríonn i ngeilleagar margaidh oscailte. Ina áit sin, chuir beartais Rialtas na Síne iallach ar CATL ceallraí a sholáthar ar phraghsanna níos saoire do thionscal intíre na bhfeithiclí ceallra-leictreacha agus ní fhéadfaidís gnáthleibhéal brabúis a bhaint amach ach de thoradh na n-onnmhairí ceallraí agus dá dtoradh sin amháin, agus b'onnmhairí iad nach raibh a bpraghsanna truaillithe de dheasca bheartais uileghabhálacha Rialtas na Síne i bhfabhar thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Deimhnítear an cleachtas sin freisin leis na forálacha atá in Airteagail Chomhlachais agus Córas Bainistíochta Idirbheart Gaolmhar CATL, mar a mhínítear in aithris (801), lena bhforáiltear go socróidh an Stát praghsanna d'aon chineál idirbheart le heintitis ghaolmhara.

(815) Cheannaigh grúpa Geely a chuid ceallraí trí na heintitis éagsúla dá chuid i bhfoirm pacáistí agus modúl ó sholáthraithe neamhchomhlachaithe agus comhlachaithe araon. Ós rud é go raibh comhfhiontair idir grúpa Geely agus CATL ann, measadh go raibh gaol ag an dá chuideachta sin le chéile faoi chuimsiú na n-imeachtaí seo. Ar an mbonn sin, shuigh an Coimisiún gur ó chuideachtaí comhlachaithe a rinneadh formhór na gceannachán.

(816) Dhíol na soláthróirí comhlachaithe ceallraí de chuid ghrúpaí SAIC agus Geely ceallraí lena n-onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin freisin. Shuigh an Coimisiún go ndearnadh na honnmhairí sin ar phraghsanna ní b'airde (ar bhonn kw/h) ná an praghas a d'íoc grúpa Geely le soláthróirí neamhchomhlachaithe. Thairis sin, shuigh an Coimisiún freisin gur onnmhairigh na soláthróirí comhlachaithe ceallraí de chuid ghrúpaí SAIC agus Geely na ceallraí céanna ar phraghas a bhí cuid mhaith níos airde ná an praghas a muirearaíodh ar an margadh intíre. Ag brath ar na samhlacha, bhí an difríocht sa phraghas níos mó ná 25 %, rud a léiríonn iompraíochtaí praghsanna éagsúla ag brath ar cheann scríbe na gceallraí, lena dtacaítear leis na torthaí in aithris (813).

([375]) https://www.benchmarkminerals.com/price-assessments/lithium-ion-batteries/reports/

([376]) Tuarascáil bhliantúil CATL 2022, lch. 17 agus lch. 18 agus tuarascáil leathbhliana CATL 2023, lch. 15 agus lch. 148.

(817) I bhfianaise a bhfuil thuas, ba é conclúid an Choimisiúin go dtugtar cóir fhabhrach do tháirgeoirí intíre na bhfeithiclí ceallra-leictreacha de thoradh an rialaithe rialtais ar chomhlachais tionscail na gceallraí cumhachta agus ar a gcomhaltaí. Gné atá níos coincréití ná sin, is ea go muirearaíonn táirgeoirí ceallraí praghsanna níos ísle ar tháirgeoirí na bhfeithiclí ceallra-leictreacha ar an margadh intíre ná a mhuirearaítear ar mhargaí onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin gur chuir na táirgeoirí ceallraí a ghníomhaíonn mar chomhlachtaí poiblí beartais náisiúnta chun feidhme arbh é ab aidhm dóibh ceallraí a sholáthar do tháirgeoirí intíre na bhfeithiclí ceallra-leictreacha ar luach saothair nach leordhóthanach.

(3) *Conclúid*

(818) Ar bhonn na faisnéise a ndearnadh anailís uirthi thuas, mheas an Coimisiún go bhfuil údarás rialtais dílsithe do na cuideachtaí a sholáthraíonn ceallraí agus go bhfeidhmíonn siad feidhmeanna rialtais sa mhéid is go gcuireann siad beartais Rialtas na Síne a chumhdaítear i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1 chun feidhme seachas gníomhú de réir phrionsabail an tsaormhargaidh chun a mbrabús a uasmhéadú. Is léir go ndéanann na beartais de chuid Rialtas na Síne, chun ceallraí a sholáthar ar phraghsanna níos saoire ar mhaithe leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt, difear do chinntí agus do bhainistíocht na gcuideachtaí sin, mar aon leis an treoraíocht maidir le spriocanna táirgthe a leanúint, rud a fhágann, dá bhrí sin, nach féidir a mheas go léiríonn an méid sin iompraíocht phríobháideach i ngeilleagar margaidh. An fhianaise a aimsíodh maidir leis an iompraíocht phraghsála ar an margadh onnmhairiúcháin i leith na hiompraíochta praghsála intíre, is deimhniú breise í go gcloíonn táirgeoirí ceallraí sa tSín le beartais Rialtas na Síne seachas le prionsabail an gheilleagair mhargaidh.

(819) Ina theannta sin, i bhfianaise na bhfeidhmeanna a rinne comhlachais tionscail na Síne, a raibh na soláthróirí ceallraí mar chuid díobh (i.e. CBIA agus CIAPS), agus an tionchar forleatach atá ag Rialtas na Síne ar na comhlachais, agus na cumhachtaí a fuair comhaltaí na gcomhlachas sin trí pháirt a ghlacadh iontu, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid trí pháirt a ghlacadh i CBIA agus CIAPS go dtugann sin údarás rialtais do chomhaltaí, sa mhéid go bhfuil sé de chumhacht ag comhaltaí, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, tionchar a imirt ar an gComhlachas agus cinntí a ghlacadh don Chomhlachas, chun dualgais nó feidhmeanna a fheidhmiú thar ceann an rialtais chun an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt. Feidhmíonn na comhlachais sin feidhmeanna rialtais freisin sa mhéid is gurb é an ról atá acu beartais Rialtas na Síne a chur chun feidhme chun ceallraí a sholáthar ar phraghsanna níos saoire ar mhaithe leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha, agus maoirseacht a dhéanamh go bhfuil na soláthróirí ábhartha uile á gcomhlíonadh go hiomlán. Mar gheall ar phleananna Rialtas na Síne agus na sásraí rialaithe agus maoirseachta dochta sin go léir lena rialaítear na comhlachais, is gníomhartha de chuid Rialtas na Síne iad gníomhartha na gcomhlachas sin agus a gcomhaltaí, chomh maith leis na soláthróirí eile.

(820) Saintréithe mhargadh intíre na Síne agus na sásraí praghsála a chuireann na comhlachais ceallraí, a gcomhaltaí, agus na soláthróirí ceallraí agus LFP chun feidhme agus ar a ndéanann siad faireachán, is comhthacaíocht bhreise an méid sin leis an gconclúid go bhfuil údarás rialtais tugtha dóibh agus go bhfeidhmíonn siad feidhmeanna rialtais. Go háirithe, chruthaigh Rialtas na Síne timpeallacht ina soláthrófaí ceallraí agus LFP do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha ar luach nach leordhóthanach.

(821) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go meastar gur comhlachtaí poiblí iad na soláthróirí ceallraí de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den bhun-Rialachán.

(b) Soláthróirí ceallraí a ghníomhaíonn mar chomhlachtaí príobháideacha faoi chúram nó faoi stiúir Rialtas na Síne

(822) Sa chás malartach, fiú amháin mura measfaí gur comhlachtaí poiblí iad na táirgeoirí ceallraí de réir bhrí Airteagal 3(1)a den bhun-Rialachán, shuigh an Coimisiún ar bhonn na faisnéise a dtugtar tuairisc uirthi sa roinn seo go measfaí go mbeidís faoi chúram nó faoi stiúir Rialtas na Síne chun feidhmeanna a bheadh dílsithe sa rialtas de ghnáth a fheidhmiú de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán ar na cúiseanna a leagtar amach thíos. Dá bhrí sin, chuirfí a n-iompar síos i leith Rialtas na Síne in aon chás.

(823) Luaitear sa dara fleasc d'Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán go bhfuil ranníocaíocht airgeadais ann más rud é: 'a chur de chúram ar chomhlacht príobháideach nó a ordú dó cineál amháin nó níos mó de na feidhmeanna atá léirithe i bpointe (i), i bpointe (ii) agus i bpointe (iii) a dhéanamh, feidhmeanna a chuirfí de chúram de ghnáth ar an rialtas, agus níl aon difríocht ann i ndáiríre idir an cleachtas agus na cleachtais a leanann rialtais de ghnáth'. Cineál na bhfeidhmeanna a thuairiscítear in Airteagal 3(1)(a)(iii) den bhun-Rialachán i gcás ina soláthraíonn rialtas earraí nó seirbhísí seachas bonneagar ginearálta, nó ina gceannaíonn sé earraí...'. Tá na forálacha sin ar aon dul le mír (iii) agus le mír (iv) d'Airteagal 1.1(a)(1) de Chomhaontú SCM agus ba cheart iad a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i bhfianaise chásdlí ábhartha EDT.

(824) Rialaigh painéal na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) sna Stáit Aontaithe – Srianta Onnmhairithe go gceanglaítear le gnáthbhrí an dá fhocal '*entrust*' agus '*direct*' in Airteagal 1.1(a)(1)(iv) de Chomhaontú SCM nach mór coincheap tarmligin a bheith i ngníomhaíocht an rialtais (i gcás cúraim) nó i gcás ceannas (i gcás treo). Dhiúltaigh sí 'rá cúis agus éifeacht' na Stát Aontaithe agus d'iarr sí go ngníomhódh tarmligean nó ceannas go sainráite agus go dearfach. I gcás ina dhiaidh sin, áfach (dleachtanna frithchúitimh ar DRAMS), chinn an Comhlacht Achomhairc go bhfuil áit na bhfocal '*entrusts*' agus '*directs*' le 'tarmligean' agus 'ordú' ródhocht mar chaighdeán. De réir na Comhlachta Achomhairc, tarlaíonn 'iontaobhas' nuair a thugann rialtas freagracht do chomhlacht príobháideach agus tagraíonn 'treoir' do chásanna ina bhfeidhmíonn an rialtas a údarás ar chomhlacht príobháideach. Sa dá chás, úsáideann an rialtas comhlacht príobháideach mar sheach-chomhlacht chun an ranníocaíocht airgeadais a chur i gcrích, agus sa chuid is mó de chásanna, bheifí ag súil go mbeadh cineál éigin bagartha nó aslaigh i gceist le cúram nó treoir ó chomhlacht príobháideach'.

(825) Ag an am céanna, ní cheadaítear d'Fheisirí, le mír (iv) d'Airteagal 1.1(a)(1) den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, bearta frithchúitimh a fhorchur ar tháirgí 'nuair nach bhfuil an rialtas ach ag feidhmiú a chumhachtaí rialála ginearálta' nó i gcás 'ina bhféadfadh sé nach mbeadh toradh ar leith ag idirghabháil rialtais atá bunaithe ar na himthosca fíorasacha áirithe agus ar fheidhmiú rogha saor in aisce ag na gníomhaithe sa mhargadh sin'. Ina ionad sin, ciallaíonn an cúram agus an treo 'ról níos gníomhaí ar an rialtas ná gníomhartha spreagtha amháin'. Thairis sin, níor mheas EDT 'gur gá, i gcás ina mbeadh discréid ag comhlacht príobháideach fós, go mbeadh sé sin ar neamhréir le cúram a chur ar an gcomhlacht príobháideach sin nó treoir a thabhairt dó [...]. Cé go bhféadfadh cásanna a bheith ann inarb amhlaidh mar gheall ar an méid discréide a bhíonn ag an gcomhlacht príobháideach fós, is dodhéanta gur ceart an chonclúid gur cuireadh cúram ar an gcomhlacht príobháideach sin nó gur tugadh treoir dó (cúram ar leith a chomhlíonadh), is ábhar fíorais/fianaise é sin nach mór aghaidh a thabhairt air ar bhonn cás ar chás.' I gcomhréir leis na rialuithe sin ó EDT, ní bheidh gach beart rialtais, lena bhféadfaí tairbhí a thabhairt do chuideachta, cothrom le ranníocaíocht airgeadais faoi Airteagal 3 den bhun-Rialachán agus faoi Airteagal 1.1 (a) de Chomhaontú SCM.

(826) I mbeagán focal, foráiltear an méid seo a leanas i rialuithe ábhartha na hEagraíochta Domhanda Trádála:

i. ba cheart go ndíreodh cinneadh i dtaobh an bhfuil 'ranníocaíocht airgeadais' ann faoi Airteagal 1.1(a)(1) de Chomhaontú SCM ar chineál na gníomhaíochta rialtais, seachas ar éifeachtaí nó ar thorthaí ghníomhaíocht an rialtais. I bhfocail eile, aithnítear go maith go ndéanann rialtais idirghabháil sa mhargadh mar rialtóirí agus, nuair a dhéanann siad amhlaidh, go ndéanann siad tionchar ar an margadh agus ar a oibreoirí. Sa chiall sin, féadfaidh rialtas cánacha onnmhairiúcháin a fhorchur go dlisteanach d'fhonn ioncam a ghiniúint i gcás tráchtearra an-iomaíoch sna margaí idirnáisiúnta. Os a choinne sin, níl aon fhorchur dlisteanach srianta onnmhairiúcháin ann nuair a thagann sé chun solais go bhfuil úsáid ionstraime den sórt sin mar aon le sásraí eile chun tráchtearraí a choimeád ar an margadh intíre, agus chun iallach a chur ar sholáthróirí díol faoi bhun phraghsanna an mhargaidh, mar chuid de scéim níos leithne a ndéanann an rialtas innealtóireacht air chun tacú le tionscal ar leith nó le sraith tionscal chun borradh a chur faoina n-iomaíochas. Dá bhrí sin, tá cineál na gníomhaíochta rialtais, lena n-áirítear a comhthéacs, a cuspóir agus a cuspóir, ábhartha agus measúnú á dhéanamh ar an ngné 'ranníocaíocht airgeadais';

ii. go mbeadh gníomhaíocht fhollasach, dhearfach i gceist le 'iontaoibh' nó 'treoir' atá dírithe ar pháirtí ar leith i ndáil le cúram nó dualgas ar leith, agus é sin an-difriúil ón staid ina ndéanann rialtas idirghabháil sa mhargadh ar bhealach éigin, a bhféadfadh toradh ar leith a bheith air i bhfianaise na n-imthosca fíorasacha agus feidhmiú saor-rogha na ngníomhaithe sa mhargadh sin. I ndeireadh na dála, is í an phríomhcheist atá taobh thiar de choincheapa an chur ar iontaoibh nó an treo ná an féidir an t-iompar i gceist, i.e. an ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm soláthar earraí do sholáthar earraí ar luach saothair nach leordhóthanach, a chur i leith an rialtais nó an bhfuil sé fós ina rogha ag na hoibreoirí príobháideacha i bhfianaise dhálaí an mhargaidh, amhail srianta rialála;

iii. Go bunúsach, is foráil frith-imchéimniúcháin é Airteagal 1.1(a)(1)(iv) de Chomhaontú SCM agus, dá bhrí sin, éilítear le cinneadh maidir le cúram nó treoir go dtabharfaidh an rialtas freagracht do chomhlacht príobháideach nó go bhfeidhmeoidh sé a údarás ar chomhlacht príobháideach chun ranníocaíocht airgeadais a chur i gcrích. I bhformhór na gcásanna, bheifí ag súil go mbeadh cineál éigin bagartha nó aslaigh i gceist le cúram nó treo comhlachta phríobháidigh, a d'fhéadfadh, ina dhiaidh sin, a bheith ina fhianaise ar chúram nó ar threoir. Mar sin féin, is dócha go mbeidh modhanna eile ar fáil do rialtais chun údarás a fheidhmiú ar chomhlacht príobháideach a bhféadfadh cuid acu a bheith 'níos boige' ná ceannas nó b'fhéidir nach mbeadh an oiread céanna éigeantais i gceist leo;

iv. Ní mór 'nasc inléirithe' a bheith ann idir gníomh an rialtais agus iompar an chomhlachta phríobháidigh. Níl aon chúis nár cheart cás de chúram nó de threoir rialtais a chur ar bhonn fianaise imthoisceach (amhail gníomhartha intuigthe agus neamhfhoirmiúla de tharmligean nó d'ordú), ar choinníoll go bhfuil fianaise den sórt sin inchruthaitheach agus láidir. I ndáil leis sin, fianaise go bhfuil sé ar intinn ag an rialtas tacú leis an tionscal iartheachtach (mar shampla, trí bheartais a luaitear go poiblí nó trí chinntí rialtais, nó trí ghníomhaíochtaí rialtais eile), nó fianaise go bhfuil bearta eile rialtais ann lena n-áirithítear toradh ar leith ar an margadh (e.g. srian ar onnmhairiú in éineacht le beart rialtais lena gcuirtear cosc ar oibreoirí atá faoi réir na srianta sin a dtáirgí a stocáil nó rialachán maidir le praghsanna rialtais d'fhonn praghsanna intíre a choinneáil íseal ar an táirge lena mbaineann), d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha chun a chinneadh go mbeidh 'ranníocaíocht airgeadais' ann faoi Airteagal 1.1 (CM) mar a fhoráiltear i mír 1.1(a) d'fhonn praghsanna intíre a choimeád íseal don táirge lena mbaineann. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh treoir a bheith i gceist le 'treoir' ó rialtas. Ar deireadh, ag brath ar na himthosca, féadfaidh comhlacht príobháideach cinneadh a dhéanamh gan feidhm a chur i gcrích ar cuireadh an cúram nó an treoir sin air, in ainneoin na n-iarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh teacht as sin. Ní léiríonn sé seo, áfach, ar a chuid féin, nach ndearnadh an comhlacht príobháideach a chur de chúram nó a stiúradh.

(827) I gcomhréir leis an gcásdlí sin, ag glacadh leis gur 'comhlachtaí príobháideacha' iad soláthróirí ceallraí de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún, ar thaobh amháin, cineál ghníomhaíochtaí Rialtas na Síne, i.e. cé acu a bhaineann nó nach mbaineann idirghabháil Rialtas na Síne le táirgeoirí ceallraí a chur faoi chúram nó faoi stiúir ceallraí ar luach saothair nach leordhóthanach a sholáthar do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha; agus, ar an taobh eile, gníomhaíocht na soláthróirí ceallraí i.e. an soláthraíonn na táirgeoirí ceallraí ionchuir do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne ar luach saothair nach leordhóthanach agus, dá bhrí sin, an bhfuil nasc inléirithe idir gníomhaíochtaí Rialtas na Síne agus iompar na soláthróirí ceallraí a ghníomhaíonn mar ionadú ar Rialtas na Síne. Ar deireadh, rinne an Coimisiún measúnú cé acu a bheadh nó nach mbeadh an fheidhm a chomhlíon na soláthróirí ceallraí, dílsithe sa rialtas de ghnáth , i.e. an gnáthghníomhaíocht rialtais an soláthar ceallraí do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín, agus cibé an bhfuil feidhm den sórt sin, sa chiall iarbhír, éagsúil ó na cleachtais a leanann rialtais de ghnáth, i.e. an bhfuil an soláthar iarbhír ionchur ag táirgeoirí, ar bhealach ar bith, éagsúil leis an méid a bheadh déanta ag an rialtas féin.

(828) I bhfianaise chásdlí EDT dá dtagraítear in aithrisí (822) - (826), rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar cibé acu an cuspóir de chuid na mbeart éagsúil rialtais atá i gceist le tacaíocht Rialtas na Síne do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha na Síne i bhfoirm ceallraí a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach agus ní amháin gur 'fo-éifeacht' é feidhmiú na cumhachta rialála ginearálta. Scrúdaíodh leis an imscrúdú go háirithe cé acu an raibh praghsanna níos ísle na gceallraí a aimsíodh ina gcuid de chuspóirí an rialtais, nó cé acu an raibh na praghsanna níos ísle ina seachtháirge 'neamhbheartaithe' de thoradh rialáil ghinearálta an rialtais. Ba é conclúid an Choimisiúin gurbh é ba chuspóir do na hidirghabhálacha éagsúla ó Rialtas na Síne tacú leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha, agus gur beartaíodh gurbh é ba chuspóir do na bearta sin go mbeadh praghsanna gceallraí ní b'ísle, agus gur bearta iad a forfheidhmíodh faoi seach trí na comhlachais tionscail a bhfuil sé d'oibleagáid orthu na pleananna sin a urramú agus a fhorfheidhmiú.

(829) Ghlac Rialtas na Síne roinnt beart le linn na mblianta chun a sprioc beartais a bhaint amach. Tugadh tuairisc mhionsonraithe i Roinn 3.1 ar an gcúlra agus ar an gcomhthéacs ábhartha, lena mínítear an tábhacht a chuireann Rialtas na Síne ar fhorbairt thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha agus na dtionscal timpeall air.

(830) Mar a mhínítear go mionsonraithe i bpointe (i) roimhe seo de Roinn 3.7.2.1.1, chruthaigh Rialtas na Síne sraith beart a bhfuil feidhm acu maidir le gach cuideachta gan beann ar iad a bheith faoi úinéireacht an Stáit nó faoi úinéireacht phríobháideach, arb iad is aidhm dóibh díriú i dtreo ceallraí a sholáthar ar phraghsanna saora. Go sonrach, tá treoracha sonracha i bPlean um Ghníomhaíocht maidir le Ceallraí 2017 maidir le praghsáil ceallraí, ag sainordú go ndéanfaidh dlús fuinnimh sonrach an chórais iarracht 260 vatuair/cileagram a bhaint amach faoi 2020, agus go laghdófar costas cadhnraí cumhachta go dtí níos lú ná 1 yuan/vatuair. Faoi 2025, sroichfear 500 vatuair/cileagram i leith an dlúis fuinnimh.

(831) Thairis sin, tugtar tacaíocht mhór don tionscal ceallraí sa tSín. Is ann do líon mór rialachán, arna n-eisiúint ag comhlachtaí rialtais éagsúla, lena ndéantar maoirseacht ar gach gné d'earnáil na gceallraí, mar a léirítear i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1, agus go háirithe Plean Gníomhaíochta 2017 um Cheallraí a chumhdaítear in aithrisí (708) - (710)-, Plean maidir le feithicil nuafhuinnimh 2012-2020 (aithrisí (744)), agus na bearta in Jiangxi, Fujian agus Shenzhen (aithrisí (725) - (733)). Fuair an Coimisiún fianaise i mbeartais náisiúnta agus áitiúla go raibh táirgeoirí ceallraí ag tairbhiú de shraith beart tacaíochta, a chumhdaítear in aithris (735). Áirítear orthu sin luaíochtaí, soláthar talún, leictreachas agus gás ar phraghsanna níos saoire, iasachtaí ó bhainc faoi úinéireacht an stáit ar bhonn neamhthráchtála agus beartais fhioscacha fhabhracha. Shuigh an Coimisiún freisin gur thairbhigh na táirgeoirí ceallraí atá comhlachaithe le grúpa Geely agus SAIC a sholáthair ceistneoir de bheartais fhabhracha freisin, amhail maoiniú fabhrach, cláir díolúine ó cháin agus cláir laghdaithe agus deontais (aithris (740).

(832) Trí thacaíocht airgeadais a sholáthar do tháirgeoirí ceallraí, thug Rialtas na Síne treoir bhreise do chuideachtaí an soláthar intíre ceallraí a mhéadú agus tacú leis an soláthar sin i bhfabhar thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt. Gníomhaíonn tacaíocht den sórt sin mar spreagadh do sholáthróirí ceallraí chun a n-iompraíocht a ailíniú go hiomlán le cuspóirí beartais Rialtas na Síne chun tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt.

(833) Thairis sin, sa roinn thuas, shuigh an Coimisiún cheana conas a áirithíonn Rialtas na Síne iompar ar leith ó na soláthróirí ceallraí trí chomhlachais tionscail na Síne (i.e. CBIA agus CIAPS), nach comhlachais neamhspleácha tionscail iad, i bhfianaise leibhéal rialaithe Rialtas na Síne orthu (aithrisí (777) - (784)) agus na feidhmeanna a dhéanann siad (aithrisí (791) - (798)). Mar a chumhdaítear cheana in aithrisí (763) agus (772), ba iad soláthróirí ceallraí a bhí ina gcomhaltaí de CBIA agus/nó CIAPS 86 % den sciar margaidh in 2020, agus 93 % d'acmhainneacht suiteáilte iomlán na Síne in 2023. Rinne an Coimisiún amach freisin nach comhlachais neamhspleácha iad comhlachais tionscail thuasluaite na Síne a bhí ag gníomhú de réir prionsabail eacnamaíocha shaora, ach eintitis faoi threoir Rialtas na Síne agus arna mbainistiú aige tríd an gComhairle Stáit (aithrisí (777) - (784)). Go háirithe, rinneadh amach go raibh an dá chomhlachas ag tabhairt faoi chúraimí faoi chúram an rialtais, agus is é an ról atá acu cúnamh a thabhairt don rialtas beartais rialtais a chur chun feidhme agus iompraíocht a gcomhaltaí a rialáil. An fíoras go bhfuil an chumhacht tugtha do na comhlachais agus dá gcomhaltaí chun strengthen industry self-discipline *[féinsmacht an tionscail a láidriú] agus regulate the association, industry and behaviour of members* [an comhlachas, an tionscal agus iompraíocht na gcomhaltaí a rialáil] agus, i gcás CBIA go sonrach freisin *coordinate issues in corporate production, sales and export* [saincheisteanna maidir le táirgeadh, díolacháin agus onnmhairiú corparáide a chomhordú]. Dá bhrí sin, feidhmíonn an dá chomhlachas sin feidhmeanna rialtais freisin sa mhéid is gurb é an ról atá acu beartais Rialtas na Síne a chur chun feidhme chun ceallraí a sholáthar ar phraghsanna níos saoire ar mhaithe leis an tionscal intíre feithiclí ceallra-leictreacha, agus maoirseacht a dhéanamh go bhfuil na soláthróirí ábhartha uile comhlíontach go hiomlán. I bhfianaise an mhéid sin, mheas an Coimisiún gur 'comhlachtaí poiblí' iad CBIA agus CIAPS de réir bhrí Airteagal 1.1(a)(1) den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh.

(834) Thairis sin, ag an 7ú Comhdháil de chuid Chomhaltaí CBIA, chuir an comhlachas in iúl '*gur cheart don chomhlachas a ról mar eagraíocht féinrialála de chuid an tionscail a chomhlíonadh go hiomlán, na freagrachtaí tábhachtacha a iompar maidir le hiompraíocht an mhargaidh a choinneáil ar bun, an tionscal a threorú maidir leis an iomaíocht ordúil, srianta a rialú, maoirseacht a dhéanamh ar an bhféinsmacht, agus an fhorbairt a bharrfheabhsú, [...] s**rian a chur le hiompraíochtaí a chuireann isteach ar ord an mhargaidh agus a dhéanann díobháil do leasanna agus d'íomhá an tionscail** agus na hiompraíochtaí sin a phionósú, agus a dhícheall a dhéanamh chun timpeallacht forbartha chothrom agus ordúil a chruthú do thionscal na gceallraí*' [béim curtha leis] ([377]). Léiríonn sé sin nach mór do chomhaltaí cloí le treoracha an chomhlachais arb é is aidhm dóibh iompraíocht eacnamaíoch a chomhaltaí a rialáil chun beartais Rialtas na Síne a chomhlíonadh, chun iarmhairtí a d'fhéadfadh CBIA a ghearradh orthu a sheachaint. Léiríonn sé sin freisin go dtugann Rialtas na Síne sainordú, trí na comhlachais, do na táirgeoirí ceallraí cloí le hiompar áirithe ó thaobh na dtáirgeoirí ceallraí de. Tá fianaise bhreise go nglacann Rialtas na Síne páirt ghníomhach sa mhargadh agus go ndéanann sé idirghabháil nuair a thagann saincheisteanna maidir le praghsanna agus soláthar chun cinn le fáil sna preasráitis a thug Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise na Síne in 2022 (aithris (750)), nuair 'a gheall Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise na Síne '[praghsanna amhábhar] *a bhrú siar go dtí an leibhéal réasúnta a luaithe is féidir* ([378])'.

([377]) Féach https://www.clii.com.cn/qgytpxw/qgyzhtpxw/201507/t20150721_3875898.html
([378]) Féach fonóta 308.

(835) Ina theannta sin, thug an Coimisiúin faoi deara go ndéantar leis na forálacha atá in Airteagail Chomhlachais agus Córas Bainistíochta Idirbheart Gaolmhar CATL, mar a mhínítear in aithris (801), go bhfuil cásanna ann ina socróidh an Stát praghsanna d'aon chineál idirbheart le heintitis ghaolmhara. Ós rud é gurb é CATL an soláthróir is mó i bhfad ar an margadh intíre agus go bhfuil comhfhiontair aige le táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha atá faoi úinéireacht an Stáit chomh maith leis an dá tháirgeoir shampláilte neamh-chomhtháite, thuig an Coimisiún, in éagmais comhair CATL, go bhfuil ról lárnach ag Rialtas na Síne sa sásra praghsanna a bhaineann leis na ceallraí a sholáthraítear don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha agus nach oibreoir saormhargaidh é iompraíocht CATL a mhéid a bhaineann le margadh intíre na Síne.

(836) Léirítear é sin a thuilleadh le hiompraíocht neamhréasúnach CATL ar na margaí intíre agus onnmhairiúcháin (aithris (813)), áit a dtugann CATL brabúis suas ar dhíolacháin ceallraí i margadh intíre na Síne. Go deimhin, léiríonn a iompraíocht neamhréasúnach go raibh sé dírithe ar bheartais Rialtas na Síne ceallraí a sholáthar ar phraghsanna níos saoire don tionscal intíre feithiclí ceallra-leictreacha, seachas iompraíocht atá faoi thionchar an mhargaidh a leanúint a thabharfadh le fios go ndíolann sé ceallraí ar mhargaí onnmhairiúcháin den chuid is mó ina bhféadfadh sé a bhrabúis a bharrfheabhsú go substaintiúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar a mhínítear in aithrisí (738) - (742) thuas, sholáthair Rialtas na Síne tacaíocht airgeadais freisin do na soláthróirí ceallraí chun a áirithiú gur féidir leis na cuideachtaí i gceist coimeád sócmhainneach agus a n-acmhainneachtaí a fhorbairt a thuilleadh ionas gur féidir leo leanúint dá n-iompraíocht neamhréasúnach, faoi stiúir Rialtas na Síne, maidir le ceallraí a sholáthar ar phraghsanna ísle agus cainníochtaí leordhóthanacha a sholáthar do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha, seachas a gcuid díolachán a atreorú chuig onnmhairí, trína mbeadh brabúis mhóra bainte amach acu.

(837) Mheas an Coimisiún, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go raibh 'ról níos gníomhaí ag Rialtas na Síne ná gníomhartha spreagtha amháin', mar a cheanglaíonn Buanchomhlacht Achomhairc EDT ([379]). Cuirtear leis na bearta a rinne Rialtas na Síne srian ar shaoirse gníomhaíochta na dtáirgeoirí ceallraí trína gcinneadh gnó a theorannú sa chleachtas maidir leis an bpraghas a bheadh ar tháirge, mar a léirítear sna pleananna a chumhdaítear i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1, ar mhaithe leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha. Chuaigh ról Rialtas na Síne i bhfad níos faide ná gnáth-idirghabháil mar rialtóir margaidh in earnáil na gceallraí. Ní hamháin gur rialaigh na bearta ábhartha gnéithe ginearálta den mhargadh ach d'fhorchuir siad iompraíocht shonrach ar chuideachtaí ceallraí. Rinneadh na bearta sin go léir chun go gcuirfeadh cuideachtaí ceallraí ceallraí ar fáil ar phraghsanna níos saoire ar mhaithe le tionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Cuireadh an rún sin in iúl go soiléir tríd an iliomad ráiteas beartais agus gníomhaíochtaí a chumhdaítear i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1.

(838) Trí oibleagáid a chur ar chuideachtaí ceallraí na bearta sin a chomhlíonadh, ar bearta iad a forfheidhmíodh ina dhiaidh sin trí na comhlachais tionscail a bhfuil sé d'oibleagáid orthu na pleananna sin a urramú agus a fhorfheidhmiú, bhain Rialtas na Síne an cumas díobh a straitéisí díola a roghnú gan bhac de réir breithnithe margaidh. I bhfocail eile, is léir gur 'nasc inléirithe' iad na bearta sin idir na gníomhaíochtaí rialtais agus iompar na gcuideachtaí ceallraí. D'úsáid Rialtas na Síne na cuideachtaí ceallraí mar ionadú chun tacú le táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha.

(839) Ar deireadh, rinne an Coimisiún measúnú an bhfuil an soláthar iarbhír ionchur ag táirgeoirí, ar bhealach ar bith, éagsúil leis an méid a bheadh déanta ag an rialtas féin. Mheas an Coimisiún gur mar sin atá an cás seo. Seachas na ceallraí a sholáthar go díreach don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha chun cuspóirí beartais phoiblí Rialtas na Síne a bhaint amach maidir le borradh a chur faoi fhorbairt an tionscail seo, spreagann Rialtas na Síne trí shraith beart eintitis phríobháideacha chun é sin a dhéanamh thar a cheann. Thairis sin, a mhéid a bhaineann soláthar earraí den sórt sin ag an rialtas le roinnt caiteachais ioncaim (amhail fóirdheontais a sholáthar d'ionchuir nó d'íobairt ioncaim trí earraí a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach), ba cheart gníomhaíocht den sórt sin a thuiscint mar na gnáthfheidhmeanna a dhílsítear don rialtas de ghnáth ([380]).

([379]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 115.

([380]) Féach Tuarascáil an Phainéil, *United States — Countervailing Duty Investigation on Dinnamic Random Access Memductors (Drams) from Korea* [Na Stáit Aontaithe - Imscrúdú Dleachta Frithchúitimh ar Chuimhne Rochtana Dinimiciúla (DRAM) ón gCóiré], WT/DS296, 21 Feabhra 2005, fonóta 57 ('Tá muid den tuairim gur cheart an tagairt d'fheidhmeanna "dílsithe don rialtas de ghnáth" a thuiscint freisin mar fheidhmeanna maidir le cánachas agus caiteachas ioncaim. (...) A mhéid a bhaineann iasachtaí agus bearta athstruchtúraithe le cánachas nó caiteachas ioncaim, féadfaidh siad teacht faoi raon feidhme na forála sin').

(840) I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh ranníocaíocht airgeadais sa chaoi is gur sholáthair an rialtas ceallraí ar luach saothair neamhleor do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne mar thoradh ar shraith beart a ghlac Rialtas na Síne faoi Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán. Spreagann Rialtas na Síne soláthróirí ceallraí chun ceallraí a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach ([381]) don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha ionas nach mór a n-iompar a chur i leith Rialtas na Síne, agus ní toradh neamhbheartaithe amháin ar ghníomhaíochtaí Rialtas na Síne é. Áirithíonn Rialtas na Síne go rialaítear praghsanna ceallraí trí na comhlachais tionscail agus an tacaíocht a dheonaítear do tháirgeoirí ceallraí chun cloí le cuspóirí beartais Rialtas na Síne.

3.7.2.1.2. Tairbhe, sainiúlacht agus méid an fhóirdheontais a ríomh

(a) *Tairbhe*

(841) Mar a mhínítear i Roinn 3.3.1.2, níor sholáthair aon soláthróir monaraíochta neamhchomhlachaithe LFP nó ceallraí faisnéis don Choimisiún trí fhreagra a thabhairt ar an gceistneoir sonrach atá beartaithe do sholáthróirí ionchuir sa tSín. Ós rud é go bhfuil caidreamh idir an dá tháirgeoir shampláilte neamh-chomhtháite agus CATL, iarradh ar CATL ceistneoir a líonadh isteach freisin ach theip orthu déanamh amhlaidh.

(842) Dá thoradh sin, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán chun leibhéal an tairbhe a chinneadh i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a cheannaigh ceallraí ar an margadh intíre.

(843) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur measadh gur comhlachtaí poiblí nó cuideachtaí príobháideacha iad faoi chúram agus/nó faoi stiúir Rialtas na Síne chun ceallraí a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach.

(844) I gcomhréir le hAirteagal 3(2), Airteagal 5 agus Airteagal 6(d) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún measúnú ar mhéid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a bronnadh ar an bhfaighteoir, rud a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(845) Chun a chinneadh an bhfuil tairbhe ann mar aon le méid an tsochair sin, rinne an Coimisiún measúnú ar dtús ar cé acu an amhlaidh a d'fhéadfadh praghsanna sa tSín a bheith ina dtagarmharc iomchuí.

(846) I bhfianaise neamh-chomhar Rialtas na Síne agus dá bharr sin easpa faisnéise ar mhargadh ceallraí intíre na Síne, mheas an Coimisiún nach raibh sé iomchuí a thagarmharc a bhunú ar phraghsanna intíre na Síne mar gheall ar an sciar mór den mhargadh atá ag soláthróirí ceallraí ar comhaltaí iad de CBIA nó CPIAS agus na torthaí go ndearnadh margadh na Síne a shaobhadh mar gheall ar na beartais náisiúnta agus earnála is infheidhme arna gcur chun feidhme ag na soláthróirí ceallraí intíre a chumhdaítear i Roinn 3.7.2.1, agus go háirithe na cinn a bhaineann le praghsáil.

(847) Shainaithin an Coimisiún dhá fhoinse a d'fhéadfadh a bheith fóinteach chun tagarmharc iomchuí a bhunú i gcás na gceallraí: Bloomberg New Energy Financials ('BNEF') agus Benchmark Mineral Intelligence ('BMI') ([382]). Cé gur sholáthair BNEF foinse úsáideach faisnéise, ní rabhthas in ann, áfach, BNEF a úsáid chun praghsanna tagarmhairc ionchasacha le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin a ríomh trí praghsanna míosúla a úsáid. Níor shainaithin BNEF praghas in aghaidh na ceimice in aghaidh an limistéir gheografaigh ach oiread. Thairis sin, níor thuairiscigh sé praghsanna díreach ón monarcha chun go bhféadfadh téarmaí seachadta difriúla difear a dhéanamh do chomparáidí praghais. A mhalairt go deimhin, le sonraí BMI, bhíothas in ann tagarmharcanna a ríomh le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin, in aghaidh na ceimice (LFP agus NMC) agus an limistéir gheografaigh ([383]), ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha. Bhíothas in ann fo-cheimic dhifriúil cheallraí NMC (111, 523, 622, 811) a mheá leis na sonraí freisin, bunaithe ar an éileamh comhfhreagrach san earnáil feithiclí leictreacha. Mar sin féin, níor tuairiscíodh ach praghsanna in aghaidh an kw/h ar leibhéal na cille, seachas ar leibhéal an phacáiste. I bhfianaise leibhéal an chruinnis i dtéarmaí na tréimhse, an limistéir gheografaigh, na ceimice agus na dtéarmaí seachadta, measadh gurbh é BMI an fhoinse ab iomchuí chun praghas tagarmhairc a leagan síos i gcás na gceall. Ina theannta sin, rogha mhalartach choimeádach a bhí sna praghsanna díreach ón monarcha a úsáideadh ón bhfoinse a roghnaíodh, ós rud é go bhféadfadh ceannacháin iarbhír na gceallraí a bheith déanta ar théarmaí seachadta éagsúla lena n-áirítear costais iompair dhifriúla.

([381]) Féach freisin roinn 3.7.2.1 maidir le sochar.

([382]) *Data provider and market intelligence publisher for the lithium-ion battery to electric vehicle (EV) supply chain*, https://www.benchmarkminerals.com/price-assessments/lithium-ion-batteries/reports/

([383]) Ba iad Meiriceá Thuaidh, an Áise, an tSín agus an Eoraip na réigiúin a bhí ar fáil.

(848) Chun tagarmharc comhfhreagrach a ríomh le haghaidh na gceall d'ocsaídí cóbail-mangainéise-nicile (NMC) as an tSín ([384]), d'úsáid an Coimisiún meánphraghas tagarmhairc arna ualú de réir an éilimh ar fho-cheimic cheallraí NMC san earnáil feithiclí leictreacha, mar a thuairiscigh BMI. In éagmais tagarmhairc le haghaidh na gceall ceallraí LFP as an tSín, measadh gur réasúnta an praghas sin a leagan síos tríd an gcóimheas a chur i bhfeidhm idir tagarmharc na gceall ceallraí NMC laistigh den tSín agus lasmuigh den tSín ([385]).

(849) Chun tagarmharc comhfhreagrach a ríomh le haghaidh pacáistí ceallraí, d'úsáid an Coimisiún tagarmharcanna na gceall ceallraí LFP agus NMC lasmuigh den tSín ar a dtugtar tuairisc sna haithrisí thuas agus chuir sé an cóimheas idir cille agus pacáiste i bhfeidhm, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí arna foilsiú ag BNEF ([386]). Deimhníodh an cóimheas idir cill agus pacáiste leis na sonraí sa cháschomhad a sholáthair ceann de na grúpaí comhoibríocha.

(850) Ríomhadh an tairbhe i gcás ghrúpa Geely tríd an difríocht a chur san áireamh idir an méid iarbhír a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte as ceallraí (cealla, modúil, agus pacáistí) agus an méid ba cheart a bheith íoctha de ghnáth ar bhonn an tagarmhairc a leagadh síos.

(851) Mar a mhínítear in aithris (815), shuigh an Coimisiún gur dhíol dhá sholáthróir ceallraí comhlachaithe ceallraí lena n-onnmhairiú ar phraghas i bhfad níos airde ná na ceallraí céanna a dhíoltar ar mhargadh intíre na Síne.

(852) Cé nach bhféadfaí teacht ar aon chonclúid chruinn maidir leis na ceannacháin ceallraí a rinne Grúpa SAIC i bhfianaise na heaspa comhair mar a thuairiscítear i Roinn 3.3.2, shuigh an Coimisiún go raibh na ceithre phríomhsholáthróir ceallraí, ar a laghad, faoi úinéireacht an stáit, gur comhaltaí de CBIA iad agus/nó go raibh dlúthbhaint acu le CBIA trí CATL. Fuarthas amach gur cheannaigh Geely Group breis agus 65 % dá cheallraí ó chuideachtaí a bhí ina gcomhaltaí de cheann amháin den dá chomhlachas sin. I bhfianaise a bhfuil thuas agus in éagmais aon fhaisnéis eile, measadh go raibh sé sin ionadaíoch ar an gcás ar mhargadh ceallraí intíre na Síne.

(853) Dá bhrí sin, measadh gur cheannaigh an dá tháirgeoir shampláilte neamh-chomhtháite a gcuid ceallraí ó phríomhoibreoirí a measadh gur 'chomhlachtaí poiblí' nó comhlachtaí príobháideacha iad faoi chúram nó faoi stiúir Rialtas na Síne gur thairbhigh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne de cheallraí a díoladh ar luach saothair nach leordhóthanach.

(854) Ina theannta sin, mar gheall ar an neamh-chomhoibriú páirteach ó Rialtas na Síne, bhí faisnéis ríthábhachtach in easnamh ar an gCoimisiún maidir le staid an mhargaidh sa tSín i dtaca le soláthróirí ceallraí agus maidir le coigeartuithe féideartha ar ghá iad a dhéanamh.

(855) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár thug na coinníollacha atá i réim ar mhargadh na Síne údar cuí le coigeartuithe a dhéanamh, i bhfianaise na heaspa coinníollacha margaidh sa tír thionscnaimh, agus i gcomhréir le forálacha Airteagal 6(d)(ii) den bhun-Rialachán, agus dá bhrí sin ríomh sé an tagarmharc ag baint úsáid as an modheolaíocht ar a dtugtar tuairisc roimhe seo.

(b) *Sainiúlacht*

(856) An tacar beart a chuir Rialtas na Síne i bhfeidhm, treoraíodh iad chun gur tionscal na bhfeithiclí nuafhuinnimh, ar cuid de na feithiclí ceallra-leictreacha, go heisiach a thairbheodh de, ós rud é gurb é an tionscal sin amháin a bhaineann úsáid as na ceallraí atá i gceist agus faoi réir na mbeart.

Thairis sin, leis na gníomhartha sonracha dlí agus na doiciméid éagsúla a chumhdaítear i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1, sainaithnítear go soiléir tionscal feithiclí ceallra-leictreacha mar thairbhí na mbeart atá i gceist.

(857) Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin maidir le fóirdheontais, i bhfoirm ceallraí a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach, nach mbíonn na fóirdheontais sin ar fáil go ginearálta ach gur fóirdheontais shonracha iad de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán. Thairis sin, níor chuir aon cheann de na páirtithe leasmhara aon fhianaise isteach a thabharfadh le tuiscint go bhfuil na cineálacha fóirdheontas sin bunaithe ar chritéir nó ar choinníollacha oibiachtúla de réir bhrí Airteagal 4(2)(b) den bhun-Rialachán.

([384]) Bhí an tagarmharc lasmuigh den tSín ag brath ar phraghsanna is infheidhme i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus san Áise, agus dá bhrí sin, fágadh an tSín as an áireamh.

([385]) Laistigh den tSín, bhí tagarmharc ag brath ar phraghsanna is infheidhme sa tSín. Bhí an tagarmharc lasmuigh den tSín ag brath ar phraghsanna is infheidhme i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus san Áise, agus dá bhrí sin, fágadh an tSín as an áireamh.

([386]) https://about.bnef.com/blog/lithium-ion-battery-pack-prices-hit-record-low-of-139-kwh/ and https://about.bnef.com/blog/lithium-ion-battery-pack-prices-rise-for-first-time-to-an-average-of-151-kwh/

(c) *Méid an fhóirdheontais a ríomh*

(858) Rinne an Coimisiún anailís ar phraghsanna ar bhonn kW/u agus chuir sé an cheimic (NMC vs LFP), an cineál ceallra (modúl vs pacáiste), agus an caidreamh san áireamh. Ar an mbonn sin, ba é conclúid an Choimisiúin go raibh praghsanna ceannaigh ó chuideachtaí comhlachaithe níos airde ar an meán ([387]) ná praghsanna ceannaigh ó sholáthróirí neamhchomhlachaithe. Ba mhó ná 8 % í an difríocht sin agus, i gcásanna áirithe, ba mhó ná 20 % fiú í i gcás teaglamaí áirithe de chineál ceimice/ceallra.

(859) I bhfianaise na ndifríochtaí sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis ar comhad a bhaineann le praghas an aistrithe chun a chinneadh cé acu an bhféadfaí a mheas go ndearnadh idirbhearta den sórt sin ar neamhthuilleamaí. Mar sin féin, san fhaisnéis ar comhad, i.e. comhaontuithe praghais agus conarthaí a cuireadh isteach, ní raibh aon fhaisnéis maidir leis sin ann. Sa chomhthéacs sin agus in éagmais maímh ó ghrúpa Geely go raibh na hidirbhearta sin ar neamhthuilleamaí, ní raibh an Coimisiún in ann na praghsanna sin a úsáid agus ina n-ionad, d'úsáid sé an praghas a íocadh in aghaidh an kw/h ar tháirgí comhchosúla le soláthróirí neamhchomhlachaithe. I gcás nár cheannaigh cuideachtaí áirithe laistigh de ghrúpa Geely ó sholáthróirí neamhchomhlachaithe, ba é an meánphraghas ualaithe in aghaidh an kw/h ar tháirgí comhchosúla, ar leibhéal ghrúpa Geely, a úsáideadh. Rinneadh an chomparáid sin ar bhonn kw/h, agus ceimic na gceallraí, mar atá, LFP agus NMC, agus an cineál ceallraí, á gcur san áireamh (cill, modúl nó pacáiste). In éagmais tagarmharc is infheidhme maidir le modúil, úsáideadh tagarmharc praghais na gceall mar rogha mhalartach choimeádach. Bhí na tagarmharcanna bunaithe ar phraghsanna na gceall ceallraí a foinsíodh ó BMI ([388]) agus meánphraghsanna na gceall LFP nó NMC lasmuigh den tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin á mbreithniú, mar a leagtar amach sna haithrisí thuas.

(860) I bhfianaise neamh-chomhar páirteach an ghrúpa SAIC maidir le soláthar ceallraí agus sonraí comhfhreagracha mar a thuairiscítear i Roinn 3.3.1.4, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil. I ndáil leis sin, bhraith sé ar méid suntasach ceannachán a rinne an grúpa sampláilte eile a cheannaigh ceallraí. Ó na hidirbhearta a breithníodh, eisiadh ceallraí áirithe a bhí le húsáid le haghaidh samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha nach raibh comhchosúil leis na ceallraí sin a dhíol SAIC.

Ceallraí a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach

Ainm na cuideachta	Ráta fóirdheontais
Grúpa Geely	10,32 %
Grúpa SAIC	13,24 %

3.7.2.2. Soláthar LFP ag an rialtas ar luach saothair nach leordhóthanach

(861) Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, tá ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte (Grúpa BYD) comhtháite go hingearach. Dá bhrí sin, i gcás an ghrúpa sin, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh soláthar príomh-amhábhar le haghaidh táirgeadh ceallraí a úsáidtear sna samhlacha a rinne an grúpa sin a bheith ina fhóirdheontas in-fhrithchúitithe. Ag an gcéim sin, dhírigh an Coimisiún an fiosrúchán sin ar an bpríomh-chomhpháirt a úsáidtear le haghaidh ceallraí, LFP, a bhfuil níos mó ná 25 % de chostais táirgthe an cheallra i gceist leis.

(862) Chun a shuí gur ann d'fhóirdheontas in-fhrithchúitithe, ní mór trí ghné a bheith ann faoi Airteagail 3 agus 4 den bhun-Rialachán: (1) ranníocaíocht airgeadais; (2) sochar, agus (3) sainiúlacht. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar na gnéithe sin thíos.

3.7.2.2.1. *Ranníocaíocht airgeadais*

(a) Soláthróirí LFP a ghníomhaíonn mar chomhlachtaí poiblí'

(863) Rinne an Coimisiún anailís ar dtús féachaint an bhféadfaí a fháil amach gurb ionann soláthróirí LFP agus comhlachtaí poiblí ionas go bhféadfaí soláthar an phríomh-amhábhair sin ar luach saothair nach leordhóthanach a chur i leith Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den bhun-Rialachán. Mar a mhínítear go mionsonraithe i Roinn 3.5.1, aithrisí (409) go (418), ní mór an caighdeán dlíthiúil maidir le comhlacht poiblí a bheith ann a

([387]) Rinneadh an chomparáid praghais idir soláthróirí comhlachaithe agus neamhchomhlachaithe trí mhéideanna ceannachán a chur san áireamh chun difríocht sna meánphraghsanna ualaithe a ríomh.

([388]) Data provider and market intelligence publisher for the lithium-ion battery to electric vehicle (EV) supply chain, https://www.benchmarkminerals.com/price-assessments/lithium-ion-batteries/reports/

léiriú i gcomhréir le dlí-eolaíocht EDT. Ar bhonn an chásdlí ábhartha dá dtagraítear in aithrisí (409) go (418), cé acu ba cheart scrúdú a dhéanamh an‘comhlachtaí poiblí’ iad na táirgeoirí ionchuir atá ag gabháil d’ionchuir a sholáthar sa tSín ag féachaint go cuí (i) ar an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tír ina n-oibríonn na heintitis atá faoi imscrúdú, (ii) ar an gcaidreamh idir na heintitis atá i gceist agus an rialtas, agus (iii) ar chroí-shaintréithe agus ar chroífheidhmeanna na n-eintiteas ábhartha.

(i) *An timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tSín*

(864) In aithrisí (704) - (758), scrúdaigh an Coimisiún cheana an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tSín lena léirítear conas atá creat bunaithe ag an tSín ó na hionchuir (lena n-áirítear amhábhair amhail LFP), go dtí lár-ionchuir (amhail ceallraí), lena n-áirithítear go gcomhlíonann soláthróirí ionchuir cuspóirí beartais Rialtas na Síne chun tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt. Cumhdaítear i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1 na bearta ábhartha arna nglacadh ag Rialtas na Síne chun a sprioc beartais a bhaint amach maidir le tacú leis na príomhthionscail ar fud shlabhra soláthair feithiclí ceallra-leictreacha ar mhaithe le táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha, lena gcuimsítear príomhábhair réamhtheachtacha a úsáidtear i dtáirgeadh ceallraí, agus ceallraí araon.

(865) Go háirithe, léirítear sa ‘*Dlí maidir le hAcmhainní Mianracha*’ agus sna ‘*Rialacha maidir le Cur Chun Feidhme an Dlí maidir le hAcmhainní Mianracha*’ (aithris (723)) an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an Stát gur leis an stát acmhainní mianracha, agus go bhfuil smacht iomlán ag an rialtas ar leithdháileadh acmhainní agus gur féidir leis a shainiú cé a gheobhaidh na cearta mianadóireachta agus na teorainneacha don mhéid mianadóireachta. Tacaítear leis an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hAmhábhair (aithris (714)) córas cúltaca acmhainní mianraí a bhunú ina gcomhoibríonn an stát agus na fiontair le chéile. Ar an iomlán, tá córas cruthaithe ag Rialtas na Síne lenar féidir leis rialú iomlán ar acmhainní mianracha a fheidhmiú.

(866) Tá roinnt dreasachtaí ar fáil freisin do sholáthróirí amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh ceallraí, amhail dreasachtaí cánach (aithris (721)), treoirchistí, luaíochtaí, gealltanais chothromais (aithris (720)).

(867) Ina theannta sin, rinne an Coimisiún amach nach bhfuil fosfáit iarainn litiam faoi réir aisíocaíocht CBL 13 % ar onnmhairiú, rud a fhágann go bhfuil sé níos saoire agus níos flúirsí do thomhaltas intíre i gcomparáid le honnmhairiú (aithris (753)). Thairis sin, fuarthas fianaise ar idirghabháil Rialtas na Síne i bpraghsáil amhábhar le haghaidh feithiclí nuafhuinnimh i bpreasráitis ó Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise na Síne in 2022 (aithris (750)), nuair a gheall an rialtas praghas na n-amhábhar a úsáidtear i bhfeithiclí nuafhuinnimh (lena n-áirítear litiam) a bhrú ar ais go leibhéal réasúnta.

(868) Léiríonn gach ceann de na nithe thuas go bhfuil roinnt beartas agus beart bunaithe ag Rialtas na Síne ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil lena ndírítear ar sholáthróirí ionchuir chun tacú le tionscal feithiclí ceallra-leictreacha ar deireadh. Is cuid shuntasach iad na hionchuir sin uile de chostas táirgthe na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Mar thoradh ar bheartais Rialtas na Síne lena n-áirithítear soláthar cobhsaí agus leormhaith na n-ionchur sin, mar aon le praghsanna níos saoire, tairbhíonn táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha d’fhóirdheontais i bhfoirm laghdú mór costais, rud a ligeann dóibh feithiclí ceallra-leictreacha a dhíol ar phraghsanna níos saoire lena n-áirítear ar mhargadh an Aontais.

(a) *An caidreamh idir soláthróirí LFP agus Rialtas na Síne*

(869) Tar éis anailís a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus eacnamaíoch ina n-oibríonn na soláthróirí ionchuir, arna rialú go mór ag cuspóirí beartais Rialtas na Síne chun tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt trí sholáthróirí ionchuir, rinne an Coimisiún anailís freisin ar shaintréithe mhargadh intíre LFP na Síne , ar an bhfianaise go raibh an Stát i láthair/úinéireacht an Stáit i soláthróirí ionchuir chomh maith le comharthaí eile gur fheidhmigh Rialtas na Síne rialú fónta ar na heintitis sin (lena n-áirítear a ngnéithe eagraíochtúla, slabhraí údaráis cinnteoireachta agus an caidreamh foriomlán le Rialtas na Síne).

(870) Is cineál litiam é LFP a dhíorthaítear ó charbónáit litiam. Cé gur féidir carbónáit litiam a fháil ó sholáthróirí laistigh agus lasmuigh den tSín araon — is ón tSile agus ón Airgintín a thagann formhór allmhairí na Síne de charbónáit litiam ([389])- de réir na faisnéise atá ar fáil ar líne, déantar thart ar 75 % den scagadh litiam ar fud an domhain sa

([389]) Bunaithe ar staitisticí allmhairiúcháin Global Trade Atlas (GTA) na Síne, cód HS 28369100, ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí Mheán Fómhair 2023.

tSín ([390]). Ciallaíonn sé sin go mbíonn an domhan spleách ar an tSín chun litiam a scagadh, agus mar gheall ar cheannasacht na Síne sa mhargadh sin, is féidir leo praghsanna a shocrú ar an leibhéal idirnáisiúnta. Deimhníodh an méid sin a thuilleadh le sonraí allmhairithe LFP chun na Síne ón gcuid eile den domhan, rud a léirigh gur ó thíortha nach de chuid an Aontais iad a fuarthas cainníochtaí neamhshuntasacha LFP ([391]).

(871) Ní raibh an Coimisiún in ann tuilleadh faisnéise a fháil maidir le húinéireacht agus rialú an rialtais ar mhargadh soláthróirí LFP ina iomláine san fhearann poiblí. I bhfianaise na heaspa comhair ó Rialtas na Síne mar a mhínítear níos mionsonraithe i Roinn 3.3.1.2 agus ag grúpa BYD a mhéid a bhaineann lena phríomhsholáthróir comhlachaithe mar a mhínítear i Roinn 3.3.4, d'fhéadfadh an Coimisiún tátail a bhaint as gur dócha go bhféadfadh úinéireacht agus rialú an rialtais ar sholáthróirí LFP a bheith níos mó ná an leibhéal faisnéise atá ar fáil ina leith.

(872) I ndáil leis sin, léirigh an fhaisnéis atá ar fáil ar líne maidir leis an sciar den mhargadh atá ag táirgeoirí litiam sa tSín ([392]) go bhféadfaí a mheas go bhfuil an fhaisnéis a chuir Grúpa BYD isteach ionadaíoch do mhargadh intíre na Síne. Rinne an Coimisiún breithniú ar an bhfaisnéis a chuir an t-aon táirgeoir atá comhtháite go hingearach (grúpa BYD) isteach, agus mheas sé go raibh sé ionadaíoch do mhargadh iomlán LFP na Síne. Shainaithin an Coimisiún naoi soláthróir LFP don Ghrúpa BYD. Nuair nach raibh an Coimisiún in ann faisnéis a aimsiú san fhearann poiblí, bhí air tátail a bhaint as ar bhonn Airteagal 28 den bhun-Rialachán.

(873) Shuigh an Coimisiún go raibh gach ceann de na naoi soláthróir litiam Síneacha lonnaithe sa tSín. Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún an tátal as go raibh an lámh in uachtar ag soláthróirí intíre ar mhargadh LFP na Síne.

(874) Shuigh an Coimisiún freisin go bhfuil gníomhaíochtaí sholáthróirí LFP á rialú ag na comhlachais fho-ordaithe chéanna chomh maith leis na táirgeoirí ceallraí, i.e. CBIA agus CIAPS, ([393]) trína bhfuil feidhm ag na forálacha céanna a chumhdaítear i Roinn 3.7.2.1 maidir le soláthróirí LFP. Mar a tugadh faoi deara in aithris (773), ní fhoilsíonn CBIA agus CIAPS liosta iomlán na gcomhaltaí ar líne. Bhí an Coimisiún in ann rannpháirtíocht na gcuideachtaí in CBIA, CIAPS, agus i gcomhlachais thionsclaíocha eile a shuí trí fhéachaint ar a dtuarascálacha bliantúla agus ar fhaisnéis eile a bhí ar fáil ar líne, amhail liosta chomhaltaí a gcomhlachtaí feidhmiúcháin. In éagmais faisnéise arna soláthar ag Rialtas na Síne chomh maith le sonraí poiblí oifigiúla lena gcumhdaítear liosta iomlán chomhaltaí CBIA agus CIAPS, mheas an Coimisiún go bhféadfadh níos mó soláthróirí fós a bheith ina gcomhaltaí de na comhlachais sin. Go deimhin, i measc na naoi soláthróir LFP do ghrúpa BYD, rinne an Coimisiún amach go raibh beirt díobh ar a laghad ina gcomhaltaí de CBIA agus faoi úinéireacht an stáit go páirteach freisin. Rinneadh amach freisin go raibh dhá sholáthróir eile faoi úinéireacht an Stáit go páirteach. De réir a thuarascála bliantúla, rinneadh ceann de na cuideachtaí atá faoi úinéireacht an stáit a bhainistiú freisin mar fhiontar ag a bhfuil cothromas faoi úinéireacht an Stáit ([394]). Fuarthas amach go raibh cuideachta eile ina comhalta den CIAPS. Is ón gcuideachta faoi úinéireacht stáit agus comhaltaí eile CBIA agus CIAPS a thagann 90 % de chainníocht iomlán LFP a soláthraíodh don táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte agus tháinig suas le 92 % den luach iomlán uathu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ní hamháin go raibh ceann de na soláthróirí is mó ina chomhalta den CBIA, ach bhí sé mar chuid dá chomhairle feidhmiúcháin freisin. Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún go raibh roinnt soláthróirí LFP, arb ionann iad agus an chuid is mó den chainníocht iomlán LFP a d'fhoinsigh BYD, agus a bhí ar chuid de na gníomhaithe margaidh is mó freisin, ina gcomhaltaí de CBIA agus/nó de CIAPS.

(875) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil margadh intíre LFP na Síne faoi cheannas soláthróirí intíre den chuid is mó, ar comhaltaí iad den chuid is mó de chomhlachais fho-ordaithe amhail CBIA, CIAPS agus comhlachas Hunan Battery Industry agus/nó atá faoi úinéireacht an stáit.

([390]) Féach *The battle to break China's battery-making supremacy, in five charts, Bloomberg*, 1 Nollaig 2022, le fáil ag https://www.bloomberg.com/professional/insights/commodities/the-battle-to-break-chinas-battery-making-supremacy-in-five-charts/

([391]) Bunaithe ar staitisticí allmhairiúcháin GTA na Síne, cód HS 28429040, ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí Mheán Fómhair 2023.

([392]) Féach *'China's lithium iron phosphate production (January-August) Top 10 list'*, ESCN, 16 Deireadh Fómhair 2023. Le fáil ag https://www.escn.com.cn/20231016/ea32ade01ece4dce95eec0ed92e91ce8/c.html#:~:text=%E4%BD%9C%E4%B8%BA%E7%94%B5%E6%B1%A0%E7%9A%84%E6%A0%B8%E5%BF%83%E6%9D%90%E6%96%99,%E7%89%B9%E7%91%9E%E3%80%81%E5%B1%B1%E4%B8%9C%E4%B8%B0%E5%85%83%E3%80%82

([393]) https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023/2023-4/2023-04-13/8980089.PDF, p. 29

([394]) Féach https://q.stock.sohu.com/newpdf/202352048916.pdf, p. 82

(876) Rinne an Coimisiún scrúdú breise ar an gcaidreamh idir Rialtas na Síne agus soláthróirí LFP, chun a fháil amach ar fheidhmigh an rialtas mórsmacht ar na heintitis atá i gceist agus ar a n-iompar ar an margadh.

(877) Fuair an Coimisiún fianaise freisin ar thionchar Pháirtí Cumannach na Síne i gcuid de mhórsholáthróirí LFP do ghrúpa BYD trí chomhlachas neartaithe páirtí. Ar an gcaoi chéanna le CATL (aithris (786)), bhí forálacha sonracha sna hAirteagail Chomhlachais de thrí sholáthróirí LFP do ghrúpa BYD maidir le heagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne agus gníomhaíochtaí páirtí a bhunú laistigh den chuideachta.

(878) Rinne an Coimisiún amach gur ó sholáthróirí LFP ar comhaltaí de CBIA agus/nó CIAPS iad a fuarthas 89 % de chainníocht iomlán LFP a soláthraíodh do Ghrúpa BYD agus suas le 91 % den luach iomlán le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí príomhsholáthróir eile LFP faoi úinéireacht an stáit go páirteach agus á bhainistiú, de réir a Thuarascálacha Bliantúla, mar fhiontar a bhfuil cothromas faoi úinéireacht an stáit aige.

(879) Ar bhonn (a) leibhéal an rialaithe a rinne Rialtas na Síne ar chomhlachais tionscail na Síne a ndearnadh anailís orthu i bpointe (ii) de Roinn 3.7.2.1.1 (is é sin CBIA agus CIAPS), agus (b) go ndearnadh amach go raibh formhór tháirgeoirí intíre LFP na Síne ina gcuid díobh, go raibh siad faoi úinéireacht an stáit nó á mbainistiú mar fhiontar ag a bhfuil cothromas faoi úinéireacht an Stáit (aithris (873), agus (c) go raibh forálacha maidir le heagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne a bhunú i roinnt airteagal comhlachais de sholáthróirí LFP laistigh den chuideachta (aithris (876)), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an margadh LFP faoi cheannas roinnt cuideachtaí atá á mbainistiú agus á rialú ag an Stát trína rannpháirtíocht i gcomhlachais tionscail amhail CBIA agus CIAPS. I bhfianaise na láithreachta i mbainistíocht na gcomhlachas chomh maith lena gcinntí gnó a stiúradh, is féidir le Rialtas na Síne rialú fónta a fheidhmiú ar na soláthróirí ceallraí, agus trína rannpháirtíocht in CBIA agus CIAPS freisin.

(b) *Príomhthréithe agus feidhmeanna na soláthróirí litiam*

(880) In éagmais aon fhaisnéise arna soláthar ag Rialtas na Síne maidir leis an líon agus faisnéis eile ar chomharthaí foirmiúla d'úinéireacht agus de rialú rialtais ar sholáthróirí intíre litiam agus ceallraí le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil de réir Airteagal 28 den bhun-Rialachán. Chun na críche sin, rinne an Coimisiún anailís ar chás na soláthróirí litiam a thuairiscigh an t-aon táirgeoir sampláilte amháin atá comhtháite go hingearach (grúpa BYD). Nuair nach raibh an Coimisiún in ann faisnéis a aimsiú san fhearann poiblí, bhí air tátail a bhaint as ar bhonn Airteagal 28 den bhun-Rialachán.

(881) Rinne an Coimisiún amach go raibh cuid de na soláthróirí sin faoi úinéireacht an Stáit go díreach nó go hindíreach. Go háirithe, shuigh an Coimisiún go raibh an príomhsholáthróir LFP do ghrúpa BYD, Hunan Yuneng New Energy Materials Co. Ltd, faoi úinéireacht an stáit go páirteach toisc go raibh 21.9 % ar a laghad dá scaireanna i seilbh ag eintitis faoi úinéireacht an stáit in 2022 ([395]). D'ainneoin úinéireacht pháirteach an stáit dhealraitheach sin, rinneadh an chuideachta sin a bhainistiú mar fhiontar scairsheilbhe faoi úinéireacht an stáit ([396]). Rinneadh amach freisin go raibh trí sholáthróir eile do ghrúpa BYD faoi úinéireacht an stáit go díreach nó go hindíreach. ([397])Thairis sin, shuigh an Coimisiún láithreacht agus tionchar forleatach chomhaltaí agus eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne i roinnt soláthróirí LFP do BYD. Tugadh tuairisc ar an gcreat ina n-oibríonn eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí agus ar a gcuspóir in aithrisí (785) agus (786). Soláthróirí litiam de Ghrúpa BYD, a bhí freagrach as 90 % dá cheannachán LFP i dtéarmaí luach nó méid, rinneadh amach go raibh siad mar chuid de chomhlachais tionscail ag gníomhú dóibh mar 'chomhlachtaí poiblí' de réir bhrí Airteagal 1.1(a)(1) den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, agus ar thug a rannpháirtíocht sa chomhlachas an t-údarás poiblí céanna dá chomhaltaí.

(882) Rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil údarás rialtais ag na soláthróirí LFP agus cé acu a chuireann nó nach gcuireann siad an t-údarás sin i bhfeidhm i bhfeidhmiú feidhmeanna rialtais. Léirigh an fhianaise go gcloíonn soláthróirí LFP le cuspóirí beartais Rialtas na Síne a leagtar amach i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1 agus go gcuireann siad chun feidhme iad agus dá bhrí sin go bhfeidhmíonn siad feidhmeanna rialtais.

([395]) Féach http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023/2023-4/2023-04-13/8980089.PDF p76
([396]) Féach https://q.stock.sohu.com/newpdf/202352048916.pdf, p. 82
([397]) http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2023/2023-4/2023-04-25/9055616.PDF p115; https://platform.wirescreen.ai/organization/1390c27a-e67d-5198-ab30-8eab6da0f784; http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023/2023-3/2023-03-07/8868659.PDF p88

(883) Mar gheall ar an easpa comhair ó Rialtas na Síne (féach Roinn 3.2.3), bhí ar an gCoimisiún brath ar fhaisnéis a bhí ar fáil ar líne. Fuair an Coimisiún fianaise faoi sholáthróirí LFP ag tabhairt faoi chúraimí náisiúnta, mar shampla, i gceantar Anju (Cathair Suining, Sichuan) agus in Yunnan. Baineann an dá thionscadal sin le fochuideachtaí Hunan Yuneng New Energy Materials, an príomhtháirgeoir LFP sa tSín ([398]) arb iad a bpríomhchustaiméirí BYD agus CATL ([399]). Thairis sin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí BYD agus CATL araon i measc scairshealbhóirí Hunan Yuneng New Energy Materials, in éineacht le grúpa faoi úinéireacht an stáit ([400]).

(884) Tá tábhacht ar leith ag baint le ceantar Suining dá chúltaiscí litiam. Mar a chumhdaítear cheana in aithris (724), fuair an Coimisiún fianaise maidir le pleananna náisiúnta ina bhfuil forálacha maidir le táirgeadh bliantúil, spriocanna brabúis agus spriocanna forbartha, amhail, faoi 2025, táirgeadh bliantúil de níos mó ná 800 000 tona d'ábhair leictreoidí dearfacha agus níos mó ná 500 000 tona de réamhtheachtaithe leictreoidí dearfacha. Laistigh den chreat seo, in 2021, shínigh Hunan Yuneng New Energy Materials, táirgeoir LFP tosaigh na Síne, agus shínigh cathair Suining comhaontú chun tionscadal a thógáil a tháirgeann 110 000 tona d'ábhair leictreoidí dearfacha le haghaidh ceallraí litiam go bliantúil ([401]). Tá sé seo ar cheann de roinnt comhaontuithe a síníodh le cuideachtaí eile i réimse na gceallraí chun '*Príomhchathair Tionscail Litiam na Síne*'a thógáil, atá ar cheann de phríomhspriocanna an Phlean Suining.

(885) In 2021, shínigh Yunnan Yuneng New Energy Battery Materials comhaontú le Rialtas Bardasach Anning chun líne tháirgthe a bhunú i bPáirc Tionscail Anning. ([402]) Is fochuideachta eile de Hunan Yuneng New Energy Materials dá dtagraítear in aithris (883) é Yunnan Yuneng. Tá an comhaontú seo mar chuid de chreat níos leithne na gcomhaontuithe chun Limistéar Nua Dianzhong a thógáil; mar a thuairiscítear sa suíomh gréasáin rialtas chúige Yunnan, *'luaitear go soiléir sa* ***Three-Year Action Plan for the Development of New Energy Battery Industry in Yunnan Province (2022-2024)*** [Plean Gníomhaíochta Trí Bliana chun Tionscal Ceallraí Nuafhuinnimh a Fhorbairt i gCúige Yunnan (2022-2024) ('Plean Gníomhaíochta Yunnan')] *[béim curtha leis] go soiléir go dtógfar boinn thionsclaíocha nua monaraíochta ceallraí fuinnimh i Limistéar Nua Dianzhong agus in áiteanna eile. Rinne Coiste Oibre agus Coiste Bainistíochta an Pháirtí don Limistéar Nua an sprioc 'braisle thionsclaíoch do cheallraí nuafhuinnimh ar leibhéal 100 billiún a thógáil in Anning' a dhaingniú láithreach bonn chun an slabhra tionsclaíoch ar fad a leagan amach. Díriú ar chroí-ábhair a tháirgeadh ar nós leictreoidí dearfacha agus diúltacha, scairteacha, scragall copair/scragall alúmanaim, leictrilítí, sliogáin agus ábhair chúnta eile le haghaidh ceallraí nua fuinnimh, ag díriú ar phríomhtháirgeadh agus ar chealla agus PACAÍ ceallraí a mhonarú, infheistíocht bheacht a chur chun cinn, agus iarracht a dhéanamh áit iomlán bailithe slabhra thionsclaíoch a chruthú, agus iarracht a dhéanamh braisle thionsclaíoch nua ceallraí fuinnimh náisiúnta glas a thógáil i limistéar Anning faoi dheireadh an '14ú Plean Cúig Bliana'* ([403]). Dá bhrí sin, ar bhonn na fianaise a fuarthas, tá sé i gceist freisin línte táirgthe a thógáil i bPáirc Tionscail Anning chun na spriocanna atá i bPlean Gníomhaíochta Yunnan a bhaint amach.

(886) Bunaithe ar an méid thuas, scrúdaigh an Coimisiún a thuilleadh an raibh tionchar ag an bhfíoras gur dílsíodh údarás rialtais do sholáthróirí LFP agus gur measadh iad mar 'comhlachtaí poiblí' ar phraghsanna do tháirgeoirí intíre feithiclí ceallra-leictreacha na Síne.

(887) In éagmais comhair ó aon soláthróir litiam neamhchomhlachaithe nó comhlachaithe, mar a mhínítear i roinn 3.3.1.2, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear nach raibh faisnéis ríthábhachtach maidir le struchtúr mhargadh intíre na n-amhábhar, ná maidir le sásra na socruithe praghsanna, ar fáil don Choimisiún. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil agus mheas sé go raibh an fhaisnéis a chuir an táirgeoir sampláilte atá comhtháite go hingearach ar fáil ina léiriú ar an staid ar mhargadh intíre LFP na Síne.

([398]) Féach *China strengthens LFP investments in 2023 but structural surplus looms, S&P Global*, 9 Bealtaine 2023, le fáil ag https://www.spglobal.com/commodityinsights/en/market-insights/latest-news/metals/050923-china-strengthens-lfp-investments-in-2023-but-structural-surplus-looms

([399]) Féach *Cathode Supplier Yuneng's 2022 Revenue Reached Nearly RMB 42.8 Billion, of Which CATL and BYD Accounted for Over 80 %*, Energy Trend, 24 April 2023, le fáil ag https://www.energytrend.com/news/20230424-31816.html

([400]) Féach http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023/2023-4/2023-04-13/8980089.PDF,. p.76

([401]) Féach https://www.suining.gov.cn/phone/articshow/c6304818bb3e48138a25e7523d599a6e.html

([402]) *Yunnan Central New Area accelerates the creation of new energy battery industry cluster*, Rialtas Chúige Yunnan, 8 Iúil 2022, le fáil ag https://www.yn.gov.cn/ztgg/zxylcyfzqy/cypyzds/202207/t20220708_244167.html

([403]) *Ibid.*

(888) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (795) go raibh cumhacht rialtais ag CBIA agus CIAPS araon chun iompraíocht eacnamaíoch a chomhaltaí a rialáil agus a stiúradh ar mhaithe leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha agus go bhfuil gníomhaíochtaí soláthróirí LFP á rialáil ag na comhlachais fho-ordaithe chéanna freisin (féach aithris (873)).

(889) Is cineál litiam é LFP a dhíorthaítear ó charbónáit litiam, agus fágann ceannasacht na Síne ina scagadh go ligeann ceannasacht na Síne sa mhargadh seo dóibh praghsanna a shocrú ar leibhéal idirnáisiúnta. Mar a thuairiscítear cheana in aithris (869), rinne an Coimisiún amach gur allmhairigh an tSín cainníochtaí imeallacha LFP, ([404]) lena léirítear go socraíonn soláthróirí intíre Síneacha praghsanna seachas cloí le praghsanna agus gur féidir leo leas a bhaint as rogha ina n-iompraíocht phraghsála i bhfianaise na ceannasachta atá ag an tSín maidir le LFP a scagadh.

(890) Deimhníodh an méid sin freisin toisc go raibh 100 % de sholáthróirí LFP do Ghrúpa BYD lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne.

(891) Maidir le praghsanna féin, shuigh an Coimisiún gur tháinig laghdú [40-60 %] le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar an meánphraghas ceannaigh míosúil ar LFP ag an aon táirgeoir comhtháite feithiclí ceallra-leictreacha amháin, cé go raibh meánphraghas onnmhairiúcháin míosúil an táirge chéanna de thionscnamh na Síne fós cobhsaí le linn na tréimhse céanna. ([405]) D'fhéadfaí an laghdú sin ar phraghsanna a thabhairt faoi deara i gcás gach mórsholáthróir LFP don ghrúpa BYD. Dar leis an gCoimisiún, deimhníonn sé sin go n-áirithíonn Rialtas na Síne, tríd an sásra atá i bhfeidhm, go háirithe na comhlachais tionscail agus na bearta tacaíochta do tháirgeoirí LFP, go soláthraítear LFP do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha ar phraghsanna saora agus go gcloíonn soláthróirí LFP go docht leis an sásra praghsanna atá i bhfeidhm. Ceanglaítear ar tháirgeoirí LFP feidhmeanna poiblí a dhéanamh nuair a sholáthraíonn siad LFP do tháirgeoirí intíre, seachas gníomhú mar oibreoirí eacnamaíocha réasúnacha.

(892) A mhéid a bhaineann le príomhsholáthróir BYD, shuigh an Coimisiún go raibh foráil maidir le praghas a d'áiritheodh go dtairbheodh sé den soláthar is fabhraí ina chonradh leis an ngrúpa BYD' ([406]); i.e. nach n-íocfadh sé praghas níos airde ná aon chustaiméir eile de chuid Hunan Yuneng New Energy Materials Co. Ltd. Deimhnítear an fhoráil seo freisin i réamheolaire IPO arna eisiúint ag an gcuideachta chéanna ina dtugtar le fios go '*ngeallann Páirtí A [Hunan Yuneng New Materials Co. Ltd] na coinníollacha soláthair is fabhraí do Pháirtí B [an grúpa BYD] le haghaidh fosfáit iarainn litiam (lena n-áirítear soláthar fosfáite iarainn litiam, cainníocht, praghas soláthair), agus ní bheidh sé níos airde ná an praghas is ísle ar tháirgí comhchosúla a dhíolann Páirtí A le haon chustaiméir eile*' ([407]). Aithníodh sa doiciméad céanna freisin go raibh BYD ina infheisteoir straitéiseach de Hunan Yuneng New Materials Co. Ltd.

(893) Thairis sin, cé gur infheisteoir straitéiseach agus mórchustaiméir de chuid Hunan Yuneng New Materials Co. Ltd ([408]) é CATL freisin, shuigh an Coimisiún in aithris (801) go bhforáiltear lena Airteagail Chomhlachais go '*ndéanfaidh an Stát praghsáil idirbhirt páirtí ghaolmhair a shonrú*' ([409]). Dá bhrí sin, i bhfianaise an chaidrimh idir an dá chuideachta agus in éagmais aon fhianaise eile a léiríonn a mhalairt, mheas an Coimisiún gur shocraigh an Stát an praghas a d'íoc CATL ar LFP. Cumhdaítear leis sin sciar mór de LFP a ceannaíodh ar mhargadh na Síne atá ceaptha do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha ós rud é gurb é CATL an táirgeoir ceallraí 'neamhspleách' is mó sa tSín ([410])

(894) Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil Hunan Yuneng New Materials Co. Ltd faoi cheangal na coinníollacha soláthair is fabhraí le haghaidh LFP a sholáthar don ghrúpa BYD i dtéarmaí praghsanna mar a thuairiscítear in aithris (891), thuig an Coimisiún go raibh CATL agus an grúpa BYD, an dá phríomhtháirgeoir ceallraí ar mhargadh na Síne, ag ceannach LFP ar an bpraghas is fabhraí a leag an Stát síos a bhuí le sásra praghsanna arna dhearadh ag Rialtas na Síne chun tairbhe tionscail feithiclí ceallra-leictreacha.

([404]) Bunaithe ar staitisticí allmhairiúcháin GTA na Síne, cód HS 28429040, ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí Mheán Fómhair 2023.
([405]) Bunaithe ar staitisticí onnmhairiúcháin GTA na Síne, cód HS 28429040, ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí Mheán Fómhair 2023.
([406]) Ciallaíonn sé sin nach mbeidh níos lú fabhar ag baint le coinníollacha an tsoláthróra do BYD ná leis na coinníollacha a sholáthraíonn an soláthróir sin do chliaint eile. Mar shampla, ní bheidh an praghas a thabharfaidh an soláthróir do BYD ná an praghas do chliaint eile ar an táirge céanna.
([407]) https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202302021582656416_1.pdf , p. 1.1.384
([408]) https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202302021582656416_1.pdf , p. 1.1.47
([409]) https://www.catl.com/uploads/1/file/public/202204/20220426200308_qr532d21u6.pdf
([410]) Tuarascáil Róidiam, lch. 41

(895) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún nach bhfuil soláthróirí LFP saor chun praghsanna a shocrú de réir gnáthbhreithnithe margaidh agus chun a mbrabús a uasmhéadú. Ní hamháin go léirítear é sin le hidirghabháil Rialtas na Síne sa mhargadh mar a thuairiscítear in aithris (750) ach freisin leis an sásra socraithe praghsanna a théann chun tairbhe na bpríomhoibreoirí eacnamaíocha sa tionscal ceallraí agus feithiclí ceallra-leictreacha mar a thuairiscítear in aithrisí (891) go (893). Deimhnítear leis an méid thuas go soláthraíonn soláthróirí LFP an t-ionchur sin do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha ar luach saothair nach leordhóthanach, rud a thugann tairbhe do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha.

(c) *Conclúid*

(896) Ar bhonn na faisnéise a ndearnadh anailís uirthi thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil údarás rialtais ag soláthróirí LFP agus go bhfeidhmíonn siad feidhmeanna rialtais. Mar gheall ar phleananna Rialtas na Síne agus na sásraí dianrialaithe agus maoirseachta is infheidhme lena rialaítear na comhlachais, is gníomhaíochtaí Rialtas na Síne iad gníomhaíochta na gcomhlachas sin agus a gcomhaltaí, chomh maith leis na soláthróirí eile.

(897) Mheas an Coimisiún mar an gcéanna go bhfuil údarás rialtais ag na cuideachtaí a sholáthraíonn fosfáit litiam freisin agus go bhfeidhmíonn siad feidhmeanna rialtais sa mhéid go gcaithfidh siad cloí freisin le beartais Rialtas na Síne a chumhdaítear i Roinn 3.7.2 seachas gníomhú de réir phrionsabail an tsaormhargaidh chun a mbrabúis a uasmhéadú. Is léir go ndéanann na beartais sin de chuid Rialtas na Síne difear dá gcinntí agus dá mbainistíocht cuideachta chun LFP a sholáthar ar phraghsanna níos saoire nó praghsanna socraithe chun tionscal feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt, chomh maith leis an treoraíocht maidir le spriocanna táirgthe a leanúint, nach féidir a mheas, dá bhrí sin, mar léiriú ar iompraíocht phríobháideach i ngeilleagar saormhargaidh. Leis an bhfianaise a fuarthas maidir le praghsáil ar an margadh intíre, agus maidir le hiompraíocht phraghsála ar an margadh onnmhairiúcháin i leith an mhargaidh intíre, deimhnítear freisin go gcloíonn táirgeoirí LFP sa tSín le beartais Rialtas na Síne seachas le prionsabail an tsaormhargaidh.

(898) Comhthacaíonn saintréithe mhargadh intíre na Síne agus na sásraí praghsála a chuireann na comhlachais ceallraí, a gcomhaltaí, agus soláthróirí LFP chun feidhme agus a ndéanann siad faireachán orthu, leis an gconclúid go bhfuil siad dílsithe d'údarás an rialtais agus go bhfeidhmíonn siad feidhmeanna rialtais.

(899) Mar thoradh air sin, mheas an Coimisiún gur chruthaigh Rialtas na Síne timpeallacht ina soláthrófaí LFP do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha atá comhtháite go hingearach agus do tháirgeoirí ceallraí amhail CATL, a ghníomhaíonn mar chomhlacht poiblí a chuireann beartas rialtais chun feidhme, ar luach saothair nach leordhóthanach. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go meastar gur comhlachtaí poiblí iad na comhlachais ceallraí lena n-áirítear CBIA agus CIAPS, comhaltaí na gcomhlachas sin agus gach soláthróir eile ceallraí agus litiam de réir bhrí Airteagal 1.1(a)(1) den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh toisc nach bhfuil aon rogha acu ach cuspóirí beartais uileghabhálacha Rialtas na Síne a chomhlíonadh ar son táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha.

(b) Táirgeoirí LFP ag gníomhú mar chomhlachtaí príobháideacha a bhfuil feidhmeanna faoina chúram nó atá faoi stiúir Rialtas na Síne

(900) Sa bhreis ar na torthaí gur 'comhlacht poiblí' iad na táirgeoirí LFP chun críche Airteagal 3(1)(a) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú freisin, mar mhalairt, ar sholáthair Rialtas na Síne ranníocaíocht airgeadais trí chúram a chur ar tháirgeoirí LFP (mar chomhlachtaí príobháideacha) nó trí threoir a thabhairt dóibh ceallraí a sholáthar do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha ar luach saothair neamhleor, dá bhforáiltear in Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.

(901) Déantar an anailís sin bunaithe ar an gcaighdeán dlí is infheidhme a chumhdaítear in aithrisí (822) - (826). Rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar cibé acu an cuspóir de chuid na mbeart éagsúil rialtais atá i gceist le tacaíocht Rialtas na Síne do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha na Síne i bhfoirm LFP a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach agus ní amháin gur 'fo-éifeacht' é feidhmiú na cumhachta rialála ginearálta. Scrúdaíodh san imscrúdú go háirithe an raibh na praghsanna níos ísle ar LFP a fuarthas mar chuid de chuspóirí an rialtais, nó an raibh na praghsanna níos ísle ina bhfothairge 'de thaisme' de rialáil ghinearálta an rialtais. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh sé mar chuspóir ag na hidirghabhálacha éagsúla ó Rialtas na Síne tacú le tionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, agus gur chuspóir beartaithe de chuid na mbeart sin praghsanna ceallraí LFP níos ísle, a forfheidhmíodh ina dhiaidh sin trí na comhlachais tionscail a bhfuil sé d'oibleagáid orthu na pleananna sin a urramú agus a fhorfheidhmiú.

(902) Ghlac Rialtas na Síne roinnt beart le linn na mblianta chun a sprioc beartais a bhaint amach. Mionsonraíodh i roinn 3.2 an cúlra agus an comhthéacs ábhartha lena mínítear an tábhacht a chuireann Rialtas na Síne ar fhorbairt an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha agus ar fhorbairt na dtionscal timpeall air.

(903) Tugtar tacaíocht mhór don tionscal LFP, mar aon leis an tionscal ceallraí, sa tSín. Tá líon mór rialacháin ann, arna n-eisiúint ag comhlachtaí rialtais éagsúla, a dhéanann maoirseacht ar gach gné d'earnáil na gceallraí, agus a n-ábhair réamhtheachtacha freisin mar a léirítear i Roinn pointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1, agus go háirithe '*Dlí maidir le hAcmhainní Mianracha*' agus na '*Rialacha maidir le Cur Chun Feidhme an Dlí maidir le hAcmhainní Mianracha*' (aithris (723)) agus an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hAmhábhair (aithris (714)). Thairis sin, fuarthas fianaise ar idirghabháil Rialtas na Síne i bpraghsáil amhábhar le haghaidh feithiclí nuafhuinnimh i bpreasráitis ó Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise na Síne in 2022 (aithris (750)), nuair a gheall an rialtas praghas na n-amhábhar a úsáidtear i bhfeithicil nuafhuinnimh (lena n-áirítear litiam) a bhrú ar ais go leibhéal réasúnta.

(904) Thairis sin, shuigh an Coimisiún cheana nach comhlachais tionscail neamhspleácha iad comhlachais tionscail na Síne (i.e. CBIA agus CIAPS), i bhfianaise leibhéal rialaithe Rialtas na Síne orthu (aithrisí (777) - (784)) agus na feidhmeanna a chomhlíonann siad, rud a léiríonn go bhfuil údarás rialtais acu (aithrisí (791) - (798)). Go háirithe, tá sé de chumhacht ag comhaltaí CIAPS 'féinsmacht tionscail a neartú' agus 'comhlachas, tionscal agus iompraíocht na gcomhaltaí a rialú' agus tá sé de chumhacht ag comhaltaí CBIA 'saincheisteanna a chomhordú maidir le táirgeadh corparáideach, díolacháin agus onnmhairiú'. Dá bhrí sin, feidhmíonn an dá chomhlachas sin feidhmeanna rialtais freisin sa mhéid is gurb é an ról atá acu beartais Rialtas na Síne a chur chun feidhme chun LFP a sholáthar ar phraghsanna níos saoire ar mhaithe leis an tionscal intíre feithiclí ceallra-leictreacha, agus maoirseacht a dhéanamh go bhfuil na soláthróirí ábhartha uile comhlíontach go hiomlán.

(905) Deimhnítear leis sin nach bhfuil soláthróirí LFP ag gníomhú mar oibreoirí saormhargaidh i margadh intíre na Síne agus nach bhfuil cinneadh réasúnach eacnamaíoch á dhéanamh acu, mar atá léirithe ag an treocht i bpraghsanna intíre agus onnmhairiúcháin ar fhosfáite iarainn litiam (aithris (919)), ina leanann praghsanna intíre agus onnmhairiúcháin treochtaí atá go hiomlán éagsúil. Go deimhin, léiríonn a n-iompraíocht neamhréasúnach go raibh dírithe ar bheartais Rialtas na Síne LFP a sholáthar ar phraghsanna níos saoire don tionscal intíre feithiclí ceallra-leictreacha. Deimhnítear é sin a tuilleadh leis na torthaí in aithris (892) thuas, lenar thuig an Coimisiún go bhfuil formhór na bpraghsanna ar fhosfáit iarainn litiam ar an margadh, is é sin an LFP a cheannaíonn CATL agus BYD ó sholáthróirí comhlachaithe, socraithe go díreach agus go hindíreach ag an Stát.

(906) Thairis sin, fuair an Coimisiún fianaise i mbeartais náisiúnta agus áitiúla go bhfuil soláthróirí LFP incháilithe do shraith beart tacaíochta, a chumhdaítear i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1. Meabhraítear nár chomhoibrigh aon soláthróir réamhtheachtach san imscrúdú sin, agus dá bhrí sin nach féidir leis an gCoimisiún a fháil amach an bhfuair soláthróirí LFP na bearta tacaíochta a liostaítear i bpointe (i) de Roinn 3.7.2.1.1. I ndáil leis sin, shuigh an Coimisiún gur thairbhigh príomhsholáthróir LFP BYD, Hunan Yuneng Ábhair Nuafhuinnimh, de raon leathan deontas díreach sa bhreis ar na sochair chánach ioncaim is féidir leis a fháil a bhuíochas dá dheimhniú fiontair ardteicneolaíochta ([411]).

(907) Ar an mbonn sin agus i bhfianaise an chreata tacaíochta a chruthaigh Rialtas na Síne, tá sé réasúnta tátal a bhaint as dreasachtaí den sórt sin freisin go dtairbheodh soláthróirí eile LFP de na dreasachtaí sin, ionas go bhféadfadh Rialtas na Síne cuideachtaí a stiúradh a thuilleadh chun soláthar intíre LFP a mhéadú agus tacú leis i bhfabhar fhorbairt an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha.

(908) Thairis sin, mar a chumhdaítear cheana in aithrisí (873), ba iad na soláthróirí LFP a bhí ina gcomhaltaí de CBIA agus/nó CIAPS os cionn 90 % de chainníocht iomlán LFP a soláthraíodh do Ghrúpa BYD agus os cionn 90 % den luach iomlán le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Rinne an Coimisiún amach freisin nach comhlachais neamhspleácha iad comhlachais tionscail thuasluaite na Síne a bhí ag gníomhú de réir prionsabail eacnamaíocha shaora, ach eintitis faoi threoir Rialtas na Síne agus arna mbainistiú aige tríd an gComhairle Stáit (féach pointe (ii) de Roinn 3.7.2.1.1(a)). Go háirithe, rinneadh amach go raibh an dá chomhlachas ag tabhairt faoi chúraimí faoi chúram an rialtais (aithrisí (781) and (783), agus is é an ról atá acu cúnamh a thabhairt don rialtas beartais rialtais a chur chun feidhme agus iompraíocht a gcomhaltaí a rialáil. Ós rud é go ndílsítear an chumhacht do na comhlachais agus dá gcomhaltaí *'féinsmacht an tionscail a neartú'* agus *'comhlachas, tionscal agus iompraíocht na gcomhaltaí a rialáil'*, agus, i gcás CBIA go sonrach freisin *'saincheisteanna maidir le táirgeadh corparáideach, díolacháin agus onnmhairiú a chomhordú'*, léirítear gur comhlachtaí poiblí iad na comhlachais a gcuireann Rialtas na Síne de chúram orthu treoir a thabhairt dá chomhaltaí a gcinntí eacnamaíocha a oiriúnú chun tairbhe thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha.

([411]) http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023/2023-4/2023-04-13/8980089.PDF, lgh. 122, 128 agus 150

(909) Mheas an Coimisiún, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go raibh 'ról níos gníomhaí ag Rialtas na Síne ná gníomhartha spreagtha amháin', mar a cheanglaíonn Buanchomhlacht Achomhairc EDT ([412]). Cuirtear leis na bearta a rinne Rialtas na Síne srian ar shaoirse gníomhaíochta na dtáirgeoirí LFP trína gcinneadh gnó a theorannú sa chleachtas maidir leis an bpraghas a bheadh ar tháirge, mar a léirítear sna pleananna a chumhdaítear i Roinn 3.2, ar mhaithe leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha. Chuaigh ról Rialtas na Síne i bhfad níos faide ná gnáth-idirghabháil mar rialtóir margaidh. Ní hamháin go ndearna na bearta ábhartha, lena n-áirítear srianta ar onnmhairiú LFP agus bearta tacaíochta do sholáthróirí LFP, rialáil ar ghnéithe ginearálta an mhargaidh ach d'fhorchuir siad iompraíocht shonrach ar sholáthróirí LFP. Rinneadh na bearta sin uile chun go soláthródh soláthróirí LFP ar phraghsanna níos saoire ar mhaithe leis an tionscal feithiclí ceallra-leictreacha. Cuireadh an rún sin in iúl go soiléir tríd an iliomad ráiteas beartais agus gníomhaíochtaí a chumhdaítear i Ranna 3.7.2.1.1 agus 3.7.2.2.1.

(910) Trí oibleagáid a chur ar sholáthróirí LFP na bearta sin a chomhlíonadh, a forfheidhmíodh, dá réir sin, trí na comhlachais tionscail a bhfuil sé d'oibleagáid orthu na pleananna sin a urramú agus a fhorfheidhmiú, bhain Rialtas na Síne an cumas díobh a straitéisí díola a roghnú gan bhac de réir dálaí margaidh. Is é sin le rá, is léir gur 'nasc follasach' iad na bearta sin idir gníomh an rialtais agus iompar na gcuideachtaí ceallraí. D'úsáid Rialtas na Síne na cuideachtaí ceallraí mar ionadaí chun tacú le táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha.

(911) Ar deireadh, rinne an Coimisiún measúnú an bhfuil an soláthar iarbhír LFP, ar bhealach ar bith, éagsúil leis an méid a bheadh déanta ag an rialtas féin. Mheas an Coimisiún gur mar sin atá an cás seo. Seachas LFP a sholáthar go díreach don tionscal feithiclí ceallra-leictreacha chun cuspóirí beartais phoiblí Rialtas na Síne a bhaint amach maidir le borradh a chur faoi fhorbairt an tionscail seo, spreagann Rialtas na Síne trí shraith beart eintitis phríobháideacha chun é sin a dhéanamh thar a cheann. Thairis sin, a mhéid a bhaineann soláthar earraí den sórt sin ag an rialtas le roinnt caiteachais (amhail fóirdheontais a sholáthar d'ionchuir nó d'íobairt ioncaim trí earraí a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach), ba cheart gníomhaíocht den sórt sin a thuiscint mar na gnáthfheidhmeanna a dhílsítear don rialtas de ghnáth.

(912) I bhfianaise an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh ranníocaíocht airgeadais sa chaoi is gur sholáthair an rialtas LFP ar luach saothair nach leordhóthanach do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne mar thoradh ar shraith beart a ghlac Rialtas na Síne faoi Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.

3.7.2.2.2. *Tairbhe, sainiúlacht agus méid an fhóirdheontais a ríomh*

(a) Tairbhe

(913) Mar a mhínítear i Roinn 3.3.1.2, níor sholáthair aon soláthróir monaraíochta neamhchomhlachaithe LFP nó ceallraí faisnéis don Choimisiún trí fhreagra a thabhairt ar an gceistneoir sonrach atá beartaithe do sholáthróirí ionchuir sa tSín. Níor thug an soláthróir comhlachaithe LFP do BYD freagra ar an gceistneoir, agus ní raibh an Coimisiún in ann a mheas an bhféadfaí an praghas ar cheannaigh grúpa BYD LFP a mheas ar neamhthuilleamaí.

(914) Mar thoradh air sin, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán chun leibhéal na tairbhe a chinneadh do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a cheannaigh LFP agus ceallraí ar an margadh intíre.

(915) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithrisí (895) - (898) gur measadh gur comhlachtaí poiblí agus/nó cuideachtaí príobháideacha iad soláthróirí LFP faoi chúram agus faoi stiúir an Stáit.

(916) I gcomhréir le hAirteagal 3(2), Airteagal 5 agus Airteagal 6(d) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún measúnú ar mhéid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a bronnadh ar an bhfaighteoir, rud a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(917) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú ar dtús féachaint an bhféadfadh praghsanna sa tSín a bheith ina dtagarmharc iomchuí.

(918) Mar gheall ar neamh-chomhoibriú páirteach Rialtas na Síne, ní raibh faisnéis ríthábhachtach ag an gCoimisiún maidir le staid an mhargaidh sa tSín i ndáil le soláthróirí amhábhar a úsáidtear chun ceallraí a tháirgeadh agus maidir le coigeartuithe ar ghá a dhéanamh. Shuigh an Coimisiún go raibh na dálaí a bhí i réim i margadh Dhaon-Phoblacht na Síne saofa i bhfianaise na mbeartas náisiúnta agus earnála is infheidhme arna gcur chun feidhme ag na hoibreoirí eacnamaíocha uile.

([412]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 115.

(919) Tá roinnt mhaith samplaí ann d'idirghabháil agus tacaíocht láidir ón rialtas ar fud shlabhra soláthair iomlán na bhfeithiclí ceallra-leictreacha, rud a chuir cosc ar ghnáthdhinimic an mhargaidh chun an praghas a chinneadh. Dá bhrí sin, measadh nach praghas margaidh a bhí i bpraghsanna an phríomh-ionchuir a úsáideadh i dtáirgeadh ceallraí, i.e. LFP, ach praghas a raibh tionchar ag an rialtas air chun a chuspóirí beartais a bhaint amach.

(920) Léirítear é sin freisin leis an bhfíoras go raibh na praghsanna intíre ar a raibh LFP á ceannach ag BYD i bhfad níos ísle ná praghas onnmhairiúcháin na Síne. Shuigh an Coimisiún go raibh an ghéarthreocht anuas (os cionn 30 %) a tugadh faoi deara sa phraghas ceannaigh intíre le haghaidh LFP le linn na tréimhse imscrúdúcháin dínasctha go hiomlán ó éabhlóid an phraghais onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an gcuid eile den domhan, praghas a d'fhan sách cobhsaí. Dá bhrí sin, léirigh na sonraí a bhí ar fáil don Choimisiún ní hamháin gur bhunaigh Rialtas na Síne, trí na comhlachais agus a chomhaltaí ag gníomhú dóibh mar chomhlachtaí poiblí, sásra praghsála le haghaidh na n-amhábhar a úsáidtear le haghaidh ceallraí agus go háirithe LFP, ach go raibh éifeacht an tsásra sin le feiceáil ar mhargadh intíre na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin freisin.

(921) Ar an gcúis sin amháin, mheas an Coimisiún go bhfuil praghsanna intíre LFP sa tSín saofa agus nach féidir iad a úsáid mar thagarmharc chun an tairbhe a chinneadh.

(922) Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún tagarmharcanna iomchuí lasmuigh den tír a lorg.

(923) I gcomhréir le hAirteagal 6(d), an dara fomhír, (ii) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún anailís ar na táirgeoirí is mó LFP mar na hionadaithe is gaire is féidir do phraghas intíre neamhshaofa de chuid na Síne.

(924) I bhfianaise cheannasacht na Síne sa mhargadh i dtáirgeadh LFP agus ós rud é nach bhféadfaí aon phraghas eile lasmuigh den tír a aimsiú, agus i bhfianaise nach féidir comparáid a dhéanamh idir praghsanna intíre na Síne agus praghsanna lasmuigh den tír, bhí ar an gCoimisiún brath ar phraghsanna onnmhairiúcháin ón tSín chuig an gcuid eile den domhan, arna seachadadh ar bhonn SAB. Measadh, dá bhrí sin, gur tagarmharc iomchuí iad na praghsanna sin i bhfianaise na ndálaí ceannasacha atá ann cheana maidir leis an gcineál sonrach litiam sin, agus i bhfianaise nach raibh aon tagarmharc réasúnta eile ann. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go raibh praghsanna intíre LFP níos ísle ná na praghsanna onnmhairiúcháin chuig an gcuid eile den domhan.

(b) Sainiúlacht

(925) Níl ach tionscail áirithe a cheannaíonn LFP ag tairbhiú den tsraith beart a chuireann Rialtas na Síne i bhfeidhm lena n-áirithítear go soláthrófar LFP ar luach saothair nach leordhóthanach, lena n-áirítear srianta ar onnmhairí agus tacaíocht do tháirgeoirí LFP chun cuspóirí beartais agus pleananna Rialtas na Síne a chomhlíonadh. Ina theannta sin, is cineál sonrach litiam scagtha é LFP chun ceallraí a úsáidtear i bhfeithiclí ceallra-leictreacha a tháirgeadh.

(926) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur fóirdheontais shonracha iad fóirdheontais i bhfoirm soláthar LFP chun ceallraí a tháirgeadh ar luach saothair neamhleor de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán. Tá na fóirdheontais sin teoranta d'aicme fiontar nó tionscal, go háirithe iad siúd a úsáideann LFP mar ábhar ionchuir. Thairis sin, níor chuir aon cheann de na páirtithe leasmhara aon fhianaise isteach a thabharfadh le tuiscint go bhfuil na cineálacha fóirdheontas sin bunaithe ar chritéir nó ar choinníollacha oibiachtúla de réir bhrí Airteagal 4(2)(b) den bhun-Rialachán.

(c) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(927) Rinne an Coimisiún comparáid idir an praghas intíre ag ar cheannaigh Grúpa BYD LFP le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus meánphraghas onnmhairiúcháin na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin ([413]).

(928) Ós rud é go ndearnadh amach gur cuideachta ghaolmhar le Grúpa BYD é ceann de sholáthróirí LFP le haghaidh cuid den tréimhse imscrúdúcháin, agus in éagmais freagra ceistneora ón soláthróir sin, mar a chumhdaítear i Roinn 3.3.4, ní raibh fianaise ar comhad ag an gCoimisiún nach ndearna a gcaidreamh difear do na praghsanna a shocraigh an soláthróir réamhtheachtach agus Grúpa BYD. Dá bhrí sin, ní raibh aon fhianaise ag an gCoimisiún go raibh na praghsanna sin ar neamhthuilleamaí, agus dá bhrí sin chuir sé meánphraghas ceannaigh LFP ó sholáthróirí neamhchomhlachaithe in ionad an phraghais sin.

([413]) Bunaithe ar staitisticí onnmhairiúcháin GTA na Síne, cód HS 28429040, ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí Mheán Fómhair 2023.

(929) Ríomhadh an tairbhe do BYD trí na praghsanna intíre a chur i gcomparáid le praghas onnmhairiúcháin LFP na Síne, i bhfianaise cheannasacht na Síne i scagadh an chineáil sin litiam. Mar a thuairiscítear in aithris (400), ós rud é nach raibh fianaise ag an gCoimisiún ar chomhad cé acu a bhí nó nach raibh ceannacháin LFP ón soláthróir comhlachaithe ar neamhthuilleamaí, cuireadh an meánphraghas ceannaigh a fuarthas ó sholáthróirí neamhchomhlachaithe in ionad an mheánphraghais ón soláthróir comhlachaithe LFP. Ní dhearnadh aon choigeartuithe.

Litiam a sholáthar chun ceallraí a tháirgeadh ar luach saothair neamhleor

Ainm na cuideachta	Ráta fóirdheontais
An grúpa BYD	7,35 %

3.8. **Ioncam ligthe thar ceal trí dhíolúintí cánach agus trí chláir laghdaithe**

(1) *Laghdú ar Cháin Ioncaim Fiontar ('EIT') le haghaidh Fiontair Ardteicneolaíochta agus Teicneolaíochta Nua*

(930) De réir Dhlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáin Ioncaim Fiontar ('Dlí CIF'), fiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta nua ar gá don Stát príomhthacaíocht a thabhairt dóibh, baineann siad tairbhe as ráta cánach ioncaim fiontair atá laghdaithe, is é sin ráta 15 % seachas an gnáthráta 25 %.

(a) Bunús dlí

(931) Is é bunús dlí an chláir seo Airteagal 28 de Dhlí CIF agus Airteagal 93 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair Dhaon-Phoblacht na Síne ([414]), chomh maith leis an méid seo a leanas:

— Ciorclán ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Bearta Riaracháin le haghaidh Aithint Fiontar Ardteicneolaíochta a athbhreithniú agus a eisiúint (Uimh. 32 de 2016);

— Ciorclán ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir leis na Treoirlínte le haghaidh Riaradh Creidiúnaithe Fiontar Ardteicneolaíochta a Athbhreithniú agus a Eisiúint, (Uimh. 195 de 2016);

— Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Beartais Chánach Ioncaim Fhabhracha a Chur i bhFeidhm maidir le Fiontair Ardteicneolaíochta (Fógra Uimh. 24 de 2017);

— An Chatalóg 2016 de Réimsí Ardteicneolaíochta a dTacaíonn an Stát leo ([415]).

(932) Thairis sin, i mí Eanáir 2021, d'eisigh NDRC leagan 2020 de *Catalogue of Encouraged Industries in the Western Region* [Catalóg na dTionscadal atáthar a Spreagadh i Réigiún an Iarthair] (Ordú Uimh. 40 de 2021), le héifeacht ón 1 Márta 2021. Is féidir le fiontair spreagtha atá lonnaithe i 12 chúige san iarthar, i réigiúin féinrialaithe agus i gcathracha leas a bhaint as an mbeartas fabhrach maidir le cáin ioncaim fiontair a thobhach ag ráta cánach laghdaithe 15 %. Spreagann an Chatalóg Sichuan, Yunnan, Qinghai, Shaanxi, Gansu, An Ion-Mhongóil agus Guangxi chun an tionscal litiam a fhorbairt. Tá copar, alúmanam, agus graifít san áireamh sa Chatalóg freisin.

(933) Tá forálacha i gCaibidil IV de Dhlí CIF maidir le 'Cóir Fhabhrach Cánach'. Foráiltear le hAirteagal 25 den Dlí CIF, a fheidhmíonn mar achoimre do Chaibidil IV, *'Táirgfidh an Stát fabhair chánach ioncaim d'Fhiontair atá ag gabháil do thionscail nó tionscadail a dtugann an Stát tacaíocht agus spreagadh speisialta dá bhforbairt'*. Foráiltear in Airteagal 28 de dhlí an EIT go *'laghdófar go 15 % an ráta cánach ioncaim fiontair ar fhiontair ardteicneolaíochta agus ar fhiontair teicneolaíochta nua a dteastaíonn tacaíocht speisialta ón Stát uathu'*.

([414]) Rialacháin Cur Chun Feidhme Dhlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáin Ioncaim Fiontair (Athbhreithnithe in 2019) - Ordú ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 714.

([415]) http://kj.quanzhou.gov.cn/wsbs/xgxz/201703/t20170322_431820.htm.

(934) In Airteagal 93 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, soiléirítear an méid seo a leanas:

'Na fiontair ardteicneolaíochta agus na fiontair nuatheicneolaíochta thábhachtacha a bhfuil tacaíocht le fáil acu ón stát dá dtagraítear i gClásal 2 d'Airteagal 28 den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, tagraíonn siad do na fiontair ar leo príomhchearta maoine intleachtúla agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

1. *Comhlíonann raon feidhme na bPríomhlimistéar Teicneolaíochta ar ardleibhéal agus nua a fhaigheann tacaíocht ón Stát;*
2. *Ní lú an cion den chostas taighde agus forbartha a bheidh san ioncam díola ná an cion fororddaithe;*
3. *Ní bheidh an cion den ioncam ó theicneolaíocht/táirge/seirbhís ardteicneolaíochta in ioncam iomlán an fhiontair níos lú ná an chionúireacht fhorordaithe;*
4. *Ní bheidh cion an phearsanra theicniúil i measc fostaithe ar fad an fhiontair níos lú ná an chionúireacht fhorordaithe;*
5. *Coinníollacha eile arna bhforordú sna Bearta chun Sainaithint Fiontair Ardteicniúil a Riar.*

Déanfaidh na ranna teicneolaíochta, airgeadais agus cánachais faoin gComhairle Stáit bearta maidir le Sainaithint Fiontar Ardteicniúil agus Príomh-Limistéir Teicneolaíochta Stát-thacaithe agus Teicneolaíochta Nua a fhoirmliú i gcomhpháirt agus tiocfaidh siad i bhfeidhm tar éis don Chomhairle Stáit iad a fhormheas'.

(935) Sonraítear go soiléir leis na forálacha thuasluaite go bhfuil an ráta cánach ioncaim fiontair laghdaithe forchoimeádta do *'fhiontair thábhachtacha ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta a bhfuil tacaíocht le fáil acu ón Stát'* ar leo príomhchearta maoine intleachtúla agus a chomhlíonann coinníollacha áirithe ar nós *'raon feidhme na bPríomhréimsí Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta a dTacaíonn an Stát leo a chomhlíonadh'*.

(936) De réir Airteagal 11 de na Bearta Riaracháin maidir le Fiontair Ardteicneolaíochta a Aithint, chun aitheantas a fháil mar fhiontair ardteicneolaíochta, ní mór go gcomhlíonfadh fiontar coinníollacha áirithe ag an am céanna, arbh iad i measc seo a leanas na coinníollacha: *'tá úinéireacht ar chearta maoine intleachtúla faighte aige, a bhfuil ról lárnach aige i dtacaíocht theicniúil a thabhairt dá phríomhtháirgí (seirbhísí), trí thaighde neamhspleách, aistriú, deontas, cumaisc agus fáil, etc.'* agus *'tá an teicneolaíocht a bhfuil ról lárnach aici maidir le tacaíocht theicniúil a thabhairt dá phríomhtháirgí (seirbhísí) laistigh den réimse réamhchinntithe sna réimsí ardteicneolaíochta a fhaigheann tacaíocht ón stát'*.

(937) Tá na príomhréimsí ardteicneolaíochta a dtacaíonn an Stát leo liostaithe i gCatalóg 2016 de Réimsí Ardteicneolaíochta a dTacaíonn an Stát leo. Luaitear go sonrach sa chatalóg sin faoi 'I. Faisnéis Leictreonach', pointe 4. 'Teicneolaíocht na cumarsáide'*'gréasán tarchurtha optúil'* agus*'teicneolaíocht córais tarchurtha optúil'*, lena gcumhdaítear cáblaí snáthoptaice, mar réimsí ardteicneolaíochta a dtacaíonn an Stát leo.

(938) Ní mór do chuideachtaí a bhaineann tairbhe as an mbeartas sin a dtuairisceán cánach ioncaim agus na hiarscríbhinní ábhartha a chur isteach. Áirítear méid iarbhír na tairbhe sa tuairisceán cánach.

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(939) Chinn an Coimisiún go raibh cuideachtaí laistigh de na grúpaí táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte cáilithe mar chuideachtaí ardteicneolaíochta le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, gur bhain siad leas as ráta laghdaithe CIF de 15 %.

(c) Tairbhe

(940) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas é an fritháireamh cánach atá i gceist de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an tairbhe don fhaighteoir comhionann leis an gcoigilteas cánach.

(d) Sainiúlacht

(941) Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar cur i bhfeidhm na scéime seo a theorannú sa reachtaíocht féin d'fhiontair atá ag feidhmiú i réimsí ardteicneolaíochta tosaíochta áirithe arna gcinneadh ag an Stát. Is tosaíocht ardteicneolaíochta den sórt sin é tionscal feithiclí ceallra-leictreacha.

(942) Sa bhreis ar laghdú ar cháin ioncaim fiontair atá bunaithe ar stádas fiontair ardteicneolaíochta, tá laghdú 15 % ar cháin ioncaim fiontair ar fáil do mhonaróirí feithiclí nuafhuinnimh (lena n-áirítear feithiclí ceallra-leictreacha) ar bhonn critéar a bhaineann lena suíomh fisiciúil freisin. Go háirithe, má tá fiontar lonnaithe i réigiún an Iarthair, féadfar an cháin ioncaim fiontair a íoc ar an ráta laghdaithe 15 %.

(943) Dá bhrí sin, leis an reachtaíocht ar dá bun a fheidhmíonn an t-údarás deonúcháin, teorannaítear go sainráite rochtain ar fhóirdheontas d'earnálacha agus do réigiúin gheografacha áirithe.

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(944) Ríomhadh méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a dámhadh ar na faighteoirí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ríomhadh an tairbhe sin mar an difríocht idir an cháin iomlán is iníoctha de réir an ghnáthráta cánach agus an cháin iomlán is iníoctha faoin ráta laghdaithe.

(945) Ba é 0,36 % an ráta fóirdheontais a bunaíodh don scéim shonrach seo do ghrúpa BYD.

(2) *Costais taighde agus forbartha a asbhaint ar bhonn tosaíochta roimh cháin*

(946) De bharr an fhritháirimh cánach le haghaidh taighde agus forbartha tá cuideachtaí i dteideal cóireáil chánach fhabhrach a fháil maidir lena n-oibríochtaí taighde agus forbartha i réimsí tosaíochta ardteicneolaíochta arna gcinneadh ag an Stát agus nuair a chomhlíontar tairseacha áirithe maidir le caiteachas taighde agus forbartha.

(947) Go sonrach, costais T&F arna dtabhú ag fiontar nuair a dhéanann sé aon ghníomhaíocht T&F, asbhainfear 100 % breise de mhéid costas T&F arna dtabhú iarbhír roimh íocaíocht chánach, sa bhreis ar asbhaint costas iarbhír mar a fhorordaítear, ón 1 Eanáir 2023, ar choinníoll nach ndéanfar na costais sin a chomhshó ina sócmhainní doláimhsithe agus nach n-áireofar iad sna brabúis agus sna caillteanais reatha.

(948) Más rud é go ndearnadh na costais sin a thiontú go sócmhainní doláimhsithe, féadfar na costais sin a amúchadh ag ráta 200 % de chostais na sócmhainní doláimhsithe roimh íocaíocht cánach ón 1 Eanáir 2023.

(a) Bunús dlí

(949) Is é bunús dlí an chláir seo Airteagal 30(1) den Dlí um CIF, i gcomhar le hairteagal 95 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair Dhaon-Phoblacht na Síne, chomh maith leis na fógraí seo a leanas:

— Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Saincheisteanna a bhaineann le Raon Feidhme Aitreabúideach den Asbhaint Ualaithe Réamhchánach le haghaidh Chostais T&F; (Fógra Uimh. 40 de 2017);

— Fógra ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Tuilleadh Feabhais a Chur ar na Beartais maidir le hAsbhaint Ualaithe Réamhchánach Chostais T&F (Fógra Uimh. 7 de 2023);

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(950) Shuigh an Coimisiún gur thairbhigh cuideachtaí laistigh de na grúpaí sampláilte d'asbhaint bhreise ar speansais taighde agus forbartha arna dtabhú le taighde agus forbairt ar theicneolaíochtaí nua, táirgí nua agus teicnící nua.

(c) Tairbhe

(951) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas é an fritháireamh cánach atá i gceist de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an tairbhe don fhaighteoir comhionann leis an gcoigilteas cánach.

(d) Sainiúlacht

(952) Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar sa reachtaíocht féin cur i bhfeidhm an bhirt seo a theorannú d'fhiontair a thabhaíonn speansais taighde agus forbartha i réimsí ardteicneolaíochta tosaíochta áirithe arna gcinneadh ag an Stát, mar shampla earnáil BEV. Dá bhrí sin, leis an reachtaíocht ar dá bun a fheidhmíonn an t-údarás deonúcháin, teorannaítear go sainráite rochtain ar fhóirdheontas d'fhiontair agus d'earnálacha áirithe.

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(953) Ríomhadh méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a dámhadh ar na faighteoirí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ríomhadh an tairbhe sin mar an difríocht idir an cháin iomlán is iníoctha de réir an ghnáthráta cánach agus an cháin iomlán is iníoctha tar éis na hasbhainte breise 100 % de na speansais iarbhír ar thaighde agus forbartha.

(954) Ba é XX % an ráta fóirdheontais a bunaíodh don scéim shonrach seo do ghrúpa BYD, XX % do ghrúpa Geely, agus XX % do ghrúpa SAIC.

(3) *Díolúine ó dhíbhinní idir fiontair chónaitheacha cháilithe*

(955) Cuireann Dlí CIF roghanna fabhracha cánach ioncaim ar fáil d'Fhiontair atá i mbun tionscal nó tionscadal a dtacaíonn agus a spreagann an Stát go sonrach lena bhforbairt agus, go háirithe, díolmhaítear an t-ioncam ó infheistíocht chothromais, amhail díbhinní agus bónais, idir fiontair chónaitheacha incháilithe ó cháin.

(a) Bunús dlí

(956) Is é bunús dlí an chláir sin Airteagal 26(2) de Dhlí CIF, i gcomhar leis na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair na Síne.

(957) Foráiltear le hAirteagal 25 den CIF, a fheidhmíonn mar achoimre do Chaibidil IV 'Beartais Fhabhracha Chánach', go *'dtairgfidh an Stát fabhair chánach ioncaim d'Fhiontair atá ag gabháil do tionscail nó tionscadal a dtacaíonn an Stát go sonrach lena bhforbairt* agus a spreagann *sé go sonrach'*. Thairis sin, sonraítear in Airteagal 26(2) go bhfuil feidhm ag an díolúine ó cháin maidir le hioncam ó infheistíochtaí cothromais idir 'fiontair chónaitheacha incháilithe', rud is cosúil go gcuireann sé teorainn le raon feidhme an chur i bhfeidhm d'fhiontair chónaitheacha áirithe.

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(958) Shuigh an Coimisiún go bhfuair roinnt cuideachtaí sna grúpaí sampláilte díolúine ó cháin ar ioncam díbhinne idir fiontair chónaitheacha cháilithe.

(c) Tairbhe

(959) Measann an Coimisiún gur fóirdheontas í an scéim sin faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an tairbhe don fhaighteoir comhionann leis an gcoigilteas cánach.

(d) Sainiúlacht

(960) Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar sa reachtaíocht féin cur i bhfeidhm na díolúine sin a theorannú d'fhiontair chónaitheacha cáilithe a dtacaíonn an Stát go mór leo agus a spreagann an Stát a bhforbairt. Dá bhrí sin, leis an reachtaíocht ar dá bun a fheidhmíonn an t-údarás deonúcháin, teorannaítear go sainráite rochtain ar fhóirdheontas d'fhiontair agus d'earnálacha áirithe.

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(961) Tá méid an fhóirdheontais ríofa ag an gCoimisiún tríd an ngnáthráta cánach a chur i bhfeidhm ar an ioncam díbhinne a asbhaineadh as ioncam inchánach.

(962) B'ionann an ráta fóirdheontais a rinneadh amach don scéim shonrach seo agus 0.17 % don Ghrúpa FTT agus 1.09 % don ghrúpa SAIC.

(4) *Dímheas luathaithe ar an trealamh á úsáid ag fiontair Ardteicneolaíochta*

(963) De réir Airteagal 32 den dlí CIF, *'i gcás ina bhfuil fiorghá go mbeadh dímheas luathaithe ar shócmhainní seasta* fiontair *de bharr dul chun cinn na teicneolaíochta nó cúiseanna eile, is féidir líon na mblianta don dímheas a laghdú nó is féidir modh an choigeartaithe luathaithe a ghlacadh'*.

(a) Bunús dlí

(964) Is é bunús dlí an chláir seo Airteagal 30(1) den Dlí um CIF, i gcomhar le hAirteagal 98 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair Dhaon-Phoblacht na Síne, chomh maith leis na fógraí seo a leanas:

— Fógra ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Beartais CIF a Fheabhsú a Thuilleadh le haghaidh Dímheas Luathaithe Sócmhainní Seasta (Fógra Uimh. 106 de 2015);

— Fógra maidir le Saincheisteanna a bhaineann le Tuilleadh Feabhais a Chur ar na Beartais um Cháin Ioncaim Fiontair le haghaidh Dímheas Luathaithe Sócmhainní Seasta (Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas Uimh. 68 de 2015);

— Fógra ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir leis na Beartais Chánach Ioncaim Fiontair Ábhartha chun Trealamh agus Ionstraimí a Asbhaint (Fógra Uimh. 54 de 2018);

— Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Beartais Chánach Ioncaim Fiontair Ábhartha a Chur Chun Feidhme chun Trealamh agus Ionstraimí a Asbhaint (Fógra Uimh. 46 2018 ón Údarás Stáit um Chánachas);

— Fógra ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Raon Feidhme na mBeartas Fabhrach le haghaidh Dímheas Luathaithe Sócmhainní Seasta a Leathnú (Fógra Uimh. 66 de 2019);

— Fógra ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Tréimhse Cur Chun Feidhme Beartas Cánach Fabhrach Áirithe a Shíneadh (Fógra Uimh. 6 ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas in 2021);

— Fógra ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir leis na Beartais Ábhartha um Cháin Ioncaim Fiontair chun Trealamh agus Ionstraimí a Asbhaint (Fógra Uimh. 37 ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas in 2023)

(965) De réir an Fhógra maidir le Beartais Asbhainte Trealaimh agus Fearas chun Cuspóirí Cháin Ioncaim d'Fhiontair (Cai Shui [2018] Uimh. 54), *'i gcás nach sáraíonn luach aonaid phíosa trealaimh nó fearais nuacheannaithe ag fiontar i rith na tréimhse idir 1 Eanáir 2018 agus 31 Nollaig 2020 cúig mhilliún RMB, ceadaítear don* fhiontar *an luach sin a áireamh le costas agus caiteachas na tréimhse reatha ar bhonn cnapshuime lena asbhaint ar ríomh a ioncaim inchánach, agus ní gá dó a thuilleadh an dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil'*. Níl an reachtaíocht seo ina reachtaíocht thionscal-sonrach.

(966) Maidir le sócmhainní de luach aonaid os cionn 5 mhilliún RMB, is amhlaidh arb infheidhme go fóill iad an Fógra maidir le Mionchoigeartú na mBeartas Cháin Ioncaim Fiontair is Infheidhme maidir le Dímheas Luathaithe na Sócmhainní Seasta (Cai Shui [2014] Uimh. 75) agus an Fógra maidir le Mionchoigeartú Breise na mBeartas Cháin Ioncaim Fiontair is Infheidhme maidir le Dímheas Luathaithe na Sócmhainní Seasta (Cai Shui [2015] Uimh. 106). De réir na bhfógraí seo, is féidir an modh dímheasa luathaithe a roghnú i gcás sócmhainní seasta arna gceannach ag cuideachtaí i ndeich bpríomhthionscal.

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(967) Shuigh an Coimisiún, nár chuir na grúpaí sampláilte dímheas luathaithe i bhfeidhm i rith na tréimhse imscrúdúcháin le haghaidh sócmhainní de luach aonaid a sháraíonn 5 mhilliún RMB. Dá bhrí sin, ós rud é nach dtagann na sócmhainní seo faoi Fhógra Cai Shui [2014] Uimh. 75 agus Fógra Cai Shui [2015] Uimh. 106, shuigh an Coimisiún nár thairbhigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin d'fhóirdheontais in-fhrithchúitithe.

(5) *Asbhaint ioncaim ó aistriú teicneolaíochta*

(968) Leis an bhfritháireamh cánach le haghaidh aistriú teicneolaíochta, tá cuideachtaí i dteideal cóireáil fhabhrach cánach a fháil le haghaidh a ngníomhaíochtaí onnmhairiúcháin. Faoin scéim sin, tá 50 % den ioncam a fhaightear ón teicneolaíocht a dhíol ar an gcoigríoch in-asbhainte ó bhonn CIF, agus tá sé teoranta do leibhéal meá ar mheá.

(a) Bunús dlí

(969) Is é Airteagal 27 de Dhlí CIF bunús dlí an chláir seo, chomh maith leis an méid seo a leanas:

— Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Saincheisteanna a bhaineann le Díolúine agus Laghdú Cánach Ioncaim Fiontair ar Ioncam ó Aistriú Teicneolaíochta (Fógra Uimh. 212 de 2009).

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(970) Rinne an Coimisiún amach gur thairbhigh ceann de na grúpaí sampláilte de 'aistriú teicneolaíochta' maidir le hasbhaint cánach ioncaim le haghaidh na teicneolaíochta a aistríodh thar lear.

(c) Tairbhe

(971) Measann an Coimisiún gur fóirdheontas í an scéim sin faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an tairbhe don fhaighteoir comhionann leis an gcoigilteas cánach.

(d) Sainiúlacht

(972) Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) agus Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán mar go ndéantar sa reachtaíocht ar dá bun a fheidhmíonn an t-údarás deonúcháin, teorainn shainráite a chur le rochtain ar fhóirdheontas d'fhiontair a bhfuil baint acu le haistriú teicneolaíochtaí agus faoi choinníoll na feidhmíochta onnmhairiúcháin.

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(973) Ríomh an Coimisiún méid an fhóirdheontais tríd an ngnáthráta cánach a chur i bhfeidhm ar an ioncam aistrithe teicneolaíochta a asbhaineadh ó ioncam inchánach.

(974) Ba é XX % an ráta fóirdheontais a bunaíodh don scéim shonrach seo do ghrúpa Geely.

(6) *Díolúine ó cháin ar thomhaltas ceallraí*

(975) Leis an díolúine ó cháin ar thomhaltas ceallraí, tá táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha a cheannaigh ceallraí áirithe i dteideal díolúine ón gcáin tomhaltais 4 % is infheidhme de ghnáth. Tá an scéim seo teoranta do tháirgí áirithe lena n-áirítear cadhnraí litiam.

(a) Bunús dlí

(976) Is féidir teacht ar bhunús dlí an chláir sna doiciméid seo a leanas:

— Ciorclán ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Cáin Tomhaltais a Fhorchur ar Cheallraí agus ar Bhratú (Uimh. 16 de 2015) ('an ciorclán ar cheallraí');

— Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Saincheisteanna a bhaineann le Forchur Cánach Tomhaltais ar Cheallraí agus ar Bhratú a Riaradh (Fógra Uimh. 5 de 2015);

— Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Nithe a Shoiléiriú a bhaineann le Forchur Cánach Tomhaltais ar Cheallraí agus ar Bhratú (Fógra Uimh. 95 de 2015).

(977) De réir an chiorcláin maidir le ceallraí, tháinig ceallraí chun bheith faoi réir cáin tomhaltais ag an ráta is infheidhme de 4 %. Bhí cineálacha áirithe ceallraí ar nós ceallraí príomhúla litiam agus ceallraí ian litiam díolmhaithe ón gcáin tomhaltais sin, áfach.

(978) Foilsíodh ciorclán den sórt sin ar dtús chun caomhnú fuinnimh agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn.

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(979) Fuair an Coimisiún amach go raibh díolúine 4 % ó cháin tomhaltais ag grúpa sampláilte amháin ar a laghad maidir leis na ceallraí a cheannaigh sé.

(c) Tairbhe

(980) Measann an Coimisiún gur fóirdheontas í an scéim sin faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an tairbhe don fhaighteoir comhionann leis an gcoigilteas cánach.

(d) Sainiúlacht

(981) Is fóirdheontas sonrach é de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéantar cur i bhfeidhm an bhirt seo a theorannú sa reachtaíocht féin do cheallraí áirithe ar nós ceallraí príomhúla litiam agus ceallraí ian litiam. Léirigh an t-imscrúdú freisin go n-úsáidtear ceallraí den sórt sin go príomha in earnáil na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Dá bhrí sin, leis an reachtaíocht ar dá bun a fheidhmíonn an t-údarás deonúcháin, teorannaítear go sainráite rochtain ar fhóirdheontas d'fhiontair agus d'earnálacha áirithe.

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(982) Ríomhadh méid an fhóirdheontais in-fhrithchúitithe i dtéarmaí an tsochair a dámhadh ar na faighteoirí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ríomhadh an tairbhe sin bunaithe ar luach na gceallraí a ceannaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar cuireadh an cháin tomhaltais 4 % is infheidhme de ghnáth i bhfeidhm ina leith.

(983) I bhfianaise na modheolaíochta a úsáideadh chun méid an fhóirdheontais a ríomh a bhaineann le soláthar ceallraí ar luach saothair nach leordhóthanach mar a thuairiscítear i Roinn 3.7.2, níor ríomhadh aon mhéid fóirdheontais le haghaidh na dtáirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha neamh-chomhtháite.

(984) Ba é XXX % an ráta fóirdheontais a bunaíodh don scéim shonrach seo do ghrúpa BYD.

(7) ***Fóirdheonú maidir le cuideachtaí neamh-chomhoibríocha (Grúpa SAIC)***

(985) Mar a thuairiscítear i roinn 3.3.2.2 agus in aithris (336), theip ar chuideachtaí comhlachaithe áirithe laistigh den ghrúpa SAIC freagra ar an gceistneoir a sholáthar cé go gceanglófaí orthu de ghnáth le raon feidhme a ngníomhaíochtaí, freagra ar an gceistneora a chur isteach bunaithe ar na treoracha atá sa cheistneoir agus sa nóta ina dhiaidh sin a ghabhann leis an gcomhad lena soiléirítear na gníomhaíochtaí lena gceanglaítear freagra ar an gceistneoir a chur isteach ([416]).

(986) In éagmais freagra ó chuideachtaí comhlachaithe áirithe a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ('T&F') agus le soláthar páirteanna agus comhpháirteanna áirithe a liostaítear sa mheabhrán, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil do na cuideachtaí sin. Go háirithe, bhí an Coimisiún ag brath ar a mheasúnú ar fhóirdheonú do chuideachtaí comhchosúla sa táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte eile nach bhfuil comhtháite go hingearach chun leibhéal an fhóirdheonaithe a chinneadh.

(987) A mhéid a bhaineann le cuideachtaí T&F, chuir grúpa SAIC freagra ceistneora ar fáil do chuideachta ghaolmhar amháin a bhfuil baint aici le gníomhaíochtaí den sórt sin. Shainaithin an Coimisiún cuideachta ghaolmhar eile a raibh baint aici leis na gníomhaíochtaí céanna. Dhiúltaigh grúpa SAIC freagra ceistneora a chur ar fáil don chuideachta sin, áfach. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún brath ar na fíorais a bhí ar fáil.

([416]) Nóta a ghabhann leis an gcomhad: Ceanglaítear ar chuideachtaí comhlachaithe freagra ar an gceistneoir a chur isteach. (t23.005730)

(988) Ós rud é nach raibh an Coimisiún in ann an fhaisnéis a sholáthair an chuideachta T&F ghaolmhar a fhíorú ach go páirteach, mheas an Coimisiún nach raibh na torthaí a bhain leis an gcuideachta sin ionadaíoch. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún brath ar mhéid an fhóirdheonaithe a bunaíodh do na cuideachtaí fíoraithe T&F laistigh de Ghrúpa Geely. I gcás Geely Group, thug gach cuideachta ag a bhfuil gníomhaíochtaí a bhaineann le T&F maidir leis an táirge faoi imscrúdú freagra ceistneora a d'fhéadfaí a fhíorú ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún a thorthaí do Ghrúpa SAIC a bhunú ar mhéid an fhóirdheonaithe arna bhunú do na cuideachtaí fíoraithe T&F laistigh de Ghrúpa Geely. Bhain na méideanna fóirdheontais leis na scéimeanna seo a leanas: maoiniú fabhrach mar a thuairiscítear i roinn 3.5, cláir deontais mar a thuairiscítear i roinn 3.6, cearta úsáide talún a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach mar a thuairiscítear i roinn 3.7.1 agus ioncam a tarscaoileadh trí chlár díolúine agus laghdaithe cánach mar a thuairiscítear i roinn 3.8. Cuireadh na méideanna sin leis an toradh fóirdheontais foriomlán do Ghrúpa SAIC.

(989) Níor thug cuideachtaí comhlachaithe áirithe laistigh de Ghrúpa SAIC a bhfuil baint acu le soláthar ionchur (gan ceallraí agus a gcomhpháirteanna san áireamh) freagra ar an gceistneoir. Ar dtús, bhreithnigh an Coimisiún na méideanna fóirdheonaithe a fuarthas le haghaidh soláthróirí comhlachaithe ceallraí agus a gcomhpháirteanna. I bhfianaise an sciar den chostas táirgthe iomlán a bhaineann leis na táirgí sin i gcomparáid leis an sciar de na páirteanna a sholáthair na cuideachtaí comhlachaithe nár thug freagra ar an gceistneoir, áfach, mheas an Coimisiún nach raibh na cuideachtaí sin ionadaíoch. Chuaigh an Coimisiún i muinín na faisnéise fíoraithe ansin le haghaidh cuideachtaí a sholáthraíonn ionchuir, gan ceallraí agus a gcomhpháirteanna a áireamh, agus mheas sé go raibh méid an fhóirdheonaithe a bunaíodh don soláthróir comhlachaithe aonair ([417]) a fíoraíodh ag an gcéim seo den imeacht ina bhonn réasúnach dá thorthaí i bhfianaise a ghníomhaíochtaí (soláthar ionchur) agus an sciar de chostas iomlán an táirgthe a léirigh na táirgí sin. Bhain na méideanna fóirdheontais leis na scéimeanna seo a leanas: maoiniú fabhrach mar a thuairiscítear i roinn 3.5, cláir deontais mar a thuairiscítear i roinn 3.6, cearta úsáide talún a sholáthar ar luach saothair nach leordhóthanach mar a thuairiscítear i roinn 3.7.1. Cuireadh na méideanna sin leis an toradh fóirdheontais foriomlán do Ghrúpa SAIC.

3.9. **Scéimeanna eile**

(990) Liostaíodh sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht fianaise freisin scéimeanna eile a raibh fianaise leordhóthanach ann ina leith a d'fhéadfadh a thaispeáint gurb ann d'fhóirdheontais in-fhrithchúitithe atá ar fáil do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha. Fuair an Coimisiún faisnéis freisin le linn an imscrúdaithe ar chláir bhreise a chuaigh chun tairbhe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ar cláir iad a d'fhéadfadh a bheith in-fhrithchúitithe freisin. Gan dochar dá n-in-fhrithchúiteacht, chinn an Coimisiún go sealadach gan torthaí a eisiúint maidir leis na cláir sin ag an gcéim seo. Áirítear ar liosta na gclár sin na nithe seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh:

— soláthar fuinnimh ag rialtas ar luach saothair nach leordhóthanach;

— Amhábhair eile a sholáthar chun ceallraí a tháirgeadh ar luach saothair nach leordhóthanach;

— Árachas fabhrach : árachas creidmheasa onnmhairiúcháin

— Deontais faoi bheart le haghaidh Riarachán Comhthreomhar na gCreidmheasanna um Meánídiú Corparáideach Breosla (CAFC) agus um Fheithiclí Nuafhuinnimh de chuid Fiontair d'Fheithiclí Paisinéirí ('Beart na gCreidmheasanna Comhthreomhara')

— Díolúine ó cháin tomhaltais, díolúine ó tháille uimhirphláta, agus fóirdheontais airgid eile do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha;

— Díolúintí CBL agus lacáistí dleachta ar allmhairí le haghaidh úsáid trealaimh agus teicneolaíochta allmhairithe agus lacáistí CBL ar threalamh arna tháirgeadh go hintíre;

— Lacáistí cánach ar onnmhairí

(991) Forchoimeádann an Coimisiún an ceart in-fhrithchúiteacht na scéimeanna sin a imscrúdú a thuilleadh agus torthaí a eisiúint go dtí go nochtfar torthaí cinntitheacha an imscrúdaithe sin, nó ina dhiaidh sin i gcomhthéacs athbhreithnithe de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán.

([417]) Níl an soláthróir sin gníomhach i soláthar ceallraí agus mar sin níl aon fhorluí ann maidir le ceallraí a sholáthar ar luach saothair neamhleor mar a thuairiscítear i Roinn 3.7.2.

3.10. **Conclúid maidir le fóirdheonú**

(992) Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, ríomh an Coimisiún méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i gcomhréir le forálacha an bhun-Rialacháin trí gach fóirdheontas nó clár fóirdheontais a iniúchadh, agus shuimigh na figiúirí sin le chéile leis an méid iomlán fóirdheonaithe a ríomh do gach grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin i rith na tréimhse imscrúdúcháin. Leis an bhfóirdheonú foriomlán a ríomh thíos, rinne an Coimisiún ríomh ar dtús ar chéatadán an fhóirdheonaithe, arb ionann é agus méid an fhóirdheontais mar chéatadán de láimhdeachas iomlán na cuideachta. Ansin baineadh úsáid as an gcéatadán sin chun an fóirdheontas a ríomh, an fóirdheontas arna leithdháileadh ar onnmhairí an táirge i gceist chuig an Aontas i rith na tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh méid an fhóirdheontais in aghaidh an phíosa táirge lena mbaineann a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin a ríomh ansin, agus ríomhadh na rátaí thíos mar chéatadán de luach Costas, Árachais agus Lasta ('CAL') na n-onnmhairí céanna in aghaidh an phíosa.

(993) I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den bhun-Rialachán, rinneadh méid iomlán an fhóirdheontais do na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha nár cuireadh san áireamh sa sampla a ríomh ar bhonn mheánmhéid ualaithe iomlán na bhfóirdheontas frithchúitimh a bunaíodh do na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha sa sampla, gan méideanna diomaibhseacha san áireamh, chomh maith le méideanna na bhfóirdheontas a bunaíodh sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán. Níor thug an Coimisiún neamhaird, áfach, ar thorthaí a bhí bunaithe i bpáirt ar fhíorais a bhí ar fáil chun na méideanna sin a chinneadh. Go deimhin, measann an Coimisiún nach ndearna na fíorais a bhí ar fáil agus ar baineadh úsáid astu sna cásanna sin difear suntasach don fhaisnéis ba ghá chun méid an fhóirdheonaithe a chinneadh ar bhealach réasúnach, ionas nach ndéanfar dochar d'onnmhaireoirí nár iarradh orthu comhoibriú san imscrúdú trí úsáid a bhaint as an gcur chuige sin ([418]).

(994) I bhfianaise an ráta ard comhair a léirigh táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha agus ionadaíochas an tsampla i dtéarmaí incháilitheachta d'fhóirdheontais, mheas an Coimisiún é a bheith iomchuí an méid a shocrú le haghaidh 'gach cuideachta eile' ar leibhéal an mhéid is airde atá bunaithe le haghaidh na gcuideachtaí sampláilte. Cuireadh an méid do 'gach cuideachta eile' i bhfeidhm maidir leis na cuideachtaí sin nár chomhoibrigh leis an imscrúdú.

Cuideachta	Méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe
Grúpa BYD:	17,4 %
— BYD Auto Company Limited	
— BYD Auto Industry Company Limited	
— Changsha BYD Auto Company Limited	
— Changsha Xingchao Auto Company Limited	
— Changzhou BYD Auto Company Limited	
— Fuzhou BYD Industrial Company Limited	
— Hefei BYD Auto Company Limited	
— Jinan BYD Auto Company Limited	
Grúpa Geely:	19,9 %
— Asia Euro Automobile Manufacture (Taizhou) Company Limited	
— Chongqing Lifan Passenger Vehicle Co., Ltd.	
— Fengsheng Automobile (Jiangsu) Co., Ltd.	
— Shanxi New Energy Automobile Industry Co., Ltd.	

([418]) Féach freisin, mutatis mutandi, WT/DS294/AB/RW, US — Zeroing (Airteagal 21.5 DSU), Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc an 14 Bealtaine 2009, mír 453.

Cuideachta	Méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe
— Zhejiang Geely Automobile Company Limited — Zhejiang Haoqing Automobile Manufacturing Company Limited	
Grúpa SAIC: — SAIC MAXUS Automotive Company Limited — SAIC Motor Corporation Limited — Nanjing Automobile (Group) Corporation	37,6 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	20,8 %
Gach cuideachta eile	37,6 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(995) Rinne thart ar 10 ngrúpa táirgeoirí san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú, ar tháirg cuid acu an táirge comhchosúil i roinnt eintiteas dlíthiúil, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is déantúsóirí buntrealaimh (OEManna) feithiclí innill dócháin inmheánaigh iad formhór na gcuideachtaí sin, feithiclí atá ag aistriú chuig táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/631 ([419]) lena leagtar síos na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 le haghaidh gluaisteáin nua paisinéirí agus veaineanna nua. Is táirgeoirí fíorfheithiclí ceallra-leictreacha iad cuideachtaí eile. Le chéile, is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(996) Tá sé ábhartha sa chás seo go bhfuil margadh an Aontais ag aistriú ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha, rud a dhéanann difear do roinnt táscairí a bhaineann le staid an tionscail. Tugtar le tuiscint leis an aistriú ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha infheistíochtaí agus costais arda tosaigh agus iad leanúnach i margadh nua atá i mbéal forbartha le tomhaltas atá ag méadú go tapa. Thosaigh tionscal an Aontais ag infheistiú sa leictriú roimh 2020 ([420]). Mar a léirítear i dTábla 10, d'infheistigh na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais EUR 2 bhilliún in aghaidh na bliana le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus meastar gur EUR 170 billiún a bheidh sna hinfheistíochtaí iomlána le haghaidh an aistrithe chuig an leictriú mar a luaitear in aithris (1092). Ba cheart an scrúdú ar na tosca eacnamaíocha uile a bhaineann le staid thionscal an Aontais a dhéanamh trí aird chuí a thabhairt ar chineál thionscal an Aontais mar thionscal atá san aistriú sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ar na treochtaí de thoradh sin agus d'fhéadfadh siad patrún difriúil a leanúint ná iad siúd a breathnaíodh i gcásanna tionscail níos aibí eile.

(997) Suíodh gur thart ar 1.6 milliún píosa a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr sin ar bhonn Prodcom ([421]) agus rinne sé é a chros-seiceáil in aghaidh gach foinse faisnéise eile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais. Áiríodh leis sin freagraí sampláilte agus sonraí atá ar fáil go poiblí maidir le suíomhanna gréasáin grúpaí táirgeoirí.

(998) Rinne cuid de tháirgeoirí de chuid an Aontais an táirge faoi imscrúdú a mhonarú sa tír lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gcomhfhiontair le cuideachtaí Síneacha. D'allmhairigh na grúpaí táirgthe sin (BMW, Renault agus Mercedes-Benz) an táirge lena mbaineann ón tSín sa tréimhse sin. Go deimhin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin d'allmhairigh gach grúpa táirgeoirí den sórt sin de chuid an Aontais samhail amháin d'fheithiclí ceallra-leictreacha ón tSín den chuid is mó agus, dá bhrí sin, chomhlánaigh siad a phunann d'fheithiclí ceallra-leictreacha a mhonaraigh sé san Aontas agus a dhíol sé ar mhargadh an Aontais. D'allmhairigh na táirgeoirí sin cainníocht thart ar [4,7 – 5,7]% de thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar a mhínítear i dTábla 12. D'allmhairigh Tesla cainníochtaí móra d'fheithiclí ceallra-leictreacha ón tSín freisin. Níor allmhairigh Volvo, ar leis an chuideachta Shíneach Geely é, feithiclí ceallra-leictreacha leis an mbranda Volvo ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'onnmhairigh a scairshealbhóir, áfach, Geely, feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín chuig an Aontas faoi bhrandaí éagsúla.

([419]) Rialachán (AE) Uimh. 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011, IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

([420]) https://autovista24.autovistagroup.com/news/volkswagen-electric-vehicle-leader/

([421]) Beidh na sonraí táirgeachta le haghaidh 2023 ar fáil go poiblí an 1 Iúil 2024.

(999) Agus an tionscal agus an táirgeacht an Aontais á sainiú aige, níor dhírigh an Coimisiún ar bhrandaí ná ar ghrúpaí déantúsóirí buntrealaimh, ach ar thionscnamh tháirgeadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún táirgeadh uile feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais (i.e. feithiclí ceallra-leictreacha a tugadh chun cinn nó a rinneadh san Aontas) san áireamh ina anailís ar dhíobháil, ar chúisíocht agus ar leas an Aontais.

4.2. Margadh ábhartha an Aontais a Chinneadh

(1000) Agus aird á tabhairt nach raibh aon mhargadh mór faoi chuing ann le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha, scrúdaigh an Coimisiún na táscairí eacnamaíocha uile a bhaineann le tionscal an Aontais ar bhonn sonraí le haghaidh an tsaormhargaidh.

4.3. Tomhaltas an Aontais

(1001) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn tomhaltas dealraitheach agus tomhaltas iarbhír araon.

(1002) Cuireadh san áireamh le tomhaltas dealraitheach díolacháin iomlána thionscal an Aontais i margadh an Aontais mar a thuairiscigh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ([422]) ('EEA') le haghaidh 2020, 2021 agus 2022, agus mar a thuairiscigh S&P Global Mobility ([423]) le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin ós rud é nár chuir EEA an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí fós faoin tráth a foilsíodh an rialachán seo, chomh maith le hallmhairí ó shonraí custaim na mBallstát. Bailíodh sonraí custaim ó ocht mBallstát ina raibh líon mór allmhairí agus na calafoirt réigiúnacha is mó: An Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn. Le scrúdú gráinneach ar na sonraí sin, bhíothas in ann idirdhealú a dhéanamh idir allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha (mar a shoiléirítear in aithrisí (184)) agus allmhairí earraí eile, mar shampla, cuadrothair, scútair soghluaisteachta leictrí etc. Níor thuairiscigh Ballstáit eile ach méid an-bheag allmhairí agus thug a meánphraghas an-íseal le fios gur bhain siad, tríd is tríd, le táirgí eile lasmuigh de raon feidhme an táirge. Dá bhrí sin, glacadh leis na sonraí ó na hocht mBallstát sin, ar bhonn coimeádach, mar thráscaire cruinn ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha.

(1003) Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a mhínítear in aithris (1084), go n-oibríonn tionscal an Aontais go príomha ar orduithe agus, dá bhrí sin, gurb ionann a mhéid díolachán agus an líon clárúchán feithiclí ceallra-leictreacha a mhonaraítear san Aontas.

(1004) Cuireadh san áireamh leis an tomhaltas iarbhír na feithiclí ceallra-leictreacha cláraithe uile ar mhargadh an Aontais mar a thuairiscigh ACEA.

(1005) Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtuairiscíonn EEA agus ACEA araon líon iomlán na gclárúchán le haghaidh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha uile san Aontas. Agus comparáid á déanamh idir na sonraí, tá difríocht an-bheag idir an dá fhoinse idir – 0,34 % agus 1,15 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1006) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais (píosaí)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas dealraitheach an Aontais	550 460	897 384	1 148 950	1 649 486
Innéacs	*100*	*163*	*209*	*300*
Tomhaltas iarbhír an Aontais (clárúcháin BEVanna) ([1])	538 734	877 985	1 123 444	1 519 082

([422]) https://co2cars.apps.eea.europa.eu/?source=%7B%22track_total_hits%22%3Atrue%2C%22query%22%3A%7B%22bool%22%3A%7B%22must%22%3A%5B%7B%22constant_score%22%3A%7B%22filter%22%3A%7B%22bool%22%3A%7B%22must%22%3A%5B%7B%22bool%22%3A%7B%22should%22%3A%5B%7B%22term%22%3A%7B%22year%22%3A2022%7D%7D%5D%7D%7D%7D%2C%7B%22bool%22%3A%7B%22should%22%3A%5B%7B%22term%22%3A%7B%22scStatus%22%3A%22Provisional%22%7D%7D%5D%7D%7D%5D%7D%7D%7D%7D%5D%7D%7D%7D%2C%22display_type%22%3A%22tabular%22%7D

([423]) https://www.spglobal.com/mobility/en/index.html

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Innéacs	*100*	*163*	*209*	*282*
feithiclí ceallra-leictreacha cláraithe mar % de gach clárúchán feithiclí paisinéirí ([2])	5,4 %	9,1 %	12,1 %	14,6 %
Innéacs	*100*	*169*	*224*	*270*

([1]) https://www.acea.auto/files/20220202_PRPC-fuel_Q4-2021_FINAL.pdf,https://www.acea.auto/files/20230201_PRPC-fuel_Q4-2022_FINAL-1.pdf, https://www.acea.auto/files/Press_release_car_registrations_full_year_2023.pdf, https://www.acea.auto/files/Press_release_car_registrations_September_2023.pdf. Le tabhairt faoi deara go bhfuilna sonraí a thuairiscíonn Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na hEorpa beagán éagsúil ó fhoinse amháin go foinse eile.

([2]) https://www.acea.auto/files/ACEA-Pocket-Guide-2023-2024.pdf, https://www.acea.auto/files/20230201_PRPC-fuel_Q4-2022_FINAL-1.pdfhttps://www.acea.auto/files/20230201_PRPC-fuel_Q4-2022_FINAL-1.pdf, https://www.acea.auto/files/Press_release_car_registrations_September_2023.pdfhttps://www.acea.auto/files/Press_release_car_registrations_September_2023.pdf.

Foinse: S&P Global Mobility, EEA, ACEA agus sonraí Custaim na mBallstát

(1007) Tháinig méadú 200 % agus 182 % faoi seach ar thomhaltas dealraitheach agus iarbhír ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn an méadú sin aistriú de réir a chéile i margadh gluaisteán paisinéirí an Aontais ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha.

(1008) Léiríonn méid na stoc ar mhargadh an Aontais an difríocht idir na figiúirí don tomhaltas iarbhír agus don tomhaltas dealraitheach. Níor sainaithníodh stoic den sórt sin i gcainníochtaí fónta le haghaidh táirgeoirí de chuid an Aontais ós rud é go bhfuil táirgeoirí de chuid an Aontais ag táirgeadh bunaithe ar orduithe go príomha mar a mhínítear in aithris (1084) agus dá bhrí sin gur sannadh iad go príomha do stoic feithiclí allmhairithe.

(1009) Leis an méadú ar líon na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a chláraítear mar chéatadán de na clárúcháin feithiclí paisinéirí uile, léirítear go bhfuil margadh an Aontais á aistriú de réir a chéile ó fheithiclí paisinéirí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha.

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.4.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(1010) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí custaim na mBallstát agus ar bhonn líon na gclárúchán d'fheithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe. Bhí allmhairí den sórt sin bunaithe ar an tír thionscnaimh. Suíodh sciar margaidh na n-allmhairí ar bhonn (a) mhéid na n-allmhairí iarbhír nó (b) chlárú na bhfeithiclí allmhairithe mar chéatadán de (a) na sonraí dealraitheacha maidir le tomhaltas nó (b) tomhaltas iarbhír faoi seach mar a thaispeántar thuas i dTábla 1.

(1011) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann ar bhonn sonraí custaim na mBallstát:

Tábla 2a

Méid na n-allmhairí in aghaidh an phíosa agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (píosa)	21 243	134 952	256 712	412 425
Innéacs	*100*	*635*	*1 208*	*1 941*
An sciar den mhargadh	3,9 %	15,0 %	22,3 %	25,0 %
Innéacs	*100*	*390*	*579*	*648*

Foinsí: Sonraí Custaim na mBallstát

(1012) Tháinig méadú 1 841 % ar mhéid iomlán na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1013) Tháinig méadú ar an sciar den mhargadh d'allmhairí ón tSín ó 3,9 % in 2020 go 25,0 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, méadú os cionn 500 % nó thart ar 21 phointe céatadáin.

(1014) Seo a leanas méid na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann bunaithe ar an líon clárúchán a forbraíodh:

Tábla 2b

Méid na n-allmhairí in aghaidh an phíosa agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Clárúcháin tar éis allmhairiú ón tír lena mbaineann (píosaí)	18 934	132 768	246 090	346 345
Innéacs	*100*	*701*	*1 300*	*1 829*
An sciar den mhargadh	3,5 %	15,1 %	21,9 %	22,8 %
Innéacs	*100*	*430*	*623*	*649*

Foinsí: EEA agus S&P Global Mobility

(1015) Tháinig méadú ar líon na gclárúchán tar éis allmhairiú ón tír lena mbaineann ó níos lú ná 19 000 píosa in 2020 go dtí os cionn 340 000 píosa sa tréimhse imscrúdúcháin. Is méadú 1 729 % é sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1016) Ar an mbonn sin, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh d'allmhairí ón tSín ó 3,5 % in 2020 go 22,8 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, méadú os cionn 500 % nó os cionn 19 bpointe céatadáin.

(1017) Léiríonn an difríocht idir méid na n-allmhairí iarbhír agus an clárúchán tar éis allmhairiú ón tSín (thart ar 66 000 píosa) go bhfuil stoic shubstaintiúla feithiclí ceallra-leictreacha de thionscnamh na Síne ar mhargadh an Aontais. Chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte tuilleadh fianaise ar stoic ar fáil, agus thuairiscigh siad stoic de thart ar 63 000 píosa ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin. Agus táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte de chuid na Síne á gcur san áireamh, mheas an Coimisiún gur dócha gur 66 000 píosa de stoic iarbhír a bhí réidh lena ndíol ar mhargadh an Aontais. Thart ar 4,3 % den tomhaltas ar mhargadh an Aontais (clárúcháin) sa tréimhse imscrúdúcháin a bheadh sa mhéid sin nó thart ar 19 % de mhéid na gclárúchán tar éis allmhairiú ón tSín le linn na tréimhse céanna.

4.4.2. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann: sladghearradh praghais agus sochtadh praghsanna*

(1018) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí Custaim na mBallstát.

(1019) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Praghsanna allmhairí (EUR/ píosa)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
an tSín	28 154	24 510	26 441	25 269
Innéacs	*100*	*87*	*94*	*90*

Foinse: Sonraí Custaim na mBallstát

(1020) Tháinig laghdú 10 % ar phraghsanna allmhairí na Síne ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1021) Ba cheart an fhorbairt sin a mheas freisin, áfach, i gcomhthéacs meascán atá ag athrú go leanúnach de shamhlacha feithiclí ceallra-leictreacha a allmhairítear ón tSín de réir mar a mhéadaigh allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a léirítear i dTáblaí 2a agus 2b.

(1022) Chun comparáid chóir a dhéanamh idir na táirgí allmhairithe agus na táirgí comhchosúla a tháirgeann tionscal an Aontais, bhain an Coimisiún úsáid as córas catagóirithe táirgí bunaithe ar uimhreacha rialaithe táirge ('PCN') inar cuireadh san áireamh príomh-shaintréithe na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a raibh tionchar acu ar phraghas díola thionscal an Aontais, agus go háirithe fad, raon, cumhacht agus cineál na tiomána rotha ([424]). ([425]). I ndáil leis sin, cé gur táirgí casta iad na feithiclí ceallra-leictreacha, a bhfuil líon an-mhór tréithe agus gnéithe ar leith ag baint leo (fiú feithiclí a mhargaítear faoi ainm samhla tráchtála aonair, is féidir iad a thairiscint i raon leathan cumraíochtaí, ag brath freisin ar rogha na dtréithe a thairgtear mar rogha ag an gcustaiméir), ní chiallaíonn sé sin go bhfuil tionchar mór ag na tréithe ar leith sin go léir ar phraghas agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur san áireamh agus comparáid á déanamh idir praghsanna. Thug an Coimisiún dá aire nár thug na páirtithe leasmhara barúil maidir le struchtúr PCN.

(1023) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

i. na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú, i gcás inar gá, don phraghas do dhéileálaí; agus

ii. na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó na táirgeoirí Síneacha comhoibríocha sampláilte chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú, i gcás inar gá, chuig an bpraghas do dhéileálaí.

(1024) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil bealaí díolacháin na dtáirgeoirí de chuid an Aontais agus tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne an-chasta sa chás sonrach seo agus gur féidir go leor idirghabhálaithe idir an táirgeoir agus an chéad chustaiméir neamhchomhlachaithe a áireamh leo. Léiríodh san imscrúdú go bhfuil trí leibhéal éagsúla trádála ann (féach aithris (1025)) ag a bhfuil ceithre chineál samhlacha díolacháin ar a laghad (féach aithris (1027)). Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis seo, a chinneadh an bhfuil sladghearradh praghais ar leibhéal an déileálaí ag tarlú (praghas don déileálaí). Go deimhin, shuigh an Coimisiún gurb é sin an pointe lárnach ina dtarlaíonn iomaíocht, agus go réadaítear formhór na n-idirbheart díolacháin. Is fiú thart ar 95 % de dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais agus thart ar 78 % de dhíolacháin tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne na díolacháin a dhéantar leis an déileálaí nó tríd an ngníomhaire nó le príomhchuntais. Thairis sin, ní raibh gá le haon idirdhealú idir déileálaithe comhlachaithe agus déileálaithe neamhchomhlachaithe toisc gur deimhníodh san imscrúdú gur socraíodh praghsanna do na déileálaithe uile ar neamhthuilleamaí.

(1025) Is iad seo a leanas na trí phríomhleibhéal trádála:

i. an tEintiteas Táirgeachta ('PE') nó eintiteas allmhairiúcháin an onnmhaireora Shínigh ('IE') a mhonaraíonn nó a allmhairíonn feithiclí ceallra-leictreacha agus a dhíolann na feithiclí ceallra-leictreacha leis an gcéad leibhéal trádála eile, i.e. an Chuideachta Díolacháin Náisiúnta ghaolmhar ('NSC') nó Dáileoir Ginearálta neamhchomhlachaithe ('GD'). Tá 'margadh baile' ag roinnt Eintiteas Táirgeachta (tír ina dtarlaíonn an táirgeadh de ghnáth nó ina bhfuil ceanncheathrú Eorpach IE bunaithe) ina ndéanann siad feidhmeanna NSC freisin.

ii. na NSCanna a bhaineann le PE/IE atá dírithe ar ghníomhaíochtaí margaíochta agus díolacháin agus sainiúlachtaí an mhargaidh ina n-oibríonn siad á gcur san áireamh. Is iondúil go mbíonn NSCanna i margaí móra de chuid an PE agus dáileann siad na feithiclí ceallra-leictreacha trína líonra dáileoirí comhlachaithe agus neamhchomhlachaithe (déileálaithe agus/nó gníomhairí). I dtíortha nach bhfuil aon NSC comhlachaithe iontu (tíortha ina ndíoltar cainníochtaí beaga de ghnáth) déantar na díolacháin trí Dháileoir Ginearálta neamhchomhlachaithe (atá eisiach don tír de ghnáth). Comhlíonann na GDanna feidhmeanna comhchosúla le NSCanna agus dáileann siad na feithiclí ceallra-leictreacha trína líonra dáileoirí comhlachaithe agus neamhchomhlachaithe (déileálaithe agus/nó gníomhairí).

([424]) Cibé áit ar breathnaíodh go raibh dlúthbhaint ag tréithe iomadúla ní hamháin le praghas, ach lena chéile freisin, mheas an Coimisiún gan ach ceann amháin de na tréithe sin á choinneáil sa PCN. Mar shampla, tar éis an raon sa PCN a áireamh cheana féin, níor measadh go raibh sé fiúntach an toilleadh ceallraí a chur leis freisin, ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir an dá cheann.

([425]) D'ainneoin na conclúide nach bhfuil deighilt mhargaidh iomchuí sa chás seo, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil dlúthbhaint ag an bhfad leis na deighleoga a shainítear sna catagóirí gluaisteán is mó a úsáidtear (i.e. bunaithe ar litreacha A, B, C, etc.).

iii. Líonraí dáileacháin ina bhfuil déileálaithe agus gníomhairí. Is iad déileálaithe na heintitis a cheannaíonn feithiclí ceallra-leictreacha ó NSCanna agus GDanna agus a dhíolann iad leis an gcustaiméir deiridh. Is cuideachtaí iad gníomhairí a chomhlíonann na feidhmeanna céanna le déileálaí gan úinéireacht a ghlacadh ar an bhfeithicil ag pointe ar bith, áfach. D'fhéadfadh na cuideachtaí seo gníomhú mar dhéileálaithe do chineálacha eile feithiclí, ar nós feithiclí innill dócháin inmheánaigh.

(1026) Go ginearálta, i gcás gach tíre, socraíonn PE/IE nó NSC Praghas Miondíola Molta an Mhonaróra ('MSRP'), arb é an praghas é a mholann monaróir do mhiondíoltóirí a gcuid feithiclí ceallra-leictreacha a dhíol. I dtíortha nach bhfuil aon eintiteas díolacháin iontu a bhaineann leis an táirgeoir, áfach, is é an GD neamhchomhlachaithe a bhunaíonn an MSRP a dhéanann feidhmeanna atá cosúil leis na NSCanna. Socraítear MSRP bunaithe ar an bpraghas a ghearrann táirgeoir de chuid an Aontais ar an GD neamhchomhlachaithe.

(1027) Is iad seo a leanas na príomhshamhlacha díolacháin a sainaithníodh:

i. Samhail an déileálaí chaighdeánaigh – díolann PE/IE nó NSC an fheithicil cheallra-leictreach leis an déileálaí agus ón déileálaí leis an gcustaiméir deiridh. Is minic a fhaigheann an déileálaí lascaine ón PE. Dá bhrí sin, níl aon choigeartú de dhíth ar ghlanphraghas an déileálaí. Is iondúil nach eol don PE an praghas a íocann an custaiméir deiridh toisc go ndéanann na déileálaithe caibidlíocht maidir leis an bpraghas sin agus úsáid á baint acu as a gcorrlach (difríocht idir MSRP agus praghas an déileálaí).

ii. Samhail ghníomhaireachta – díoltar an fheithicil cheallra-leictreach go díreach leis an gcustaiméir ó PE/IE nó ón NSC. Déanann eintiteas ar a dtugtar gníomhaire nach nglacann úinéireacht ar an bhfeithicil ach a dhéanann an díolachán a idirbheartú agus a dhúnadh an díolachán a idirghabháil. Faigheann an gníomhaire coimisiún as an obair sin. Is féidir leis na heintitis sin a bheith mar na cuideachtaí céanna a ghníomhaíonn de ghnáth mar dhéileálaithe do chineálacha eile gluaisteán. Comhlíonann siad feidhmeanna atá cosúil le feidhmeanna an déileálaí. Dá bhrí sin, fuarthas praghas atá inchomparáide le praghas le déileálaí trí phraghas an úsáideora deiridh a choigeartú le coimisiún an ghníomhaire.

iii. Samhail díolacháin flíteanna móra atá sonrach do chatagóirí áirithe custaiméirí móra ar nós cuideachtaí cíosa, eintiteas rialtais agus cuideachtaí móra príobháideacha. Déanann na PEnna/IEnna nó na NSCanna idirbheartaíocht ar dhíolachán na bhfeithiclí ceallra-leictreacha agus díolann siad iad go díreach. Is díolacháin méideanna iad sin le haghaidh táirgeoirí de chuid an Aontais agus tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne araon agus meastar iad a bheith cosúil le leibhéal déileálaí toisc go gcuirtear lascaine i bhfeidhm maidir le méid na ndíolachán.

iv. Samhail GD neamhchomhlachaithe – sa chás seo, chun teacht ar phraghas déileálaí, chuir an Coimisiún meastachán ar a gcostais SGA le praghas na ndáileoirí neamhchomhlachaithe (agus na meánchostais SGA de NSCanna an táirgeora de chuid an Aontais nó an táirgeora onnmhairiúcháin sna tíortha eile á n-úsáid mar ionadaí, a bhí idir 0,5 % agus 3,6 % i gcás táirgeoirí de chuid an Aontais agus idir 2,1 % agus 8 % i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin). Cuireadh brabús barúlach 3 % leis freisin le haghaidh díolacháin le GDanna neamhchomhlachaithe ag táirgeoirí de chuid an Aontais agus ag táirgeoirí onnmhairiúcháin araon. I gcás táirgeoirí de chuid an Aontais, baineann coigeartú den sórt sin le thart ar 5 % dá gcainníocht díolta, agus i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, baineann sé le 22 % dá gcainníocht díolta.

v. Díolacháin ar líne – Tá táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe (agus a NSC) ag díol ar líne go díreach le custaiméirí deiridh, lena n-áirítear daoine aonair príobháideacha, gan idirghabháil ó dhéileálaí ná ó ghníomhaire. Níorbh fhéidir praghsanna na ndíolachán sin a choigeartú chuig leibhéal déileálaí ag an gcéim seo den imscrúdú, ach amháin i gcás leithdháileadh agus asbhaint luaíochtaí airgeadaíochta chun spriocanna sonracha maidir le méid díolachán a bhaint amach, arna soláthar do chuideachtaí a dhéanann gníomhaíochtaí margaíochta (e.g. seomraí taispeántais a oibriú agus seirbhísí tiomána tástála a sholáthar) sa limistéar inar tionscnaíodh díolacháin ar líne den sórt sin.

(1028) Rinneadh an chomparáid praghais de réir an chineáil i leith idirbhearta ar an leibhéal trádála céanna (praghas le déileálaí nó a chomhionann), arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá mar a mhínítear thuas, agus tar éis lacáistí agus lascainí nó dreasachtaí eile le haghaidh díolacháin le cuideachtaí atá ag feidhmiú ar leibhéal déileálaí nó gníomhaire a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(1029) Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe 12.7 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais.

(1030) Agus aird á tabhairt go bhfuil iomaíocht bunaithe den chuid is mó ar phraghas, agus go bhfuil a phraghsanna an-trédhearcach (i.e. ar eolas sa mhargadh), meastar gur corrlach mór é corrlach den sórt sin.

(1031) Bhí an mheaitseáil idir uimhreacha rialaithe táirge (PCN) na Síne agus uimhreacha rialaithe táirge de chuid an Aontais os cionn 90 % le haghaidh gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh dhá PCN ón tSín i gcomparáid le PCN amháin atá an-chosúil le PCN de chuid an Aontais. Sa dá chás, chomhfhreagair PCN úsáidte an Aontais do shonraíochtaí teicniúla níos ísle i gcomparáid le PCN na Síne, dá bhrí sin, bhí an chomparáid i bhfabhar tháirgeoir onnmhairiúcháin na Síne.

(1032) Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-áirítear i bpraghsanna feithiclí ceallra-leictreacha BYD agus SAIC baránta le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha ar feadh 7 mbliana agus gur 2 bhliain amháin a bhí sa bharánta le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, tá an sladghearradh a aimsíodh in aithris (1029) níos mó ná mar a tugadh le fios.

(1033) Maidir le brú praghsanna, léirigh forbairt praghsanna díola agus costas táirgthe aonaid san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú i dtábla 7 fianaise ar shochtadh mór praghsanna. Ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a ardú chun a chostais a chumhdach. Chiallaigh sé sin go ndearna tionscal an Aontais caillteanais ar dhíolacháin feithiclí ceallra-leictreacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1034) Go háirithe, shuigh an Coimisiún go raibh praghas díola na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne 30 % ní b'ísle ná meánchostas ualaithe táirgthe thionscal an Aontais. Bunaíodh an táscaire sin ar bhonn an chineáil.

(1035) Cúis mhór sa sochtadh praghsanna sin ba ea go raibh na clárúcháin tar éis allmhairiú na n-allmhairí fóirdheonaithe de chuid na Síne in ann méadú 1 729 % a dhéanamh ar mhéid na n-allmhairí sin agus sciar 22.8 % den mhargadh a bhaint amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2020 mar a léirítear i dTábla 2b. Ba iad táirgeoirí de chuid an Aontais a bhí thíos leis na díolacháin sin den chuid is mó agus sciar den mhargadh á chailleadh acu. Thairis sin, míníodh an sochtadh praghsanna freisin leis an bhfianaise go bhfuil allmhairí Síneacha in iomaíocht le díolacháin an Aontais gan beann ar an gcineál táirge. Fiú dá méadódh an tAontas a dhíolacháin de shamhlacha níos costasaí, bheadh siad sin in iomaíocht freisin le cineál éigin feithicle ceallra-leictrí ón tSín. Rannchuidigh sé sin le tionscal an Aontais caillteanais dhá dhigit a dhéanamh mar a léirítear i dtábla 10.

(1036) Mhaígh CCCME gur cheart don Choimisiún branda na feithicle ceallra-leictrí a chur san áireamh sa chomparáid praghais. D'áitigh CCCME freisin go spreagann luach branda an táirgeora praghsanna díolacháin agus athdhíola na bhfeithiclí ceallra-leictreacha agus gur féidir le táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais praghsanna i bhfad níos airde a ghearradh ar a gcuid feithiclí ceallra-leictreacha i ngach deighleog ar bhonn a luacha branda.

(1037) Thug an Coimisiún dá aire nár mhínigh CCCME conas ba cheart don Choimisiún an branda a chur san áireamh le haghaidh na comparáide praghais. Ina theannta sin, thug sé dá aire freisin gur tógadh aon luach branda a d'fhéadfadh a bheith ag na táirgeoirí de chuid an Aontais ar a dtaithí fhada fhairsing ar fheithiclí innill dócháin inmheánaigh a mhonarú agus nach féidir glacadh leis go dtabharfar an luach sin anonn go huathoibríoch maidir le feithiclí ceallra-leictreacha. Is mar gheall go bhfuil an leictriú ina athrú cinniúnach maidir le hiomaíocht neamh-phraghais trí dhúshlán a thabhairt do na gnéithe traidisiúnta ar a bhfuil buntáiste iomaíoch tógtha ag déantóirí gluaisteán innill dócháin inmheánaigh. I measc na luachanna coiteanna a úsáideann déantóirí gluaisteán tá feidhmíocht, éifeachtúlacht breosla, teicneolaíocht, iontaofacht, sábháilteacht agus dearadh. Tá dúshlán á thabhairt do na tréithe táirge sin trí theicneolaíochtaí leictreacha a ghlacadh, áfach. Mar shampla, tá feidhmíocht á hathshainiú ag na feithiclí ceallra-leictreacha mar gheall ar shaintréithe na n-inneall leictreach. I measc na saintréithe uile, is é raon an ceann is ríthábhachtaí mar gheall ar fheidhmíocht íseal feithiclí ceallra-leictreacha i gcomparáid le gluaisteáin innill dócháin inmheánaigh agus an bhearna shubstaintiúil idir samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha a mhéid a bhaineann leis an raon uasta. Ina theannta sin, is sampla soiléir é fás tapa Tesla go bhfuil luach an bhranda a tógadh ar ghluaisteáin innill dócháin inmheánaigh, nó easpa de, neamhábhartha go maith maidir le rath agus cumhacht praghsála sa mhargadh feithiclí ceallra-leictreacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(1038) Mhaígh CCCME freisin gur cheart don Choimisiún sonraí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile de chuid na Síne agus aon táirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid a chuir iarrataí aonair ar scrúdú isteach agus go háirithe sonraí Tesla a mheas sa chomparáid praghais toisc gurbh fhiú thart ar 50 % d'onnmhairí feithiclí ceallra-leictreacha iad chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(1039) Ríomhtar an corrlach sladghearrtha chomh maith leis na táscairí micreacnamaíocha eile go léir ar bhonn na sonraí fíoraithe a thuairiscigh táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Mar a míníodh in aithris (49), níor sampláladh Tesla mar tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne. Dá dheasca sin, níor áiríodh sonraí an táirgeora onnmhairiúcháin sin a d'iarr scrúdú aonair sa ríomh sladghearrtha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(1040) Mhaígh Cuideachta 24 nach margadh aonchineálach a bhí i margadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha ar dhá phríomhchúis. Ar an gcéad dul síos, toisc nach raibh aon mhargadh neamhspleách feithiclí ceallra-leictreacha ann, toisc go raibh an margadh feithiclí ceallra-leictreacha mar chuid de mhargadh na bhfeithiclí paisinéirí, ina raibh feithiclí innill dócháin inmheánaigh agus na feithiclí ceallra-leictreacha in iomaíocht le feithiclí innill dócháin inmheánaigh. Ar an dara dul síos, toisc go raibh an margadh feithiclí ceallra-leictreacha roinnte i roinnt deighleog. Luaigh Cuideachta 24 go raibh deighilt an mhargaidh ábhartha chun measúnú cruinn a dhéanamh ar staid thionscal an Aontais agus, dá bhrí sin, mhaígh Cuideachta 24 gur cheart don Choimisiún idirdhealú a dhéanamh idir deighleoga éagsúla den mhargadh feithiclí ceallra-leictreacha. Shonraigh Cuideachta 24 freisin, cé go n-aicmíonn an tAontas gluaisteáin i gcatagóirí bunaithe ar a méid agus a ngnéithe, gur príomhthosca iad critéir eile ar nós praghais agus íomhá bhranda chun deighilt an mhargaidh a chinneadh. Maidir le praghsanna díola, shonraigh Cuideachta 24 go bhféadfaí an margadh feithiclí ceallra-leictreacha a rangú ina bhfeithiclí '*iontrála*', '*láir*', '*préimhe*' agus '*sóchais*'. Dúirt Cuideachta 24 freisin go raibh idirdhealú soiléir laistigh de gach deighleog idir brandaí préimhe agus brandaí bunleibhéil, bunaithe ar ghnéithe mar fheidhmíocht, feidhmiúlachtaí, gnéithe, líonraí dáileacháin agus seirbhísí iardhíola. Luaigh Cuideachta 24 freisin go gcinneann na tosca sin go héifeachtach an méid iomaíochta idir gníomhaithe margaidh agus an dlúth-rogha mhalartach atá in aon dá tháirge. Luaigh Cuideachta 24 freisin gur dhírigh formhór na dtáirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais go dtí seo ar shamhlacha feithicle níos préimhe, rud a d'fhág go raibh corrlaigh bhrabúis níos mó ann agus mar thoradh air sin nach bhfuil brandaí de chuid an Aontais i láthair go láidir i ndeighleoga leibhéal iontrála agus is codarsnacht é sin leis an staid san earnáil thraidisiúnta d'fheithiclí innill dócháin inmheánaigh. Dá bhrí sin, de réir Chuideachta 24, dhírigh na hallmhairí ón tSín agus go háirithe brandaí fheithiclí ceallra-leictreacha na Síne go dtí seo ar an mbunleibhéal den chuid is mó ar fud na ndeighleog is saoire den mhargadh nach bhfuil roghanna malartacha de chuid an Aontais i láthair go láidir iontu go fóill. Mhaígh Cuideachta 24, dá réir sin, go gcomhlánaíonn allmhairí Síneacha tionscal an Aontais den chuid is mó seachas dul san iomaíocht leis maidir le margadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha san Aontas.

(1041) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh roinnt gléasraí cumhachta san áireamh i margadh na bhfeithiclí paisinéirí: Feithiclí innill dócháin inmheánaigh, feithiclí hibrideacha (neamh-inluchtaithe), feithiclí hibrideacha inluchtaithe, feithiclí ceallra-leictreacha, agus feithicil bhreosla-chille. Is feithiclí astaíochtaí nialasacha iad feithiclí breosla-chille agus feithiclí ceallra-leictreacha agus tá inneall dócháin ag feithiclí hibrideacha inluchtaithe, feithiclí hibrideacha agus feithiclí innill dócháin inmheánaigh. D'fhéadfadh na cineálacha feithiclí sin a bheith in iomaíocht le chéile ach ar bhonn an-teoranta amháin. An tráth céanna, tá na cineálacha feithiclí sin in iomaíocht an-teoranta le gluaisrothair, rothair leictreacha, scútair etc. Is iad na feithiclí ceallra-leictreacha raon feidhme an imscrúdaithe reatha agus ní gach feithicil paisinéirí ná feithicil soghluaisteachta. Sa mhéid go bhfuil aon chaidreamh iomaíoch ann le feithiclí eile, ní thabharfadh an eilimint sin na feithiclí sin faoi raon feidhme an imscrúdaithe seo; ná ní chaithfeadh iomaíocht theoranta den sórt sin, más ann di, amhras ar thorthaí an imscrúdaithe seo maidir le tionchar allmhairí fóirdheonaithe an táirge chomhchosúil (feithiclí ceallra-leictreacha) ar thionscal an Aontais.

(1042) Mheabhraigh an Coimisiún freisin nach raibh aon deighilt ann a raibh glacadh go huilíoch léi le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus thug sé dá aire go raibh an córas aicmithe dá dtagraítear sa doiciméad Tionscnaimh bunaithe ar thuairiscí cineálacha ar a dtugtar deighleoga sa tionscal seo go traidisiúnta, seachas ar chritéir oibiachtúla agus intomhaiste arna soláthar ag tionscal an Aontais. Mar thoradh air sin, ní raibh aon líne deighilte shoiléir idir na deighleoga líomhnaithe. Sa doiciméad tionscnaimh rinne an Coimisiún tagairt do dheighleoga den sórt sin de réir bhrí cineálacha táirgí feithiclí ceallra-leictreacha. Is amhlaidh is mó atá an cás maidir leis an deighilt a mhol Cuideachta 24, nár thug tuairisc fiú ar na deighleoga líomhnaithe, ach ainmneacha amháin (i.e. '*iontráil*', '*lár*','*préimh*' agus '*sóchas*') ag úsáid téarmaí margaíochta coiteanna a bhfuil léirmhíniú leathan acu.

(1043) Thug an Coimisiún dá aire freisin, cé go gcuimsíonn feithiclí ceallra-leictreacha cineálacha éagsúla, go bhfuil na buntréithe céanna agus an phríomhúsáid chéanna acu uile, is é sin líon beag daoine a iompar ó phointe amháin go pointe eile. Tá siad faoi réir na rialachán céanna freisin maidir le luasteorainneacha, ceanglais cheadúnais, agus codanna den ghréasán bóithre ina gceadaítear dóibh cúrsaíocht a dhéanamh, mar shampla. I bhfianaise a bhfuil thuas, is féidir a mheas go bhfuil na feithiclí ceallra-leictreacha inmhalartaithe go leordhóthanach. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (1022), cuireadh leis an uimhir rialaithe táirgí príomh-shaintréithe na bhfeithiclí ceallra-leictreacha san áireamh a raibh tionchar acu ar an bpraghas díola ag tionscal an Aontais, amhail fad, raon, cumhacht agus cineál na tiomána rotha agus, dá bhrí sin, cuireadh cineál táirge chomhchosúil an Aontais i gcomparáid le cineálacha táirgí comhchosúla Síneacha, rud a chiallaíonn gur cuireadh na feithiclí ceallra-leictreacha Síneacha a líomhnaítear gur feithiclí saora nó préimhe iad i gcomparáid le samhlacha comhchosúla de chuid an Aontais faoi seach.

(1044) A mhéid a bhaineann leis na cineálacha feithiclí ceallra-leictreacha a dhíolann táirgeoirí de chuid na Síne agus an méid iomaíochta le táirgeoirí de chuid an Aontais, léiríodh san imscrúdú go mbíonn táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne san iomaíocht go hiomlán leis na feithiclí ceallra-leictreacha a dhíolann tionscal an Aontais (mar a mhínítear in aithris (1031) bhí an mheaitseáil idir uimhreacha rialaithe táirgí na Síne agus uimhreacha rialaithe táirgí an Aontais an-ard (níos airde ná 90 %) ar an meán agus go gcomhfhreagraíonn an mheaitseáil sin do 88 % de dhíolacháin iomlána na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais). Go deimhin, bhí na cineálacha feithiclí ceallra-leictreacha a dhíol táirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne araon ar mhargadh an Aontais ar cheann de na critéir chun sampla táirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin an Aontais a roghnú mar a mhínítear in aithrisí (33), (36) agus (49).

(1045) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne raon leathan samhlacha d'fheithiclí ceallra-leictreacha ar phraghsanna a bhí an-éagsúil óna chéile, in iomaíocht leis na samhlacha d'fheithiclí ceallra-leictreacha arna dtáirgeadh ag táirgeoirí an Aontais agus tá sé beartaithe acu a bpunann do mhargadh an Aontais a leathnú tuilleadh go luath amach anseo.

(1046) Mar shampla, dhíol an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne BYD samhlacha ar phraghas liosta níos ísle ná EUR 30 000 ar mhargadh an Aontais, ar nós an Dolphin, samhlacha ar a bhfuil praghas liosta ag thart ar EUR 40 000 ar nós Atto 3, ach freisin samhlacha a mheasann sé gur samhlacha préimhe nó sóchais iad ar phraghas liosta níos mó ná EUR 70 000, ar nós HAN agus TANG ([426]). Ar an gcaoi chéanna, rinne grúpa Geely a chuid feithiclí ceallra-leictreacha Polestar a mhargú mar shamhlacha préimhe, ([427]) agus d'onnmhairigh sé chuig an Aontas iad le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Déantar feithicil cheallra-leictreach eile a tháirg Geely, an Lotus Eletre, a mhargú mar hipear-SUV ([428]) agus a thairiscint ar mhargadh an Aontais ar phraghsanna liosta chomh hard le EUR 150 000.

(1047) Sa bhreis ar na cineálacha feithiclí ceallra-leictreacha a díoladh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil margadh feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ag síorathrú agus go bhfuil táirgeoirí agus onnmhaireoirí de chuid an Aontais, lena n-áirítear onnmhaireoirí na Síne, ag leathnú a bpunann de na feithiclí ceallra-leictreacha a thairgtear gach bliain. Mar shampla, d'fhógair grúpa Stellantis, grúpa de tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais i mí Dheireadh Fómhair 2023 a fheithicil cheallra-leictreach nua, Citroën e-C3, ar chostas íseal, ag tosú ag EUR 23 300. Os a choinne sin, i mí an Mhárta 2024 nocht SAIC sampláilte na Síne ([429]) roinnt samhlacha nua, lena n-áirítear an IM L6 'ardréime, ardchliste', an MG9 'gluaisteán salúin leictreach cúlhaiste meánmhéide go mór', agus an SUV MGS9 'coupé lánleictreach meánmhéide go mór'. Luadh fógraí eile maidir le samhlacha nua feithiclí ceallra-leictreacha a sheoladh freisin in aithris (1127).

(1048) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne teoranta do chineálacha sonracha áirithe feithiclí ceallra-leictreacha mar is cosúil go dtugann Cuideachta 24 le fios.

(1049) Ar na cúiseanna thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur margadh aonair leanúnach táirgí inmhalartaithe iad na feithiclí ceallra-leictreacha, agus nach raibh údar le hanailís deighleoige ná nach raibh sí iomchuí sa chás seo. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(1050) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1051) Mar a luaitear in aithris (26), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(1052) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí ó Prodcom, EEA, S&P Global Mobility, sonraí sampláilte agus suíomhanna gréasáin táirgeoirí de chuid an Aontais. Baineann na sonraí sin le táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(1053) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh fóirdheontais agus téarnamh tar éis fóirdheontais a tharla cheana.

(1054) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

([426]) https://press.bydauto.be/byd-changes-the-price-of-the-atto-3-from-1-september-2023
([427]) https://media.polestar.com/be/nl/models/polestar-2/274707
([428]) https://lotusantwerp.be/lotus-eletre/
([429]) https://www.saicmotor.com/english/latest_news/saic_motor/59418.shtml

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(1055) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgthe (píosaí)	545 142	900 000	1 200 000	1 626 263
Innéacs	*100*	*165*	*220*	*298*
An acmhainneacht táirgeachta (píosaí)	1 642 953	2 640 341	3 701 476	4 712 037
Innéacs	*100*	*161*	*225*	*287*
Úsáid acmhainneachta	33 %	34 %	32 %	35 %
Innéacs	*100*	*103*	*98*	*104*

Foinse: Prodcom ([430]), sonraí sampláilte agus suíomhanna gréasáin táirgeoirí de chuid an Aontais

(1056) Tháinig méadú thart ar 200 % ar tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an méadú ar tháirgeacht substaintiúil agus réasúnta comhsheasmhach le linn na tréimhse sin, rud a léirigh aistriú forásach an mhargaidh ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha.

(1057) Níl aon sonraí oifigiúla ann maidir le hacmhainneacht táirgeachta iomlán thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, ríomhadh acmhainneacht táirgeachta iomlán thionscal an Aontais bunaithe ar ráta úsáide acmhainneachta fíoraithe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus ar mhéid táirgeachta iomlán thionscal an Aontais. Ar an mbonn sin, tháinig méadú 187 % ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1058) Léiríodh san imscrúdú go raibh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais ag tiontú línte táirgeachta feithiclí innill dócháin inmheánaigh ina línte táirgeachta feithiclí ceallra-leictreacha agus, dá bhrí sin, go raibh na línte táirgeachta sin tiomnaithe go hiomlán do tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, nó go raibh siad ag táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha ina ngléasraí cóimeála in éineacht le feithiclí innill dócháin inmheánaigh a úsáideann an próiseas táirgthe céanna go bunúsach chun sócmhainní, próisis agus inniúlachtaí atá ann cheana a ghiaráil agus solúbthacht ó thaobh méid de a sholáthar.

(1059) Ag brath ar an gcaoi a raibh na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ag táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha mar a mhínítear in aithris (1058), ríomhadh a n-acmhainneacht táirgeachta ar roinnt bealaí mar a leanas (i) bunaithe ar an uaslíon feithiclí ceallra-leictreacha is féidir a tháirgeadh in aghaidh an lae arna iolrú faoin am oibre táirgiúil, agus 2-3 sheal á gcur san áireamh, lena n-áirítear cothabháil, ar feadh 46-48 seachtaine in aghaidh na bliana, nó (ii) bunaithe ar an acmhainneacht táirgeachta iomlán do gach gluaisteán paisinéirí tar éis táirgeadh na bhfeithiclí paisinéirí eile uile seachas feithiclí ceallra-leictreacha a asbhaint.

(1060) Tháinig méadú 4 % ar úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é go raibh an úsáid acmhainneachta faoi bhun 40 % sa tréimhse imscrúdúcháin, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil dóthain acmhainneachta táirgeachta ag tionscal an Aontais chun na méaduithe amach anseo ar an éileamh ar fheithiclí ceallra-leictreacha a shásamh agus ina theannta sin, is féidir níos mó acmhainneachta a leithdháileadh ó tháirgeadh feithiclí innill dócháin inmheánaigh ar tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha.

([430]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ds-056120__custom_10709623/default/table?lang=en Le tabhairt faoi deara nach dtuairiscíonn Prodcom an méid táirgeachta do gach Ballstát mar gheall ar rúndacht. Beidh na sonraí táirgeachta le haghaidh 2023 ar fáil go poiblí an 1 Iúil 2024.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(1061) Shuigh an Coimisiún méid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais ar bhonn EEA agus S&P Global Mobility le haghaidh clárúchán feithiclí ceallra-leictreacha arna monarú san Aontas.

(1062) Ar an mbunús seo is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (clárúcháin) de réir an phíosa	379 138	583 992	739 101	987 586
Innéacs	*100*	*154*	*195*	*260*
An sciar den mhargadh (den tomhaltas dealraitheach)	68,9 %	65,1 %	64,3 %	59,9 %
Innéacs	*100*	*94*	*93*	*87*
An sciar den mhargadh (den tomhaltas iarbhír - clárúcháin)	70,4 %	66,5 %	65,8 %	65,0 %
Innéacs	*100*	*95*	*93*	*92*

Foinse: Sonraí clárúcháin EEA agus S&P Global Mobility

(1063) Tháinig méadú 160 % ar dhíolacháin na dtáirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an fhorbairt seo cosúil leis an bhforbairt i dtáirgeadh le linn na tréimhse céanna. Díoladh na feithiclí ceallra-leictreacha go príomha trí dhéileálaithe. Ba thomhaltóirí agus cuideachtaí príomhchuntais iad na príomhúsáideoirí deiridh a d'ordaigh táirgeadh feithiclí saincheaptha de ghnáth, seachas ordú ón stoc.

(1064) D'ainneoin an mhéadaithe mhóir ar thomhaltas, tháinig laghdú 13 % nó 9 bpointe céatadáin ar an sciar den mhargadh bunaithe ar thomhaltas dealraitheach thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú nó laghdú 8 % nó níos mó ná 5 phointe céatadáin bunaithe ar thomhaltas iarbhír. Os a choinne sin, tháinig méadú faoi chúig ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín sa mhargadh sin atá faoi bhorradh, rud a rinne dochar do thionscal an Aontais.

4.5.2.3. Fás

(1065) Léirigh táirgeadh agus díolacháin (clárúcháin) thionscal an Aontais maidir le feithiclí ceallra-leictreacha fás leanúnach agus substaintiúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i gcomhréir le haistriú forásach an mhargaidh ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha.

(1066) Bhí fás thionscal an Aontais i dtéarmaí díolachán sa mhargadh méadaithe sin i bhfad níos ísle ná an méadú ar thomhaltas.

(1067) Ó thaobh sciar den mhargadh de, tháinig laghdú 9 bpointe céatadáin ar thionscal an Aontais bunaithe ar thomhaltas dealraitheach nó níos mó ná 5 phointe céatadáin bunaithe ar chlárúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí sciar beagnach 34,8 % den mhargadh ag feithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe (clárúcháin) le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tá an sciar den mhargadh is mó agus is mó fás le linn na tréimhse faoi bhreathnú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha mar a léirítear thuas i dTábla 2a agus i dTábla 2b.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(1068) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	39 995	66 053	99 939	115 835
Innéacs	*100*	*165*	*250*	*290*
Táirgiúlacht (píosa/fostaí)	14	14	12	14
Innéacs	*100*	*100*	*88*	*103*

Foinse: Prodcom agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(1069) Ríomhadh fostaíocht agus táirgiúlacht ó fhostaíocht na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais arna n-eachtarshuí de réir mhéid táirgeachta thionscail iomlán an Aontais.

(1070) Tháinig méadú ar líon na bhfostaithe ó thart ar 40 000 go dtí thart ar 116 000 le linn na tréimhse faoi bhreathnú, méadú 190 %. Lean an fhorbairt seo an treocht i dtáirgeadh den chuid is mó.

(1071) Go ginearálta, tá tionscal an Aontais ag aistriú na bhfostaithe ó tháirgeadh feithiclí innill dócháin inmheánaigh go táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha de réir mar atá laghdú ag teacht ar tháirgeadh feithiclí innill dócháin inmheánaigh agus méadú ag teacht ar tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha. I ndáil leis an méid sin, tá poist á gcosaint ag tionscal an Aontais trí athsciliú (atrealmhú agus athoiliúint) agus trí dheiseanna a chur ar fáil dá bhfostaithe dul in oiriúint do ghléasraí cumhachta leictreacha.

(1072) Bhí an táirgiúlacht réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.5. Méid an fhóirdheontais agus téarnamh ó fhóirdheonú roimhe seo

(1073) Bhí méideanna uile na bhfóirdheontas i bhfad os cionn an leibhéil de minimis. Ní diomaibhseach an tionchar a bhí ag méideanna iarbhír an fhóirdheonaithe ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(1074) Is é seo an chéad imscrúdú frith-fhóirdheontais maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag fóirdheonú san am atá thart.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(1075) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe (lena n-áirítear díolacháin na gcuideachtaí comhlachaithe a rinneadh ar bhonn neamhthuilleamaí) san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Praghsanna díola san Aontas

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid ar mhargadh an Aontais (EUR/píosa)	24 404	27 557	31 244	33 560
Innéacs	*100*	*113*	*128*	*138*

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid (EUR/píosa)	30 683	32 029	35 079	38 140
Innéacs	*100*	*104*	*114*	*124*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(1076) Tháinig méadú 38 % ar mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais in aghaidh an phíosa. Bhí tionchar ag athruithe ar mheascán na samhlacha a dhíol táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an bhforbairt sin, go háirithe agus é á chur san áireamh go bhfuil margadh an Aontais ag aistriú de réir a chéile ó fheithiclí ICE go feithiclí ceallra-leictreacha agus go raibh samhlacha nua á seoladh agus á ndíol le linn na tréimhse faoi bhreathnú. ([431]).

(1077) Is é an costas táirgthe a thaispeántar thuas costas iomlán táirgthe na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a dhíoltar lena n-áirítear comhpháirteanna agus amhábhair, costais mhonaraíochta eile agus costais díola, ghinearálta agus riaracháin (SG&A) lena n-áirítear costais taighde agus forbartha (T&F).

(1078) Tháinig méadú 24 % ar mheánchostas táirgthe in aghaidh an phíosa do thionscal an Aontais. Bhí tionchar ag athruithe ar an meascán samhlacha a bhí á dtáirgeadh ar an bhforbairt seo freisin. Ina theannta sin, ba é an méadú ar chostas comhpháirteanna ba chúis leis an gcostas aonaid freisin, ceallraí ach go háirithe mar gheall ar chostais mhéadaitheacha d'amhábhair lena n-áirítear cóbalt, nicil agus litiam. Tháinig méadú freisin ar chostas comhpháirteanna eile, go háirithe iad siúd atá thíos leis an ngéarchéim fuinnimh ar nós cruach agus miotail eile. Bhí tionchar anuas ag an méadú ar mhéid na táirgeachta agus na ndíolachán mar a léirítear i dTábla 4 agus i dTábla 5 ar chostais aonaid, toisc go raibh táirgeoirí de chuid an Aontais in ann na costais sheasta a scaipeadh thar chainníochtaí níos airde d'fheithiclí ceallra-leictreacha. Thug an Coimisiún dá aire gur tionscal dianchaipitil é tionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a bhfuil costais sheasta arda aige agus, dá bhrí sin, go bíonn laghduithe ar chostas aonaid an táirgthe mar thoradh ar mhéid ard táirgeachta.

(1079) Socraíonn táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais praghsanna ar mhargadh an Aontais de réir phraghsáil a bpríomhiomaitheoirí le haghaidh samhlacha comhchosúla. Go ginearálta, bhunaigh na táirgeoirí de chuid an Aontais praghas liosta le haghaidh na samhlacha uile nó MSRP, arb é an praghas a mholann monaróir do mhiondíoltóirí a gcuid feithiclí ceallra-leictreacha a dhíol. Déantar athbhreithniú rialta ar phraghsanna MSRP. Fiú nuair a fhanann MSRPanna seasta, is féidir leis an bpraghas deiridh a íocann an custaiméir luainiú mar gheall ar na lascainí a thairgeann an díoltóir don tomhaltóir.

(1080) Is margadh an-iomaíoch é margadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha atá ag athrú go tapa. Ina theannta sin, tá sé an-trédhearcach toisc go ndéanann díoltóirí uile na bhfeithiclí ceallra-leictreacha na MSRPanna a phoibliú. Mar gheall ar an trédhearcacht praghsanna, tá margadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha an-íogair ó thaobh praghsanna de. Dá bhrí sin, is gnách go mbíonn laghdú ar chainníochtaí díolacháin mar thoradh ar mhéaduithe ar phraghsanna de bharr méaduithe ar chostais.

4.5.3.2. Costais saothair

(1081) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	70 981	74 904	78 348	88 198
Innéacs	*100*	*106*	*110*	*124*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

([431]) https://alternative-fuels-observatory.ec.europa.eu/consumer-portal/available-electric-vehicle-models

(1082) Tháinig méadú 24 % ar an meánchostas saothair le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh an fhorbairt sin na méaduithe ar thuarastail agus ar chostais saothair eile i dtréimhse ina raibh boilsciú ard, go háirithe in 2022 agus 2023.

4.5.3.3. Fardail

(1083) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Fardail

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic deiridh (píosaí)	7 493	9 460	15 504	25 431
Innéacs	*100*	*126*	*207*	*339*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	4,5 %	3,3 %	4,4 %	5,2 %
Innéacs	*100*	*74*	*97*	*114*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(1084) Léiríodh san imscrúdú go n-oibríonn tionscal an Aontais ar orduithe den chuid is mó agus, dá bhrí sin, go raibh na stoic, mar chéatadán den táirgeacht, íseal go ginearálta.

(1085) Tháinig méadú 239 % ar stoic dheiridh na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a léiríonn an méadú ar tháirgeacht le linn na tréimhse sin. Tháinig méadú 14 % ar stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an fhorbairt sin go príomha mar gheall ar an méadú ar líon na samhlacha a tairgeadh don mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2020.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(1086) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	– 22,3 %	– 10,9 %	– 8,9 %	– 10,8 %
Innéacs	*- 100*	*- 49*	*- 40*	*- 48*
Sreabhadh airgid (EUR)	- 583 165 193	- 361 393 404	- 718 123 415	- 835 344 631
Innéacs	*- 100*	*- 62*	*- 123*	*- 143*
Infheistíochtaí (EUR)	2 060 595 337	1 996 456 058	1 810 025 676	2 058 540 935
Innéacs	*100*	*97*	*88*	*100*
Toradh ar infheistíochtaí	- 248 %	- 132 %	- 56 %	- 72 %
Innéacs	- 100	- 53	- 22	- 29

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(1087) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(1088) Bhí caillteanas á dhéanamh ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé gur tháinig laghdú foriomlán ar chaillteanais den sórt sin le linn na tréimhse sin. Mar a léirítear i dTábla 7, tháinig méadú ar phraghsanna aonaid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ag ráta níos airde ná na méaduithe ar a chostais aonaid. Tugtar tuairisc ar na cúiseanna leis na forbairtí sin i roinn 4.5.3.1.. Idir 2020 agus 2022, d'éirigh le tionscal an Aontais a chaillteanais a laghdú toisc gur mhéadaigh sé a chainníocht díolacháin ar mhargadh an Aontais. Le linn na tréimhse sin, bhí tionscal an Aontais ag cur lena chainníochtaí táirgthe agus díolacháin agus baineadh éifeachtúlachtaí amach maidir le costais sheasta a leathadh ar fud líon méadaitheach píosaí táirgthe. Cé gur lean an fás sin ar aghaidh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, chiallaigh méaduithe ar phraghsanna amhábhar agus ar mhéid na n-allmhairí fóirdheonaithe ar phraghsanna ísle gur tháinig méadú ar chaillteanais i gcomparáid le 2022 chun leibhéal – 10,8 % a bhaint amach ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú.

(1089) Bhí margadh an Aontais i gcéim idirthréimhseach fhorchéimnitheach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é gur mhonaraigh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí innill dócháin inmheánaigh ar na línte táirgthe céanna mar a mhínítear in aithris (1058), laghdaíodh costais táirgthe feithiclí ceallra-leictreacha go pointe áirithe toisc gur roinneadh na costais sheasta idir feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí innill dócháin inmheánaigh. Mar a mhínítear in aithrisí (1222) agus (1223), áfach, is gá do thionscal an Aontais a tháirgeacht agus a dhíolacháin inneall dócháin inmheánaigh san Aontas a laghdú. Dá bhrí sin, chun bogadh i dtreo staid bhrabúsach agus a thodhchaí a dhaingniú, ní mór do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais a tháirgeadh, a dhíolacháin agus a sciar den mhargadh a mhéadú, agus ar an gcaoi sin barainneachtaí scála a bhaint amach agus leanúint dá chostais aonaid a laghdú i gcomparáid lena leibhéil praghsanna.

(1090) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a sampláladh a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí an glansreabhadh airgid diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig meath ar ghlansreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar gheall ar an méadú ar láimhdeachas agus an méadú ar chaillteanais i ndearbhluach. Thacaigh brabúis a rinne tionscal an Aontais ar fheithiclí paisinéirí innill dócháin inmheánaigh le staid an tsreafa airgid ar a dtugtar tuairisc thuas. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithrisí (1222) agus (1223), is gá do tháirgeoirí de chuid an Aontais a ndíolacháin inneall dócháin inmheánaigh a laghdú agus, dá bhrí sin, tiocfaidh laghdú ar na brabúis a fhaigheann tionscal an Aontais ó dhíolacháin feithiclí innill dócháin inmheánaigh amach anseo.

(1091) Bhain infheistíocht sa táirge lena mbaineann go príomha le caiteachas T&F, infheistíocht nua ar línte táirgeachta chun feithiclí ceallra-leictreacha a tháirgeadh, lena n-áirítear ceallraí a tháirgeadh agus a shuiteáil, agus uirlisí sonracha a cheannach chun feithiclí ceallra-leictreacha a chóimeáil. Cé nach mbaineann na hinfheistíochtaí sin ach leis na heintitis táirgthe sampláilte, léiríonn siad an infheistíocht ollmhór is gá chun aistriú ó tháirgeadh feithiclí innill dócháin inmheánaigh go táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha. Tá gá le cuid thábhachtach d'infheistíochtaí nua sula ndíolfar feithiclí ceallra-leictreacha. Tá tuilleadh infheistíochta geallta cheana féin agus tá an infheistíocht ar siúl de réir mar atá na láithreáin táirgthe á n-aistriú de réir a chéile.

(1092) Meastar go ndéanfaidh tionscal iomlán an Aontais infheistíocht thart ar EUR 170 billiún idir 2022 agus 2030 don aistriú chuig an leictriú ([432]). Comhfhreagraíonn sé sin do mheáninfheistíocht de thart ar EUR 19 mbilliún in aghaidh na bliana den tréimhse. Tá na hinfheistíochtaí sin beartaithe le haghaidh gach cineál feithicle ceallra-leictrí. Go háirithe, tá grúpa Volkswagen ag infheistiú thart ar EUR 20 billiún chun sé mhonarcha ceallraí ar a laghad a thógáil san Eoraip sna blianta amach romhainn. Tá sé beartaithe ag grúpa BMW thart ar EUR 1 bhilliún a infheistiú chun feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt agus a tháirgeadh ag a ghléasra in Steyr na hOstaire, ó 2025 ar aghaidh. Tá thart ar EUR 400 milliún á infheistiú aige freisin chun a ghléasra a uasghrádú in München, sa Ghearmáin, agus tá gléasra nua á thógáil aige san Ungáir chun a shamhail Neue Klasse EV a tháirgeadh ó 2025 ar aghaidh. Rinne grúpa Stellantis infheistíocht i gcomhfhiontar le Mercedes-Benz agus TotalEnergies, ar a dtugtar ACC, do chealla ceallraí. Tá Mercedes-Benz ag súil freisin go mbunófar ceithre mhonarcha ceallraí san Aontas go luath amach anseo. Tá Renault ag infheistiú EUR 10 mbilliún i leictriú go dtí 2025.

(1093) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. D'fhorbair sé ar bhealach cosúil leis an toradh ar láimhdeachas sa mhéid is go raibh sé diúltach le linn na tréimhse. Tháinig laghdú ar an toradh ar chaillteanais infheistíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar na cúiseanna a dtugtar tuairisc orthu i roinn 4.5.3.4. Ba cheart a mheabhrú freisin nár chuir táirgeoirí sampláilte uile de chuid an Aontais tús le hinfheistíochtaí i bhfeithiclí ceallra-leictreacha (agus, dá bhrí sin, nár thosaigh siad ag fáil toradh ar na hinfheistíochtaí sin) sa bhliain chéanna. Bhí tionchar ag an soiléiriú sin freisin ar an treocht maidir le toradh ar infheistíocht a luaitear i dTábla 10.

([432]) https://www.reuters.com/graphics/AUTOS-INVESTMENT/ELECTRIC/akpeqgzqypr/

(1094) Ba cheart féachaint ar chumas na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais caipiteal a thiomsú sa chomhthéacs go bhfuil na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais mar chuid de ghrúpaí móra tionsclaíocha a mhaoinigh an t-aistriú ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha. Tá méadú tagtha ar mhéid na gcaillteanas a rinneadh gach bliain den aistriú dosheachanta seo, áfach, agus laghdaigh sé cumas an tionscail caipiteal a thiomsú sa todhchaí.

4.5.4. *Conclúid maidir le staid an tionscail*

(1095) Mar a mhínítear in aithris (996), ní mór anailís a dhéanamh ar staid thionscal an Aontaisi gcomhthéacs aistriú mhargadh an Aontais ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha.

(1096) Sa chomhthéacs sin, tháinig méadú 200 % ar thomhaltas dealraitheach an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú 182 % ar thomhaltas iarbhír an Aontais (bunaithe ar chlárúcháin amháin) le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn na méaduithe móra sin an cás ina bhfuil margadh feithiclí paisinéirí an Aontais ag aistriú ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha.

(1097) Ag an am céanna, tháinig méadú ollmhór ar chainníochtaí allmhairí ón tSín ó thart ar 21 000 píosa go dtí os cionn 412 000 (i.e. faoi níos mó ná 1 800 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú), atá i bhfad níos mó ná an méadú ar thomhaltas. Léirítear é sin sa sciar den mhargadh d'allmhairí Síneacha a mhéadaigh go mór freisin ó 3.9 % in 2020 go 25 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Taispeántar méaduithe comhchosúla i ndáil le clárúcháin feithiclí ceallra-leictreacha Síneacha tar éis allmhairiú ón tSín.

(1098) Tháinig méadú 198 % agus 150 % faoi seach ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin thionscal an Aontais. Arís, ní raibh an fás dealraitheach sin i gcomhréir leis an méadú ar thomhaltas, rud a chiallaíonn gur thit an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ó 68,9 % in 2020 go 59,9 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(1099) Mar a míníodh, i bhfianaise aistriú mhargadh an Aontais, rinneadh difear do roinnt táscairí toisc go raibh a láithreáin táirgthe á n-athrú de réir a chéile ag tionscal an Aontais ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha. D'éiligh an tiontú sin infheistíochtaí móra seasta i gcostais T&F agus i gcostais tiontaithe monarchan, rud a d'fhan mar an gcéanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirigh úsáid acmhainneachta, brabúsacht, toradh ar infheistíocht agus ar tháirgiúlacht treochtaí beaga dearfacha mar gheall ar an aistriú ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha, ach d'fhan siad diúltach nó sách cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1100) Bhí brabúsacht agus toradh ar infheistíocht thionscal an Aontais fós go dona le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'ainneoin treochtaí a bheith ag feabhsú. Thug sé sin le fios nach raibh tionscal an Aontais in ann a chostais mhóra iomlána a chur ar aghaidh chuig a chustaiméirí i gcomhthéacs an aistrithe agus gur cuireadh cosc air praghsanna a shocrú do chustaiméirí ar leibhéil a dhéanfadh brabús dóibh. Léirítear san anailís i roinn 4.5.3.1 gur tháinig laghdú ar phraghsanna thionscal an Aontais mar gheall ar phraghsanna na n-allmhairí fóirdheonaithe. Léiríonn sladghearradh praghsanna na n-allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ag cainníochtaí a bhí ag méadú go leanúnach gurbh í an tSín an príomhiomaitheoir allmhairí, fiú i margadh a bhí ag leathnú go tapa.

(1101) D'ainneoin méadú ar dhíolacháin agus ar tháirgeadh de bharr éileamh méadaitheach mar gheall ar an aistriú ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí tionscal an Aontais fós i bhfad ó bhrabús a dhéanamh ar fheithiclí ceallra-leictreacha. Chuir an staid le linn na tréimhse imscrúdúcháin de chaillteanais os cionn 10 % agus brú leanúnach ar phraghsanna aistriú iomlán thionscal an Aontais ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha i mbaol. Bhí na billiúin euro d'infheistíochtaí EUR agus ath-imlonnú an lucht saothair ollmhór a fhostaíonn sé i gceist leis sin, agus ní raibh margadh an Aontais ach 14.5 % san aistriú ó fheithicil innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha mar a léirítear i dTábla 1.

(1102) Léiríonn na táscairí thuas gur cuireadh tús leis an mbac ar an aistriú ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha i dtreo dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú agus go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair is féidir na méideanna is airde d'allmhairí Síneacha agus an titim is airde sa sciar den mhargadh ag tionscal an Aontais a thabhairt faoi deara. Léirítear é sin freisin, d'ainneoin na dtreochtaí feabhsaithe i roinnt táscairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go raibh formhór na dtáscairí airgeadais fós diúltach agus gur thosaigh siad ag meath fiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, lena n-áirítear brabúsacht, toradh ar infheistíocht, agus sreabhadh airgid. Is é an rud is soiléire fós gur tháinig laghdú comhsheasmhach ar sciartha den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus an pointe is ísle á bhaint amach ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

(1103) Ar bhonn an mhéid thuas, chinn an Coimisiún scrúdú a dhéanamh féachaint an gcuirfeadh na forbairtí dóchúla amach anseo maidir le hallmhairí fóirdheonaithe ón tSín an t-aistriú rathúil ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha i mbaol, rud a dhéanfadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5. BAGAIRT DÍOBHÁLA

5.1. Réamhrá

(1104) I gcomhréir le hAirteagal 8(8) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an dócha go mbeidh tionchar diúltach ag méadú breise ar allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ar staid thionscal an Aontais, agus dá bhrí sin an mbeidh bagairt díobhála ábhartha ann do thionscal an Aontais.

(1105) San anailís ar bhagairt díobhála ábhartha do thionscal an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 8(8), an dara fomhír den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh:

— cineál an fhóirdheontais nó na bhfóirdheontas i dtrácht agus na héifeachtaí trádála is dóchúil a thiocfadh astu;

— ráta suntasach méadaithe ar allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith isteach i margadh an Aontais, rud a léiríonn gur dóchúil go mbeidh méadú suntasach ar allmhairí;

— acmhainneacht leordhóthanach an onnmhaireora atá indiúscartha go héasca nó méadú mór atá ar tí tarlú san acmhainneacht sin a léiríonn an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú mór ar onnmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith isteach san Aontas, ag cur san áireamh infhaighteacht margaí onnmhairiúcháin eile a ghlacfadh aon onnmhairí breise;

— an cheist an bhfuil allmhairí ag teacht isteach ar phraghsanna, a laghdódh praghsanna go suntasach nó a choiscfeadh méadú ar phraghsanna a tharlódh murach sin, agus ar dóchúil go méadóidís an t-éileamh ar allmhairí breise; agus

— an leibhéal fardal.

5.2. cineál an fhóirdheontais nó na bhfóirdheontas i dtrácht agus na héifeachtaí trádála is dóchúil a thiocfadh astu

(1106) I roinn 3.10, tháinig an Coimisiún ar chonclúid shealadach maidir le fóirdheontais in-fhrithchúitithe a bheith ann i gcomhréir le forálacha an bhun-rialacháin.

(1107) Léiríonn na fóirdheontais sin go mbaineann allmhairí an táirge lena mbaineann tairbhe as tacaíocht rialtais.

(1108) Meastar go mbeidh difear níos diúltaí fós do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a breathnaíodh cheana féin le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar an sladghearradh agus an brú mór ar phraghsanna (lena gcuirtear cosc ar mhéaduithe praghais a tharlódh murach sin) a aimsíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cabhraítear le hiompraíocht ionsaitheach praghsála na n-allmhairí Síneacha agus le dul i bhfód go mór ar an margadh go bhfuil an margadh feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais an-íogair ó thaobh praghsanna de agus trédhearcach.

(1109) Thairis sin, mar a mhínítear i roinn 3.2, áirithítear le bearta Rialtas na Síne a thacaíonn lena thionscal feithiclí ceallra-leictreacha intíre go leanfaidh onnmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de bheith an-iomaíoch ar phraghsanna atá i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais, mar gheall ar na costais níos ísle a bhaineann le maoiniú, earraí nó ionchuir a fháil ar luach nach bhfuil leordhóthanach agus sochair eile (seachas táirgeoirí de chuid an Aontais nach féidir leo tairbhiú de thacaíocht mhór den sórt sin).

(1110) Dá bhrí sin, tá sé intuartha go leanfaidh allmhairí fóirdheonaithe an táirge lena mbaineann, mar gheall ar chineál bhearta tacaíochta Rialtas na Síne, de thionchar diúltach a imirt ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

5.3. Ráta suntasach méadaithe ar allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith isteach i margadh an Aontais, rud a léiríonn gur dóchúil go mbeidh méadú suntasach ar allmhairí

Ráta an mhéadaithe ar allmhairí ón tSín agus a sciar den mhargadh

(1111) Tháinig méadú mór ar allmhairí iomlána feithiclí ceallra-leictreacha ón tír lena mbaineann ó 21 243 phíosa in 2020 go 412 425 phíosa le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar a léirítear i dTábla 2a agus i dTábla 2b.

(1112) Tháinig méadú freisin ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín ó 3.9 % in 2020 go 25.0 % sa tréimhse imscrúdúcháin bunaithe ar allmhairí iomlána nó ó 3.5 % in 2020 go 22.8 % san imscrúdú bunaithe ar chlárúcháin mar a luaitear i dTábla 2a agus i dtábla 2b faoi seach. Tá sciar den mhargadh faighte ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne le hallmhairí ar phraghas íseal agus táirgeoirí de chuid an Aontais agus allmhairí ó thíortha nach de chuid an Aontais iad thíos leis.

Bearta lena léirítear an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú mór breise ar allmhairí

(1113) Mar a léirítear thuas i roinn 3.2, tá fianaise ann go ndírítear beartais Rialtas na Síne ar tháirgeadh agus go sonrach ar onnmhairí feithiclí ceallra-leictreacha.

(1114) Tá roinnt eilimintí ann a léiríonn gur dócha go leanfaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne de bheith ag onnmhairiú ar rátaí arda. Go sonrach, chuir Rialtas na Síne roinnt beart chun feidhme le déanaí chun díriú ar mhargaí onnmhairiúcháin agus chun onnmhairí a mhéadú a thuilleadh freisin i bhfianaise ró-acmhainneachtaí móra i margadh intíre na Síne mar a mhínítear in aithrisí (1140) go (1143).

(1115) Mar a mhínítear in aithris (1149), d'onnmhairigh an tSín 1 471 136 feithiclí ceallra-leictreacha ar fud an domhain le linn na tréimhse imscrúdúcháin, méadú 659 % i gcomparáid le 2020. Tá na feithiclí nuafhuinnimh (feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe) an-tábhachtach do gheilleagar na Síne. Dá bhrí sin, ina theachtaireacht le haghaidh na Bliana Nua 2024, dúirt Uachtarán na Síne gur '*fianaise nua ar chumas monaraíochta na Síne*' iad na feithiclí nuafhuinnimh ([433]). Níl monaróirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne teoranta dá margadh intíre amháin. Go deimhin, tá Rialtas na Síne ag spreagadh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne chun margaí ar an gcoigríoch a fhiosrú agus tacaíonn sé leo ar go leor bealaí chun a ndíolacháin onnmhairiúcháin a leathnú, lena n-áirítear trí chórais fhónta comhairliúcháin, tástála agus deimhniúcháin dlí a fhorbairt. I ndáil leis sin, leagtar amach i bPlean 2021–2035 cúig chúram straitéiseacha do thionscal feithiclí nuafhuinnimh na Síne do na 15 bliana amach romhainn: (1) feabhas a chur ar an gcumas nuálaíochta teicneolaíochta; (2) éiceachóras tionscail feithiclí nuafhuinnimh a thógáil; (3) comhtháthú agus forbairt thionsclaíoch a chur chun cinn; (4) córas bonneagair fónta a thógáil; agus (5) oscailteacht a mhéadú agus comhar idirnáisiúnta a dhoimhniú. Maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta, spreagtar gnólachtaí intíre chun pleananna straitéiseacha forbartha idirnáisiúnta a dhéanamh, margaí coigríche a shaothrú, agus stórais agus ardáin seirbhíse iardhíola a bhunú ar an gcoigríoch. Cuireadh i dtábhacht i bPlean 2021-2035 freisin go neartófar seirbhísí tacaíochta le haghaidh comhar idirnáisiúnta mar shampla comhlíonadh corparáideach agus seirbhísí comhairliúcháin dlí agus seirbhísí tástála agus deimhniúcháin. Ina theannta sin, treoraíonn Plean 2021-2035 údaráis na Síne freisin chun páirt réamhghníomhach a ghlacadh i rialacha agus i gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha a dhéanamh ([434]).

([433]) https://www.mfa.gov.cn/eng/zxxx_662805/202312/t20231231_11215608.html#:~:text=New%20energy%20vehicles%2C%20lithium%20batteries,marched%20forward%20in%20high%20spirits

([434]) An Chomhairle Idirnáisiúnta um Iompar Glan (ICCT), *New Energy Vehicle Industrial Development Plan for 2021 to 2035 [Plean Forbartha Tionsclaíoch Nua d'Fheithiclí Fuinnimh na Síne le haghaidh 2021 go 2035]*, Nuashonrú Beartais, Meitheamh 2021, le fáil ag: https://theicct.org/wp-content/uploads/2021/12/China-new-vehicle-industrial-dev-plan-jun2021.pdf.

(1116) Ina theannta sin, an 18 Feabhra 2024 chuir cathair Shenzhen na Síne plean i bhfeidhm chun onnmhairí gluaisteán a threisiú ([435]), ([436]). Clúdaíonn an plean seo 24 bheart lena n-áirítear tacaíocht do thógáil monarchan agus bealaí farraige nua a oscailt. Dúirt na hoifigigh áitiúla go dtabharfaidís isteach seirbhísí chun tacú le honnmhaireoirí gluaisteán, lena n-áirítear árachas onnmhairiúcháin a fheabhsú, aisíocaíochtaí cánach a bhrostú agus bainc na Síne a spreagadh chun maoiniú tomhaltóirí a sholáthar do cheannaitheoirí gluaisteán ar an gcoigríoch. Iarradh sa phlean freisin ar onnmhaireoirí níos mó long a iompraíonn gluaisteáin a cheannach chun flít soithí rolladh ann-rolladh as faoi úinéireacht na Síne a chruthú mar a luaitear in aithris (1117).

(1117) Is féidir spéis na dtáirgeoirí de chuid na Síne in onnmhairiú feithiclí ceallra-leictreacha a fheiceáil freisin ós rud é go bhfuil táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne ag ordú monaraíocht líon mór long *'rolladh ann/rolladh as'* ('róró') atá deartha go sonrach chun feithiclí a iompar thar lear ([437]), ([438]). Tuairiscíodh go bhféadfadh longchlóis na Síne suas le 200 róró a sheachadadh idir 2023 agus 2026. Is é atá sa mhéid sin dhá oiread an líon róró a seachadadh ó 2015 go 2022 ([439]), ([440]). Ina theannta sin, ba chosúil gur ordaigh BYD sé cinn de róró (agus roghanna ann le haghaidh dhá cheann eile). Síltear go mbeidh toilleadh de thart ar 7 700 CEU (aonad coibhéiseach gluaisteáin) an ceann ag na soithí. Fuair BYD a chéad soitheach cheana féin ar a dtugtar 'BYD Explorer No. 1' ([441]), ([442]), ([443]) atá á úsáid cheana chun feithiclí ceallra-leictreacha a iompar chuig an Aontas ([444]). Chomh maith leis sin tá monaróirí gluaisteán Síneach eile, cosúil le SAIC, Cherry Automobile ([445]), tar éis roinnt róró dá gcuid féin a ordú ([446]), ([447]). Thairis sin, tá an monaróir gluaisteán atá faoi úinéireacht an stáit Chery i gcomhpháirtíocht le Wuhu Shipyard chun sean-longchlós a athfhorbairt ina bhonn tógála le haghaidh iompróirí gluaisteán ar chósta Chúige Shandong atá beartaithe chun feithiclí ceallra-leictreacha a onnmhairiú ([448]), ([449]).

(1118) Léiríonn na bearta thuas mar aon leis na pleananna atá ar tí tarlú maidir le táirgeoirí de chuid na Síne a leathnú i mórthíortha an Aontais mar a thuairiscítear in aithrisí (1126) agus (1127), chomh maith leis na móracmhainneachtaí breise sa tSín mar a shonraítear in aithrisí (1140) go (1143), go leanfaidh an tSín de bheith ag díriú go hionsaitheach ar mhargaí onnmhairiúcháin, rud a léiríonn gur dócha go dtiocfaidh méadú mór ar allmhairí isteach san Aontas amach anseo.

Tarraingteacht agus spriocdhíriú ar mhargadh an Aontais

(1119) I measc na margaí onnmhairiúcháin ar dhírigh an tSín orthu, ba é margadh an Aontais an príomhcheann scríbe onnmhairiúcháin do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, arb ionann é agus 33,1 % d'onnmhairí iomlána na Síne d'fheithiclí ceallra-leictreacha toisc gurb é margadh an Aontais an réigiún is tarraingtí do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne mar gheall ar a mhéid, a rochtain éasca, a leibhéil na bpraghsanna agus an treochlár soiléir d'fheithiclí leictreacha, mar a mhínítear sna haithrisí seo a leanas (1120) go (1123).

(1120) A mhéid a bhaineann le méid mhargadh an Aontais, cláraíodh 1 538 621 feithicil cheallra-leictreach ar mhargadh an Aontais in 2023, arb ionann é agus 14,6 % den ghluaisteán paisinéirí cláraithe iomlán ([450]). Os a choinne sin, léirítear sa tábla thíos méid an mhargaidh d'fheithiclí ceallra-leictreacha i bpríomhthíortha eile agus cion na bhfeithiclí ceallra-leictreacha sna gluaisteáin paisinéirí chláraithe iomlána.

([435]) https://www.ft.com/content/efb4ceb4-6d46-4c2f-abf6-142b3bc5c3b6
([436]) https://finance.sina.com.cn/money/future/indu/2024-02-27/doc-inakmrzp1176024.shtml
([437]) https://chinapower.csis.org/analysis/china-construct-ro-ro-vessels-military-implications/#:~:text=In%202022%2C%20China%27s%20top%20electric,their%20own%20ships%20as%20well
([438]) http://en.people.cn/n3/2023/0721/c98649-20047617.html
([439]) https://chinapower.csis.org/analysis/china-construct-ro-ro-vessels-military-implications/#easy-footnote-bottom-2-9460
([440]) https://www.seatrade-maritime.com/shipyards/anji-building-seven-car-carriers-jinling-and-jiangnan-shipyards
([441]) https://www.marineinsight.com/shipping-news/chinas-byd-launches-first-chartered-car-carrier-to-ramp-up-exports/
([442]) https://www.bnnbloomberg.ca/byd-s-first-chartered-cargo-ship-for-evs-sets-sail-for-europe-1.2020585
([443]) https://www.carscoops.com/2024/01/the-first-chinese-built-ship-designed-to-export-cars-is-europe-bound-with-7000-byd-vehicles-aboard/
([444]) https://www.reuters.com/business/autos-transportation/byds-first-chartered-vessel-sets-sail-with-5000-evs-europe-xinhua-2024-01-16/
([445]) https://www.reuters.com/business/autos-transportation/byds-first-chartered-vessel-sets-sail-with-5000-evs-europe-xinhua-2024-01-16/
([446]) https://chinapower.csis.org/analysis/china-construct-ro-ro-vessels-military-implications/#easy-footnote-bottom-2-9460
([447]) https://www.saicmotor.com/english/latest_news/saic_motor/58994.shtml
([448]) https://chinapower.csis.org/analysis/china-construct-ro-ro-vessels-military-implications/#easy-footnote-bottom-2-9460
([449]) https://www.seatrade-maritime.com/shipyards/chery-shipyard-venture-build-its-own-car-carriers
([450]) https://www.acea.auto/files/Press_release_car_registrations_full_year_2023.pdf

Tábla 11

Margadh feithiclí ceallra-leictreacha i dtíortha nach de chuid an Aontais iad

Tír	Margadh feithiclí ceallra-leictreacha 2023	% i líon iomlán na ngluaisteán paisinéirí cláraithe
Stáit Aontaithe Mheiriceá	1 118 286	7,2 %
An Ríocht Aontaithe	314 684	16,5 %
an Chóiré Theas	156 767	9,0 %
an Iorua	104 589	82,4 %
an Astráil	87 217	7,25 %
An India	82 336	1,6 %
an Tuirc	64 515	6,7 %
an Eilvéis	52 728	20,9 %
an tSeapáin	43 991	1,7 %
an Bhrasaíl	19 309	0,9 %
an Indinéis	17 062	2,2 %

Foinse: PwC - Strategy&, 'Electric Vehicle Sales Review Q4-2023' ([451])

(1121) Maidir le rochtain ar mhargadh an Aontais, is é 10 % dleacht chustaim an Aontais (dleacht an náisiúin barrfhabhair – dleacht NBF). Os a choinne sin, tá aon mhargadh ábhartha eile faoi réir bacainní arda allmhairiúcháin ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín. Go háirithe, maidir le margadh na Stát Aontaithe atá níos lú ná margadh an Aontais ach ina mhargadh mór agus breis agus 1 mhilliún feithicil cheallra-leictreach a cláraíodh in 2023, tá sé faoi chosaint faoi láthair ag dleacht iomlán 27,5 % (dleacht NBF 2,5 % agus dleacht 25 % 'Roinn 301 ([452])') is infheidhme maidir le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín le tograí a foilsíodh i mí na Bealtaine 2024 chun dleacht Roinn 301 a mhéadú go 100 % ó mhí Lúnasa 2024 ar aghaidh ([453]). Thairis sin, thug an Tuirc ráta taraife breise 40 % isteach ar allmhairí feithiclí leictreacha ón tSín ([454]) sa bhreis ar dhleacht NBF 40 %, agus tá cáin allmhairiúcháin 70 % ag an India ar fheithiclí leictreacha ar phraghas USD 40 000 nó níos lú ([455]), agus 100 % ar na feithiclí sin ar phraghas os cionn USD 40 000 ([456]). I mí Eanáir 2024, thug an Bhrasaíl cáin 10 % isteach arís ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha, rud a mhéadóidh go 18 % i mí Iúil 2024 agus go 35 % faoi mhí Iúil 2026 ([457]). Fágann sé sin gurb é margadh an Aontais an t-aon mhargadh gluaisteán mór, saibhir agus aibí atá oscailte d'allmhairí na Síne.

([451]) https://www.strategyand.pwc.com/de/en/industries/automotive/electric-vehicle-sales-review-2023-q4.html#:~:text=In%20Q4%202023%20BEV%20sales,increase%20from%20the%20previous%20year

([452]) https://crsreports.congress.gov/product/pdf/IF/IF11346#:%7E:text=Section%20301%20divides%20such%20actions,burdens%20or%20restricts%E2%80%9D%20U.S.%20commerce, https://ustr.gov/about-us/policy-offices/press-office/press-releases/2024/may/us-trade-representative-katherine-tai-take-further-action-china-tariffs-after-releasing-statutory.

([453]) https://ustr.gov/about-us/policy-offices/press-office/press-releases/2024/may/us-trade-representative-katherine-tai-take-further-action-china-tariffs-after-releasing-statutory, https://ustr.gov/about-us/policy-offices/press-office/press-releases/2024/may/ustr-issues-federal-register-notice-section-301-proposed-tariff-modifications-and-machinery, https://ustr.gov/sites/default/files/USTR%20FRN%20Four%20Year%20Review%20Proposed%20Modifications%205.22.pdf.

([454]) https://www.reuters.com/business/autos-transportation/turkey-imposes-40-additional-tariff-electric-vehicles-imports-china-2023-03-03/

([455]) https://www.financialexpress.com/business/express-mobility-budget-2023-imported-evs-further-out-of-reach-as-custom-duty-hiked-to-70-2968326/

([456]) https://www.businesstoday.in/technology/news/story/tesla-in-india-soon-govt-close-to-finalising-tax-breaks-for-foreign-ev-makers-report-417772-2024-02-16

([457]) https://www.reuters.com/business/autos-transportation/brazil-imports-chinese-electric-vehicles-surge-ahead-new-tariff-2024-04-05/

(1122) I dtéarmaí praghsanna, a mhéid a bhaineann leis na cineálacha céanna táirgí, tá praghsanna feithiclí ceallra-leictreacha ar mhargadh an Aontais i bhfad níos airde ná praghsanna feithiclí ceallra-leictreacha ar mhargadh na Síne agus dá bhrí sin tugann siad deis do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne brabúis níos airde a bhaint amach. Mar shampla, ó mhí an Mhárta 2024, bhí praghas miondíola tosaigh EUR 15 358 (CNY 119 800) ag BYD Atto 3 sa tSín, ceann de na gluaisteáin Shíneacha is mó díol, agus sa Ghearmáin, arb é a phríomh-mhargadh onnmhairiúcháin Eorpach é, bhí a phraghas miondíola tosaigh níos mó ná dhá oiread an mhéid sin, ag EUR 31 924 (EUR 37 990 le CBL ([458])) ([459]). Ar an gcaoi chéanna, ó mhí an Mhárta 2024 freisin, tairgeadh Polestar 4 nua de chuid Geely sa tSín le praghas tosaigh EUR 38 331 (CNY 299 000) roimh lascainí, agus sa Ghearmáin bhí praghas tosaigh EUR 53 109 (EUR 63 200 le CBL) aige ([460]). Ina theannta sin, tá praghsanna sa tSín ag laghdú mar a léiríodh le samplaí le déanaí inar tháinig laghdú níos mó ná USD 4 500 ar phraghas Model 3 Tesla sa tSín ó mhí Eanáir agus inar ísligh NIO a phraghsanna faoi USD 4 200 i mí an Mheithimh ([461]). I mí an Mhárta 2024 ghearr BYD praghas a shamhla is saoire, an Seagull, faoi 5 % freisin. In 2023 ghearr BYD praghas Yuan Plus (a ghluaisteán is mó díol ar a dtugtar Atto 3 san Aontas) faoi 12 % ar mhargadh na Síne ([462]). Leis an laghdú sin ar phraghsanna sa tSín, tugtar dreasacht bhreise do chuideachtaí a n-onnmhairí a fheabhsú agus a gcosa a chur fúthu i margaí nua ina bhfuil leibhéil praghais níos airde ar nós mhargadh an Aontais.

(1123) Maidir leis an treochlár soiléir le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha san Aontas, i gcodarsnacht le margaí tíortha eile nach de chuid an Aontais iad, tá sprioc an-ard leagtha síos ag an Aontas maidir le líon na gclárúchán feithiclí ceallra-leictreacha. Dá bhrí sin, faoi 2035, ba cheart gur feithiclí astaíochtaí nialasacha a bheadh i 100 % de na gluaisteáin nuachláraithe san Aontas (breis agus 9 milliún gluaisteán), go háirithe feithiclí ceallra-leictreacha nuair is sprioc 50 % atá leagtha síos sna Stáit Aontaithe.

(1124) Mar a mhínítear in aithrisí (1141) agus (1142), tá ró-acmhainneacht ag an tSín cheana maidir le feithiclí nuafhuinnimh (feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe) a úsáidfear den chuid is mó le haghaidh onnmhairí chuig margadh an Aontais, bunaithe ar a tharraingteacht i gcomparáid le margaí eile tríú tíortha.

(1125) Thairis sin, le linn an imscrúdaithe bhí 14 tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha ar a laghad ar mhargadh an Aontais ar nós Aiways, BYD, Chery, Dongfeng (le brandaí Dongfeng agus Voyah), Geely ([463]) (le brandaí Polestar, Zeeker agus Lotus), Great Wall Motors (le branda Ora), Hongqi, JAC (le brandaí JAC agus DR), SAIC (le brandaí MG agus Maxus), NIO, Ora, Seres, Skywell, agus Zhidou ([464]). Tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin de chuid na Síne le chéile ó 1,9 % in 2020 go 7,3 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar a mhínítear i dTábla 12.

(1126) Tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, d'fhógair líon mór táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne go bhfuil sé beartaithe acu roinnt samhlacha nua d'fheithiclí ceallra-leictreacha a sheoladh ar mhargadh an Aontais, chomh maith lena láithreacht ar mhargadh an Aontais a leathnú trí dhul isteach i margaí níos mó Ballstát de chuid an Aontais sa ghearrthéarma. Léiríonn na fógraí sin go soiléir an spéis atá ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i margadh an Aontais. Mar shampla, tá sé beartaithe ag ([465]) Xpeng Inc, atá i láthair san Ísiltír cheana féin, dul isteach i margaí na Gearmáine agus na Fraince i 2024 ([466]). Tá sé beartaithe ag an mbranda sóchais de chuid Dongfeng, Voyah, atá i láthair san Fhionlainn cheana féin dul isteach i margaí na Spáinne agus na Portaingéile in 2024 agus b'fhéidir i margaí na Gearmáine, na Fraince agus na hIodáile freisin ([467]). Tá sé beartaithe ag Great Wall Motor a láithreacht san Aontas a leathnú chuig seacht dtír bhreise seachas an Ghearmáin, mar shampla an Iodáil, an Spáinn, an Phortaingéil, an Ísiltír, an Bheilg, Lucsamburg agus an Ostair ([468]). Thosaigh Zeekr, branda préimhe de chuid Geely, ag díol an bhranda Zeekr 001 san Ísiltír ó dheireadh 2023 ([469]).

([458]) Cáin bhreisluacha.
([459]) https://carnewschina.com/2024/03/04/2024-byd-yuan-plus-launched-2200-usd-cheaper-than-before/ and https://bydeurope.com/article/436.
([460]) https://cnevpost.com/2024/03/07/polestar-cuts-polestar-4-price-in-china-2/ and https://media.polestar.com/global/en/media/pressreleases/677832.
([461]) https://www.cnbc.com/2023/06/12/nio-cuts-prices-for-its-cars-and-delays-business-expansion-plans.html
([462]) https://www.reuters.com/business/autos-transportation/chinas-byd-lowers-starting-price-its-lowest-priced-ev-model-seagull-by-54-2024-03-06/
([463]) Níor allmhairíodh branda Volvo de chuid Geely ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
([464]) Ní liosta uileghabhálach é.
([465]) Ní liosta uileghabhálach é liosta na samplaí.
([466]) https://www.reuters.com/business/autos-transportation/xpeng-says-it-plans-expand-into-more-european-markets-next-year-2023-09-04/
([467]) https://www.electrive.com/2024/02/05/voyah-plans-to-enter-core-european-markets-in-2024/
([468]) https://cnevpost.com/2023/11/27/great-wall-to-enter-more-european-countries-report/
([469]) https://cnevpost.com/2023/12/11/zeekr-begins-deliveries-europe/

(1127) Ina theannta sin, sheol BYD a séú samhail d'fheithicil cheallra-leictreach ar mhargadh an Aontais, Seal U, i dteannta Atto 3, an Dolphin, an Seal, an Han, an Tang ([470]). Tá sé beartaithe ag MG freisin samhail IM L6 a sheoladh san Aontas in 2025 ([471]). Tá sé beartaithe ag NIO a fho-bhranda níos saoire faoin gcódainm Firefly a sheoladh san Eoraip in 2025 ([472]). D'fhógair branda HiPhi ón déantóir feithiclí leictreacha préimhe na Síne, Human Horizons, praghsáil Eorpach a samhlacha agus thosaigh sé ag glacadh le réamhorduithe in 2023 ag a bhfuil praghsanna níos mó ná EUR 100 000 sa Ghearmáin ([473]). Anuas air sin, dúirt BYD go raibh sé beartaithe aige a sciar den mhargadh ar mhargadh an Aontais a mhéadú go mór ó 1.1 % faoi láthair go 5 % faoi 2025 ([474]).

(1128) Thairis sin, measann Transport & Environment ([475]) go sroichfidh sciar margaidh na mbrandaí Síneacha agus na mbrandaí Eorpacha a cheannaigh cuideachtaí Síneacha sciar 11 % in 2024, 14 % in 2025 agus 20 % faoi 2027 ([476]).

(1129) Mar fhocal scoir, i bhfianaise bheartas Rialtas na Síne táirgeoirí na Síne a spreagadh chun feithiclí ceallra-leictreacha a onnmhairiú, ard-tarraingteacht mhargadh an Aontais, an ró-acmhainneacht ollmhór sa tSín agus acmhainneachtaí breise atá an-ard, chomh maith leis an bhfíoras go bhfuil méadú mór tagtha ar mhéid na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a allmhairítear ó Dhaon-Phoblacht na Síne ó 2020 i leith, léiríonn sé gur dócha go leanfaidh allmhairí den sórt sin de bheith ag méadú go mór ag tosú sa ghearrthéarma agus ag leanúint ar aghaidh sna blianta ina dhiaidh sin. Tiocfaidh an méadú sin den chuid is mó ó bhrandaí dúchasacha na Síne agus ó bhrandaí Eorpacha a cheannaigh cuideachtaí Síneacha chun aimhleasa thionscal an Aontais, tionscal ar dócha go leanfaidh sé dá sciar den mhargadh a chailleadh.

An éabhlóid is dócha a thiocfaidh ar sciartha den mhargadh ag allmhairí Síneacha ar mhargadh an Aontais

(1130) D'éiligh CCCME gur cheart measúnú a dhéanamh ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha uile ón tSín agus go háirithe ar fhéin-allmhairí an tionscail feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar mhéid allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus ar an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú ar allmhairí den sórt sin amach anseo.

(1131) Tá gach allmhairiú fóirdheonaithe d'fheithiclí ceallra-leictreacha de thionscnamh na Síne faoi réir an imscrúdaithe reatha, beag beann ar úinéireacht cuideachta ar leith. Mar fhreagairt ar an maíomh, bhris an Coimisiún síos na hallmhairí uile ón tSín ina n-allmhairí a rinneadh ó onnmhaireoirí Síneacha a bhain le OEManna feithiclí innill dócháin inmheánaigh de chuid an Aontais (Renault, BMW agus Mercedes-Benz) atá ag aistriú chun feithiclí ceallra-leictreacha a tháirgeadh ar mhargadh an Aontais, allmhairí ó Tesla, agus allmhairí ó allmhairí uile Síneacha eile ar nós brandaí Eorpacha a bhfuair cuideachtaí Síneacha iad san am a chuaigh thart (Polestar agus MG), OEManna innill dócháin inmheánaigh na Síne (BYD, Chery, Dongfeng etc.), agus gnólachtaí nuathionscanta feithiclí leictreacha na Síne (NIO, Xpeng etc.).

(1132) Tháinig forbairt ar an sciar den mhargadh d'allmhairí táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha a bhaineann le tionscal an Aontais agus allmhairí uile eile na Síne, bunaithe ar chlárúchán, mar a leanas:

Tábla 12a

Miondealú ar an sciar den mhargadh atá ag allmhairí Síneacha

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Sciar den mhargadh d'allmhairí táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha a bhaineann le OEManna innill dócháin inmheánaigh an Aontais atá ag aistriú chuig táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha	0,3 %	4,4 %	5,5 %	[4,7 – 5,7]% ([1])
Tesla	1,2 %	8,2 %	11,1 %	[9,8 – 10,8] %

([470]) https://www.carmagazine.co.uk/car-news/first-official-pictures/byd/seal-u/?itm_source=Bibblio&itm_campaign=Bibblio-related&itm_medium=Bibblio-footer-1
([471]) https://www.carmagazine.co.uk/car-news/first-official-pictures/mg/im-concept/
([472]) https://cnevpost.com/2023/12/15/nio-to-launch-firefly-brand-europe-2024/
([473]) https://cnevpost.com/2023/06/20/hiphi-accepting-pre-orders-hiphi-x-z-europe/
([474]) https://www.autonews.com/china/how-byd-aims-become-top-ev-player-europe
([475]) Grúpa saineolaithe i mbun feachtais ar son iompar glan inbhuanaithe do chách.
([476]) https://www.transportenvironment.org/wp-content/uploads/2024/03/TE-EV-tariffs-paper.pdf

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Sciar den mhargadh na n-allmhairí Síneacha eile go léir	1,9 %	2,5 %	5,1 %	7,3 %

([1]) Ní thuairiscíonn EEA ná S&P Global Mobility tionscnamh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha. Dá bhrí sin, chun an méid feithiclí ceallra-leictreacha de shamhlacha ghrúpa Tesla a allmhairítear ón tSín a dhifreáil ó na samhlacha a tháirgtear san Aontas, d'úsáid an Coimisiún freagra na n-onnmhaireoirí ar an gceistneoir a chuir Tesla isteach dá iarraidh ar scrúdú aonair mar a mhínítear in aithris (183). Ina theannta sin, níl na sonraí faoi seach don tréimhse imscrúdúcháin ar fáil go poiblí, dá bhrí sin chuir an Coimisiún an fhaisnéis maidir leis an sciar den mhargadh le haghaidh Tesla i láthair de réir raonta. Chun rúndacht na sonraí le haghaidh Tesla a chosaint, bhí ar an gCoimisiún na sonraí faoi seach maidir le hallmhairí táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha a bhaineann le OEManna innill dócháin inmheánaigh an Aontais atá ag aistriú chuig táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha a thuairisciú de réir raonta freisin, mar murach sin d'fhéadfaí sonraí Tesla a ríomh trí asbhaint. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí beachta sa rialachán cinntitheach ar fáil a luaithe a bheidh na sonraí is gá ar fáil go poiblí.

Foinse: EEA agus S&P Global Mobility

(1133) Léirítear sa tábla thuas as na hallmhairí iomlána ón tSín, gur fhan an sciar de mhargadh allmhairí OEManna innill dócháin inmheánaigh an Aontais atá ag aistriú chuig táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, cé gur tháinig méadú orthu idir 2020 agus 2021, réasúnta cobhsaí ó 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin, arb ionann é agus [4,7-5.7] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé faoi bhun an sciar de mhargadh na n-allmhairí Síneacha eile uile, ar tháinig méadú air ó 1.9 % in 2020 go 7.3 % sa tréimhse imscrúdúcháin.

(1134) Shuigh an Coimisiún freisin allmhairí Síneacha ar bhonn ráithiúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léirítear sa tábla thíos.

Tábla 12b

Miondealú ar an sciar den mhargadh atá ag allmhairí Síneacha

	An tréimhse imscrúdúcháin			
	Mí Dheireadh Fómhair - Mí na Nollag 2022	Eanáir - Márta 2023	Aibreán – Meitheamh 2023	Iúil – Meán Fómhair 2023
Sciar den mhargadh d'allmhairí táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha a bhaineann le OEManna innill dócháin inmheánaigh an Aontais atá ag aistriú chuig táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha	[4,2 – 5,8]%	[4,3 – 5,9]%	[3,8 – 5,3]%	[5,6 – 6,8]%
Tesla	[10,6 – 12,2]%	[12,8 – 14,4]%	[8,9 – 10,4]%	[6,6 – 7,8]%
Sciar den mhargadh na n-allmhairí Síneacha eile go léir	6,8 %	5,6 %	7,8 %	8,8 %

Foinse: S&P Global Mobility

(1135) Léirítear sa tábla thuas gur tháinig méadú ar an sciar den mhargadh ag na hallmhairí Síneacha eile go léir ar bhonn ráithiúil, i dtrí cinn as na ceithre ráithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ó 6,8 % sa chéad ráithe go 8,8 % sa cheathrú ráithe agus gur sháraigh sé an sciar den mhargadh d'allmhairí arna ndéanamh ag OEManna innill dócháin inmheánaigh an Aontais atá ag aistriú chuig táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, arbh ionann é agus [5,6 – 6,8] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(1136) Murab ionann agus an líon ard fógraí a rinne táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne mar a mhínítear in aithrisí (1126) agus (1127), níor fhógair OEManna inneall dócháin inmheánaigh an Aontais atá ag aistriú chuig táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha aon mhórphlean feithiclí ceallra-leictreacha a allmhairiú ón tSín. Tá samhail nó branda feithicle ceallra-leictrí amháin ag an gcuid is mó díobh a allmhairítear ón tSín i méideanna i bhfad níos ísle i gcomparáid lena dtáirgeadh san Aontas. Mar shampla, d'fhógair BMW go scoirfí dá shamhail feithicle ceallra-

leictrí iX3 a allmhairíodh ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú a allmhairiú ón tSín ó 2025 ([477]). Tá sé i gceist ag grúpa BMW an branda MINI Cooper ([478]), grúpa Mercedes-Benz an branda Smart, grúpa Volkswagen an branda Cupra agus grúpa Renault an tsamhail Dacia Spring a allmhairiú ón tSín. Tá an sciar den mhargadh atá ag na hallmhairí sin réasúnta cobhsaí ó 2021 i leith agus ní shíltear go dtiocfaidh méadú mór air sa ghearrthéarma agus go luath amach anseo.

(1137) Ina theannta sin, ní shíltear go dtiocfaidh méadú mór ar allmhairí Tesla ón tSín toisc go bhfuil cumas táirgthe breise Tesla an-íseal, más ann dó. De réir faisnéise poiblí, tá sé beartaithe ag Tesla a chumas táirgthe sa tSín a mhéadú. Is cosúil nach bhfuair Tesla na ceaduithe rialála is gá go fóill, áfach, agus níl sé soiléir an bhfaighidh sé iad ([479]).

(1138) Léiríonn an méid thuas, dá bhrí sin, gur dócha go dtiocfaidh méadú ar sciartha den mhargadh ó bhrandaí Síneacha den chuid is mó sa todhchaí intuartha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.4. Acmhainneacht leordhóthanach agus acmhainneacht ionsúcháin atá indiúscartha go héasca i margaí tíortha nach de chuid an Aontais iad

(1139) Níor sholáthair Rialtas na Síne liosta de na monaróirí feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín. Dá bhrí sin, bhí ar an gCoimisiún dul i muinín faisnéise a bhí ar fáil go poiblí ina leith sin. Dá bhrí sin, de réir Bloomberg, in 2023 bhí thart ar 100 monaróir gluaisteán leictreach Síneach sa tSín, síos ó thart ar 500 in 2019 ([480]).

(a) *Acmhainneacht agus acmhainneacht bhreise sa tSín*

(1140) Mar a mhínítear in aithris (49), tháinig 21 ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín chun tosaigh san imscrúdú trí fhreagra sampláilte a chur isteach. Bunaithe ar na freagraí sin, mar a léiríodh i dTábla 13, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí acmhainneacht mhéadaitheach agus acmhainneacht bhreise ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin de chuid na Síne. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, shroich a n-acmhainneacht bhreise beagnach 2.3 milliún feithicil cheallra-leictreach, arb ionann é agus 1.5 oiread thomhaltas iarbhír iomlán d'fheithiclí ceallra-leictreacha san Aontas le linn na tréimhse céanna arb ionann an méid sin agus 1 519 082 píosa mar a léirítear i dTábla 1.

Tábla 13

Táirgeacht agus acmhainneacht tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne

Aonaid	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Táirgeadh	504 068	1 610 665	3 274 332	3 991 030
Innéacs	*100*	*320*	*650*	*792*
Acmhainneacht	2 179 815	3 153 783	4 945 495	6 278 576
Innéacs	*100*	*145*	*227*	*288*
Acmhainneacht Bhreise	1 675 747	1 543 118	1 671 163	2 287 546
Innéacs	*100*	*92*	*100*	*137*
Ráta úsáide acmhainneachta	23 %	51 %	66 %	64 %
Innéacs	*100*	*221*	*286*	*275*

Foinse: Freagraí sampláilte ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha

([477]) https://www.bmwblog.com/2024/03/25/bmw-thinks-impact-chinese-imports-europe-exaggerated/
([478]) https://carnewschina.com/2023/10/14/made-in-china-mass-produced-electric-mini-cooper-rolled-off-assembly-line-market-entry-in-2024/
([479]) https://www.reuters.com/business/autos-transportation/teslas-china-made-ev-sales-jump-687-yy-december-2024-01-03/#:~:text=Tesla's%20ambitious%20plans%20to%20expand,the%20Reuters%20Auto%20File%20newsletter
([480]) https://www.bloomberg.com/features/2023-china-ev-graveyards/#:~:text=There%20are%20now%20around%20100,from%20roughly%20500%20in%202019

(1141) Tá na sonraí maidir le táirgeacht, acmhainneacht agus acmhainneacht bhreise bunaithe ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhiomlán, áfach. Léiríonn an fhaisnéis a d'fhoilsigh Comhlachas Mhonaróirí Gluaisteán na Síne ('CAAM') go raibh táirgeadh iomlán feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín cothrom le 5,8 milliún mar a luaitear in aithris (1144). Dá bhrí sin, ag glacadh leis go raibh an ráta úsáide acmhainneachta céanna ag táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne nár tháinig chun cinn san imscrúdú agus a bhí ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a tháinig chun cinn, bhí acmhainneacht iomlán feithiclí ceallra-leictreacha 9,18 milliún aonad sa tSín agus acmhainneacht bhreise 3,34 milliún feithicil cheallra-leictreach ann, atá 2,2 oiread thomhaltas feithiclí ceallra-leictreacha san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(1142) Ina theannta sin, ós rud é gur féidir le monaróir gluaisteán gluaisteáin innill dócháin inmheánaigh agus feithiclí ceallra-leictreacha araon a tháirgeadh ar na línte táirgeachta céanna, bhreathnaigh an Coimisiún freisin ar an acmhainneacht táirgeachta iomlán do ghluaisteáin paisinéirí sa tSín bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí. Dá bhrí sin, in alt a d'fhoilsigh China Daily, luaitear, de réir Chumann Gluaisteán Paisinéirí na Síne, gurbh é 40,89 milliún aonad an acmhainneacht táirgeachta sa tSín d'fheithiclí nuafhuinnimh agus do ghluaisteáin phaisinéirí innill dócháin inmheánaigh in 2021 ([481]). Ina theannta sin, luaigh an ghníomhaireacht phreasa Reuters in alt go raibh, de réir Chumann Gluaisteán Paisinéirí na Síne, an acmhainneacht táirgeachta iomlán d'fheithiclí paisinéirí (feithiclí nuafhuinnimh agus gluaisteáin innill dócháin inmheánaigh), cothrom le 43 mhilliún ag deireadh 2022 agus ráta úsáide gléasra 54,5 % ann ([482]). Dá bhrí sin, ba é 23,4 milliún aonad an acmhainneacht bhreise d'fheithiclí paisinéirí sa tSín. Is féidir an acmhainneacht bhreise sin a úsáid chun feithiclí ceallra-leictreacha a mhonarú do mhargadh an Aontais.

(1143) Thairis sin, tuairiscíodh freisin go bhfuil Rialtas na Síne ar an eolas faoin ró-acmhainneacht le haghaidh feithiclí paisinéirí agus gur chuir sé córas ceadúnúcháin níos déine chun feidhme le haghaidh ceaduithe rialála a mbíonn tionchar acu ar chuideachtaí as táirgeadh nua feithiclí leictreacha a bhunú sa tSín ([483]). Mar sin féin, tá táirgeoirí nua feithiclí ceallra-leictreacha fós á gcur ar bun sa tSín mar atá déantóir leictreonaicí cliste do thomhaltóirí ón tSín, Xiaomi ([484]).

(b) *Táirgeadh sa tSín*

(1144) De réir CAAM ([485]), tá méadú mór ag teacht ar tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín. Dá réir sin, mar a léirítear i dTábla 14, sa tréimhse imscrúdúcháin táirgeadh 5 836 000 feithicil cheallra-leictreach sa tSín, méadú 489 % i gcomparáid le 2020 nuair a táirgeadh 991 000 feithicil cheallra-leictreach.

Tábla 14

Táirgeacht iomlán feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín

aonaid	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín	991 000	2 761 000	5 132 000	5 836 000
Innéacs	*100*	*279*	*518*	*589*

Foinse: CAAM

(c) *Éileamh sa tSín*

(1145) In 2023 bhí díolacháin iomlána na ngluaisteán paisinéirí sa tSín cothrom le 26,06 milliún aonad ([486]). Le haghaidh 2024, meastar go dtiocfaidh méadú 3,1 % go 26,8 milliún aonad ar dhíolacháin feithiclí paisinéirí i gcomparáid le 2023 ([487]).

([481]) http://epaper.chinadaily.com.cn/a/202303/29/WS64238227a310777689887b55.html
([482]) https://www.reuters.com/business/autos-transportation/chinas-auto-workers-bear-brunt-price-war-fallout-widens-2023-09-05/
([483]) https://www.ft.com/content/29d20e6c-29d0-4603-abeb-caf55f5dd9c3
([484]) https://edition.cnn.com/2024/03/28/business/chinas-xiaomi-ev-launch-intl-hnk/index.html
([485]) http://en.caam.org.cn/Index/show/catid/65/id/2030.html
([486]) http://en.caam.org.cn/Index/show/catid/64/id/2015.html
([487]) https://auto.economictimes.indiatimes.com/news/passenger-vehicle/china-car-sales-expected-to-rise-3-in-2024-industry-association/105951270?utm_source=top_news&utm_medium=tagListing

(1146) In 2023 ba é 9,49 milliún líon iomlán na ndíolachán d'fheithiclí nuafhuinnimh sa tSín (feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe) le haghaidh paisinéirí ([488]). Meastar go dtiocfaidh méadú 20 % ar dhíolacháin feithiclí nuafhuinnimh in 2024 i gcomparáid le 2023 ([489]), agus ar an gcaoi sin go sroichfidh siad 11,4 milliún aonad.

(1147) Níos mó ná 5 mhilliún feithicil cheallra-leictreach a bhí sna díolacháin (clárúcháin) sa tréimhse imscrúdúcháin mar a mhínítear sa tábla thíos. Thairis sin, bunaithe ar CAAM díoladh thart ar 87 % de na feithiclí ceallra-leictreacha a táirgeadh sa tSín agus cláraíodh iad ann chomh maith.

Tábla 15

Éileamh iomlán sa tSín

aonaid	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Clárúcháin feithiclí ceallra-leictreacha sa tSín	931 000	2 734 000	4 350 000	5 092 500
Innéacs	*100*	*294*	*467*	*547*

Foinse: *https://www.iea.org/reports/global-ev-outlook-2022/trends-in-electric-light-duty-vehicles agus InsideEVs, 'China Plug-In Car Sales Hit A New 8 Million Record In 2023'* ([490])

(1148) Is é atá i gceist le méadú 20 % in 2024 ar mhargadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha sa tSín 6.1 milliún feithicil cheallra-leictreach, i gcomparáid le hacmhainneacht níos mó ná 9 milliún feithicil cheallra-leictreach. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach mbeadh an margadh intíre sa tSín in ann a acmhainneacht bhreise mhór a ghlacadh.

(d) *Onnmhairí na Síne agus infhaighteacht margaí onnmhairí eile*

(1149) Bunaithe ar staitisticí custaim oifigiúla ó údaráis na Síne, le linn na tréimhse imscrúdúcháin d'onnmhairigh an tSín 1 471 136 feithicil cheallra-leictreach (arb ionann é agus méadú 659 % i gcomparáid le 2020), as ar onnmhairíodh 486 550 feithicil cheallra-leictreach chuig an Aontas, méadú 1 343 % i gcomparáid le 2020.

Tábla 16

Onnmhairí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Onnmhairí iomlána na Síne	193 916	499 993	945 337	1 471 136
Innéacs	*100*	*258*	*487*	*759*
Onnmhairí na Síne chuig an Aontas	33 731	171 822	328 391	486 550
Innéacs	*100*	*509*	*974*	*1 443*
% d'onnmhairí na Síne chuig an Aontas vs iomlán na n-onnmhairí	17,4 %	34,5 %	34,7 %	33,1 %

Foinse: *GTA*

(1150) Léirítear sa tábla thuas gurb é margadh an Aontais an príomhcheann scríbe onnmhairiúcháin do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, arb ionann é agus 33.1 % d'onnmhairí iomlána na Síne d'fheithiclí ceallra-leictreacha. Is cinn scríbe eile iad an Ríocht Aontaithe (10 % d'onnmhairí iomlána na Síne) an Téalainn (9 % d'onnmhairí iomlána na Síne), na hOileáin Fhilipíneacha (7 % d'onnmhairí iomlána na Síne), agus an Astráil (6 % d'onnmhairí iomlána na Síne).

([488]) http://en.caam.org.cn/Index/show/catid/66/id/2039.html
([489]) https://auto.economictimes.indiatimes.com/news/passenger-vehicle/china-car-sales-expected-to-rise-3-in-2024-industry-association/105951270?utm_source=top_news&utm_medium=tagListing
([490]) https://insideevs.com/news/707264/china-plugin-car-sales-2023/#:~:text=Plug%2Din%20car%20registrations%20in%202023%20(YOY%20change)%3A,%25)%20and%2037%25%20market%20share

(1151) Tháinig méadú ar chion na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a onnmhairíodh chuig an Aontas in onnmhairí iomlána na Síne ó 17,4 % in 2020 go 33,1 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur tháinig méadú níos mó ná 6 huaire ar onnmhairí iomlána na Síne d'fheithiclí ceallra-leictreacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú i bhfad níos géire ar na honnmhairí chuig an Aontas, is é sin 10 n-uaire níos mó le linn na tréimhse céanna.

(1152) Thairis sin, mar a léirítear in aithris (1120) agus i dTábla 11, is iad margaí na Stát Aontaithe agus an Aontais na margaí is mó do ghluaisteáin paisinéirí i ndiaidh na Síne agus tá margadh na Stát Aontaithe cosanta ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha le dleachtanna arda allmhairiúcháin mar a mhínítear in aithris (1121). Is margaí measartha beag iad margaí eile mar shampla an Ríocht Aontaithe, an tSeapáin, an Chóiré i gcomparáid le margadh an Aontais mar a léirítear i dTábla 11 agus dá bhrí sin tá acmhainneacht ionsúcháin mhargadh na dtíortha sin nach de chuid an Aontais iad teoranta. Ar deireadh, tá bacainní trádála i bhfeidhm i margaí eile tríú tíortha, amhail na Stáit Aontaithe agus an Tuirc in aghaidh allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín mar a mhínítear in aithris (1121).

(e) *Conclúid*

(1153) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go leanfar de mhéideanna móra d'acmhainneacht táirgeachta iomarcach feithiclí ceallra-leictreacha atá ann cheana a chur i dtreo mhargadh an Aontais sna míonna agus sna blianta amach romhainn. Léiríonn na ró-acmhainneachtaí atá ann faoi láthair agus acmhainneacht ionsúcháin neamhleor na margaí tíortha nach de chuid an Aontais iad nó an mhargaidh intíre sa tSín an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú mór breise ar onnmhairí fóirdheonaithe na Síne chuig an Aontas.

5.5. **Leibhéal praghais na n-allmhairí fóirdheonaithe**

(1154) Allmhairíodh na feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín a tháinig isteach i margadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar phraghsanna a bhí i bhfad ní b'ísle ná na praghsanna a ghearr tionscal an Aontais. Mar a mhínítear in aithris (1029), shuigh an Coimisiún meánchorrlaigh shladghearrtha ualaithe 12.7 % don tréimhse imscrúdúcháin bunaithe ar anailís cineál ar chineál ar an leibhéal céanna trádála. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (1033) bhí praghas díola na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne 30 % ní b'ísle ná meánchostas ualaithe táirgthe thionscal an Aontais.

(1155) Agus aird á tabhairt ar an gcineál margaidh é margadh an Aontais, ós rud é go bhfuil sé an-trédhearcach agus íogair ó thaobh praghsanna de, is dócha go rachaidh leibhéal praghsanna na n-allmhairí fóirdheonaithe, i méideanna atá ag dul i méid, isteach i margadh an Aontais tuilleadh agus go leanfaidh sé de bhrú suntasach praghsanna a chur ar tháirgeoirí de chuid an Aontais tráth a bhfuil tionscal an Aontais an-leochaileach toisc go bhfuil an margadh ag aistriú ó tháirgeadh feithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha.

(1156) Thairis sin, shuigh an Coimisiún gur ann do shochtadh praghsanna. Go deimhin, bhí tionscal an Aontais ag díol faoi bhun an chostais táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar gheall ar an mbrú mór ar praghsanna de bharr na n-allmhairí fóirdheonaithe ar phraghas íseal ó Dhaon-Phoblacht na Síne, cuireadh cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna díola a ardú chun staid bhrabúsach a bhaint amach, agus bhí caillteanas mar thoradh air.

5.6. **An leibhéal fardal**

(1157) Tugtar tuairisc mhionsonraithe in aithris (1017) ar leibhéal fardal na tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne, ina léirítear go raibh stoic mhóra feithiclí ceallra-leictreacha san Aontas ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin (4.3 % de thomhaltas ar mhargadh an Aontais (clárúcháin) le linn na tréimhse imscrúdúcháin nó thart ar 19 % de líon na gclárúchán tar éis allmhairiú ón tSín). Is léir go bhfuil cainníochtaí móra den sórt sin d'fheithiclí ceallra-leictreacha, atá ar fáil go héasca, beartaithe go príomha lena ndíol ar mhargadh an Aontais.

(1158) Thairis sin, tuairiscíodh sa phreas tuairiscí faoi phlódú feithiclí ceallra-leictreacha a allmhairítear ón tSín agus a stóráiltear i gcalafoirt an Aontais, mar gheall ar dheacrachtaí lóistíochta san iompar ar aghaidh ([491]). Thairis sin, tuairiscíodh stoic mhór d'fheithiclí ceallra-leictreacha Síneacha ó SAIC, BYD, Nio, XPeng, Lynk & Co, Omoda, agus Hongqi (130 000 feithicil cheallra-leictreach) i mí na Bealtaine 2024 i gcalafoirt na Beilge ([492]).

([491]) Alim, A. N., Wright, R., Campbell, P. agus Li, G., '*European ports turned into "car parks" as vehicle imports pile up*', *Financial Times*, 9 Aibreán 2024, https://on.ft.com/43OrRc7.

([492]) https://www.euronews.com/business/2024/05/15/european-ports-turned-into-car-parks-as-ev-makers-hunt-buyers

(1159) Cuireann infhaighteacht na stoc sin i dtábhacht cineál na bagartha díobhála atá ar tí tarlú do tháirgeoirí de chuid an Aontais.

5.7. **Intuarthacht agus gaire an athraithe ar imthosca**

(1160) Foráiltear le hAirteagal 8(8) den bhun-Rialachán '[...] ní mór go mbeadh an t-athrú ar imthosca a chruthódh cás ina mbeadh an fóirdheontas ina chúis díobhála, intuartha go soiléir agus go mbeadh sé ar tí tarlú.'

(1161) Rinneadh na tosca thuasluaite go léir a anailísiú agus a fhíorú maidir leis an tréimhse imscrúdúcháin.

(1162) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú as cuimse ar mhéid na n-allmhairí Síneacha, níos mó ná cúig uaire i gcomparáid le tús na tréimhse faoi bhreathnú. D'fheidhmigh na hallmhairí sin brú mór ar phraghsanna a léiríodh leis an sladghearradh agus leis an sochtadh praghsanna a aimsíodh. I gcomhthéacs tomhaltas a raibh borradh faoi, bhí tionscal an Aontais ag cailleadh sciartha den mhargadh go leanúnach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus chun aimhleasa na n-allmhairí fóirdheonaithe ón tSín, rud a bhain an pointe ab ísle amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar thoradh air sin, cuireadh bac ar an aistriú forchéimnitheach ó innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha, go háirithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig meath ar bhrabúsacht, toradh ar infheistíocht, agus sreabhadh airgid le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(1163) Má leanann an treocht sin ar aghaidh, ní bheidh tionscal an Aontais in ann a tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha a mhéadú mar is gá faoi aistriú mhargadh an Aontais ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha, agus déanfar díobháil ábhartha dá staid láithreach. Thairis sin, mar a mhínítear in aithrisí (1126) agus (1127), tá acmhainneacht bhreise na Síne le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha ar a laghad 2,2 oiread thomhaltas an Aontais nach féidir a ionsú le héileamh intíre na Síne mar a mhínítear in aithris (1148) nó ag mórmhargaí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne i bhfianaise na mbacainní arda iontrála agus a méid mar a mhínítear in aithrisí (1120) agus (1121). Thairis sin, tugann fianaise le fios go bhfuil sé beartaithe ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a láithreacht sa mhargadh a mhéadú tuilleadh i bpríomhthíortha an Aontais go luath amach anseo, lena n-áirítear trí shamhlacha nua a chur ar an margadh. Ar deireadh, tugann beartas Rialtas na Síne spreagadh do mhéadú breise ar onnmhairí atá ar tí tarlú.

(1164) Léiríonn na fíorais agus na heilimintí thuas go dtiocfaidh méadú breise ar na hallmhairí fóirdheonaithe agus mar thoradh air sin gur rídhócha go ndéanfar díobháil do thionscal an Aontais go luath.

5.8. **Maímh ó pháirtithe**

(1165) Mhaígh Cuideachta 24 go bhfuiltear ag súil go seolfaidh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha níos inacmhainne sna blianta amach anseo agus, dá bhrí sin, cuirfidh láithreacht níos láidre na dtáirgeoirí de chuid an Aontais sna deighleoga praghais is ísle brú anuas ar aon mhéadú a d'fhéadfadh teacht ar an sciar den mhargadh atá ag táirgeoirí Síneacha. Ina theannta sin, mhaígh Cuideachta 24 go gcuideofar leis na táirgeoirí de chuid an Aontais sa phróiseas sin leis an mbuntáiste iomaíoch traidisiúnta atá forbartha ag an tionscal thar roinnt mhaith blianta d'iomaíocht rathúil san Aontas agus i margadh domhanda na bhfeithiclí paisinéirí. Dúirt Cuideachta 24 freisin go raibh tionchar láidir ag tosca ar nós branda agus dílseachta chomh maith le luach athdhíola ar thionscal na bhfeithiclí paisinéirí agus gur bacainní tábhachtacha iad na tosca sin le fada d'iontrálaithe Síneacha i margadh an Aontais agus go leanfaidh siad de bheith amhlaidh amach anseo. D'áitigh Cuideachta 24 freisin, i gcodarsnacht le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, go raibh seasamh láidir ag tionscal an Aontais i margadh an Aontais maidir le líonraí déileálaí agus seirbhísí iardhíola a éascaíonn díolacháin ar mhargadh an Aontais.

(1166) Cé go bhfuil sé beartaithe ag tionscal an Aontais níos mó samhlacha feithiclí ceallra-leictreacha a sheoladh le haghaidh mhargadh an Aontais ar phraghsanna éagsúla, tá coinne ann go ndéanfaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne oiriúnú do na samhlacha nua sin feithiclí ceallra-leictreacha agus go dtairgfidh siad feithiclí ceallra-leictreacha comhchosúla ar phraghsanna níos ísle fós mar a tharla le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar a mhínítear in aithris (1029). Mar a mhínítear in aithris (1037), bhí buntáiste iomaíoch traidisiúnta ag tionscal an Aontais i margadh feithiclí innill dócháin inmheánaigh. Roimhe seo, níor éirigh le táirgeoirí feithiclí innill dócháin inmheánaigh na Síne ar mhargadh an Aontais toisc go raibh na feithiclí innill dócháin inmheánaigh a mhonaraigh na táirgeoirí de chuid an Aontais níos forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de agus ar chaighdeán níos airde ná feithiclí innill dócháin inmheánaigh na Síne, go háirithe maidir le sábháilteacht. Tá an staid maidir le tionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha difriúil, áfach, ós rud é go bhfuil na táirgeoirí de chuid an Aontais fós sna céimeanna luatha chun teicneolaíocht na bhfeithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt, agus sa tSín, cuireadh tús le forbairt na teicneolaíochta sin roinnt blianta ó shin agus idir an dá linn tá dul chun cinn maith déanta aici. Maidir le dílseacht

na gcustaiméirí agus an bhranda, mar a mhínítear in aithris (1037), is sampla soiléir é fás tapa Tesla go bhfuil luach an bhranda atá tógtha ar ghluaisteáin innill dócháin inmheánaigh, nó easpa gluaisteáin innill dócháin inmheánaigh, ábhartha maidir le rath agus cumhacht praghsála i margadh feithiclí ceallra-leictreacha. Go háirithe, i bhfianaise sprioc an Aontais feithiclí ceallra-leictreacha a chur in ionad innill dócháin inmheánaigh faoi 2035 mar a mhínítear in aithris (1222), is rídhócha go n-aistreoidh tomhaltóirí atá sa deighleog láir agus sa deighleog níos ísle go dtí na feithiclí ceallra-leictreacha ar phraghas níos ísle. Maidir leis an déileálaí, tá na Sínigh i mbun próisis chun líonraí déileálaí a thógáil chomh maith le leas a bhaint as díolacháin ar líne a bhfuil sé cruthaithe cheana féin gur straitéis í ar éirigh go maith leis i gcás Tesla. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

5.9. **Conclúid**

(1167) I bhfianaise na hanailíse ar na fíorais agus ar an bhfianaise uile a liostaítear thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil bagairt díobhála ábhartha ann do thionscal an Aontais, bagairt is léir a bheith intuartha agus ar tí tarlú.

(1168) Maidir le staid reatha thionscal an Aontais, áit nach féidir na díolacháin is gá a dhéanamh chun na hinfheistíochtaí arda is gá sa mhargadh aistrithe a aisghabháil, is dócha go ndéanfar an staid sin níos measa fós mar gheall ar allmhairí leanúnacha fóirdheonaithe d'fheithiclí ceallra-leictreacha ó Dhaon-Phoblacht na Síne, allmhairí atá ag méadú de réir a chéile ar ráta nach beag agus ar phraghsanna sladghearrtha agus faoi chois, agus mar gheall go bhfuil Rialtas na Síne ag spriocdhíriú go sonrach ar mhargadh an Aontais ós rud é gurb é margadh an Aontais an t-aon mhórmhargadh oscailte domhanda. Leis an díobháil ábhartha sin ar tí tarlú, cuirfear an méadú ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin feithiclí ceallra-leictreacha thionscal an Aontais i gcomhréir le haistriú mhargadh an Aontais ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha i mbaol a thuilleadh.

(1169) Ina theannta sin, is ríléir an t-athrú ar imthosca as a n-eascródh díobháil den sórt sin atá ar tí tarlú do thionscal an Aontais. Mar a léiríodh in aithrisí (1157) agus (1158), tá cainníochtaí móra stoc feithiclí ceallra-leictreacha atá ar fáil go héasca ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne san Aontas, stoic is léir atá beartaithe lena ndíol ar mhargadh an Aontais. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (1126) agus (1127), d'fhógair líon mór táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne go bhfuil sé beartaithe acu roinnt samhlacha nua d'fheithiclí ceallra-leictreacha a sheoladh ar mhargadh an Aontais, chomh maith lena láithreacht ar mhargadh an Aontais a leathnú trí dhul isteach i margaí níos mó Ballstát den Aontas Eorpach sa ghearrthéarma. Léiríonn na fógraí sin go soiléir an spéis atá ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne i margadh an Aontais. Is rídhócha go mbeidh na heilimintí sin ina gcúis le caillteanais shuntasacha do thionscal an Aontais, in éagmais aon bheart frithchúitimh a ghlacadh. Léirítear go soiléir gur ann d'fhíorais den sórt sin agus díobháil ábhartha mar thoradh orthu leis an treocht aisiompaithe brabúsachta a thosaigh ag dul in olcas do thionscal an Aontais ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, chomh maith leis na sciartha den mhargadh a bhí ag laghdú i gcónaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tacaíonn na gnéithe sin uile le toradh sealadach maidir le bagairt díobhála faoi Airteagal 8(8) den bhun-rialachán.

6. **CÚISÍOCHT**

6.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí fóirdheonaithe**

(1170) Mar a léirítear i dTáblaí 2a agus 2b, rinne allmhairí d'fheithiclí ceallra-leictreacha agus clárúcháin d'fheithiclí ceallra-leictreacha tar éis allmhairiúcháin de chuid na Síne gnóthachain mhóra i sciar de mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse sin, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó 3,9 % in 2020 go 25,0 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus tháinig méadú ar sciar clárúcháin na Síne ó 3,5 % go 22,8 %.

(1171) Ag aithrisí (1023) go (1032) léirigh an Coimisiún go raibh allmhairí Síneacha ag déanamh sladghearradh 12,7 % ar a laghad ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún freisin go raibh na hallmhairí Síneacha ag cur praghsanna thionscal an Aontais faoi chois le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1172) Mar gheall ar an méadú mór ar allmhairí fóirdheonaithe feithiclí ceallra-leictreacha na Síne, ar phraghsanna faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus níorbh fhéidir leis fiú díol ar phraghsanna a chuirfeadh ar a chumas dó a chostais a chumhdach ar a laghad. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh tionchar diúltach ag na hallmhairí fóirdheonaithe sin ar staid thionscal an Aontais.

(1173) Thairis sin, mar a thuairiscítear i Roinn 5, tá go leor tosca ann a léiríonn gur bagairt mhéadaitheach díobhála do thionscal an Aontais iad táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne. Tá stoic mhóra d'fheithiclí ceallra-leictreacha san Aontas ag táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne atá réidh lena ndíol ar mhargadh an Aontais. Ina theannta sin, tá móracmhainneacht bhreise agus mhéadaitheach sa tSín, atá ar fáil lena honnmhairiú. Mar a léirítear in aithris (1121), d'fhorchuir SAM, an t-aon mhórmhargadh onnmhairiúcháin eile ag an tSín, bearta a dhíspreagfaidh go soiléir méaduithe ar allmhairí. Dá bhrí sin, tá an tAontas anois ar an gceann scríbe is tarraingtí d'onnmhairí na Síne.

(1174) Ina theannta sin, is léir go leanfaidh an méadú ar onnmhairí chuig an Aontas agus go dtiocfaidh méadú breise air amach anseo mar a mhínítear in aithrisí (1111) go (1138). Leis an méadú sin ar onnmhairí chuig an Aontas atá ar tí tarlú, déanfar dochar breise do chumas thionscal an Aontais a leibhéil díolacháin a mhéadú, a sciar den mhargadh a choinneáil agus a infheistíochtaí a choimirciú trí thoradh cothrom ar a infheistíochtaí a cheadú.

(1175) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go sealadach go bhfuil allmhairí fóirdheonaithe fheithiclí ceallra-leictreacha na Síne ina gcúis le bagairt díobhála ábhartha do thionscal an Aontais.

6.2. **Tosca aitheanta eile**

(1176) I gcomhréir le hAirteagal 8(6) den bhun-rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh tosca aitheanta eile, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, an nasc cúisíoch a bunaíodh idir na hallmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith agus an bhagairt díobhála a suíodh go sealadach a mhaolú, ar tosca iad lena léirítear nach mbeadh nasc den sórt sin fíor ná substaintiúil a thuilleadh.

6.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(1177) Seachas allmhairí ón tSín, bhí sciar níos mó ná 1 % den mhargadh ag allmhairí ón gCóiré Theas, ón Ríocht Aontaithe, ó Mheicsiceo, ón tSeapáin agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar chainníocht na n-allmhairí agus na sciartha den mhargadh, chomh maith le meánphraghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha sin nach de chuid an Aontais iad le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 17

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
an Chóiré Theas	Cainníocht (píosaí)	56 330	71 252	62 765	90 011
	Innéacs	*100*	*126*	*111*	*160*
	An sciar den mhargadh	10,2 %	7,9 %	5,5 %	5,5 %
	Innéacs	*100*	*78*	*53*	*53*
	Meánphraghas (EUR/píosa)	28 135	30 398	32 976	36 037
	Innéacs	*100*	*108*	*117*	*128*
an Ríocht Aontaithe	Cainníocht (píosaí)	19 555	38 442	47 686	77 325
	Innéacs	*100*	*197*	*244*	*395*
	An sciar den mhargadh	3,6 %	4,3 %	4,2 %	4,7 %
	Innéacs	*100*	*121*	*117*	*132*
	Meánphraghas (EUR/píosa)	27 307	26 417	26 423	26 275
	Innéacs	*100*	*97*	*97*	*96*

Tír		2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Meicsiceo	Cainníocht (píosaí)	291	29 090	25 484	31 310
	Innéacs	*100*	*9 997*	*8 757*	*10 759*
	An sciar den mhargadh	0,1 %	3,2 %	2,2 %	1,9 %
	Innéacs	*100*	*6 132*	*4 196*	*3 591*
	Meánphraghas (EUR/píosa)	44 111	40 212	40 685	44 259
	Innéacs	*100*	*91*	*92*	*100*
an tSeapáin	Cainníocht (píosaí)	5 255	4 240	9 864	25 361
	Innéacs	*100*	*81*	*188*	*483*
	An sciar den mhargadh	1,0 %	0,5 %	0,9 %	1,5 %
	Innéacs	*100*	*49*	*90*	*161*
	Meánphraghas (EUR/píosa)	20 176	23 937	31 643	31 385
	Innéacs	*100*	*119*	*157*	*156*
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Cainníocht (píosaí)	67 799	34 084	5 031	23 904
	Innéacs	*100*	*50*	*7*	*35*
	An sciar den mhargadh	12,3 %	3,8 %	0,4 %	1,4 %
	Innéacs	*100*	*31*	*4*	*12*
	Meánphraghas (EUR/píosa)	31 130	28 915	68 114	59 791
	Innéacs	*100*	*93*	*219*	*192*
Tíortha eile	Cainníocht (píosaí)	849	1 332	2 307	1 564
	Innéacs	*100*	*157*	*272*	*184*
	An sciar den mhargadh	0,2 %	0,1 %	0,2 %	0,1 %
	Innéacs	*100*	*96*	*130*	*61*
	Meánphraghas (EUR/píosa)	30 417	20 678	26 537	39 820
	Innéacs	*100*	*68*	*87*	*131*
Iomlán na dtíortha uile seachas Daon-Phoblacht na Síne	Cainníocht (píosaí)	150 079	178 440	153 137	249 475
	Innéacs	*100*	*119*	*102*	*166*
	An sciar den mhargadh	27,3 %	19,9 %	13,3 %	15,1 %
	Innéacs	*100*	*73*	*49*	*55*
	Meánphraghas (EUR/píosa)	29 146	30 631	33 190	35 870
	Innéacs	*100*	*105*	*114*	*123*

Foinse: Sonraí custaim na mBallstát

(1178) Tháinig méadú ar allmhairí ón gCóiré Theas ó thart ar 56 000 go dtí thart ar 90 000 le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ach thit a sciar den mhargadh ó 10.2 % in 2020 go 5.5 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin, tháinig méadú ar na meánphraghsanna allmhairiúcháin agus bhí siad os cionn phraghas allmhairiúcháin na Síne ar an meán.

(1179) Tháinig méadú ar allmhairí ón Ríocht Aontaithe ó thart ar 20 000 go dtí thart ar 77 000 le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur thit a meánphraghas beagán le linn na tréimhse sin, d'fhan a sciar den mhargadh réasúnta cobhsaí agus níor tháinig ardú os cionn 5 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé go raibh an meánphraghas allmhairiúcháin ón Ríocht Aontaithe beagán faoi bhun phraghas na n-allmhairí ón tSín in 2020 agus 2022 (3,0 % agus 0,1 % faoi seach) bhí sé os cionn phraghsanna allmhairiúcháin na Síne in 2021 agus sa tréimhse imscrúdúcháin (7,8 % agus 4,0 % faoi seach).

(1180) Bhí allmhairí ó Mheicsiceo, ón tSeapáin agus ó SAM araon níos lú ná 2 % den sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin, cé is moite den tSeapáin in 2020 agus 2021, bhí na meánphraghsanna allmhairiúcháin den chuid is mó os cionn mheánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí Síneacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(1181) Bhí allmhairí ó gach tír eile diomaibhseach.

(1182) Ar bhonn na hanailíse thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh na hallmhairí ó thíortha eile nach de chuid an Aontais iad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí fóirdheonaithe agus an bhagairt díobhála do thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

6.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(1183) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais:

Tábla 18

Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (Píosaí)	190 101	291 766	454 555	632 256
Innéacs	*100*	*153*	*239*	*333*
Praghsanna onnmhairiúcháin	42 374	40 082	47 723	47 482
Innéacs	*100*	*95*	*113*	*112*

Foinse: Eurostat (Cód AC 8703 80 10)

(1184) Tháinig méadú 233 % ar leibhéal onnmhairí fheithiclí ceallra-leictreacha thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba ráta méadaithe níos airde é sin i gcomparáid le díolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais mar a léirítear i dTábla 5.

(1185) Bhí meánphraghas onnmhairiúcháin thionscal an Aontais os cionn an chostais táirgthe mar a léirítear i dTábla 7.

(1186) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go sealadach nár mhaolaigh feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais an nasc cúisíoch idir na hallmhairí fóirdheonaithe agus an bhagairt díobhála a suíodh.

6.2.3. *Tosca a bhaineann leis an éileamh*

(1187) I measc na bpríomhthosca a dhéanann difear d'éileamh feithiclí ceallra-leictreacha tá an t-am luchtaithe, an teacht atá ar an mbonneagar luchtaithe, an tsaincheist ghaolmhar maidir le himní faoi raon agus an rialachán maidir le hastaíochtaí carbóin ó fheithiclí a luaitear in aithris (1223).

(1188) Tá comhchoibhneas dearfach idir na díolacháin le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha agus acmhainneacht luchtaithe le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha, agus is gné ríthábhachtach í acmhainneacht luchtaithe le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha a thacaíonn leis an méadú ar dhíolacháin feithiclí ceallra-leictreacha ar mhargadh an Aontais.

(1189) Mhaígh Cuideachta 24 go raibh an easpa bonneagair luchtaithe phoiblí neamhleoir fós ina príomhbhac ar ghlacadh méadaithe feithiclí ceallra-leictreacha ag tomhaltóirí san Aontas, agus gur ghníomhaigh sé mar shrian tábhachtach ar éileamh tomhaltóirí, rud a d'fhág go raibh éifeacht dhíobhálach aige ar thionscal an Aontais. Mhaígh Cuideachta 24 freisin go rabhthas den tuairim go dtiocfadh fás mór ar mhargadh feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais sna blianta amach romhainn.

(1190) Thug an Coimisiún dá aire gur chuir Cuideachta 24 argóintí contrártha ar fáil, ar thaobh amháin ag maíomh go raibh tosca ann a bhí mar shrian suntasach ar an éileamh ar fheithiclí ceallra-leictreacha san Aontas, ar nós an bhonneagair luchtaithe, agus ar an taobh eile go raibh an t-éileamh ag méadú go tapa, agus go rabhthas ag súil go dtiocfadh fás mór ar mhargadh fheithiclí ceallra-leictreacha an Aontais. D'aontaigh an Coimisiún, i bhfianaise na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha síos ag an Aontas agus ag rialacháin ábhartha an Aontais, gur féidir a bheith ag súil leis go dtiocfaidh fás tapa ar mhargadh an Aontais maidir le feithiclí ceallra-leictreacha sna blianta amach romhainn. Agus an easpa teicneolaíochtaí aibí eile le haghaidh tiomáint astaíochtaí nialasacha á cur san áireamh, is féidir a bheith ag súil leis go sroichfidh margadh feithiclí ceallra-leictreacha leibhéil mhargadh foriomlán paisinéirí gluaisteán an lae inniu faoi 2035.

(1191) Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire go ndearnadh dul chun cinn tapa maidir le haghaidh a thabhairt ar aon scrogaill a bhaineann le luchtú, cibé acu sa bhaile, i limistéar luchtaithe príobháideach (mar shampla i gcuideachta nó i gcarrchlós) nó trí rochtain ar phointe luchtaithe poiblí. San Aontas, tá méadú mór ag teacht ar mhéid an bhonneagair luchtaithe, atá inrochtana don phobal agus príobháideach araon, bíodh anailís déanta air le hacmhainneacht suiteáilte nó le líon na bpointí luchtaithe. Faoi dheireadh 2022, bhí 475 000 pointe luchtaithe poiblí ag a raibh acmhainneacht suiteáilte 5,1 kW in aghaidh gach feithicle ceallra-leictrí san Aontas. Ba é 8,0 kW in aghaidh gach feithicle ceallra-leictrí san Aontas an acmhainneacht shuiteáilte le haghaidh bonneagar luchtaithe phríobháidigh. Méadóidh stoc iomlán an bhonneagair luchtaithe san Aontas go 35 mhilliún pointe luchtaithe faoi 2030 ([493]).

(1192) Ina theannta sin, ghlac an tAontas an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha ([494]) lena gceanglófar ar gach bóthar agus mótarbhealach náisiúnta ar fud an Aontais a bheith feistithe le luchtairí poiblí faoi 2025 i gcomhréir le líon na ngluaisteán leictreach ar an mbóthar faoin am sin. De réir an rialacháin sin, ba cheart pointí luchtaithe a bheith ar fáil gach 60 km feadh mhórbhealaí an Aontais (i) faoin 31 Nollaig 2025, 400 kW d'aschur cumhachta ar a laghad a thairgfear i ngach comhthiomsú athluchtaithe agus beidh pointe athluchtaithe amháin ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 150 kW ar a laghad; faoin 31 Nollaig 2027, 600 kW d'aschur cumhachta ar a laghad a thairgfear i ngach comhthiomsú athluchtaithe agus beidh dhá phointe athluchtaithe ar a laghad i ngach comhthiomsú athluchtaithe ag a mbeidh aschur cumhachta aonair 150 kW ar a laghad. Sonraítear sa rialachán freisin spriocanna éigeantacha atá bunaithe ar an bhflít náisiúnta, amhail an ceanglas cumhacht aschurtha iomlán 1 kW ar a laghad a sholáthar trí stáisiúin athluchtaithe atá inrochtana don phobal do gach feithicil cheallra-leictreach saothair éadroim.

(1193) Tháinig méadú tapa ar an éileamh ar fheithiclí ceallra-leictreacha ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léirítear i dTábla 1 gur tháinig méadú os cionn 180 % ar thomhaltas dealraitheach agus iarbhír araon le linn na tréimhse sin. Síltear go dtiocfaidh méadú breise ar an raon agus go laghdófar an t-am luchtaithe leis an dul chun cinn i dteicneolaíochtaí ceallraí, agus go leanfar d'fheabhas a chur ar infhaighteacht an bhonneagair luchtaithe phoiblí agus phríobháidigh, rud a chuirfidh deireadh de réir a chéile le haon srianta comhlachaithe ar an éileamh. Agus aird á tabhairt ar na spriocanna éigeantacha le haghaidh astaíochtaí ó dhíolacháin nua ar mhargadh an Aontais (agus pionóis mhóra as neamh-chomhlíontacht) a leagtar síos i Rialacháin an Aontais mar a mhínítear in aithrisí (1222) agus (1223), meastar, dá bhrí sin, go leanfaidh an t-éileamh de bheith ag méadú amach anseo.

(1194) San aistriú leanúnach ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh tionscal an Aontais in ann a bharainneachtaí scála a choinneáil ar bun trí mhéideanna leordhóthanacha díolacháin agus sciartha leordhóthanacha den mhargadh a choinneáil ar bun. Cuirfidh sé sin ar chumas thionscal an Aontais a chostas a aisghabháil agus dóthain brabúsachta a ghiniúint le haghaidh na n-infheistíochtaí is gá. Tá sé sin níos tábhachtaí fós sa chéim reatha ina bhfuil margadh feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais fós ag forbairt agus nach bhfuil sé aibí go fóill.

(1195) Léirítear i dTáblaí 2a agus 2b, áfach, go bhfuil sciar den mhargadh á chailleadh ag tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ar ráta neamh-inbhuanaithe. Tugtar le fios freisin sa mheasúnú a rinneadh i roinn 5 go leanfaidh na caillteanais sin sa sciar den mhargadh ar aghaidh le linn na tréimhse suas go dtí deireadh 2026. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag na tosca a chuireann teorainn leis an éileamh san am a chuaigh thart, is é an dul i bhfód ar an margadh le déanaí d'allmhairí fóirdheonaithe na Síne, rud atá ar tí tarlú tuilleadh mar a léirítear i roinn 6.1, an bhagairt is mó ar thionscal an Aontais go luath amach anseo d'aistriú rathúil mhargadh an Aontais chuig feithiclí ceallra-leictreacha.

([493]) https://www.chargeupeurope.eu/

([494]) Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE IO L 234, 22.9.2023, lch. 1.

(1196) I bhfianaise an mhéid thuas, mheas an Coimisiún go sealadach nach ndéanfadh aon srian ar éileamh, a bhaineann go háirithe le hinfhaighteacht bonneagair luchtaithe, an nasc cúisíoch idir na hallmhairí fóirdheonaithe agus an bhagairt díobhála a fuarthas go sealadach a mhaolú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

6.2.4. *Iomaíochas thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais*

(1197) Mhaígh CCCME go ndearna spleáchas tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ar sholáthar ceallraí agus comhpháirteanna eile ar thíortha nach de chuid an Aontais iad difear dá n-iomaíochas i gcoitinne. Mhaígh CCCME agus Cuideachta 24 go mbíonn costais níos airde ceallraí agus costais táirgthe eile mar thoradh ar easpa comhtháthaithe ingearaigh tháirgeoirí an Aontais agus ar a spleáchas ar fhoinsí ó thíortha nach de chuid an Aontais iad le haghaidh ceallraí. Thairis sin, luaigh CCCME agus Cuideachta 24 go raibh na héifeachtaí diúltacha, a d'eascair as an easpa comhtháthaithe ingearaigh, níos measa mar gheall ar thosca eile nach mbaineann le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín ar nós (i) suaitheadh sa slabhra soláthair mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus an cogadh idir an Rúis agus an Úcráin, (ii) méadú ar chostais amhábhar, (iii) ganntanais comhpháirteanna criticiúla ar nós leathsheoltóirí agus (iv) praghsanna arda fuinnimh. Mhaígh Cuideachta 24 freisin nár infheistigh tionscal an Aontais in am sa slabhra soláthair ceallraí leictreacha, agus dhírigh sé ar ghluaisteáin innill dócháin inmheánaigh ina raibh buntáiste iomaíoch acu agus nár thosaigh siad ag infheistiú sa mhargadh feithiclí ceallra-leictreacha go dtí le déanaí.

(1198) Thug an Coimisiún dá aire gur le BYD den chuid is mó a bhain buntáistí an chomhtháthaithe ingearaigh, seachas le gach táirgeoir onnmhairiúcháin Síneach. Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de chuideachtaí a cheannaíonn ceallraí ar an margadh domhanda agus de chuideachtaí eile atá ag infheistiú i dtáirgeadh ceallraí. Go deimhin, tá tionscal an Aontais ag cur go leanúnach lena acmhainneacht táirgeachta ceallraí.

(1199) Ina theannta sin, cé go bhfuil buntáistí forbartha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne maidir le soláthar ceallraí agus príomh-amhábhar le haghaidh ceallraí, ba le fóirdheonú ba mhó a bhain na buntáistí sin mar a léirítear i roinn 3.7.2. Dá bhrí sin, ní mhaolaíonn na buntáistí iomaíocha líomhnaithe an nasc cúisíoch idir na hallmhairí fóirdheontais agus an bhagairt díobhála.

(1200) Ba shaincheisteanna domhanda iad suaitheadh sa slabhra soláthair agus tosca eile a mhéadaíonn praghsanna amhábhar agus fuinnimh, nach raibh infheidhme maidir le tionscal an Aontais amháin agus, dá bhrí sin, níl aon mhíbhuntáiste sonrach iomaíochta ann do thionscal an Aontais ar an iomlán. Thairis sin, ba shaincheisteanna iad sin a bhain go príomha leis an tréimhse faoi bhreathnú agus níor mhaígh CCCME ná Cuideachta 24 ná níor thug siad bunús lena mhéid a bheadh tionchar ag na tosca sin ar staid thionscal an Aontais sna blianta amach romhainn.

(1201) Dá bhrí sin, i bhfianaise thorthaí an Choimisiúin sna haithrisí roimhe seo, diúltaíodh do na maímh sin.

6.2.5. *Iomaíocht idir gluaisteáin innill dócháin inmheánaigh agus feithiclí ceallra-leictreacha*

(1202) Mhaígh Cuideachta 24 agus CCCME gur cheart scrúdú a dhéanamh ar an iomaíocht idir feithiclí innill dócháin inmheánaigh agus feithiclí ceallra-leictreacha mar thoisc chúisíochta. Níor thug CCCME ná Cuideachta 24 míniú ná mionléiriú breise, áfach, ar an maíomh sin.

(1203) Le spriocanna reachtaíocht an Aontais maidir le hastaíochtaí, áiritheofar go n-aistreoidh tionscal an Aontais go tapa chuig feithiclí ceallra-leictreacha mar a mhínítear in aithris (1223). Dá bhrí sin, cé go bhfuil iomaíocht ann faoi láthair idir feithiclí innill dócháin inmheánaigh agus feithiclí ceallra-leictreacha i margadh an Aontais, tiocfaidh laghdú de réir a chéile ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin feithiclí innill dócháin inmheánaigh, i gcomhthráth leis an méadú ar tháirgeadh agus ar dhíolacháin feithiclí ceallra-leictreacha i gcomhréir le spriocanna astaíochtaí an Aontais. Dá bhrí sin, laghdóidh an iomaíocht idir feithiclí innill dócháin inmheánaigh agus feithiclí ceallra-leictreacha de réir a chéile i bhfabhar díolacháin feithiclí ceallra-leictreacha.

(1204) I bhfianaise an mhéid thuas, mheas an Coimisiún go sealadach nach maolódh tionchar na hiomaíochta le díolacháin feithiclí innill dócháin inmheánaigh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí fóirdheonaithe agus an bhagairt díobhála a fuarthas go sealadach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

6.2.6. *Easpa barainneachtaí scála agus gnólachtaí nuathionscanta*

(1205) Mhaígh CCCME gur dócha go mbeidh costais níos airde mar thoradh ar easpa barainneachtaí scála tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais. Maíodh freisin go mbraitheann táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais ar nós e.Go ar choincheap na micreamhonarcha agus nach féidir leo barainneachtaí scála a bhaint amach mar a baineadh amach le gigeamhonarchana agus socruithe móra táirgthe. Thairis sin, d'áitigh CCCME go bhfuil táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais ar nós Fisker agus e.Go díreach tar éis tús a chur le táirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha agus, dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh freisin ar staid nuathionscanta táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais ina anailís.

(1206) Lean an Coimisiún an mhodheolaíocht chun tosca cúisíochta a mheas i ndáil lena dtionchar ar thionscal iomlán an Aontais. Níor measadh go raibh tosca a bhaineann le cuid bheag de thionscal an Aontais ionadaíoch do thionscal an Aontais ina iomláine agus, dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid shealadach nár mhaolaigh sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí fóirdheonaithe agus an bhagairt díobhála a fuarthas go sealadach. Maidir le tionscal níos leithne an Aontais, mheas an Coimisiún gurb iad na hallmhairí ón tSín go beacht atá ag bagairt ar ionchais thionscal an Aontais an scála is gá a bhaint amach agus a bheith brabúsach go luath amach anseo. Cuireann na hallmhairí fóirdheonaithe sin cosc ar thionscal an Aontais na spriocanna díolacháin is gá a bhaint amach chun táirgeadh a mhéadú dá réir agus barainneachtaí scála a bhaint amach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

6.2.7. *Saincheisteanna soláthair*

(1207) Mhaígh Cuideachta 24 freisin nach raibh sé an acmhainneacht ag tionscal an Aontais freastal ar an éileamh a bhí ag méadú go tapa, éileamh a bhí nasctha leis an aistriú glas.

(1208) Murab ionann agus maíomh Chuideachta 24, léirigh an t-imscrúdú go bhfuil dóthain acmhainneachta ag tionscal an Aontais chun feithiclí ceallra-leictreacha a mhonarú agus chun freastal ar an éileamh ar mhargadh an Aontais. Mar a mhínítear in aithris (1060) ós rud é go raibh an úsáid acmhainneachta faoi bhun 40 % sa tréimhse imscrúdúcháin, thángthas ar an gconclúid go sealadach go bhfuil dóthain acmhainneachta táirgeachta ag tionscal an Aontais chun na méaduithe amach anseo ar an éileamh ar fheithiclí ceallra-leictreacha a shásamh agus ina theannta sin, is féidir níos mó acmhainneachta a leithdháileadh ó tháirgeadh feithiclí innill dócháin inmheánaigh ar tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

6.2.8. *Beartas an Aontais maidir le Bithbhreoslaí*

(1209) Mhaígh CCCME go raibh an tAontas Eorpach i bhfabhar táirgeadh bithdhíosail go stairiúil thar tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha, rud a d'fhág gur tugadh tosaíocht íseal do tháirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha.

(1210) Ráiteas an-doiléir a bhí sa mhaíomh seo agus ní raibh aon mhionsonraí ann chun tábhacht an phointe atá á dhéanamh a mhíniú. Meabhraítear, mar a mhínítear in aithris (1223), gur thug an Coimisiún spriocanna sonracha astaíochtaí isteach le haghaidh gach gluaisteán nua paisinéirí agus flíteanna feithiclí tráchtála éadroma nua i ndáil le brandaí agus grúpaí le haghaidh 2020 agus blianta ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, níor aontaigh an Coimisiún gur thug sé tosaíocht íseal do tháirgeadh na bhfeithiclí ceallra-leictreacha.

(1211) Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i roinn 5 thuas go bhfuil tionscal an Aontais faoi bhagairt díobhála ábhartha atá ar tí tarlú ó allmhairí fóirdheonaithe de thionscnamh na Síne. Níor thug CCCME bunús leis an gcaoi a mbeadh tionchar diúltach ag beartas bithbhreosla an Aontais ar staid tháirgeoir feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais sna blianta amach romhainn. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

6.2.9. *Allmhairí thionscal an Aontais ón tSín*

(1212) Mhaígh CCCME go bhféadfadh allmhairí thionscal an Aontais ón tSín a bheith ina gcúis le bagairt díobhála do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais.

(1213) Thug an Coimisiún barúil ar allmhairí chuideachtaí thionscal an Aontais ón tSín in aithris (998). Ní raibh sé soiléir cad iad cuideachtaí thionscal an Aontais a raibh CCCME ag tagairt dóibh ina mheasúnú ná conas a bheadh allmhairí den sórt sin ina gcúis le bagairt díobhála go luath amach anseo. Mínítear go soiléir in aithrisí (1130) go (1138) an méid allmhairí agus an fhorbairt praghsanna a bhfuil coinne leo ón tSín i gcoitinne, agus allmhairí ó ghrúpaí faoi úinéireacht na Síne amhail BYD, Geely agus SAIC. Mar a mhínítear i dtábla 12a, mhéadaigh allmhairí brandaí Síneacha a sciar den mhargadh ó 1,9 % in 2020 go 7,3 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig sé ar an gconclúid gur ó ghrúpaí faoi úinéireacht na Síne is mó atá an bhagairt díobhála sna blianta amach romhainn.

(1214) Agus aird á tabhairt ar an measúnú thuas agus ar an easpa soiléireachta maidir le hábharthacht an mhaímh sin, measadh nár tugadh bunús leis an maíomh sin agus dá bhrí sin diúltaíodh dó.

6.3. **Conclúid**

(1215) Shainaithin an Coimisiún nasc idir an méadú atá ag teacht ar allmhairí fóirdheonaithe ón Dhaon-Phoblacht na Síne agus an bhagairt díobhála ábhartha.

(1216) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí ar tugadh fóirdheontais ina leith ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

(1217) Maidir leis na tosca sainaitheanta eile ar nós allmhairí ó thíortha nach de chuid an Aontais iad, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, tosca a bhaineann le héileamh, iomaíochas thionscal an Aontais, iomaíocht idir gluaisteáin innill dócháin inmheánaigh agus feithiclí ceallra-leictreacha, easpa barainneachtaí scála agus gnólachtaí nuathionscanta, saincheisteanna soláthair, beartas an Aontais maidir le bithbhreoslaí, agus allmhairí thionscal an Aontais ón tSín, chinn an Coimisiún nár mhaolaigh na tosca sin an nasc cúisíoch, ina n-aonar nó i dteannta a chéile. Bhain táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne tairbhe as buntáistí áirithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ar nós soláthar slán ceallraí agus amhábhar. Níor tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, áfach, gur tharla díobháil ábhartha le linn na tréimhse sin. Go deimhin, i gcás aon cheann de na tosca eile, ní raibh cás áititheach ann chun a léiriú conas atá na tosca sin ina mbagairt atá ar tí tarlú do thionscal an Aontais nó go lagaíonn siad an bhagairt shoiléir ó allmhairí fóirdheonaithe na Síne sna blianta amach romhainn.

(1218) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach go raibh an méadú ar allmhairí fóirdheonaithe ó Dhaon-Phoblacht na Síne ina bhagairt díobhála ábhartha do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais in éagmais beart.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(1219) I gcomhréir le hAirteagal 31 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún imscrúdú an bhféadfaí teacht ar an gconclúid go soiléir nach chun leasa an Aontais a bhí sé bearta frithchúitimh a ghlacadh atá comhfhreagrach do mhéid iomlán na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le fóirdheonú díobhálach. Bhunaigh an Coimisiún an cinneadh maidir le leas an Aontais ar anailís ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí, úsáideoirí, soláthróirí agus tomhaltóirí.

(1220) Fuarthas barúlacha maidir le leas an Aontais ó Rialtas na Síne, CCCME, An Cumann Eorpach Soláthróirí Gluaisteán ('CLEPA'), Comhlachas Thionscal Gluaisteán na Gearmáine ('VDA'), Cónaidhm Eorpach an Tionscail Iarainn agus Cruach ('EUROFER'), Cuideachta 31, agus Cuideachta 29.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(1221) Tá ról tábhachtach ag tionscal na ngluaisteán i ngeilleagar an Aontais, agus cuireann sé poist dhíreacha agus indíreacha ar fáil do 12,9 milliún duine, arb ionann é agus 7 % d'fhostaíocht iomlán an Aontais. As sin, is poist mhonaraíochta iad thart ar 24 % nó 3,1 milliún ([495]). Spreagann tionscal na ngluaisteán cruthú luacha eacnamaíoch, ceannasacht iomaíoch agus folláine shochaíoch na hEorpa.

(1222) Sa Chomhaontú Glas don Eoraip ([496]), shainigh an Coimisiún an sprioc maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Cuireadh an sprioc sin sa dlí in 2021 nuair a foilsíodh Rialachán 2021/1119 (An Dlí Aeráide Eorpach) ([497]). Táthar ag súil go rannchuideoidh gach earnáil den gheilleagar leis na laghduithe astaíochtaí sin a bhaint amach, lena n-áirítear earnáil an iompair de bhóthar ina bhfuil méadú ag teacht ar astaíochtaí ó 1990 i leith. Dá bhrí sin, is táirge tábhachtach iad feithiclí ceallra-leictreacha don Aontas chun a spriocanna aeráide a bhaint amach.

([495]) https://www.acea.auto/files/ACEA-Pocket-Guide-2023-2024.pdf
([496]) https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en
([497]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999, IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.

(1223) Tá spriocanna sonracha astaíochtaí tugtha isteach ag an Aontas freisin le haghaidh gach gluaisteán nua paisinéirí agus flíteanna nua feithiclí tráchtála éadroma do mhonaróirí le haghaidh 2020 agus blianta ina dhiaidh sin le Rialachán (AE) 2019/631, a leasaíodh níos déanaí le Rialachán (AE) 2023/851 ([498]). Is cuid lárnach den bheartas Eorpach maidir le cosaint aeráide é an rialachán seo. Luaitear sa rialachán nár cheart, ó 2021 ar aghaidh, meánastaíochtaí na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear san Aontas a bheith níos airde ná 95 g CO_2/km ar fud fhlít an Aontais. Beidh na spriocanna níos doichte ó 2025 ar aghaidh: dá bhrí sin, i gcás flíteanna nua gluaisteán paisinéirí atá cláraithe san Aontas, beidh gá le laghdú 15 % ar astaíochtaí CO_2 ó 2025 agus laghdú 55 % ó 2030 ar aghaidh. Le haghaidh 2035, beidh feidhm ag sprioc 100 % maidir le laghdú CO_2 i dtaca le flíteanna gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma. Mura gcomhlíontar an sprioc le haghaidh an fhlít uile faoi seach, forchuireann an Coimisiún préimh astaíochtaí iomarcacha, arb ionann í agus EUR 95 in aghaidh gach graim bhreise CO_2 in aghaidh na feithicle nuachláraithe.

(1224) Is féidir na spriocanna sin a bhaint amach go háirithe trí sciar méadaitheach d'fheithiclí leictreacha sa fhlít. Mar sin féin, is dúshlán mór don earnáil iompair ina iomláine é an laghdú spriocdhírithe ar CO_2 san Aontas toisc go dtéann an leictriú i bhfad níos faide ná tiontú gléasraí cumhachta teirmí go gléasraí cumhachta leictreacha amháin agus go gcumhdaíonn sé slabhra luacha iomlán na bhfeithiclí leictreacha. Is aistriú casta é lena mbaineann slabhra iomlán thionscal na ngluaisteán ó mhianadóireacht, ceimiceáin, go gléasra cumhachta leictreach agus monaraíocht pacáiste ceallraí, fuinneamh, bailiú dramhaíola ceallraí agus athchúrsáil. Fágann sé sin go bhfuil an tionscal gluaisteán ag dul faoi phróiseas claochlaithe bunúsach.

(1225) Thairis sin, tá tábhacht straitéiseach ag baint le ceallraí leictreacha chun feithiclí ceallra-leictreacha a fhorbairt. Tá suíomh tháirgeadh na gceallraí leictreacha an-tábhachtach do mhonaróirí feithiclí ceallra-leictreacha. Cé gur féidir na cealla leictreacha a iompar agus a sheoladh gan stró coibhneasta, nuair a bhíonn siad seo feistithe i modúil agus ansin i bpacáistí ceallraí éiríonn na hoibríochtaí sin i bhfad níos deacra agus níos costasaí. Dá bhrí sin, tairbhíonn táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha de bheith lonnaithe gar do sholáthróirí ceallraí le haghaidh na céime sin den phróiseas, nó é a dhéanamh go hinmheánach fiú. Tá gaireacht agus dlúth-theagmháil le soláthraithe ceallraí tábhachtach freisin ós rud é nach táirgí réamhdhéanta iad ceallraí ach go dtógtar iad de réir shonraíochtaí na dtáirgeoirí feithiclí. Mar shampla, socróidh méid agus feidhmiúlachtaí feithiclí ceallra-leictreacha an cineál ceallra a theastaíonn uaidh, rud a dhéanfaidh difear do chomhdhéanamh an mheascáin amhábhar ag tús an phróisis (arís ag cruthú éifeachtúlachtaí féideartha do ghníomhaithe margaidh atá comhtháite go hingearach). Cé go raibh táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais ag brath ar allmhairí ceallraí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ón tSín go príomha, gheall na monaróirí gluaisteán go ndéanfaidís infheistíocht mhór ina n-acmhainneachtaí táirgeachta ceallraí féin, trí chomhpháirtíochtaí le gníomhaithe speisialaithe den chuid is mó. Is fiú na billiúin euro na hinfheistíochtaí sin a dhéanfar faoi 2030 ([499]).

(1226) San aistriú chuig leictriú, tá baol mór ann go gcaillfidh táirgeoirí gluaisteán an Aontais brabúsacht agus sciar den mhargadh go hallmhairí fóirdheonaithe de chuid na Síne toisc go gciallódh sé nach mbeidís in ann na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua ceallraí a mhéadóidh an raon tiomána, a laghdóidh am luchtaithe, a laghdóidh costais agus a fheabhsóidh sábháilteacht agus, dá bhrí sin, go n-éireoidh leo an t-aistriú sin a bhaint amach. Ar an taobh eile, bhí cuideachtaí na Síne in ann barainneachtaí scála a bhaint amach mar gheall ar mhéideanna móra na bhfóirdheontas a dheonaigh Rialtas na Síne agus tá siad ag onnmhairiú feithiclí ceallra-leictreacha ar phraghsanna éagóracha chuig an Aontas, ag glacadh an sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais atá thíos le caillteanais shuntasacha agus gan a bheith ábalta dá bharr sin na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh. Má dhéantar díobháil neamh-inchúlghairthe do thionscal an Aontais mar gheall ar allmhairí fóirdheonaithe ón tSín, ní chomhlíonfar sprioc an leictrithe dá bhrí sin, agus d'fhéadfaí spriocanna aeráide an Aontais Eorpaigh a chur i mbaol.

(1227) Dá bhforchuirfí na bearta frithchúitimh, chuirfí ar chumas thionscal an Aontais dul san iomaíocht go cothrom ar an margadh agus dóthain feithiclí ceallra-leictreacha a mhonarú agus a dhíol ar mhargadh an Aontais, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé brabúsach amach anseo. Mar a mhínítear in aithris (1078), is tionscal dianchaipitil é tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais agus, dá bhrí sin, teastaíonn am uaidh chun barainneachtaí scála a bhaint amach chun a chostais sheasta a chumhdach agus chun bheith brabúsach. Dá bhrí sin, dá bhforchuirfí beart, chosnófaí tionscal an Aontais ar dhianbhrú éagórach praghsanna a bheadh ag teacht ó allmhairí na Síne murach sin.

([498]) Rialachán (AE) 2023/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais IO L 110, 25.4.2023, lch. 5.

([499]) https://www.reuters.com/graphics/AUTOS-INVESTMENT/ELECTRIC/akpeqgzqypr/

(1228) Mura bhforchuirfí bearta frithchúitimh, bheadh na hinfheistíochtaí a gheall tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais don aistriú chuig leictriú agus na poist in earnáil na ngluaisteán a luaitear in aithris (1221) i mbaol mar gheall ar an trádáil éagórach. Ní bheadh tionscal an Aontais in ann aistriú mhargadh an Aontais ó tháirgeadh gluaisteán innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha a leanúint mar gheall ar phraghsanna allmhairí fóirdheonaithe na Síne a ghearrann faoi phraghsanna tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais. Ina theannta sin, tá an baol ann go gcaillfidh an tAontas ceann de na hearnálacha monaraíochta is tábhachtaí dá chuid agus d'fhéadfadh an tAontas, mar réigiún, titim ar gcúl sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht i gcoinne na Síne agus Stát Aontaithe Mheiriceá agus d'fhéadfadh an baol a bheith ann nach mbainfeadh sé amach a spriocanna aeráide dá dheasca.

(1229) Thug VDA faoi deara go dtacaíonn gníomhaíochtaí gnó chuideachtaí Síneacha sa tSín agus thar lear le barainneachtaí scála a bhaint amach agus go gcuireann siad le brabúsacht i réimsí mar mhonaraíocht, lóistíocht agus T&F ar fud an domhain. De réir VDA, san ord domhanda agus sa tsamhail ghnó atá ann cheana, tacaíonn na héifeachtaí sin freisin le forbairt thionscal gluaisteán na hEorpa.

(1230) Mhaígh Cuideachta 24 cé go raibh imní ann roimhe seo maidir le teacht isteach agus méadú ar na sciartha den mhargadh san Aontas a bhí ag monaróirí gluaisteán na Seapáine agus na Cóiré ó na 1980idí ar aghaidh, spreag tabhairt isteach táirgí Seapánacha agus Cóiréacha iarrachtaí maidir le hoiriúnú, nuálaíocht agus éifeachtúlacht ar thaobh tháirgeoirí an Aontais. Thairis sin, bhunaigh táirgeoirí de chuid na Seapáine agus na Cóiré táirgeadh san Aontas, tháinig siad chun bheith ina gcuid de thionscal an Aontais agus dá bhrí sin rannchuidigh siad go díreach lena fhorbairt agus lena dhul chun cinn. D'áitigh Cuideachta 24 freisin gur féidir a bheith ag súil leis an méid céanna ó tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne.

(1231) Níor aontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin toisc go bhfuil difríochtaí bunúsacha idir an méadú atá tagtha ar tháirgeoirí gluaisteán na Cóiré agus na Seapáine le blianta beaga anuas agus déantúsóirí buntrealaimh reatha na Síne. Go háirithe, bhí déantúsóirí buntrealaimh na Cóiré agus na Seapáine in iomaíocht le gluaisteáin innill dócháin inmheánaigh i gcoinne déantúsóirí buntrealaimh an Aontais a raibh taithí agus slabhraí soláthair acu le fada an lá. Os a choinne sin, príomhthoisc san iomaíocht idir táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne agus táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais is ea ceannas na Síne i dtáirgeadh ceallraí leictreacha. Tá táirgeoirí an Aontais ag tógáil a mbraislí ceallraí le haghaidh mhargadh an Aontais faoi láthair le hinfheistíochtaí agus costas suntasach agus, dá bhrí sin, tá seasamh an-difriúil acu i gcomparáid leis an tráth a tháinig méadú ar allmhairí gluaisteán ón tSeapáin agus ón gCóiré. Ina theannta sin, san am a chuaigh thart bhí ar tháirgeoirí na Cóiré agus na Seapáine rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais go príomha trí láithreacht déileálaí a tháinig ar chostas ard agus a thóg am leis sin a thógáil. Mar sin féin, faoi láthair tá sé níos éasca do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne teagmháil a dhéanamh leis an tomhaltóir go díreach gan aon déileálaí idirmheánach trí shamhlacha díolacháin díreacha ar líne le haghaidh gluaisteáin a cheannach agus a dhíol, ar samhlacha iad atá ag méadú. Ar deireadh, san am a chuaigh thart, b'éigean do tháirgeoirí an Aontais dul in iomaíocht le líon beag táirgeoirí de chuid na Cóiré agus de chuid na Seapáine, agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar a mhínítear in aithris (1125), tá níos mó ná 14 tháirgeoir feithiclí ceallra-leictreacha Síneacha i láthair ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(1232) Mhaígh Rialtas na Síne nach raibh sé chun leas an Aontais bearta frithchúitimh a fhorchur toisc nach raibh dóthain acmhainneachta ag tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais chun feithiclí ceallra-leictreacha a mhonarú don éileamh iomlán ar fheithiclí ceallra-leictreacha san Aontas.

(1233) Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil dóthain acmhainneachta ag tionscal an Aontais chun feithiclí ceallra-leictreacha a mhonarú agus chun éileamh an Aontais a shásamh mar a mhínítear in aithris (1060). Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(1234) Chinn an Coimisiún go gcuirfí an t-aistriú ó tháirgeadh inneall dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha i mbaol mar gheall ar an méadú as cuimse ar allmhairí fóirdheonaithe, rud a d'fhágfadh go mbeadh baol díobhála ábhartha ann do thionscal an Aontais. Beidh tionchar diúltach suntasach ag nochtadh thionscal an Aontais do mhéadú ollmhór ar allmhairí Síneacha ar phraghas éagórach lena ndéantar sladghearradh ar phraghsanna díola thionscal an Aontais agus a sciartha den mhargadh atá ag méadú go tapa ar staid thionscal an Aontais i dtéarmaí méid na ndíolachán agus sciar den mhargadh a chailleadh chomh maith le brabúsacht atá ag laghdú go tapa, rud a fhágfaidh go mbeidh caillteanais shuntasacha ann agus, dá bhrí sin, go gcaillfear infheistíochtaí freisin. Is é an toradh a bheidh air sin, ar ndóigh, go ndúnfar láithreáin táirgthe san Aontas agus go gcaillfear líon ollmhór fostaíochta. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach go rachadh forchur na mbeart chun leasa thionscal an Aontais.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(1235) Mar a thagraítear dó in aithris (47), níor chomhoibrigh aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe san imscrúdú. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach, i bhfianaise easpa comhair na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe, nach mbeadh éifeacht dhíréireach ag forchur na mbeart frithchúitimh ar na hallmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(1236) Baineann roinnt cineálacha úsáideoirí úsáid as an táirge atá faoi imscrúdú, go háirithe cuideachtaí léasaithe gluaisteán, cuideachtaí carranna ar cíos, cuideachtaí roinnte gluaisteán, cuideachtaí tacsaí agus úsáideoirí deiridh.

(1237) Tháinig seacht n-úsáideoir a bhaineann le dhá ghrúpa cuideachtaí chun tosaigh agus chuir siad freagraí isteach ar cheistneoir na n-úsáideoirí, eadhon Cuideachta 32 agus sé chuideachta a bhaineann le Grúpa Leasys. D'úsáid na cuideachtaí sin an táirge faoi imscrúdú chun é a léasú dá gcustaiméirí.

(1238) Chuir Cuideachta 32 freagra neamhiomlán ar an gceistneoir isteach. Sheol an Coimisiún litir easnaimh inar iarradh faisnéis bhreise. Níor fhreagair an chuideachta an litir easnaimh ag maíomh go raibh ualach rómhór ag gabháil léi. Dá bhrí sin, níor fhíoraigh an Coimisiún freagra Chuideachta 32 ar an gceistneoir. Mar sin féin, sa chuid chomhlánaithe den fhreagra ar an gceistneoir, áfach, luaigh Cuideachta 32 dá gcruthófaí go raibh fóirdheontais ón tSín ina gcúis le praghsáil íseal saorga ar fheithiclí ceallra-leictreacha san Aontas, go bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh do shlabhra soláthair iomlán na hEorpa. Mheas sí dá ndéanfadh cleachtais éagóracha praghsála trí thacaíocht rialtais d'fheithiclí arna dtáirgeadh ag an tSín dochar d'inmharthanacht sholáthróirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, go mbeadh na bearta cómhalartacha chun táirgeadh Eorpach a chosaint cothrom agus riachtanach chun deimhneacht soláthair a áirithiú.

(1239) Chuir cuideachtaí Ghrúpa Leasys freagraí iomlána ar an gceistneoir isteach agus d'fhíoraigh an Coimisiún dhá cheann acu, mar a mhínítear in aithris (80), a cheannaigh feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín freisin.

(1240) Chinn an Coimisiún gur cheannaigh na húsáideoirí comhoibríocha le chéile níos lú ná 0.1 % d'iomlán na n-allmhairí ón tSín chomh maith leis na hallmhairí ó thíortha eile agus 1 % de dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais (bunaithe ar chlárú). Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, cheannaigh siad níos lú ná 5 % den táirge faoi imscrúdú ón tSín, níos mó ná 95 % ó tháirgeoirí an Aontais agus an chuid eile ó thíortha eile.

(1241) Bhí láimhdeachas agus costais an dá úsáideoir fhíoraithe a gineadh ó fheithiclí ceallra-leictreacha de thionscnamh na Síne níos lú ná 2 % dá láimhdeachas iomlán agus dá gcostais iomlána le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí corrlaigh bhrabúsachta na n-úsáideoirí fíoraithe le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin idir figiúirí digití dúbailte aonair agus figiúirí digití dúbailte ísle.

(1242) Shuigh an Coimisiún go mbeadh tionchar éigin ag forchur beart frithchúitimh ar mhíreanna costais áirithe a bhaineann le feithiclí ceallra-leictreacha de thionscnamh na Síne, go háirithe dímheas, costais úis agus árachas. Mar sin féin, i bhfianaise sciar teoranta na n-ítimí costais sin i gcostais iomlána na n-úsáideoirí fíoraithe (níos lú ná 2 %) agus an sciar an-bheag d'fheithiclí ceallra-leictreacha ón tSín ina gcabhlaigh iomlána, fuarthas amach go raibh tionchar diomaibhseach ag dleachtanna frithchúitimh ar a gcostais iomlána. Léiríodh san anailís a rinne an Coimisiún bunaithe ar shonraí a chuir an dá úsáideoir fhíoraithe ar fáil le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin nach mbeadh ach laghdú imeallach ar a gcorrlaigh bhrabúis mar thoradh ar mhéaduithe costais a d'fhéadfadh teacht as bearta frithchúitimh a fhorchur agus go leanfadh an dá chuideachta de bheith brabúsach. Mhaolófaí an éifeacht bheag sin ar bhrabúsacht a thuilleadh leis an bhféidearthacht go gcuirfeadh na húsáideoirí cuid den mhéadú costais ar aghaidh chuig custaiméirí ar a laghad nó go n-aistreoidís chuig foinsí soláthair malartacha. Mheas an dá úsáideoir fíoraithe freisin nach mbeadh tionchar suntasach ag forchur na mbeart frithchúitimh ar a bhfeidhmíocht airgeadais.

(1243) Dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis sa chomhad agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara á gcur san áireamh, chinn an Coimisiún go sealadach nach ndéanfadh forchur na mbeart difear díréireach d'úsáideoirí.

7.4. **Leas na soláthróirí**

(1244) Thug VDA agus an Cumann Eorpach Soláthróirí Gluaisteán faoi deara go raibh margadh na Síne, mar an margadh gluaisteán is mó ar domhan, ríthábhachtach do sholáthróirí agus do mhonaróirí gluaisteán chun dul san iomaíocht agus cumais nuálacha a neartú. Mhaígh siad go bhféadfadh aon bhearta a bhféadfadh níos lú rochtana ar an margadh a bheith mar thoradh orthu do sholáthróirí agus do mhonaróirí ghluaisteáin an Aontais sa tSín dochar a dhéanamh, san fhadtéarma, do chumais nuálacha agus d'iomaíochas na dtionscal faoi seach.

(1245) Mar a mhínítear in aithris (1253), is é is cuspóir don imscrúdú cothrom iomaíochta ar mhargadh an Aontais a athbhunú. Ní chumhdaítear leis an imscrúdú rochtain chuideachtaí an Aontais ar mhargadh na Síne agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh, ann féin, rochtain nach bhfuil chomh fabhrach céanna ar an margadh a bheith ann do sholáthróirí agus do tháirgeoirí an Aontais sa tSín mar thoradh air. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh. In aon chás, más rud é, leis an maíomh sin, gur thagair VDA agus an Cumann Eorpach Soláthróirí Gluaisteán don fhéidearthacht go rachadh an tSín i mbun gníomhaíochtaí díoltais i bhfoirm rochtain laghdaithe ar a margadh do chuideachtaí an Aontais, tugtar aghaidh air sin in alt 7.6 thíos.

(1246) Thacaigh EUROFER leis an imscrúdú. Léirigh sé gur mórearnáil tomhailte cruach í earnáil na ngluaisteán, agus dá bhrí sin go raibh sláinte mhonaróirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais amach anseo ríthábhachtach freisin d'earnáil chruach an Aontais. D'áitigh EUROFER go mbeadh tionchar diúltach ag allmhairí díobhálacha feithiclí ceallra-leictreacha fóirdheonaithe ón tSín ar thionscal cruach an Aontais. De réir EUROFER, bhí leas straitéiseach ag baint le hearnáil shláintiúil gluaisteán san Aontas a choinneáil ar bun, chun earnáil chruach an Aontais agus na milliúin post gaolmhar a chaomhnú. Mhaígh EUROFER gur cheart don Choimisiún bearta tapa a dhéanamh chun dea-shláinte leanúnach earnáil ghluaisteáin an Aontais a chaomhnú agus chun cosc a chur ar theacht chun cinn na bagartha díobhála.

(1247) Chuir Cuideachta 29 in iúl freisin go dtacaíonn sí leis an imscrúdú agus mhaígh sí go gcabhródh bearta frithchúitimh le cothrom iomaíochta agus iomaíocht chóir a athbhunú i measc na dtáirgeoirí gluaisteán agus na bpáirtithe leasmhara eile. D'áitigh sé, mar gheall ar allmhairí fóirdheonaithe ón tSín, go rabhthas ag súil go dtiocfadh laghdú ar an sciar den mhargadh atá ag tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, rud a dhéanfadh dochar do dhíolacháin agus do bhrabúis cuideachtaí a tháirgeann comhpháirteanna ionchuir agus dá gcumas infheistíocht a dhéanamh san Aontas.

(1248) Chuir Cuideachta 31 in iúl freisin go dtacaíonn sí leis an imscrúdú ag súil go mbeadh cothromú ar pháirc imeartha na ngluaisteán san Aontas mar thoradh air. De réir Chuideachta 31, bhainfí an bonn d'iarrachtaí aistrithe ghlais an Aontais agus den infheistíocht agus nuálaíocht ghaolmhar a dhéanann tionscal na ngluaisteán agus bheadh cuideachtaí an Aontais faoi mhíbhuntáiste éagórach.

(1249) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach go raibh forchur na mbeart frithchúitimh chun leas na soláthróirí san Aontas.

7.5. **Tionchar ar thomhaltóirí agus éifeachtaí ar chuspóirí aeráide**

(1250) D'áitigh VDA nach mór soláthar leordhóthanach feithiclí leictreacha a bheith ar mhargadh an Aontais chun sprioc an Aontais maidir le soghluaisteacht saor ó CO_2 a bhaint amach faoi 2035. Ina thuairim, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos deacra an sprioc sin a bhaint amach mar gheall ar an ardú ar phraghsanna feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín. Mhaígh VDA, chomh maith le Rialtas na Síne, gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an ábharthacht atá ag an tSín maidir le claochlú thionscal iomlán na hEorpa agus thionscal na ngluaisteán, go háirithe, i dtreo neodracht carbóin. Mhaígh Cuideachta 24 nár leor acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais, a bhí teoranta den chuid is mó mar gheall ar scrogaill sa soláthar ceallraí intíre agus coigríche, chun go mbeadh an tAontas in ann a chuspóirí aeráide don earnáil iompair de bhóthar a bhaint amach, agus dá bhrí sin braitheann an tAontas ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha chun a spriocanna a bhaint amach agus leanfaidh an tSín de bheith ina comhpháirtí tábhachtach de chuid an Aontais i ndáil leis sin. Thairis sin, mhaígh Cuideachta 24 go gcuirfeadh dleachtanna frithchúitimh soláthar feithiclí ceallra-leictreacha atá inacmhainne do thomhaltóirí ísealioncaim agus meánioncaim an Aontais ar mhargadh an Aontais i mbaol, rud a chuirfeadh saothrú ghníomhaíocht an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt eiseach a bhaineann leis an athrú aeráide i mbaol ar deireadh.

(1251) Is é is aidhm don imscrúdú reatha a áirithiú go mbeidh an tAontas agus táirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne in iomaíocht le chéile ar bhonn cothrom iomaíochta agus go mbeifear in ann cosc a chur ar an díobháil do tháirgeoirí an Aontais a bhfuil allmhairí fóirdheonaithe ag bagairt a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh dleachtanna frithchúitimh ach an fóirdheonú saofa a chúiteamh; leanfaidh an trádáil ag leathnú, áfach. Ní mór an méadú a d'fhéadfadh teacht ar phraghsanna do thomhaltóirí san Aontas a chothromú le héifeacht thubaisteach na n-allmhairí ar phraghas íseal ar thionscal an Aontais a sholáthróidh na milliúin post san Aontas a luaithe a bheidh

an margadh aistrithe go hiomlán ó fheithiclí innill dócháin inmheánaigh go feithiclí ceallra-leictreacha. Bheadh tionchar diúltach ollmhór ag imeacht thionscal gluaisteán an Aontais ar mhargadh an Aontais, agus bheadh éifeachtaí iarmharta aige sin ar thionscal na soláthróirí agus d'fhéadfadh sé go gcaillfí na milliúin post san Aontas. Léirigh an t-imscrúdú, i bhfianaise an mhéadaithe theoranta ar phraghsanna, i.e. nach léiríonn sé ach an fóirdheonú éagórach a suíodh le linn an imscrúdaithe seo, nach méadaíonn sé praghsanna do thomhaltóirí ar bhealach neamh-chomhréireach, fiú má chuirtear ar aghaidh go hiomlán chuig an gcustaiméir deiridh é. Mar sin féin, táthar ag súil go n-iompróidh na hallmhaireoirí cuid den mhéadú ar an bpraghas ar a laghad. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire nach féidir iarrachtaí déthaobhacha chun athruithe aeráide a chomhrac a bheith bunaithe ar iomaíocht éagórach ó fheithiclí ceallra-leictreacha fóirdheonaithe ar phraghas íseal ach gur cheart iad a bheith bunaithe ar chothrom iomaíochta ina spreagfaidh iomaíocht chóir agus nuálaíocht an t-aistriú glas. Tá tionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais fíor-riachtanach in uaillmhian an Aontais chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ar gá slabhra soláthair an Aontais d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha a dhaingniú ina leith chun a áirithiú go mbeidh gach gluaisteán nua a chlárófar san Eoraip saor ó astaíochtaí faoi 2035.

(1252) Chuir CCCME anailís eacnamaíoch isteach a rinne beirt ollúna ó Katholieke Universiteit Leuven agus ón Lárionad Taighde ar Bheartas Eacnamaíoch (CEPR). Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil go bhfuil allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne fíor-riachtanach do mhargadh feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, do tháirgeoirí agus tomhaltóirí feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, agus don Aontas ina iomláine toisc go bhfuil gá leis na hallmhairí sin chun iomaíocht agus nuálaíocht a choinneáil ar bun san Aontas agus chun dlús a chur le hinfhaighteacht feithiclí ceallra-leictreacha inacmhainne do ghnáth-thomhaltóirí agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar spriocanna aeráide an Aontais.

(1253) Beag beann ar luach údarásach agus oibiachtúil na tuarascála seo, thug an Coimisiún dá aire nach é cuspóir na ndleachtanna frithchúitimh stop a chur le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín, ach cothrom iomaíochta a athbhunú ar mhargadh an Aontais, rud a shaobhann na hallmhairí fóirdheonaithe ón tSín ar phraghsanna ísle. Ní mór iomaíocht chóir a bheith i gceist leis an iomaíocht ar mhargadh an Aontais. Ní féidir na hiarrachtaí chun athruithe aeráide a chomhrac a bheith bunaithe ar iomaíocht éagórach ó fheithiclí ceallra-leictreacha fóirdheonaithe ar phraghas íseal ach ba cheart iad a bheith bunaithe ar chothrom iomaíochta i gcás ina spreagfaidh iomaíocht chóir agus nuálaíocht an t-aistriú glas.

(1254) Dá bhrí sin, ar an iomlán, thángthas ar an gconclúid shealadach nach gcuirtear na cuspóirí aeráide i mbaol trí bhearta frithchúitimh a fhorchur, ach a mhalairt ar fad, rannchuideoidh siad leis na spriocanna sin a bhaint amach.

7.6. **Riosca frithbhirt**

(1255) Mhaígh an Cumann Eorpach Soláthróirí Gluaisteán, VDA agus Cuideachta 24 go bhféadfadh frithbheart ón tSín a bheith mar thoradh ar dhleachtanna frithchúitimh a fhorchur. D'áitigh an Cumann Eorpach Soláthróirí Gluaisteán agus VDA gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an riosca frithbhirt agus ar an tionchar a d'fhéadfadh frithbheart féideartha na Síne a imirt ar an trádáil reatha leis an tSín agus ar an infheistíocht sa tSín.

(1256) Is imscrúdú bunaithe ar fhíricí é an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais reatha i gcomhréir iomlán le rialacha EDT agus an Aontais is infheidhme. Tá sé bunaithe ar fhianaise gurb ann do raon mór fóirdheontas in-fhrithchúitithe ón tSín, chomh maith le bagairt díobhála do thionscal an Aontais mar gheall ar mhéadú ollmhór ar ró-acmhainneachtaí na Síne, agus allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha isteach san Aontas ar phraghas íseal agus fóirdheonaithe atá ag fás go tapa mar a mhínítear sa rialachán seo. Níl sé i gceist leis an imscrúdú aon bhuntáiste iomaíoch a bhainfeadh tionscal na Síne as a chúiteamh agus ní féidir é a chúiteamh. Ina ionad sin, tá sé d'aidhm aige a áirithiú go mbeidh an tAontas agus táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne in iomaíocht le chéile ar chothroime iomaíochta ar mhargadh an Aontais.

(1257) Bhí cearta fairsinge cosanta ag an tSín agus ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne agus ghlac siad páirt san imscrúdú agus in athbhreithniú breithiúnach neamhchlaonta ar an gcinneadh críochnaitheach, gan gá dul i muinín frithbhirt.

(1258) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach bhfuil an riosca frithbhirt a mhaítear ina ghné a labhródh i gcoinne bearta frithchúitimh a fhorchur.

7.7. **Idirspleáchas**

(1259) D'áitigh Rialtas na Síne, ós rud é go bhfuil an tAontas agus slabhraí soláthair feithiclí ceallra-leictreacha na Síne idirspleách agus comhtháite go domhain ar fud an tslabhra luacha, go mbainfeadh aon bheart an bonn dá gcobhsaíocht agus dá leanúnachas, chomh maith le fás thionscal na bhfeithiclí ceallra-leictreacha san Aontas, sa tSín agus ar fud an domhain.

(1260) Mar a mhínítear in aithris (1253), is é is cuspóir don imscrúdú cothrom iomaíochta ar mhargadh an Aontais a athbhunú. Níor mhínigh Rialtas na Síne a thuilleadh a mhéid a bheadh tionchar ag bearta frithchúitimh ar na slabhraí soláthair agus conas a d'fhéadfadh bearta den sórt sin an bonn a bhaint den chobhsaíocht agus den leanúnachas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

7.8. **Dreasachtaí rialtais san Aontas**

(1261) D'áitigh Rialtas na Síne go ndeonaíonn an tAontas féin fóirdheontais do tháirgeoirí an Aontais agus gur sholáthair sé roinnt samplaí d'fhóirdheontais den sórt sin. Thug Rialtas na Síne le tuiscint, dá bhrí sin, nár cheart aon fhóirdheontais a dheonaítear do tháirgeoirí feithiclí ceallra-leictreacha na Síne a fhrithchúiteamh.

(1262) Thug an Coimisiún dá aire nár thug Rialtas na Síne bunús leis an bhfáth go mbeadh tionchar ag an imscrúdú reatha ar an bhfíoras go líomhnaítear go soláthraíonn an tAontas fóirdheontais do tháirgeoirí an Aontais. Go deimhin, i gcomhréir leis an mbun-Rialachán frith-fhóirdheontais, ba cheart dleachtanna frithchúitimh a fhorchur i gcás ina bhfuil allmhairí fóirdheonaithe ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ina gcúis le díobháil ábhartha nó i gcás ina bhfuil baol ann go ndéanfaidh siad díobháil ábhartha do tháirgeoirí an Aontais san imscrúdú seo. Sa chomhthéacs sin, ní bhaineann sé le hábhar cé acu an bhfaigheann táirgeoirí an Aontais tacaíocht airgeadais ó na Ballstáit nó ó údaráis an Aontais chun an táirge a mhonarú nó a dhíol, ar tacaíocht í nach bhfuil faoi réir an imscrúdaithe seo in aon chás. Dírítear san imscrúdú ar bhagairt na díobhála de bharr allmhairí fóirdheonaithe ón tSín isteach san Aontas. Thairis sin, níor thug Rialtas na Síne bunús leis an bhfáth go mbeadh fóirdheontais den sórt sin inghníomhaithe nó go mbeadh éifeachtaí díobhálacha acu ar leas na Síne, rud nach bhfuil, in aon chás, ina ábhar don imscrúdú seo. Thairis sin, ós rud é go bhfuil fóirdheontais á gcur ar fáil ag an Aontas féin do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais, ní dhéanann sé sin difear do thorthaí sealadacha an Choimisiúin gur chuir Rialtas na Síne fóirdheontais ar fáil do tháirgeoirí onnmhairiúcháin tionscal feithiclí ceallra-leictreacha, ar fóirdheontais iad atá in-fhrithchúitithe i gcomhréir le Comhaontú EDT SCM agus i gcomhréir leis an mbun-Rialacháin agus atá ina mbagairt díobhála do thionscal an Aontais. Murab ionann agus maíomh Rialtas na Síne, cruthaíonn fóirdheontais in-fhrithchúitithe na Síne iomaíocht éagórach ar mhargadh an Aontais nach gcuirfeadh isteach ach ar fhorbairt thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

7.9. **Éifeachtaí saofa trádála fóirdheontas**

(1263) Faoi Airteagal 31(1) den bhun-Rialachán, tabharfar aird ar leith ar an ngá atá ann deireadh a chur leis na héifeachtaí saofa a bhíonn ag fóirdheonú díobhálach ar thrádáil agus ar an ngá le hiomaíocht éifeachtach a athbhunú.

(1264) Suíodh san imscrúdú go ndíolann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne méid suntasach feithiclí ceallra-leictreacha fóirdheonaithe ar phraghsanna atá íseal go saorga le margadh an Aontais. Má leanann an staid sin ar aghaidh, coinneoidh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a mbuntáiste iomaíoch éagórach ar bun, rud a lagóidh tuilleadh staid thionscal an Aontais atá leochaileach mar atá.

(1265) Mar thoradh air sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach go méadódh allmhairí fóirdheonaithe na Síne a n-éifeachtaí saofa trádála le himeacht ama agus go leanfadh siad de chothrom iomaíochta a dhiúltú do thionscal an Aontais.

7.10. **Éilimh eile**

(1266) Mhaígh Cuideachta 24 nach raibh forchur na mbeart frithchúitimh chun leas an Aontais toisc (i) nár fhreagairt iomchuí é beart cosanta trádála a úsáid chun dul i ngleic le saincheist shistéamach soláthair a raibh ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt uirthi agus a eascraíonn as acmhainneacht táirgeachta neamhleor ceallraí san Aontas, infhaighteacht theoranta leathsheoltóirí agus easpa rochtana ar amhábhair, tosca a chuireann teorainn le forbairt thionscal an Aontais agus nach mbaineann le hallmhairí ón tSín; (ii) iarrtar le leas an Aontais sa chomhthéacs sin go saothrófaí beartas tionsclaíoch ceannródaíoch domhanda a bheadh bunaithe ar rochtain ar an margadh a áirithiú, ar beartas é atá ríthábhachtach chun tacú le forbairt thionscal an Aontais, agus nach mbeadh i gceist le forchur na mbeart frithchúitimh ach srian a chur leis an bhforbairt sin; (iii) aistreoidh táirgeoirí na Síne a dtáirgeadh feithiclí ceallra-leictreacha ar deireadh do mhargadh an Aontais san Aontas; agus (iv) má fhorchuirtear dleachtanna frithchúitimh, tá an baol ann go gcuirfear imoibriú slabhrúil ar bun a dhéanfaidh dochar ar deireadh do thionscal an Aontais, ós rud é go bhfreagróidh rialtais tríú tír do shreabha méadaithe (atreoraithe) d'fheithiclí ceallra-leictreacha trína mbearta sriantacha trádála féin a fhorchur lena ndírítear ar fheithiclí ceallra-leictreacha, bearta nach mbeadh ar a gcumas allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid an Aontais agus allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne a shainaithint.

(1267) Meabhraítear nach bhfuil de chuspóir ag an imscrúdú reatha ach cothrom iomaíochta a thabhairt ar ais ar mhargadh an Aontais. Tá údar le bearta frithchúitimh má chomhlíontar na coinníollacha maidir le forchur na mbeart frithchúitimh a shonraítear sa bhun-Rialachán. Ní eisiatar le forchur beart frithchúitimh go bhféadfaidh an tAontas tionscnaimh bheartais eile a dhéanamh chun dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla a bhfuil ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, ní thugtar le tuiscint leis an maíomh sin ann féin nach chun leas an Aontais iad bearta frithchúitimh maidir le feithiclí ceallra-leictreacha. Maidir le rochtain ar mhargadh an Aontais, níl sé i gceist leis an imscrúdú seo stop a chur le hallmhairí feithiclí ceallra-leictreacha ón tSín. Thairis sin, an dtosóidh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ag monarú feithiclí ceallra-leictreacha san Aontas, níl sé ábhartha don imscrúdú reatha, nach bhféachann ach ar an díobháil nó ar an mbagairt díobhála do thionscal feithiclí ceallra-leictreacha an Aontais arb iad allmhairí fóirdheonaithe ón tSín is cúis leis. Thairis sin, níl sa mhaíomh maidir le himscrúdú cosanta trádála a d'fhéadfaí a thionscnamh agus a mbeadh bearta sriantacha trádála i gcoinne allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de chuid na Síne ag tríú tíortha eile mar thoradh air ach maíomh amhantrach. Ar deireadh, chuir an Coimisiún i dtábhacht nach mór imscrúduithe den sórt sin, más ann dóibh, a thionscnamh bunaithe ar a bhfiúntas féin agus ar an bhfianaise prima facie is gá chun imscrúduithe den sórt sin a thionscnamh. Dá bhrí sin, tá maíomh Chuideachta 24 nach ndéanfadh imscrúduithe den sórt sin idirdhealú idir allmhairí ón tSín agus ón Aontas gan fiúntas. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

7.11. An chonclúid maidir le leas an Aontais

(1268) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach raibh cúiseanna láidre ann nach raibh sé chun leas an Aontais bearta frithchúitimh a fhorchur a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

8. CLÁRÚ

(1269) Mar a luaitear in aithris (8), chuir an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha faoi réir a gcláraithe leis an Rialachán maidir le clárú. Rinneadh sin i bhfianaise chur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha na mbeart frithchúitimh faoi Airteagal 16(4) den bhun-Rialachán. Ba cheart deireadh a chur le clárú allmhairí. Ní féidir aon chinneadh a dhéanamh maidir le bearta frithchúitimh a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach ag an gcéim seo den imeacht.

8.1. Barúlacha maidir le clárú

(1270) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin maidir le clárú, fuarthas barúlacha maidir le clárú ó Chuideachta 22, Cuideachta 24, CCCME, Asia Euro Automobile Manufacture (Taizhou) Company Limited ('Asia Euro Taizhou') agus Tesla. Ní mheasann an Coimisiún ag an bpointe seo gur gá aghaidh a thabhairt ar na barúlacha sin. De réir Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán, is uirlis é an clárú atá ar fáil don Choimisiún chun treoir a thabhairt do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí a chlárú, ionas go bhféadfar bearta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar na hallmhairí sin ó dháta an chláraithe sin. Le hAirteagal 14(5) tugtar discréid don Choimisiún freisin maidir le cathain ba cheart clárú den sórt sin a dhéanamh, rud a cheadaíonn clárú ar thionscnamh an Choimisiúin féin. D'fheidhmigh an Coimisiún discréid den sórt sin sa Rialachán maidir le clárú.

9. BEARTA FRITHCHÚITIMH SEALADACHA

(1271) Bunaithe ar na conclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le fóirdheonú, díobháil, cúisíocht agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, ba cheart dleacht frithchúitimh shealadach a fhorchur ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

9.1. Bearta sealadacha

(1272) Ba cheart bearta frithchúitimh sealadacha a fhorchur ar allmhairí feithiclí ceallraí leictreacha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcomhréir leis na rialacha in Airteagal 12(1) den bhun-Rialachán ina luaitear go gcomhfhreagróidh an dleacht shealadach do mhéid iomlán na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe arna mbunú go sealadach.

(1273) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithchúitimh sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh shealadach
Grúpa BYD: — BYD Auto Company Limited — BYD Auto Industry Company Limited — Changsha BYD Auto Company Limited — Changsha Xingchao Auto Company Limited — Changzhou BYD Auto Company Limited — Fuzhou BYD Industrial Company Limited — Hefei BYD Auto Company Limited — Jinan BYD Auto Company Limited	17,4 %
Grúpa Geely: — Asia Euro Automobile Manufacture (Taizhou) Company Limited — Chongqing Lifan Passenger Vehicle Co., Ltd. — Fengsheng Automobile (Jiangsu) Co., Ltd. — Shanxi New Energy Automobile Industry Co., Ltd. — Zhejiang Geely Automobile Company Limited — Zhejiang Haoqing Automobile Manufacturing Company Limited	19,9 %
Grúpa SAIC: — SAIC MAXUS Automotive Company Limited — SAIC Motor Corporation Limited — Nanjing Automobile (Group) Corporation — SAIC Volkswagen Automotive Co., Ltd. — SAIC GM Wuling Automobile Co., Ltd. — SAIC General Motors Co., Ltd.	37,6 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile (Iarscríbhinn)	20,8 %
Gach cuideachta eile	37,6 %

(1274) Na dleachtrátaí frithchúitimh le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithchúitimh aonair.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(1275) I gcomhréir le hAirteagal 29a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(1276) Rinne na trí ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin shampláilte trácht ar chruinneas ríomh na gcorrlach fóirdheontais. I gcás ina bhfuil údar cuí leis, cheartaigh an Coimisiún an ríomh agus na corrlaigh fóirdheontais ábhartha.

(1277) Thairis sin, rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin Great Wall Motor trácht ar a ainm agus ainmneacha a pháirtithe comhlachaithe a bheith áirithe ar liosta na bpáirtithe comhoibríocha neamhshampláilte san Iarscríbhinn. Tá sé sin ceartaithe.

(1278) Chomh maith leis sin, d'iarr roinnt páirtithe, a bhaineann leis na grúpaí sampláilte nó le táirgeoirí a luaitear a n-ainm san Iarscríbhinn ina liostaítear na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte, ar an gCoimisiún a n-ainmneacha a áireamh san Iarscríbhinn ar an bhforas go raibh baint acu leis na cuideachtaí sin agus gur thosaigh siad ar BEV a tháirgeadh agus nó a onnmhairiú chuig an Aontas. Ós rud é nár tháirg an chuideachta chomhlachaithe sin an táirge atá faoi imscrúdú ná nár onnmhairigh sí é le linn na tréimhse imscrúdúcháin, diúltaíodh don iarraidh sin.

(1279) Tabharfar aghaidh ar na barúlacha eile go léir a gheofar tar éis an réamhnochta ag an gcéim chinntitheach.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(1280) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(1281) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithchúitimh shealadach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua, atá deartha go príomha chun naonúr nó níos lú a iompar, lena n-áirítear an tiománaí, cé is moite d'fheithiclí de chatagóir L6 agus de chatagóir L7 de réir Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ([500]) agus gluaisrothair, iad faoi thiomáint (gan beann ar an líon rothaí atá ag gluaiseacht) le mótar leictreach amháin nó níos mó agus leis na mótair sin amháin, lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil sínteoir raoin dócháin inmheánaigh (aonad cumhachta cúnta), atá faoi láthair faoi chód AC ex 8703 80 10 (cód TARIC 8703 80 10 10) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithchúitimh sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh shealadach	Cód breise TARIC
Grúpa BYD: — BYD Auto Company Limited — BYD Auto Industry Company Limited	17,4 %	89BL

([500]) Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair, IO L 60, 2.3.2013, lch. 52.

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh shealadach	Cód breise TARIC
— Changsha BYD Auto Company Limited — Changsha Xingchao Auto Company Limited — Changzhou BYD Auto Company Limited — Fuzhou BYD Industrial Company Limited — Hefei BYD Auto Company Limited — Jinan BYD Auto Company Limited		
Grúpa Geely: — Asia Euro Automobile Manufacture (Taizhou) Company Limited — Chongqing Lifan Passenger Vehicle Co., Ltd. — Fengsheng Automobile (Jiangsu) Co., Ltd. — Shanxi New Energy Automobile Industry Co., Ltd. — Zhejiang Geely Automobile Company Limited — Zhejiang Haoqing Automobile Manufacturing Company Limited	19,9 %	89BM
Grúpa SAIC: — SAIC MAXUS Automotive Company Limited — SAIC Motor Corporation Limited — Nanjing Automobile (Group) Corporation — SAIC Volkswagen Automotive Co., Ltd. — SAIC GM Wuling Automobile Co., Ltd. — SAIC General Motors Co., Ltd.	37,6 %	89BN
Cuideachtaí comhoibríocha eile (Iarscríbhinn)	20,8 %	
Gach cuideachta eile	37,6 %	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) feithiclí ceallra-leictreacha nua a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh iad i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/785 ón gCoimisiún.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bheart cinntitheach a d'fhéadfadh a bheith ann i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ar feadh tréimhse 4 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár sampláladh:

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch	Táirgeoirí comhlachaithe	Cód breise TARIC
Aiways Automobile Co., Ltd.	Aiways Automobile Co., Ltd.	89BO
	Jiangxi Yiwei Automobile Manufacturing Co., Ltd.	
Anhui Jianghuai Automobile Group Corp., Ltd.	Anhui Jianghuai Automobile Group Co., Ltd.	89BP
BMW Brilliance Automotive Ltd.	BMW Brilliance Automotive Ltd.	89BQ
	Brilliance Xinri New Energy Automobile Co., Ltd.	
Chery Automobile Co., Ltd.	Chery Automobile Co., Ltd.	89BR
	Chery New Energy Automobile Co., Ltd	
China FAW Corporation Limited	Audi FAW NEV Co., Ltd.	89BS
	Changan Mazda Automobile Corporation Ltd.	
	China FAW Corporation Limited	
	FAW Toyota Motor Co., Ltd.	
	FAW-Volkswagen Automotive Co., Ltd	
	Jiangsu Guoxin New Energy Passenger Car Co., Ltd.	
Chongqing Changan Automobile Company Limited	Chongqing Changan Automobile Company Limited	89BT
	Chongqing Lingyao Automobile Co., Ltd.	
	Hefei Chang 'an Automobile Co., Ltd.	
	Nanjing Chang 'an Automobile Co., Ltd.	
Dongfeng Motor Group Co., Ltd.	Dfsk Motor Co., Ltd.	89BU
	Dongfeng Honda Automobile Co., Ltd.	
	Dongfeng Liuzhou Motor Co., Ltd.	
	Dongfeng Motor Company Ltd.	
	Dongfeng Motor Group Co., Ltd.	
	Dongfeng Peugeot Citroen Automobile Company Ltd.	
	eGT New Energy Automotive Co., Ltd.	
	Seres Auto Co., Ltd.	
	Voyah Automobile Technology Co., Ltd.	
Great Wall Motor Company Limited	Great Wall Motor Company Limited, Taizhou Branch	89BV
	Hebei Changzheng Automobile Manufacturing Co. LTD	

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch	Táirgeoirí comhlachaithe	Cód breise TARIC
Leapmotor Automobile Co., Ltd.	Leapmotor Automobile Co., Ltd.	89BW
Nanjing Golden Dragon Bus Co., Ltd.	Nanjing Golden Dragon Bus Co., Ltd.	89BO
NIO Holding Co., Ltd.	NIO (Anhui) Co., Ltd.	89BP
	NIO Co., Ltd.	
Tesla (Shanghai) Co., Ltd	Tesla (Shanghai) Co., Ltd	89BQ
XPeng Inc.	XPeng Inc.	89BR
	Zhaoqing Xiaopeng New Energy Investment Co., Ltd.	
	Zhaoqing Xiaopeng New Energy Investment Co., Ltd. Guangzhou Branch	